

Chuir Comhaltaí Chomhairle Contae Loch Garman Plean
Forbartha Contae Loch Garman 2013-2019 i dtoll a chéile Dé
Luain, an 11 Feabhra 2013.

Clár Ábhar

Imleabhair Eile	10
Táblaí	11
Léarscáileanna.....	12
Fíoracha.....	12
Giorrúcháin	13
Caibidil 1 Réamhrá	2
1.1 Réamhrá	2
1.2 Comhthéacs Reachtaíochta.....	3
1.3 Buntéamaí.....	8
1.3.1 Forbairt Inbhuanaithe.....	8
1.3.2 Oiriúnú d'Athrú Aeráide	9
1.3.3 Cuimsiú Sóisialta	10
1.4 Formáid an Phlean.....	11
1.5 Monatóireacht agus Cur i bhFeidhm	13
1.6 Comhthéacs Beartais Náisiúnta, Réigiúnaigh agus Áitiúil.....	14
Caibidil 2 Próifíl Dhéimeagrafach agus Shocheacnamaíoch	33
2.1 Réamhrá	33
2.2 Treochtaí Daonra agus Lonnaíochta.....	33
2.2.1 Athrú Daonra	34
2.2.2 Dlús Daonra.....	38
2.2.3 Próifíl Aoise Chontae Loch Garman	38
2.2.4 Cóimheas Aoise is Cleithiúnais.....	41
2.2.5 Patrúin Teaghlaigh.....	41
2.3 Próifíl Eacnamaíoch Chontae Loch Garman.....	42
2.3.1 Príomhstadás Eacnamaíoch.....	42
2.3.2 Grúpaí Socheacnamaíocha	43
2.3.3 Stádas Ceirde	44
2.3.4 An Beochlár	46
Caibidil 3 An Chroistraitéis	47
3.1 Réamhrá	47
3.2 Fís do Chontae Loch Garman	50
3.3 Comhlíonadh Threoirlínte na Straitéise Náisiúnta agus Threoirlínte Pleanála Réigiúnaí an Réigiúin Thoir Theas 2010-2022	53
3.4 Straitéis Lonnaíochta	54
3.4.1 Orlathas Lonnaíochta	55
3.4.2 Comhlíonadh na Spriocanna Náisiúnta agus Réigiúnacha Daonra 55	
3.4.3 Leithdháileadh Spriocanna Daonra.....	57
3.4.4 Riachtanais Talamh Thithíochta	61
3.4.5 Ról an Mhoil.....	69
3.4.6 Bailte Móra.....	71
3.4.7 Bailte Ceantair	74
3.4.8 Sráidbhailte Tréana	76
3.4.9 Sráidbhailte Beaga	78
3.4.10 Lonnaíochtaí Tuaithe	81
3.4.11 An Tuath Fhairsing	82
3.5 Straitéis Iompair	83
3.6 Straitéis Miondíola.....	83

3.7 Straitéis Tithíochta	84
Caibidil 4 Tithíocht.....	86
4.1 Réamhrá	86
4.2 Tithíocht Inbhuanaithe.....	86
4.2.1 Éileamh Tithíochta	87
4.2.2 Straitéis Tithíochta	87
4.2.3 Tithíocht do Dhaoine ag a bhfuil Riachtanais Shonracha	88
4.2.4 Dlús Cónaithe	89
4.2.5 Dearadh agus Leagan Amach Ardchaighdeán	90
4.2.6 Eastáit Neamhchríochnaithe.....	91
4.3 Tithíocht Inbhuanaithe Tuaithe.....	97
4.3.1 Réamhrá.....	97
4.3.2 Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartais.....	98
4.3.3 Straitéis Tithíochta Inbhuanaithe Tuaithe	104
4.3.3.1 Saghsanna de Cheantar Tuaithe a Shainaithint	104
4.3.3.2 Saghsanna de Cheantar Tuaithe i gContae Loch Garman	107
4.3.3.3 Coinníollacha Áitíochta	119
4.3.3.4 Coinníoll an Bhuanchónaithe	119
4.3.3.5 Dearadh.....	119
4.3.4 Saghsanna Sonracha de Thithíocht Tuaithe.....	119
4.3.4.1 Áiteanna Cónaithe a Ionadú agus Áitribh a Athchóiriú.....	119
4.3.4.2 Tithe Saoire Aonair	122
Caibidil 5 Athrú Aeráide	123
5.1 Réamhrá	123
5.2 Comhthéacs Beartais.....	124
5.3 Oiriúnú d'Athrú Aeráide.....	125
Caibidil 6 Fostaíocht, an Geilleagar agus Fiontar	130
6.1 Réamhrá	130
6.2 Comhthéacs Beartais.....	130
6.3 Gnó agus Tionscadal i Loch Garman.....	136
6.4 Straitéis Forbartha Eacnamaíche.....	141
6.4.1 Tionscal, Déantúsaíocht, Taighde, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht.....	143
6.4.2 Oideachas – Institiúidí Tríú Leibhéal agus an Geilleagar Eolais.....	144
6.4.3 Turasóireacht.....	145
6.4.4 Fuinnimh In-Athnuaite, Barra Fuinnimh agus Tógáil Inbhuanaithe .	146
6.4.5 Acmhainní Comhiomlána agus an Tionscal Eastóscach	147
6.4.6 Talmhaíocht.....	150
6.4.7 Iascach agus Dobharshaothrú	152
6.4.8 Foraoiseacht.....	152
6.4.9 Cuanta	153
6.4.10 Ríomhoibriú agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch sa Bhaile.....	156
6.4.11 Forbairt Miondíola.....	157
6.4.12 Láithreáin Athfhorbraíochta i gCeantair Thuaithe agus Uirbeacha	160
Caibidil 7 Turasóireacht	162
7.1 Réamhrá	162
7.2 Comhthéacs Beartais.....	163
7.3 Táirge Turasóireachta	166

7.4	Straitéis Forbartha Turasóireachta Inbhuanaithe	169
7.4.1	Rochtain ar Thurasóireacht.....	171
7.4.2	Turasóireacht Chósta	172
7.4.3	Uiscebhealaí Intíre	174
7.4.4	Turasóireacht Uirbeach	175
7.4.5	Turasóireacht Tuaithe.....	176
7.4.6	Na hEalaíona agus an Turasóireacht Chultúrtha	178
7.4.7	Ionaid Saoire agus Fónais	179
7.4.8	Páirceanna Carbhán agus Campála	180
Caibidil 8	Iompar.....	183
8.1	Réamhrá	183
8.2	Iompar poiblí	185
8.3	Siúl agus Rothaíocht	189
8.4	Cuanta	196
8.5	Aeriompar	197
8.6	Bóithre.....	198
8.6.1	Bóithre Náisiúnta	199
8.6.2	Bóithre Réigiúnacha	218
8.6.3	Bóithre Áitiúla.....	221
8.6.4	Bóithre Uilíocha	222
8.5.5	Stáisiúin Líonta Peitрил/Stáisiúin Seirbhísí/Áiseanna PáirceálaLeoraithe	223
8.6.6	Páirceáil agus Seirbhísíú	224
Caibidil 9	Bonneagar	226
9.1	Réamhrá	226
9.2	Bonneagar Uisce agus Fuíolluisce.....	226
9.2.1	An Treoir maidir le Gnáthóga.....	227
9.2.2	Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce	227
9.2.3	Soláthar Uisce	229
9.2.4	Caomhnú Uisce	232
9.2.5	Bonneagar Fuíolluisce	233
9.2.6	Sráidbhailte Móra, Sráidbhailte Beaga agus Lonnaíochtaí Tuaithe	235
9.2.7	Áiseanna Fuíolluisce i gCeantair Thuaithe	236
9.2.8	Córais Chóireála Fuíolluisce agus Forbairt Chónaithe.....	236
9.2.9	Bainistíocht Uisce Stoirme	240
9.3	Teileachumarsáid	241
9.3.1	Crainn agus Aeróga	242
9.3.2	Leathanbhanda.....	244
Caibidil 10	Bainistíocht Comhshaoil.....	247
10.1	Réamhrá	247
10.2	Cáilíocht Uisce	247
10.2.1	Comhthéacs an Pholasaí.....	248
10.3	Caighdeán an Aeir	255
10.4	Torann.....	256
10.5	Soilsiú Lasmuigh.....	258
10.6	Bainistíocht Dramhaíola	258
10.6.1	Comhthéacs an Bheartais	259
10.6.2	Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola.....	260
10.6.3	Suíomhanna Cuí do Shaoráidí Bainistíochta Dramhaíola.....	262

10.6.4 Dramhaíl Ghuaiseach	263
10.6.5 Dramhaíl Tógála agus Scartála	263
10.6.6 Dramhaíl Talmhaíochta	264
10.6.7 Bainistíocht Sloda	264
10.7 Bainistíocht Bruscair	267
10.8 Láithreáin Stairiúla Líonta Talún.....	268
10.9 Reiligí agus Créameatóiríamái.....	268
10.10 Cosc ar Mhórhionóiscí.....	270
Caibidil 11 Fuinneamh.....	273
11.1 Réamhra	273
11.2 Fuinneamh	273
11.2.1 Líonra Leictreachais	275
11.2.2 Líonra Gáis	276
11.3 Fuinneamh In-athnuaite	277
11.3.1 Criosanna Fuinnimh Inbhuanaithe	278
11.3.3 Bithfhuinneamh.....	281
11.3.4 Fuinneamh Tonn agus Taoismhear.....	285
11.3.5 Grianchumhacht	286
11.3.6 Fuinneamh Hidrileictreach	286
11.3.6 Fuinneamh Geoiteirmeach.....	287
11.3.8 Fuinneamh Micrea-Inbhuanaithe	287
11.4 Éifeachtúlacht Fuinnimh.....	288
11.4.1 Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh	288
11.4.2 Éifeachtúlacht Fuinnimh in Iompar.....	290
Caibidil 12 Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte	292
12.1 Réamhrá	292
12.2 Reachtaíocht agus Comhthéacs	293
12.3 Guaiseacha Tuile i gContae Loch Garman	296
12.4 Scagadh Riosca Tuile	297
12.5 Prionsabail Bhainistithe Riosca Tuile	300
12.5.1 Cur chuige seicheamhach	300
12.5.2 Sainmhíniú ar Zóin Tuile.....	301
12.5.3 Leochaileacht Forbairtí Éagsúla	301
12.5.4 Tástáil ar Dhlisteanú Bainistíocht Forbartha	303
12.6 Riosca i gCás Tuilte a Bhainistiú.....	305
12.6.1 Pleananna Forbartha Baile agus Pleananna Ceantair Áitiúil	305
12.6.2 Bainistíocht Forbartha.....	306
Caibidil 13 Bainistíocht Chrios an Chósta.....	312
13.1 Réamhrá	312
13.2 Comhthéacs Beartais.....	312
13.3 Crios an Chósta	315
13.4 Crios an Chósta a Bhainistiú.....	315
13.4.1 Creimeadh Cósta.....	316
13.4.2 Tuile Cósta.....	318
13.4.3 Bainistíocht Chomhtháite Chrios an Chósta	318
13.5 Forbairt lasmuigh de lonnaíochtaí reatha i gCrios an Chósta	320
13.6 Forbairt laistigh de Lonnaíochtaí Reatha i gCrios an Chósta	322
13.7 Turasóireacht agus Caitheamh Aimsire i gCrios an Chósta.....	323
13.8 Cuanta, Calafóirt, Céanna agus Muiríní	326

13.9	Tránna agus Snámh.....	328
13.10	Iascaireacht/Dobharshaothrú/Muirshaothrú i gCrios an Chósta.....	329
13.11	Fuinneamh In-Athnuaite i gCrios an Chósta.....	330
Caibidil 14	Oidhreacht.....	331
14.1	Réamhrá	331
14.2	Oidhreacht Nádurtha.....	332
14.2.1	Suíomhanna Natura 2000.....	333
14.2.2	Limistéir Oidhreachta Nádurtha agus Suíomhanna Geolaíocha Contae 335	
14.2.3	Suíomhanna Ramsar	339
14.2.4	Anaclanna Nádurtha	340
14.2.5	Tearmainn don Fhána	341
14.2.6	Limistéir Shliogéisc	342
14.2.7	Diúilicín Péarla Fionnuisce.....	342
14.2.8	Clocha Cora, Líonraí agus Conairí Fiadhúlra Éiceolaíocha	343
14.2.9	Dréachtphean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Loch Garman 2012-2017	344
14.3	Bonneagar Glas	348
14.3.1	Comhthéacs Beartais	349
14.3.2	Straitéis Bonneagair Ghlais do Chontae Loch Garman	350
14.3.3	Tograí Forbartha Aonair agus Bonneagar Glas	351
14.4	Tírdhreach.....	353
14.4.1	Comhthéacs Beartais	354
14.4.2	Measúnacht ar Nádur an Tírdhreacha	356
14.4.3	Bainistíocht Tírdhreacha	359
14.5	Oidhreacht Seandálaíochta.....	363
14.5.1	Seandálaíocht Mhuirí agus Fo-Uisce.....	368
14.5.2	Láithreacha Catha	368
14.6	Oidhreacht Thógtha	371
14.6.1	Struchtúir atá faoi Chosaint.....	371
14.6.2	Limistéir Caomhantais Ailtireachta.....	375
14.6.3	Reiligí	376
14.7	Na hEalaíona agus Oidhreacht Chultúrtha.....	377
Caibidil 15	Caitheamh Aimsire, Spórt agus Cearta Slí Poiblí.....	380
15.1	Réamhrá	380
15.2	Caitheamh Aimsire.....	380
15.3	Spórt	382
15.4	Áiseanna Súgartha Leanaf.....	383
15.5	Áiseanna Nádurtha	384
15.6	Bealaí Siúil agus Rothaíochta	387
15.7	Spás Oscailte	391
15.8	Cuibhrinn.....	393
15.9	Cearta Slí Poiblí	393
Caibidil 16	Cuimsiú Sóisialta agus Áiseanna Pobail	397
16.1	Réamhrá	397
16.2	Rannpháirtíocht, Rochtain agus Cuimsiú Sóisialta.....	397
16.3	Grúpaí ag a bhfuil Riachtanais Shonracha Dearaidh/Phleanála	400
16.3.1	Daoine Óga agus Leanaf.....	400
16.3.2	Tuismitheoirí agus Cúramóirí.....	400
16.3.3	Daoine Breacaosta	401

16.3.4 Daoine atá faoi Mhíchumas	401
16.3.5 Grúpaí Mionlach Eitneach.....	403
16.3.6 An Lucht Siúil.....	403
16.4 Áiseanna Pobail	405
16.5 Oideachas.....	407
16.5.1 Oideachas Tríú Leibhéal.....	408
16.6 Áiseanna Cúraim Leanaí.....	410
16.7 Cúram Sláinte	412
Caibidil 17 Dearadh	414
17.1 Réamhrá	414
17.2 Dearadh Uirbeach	415
17.2.1 Anailís Láithreáin	415
17.3 Treoir Ailtireachta	416
17.4 Foirgnimh Shainchomhartha	418
17.5 Tógáil d'Athrú	421
17.6 Treoir maidir le Dearadh Uirbeach	422
17.6.1 Comhthéacs.....	422
17.6.2 Naisc	423
17.6.3 Uileghabhálacht.....	424
17.6.4 Éagsúlacht.....	426
17.6.5 Éifeachtúlacht	427
17.6.6 Sainiúlacht	429
17.6.8 An Fearann Poiblí	432
17.6.9 Inoiriúnaitheacht	433
17.6.11 Páirceáil.....	436
17.6.12 Dearadh Mionsonraithe	437
17.7 Treoir maidir le Dearadh Tuaithe.....	439
17.7.1 Ábhair Theorann.....	439
17.7.2 Inbhuanaitheacht	440
17.7.3 Coimre	442
17.7.4 Meastóireacht Láithreáin	443
17.7.5 Dearadh Sceitse	444
Caibidil 18 Caighdeán Bhainistíochta Forbartha	448
18.1 Réamhrá	448
18.2 Réamhphleanáil	448
18.3 Ranníocaíochtaí agus Bannaí Forbartha	449
18.4 Measúnú Oiriúnach	449
18.5 Measúnú Tionchair Timpeallachta	450
18.6 Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte.....	450
18.7 Scéim Draenála Inbhuanaithe (SuDS)	451
18.8 Inrochtaineacht.....	452
18.9 Áiseanna Pobail	453
18.9.1 Scoileanna	453
18.9.2 Limistéir Shúgartha.....	453
18.9.3 Áiseanna Cúram Leanaí	453
18.9.4 Tithe Altranais agus Tithe Cúram Cónaithe	455
18.9.5 Ionaid Leighis/Lialanna/Ionaid Sláinte	455
18.9.6 Áiseanna eile Pobail	456
18.9.7 Tuilsoilsiú Áiseanna Spóirt agus Caitheamh Aimsire.....	456
18.10 Forbairt Cónaithe i mBailte agus Sráidbhailte	456

18.10.1 An Suíomh.....	457
18.10.2 Rochtain agus Iompar.....	458
18.10.3 Dlús	459
18.10.4 Spás Oscailte Poiblí.....	459
18.10.5 Tírdhreachú	460
18.10.6 Áiseanna Áitiúla	461
18.10.7 Dearadh Tithe Cónaithe.....	461
18.10.8 Spás Oscailte Príobháideach.....	462
18.10.9 Ábhair Theorann	463
18.10.10 Compord, Príobháideacht agus Slándáil	463
18.10.11 Inrochtaineacht/Inoiriúnaitheacht	463
18.10.12 Éifeachtúlacht Fuinnimh	464
18.10.13 Bruscar/Athchúrsáil/Breosla.....	464
18.10.14 Rochtain	464
18.10.15 Ábhair	464
18.10.16 Tógáil i gCúram	465
18.11 Árasáin	465
18.12 Tithíocht Tuaithe.....	466
18.12.1 Tithíocht Tuaithe Aonuaire.....	466
18.12.2 Láithreánú agus Dearadh Áiteanna Cónaithe Tuaithe Aonuaire	467
18.12.3 Tithe Cónaithe Aonair ar Láithreáin Cúil i gCeantair Thuaithe	470
18.13 Forbairtí Cónaithe Eile.....	470
18.13.1 Síneadh Tí.....	470
18.13.2 Garáistí/Stóir Bhaile.....	471
18.13.3 Aonad Glanscartha Cónaithe lena úsáid ag Duine Muinteartha	472
18.14 Láithreáin Inlíonta agus Talamh Chúil i mBailte agus Sráidbhailte	472
18.15 Forbairt Eacnamaíoch	473
18.15.1 Tograí d'Fhorbairtí Tionsclaíocha agus Fiontair.....	473
18.15.2 Critéir Mheasúnaithe ar Fhorbairtí Tionsclaíocha agus Fiontair	474
18.15.3 Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha sa Bhaile.....	474
18.16 Tionscail Eastóscacha.....	475
18.17 Miondíol.....	476
18.17.1 Forbairtí Miondíola.....	476
18.17.2 Éadain Siopaí	477
18.18 Bialanna Bia The Beir Leat.....	478
18.19 Stuanna Siamsaíochta	479
18.20 Tithe Tábhairne agus Clubanna oíche	479
18.21 Turasóireacht	479
18.21.1 Nithe is Díol Spéise do Thurasóirí	480
18.21.2 Tithe Saoire	480
18.21.3 Forbairtí Carbhán agus Campála.....	481
18.21.4 Seallaí Ionaid	482
18.22 Comharthaí agus Struchtúir Fógraíochta	483
18.23 Foirgnimh Thalmhaíochta.....	484
18.24 Seandálaíocht	485
18.25 Oidhreacht Ailtireachta	486
18.26 Struchtúir Theileachumarsáide.....	486

18.27 Ainmniú Forbairtí	487
18.28 Dramhaíl Tógála agus Scartála	487
18.29 Iompar	488
18.29.1 Bóithre	488
18.29.2 Láithreánú agus Dearadh Pointí Iontrála agus Fágála.....	489
18.29.3 Línte Amhairc.....	490
18.29.4 Forbairt ar Lánaí Príobháideacha	491
18.29.5 Rothaíocht	492
18.29.6 Pointí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha	492
18.29.7 Caighdeáin Charrpháirceála	493
18.29.8 Toisí Bána Páirceála agus Lódála	496
18.29.9 Stáisiúin Líonta Peitрил/Stáisiúin Seirbhísí/Páirceáil Leoraithe ..	497
18.30 Seirbhísí a chur faoin Talamh	499
18.31 Soláthar agus Caomhnú Uisce.....	499
18.31.1 Scéim Phoiblí/Grúpscéim Uisce.....	499
18.31.2 Tollphoill Phríobháideacha	500
18.31.3 Caomhnú Uisce	500
18.32 Áiseanna Cóireála Fuíolluisce ar an Suíomh	500
18.33 Bunaíochtaí Seveso	500
18.34 Forfheidhmiú	501
Aguisín A: Cuspóirí do Thrá Ros Láir agus Droichead an Chaisleáin ..	502
Aguisín B: Ráitis a réitíodh i gcomhréir le hAlt 10(1D) agus Alt 28 den	
Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)	508

Imleabhair Eile

Imleabhar 2	Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint
Imleabhar 3	Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha
Imleabhar 4	Straitéis Miondíola
Imleabhar 5	Straitéis Fuinneamh Gaoithe
Imleabhar 6	Comhstraitéis Tithíochta
Imleabhar 7	Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte
Imleabhar 8	Measúnú Straitéiseach Comhshaoil
Imleabhar 9	Tástáil Oiriúnach Mheasúnaithe

Táblaí

- Tábla Uimh. 1 Próifíl Aoise Dhaonra Chontae Loch Garman in 2006 agus 2011
- Tábla Uimh. 2 Príomhstádas Eacnamaíoch Daoine 15 bliana d'aois agus níos sine sa Chontae in 2006 agus 2011
- Tábla Uimh. 3 Grúpaí Socheacnamaíocha sa Chontae agus sa Stát in 2011
- Tábla Uimh. 4 Stádas Gairme Chontae Loch Garman in 2006 agus 2011
- Tábla Uimh. 5 Beochlár Chontae Loch Garman
- Tábla Uimh. 6 Ordíathas Lonnaíochta Chontae Loch Garman
- Tábla Uimh. 7 Spriocanna Daonra do gach Limistéar Údaráis Áitiúil sa Réigiún
- Tábla Uimh. 8 Spriocanna Daonra na bPríomhlonnaíochtaí
- Tábla Uimh. 9 Leithdháileadh an Daonra i gContae Loch Garman 2013-2022
- Tábla Uimh. 10 Croístraitéis um Leithdháileadh Daonra agus Talamh Thithíochta 2011-2019
- Tábla Uimh. 11 Pleananna Forbartha agus Pleananna Ceantair Áitiúil atá i bhfeidhm faoi láthair
- Tábla Uimh. 12 Critéir maidir le Tithíocht Tuaithe Aonair
- Tábla Uimh. 13 Ionadú Áiteanna Cónaithe agus Athchóiriú Áiteanna Cónaithe nach féidir cónaí iontu
- Tábla Uimh. 14 Láithreacha Oiriúnacha d'Fhiontar
- Tábla Uimh. 15 Cliantchuideachtaí an IDA
- Tábla Uimh. 16 Miondealú ar na Deontais a bhronn BFC Loch Garman
- Tábla Uimh. 17 Príomhnithe is Díol Spéise do Thurasóirí i gContae Loch Garman
- Tábla Uimh. 18 Cinn Scríbe Seirbhísí Bus
- Tábla Uimh. 19 Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Bheartaítear i gContae Loch Garman
- Tábla Uimh. 20 Tionscadail Soláthair Uisce
- Tábla Uimh. 21 Tionscadail Fuíolluisce
- Tábla Uimh. 22 Áiseanna Cóireála Fuíolluisce sa Mhol, Bailte Móra, Bailte Ceantair agus Sráidbhailte Móra
- Tábla Uimh. 23 Criosanna Maolánacha timpeall ar Chórais Chóireála Fuíolluisce
- Tábla Uimh. 24 Bunaíochtaí Timpiste Móire/Seveso laistigh de Chontae Loch Garman nó i ngar dó
- Tábla Uimh. 25 Saghsanna de Mheasúnú Riosca i gcás Tuilte
- Tábla Uimh. 26 Criosanna Tuile ar Léarscáileanna Réamh-Mheasúnú Riosca i gcás Tuilte (PFRA)
- Tábla Uimh. 27 Prionsabail an Chuir Chuige Sheiceamhaigh
- Tábla Uimh. 28 Sainmhíniú ar Chriosanna Tuile
- Tábla Uimh. 29 Rangú ar leochaileacht na saghsanna éagsúla d'fhorbairt
- Tábla Uimh. 30 Maitrís na Leochaileachta in aghaidh an Chreasa Tuile chun forbairt oiriúnach a léiriú agus é sin a theastaíonn chun an Tástáil Fírinnithe a chomhlíonadh
- Tábla Uimh. 31 Suíomhanna Natura 2000 i gContae Loch Garman
- Tábla Uimh. 32 Limistéir Oidhreacht Nádurtha agus Limistéir Oidhreacht Nádurtha a Bheartaítear
- Tábla Uimh. 33 NHAanna agus Suíomhanna Geolaíocha Contae arna Moladh ag GSI

- Tábla Uimh. 34 Séadchomharthaí Náisiúnta atá faoi réir Orduithe
Caomhnaithe
- Tábla Uimh. 35 Séadchomharthaí Náisiúnta atá faoi Úinéireacht nó
Caomhnóireacht an Stáit
- Tábla Uimh. 36 Spás Íosta Inmheánach in Áit Chónaithe
- Tábla Uimh. 37 Spás inmheánach agus riachtanais spáis oscailte
phríobháidigh d'árasáin
- Tábla Uimh. 38 Méid an tsuímh/cóimheas achar urláir na háite cónaithe
- Tábla Uimh. 39 Caighdeán Charrpháirceála
- Tábla Uimh. 40 Toisí na mbánna páirceála agus lódála
- Tábla Uimh. 41 Caighdeán Deartha le haghaidh Stáisiúin Líonta Peitрил

Léarscáileanna

- Léarscáil Uimh. 1 An Réigiún Thoir Theas
- Léarscáil Uimh. 2 Athrú Daonra de réir Toghroinne 2006-2011
- Léarscáil Uimh. 3 Céatadán an Athraithe Daonra de réir Toghroinne 2006-2011
- Léarscáil Uimh. 4 Dlús Daonra: Daoine in aghaidh an Chiliméadair 2011
- Léarscáil Uimh. 5 Léarscáil na Croístraitéise
- Léarscáil Uimh. 6 Saghsanna de Cheantar Tuaithe
- Léarscáil Uimh. 7 An Líonra Náisiúnta Rothar a Bheartaítear
- Léarscáil Uimh. 8 Scéimeanna Faofa Bóithre Náisiúnta agus an Rogha
Scéimeanna Bóithre Náisiúnta i gContae Loch
Garman
- Léarscáil Uimh. 9 Fiontair agus fostóirí móra reatha atá bunaithe ar an líonra
bóithre náisiúnta
- Léarscáil Uimh. 10(a) Talamh chríosaithe: Stráice bóithre náisiúnta a
sainaithníodh i bPlean Forbartha Bhaile agus Phurláin Inis
Córthaidh 2008-2014
- Léarscáil Uimh. 10(b) Talamh chríosaithe: Stráice bóithre náisiúnta a
sainaithníodh i bPlean Forbartha Bhaile agus Phurláin Ros
Mhic Thriúin 2011-2017
- Léarscáil Uimh. 10(c) Talamh chríosaithe: Stráice bóithre náisiúnta a
sainaithníodh i bPlean Ceantair Áitiúil Bhaile agus Phurláin
Bhun Clóidí 2009-2015
- Léarscáil Uimh. 10(d) Talamh chríosaithe: Stráice bóithre i náisiúnta a
sainaithníodh i bPlean Ceantair Áitiúil Chluain an Róistigh
2009-2015
- Léarscáil Uimh. 11 Crios an Chósta
- Léarscáil Uimh. 12 Suíomhanna Ainmnithe
- Léarscáil Uimh. 13 Aonaid agus Gnéithe an Tírdhreacha

Fíoracha

- Fíor Uimh. 1 Fiontraíocht Éireann – Saghas na gClíantchuideachtaí 2010
- Fíor Uimh. 2 Láithreacha cuideachtaí ar bhronn Bord Fiontar Contae Loch
Garman deontais orthu
- Fíor Uimh. 3 Cuairteoirí Iasachta ar Loch Garman in 2010

Giorrúcháin

ACA	Limistéar Caomhantais Ailtireachta
AFA	Limistéir Bhreis Measúnaithe
AIT	Foireann Forfheidhmithe Limistéir
BER	Rátáil Fuinnimh Foirgnimh
CCGT	Gástuirlín Comh-Thimthriall
BFC	Bord Fiontar Contae
CFRAM	Measúnú agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte Abhantraí
CGS	Suíomhanna Geolaíocha Contae
CHP	Cumhacht is Teas in Éineacht
CSO	An Phríomh-Oifig Staidrimh
cSAC	Limistéar Iarrthóra faoi Chaomhnú Speisialta
cSPA	Limistéar Iarrthóra faoi Chosaint Speisialta
DAC	Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas
DAHG	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
DCENR	An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha
DECLG	An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
DEHLG	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
EIA	Measúnacht Tionchair Timpeallachta
ED	Toghroinn
EPA	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
FTTH	Fibre-to-the-Home
GHG	Gás Ceaptha Teasa
GIS	Córas Faisnéise Geagrafaí
GSI	Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
HSA	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
HSE	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
ICF	Cónaidhm Choincréite na hÉireann
ICZM	Bainistíocht Chomhtháite Chríos an Chósta
ICZMP	Pleananna um Bainistíocht Chomhtháite Chríos an Chósta
IDA	Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na hÉireann
LCA	Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha
LCDP	Clár Forbartha Áitiúla agus Pobail
NCFP	Creatlach an Pholasaí Náisiúnta Rothaíochta
NCN	An Líonra Náisiúnta Rothaíochta
NDP	An Plean Forbartha Náisiúnta
NEEAP 2020	Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Éifeachtúlacht Fuinnimh 2009-
NHA	Limistéar Oidhreachta Nádurtha
NPWS	An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
NRA	An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
NREAP	Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Fuinnimh In-Athnuaite
NSS	An Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020
NTO	Oifig na gCosán Náisiúnta
OPW	Oifig na nOibreacha Poiblí
PFRA	Réamh-Mheasúnú Riosca i gcás Tuilte
pNHA	Limistéar Oidhreachta Nádurtha a Bheartaítear
RAPID	Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt
RAS	Scéim um Chóiríocht ar Cíos
RBBD	Forbairt Réigiúnach Gnó Bithmhaise

RHG	Tithíocht Inbhuanaithe Tuaithe – Treoirlínte d’Údaráis Phleanála
RIA	Measúnacht Tionchair Miondíola
RSA	Iníúchadh ar Shábháilteacht ar Bhóithre
SAC	Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta
SEA	Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta
SEAI	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
SERA	Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt
SERPG	Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Oirdheiscirt 2010-2022
SEZ	Crios Fuinnimh Inmharthana
SFRA	Measúnacht Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte
SIM	Bearta Cuimsithe Shóisialta
SPA	Limistéar faoi Chosaint Speisialta
SuDS	Córais Inbhuanaithe Draenála
TTA	Measúnacht Tráchta agus Iompair
WLD	Forbairt Áitiúil Loch Garman

Caibidil 1 Réamhrá

1.1 Réamhrá

Leagtar amach i bPlean Forbartha Contae Loch Garman 2013-2019 gach a bhfuil ar intinn ag Comhairle Contae Loch Garman a dhéanamh maidir le forbairt talún amach anseo, lena n-áirítear bearta chun feabhas a chur ar an timpeallacht nádúrtha agus fhisiciúil agus ar bhonneagar a sholáthar.

Cuireann an Plean le straitéisí, beartais agus cuspóirí Phlean Forbartha Contae 2007-2013 roimhe seo. Bhí aird againn, le linn phróiseas athbhreithnithe agus réitigh an Phlean, ar phríomhthreochtaí forbartha a sonraíodh le déanaí agus ar fhorbairtí náisiúnta agus áitiúla beartais, go háirithe an bhéim mhéadaithe atá á leagan ar thuile, athrú aeráide, fuinneamh in-athnuaite agus an gá le tacú le forbairt eacnamaíoch.

Tá sé ar intinn ag Comhairle Contae Loch Garman cur chuige dearfach a ghlacadh i leith na forbartha. Ní chuirfear srian ar dheiseanna nua forbartha murab ann d'fhírinniú tréan áititheach chun amhlaidh a dhéanamh agus aird ar bheartais Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha. Aithníonn an Chomhairle go gcabhróidh pleanáil stuama fhadtéarmach linn an drochthionchar neamh-inghlactha a imríonn an fhorbairt a mhaolú. Tá an Plean meáite ar réiteach a dhéanamh idir an gá chun an timpeallacht a chosaint agus an t-éileamh ar fhorbairt riachtanach chun riachtanais ardmhianta mhuintir Chontae Loch Garman a chomhlíonadh.

Go hachomair, soláthróidh an Plean an méid a leanas:

- Straitéis inbhuanaithe forbartha spáis chun láthair na forbartha a threorú
- Treoir shoiléir ar úsáid talún amach anseo agus an pátrún forbartha sna sé bliana amach romhainn
- Creatlach d'infheistíocht amach anseo sa bhonneagar fisiciúil agus sóisialta

- Creatlach chun geilleagar an chontae a fhorbairt
- Bainistíocht agus rialú trí na caighdeáin a thabhairt le fios atá le baint amach i bhforbairtí nua
- Bealaí chun an timpeallacht uirbeach agus tuaithe a chaomhnú agus a fheabhsú agus chun éagsúlacht an tírdhreacha nádúrtha agus chultúrtha a chosaint
- Treoir d'infheisteoirí poiblí agus príobháideacha maidir le húsáid agus forbairt talún
- Creatlach chun turasóireacht sa chontae a fhorbairt.

Forbraíodh an Plean tar éis comhairliúcháin fhairsinge a chur ar bun ar na saincheistanna sa Phlean a bhfuiltear le dul i ngleic leo. Bhí sraith tráthnónta comhairliúcháin phoiblí ar siúl ina raibh muintir an phobail agus grúpaí ar spéis leo a dtuairimí agus a moltaí a chur in iúl. Fuarthas aighneachtaí scríofa agus tugadh faoi chomhairliúcháin le réimse fairsing páirtithe leasmhara agus soláthróirí seirbhíse.

1.2 Comhthéacs Reachtaíochta

I gcomhréir le hAlt 11(1A) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), ó thaobh cineáil de, Plean straitéiseach atá ann chun críocha cuspóirí a fhorbairt chun straitéis fhoriomlán a sheachadadh do phleanáil agus d'fhorbairt inbhuanaithe cheart an chontae agus cuireadh san áireamh dualgais reachtúla na Comhairle agus beartais nó cuspóirí ábhartha an Rialtais nó Airí an Rialtais.

Go háirithe, réitíodh an Plean i gcomhréir le forálacha na nionstraimí a leanas:

- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)
- An Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (2001/42/CE)
- An Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE)
- An Chreat-Treoir Uisce (2000/60/CE)

- An Treoir maidir le Tuilte (2007/60/CE)
- Rialacháin ghaolmhara a thrasuigh na Treoracha seo i nDlí na hÉireann
- Treoirlínte pleanála a rinne an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)
- Treoirlínte, beartais agus cuspóirí ábhartha Airí eile an Rialtais

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)

I gcomhréir le ceanglais an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), dá dtagraítear “an tAcht” as seo amach, tá dualgas ar Chomhairle Contae Loch Garman, mar an tÚdarás Pleanála, chun plean forbartha a chur i dtoll a chéile dá limistéar feidhme gach sé bliana. Cuimsíonn an Plean seo an contae trí chéile, seachas Baile Loch Garman, Baile Inis Córthaidh agus Baile Ros Mhic Thriúin atá cuimsithe ag a bpleananna forbartha féin, faoi seach.

Ceanglaítear go leagtar amach i bplean forbartha straitéis fhoriomlán do phleanáil agus d’fhorbairt inbhuanaithe cheart an cheantair agus ní mór go mbeidh ráiteas scríofa agus plean nó pleananna ann a thugann na cuspóirí forbartha le fios do limistéar an phlean. Ní mór go n-áireofaí leis an ráiteas scríofa Croístraitéis a léiríonn go bhfuil na cuspóirí forbartha sa Phlean comhsheasmhach, sa mhéid is indéanta, leis na cuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha forbartha a leagtar amach sa Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020 agus i dTreoirlínte Pleanála Réigiúnaí Réigiún an Oirdheiscirt 2010-2022. Anuas air sin, ní mór go n-áireofaí leis an ráiteas ar leith a léiríonn go bhfuil na cuspóirí forbartha sa Phlean comhsheasmhach, sa mhéid is indéanta, le caomhnú agus cosaint an chomhshaoil.

Anuas air sin, ceanglaíonn an tAcht ar an Údarás Pleanála chun ráiteas a iarcheangal leis an bPlean Forbartha a léiríonn conas a cuireadh beartais agus cuspóirí Threoirlínte Alt 28 i bhfeidhm, nó nár cuireadh i bhfeidhm iad, de réir mar a bheidh, agus an Plean á réiteach. Cuimsítear an ráiteas seo in Aguisín B den Imleabhar seo.

Leagtar amach in Alt 10(2) den Acht liosta de chuspóirí éigeantacha a chuimseofar sa Phlean. Ina measc seo tá:

- Criosú talún
- Soláthar bonneagair, nó soláthar bonneagair a éascú, lena n-áirítear iompar, áiseanna fuinnimh agus cumarsáide, soláthairtí uisce, seirbhísí fuíolluisce, aisghabháil dramhaíola agus áiseanna diúscartha agus aon áiseanna nó seirbhísí cúntacha.
- Caomhnú agus cosaint an chomhshaoil
- Bainistíocht ghnéithe an tírdhreacha, go háirithe gnéithe lena mbaineann tábhacht i dtaobh chomhleanúnachas éiceolaíochta líonra Natura 2000
- Comhlíonadh caighdeáin agus cuspóirí comhshaoil a bunaíodh a chur chun cinn i dtaca le dobharlaigh uiscí dromchla agus screamhuisce
- Pleanáil agus forbairt inbhuanaithe an cheantair a chomhcheangal le riachtanais shóisialta, phobail agus chultúrtha an cheantair agus dhaonra an cheantair
- Caomhnú nádúr an tírdhreacha, lena n-áirítear radhairc, fóntais áiteanna agus gnéithe d'áilleacht nó inspéise a chaomhnú
- Struchtúir nó cuid de struchtúir a chosaint, lena mbaineann spéis speisialta ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíonta, chultúrtha, eolaíochta, shóisialta nó theicniúil
- Caomhnú nádúr limistéir chaomhantais ailtireachta
- Forbairt agus athnuachan limistéar óna dteastaíonn athbheochan
- Cóiríocht a sholáthar don lucht siúil agus do limistéir ar leith a úsáid don chuspóir sin
- Fóntais agus fóntais chaitheamh aimsire a chaomhnú, a fheabhsú agus a shíneadh
- Bunaíochtaí a rialú faoi fhorálacha na Treorach maidir le Timpistí Móra
- Soláthar seirbhísí nó soláthar seirbhísí a éascú don phobal, lena n-áirítear, go háirithe, scoileanna, naíolanna agus áiseanna eile oideachais agus cúram leanaí

- Oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint
- Straitéisí inbhuanaithe lonnaíochta agus iompair a chur chun cinn i gceantair uirbeacha agus thuaithe, lena n-áirítear bearta a chur chun cinn chun éileamh ar fhuinneamh a laghdú, astuithe antrapaigineacha gáis cheaptha teasa agus chun dul i ngleic leis an ngá chun oiriúnú d'athrú aeráide
- Cearta bealaigh poiblí a chaomhnú, a thugann rochtain ar an gcladach, sléibhte, cois locha, bruach abhann nó áiteanna eile lena mbaineann áilleacht nádúrtha nó fóntas caitheamh aimsire
- Creatlach a sholáthar ar mhaithe le sainaithint, measúnú, cosaint, bainistíocht agus pleanáil tírdhreach.

Leagtar amach sa Chéad Sceideal san Acht liosta de chuspóirí lánroghnacha, chomh maith, a rinneadh a chorprú sa Phlean nuair ba chuí.

Luaitear in Alt 10(5A) den Acht go dtabharfar faoi Mheasúnacht Straitéiseach Tionchair Timpeallachta nó Measúnacht Oiriúnach ar phlean forbartha, nuair is gá.

Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Ceanglaíonn an Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta an AE (2001/42/CE), dá dtagraítear, seachas sin, mar Threoir an SEA, ar gach Ballstát chun measúnacht chórasach a dhéanamh ar an tionchar dóchúil ar an timpeallacht a imreofar trí phlean nó clár a chur i bhfeidhm sula nglacfar leis. Uirlis fhiúntach is ea SEA a imríonn tionchar ar chinntí a dhéanamh ag gach céim sa phróiseas plean forbartha; chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht chomhshaoil an phlean agus chun feasacht a mhúscailt ar na hiarmhairtí féideartha comhshaoil a bheadh i gceist dá gcuirfí i bhfeidhm é, ionas go bhféadfaí na hiarmhairtí seo a mhaolú nó a sheachaint go hiomlán. Rud éigeantach is ea an SEA don Phlean Forbartha Contae. Réitíodh Tuarascáil Comhshaoil SEA agus tá sí ar fáil in Imleabhar 8 den Phlean seo.

An Treoir maidir le Gnáthóga

Thug an AE an Treoir maidir le hÉin isteach i 1979 agus an Treoir maidir le Gnáthóga i 1992 chun dul i ngleic leis an meath fadtéarmach a tháinig ar bhithéagsúlacht ar fud na hEorpa. Ar cheann de phríomhaidhmeanna na Treorach tá an stádas fabhrach caomhnaithe gnáthóg agus speiceas ar fud na hEorpa a choimeád, agus sa chás gur gá, chun é a athshlánú.

Bunaíodh líonra suíomhanna, ar a dtugtar suíomhanna Natura 2000. Áirítear leis an líonra seo suíomhanna Eorpacha lena mbaineann tábhacht ar leith maidir le gnáthóga nó speicis annamha, atá i mbaol nó leochaileacha laistigh den AE. In Éirinn, ciallaíonn líonra suíomhanna Eorpacha Natura 2000 an méid a leanas:

- Suíomh iarrthóra lena mbaineann tábhacht Phobail¹
- Suíomh lena mbaineann tábhacht Phobail
- Limistéar iarrthóra faoi Chaomhnú Speisialta (cSAC)
- Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC)
- Limistéar iarrthóra faoi Chosaint Speisialta (cSPA)
- Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA)

Roghnaítear SACanna chun na gnáthóga a liostaítear in Iarscríbhinn I a chaomhnú agus a chosaint agus speicis (seachas éin) agus a ngnáthóg a liostaítear in Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Gnáthóga. Teastaíonn bearta speisialta caomhnaithe ó na gnáthóga in Iarscríbhinn I mar gheall go bhfuil siad i mbaol san AE. Tá foshraith díobh seo, gnáthóga tosaíochta Iarscríbhinn I, i mbaol go bhfaighfear réidh go hiomlán leo, agus dá réir sin, teastaíonn bearta speisialta caomhnaithe uathu.

Suíomhanna iad SPAnna a roghnaíodh agus ar tugadh fógra dóibh maidir le caomhnú agus cosaint speicis éin a liostaítear ar Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin mar aon le speiceas imirceach agus a ngnáthóga a fheictear go

¹ Suíomh lena mbaineann tábhacht Phobail a sainaitníodh de bhua Airteagal 4, mír 1 den Treoir maidir le Gnáthóga.

rialta. Éin larscríbhinn I iad siúd óna dteastaíonn bearta speisialta caomhnaithe mar gheall go bhfuil siad i mbaol díothú nó go bhfuil siad leochaileach i leith athruithe gnáthóige san AE.

Leagann Airteagail 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) dualgas ar údaráis inniúla chun machnamh a dhéanamh ar thionchar gach plean agus tionscadail ar an líonra suíomhanna Natura 2000 trí phróiseas ar a dtugtar Measúnú Oiriúnach. Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh gach plean agus tionscadal sa Chontae ar dócha go mbeidh tionchar suntasach acu ar shuíomh Natura 2000, faoi réir na measúnachta oiriúnaí ar a n-impleachtaí don suíomh i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe an tsuímh, cibé acu ar bhonn leithleach nó i gcomhar le pleananna agus tionscadail eile.

Thug an Chomhairle faoi thástáil ar mhaithe le Measúnacht Oiriúnach a dhéanamh ar an bPlean chun measúnú a dhéanamh, i bhfianaise dea-eolas eolaíochta, cibé acu ar dócha nó nach dócha go mbeadh tionchar ag an bPlean, cibé acu ar bhonn leithleach nó i gcomhar le pleananna agus tionscadail eile, ar líonra Natura 2000. Deimhníodh nach mbeadh drochthionchar ag an bPlean, leis féin nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile, ar shláine shuíomhanna Natura 2000.

1.3 Buntéamaí

Téann an Plean i ngleic le réimse fairsing saincheisteanna idirghaolmhara eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil atá suite laistigh de chreatlach fhoriomlán ina mbaintear forbairt inbhuanaithe, cuimsiú sóisialta agus oiriúnú d'athrú aeráide amach.

1.3.1 Forbairt Inbhuanaithe

Is é an sainmhíniú a thugtar ar fhorbairt inbhuanaithe forbairt a chomhlíonann riachtanais na glúine reatha gan baint de chumas na glúine amach anseo

chun a gcuid riachtanais féin a chomhlíonadh². Ceanglaíonn an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) ar an bplean forbartha chun straitéis fhoriomlán a sheachadadh do phleanáil agus forbairt cheart inbhuanaithe an chontae. Is é an sainmhíniú a thugann an Chomhairle, ar mhaithe le cuspóirí an Phlean, ar phleanáil agus ar fhorbairt cheart inbhuanaithe ná a chinntiú go mbaintear cothromaíocht amach idir breithniúcháin eacnamaíocha, shóisialta, chultúrtha agus chomhshaoil ar mhaithe le leas coiteann ghlúin reatha an chontae agus na glúine amach anseo.

Is iad na príomhbhreithniúcháin atá mar bhonn agus taca le forbairt inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a chaomhnú, an comhshaol nádúrtha a chosaint, patrúin forbartha a thacaíonn leis an gcomhshaol, éifeachtúlacht fuinnimh agus dearadh ardchaighdeáin. Tá an Plean dírithe ar fhostaíocht, iompar, scoileanna, áiseanna pobail, fónais agus lonnaíochtaí inbhuanaithe uirbeacha agus tuaithe a chomhcheangal mar phríomh-mheicníochtaí chun inbhuanaitheacht a bhaint amach.

Rinneadh breithniúcháin chomhshaoil a chomhcheangal go hiomlán fad a bhí an Plean seo á réiteach trí Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus trí Phróisis Oiriúnacha Mheasúnachta, a bhfuil sé de chuspóir acu ardleibhéal cosanta a sholáthar don chomhshaol agus do shuíomhanna Natura 2000, faoi seach.

1.3.2 Oiriúnú d'Athrú Aeráide

Aithníonn an Chomhairle gur bagairt dhomhanda atá in athrú aeráide ag a bhfuil iarmhairtí áitiúla. Cé go mbaineann éiginnteacht le méid agus le tromchúise thionchar an athraithe aeráide, tá an Chomhairle tiomanta do dhul i ngleic le hathrú aeráide ar bhealach réamhghníomhach, trí mhachnamh cúramach a dhéanamh ar bhorradh agus ar fhorbairt.

² Coimisiún Brundtland (1987), Our Common Future, Oxford University Press

Thug an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2010 (arna leasú) cuspóir éigeantach isteach go gcuireann pleananna forbartha straitéisí inbhuanaithe lonnaíochta agus iompair chun cinn i gceantair uirbeacha agus thuaithe, lena n-áirítear bearta a chur chun cinn chun éileamh ar fhuinneamh a laghdú, astuithe antrapaigineacha gáis cheaptha teasa agus chun dul i ngleic leis an ngá chun oiriúnú d'athrú aeráide.

Tá sé de chuspóir ag an bPlean cosaint agus maolú a dhéanamh agus chun oiriúnú do thionchar athrú aeráide, tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Daoine, bonneagar leochaileach agus an comhshaol a chosaint ó thionchar athrú aeráide
- Feasacht a mhúscailt ar thionchar tuartha athrú aeráide
- A chinntiú go bhfuil forbairt nua lonnaithe go cuí, go háirithe i gceantair chósta atá tugtha do chreimeadh agus do thuile chósta
- Cuspóirí a sholáthar d'fhorbairt inbhuanaithe foinsí in-athnuaite fuinnimh
- A chinntiú go ndeartar forbairtí nua chun tionchar tuartha athrú aeráide a chur san áireamh
- Cosaint bhonneagar glas an chontae a chur chun cinn, a sholáthraíonn go leor tairbhí mar gheall go rialaíonn sé teocht, laghdaíonn sé sreabhadh stoirme agus go soláthraíonn sé uisce agus aer glan.
- Poill nádúrtha slogaíde carbóin a fhorbairt, ar nós na foraoiseachta

Cothaíonn an Plean seo forbairt fuinnimh in-athnuaite agus straitéis lonnaíochta inbhuanaithe agus straitéis iompair a chomhcheangal. Éascóidh seo laghdú ar an méid breoslaí iontaise a úsáidtear, arb é seo ceann de na rudaí is mó a chuireann le gáis cheaptha teasa in Éirinn.

1.3.3 Cuimsiú Sóisialta

Próiseas atá i gcuimsiú sóisialta a chabhraíonn le daoine bheith rannpháirteach go hiomlán sa saol ó pheirspictíocht eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha. Féadtar daoine a fhágáil as an áireamh mura bhfuil an

rochtain chéanna acu ar sheirbhísí, áiseanna, acmhainní agus deiseanna. Tá an Chomhairle tiomanta do shochaí níos cuimsithí a fhorbairt i gContae Loch Garman agus díríonn an Plean ar chuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus a éascú do chách sa chontae. Shainaithin an Plean spriocghrúpaí a áiríonn leanaí agus daoine óga, cúramóirí, daoine aosta, daoine atá faoi mhíchumas, grúpaí eitneacha mionlaigh agus an lucht siúil.

1.4 Formáid an Phlean

I gcomhréir le hAlt 10(1) den Acht, leagann an Plean Forbartha straitéis fhoriomlán amach do phleanáil agus forbairt cheart inbhuanaithe an chontae. Leagtar an Plean amach mar seo a leanas:

Imleabhar 1 Ráiteas Scríofa

Is éard atá i gceist leis seo, príomhchorp na cáipéise, ina dtugtar breac-chuntas ar fhís, Croístraitéis agus cuspóirí an Phlean. Cuimsítear sa Phlean na cuspóirí éigeantacha a shonraítear in Alt 1.2 thuas, agus na cuspóirí lánroghnacha sa chás go mbaineann siad leis an bPlean. Gabhann sraith léarscáileanna leis an ráiteas scríofa a thugann léiriú amhairc ar na beartais agus ar na cuspóirí atá sa Phlean.

Imleabhar 2 Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint

Cuimsítear sa Taifead an liosta beartaithe de Struchtúir atá faoi Chosaint. Tá cuid de na struchtúir seo faoi chosaint cheana féin, agus tá cinn eile á gcur leis an Taifead. Meastar gur fiú na struchtúir a chosaint mar gheall ar a spéis speisialta ó pheirspictíocht ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíonta, chultúrtha, eolaíochta, shóisialta nó theicniúil.

Imleabhar 3 Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha

Sainaithníonn an Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha aonaid nádúir an tírdhreacha atá sa Chontae. Anuas air sin, sainaithníonn siad Tírdhreacha Níos Íogaire laistigh de na haonaid tírdhreacha seo.

Imleabhar 4 Straitéis Miondíola

Réitíodh an Straitéis Miondíola i gcomhréir leis na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála: Pleanáil Miondíola (an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2012).

Imleabhar 5 Straitéis Fuinneamh Gaoithe

Réitíodh an Straitéis Fuinneamh Gaoithe i gcomhréir leis na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Forbairt Fuinneamh Gaoithe (an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, 2006). Sainaithníonn sí limistéir ina bhfuil forbairt fuinneamh gaoithe Inghlactha i bPrionsabal, Oscailte le haghaidh Breithniú nó Neamhcheadmhach de Ghnáth agus sonraítear na critéir a bhaineann le gach ceann de na limistéir seo.

Imleabhar 6 Straitéis Tithíochta

Réitíodh an Straitéis Tithíochta i gcomhréir le Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

Imleabhar 7 Measúnacht Straitéiseach Riosca i gCás Tuilte

Sainaithníonn an cháipéis seo nádúr an riosca i gcás tuilte sa Chontae agus sonraítear cuspóirí bainistíochta riosca i gcás tuilte lena gcuimsiú sa Phlean.

Imleabhar 8 Tuarascáil Chomhshaoil na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta

Sainaithníonn, measúnaíonn agus déanann an tuarascáil cur síos ar thionchar suntasach ar an gcomhshaol tríd an bPlean a chur i bhfeidhm mar aon leis na bearta oiriúnacha maolaithe a shainaithint.

Imleabhar 9 Tástáil Oiriúnach Mheasúnaithe

Cuimsíonn an tuarascáil seo torthaí na tástála le haghaidh Mheasúnú Oiriúnach an Phlean.

1.5 Monatóireacht agus Cur i bhFeidhm

Is tábhachtach go ndéantar monatóireacht ar Phlean chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtacht agus lena chinntiú go gcuirtear a chuspóirí i bhfeidhm. Trí mhonatóireacht, sainaitheofar saincheisteanna i dtaca le cuspóirí agus éascófar an gníomh oiriúnach ceartaithe a ghlacadh. Ar a bharr sin, sainaitheofar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Plean comhsheasmhach i gcónaí le beartas náisiúnta agus réigiúnach, agus cá dtiteann athruithe amach ar leibhéal náisiúnta agus/nó réigiúnach, tabharfaidh sé le fios ar cheart nó nár cheart an Plean a éagsúlú, de réir mar is gá, le comhsheasmhacht a chinntiú leis na pleananna ardleibhéil seo.

I gcomhréir le hAlt 15 den Acht, laistigh de dhá bhliain tar éis an Plean a dhéanamh, ba cheart do Bhainisteoir tuarascáil a chur faoi bhráid Chomhaltaí an Údaráis Phleanála maidir leis an dul chun cinn a rinneadh leis na cuspóirí atá sa Phlean a bhaint amach. Féadfaidh an tÚdarás Pleanála na bearta siúd a ghlacadh atá laistigh dá gcumhachtaí, de réir mar ba ghá leo, chun cuspóirí an Phlean a bhaint amach.

Molann na Treoirlínte maidir le Plean Forbartha d'Údaráis Phleanála (an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, 2007) go réitítear tuarascáil bhliantúil mhonatóireachta agus mheasúnachta. Éascóidh an tuarascáil seo aon saincheisteanna a shainaitheint a bhaineann le cur i bhfeidhm an Phlean. Cuireann sí faisnéis ar fáil don athbhreithniú dhá bhliain a cheanglaíonn Alt 15 den Acht. Ina theannta sin, cuirfidh sí faisnéis ar fáil d'athbhreithniú éigeantach an Phlean reatha agus do Phlean nua a réiteach, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 11 den Acht, nach mór tús a chur leis tráth nach déanaí ná ceithre bliana tar éis an Plean a dhéanamh.

Bunóidh an Chomhairle coiste monatóireachta a chasfaidh ar a chéile dhá uair sa bhliain. Is éard a bheidh sa choiste:

- Stiúrthóir Pleanála
- Pleanálaí Sinsearach

- Pleanálaithe Sinsearacha Feidhmiúcháin
- Coiste Beartas Straitéiseach Pleanála, a dhéanann ionadaíocht do leas páirtithe leasmhara

1.6 Comhthéacs Beartais Náisiúnta, Réigiúnaigh agus Áitiúil

Thug an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2010 (arna leasú) forálacha isteach le hidirghníomhú agus comhsheasmhacht níos mó a chinntiú idir pleananna spáis ar leibhéal náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Sa mhullach air sin, thug sé forálacha isteach lena chinntiú go gcomhcheanglaítear inbhuanaitheacht chomhshaoil agus shóisialta go hiomlán sa bheartas pleanála³. Bun-nasc atá sa Phlean Forbartha, agus go háirithe ina Chroístraitéis, idir beartas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Ní mór go léireoidh an Chroístraitéis go bhfuil an Plean comhsheasmhach le beartas náisiúnta agus réigiúnach agus go gcuirfidh sí aon bheartais de chuid an Aire san áireamh i dtaca le spriocanna náisiúnta agus réigiúnacha daonra.

Cuireann an méid a leanas achoimre ar fáil ar na pleananna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bhaineann le hábhar an Phlean agus na Croístraitéise.

Straitéis Spáis Náisiúnta d'Éirinn 2002-2020

Creatlach phleanála fiche bliain atá sa Straitéis Spáis Náisiúnta d'Éirinn (NSS) atá in ainm is cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus fhisiciúil agus borradh ar an daonra idir réigiúin. Tá sé de chuspóir ag an Straitéis lánchumas gach réigiúin a fhorbairt d'fhonn go gcuirfidh siad le feidhmíocht uasta an Stáit ina iomláine – i dtaoibh cúrsaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil de.

Beartaíonn an NSS go dtacaíonn creatlach náisiúnta iompair leis an struchtúr spáis náisiúnta, a sholáthraíonn líonra feabhsaithe bóithre agus seirbhísí

³ An Straitéis Spáis Náisiúnta a Chur i bhFeidhm: 2010 Nuashonrú agus Dearcadh


iompair phoiblí, a chuireann feabhas ar rochtain agus ar naisc ar fud na tíre. Nascfar an chreatlach seo go hidirnáisiúnta trí phríomhphointí, ar nós aerfort agus cuanta. Anuas air sin, tacaíonn sí le líonraí feabhsaithe fuinnimh agus cumarsáide a fhorbairt, faoi mar a imríonn siad tionchar ar láthair, uainiú agus méid na forbartha.

Leagann an NSS béim ar an ngá le cathracha, bailte agus sráidbhailte na tíre a athnuachan, a chomhdhlúthú agus a fhorbairt trí iad a choimeád ina n-áiteanna atá a dhlúithe is féidir i dtaobh cúrsaí fisiciúla agus ina bhfuil an t-iompar poiblí is fearr is féidir, agus ardcháilíocht dearaidh a bhaint amach, i gcomhthráth, i bhforbairt agus in athchóiriú nua.

Tugann an NSS breac-chuntas ar an gcreatlach forbartha spáis don tír. Díríonn sé ar chóras de chathracha Tairsí lena dtacaíonn bailte Moil. Sa Réigiún Thoir Theas, is í Cathair Phort Láirge an Tairseach ainmnithe agus tacóidh Moil Bhaile Loch Garman agus Chathair Chill Chainnigh léi.

Léarscáil Uimh. 1 An Réigiún Thoir Theas

Tá aistriúchán ar na léarscáileanna le fáil thíos



Foinse: An Straitéis Spáis Náisiúnta

Léarscáil 1

Gateway	Tairseach
Hub	Mol
County Town	Baile Contae
<5,000 Town	Baile <5,000 duine
1,500-5,000 Town	Baile 1,500-5,000 duine
Urban Centres (circa 1,000)	Lárionaid Uirbeacha (thart ar 1,000 duine)
National Transport Corridor	Conair Náisiúnta Iompair
Airport	Aerfort
Transit Port	Cuan Trasdula
Major Fishing Port	Mórchuan Iascaireachta
to Limerick	go Luimneach
Tipperary	Tiobraid Árann
Caher	An Chathair
Cashel	Caiseal
to Cork	go Corcaigh
Approx. Scale	Neas-Scála
Youghal	Eochaill
Lismore	Lios Mór
Fethard	Fíodh Ard
Dungarvan	Dún Garbhán
Tramore	Trá Mhór
Dunmore East	Dún Mór Thoir
Waterford	Port Láirge
New Ross	Ros Mhic Thriúin
Rosslare	Ros Láir
Wexford	Loch Garman
Thomastown	Bhaile Mhic Andáin
Enniscorthy	Inis Córthaidh
Ferns	Fearna
Gorey	Guaire
Graiguenamanagh	Gráig na Manach
Bunclody	Bun Clóidí
Bagnelstown	Muine Bheag
Kilkenny	Cill Chainnigh
Castlecomer	Caisleán an Chomair
Carlow	Ceatharlach
Tullow	An Tulach
to Dublin	go Baile Átha Cliath
to Athlone	go Baile Átha Luain
Callan	Callainn

Clonmel	Cluain Meala
Carrick-on-Suir	Carraig na Siúire
Rural Areas with Strong Potential for Rural Diversification	Ceantair Thuaithe ag a bhfuil Tréanchumas d'Éagsúlacht Tuaithe
Urban Strengthening Opportunity	Deiseanna um Threisiú Uirbeach
Village Strengthening and Rural Area Opportunities	Deiseanna um Threisiú Sráidbhaile agus Ceantar Tuaithe
Strategic Rural Assets within a Metropolitan Hinterland	Sócmhainní Straitéiseacha Tuaithe laistigh de Chúlchríoch Uirbeach

D'ainmnigh an NSS Baile Loch Garman mar Mhol, mar gheall go bhfuil sé lonnaithe go straitéiseach i ngar do Chuan Ros Láir agus go bhfuil sé suite ar an mbóthar náisiúnta agus ar na líonraí náisiúnta iarnróid. Tá deiseanna substainteacha sa bhaile i dtaobh forbartha de agus tá ann fostaíocht, miondíol, seirbhísí agus feidhmeanna éagsúla riaracháin. Tugann an NSS le fios go bhfuil ról tábhachtach spáis ag Baile Loch Garman maidir le “triantán nirt” a bhunú sa Réigiún Thoir Theas. Eascróidh borradh as seo trí bhonn mór agus oilte daonra a sholáthar, mar aon le deiseanna substainteacha do bhreis feidhmeanna cónaithe agus fostaíochta agus do líonra iompair fheabhsaithe, agus gníomhóidh bailte agus sráidbhailte níos lú ar fud an réigiúin mar dhíriú le haghaidh gníomhaíocht shóisialta agus gheilleagrach, mar aon le tithíocht chónaithe.

Aithnítear bailte móra Inis Córthaidh agus Ros Mhic Thriúin mar ionaid thábhachtacha uirbeacha. Cuireann siad boinn dhaingne faoin daonra agus faoi sheirbhísí a mheallfaidh infheistíocht agus gníomhaíochtaí fostaíochta anuas orthu siúd ar gá iad a lonnú sa Tairseach nó i ngar di.

Sainaithníonn an NSS Guaire mar bhaile a d'fheidhmigh riamh anall mar chúlchríoch talmhaíocht faoi rath agus mar bhaile ina raibh bailedhreach d'ardcháilíocht amhairc, foirm dhlúth agus oidhreacht fhairsing thógtha. Meastar gur láthair an-oiriúnach é le haghaidh forbairtí cónaithe agus beaga agus meánacha fiontair, a chuirfidh leis an gcáilíocht beatha a sholáthraíonn an baile.

Aithníonn an NSS gur gné shainiúil de struchtúr spáis an Réigiúin Thoir Theas an líonra fairsing sráidbhailte atá ar fud an réigiúin, ar ar tháinig forbairt le tacaíocht ó bhonn talmhaíochta ar a raibh an rath riamh anall. Is gá dul i ngleic le cobhsaíocht agus le rath na sráidbhailte seo, anuas ar a gceantair thuaithe, i gcomhthéacs na fostaíochta feirimbhunaithe ar a bhfuil laghdú ag teacht. Moltar gur féidir é seo a dhéanamh trí phróiseas an Phlean Forbartha Contae agus trí thionscnaimh a fheabhsaíonn mealltacht na sráidbhailte mar cheantair agus láithreacha cónaithe d'fheidhmeanna eile. Anuas air sin, moltar go mbíonn an cumas ag na ceantair níos tuaithe a neart bunaithe talmhaíochta a mhéadú trí nithe speisialaithe is díol spéise do thurasóirí. Leagann na nithe is díol spéise do thurasóirí sa Réigiún Thoir Theas an bonn faoi ghníomhaíochtaí réigiúnacha agus náisiúnta pacáistithe agus promóisin.

Aithníonn an NSS, chomh maith, traidisiún fada na ndaoine a chónaíonn in áiteanna tuaithe in Éirinn agus sainaithníonn sé go bhfuil lonnaíocht inbhuanaithe tuaithe mar phríomhghné d'fhorbairt réigiúnach níos cothroime a sholáthar. Tá ceithre chuspóir fairsinge ag an gcreatlach bheartais um lonnaíocht inbhuanaithe thuaithe a leagtar amach sa NSS:

1. Pobail bhunaithe tuaithe agus an stoc reatha infheistíochta a choimeád agus a athnuachan ar bhealach a fhreagraíonn do na hathruithe éagsúla spáis, struchtúracha agus eacnamaíocha atá ag titim amach, agus na sócmhainní tábhachtacha atá le sonrú i gceantair thuaithe a chosaint i gcomhthráth.
2. Struchtúr bunaithe sráidbhailte agus lonnaíochtaí níos lú a threisiú d'fhonn cabhrú le geilleagair áitiúla agus le freastal ar dhaonra breise ar bhealach a thacaíonn le beogacht an bhonneagair áitiúil agus iompair phoiblí.
3. A chinntiú go gcosnaítear na sócmhainní lárnacha i gceantair thuaithe, ar nós cáilíocht uisce, oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha agus cáilíocht an tírdhreacha chun tacú le cáilíocht beatha agus le beogacht eacnamaíoch.

4. A chinntiú go gcuireann beartais lonnaíochta tuaithe cúinsí áitiúla san áireamh agus go n-oireann siad dóibh.

Leagtar an bhéim air, laistigh de chuspóirí foriomlána na creatlaí beartais seo, nach mór do bheartais lonnaíochta tuaithe níos sonraí i bPleananna Forbartha Contae agus i bpleananna áitiúla an méid a leanas a chur san áireamh:

- Nádúr sonrach na n-éileamh ar thithíocht tuaithe sa cheantar atá i gceist, agus
- Nádúir an cheantair thuaithe agus an gheilleagair lena mbaineann, a bheidh éagsúil ó cheantar go ceantar agus ó réigiún go réigiún.

An Straitéis Spáis Náisiúnta a Chur i bhFeidhm: Nuashonrú agus Dearcadh 2010

Agus aird ar na dúshlán thromchúiseacha agus chomhshaoil atá roimh Éirinn i láthair na huaire, measadh go raibh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an NSS. Ní cáipéis ionaid atá sa cháipéis seo ón mbuncháipéis bheartais den NSS, ach ina ionad sin, athdhearbhaíonn sí tiomantas an Rialtais don NSS mar an gcreatlach náisiúnta spáis agus phleanála chun cinn chun forbairt níos cothroime réigiúnach a threorú agus chun faisnéis a sholáthar do thosaíochtaí infheistíochta caipitiúla.

Leagann an nuashonrú tosaíochtaí agus cuspóirí nua amach, agus aird ar an taithí ó 2002 i leith agus ar na dúshlán nua chomhshaoil, bhuiséadta agus eacnamaíocha. Is iad seo:

- Tacú le fostaíocht agus filleadh ar 'Gheilleagar Cliste' atá faoi stiúir an fhiontair.
- Líonra inbhuanaithe iompair a chríochnú, ag cur le hinfheistíocht inbhuanaithe le blianta beaga anuas.
- Inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn le hinfheistíocht inbhuanaithe i seirbhísí uisce agus in éifeachtúlacht fuinnimh agus béim ar leith ar chosaint gnáthóige.
- Pobail inbhuanaithe a sholáthar trí infheistíocht inbhuanaithe in athghiniúint limistéar reatha atá faoi mhíbhuntáiste agus dul i ngleic le

heasnaimh bhonneagracha i limistéir ar ar tháinig mearfhorbairt le blianta beaga anuas.

- Cumas ceantair thuaithe a bhaint amach, lena n-áirítear geilleagar tuaithe níos éagsúlaithe agus cumas na limistéar siúd chun geilleagair bhisiúla áitiúla a fhorbairt agus chun roghanna fuinnimh inbhuanaithe a sholáthar i dtreo geilleagar nach gcruthaíonn an oiread céanna carbóin a bhaint amach.

An Plean Náisiúnta Forbartha 2007-2013 Éire a Chlaochlú – Cáilíocht Beatha Níos Fearr do Chách

Soláthraíonn an Plean Náisiúnta Forbartha clár infheistíochta fiosaí i limistéir an bhonneagair, an fhiontair, an chaipitil dhaonna agus an chuimsithe shóisialta thar thréimhse an phlean. Díríonn an Plean ar infheistíocht maidir le Réigiúin an NSS, Tairseacha agus Moil. Is é cuspóir an Phlean chun cáilíocht beatha níos fearr a sholáthar do chách laistigh de gheilleagar tréan agus beoga a chothaíonn ár n-iomaíocht idirnáisiúnta agus a chuireann forbairt réigiúnach, ceartas sóisialta agus inbhuanaitheacht chomhshaoil chun cinn.

Leagtar amach sa Phlean clár infheistíochta do Thairseach Thoir Theas Chathair Phort Láirge, lena n-áirítear infheistíocht i naisc bhóithre, iarnróid agus iompair phoiblí a fheabhsú leis na Moil agus idir ceantair eile sa réigiún agus réigiúin eile. Sna bailte Moil, Baile Loch Garman ina measc, tugtar tús áite d'infheistíocht i limistéir, lena n-áirítear iompar, leathanbhanda, bonneagar seirbhísí uisce, oideachas agus oiliúint agus naisc eacnamaíocha le ceantair thuaithe máguaird.

An Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012

Faoi Phrótacal Kyoto, agus mar chuid dá n-iarrachtaí le sprioc fhoriomlán an AE a bhaint amach, chomhaontaigh Éire le sprioc a dhéanamh de theorainn a chur ar a hastuithe gáis cheaptha teasa go dtí 13% os cionn leibhéil 1999 thar an tréimhse 2008-2012. Leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012 réimse beart, a chuireann leo siúd atá i bhfeidhm cheana

féin faoin gcéad Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide (2000), lena chinntiú go mbaineann Éire a sprioc amach faoi Phrótacal Kyoto. Soláthraíonn an Straitéis creatlach ghníomhaíochta chun astuithe gáis cheaptha teasa na hÉireann a laghdú i limistéir an fhuinnimh, an iompair, na tithíochta, an tionscail, na talmhaíochta agus na dramhaíola, mar aon le gníomhartha trasearnála. Príomhghníomhairí le haghaidh athrú iad údaráis áitiúla ar an leibhéal áitiúil chun na sprioclaghduithe a bhaint amach.

An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Fuinnimh In-Athnuaite

Cuireann Treoir maidir le Nithe In-Athnuaite Directive an AE 2009/28/CE úsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite chun cinn. Leagann sí an bonn faoi bhaint amach sprioc um fhuinneamh in-athnuaite 20% an AE faoi 2020. Faoi théarmaí na Treorach, leagadh sprioc aonair um fhuinneamh in-athnuaite ar gach Ballstát a bhí ina ceanglas, a chuirfidh le baint amach sprioc fhoriomlán an AE. Tugadh sprioc 16% d'Éirinn. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Fuinnimh In-Athnuaite cur chuige straitéiseach an Rialtais mar aon le bearta daingne chun an sprioc seo a sheachadadh, lena n-áirítear:

- 40% den úsáid leictreachais bheith ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020
- 10% feithiclí leictreacha faoi 2020
- 12% de théamh in-athnuaite faoi 2020

Taisteal Níos Cliste – Todhchaí Inbhuanaithe Iompair – Beartas nua Iompair d'Éirinn 2009-2020

Leagtar amach sa cháipéis seo tograí chun patrúin reatha neamh-inbhuanaithe iompair agus taistil a iompú, chun an tionchar sláinte agus comhshaoil a bhíonn ag treochtaí reatha a laghdú agus chun feabhas a chur ar ár gcáilíocht beatha. Is iad na cúig phríomhspríoc den cháipéis bheartais seo; an t-éileamh foriomlán ar thaisteal a laghdú, éifeachtúlacht an líonra taistil a uasmhéadú, brath ar bhreoslaí iontaise a laghdú, astuithe iompair a laghdú agus feabhas a chur ar inrochtaineacht ar iompar.

An Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016

Leagtar amach sa Phlean seo clár fairsing agus cuimsitheach gníomhaíochta chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus le heisiamh sóisialta. Is é sprioc fhoriomlán an Phlean seo chun an líon daoine atá thíos le bochtaineacht leanúnach a laghdú go dtí idir 2% agus 0% faoi 2012, agus é ina chuspóir bochtaineacht leanúnach a dhíbirt faoi 2016.

An Plean Náisiúnta Oidhreachta 2002

Leagtar amach sa Phlean Náisiúnta Oidhreachta straitéis agus creatlach shoiléir agus chomhleanúnach chun oidhreacht náisiúnta na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú. Is é croíchuspóir an Phlean chun an oidhreacht náisiúnta a chosaint, mar aon leis an oidhreacht a chur chun cinn mar acmhainní as ar féidir linn go léir taitneamh a bhaint.

An Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta 2002

Leagtar amach sa Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta gníomhartha chun caomhnú bithéagsúlachta a chur chun cinn agus a sholáthar ar leibhéal náisiúnta agus áitiúla. Tá ról tábhachtach ag údaráis áitiúla chun caomhnú bithéagsúlachta a chur chun cinn agus chun saincheistanna bithéagsúlachta a chomhordú ar leibhéal áitiúil. Ceanglaíonn an Plean go réitítear Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla. Tá sé de chuspóir ag na Pleananna Gníomhaíochta seo spriocanna náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaint amach ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú, dul i ngleic le tosaíochtaí áitiúla, creatlach a sholáthar do chaomhnú na bithéagsúlachta ar leibhéal áitiúil agus chun tionscnaimh áitiúla nua agus reatha bhithéagsúlachta a chomhordú.

Tá sé de chuspóir ag an bPlean Náisiúnta Bithéagsúlachta, dar teideal Gníomhartha don Bhithéagsúlacht 2011-2016 cur lena bhain an plean deireanach amach, agus díríonn an Plean ar ghníomhartha nár críochnaíodh go hiomlán agus téann sé i ngleic le saincheistanna atá ag teacht chun

solais. Áiríodh leis breis gníomhartha substainteacha chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú ar scála ar fud na tíre.

An Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha

Cuireann an Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa, ar a dtugtar Coinbhinsiún Fhlórans chomh maith, cosaint, bainistíocht agus pleanáil tírdhreacha na hEorpa chun cinn. Ghlac Comhairle na hEorpa leis an gCoinbhinsiún i nDeireadh Fómhair 2000 agus tháinig sé i bhfeidhm i Márta 2004. Shínigh agus dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún agus ní mór dóibh anois roinnt athruithe agus cuspóirí beartais a chur i bhfeidhm maidir leis an tírdhreach.

Baineann ríthábhacht le Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha maidir leis an gCoinbhinsiún a chur i bhfeidhm. Tá an Straitéis á réiteach faoi láthair ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (DAHG). I Meán Fómhair 2011, foilsíodh páipéar comhairliúcháin phoiblí ar na saincheistanna a raibh breithniú le déanamh orthu agus an Straitéis á réiteach. Tá sé ar intinn go gcuirfean an Straitéis ar aghaidh go ndéanfaidh an Rialtas machnamh uirthi in 2012.

Is é aidhm na Straitéise creatlach a chur i bhfeidhm chun cothromaíocht a bhaint amach idir bainistíocht ghníomhach, pleanáil chun cinn agus tírdhreach na hÉireann, ar a bhfuil cáil idirnáisiúnta a chosaint mar shócmhainn fhisiciúil, eacnamaíoch agus chultúrtha. Éascóidh an Straitéis forbairt an mhéid a leanas:

- (a) Measúnacht ar nádúr an tírdhreacha laistigh de chreatlach náisiúnta tírdhreacha, a sholáthróidh cur síos oibiachtúil agus comhsheasmhach ar tírdhreacha na hÉireann laistigh d'fhormáid chaighdeánaithe
- (b) Treoir maidir le pleanáil agus bainistíocht tírdhreacha mar aon le huirlisí éascaithe lena n-úsáid leis an SEA, Measúnacht Tionchair Timpealálachta (EIA) agus Measúnacht Oiriúnach chun feabhas a chur

ar bheartais um úsáid talún agus ar bheartais phleanála chun cinn agus bhainistíochta forbartha

(c) Modhanna chun staid reatha an tírdhreacha a dheimhniú trí thaighde bonnlíne

Croíchuspóir den Straitéis is ea bainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh ar athrú a imríonn tionchar ar an tírdhreach seachas caomhnú an tírdhreacha ag pointe ar leith ina theacht chun cinn leanúnach⁴.

Treoirlínte Alt 28

Ní mór go gcuirfidh réiteach an Phlean dualgais reachtúla Chomhairle Contae Loch Garman agus aon bheartais nó chuspóirí ábhartha eile de chuid an Rialtais nó aon Aire den Rialtas san áireamh. Ceanglaítear ar an gComhairle aird a bheith ar na treoirlínte a rinne an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a eisiúint faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Bhí aird ar na treoirlínte a leanas agus an Plean á réiteach:

- Cosaint na hOidhreachta Ailtireachta – Treoirlínte d’Údaráis Phleanála (2004)
- Cosaint na hOidhreachta Ailtireachta d’Áiteanna Adhlactha Poiblí – Treoirlínte d’Údaráis Phleanála (2003)
- Áiseanna Cúram Leanaí – Treoirlínte d’Údaráis Phleanála (2001)
- Soláthar Scoileanna agus an Chórais Phleanála – Cód Cleachtais d’Údaráis Phleanála (2008)
- Caighdeáin Inbhuanaithe Dearaidh Tithíochta Uirbí d’Árasáin Nua, Treoirlínte d’Údaráis Phleanála (2007)
- Forbairt Inbhuanaithe Cónaithe i gCeantair Uirbeacha – Treoirlínte d’Údaráis Phleanála (2008) agus Lámhleabhar um Dhea-Chleachtas Dearaidh Uirbigh (Comhcháipéis leis na Treoirlínte um Forbairt Inbhuanaithe Cónaithe i gCeantair Uirbeacha) (2009)
- Pleananna Forbartha – Treoirlínte Pleanála d’Údaráis Phleanála (2007)

⁴ An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (2011), A National Landscape Strategy-Strategy Issues Paper for Consultation

- Bainistíocht Forbartha – Treoirlínte Pleanála d’Údaráis Phleanála (2007)
- Treoirlínte maidir le Pleanáil Miondíola – Treoirlínte Pleanála d’Údaráis Phleanála (2005)
- An Córas Pleanála agus Bainistíocht i gcás Tuilte – Treoirlínte d’Údaráis Áitiúla (2009)
- Treoir SEA (2001/42/CE) a chur i bhfeidhm: Measúnú ar Thionchar Roinnt Pleananna agus Tionscadal ar an gComhshaol – Treoirlínte d’Údaráis Réigiúnacha agus d’Údaráis Phleanála (2004)
- An Tírdhreach agus Measúnacht ar an Tírdhreach – Treoirlínte d’Údaráis Phleanála (2000)
- Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Thacaíochta (1996)
- Treoirlínte maidir le Fuinneamh Gaoithe d’Údaráis Phleanála (2006)
- Tithíocht Inbhuanaithe Tuaithe – Treoirlínte d’Údaráis Phleanála (2005)
- Cairéil agus Gníomhaíochtaí Cúntacha – Treoirlínte d’Údaráis Phleanála (2004)
- Alt 261A den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 agus forálacha gaolmhara – Treoirlínte d’Údaráis Phleanála (2012)
- Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta – Treoirlínte d’Údaráis Phleanála (2012)
- Pleananna Ceantair Áitiúil – Dréacht-Treoirlínte d’Údaráis Phleanála (DECLG, 2012)
- Dréacht-Treoirlínte d’Údaráis Phleanála agus an Bord Pleanála maidir le tabhairt faoi Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (DECLG, 2012)
- Ranníocaíochtaí Forbartha – Treoirlínte Pleanála d’Údaráis Phleanála (DECLG, 2012)
- Treoir d’Údaráis Phleanála ar Dhraenáil agus Míntíriú Bogach – Dréacht (DECLG, 2011)

Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí don Réigiún Thoir Theas 2010-2022

Cuimsíonn an Réigiún Thoir Theas Contae Loch Garman, Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann Theas, Port Láirge agus Cathair Phort Láirge. Is iad Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt an t-údarás reachtúil a chuimsíonn na limistéir seo. Ceanglaíonn an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) ar Údarás Réigiúnacha chun treoirlínte pleanála a chur i dtoll a chéile dá réigiún agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte gach 6 bliana ar a laghad. Glacadh leis na treoirlínte reatha don Réigiún Thoir Theas an 26 Iúil 2010 agus beidh siad oibríochtúil don tréimhse 2010-2022.

Soláthraíonn na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí (SERPGanna) creatlach straitéiseach phleanála don Réigiún Thoir Theas agus é ina chuspóir an NSS a chur i bhfeidhm ar leibhéal réigiúnach agus forbairt chothrom a bhaint amach. Cuimsíonn na SERPGanna beartais ardleibhéil a chuirfidh faisnéis agus comhairle ar fáil d'údarás áitiúla maidir lena bPleananna Forbartha, faoi seach, a réiteach agus a athbhreithniú agus chun comhtháthú soiléir beartas pleanála agus forbartha a sholáthar ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Chuir na SERPGanna príomhshaincheistean san áireamh a imríonn tionchar ar fhorbairt an Réigiúin, ar nós an daonra agus lonnaíochta, treochtaí eacnamaíocha agus fostaíochta, forbairt thionsclaíoch agus tráchtála, iompair, soláthar uisce agus áiseanna fuíolluisce, fuinnimh agus cumarsáide, oideachais, cúram sláinte, áiseanna pobail agus cosaint comhshaoil.

Is iad príomhchuspóirí na SERPGanna:

- Nirt na gcathracha agus na mbailte sa réigiún a chur le chéile d'fhonn mais leordhóthanach a bhaint amach chun dul in iomaíocht le hionaid uirbeacha níos mó i réigiúin eile
- Dul chun cinn i dtreo réigiún inrochtana ag a bhfuil córais éifeachtúla iompair atá go hiomlán comhtháite

- Bonn eacnamaíoch an réigiúin a fhairsingiú agus a threisiú agus chun tabhairt faoi nuálaíocht agus fiontar a lorg sna hearnálacha dúchasacha tionscail agus iad siúd atá ag teacht chun cinn, ar nós fuinneamh glas/in-athnuaite, agus iomaíocht agus borradh eacnamaíoch níos mó
- Soláthar a dhéanamh d'oideachas, taighde agus forbairt agus naisc den chéad scoth leis an ngeilleagar eolais
- Dul i ngleic le neamh-chomhionannas, míbhuntáiste oideachais agus easpa shóisialta trí sheirbhísí poiblí agus bonneagar feabhsaithe sóisialta agus pobail a sholáthar
- Saintréithe agus beogacht ceantar tuaithe a choimeád agus tírdhreach sainsiúil agus sócmhainní oidhreachta an Réigiúin a chaomhnú
- Cruthú réigiún níos inbhuanaithe agus níos féinchothaithí a chur chun cinn ina mbaintear úsáid as acmhainní in-athnuaite agus ina bhforbraítear soláthairtí réigiúnacha bia.

Leagtar amach sa Straitéis Lonnaíochta sna SERPGanna an spriocdhaonra don réigiún mar aon le gach ceann dá bpríomhlonnaíochtaí. Anuas air sin, leagtar amach sa Straitéis an t-ordlathas lonnaíochta don réigiún, a atreisiúnn ainmniú an NSS Cathair Phort Láirge mar an 'Tairseach' Réigiúnach agus Baile Loch Garman agus Cathair Chill Chainnigh mar na Moil. Ainmníonn na SERPGanna bailte Ros Mhic Thriúin, Inis Córthaidh agus Ghuaire mar 'Bailte Móra'. Meastar gur láithreacha maithe na bailte seo d'fhorbairt gheilleagrach. Molann na SERPGanna gur cheart go mbeadh na bailte móra seo:

1. Sprioctha le haghaidh borrrtha, nó
2. Sa chás gur tugadh ardleibhéil de bhorradh ar an daonra faoi deara i mbailte cheana féin, ba cheart go mbeadh sé ina chuspóir borradh tomhaiste a bhaint amach ar bhealach a ligeann d'fhorbairt pobail, shóisialta agus miondíola breith ar chéimeanna meara forbartha arb í forbairt cónaithe atá i gceist léi.

Anuas air sin, ainmníonn na SERPGanna Bun Clóidí/an Charraig Dhubh agus Droichead an Chaisleáin mar Bhailte Ceantair, mar gheall go bhfuil feidhm thábhachtach ag na bailte seo chun forbairt gnéithe áirithe spáis an réigiúin trí chéile a chur chun cinn.

Tá comhréir ard de dhaonra an réigiúin ina gcónaí i gceantair thuaithe. Cé go lorgaíonn na SERPGanna forbairt chothrom réigiúnach a bhaint amach, tacaíonn siad le lonnaíocht inbhuanaithe thuaithe. Aithníonn na SERPGanna go bhfuil saincheisteanna éagsúla ann i leith ceantair thuaithe ar fud an réigiúin. Molann siad go ndéanann gach ceann de na comhairlí contae toghcheantair saghsanna éagsúla de cheantar tuaithe a chatagóiriú laistigh dá gcontaetha agus go nglacfaidís le beartais tithíochta atá in ainm is dul i ngleic le saincheisteanna áitiúla seachas glacadh le beartas singil don chontae iomlán.

Comhphlean Bainistíochta Dramhaíola don Oirdheisceart 2006-2011

Is é cuspóir an Phlean chun cosc agus íoslaghdú dramhaíola a chur chun cinn trí laghdú ag an bhfoinse, freagracht a leagan ar an táirgeoir agus trí fheasacht phoiblí agus chun aisghabháil/athchúrsáil/diúscairt dramhaíola a bhainistiú a tharlaíonn ar bhonn réigiúnach. I gcomhréir leis an gCreat-Treoir Dramhaíola (2008/98/CE), a trasúidh i reachtaíocht na hÉireann trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir Dramhaíola), 2011, thug Réigiún Bainistíochta Dramhaíola an Oirdheiscirt faoi mheasúnú ar an bPlean in 2012 lena dheimhniú cibé acu ar cheart an Plean a leasú nó a ionadú, de réir mar is gá, chun an Treoir a chomhlíonadh. Tar éis an mheasúnaithe, moladh go n-ionadófaí an Plean. Beidh Plean 2006 infheidhme go dtí go mbeidh Plean nua i bhfeidhm go luath in 2014.

Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt 2009-2015

Tá sé de chuspóir ag an gCreat-Treoir Uisce chun feabhas a chur ar cháilíocht uisce agus leagann sí spriocdhátaí an-diana amach chun cuspóirí

um cháilíocht uisce a chomhlíonadh. Tá Éire tiomanta dá n-uiscí a bhainistiú trí phróiseas atá bunaithe ar abhantrach. D'fhorbair na hÚdaráis Áitiúla a leanas Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt 2008-2015: Ceatharlach, Loch Garman, Cill Chainnigh, Port Láirge, Tiobraid Árann Theas, Laois, Tiobraid Árann Thuaidh, Cill Dara, Uíbh Fhailí, Cill Mhantáin, Cathair Phort Láirge, Luimneach agus Corcaigh. Tá sé ina chuspóir ag an bPlean gach uisce a chosaint atá i Limistéar Abhantraí an Oirdheiscirt, agus sa chás gur gá, feabhas a chur ar na huiscí agus chun úsáid inbhuanaithe uisce a bhaint amach. Tá Comhairle Contae Loch Garman, tríd an bPlean seo, tiomanta d'aidhmeanna agus cuspóirí na Creat-Treorach Uisce a bhaint amach trí na bearta sonraithe a chur i bhfeidhm.

Plean Forfheidhmithe Bithfhuinnimh an Réigiúin Thoir Theas 2008-2013

Réitigh Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt, i gcomhar le Fuinneamh Inmharthana Éireann agus le réimse fairsing páirtithe leasmhara sa réigiún, Plean Forfheidhmithe Bithfhuinnimh. Is é bunaidhm an Phlean seo chun úsáid inbhuanaithe bithfhuinnimh laistigh den réigiún a chur chun cinn. Méadóidh cur i bhfeidhm an Phlean go mór táirgeadh agus úsáid fuinnimh ó bhithmhais sa réigiún. Má bhaintear na spriocanna amach, laghdófar brath an réigiúin ar bhreoslaí iompórtáilte finideacha iontaise, agus bhainfí tairbhe as astuithe laghdaithe carbóin agus chruthófaí deiseanna chun tacú le cruthú fostaíochta agus forbartha réigiúnaí.

Bord Forbartha Contae Loch Garman

Aithníodh Bord Forbartha Contae Loch Garman mar phríomh-mheicníocht le haghaidh fhorbairt an chontae ó bunaíodh iad in 2000. Ó earnálacha éagsúla iad comhaltaí an Bhoird, lena n-áirítear an rialtas áitiúil, earnáil an stáit, gníomhaireachtaí áitiúla forbartha agus earnáil an phobail agus an earnáil dheonach. Is é ról an Bhoird chun an méid a leanas a dhéanamh:

- Comhoibriú idir comhaltaí a mhéadú
- Saincheistanna buartha laistigh den chontae a thabhairt chun solais
- Dúbailt sa seachadadh seirbhíse a sheachaint

- Feabhas a chur ar sheirbhísí i gceantair ina bhfuil bearnaí
- Plean eacnamaíoch agus sóisialta a chur i bhfeidhm don chontae.

Tá dhá straitéis mar bhonn agus taca le hobair an Bhoird:

- *Gníomhú chun Athraithe* ('Action for Change') – Straitéis Bhord Forbartha Contae Loch Garman 2009-2012
- *Loch Garman a Shuíomh don Chor chun Feabhais – I dTreo Borradh agus Forbairt Inbhuanaithe* ('Positioning Wexford for the Upturn – Towards Sustainable Growth and Development')

Is é *Gníomhú chun Athraithe* – Straitéis Bhord Forbartha Contae Loch Garman 2009-2012 an tríú straitéis i bplean deich mbliana an Bhoird d'fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an chontae. Tá an Straitéis bunaithe ar thrí chroíthéama: Gníomhú d'Fhostaíocht, Gníomhú do Dhaoine agus Gníomhú do Mhaireachtáil. Áirítear leis cuspóirí chun forbairt gnó agus cruthú post a spreagadh, chun rannpháirtíocht shibhialta a chur chun cinn, freagairt Loch Garman ar athrú aeráide agus Straitéis Caitheamh Aimsire a fhorbairt.

Chuir an Bord 'Loch Garman a Shuíomh don Chor chun Feabhais – I dTreo Borradh agus Forbairt Inbhuanaithe in Aibreán 2010. Ba é príomhchuspóir na cáipéise seo chun straitéis eacnamaíoch a leagan amach chun Loch Garman a shuíomh don chor chun feabhais sa gheilleagar. Cuireadh an tuarascáil i dtoll a chéile agus fostaíodh páirtithe leasmhara áitiúla, agus díríonn sí ar thionscnaimh agus gníomhartha ar féidir le daoine tabhairt fúthu atá ina gcónaí agus ag oibriú i Loch Garman i dtreo bhorradh agus forbairt inbhuanaithe gheilleagar Loch Garman.

Tá cúig cholún sa Straitéis a chuimsíonn na gnéithe siúd ina bhfuil an cumas is mó ag Loch Garman chun cur le poist inbhuanaithe:

- Turasóireacht
- Seirbhísí Airgeadais

- Eolaíochtaí Beatha Sláinte (comhthéarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na hearnálacha cógaisíochta, biteicneolaíochta, feistí leighis agus diagnóisice)
- Bia
- Tógáil Inbhuanaithe

I gcás gach cinn de na colúin seo, sainaitníodh bearta meántearma agus gníomhartha láithreacha araon. Faoi na colúin seo tá ceithre bheart cumasaithe atá in ainm is bheith mar bhonn agus taca leis an straitéis:

- Loch Garman a Ghlasú ('Greening Wexford')
- Teannadh Cnis a thabhairt do Loch Garman ('Giving Wexford a face-lift')
- Bonneagar iompair an chontae a fheabhsú agus a úsáid
- Scéal Loch Garman a insint níos éifeachtaí

Straitéis Miondíola Chontae Loch Garman

Chuir Bord Forbartha Contae Loch Garman an Straitéis seo i dtoll a chéile in 2011. Tá sé de chuspóir ag an Straitéis na háiseanna agus na fónais atá ar fáil a uasmhéadú d'úsáid caitheamh aimsire agus ar fud an chontae agus le forbairt inbhuanaithe na timpeallachta nádúrtha agus tógtha a chinntiú ar mhaithe le cuspóirí caitheamh aimsire.

Dréachtphlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Loch Garman 2012-2017

Seo an chéad Phlean bithéagsúlachta a réitíodh don Chontae. Is é aidhm an Phlean chun bithéagsúlacht an chontae a chosaint trí ghníomhartha agus trí fheasacht a mhúscailt. Is iad cúig phríomhchuspóir an Phlean:

1. Faisnéis ar bhithéagsúlacht a shainaithint agus bearnaí sonraí a líonadh don chontae, tús áite a thabhairt do ghnáthóga agus do speicis lena gcosaint agus le faisnéis a sholáthar do ghníomhaíocht caomhnaithe agus déanamh cinntí.
2. Faisnéis ar bhithéagsúlacht a chur ar fáil.

3. Feasacht a mhúscailt ar fud gach earnála, grúpa agus aoise, de chuid bithéagsúlacht agus luach Loch Garman agus na saincheisteanna atá rompu agus chun daoine a spreagadh trí na meáin, an oiliúint agus na tionscnaimh nuálacha éagsúla chun tacú le caomhnú bithéagsúlachta.
4. Dea-chleachtas a chur chun cinn agus chun tacú leis i gcaomhnú bithéagsúlachta, agus aird ar thosaíochtaí náisiúnta agus áitiúla.
5. An phróifíl saincheisteanna caomhnaithe bithéagsúlachta a chorprú agus a ardú i ngníomhartha agus i mbeartais an Údaráis Áitiúil.

Caibidil 2 Próifíl Dhéimeagrafach agus Shocheacnamaíoch

2.1 Réamhrá

Tá Loch Garman lonnaithe i gcúinne thoir theas na hÉireann agus is cuid lárnach é d'Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt. Contae muirí atá ann, agus tá líne chósta ann a shíneann thart ar 246km ar fad. Idir thuath rollach agus sléibhte atá i gceist lena thírdhreach sainiúil, ó Leithinis Rinn Duáin ar an gcósta thiar theas, na tailte slaba san oirthear, gleanna abhann na Sláine agus na Bearú agus bunchnoic na Staighrí Dubha in iarthuaisceart an chontae.

Tá achar talún thart ar 236,527 heicteár sa chontae. Tá ceithre phríomhbhaile sa chontae. Tá Loch Garman agus Ros Mhic Thriúin lonnaithe i ndeisceart agus in iarthar an chontae, agus tacaíonn bailte Inis Córthaidh agus Ghuaire le leath ó thuaidh an chontae. Tá líonra tréan de bhailte beaga, sráidbhailte agus lonnaíochtaí tuaithe sa chontae a thacaíonn le daonra tuaithe an chontae.

2.2 Treochtaí Daonra agus Lonnaíochta

Tugann torthaí Dhaonáireamh 2011 le fios gur fhás daonra Chontae Loch Garman go dtí 145,320 duine. Léiríonn seo méadú 13,571 duine ar fhigiúir Dhaonáireamh 2006 agus is ionann é agus an ráta fáis ab airde (10.3%) sa Réigiún Thoir Theas.

Sa tréimhse ó 2006 go 2011, bhí na rátaí ab airde de mhéadú nádúrtha agus de ghlanimirce le sonrú sa Chontae sa Réigiún Thoir Theas. Bhí breis agus leath den ghlanimirce ón Réigiún Thoir Theas dírithe i gContae Loch Garman agus bhí 48.3% den mhéadú ar dhaonra Loch Garman (6,544 duine) mar gheall ar ghlanimirce isteach.


2.2.1 Athrú Daonra

Léiríonn Léarscáil Uimh. 2 an t-athrú iarbhrí a tháinig ar an daonra agus sonraíodh méadú suntasach ar an daonra ar fud an chontae, go háirithe thart ar cheantair Inis Córthaidh agus Ghuaire. Tháinig méadú breis agus 15% ar go leor de na Toghranna (EDanna). Ba é an meánmhéadú a tháinig ar fud an chontae 10.3%. Léiríonn Léarscáil Uimh. 3 an méadú a tháinig i ngach ED.

Tháinig laghdú ar go leor EDanna an chontae, ach níor mhór na laghduithe, mar sin féin. Tháinig laghdú daonra ar EDanna Theach Munna, Chill Phádraig agus Dhraighní i ndeisceart an chontae agus Mhaigh Dhá Chonn agus Bhun Clóidí i dtuaisceart an chontae. In iarthar an Chontae, sonraíodh laghdú daonra in EDanna an Bhábhúin Nua, Fhiodh Ard, Charraig Bhearcháin agus Shráidbhaile na Beairice.

D'eascair méadú suntasach as an síneadh teorann a rinneadh ar limistéar feidhme Bhuirg Loch Garman, agus cuireadh daonra 19,918 duine i gcuntas i nDaonáireamh 2011. Thug trí de phríomhlimistéir uirbeacha an chontae laghdú daonra faoi deara le linn na tréimhse 2006-2011. Tháinig laghdú ar Bhaile Inis Córthaidh ó 3,241 duine go dtí 2,842 duine (-12.3%), tháinig laghdú ar Bhaile Ros Mhic Thriúin ó 4,677 duine go dtí 4,552 duine (2.7%) agus tháinig laghdú beag ar ED Uirbeach Ghuaire ó 3,479 duine go dtí 3,470 duine (-0.3%).

Léarscáil Uimh. 2 Athrú Daonra de réir ED 2006-2011




Tá aistriúchán ar na léarscáileanna le fáil thíos.

Léarscáil 2

Population Change 2006-2011	Athrú Daonra 2006-2011
Source: CSO 2011	Foinse: An CSO 2011
120 to 1,850 (26)	Idir 120 agus 1,850 (26)
Coolgreaney	Cúil Ghréine
Killinerin	Coill An Iarainn
Hollyfort	Ráithín An Chuilinn
Gorey	Guaire
Ballymoney	Baile Muine
Courtown	Baile Na Cúirte
Clonegall	Cluain Na Ngall
Bunclody	Bun Clóidí
Clohamon	Cloch Ámainn
Camolin	Cam Eolaing
Ballycanew	Baile Uí Chonnmhaí
Ballygarrett	Baile Ghearóid
Castledockrell	Caisleán Docrail
Kiltealy	Cill Téile
Caim	An Chéim
Monagear	Móin Na Gcaor
Ballyedmond	Baile Éamainn
Kilmuckridge	Cill Mhucraise
Ballagh	An Bealach
Clonroche	Cluain An Róistigh
Oilgate	Maolán Na Ngabhar
Blackwater	An Abhainn Dubh
Curraclloe	Currach Cló
Castlebridge	Droichead An Chaisleáin
New Ross	Ros Mhic Thriúin
Barntown	Baile An Bharúnaigh
Taghmon	Teach Munna
Wexford	Loch Garman
Piercetown	Baile An Phiarsaigh
Rosslare	Ros Láir
Campile	Ceann Poill
Wellington Bridge	Droichead Eoin
Carrick	An Charraig
Ballyhack	Baile Hac
Duncannon	Dún Canann
Fethard	Fíodh Ard
Kilmore Quay	Cé Na Cille Móire
Kilmore	An Chill Mhór
Mayglass	Maigh Ghlas
Bridgetown	Baile An Droichid

Killinick	Cill Fhionnóg
Lady's Island	Oileán Mhuire
Kilrane	Cill Ruáin

Léarscáil Uimh. 3 Céatadán an Athraithe Daonra de réir ED 2006-2011



Tá aistriúchán ar na léarscáileanna le fáil thíos.

Léarscáil 3

Population Change 2006-2011 (%)	Athrú Daonra 2006-2011 (%)
Source: CSO 2011	Foinse: An CSO 2011
15% to 45% (39)	Idir 15% agus 45% (39)

2.2.2 Dlús Daonra

Tugann dlús daonra le fios imirce an daonra thar limistéar áirithe. Déantar é a thomhas tríd an líon daoine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh a ríomh.

Tugann dlús daonra ED le fios go cruinn leathadh an daonra laistigh den chontae, gan aird ar mhéid gach ED. Léiríonn Léarscáil Uimh. 4 an dlús daonra ar fud Chontae Loch Garman in 2011. Léiríonn ceithre phríomhbhaile an chontae ard-dlús daonra. Léiríonn mórcheantar Loch Garman limistéir d'ard-dlús daonra, ag leathadh ó dheas feadh an chósta. Is é Sráidbhaile na Beairice an t-aon ED sa chontae ina bhfuil dlús daonra níos lú ná 10 nduine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh.


2.2.3 Próifíl Aoise Chontae Loch Garman

Cruthaíonn próifíl aoise contae éilimh éagsúla ar sholáthar seirbhísí poiblí, lena n-áirítear cúram leanaí, áiseanna oideachais agus cúram sláinte.

Úsáidtear an anailís ar phróifíl aoise dhaonra an chontae chun díriú ar sheachadadh na seirbhísí seo agus ar sheirbhísí eile, ar nós tithíochta.

Déanann Tábla Uimh. 1 comparáid idir an phróifíl aoise sa chontae a cuireadh i dtaifead i nDaonáireamh 2006 agus i nDaonáireamh 2011. Tháinig méadú ar thromlach na ngrúpaí aoise. Tá eisceacht shuntasach ann san aoisghrúpa 20-24 agus i measc fear san aoisghrúpa 25-29. Thug na grúpaí seo laghduithe suntasacha faoi deara, arb í imirce chun obair a chuardach is mó is cúis leis seo.

Léarscáil Uimh. 4 Dlús Daonra: Daoine in aghaidh an Chiliméadair 2011



Tá aistriúchán ar na léarscáileanna le fáil thíos.

Léarscáil 4

Population Density: Persons per Kilometre 2011	Dlús Daonra: Daoine in aghaidh an Chiliméadair 2011
Source: CSO 2011	Foinse: An CSO 2011
75 to 5,000 (20)	Idir 75 agus 5,000 (20)

Aoisghrúpa	Daonáireamh 2006			Daonáireamh 2011		
	Fir	Mná	Iomlán	Fir	Mná	Iomlán
Gach aois	66,070	65,679	131,749	71,909	73,411	145,320
0-4	5,191	4,834	10,025	5,877	5,662	11,539
5-9	4,999	4,859	9,858	5,728	5,297	11,025
10-14	4,707	4,648	9,355	5,318	5,182	10,500
15-19	4,512	4,310	8,822	4,500	4,526	9,026
20-24	4,462	4,246	8,708	3,811	3,988	7,799
25-29	4,947	4,890	9,837	4,565	5,064	9,629
30-34	5,086	4,994	10,080	5,380	5,792	11,172
35-39	5,206	5,028	10,234	5,516	5,573	11,089
40-44	4,870	4,898	9,768	5,420	5,395	10,815
45-49	4,388	4,330	8,718	4,997	5,105	10,102
50-54	3,859	3,753	7,612	4,503	4,502	9,005
55-59	3,670	3,515	7,185	3,984	3,922	7,906
60-64	3,128	3,095	6,223	3,690	3,656	7,346
65-69	2,562	2,478	5,040	3,084	3,088	6,172
70-74	1,966	2,069	4,035	2,382	2,403	4,785
75-79	1,333	1,547	2,880	1,651	1,819	3,470
80-84	767	1,193	1,960	917	1,273	2,190
85+	417	992	1,409	586	1,164	1,750

2.2.4 Cóimheas Aoise is Cleithiúnais

Uirlis áisiúil is ea cóimheas aoise is cleithiúnais chun struchtúr aoise daonra a dheimhniú ina dtugtar daoine óga (idir 0 agus 14 bliana d'aois) agus daoine breacaosta (65 bliain agus níos sine) mar chéatadán den daonra atá in aois oibre (idir 15 agus 64 bliain d'aois).

- Tagraíonn cóimheas aoise is cleithiúnais daoine óga don líon daoine idir 0 agus 14 bliana d'aois mar chéatadán díobh siúd atá idir 15 agus 64 bliain d'aois.
- Tagraíonn cóimheas aoise is cleithiúnais daoine breacaosta don líon daoine 65 bliain d'aois agus níos sine mar chéatadán díobh siúd atá idir 15 agus 64 bliain d'aois.
- Is ionann an cóimheas iomlán cleithiúnais agus suim chóimheasa na ndaoine óga agus na ndaoine breacaosta.

Is ionann an cóimheas iomlán aoise is cleithiúnais agus 54.8%, ar tháinig méadú air aníos ó 51.1% i nDaonáireamh 2006. Baineann tábhacht leis an gcóimheas aoise is cleithiúnais mar gheall go dtagann méadú ar an ngá go dtacaíonn an daonra oibre le daoine a thógáil aníos, pinsin agus cúram an daonra a bhraitheann ar an ngeilleagar de réir mar a thagann méadú ar an gcóimheas. Anuas air sin, is tábhachtach an rud é, nuair a bhíonn pleanáil á déanamh ar sheirbhísí ar nós cúram leanaí agus cúram sláinte.

2.2.5 Patrúin Teaghlaigh

Breithniúchán tábhachtach don Phlean is ea nádúr athraitheach patrúin teaghlaigh. In 2002, b'ann do 38,011 teaghlach i gContae Loch Garman agus b'ionann an meánlíon daoine i dteaghlaigh agus triúr in aghaidh an teaghlaigh. In 2006, tháinig méadú ar an líon teaghlach go dtí 45,566, ach b'ionann an meánlíon daoine i dteaghlaigh agus 2.85 duine in aghaidh an teaghlaigh. Tugadh an treocht seo faoi deara athuair i nDaonáireamh 2011, nuair a tháinig méadú ar an líon teaghlach go dtí 52,652, agus tháinig laghdú leanúnach ar an meánlíon daoine i dteaghlaigh go dtí 2.7 duine in aghaidh an teaghlaigh. D'imir an treocht leanúnach i dtreo méid níos lú teaghlaigh

tionchar ar shaghas, láthair agus ar mhéid na n-aonad tithíochta a theastaíonn.

2.3 Próifíl Eacnamaíoch Chontae Loch Garman

Cruthaíonn an timpeallacht reatha eacnamaíoch dúshláin shuntasacha sa phleanáil a dhéantar do bhorradh eacnamaíoch don chontae. Aithnítear gur tháinig athrú ar an ngeilleagar i Loch Garman, agus nach mór don Phlean cuspóirí a chuimsiú a thacaíonn agus a éascaíonn próifíl athraitheach eacnamaíoch an chontae.

2.3.1 Príomhstadás Eacnamaíoch

Cuireadh i gcuntas i nDaonáireamh 2011 go raibh 51,307 duine 'ag oibriú' i gcomparáid le 56,011 duine in 2006. Tháinig méadú suntasach ar an líon daoine dífhostaithe a chaill a bpost nó a chur deireadh lena bpost deireanach ó 4,754 duine in 2006 go 14,764 duine in 2011. Anuas air sin, b'ann do mhéadú suntasach ar an líon mic léinn/daltaí ó 8,314 in 2006 go 10,304 in 2011. Déantar comparáid i dTábla Uimh. 2 idir an príomhstadas eacnamaíoch in 2006 agus in 2011.

Tábla Uimh. 2 Príomhstádas Eacnamaíoch Daoine 15 bliana d'aois agus níos sine sa Chontae in 2006 agus 2011

Príomhstadás Eacnamaíoch	2006	2011
Daoine ag oibriú	56,011	51,307
Daoine dífhostaithe a bhfuil a gcéad phost á chuardach acu	1,017	1,406
Daoine dífhostaithe a chaill nó a chur deireadh lena bpost deireanach	4,754	14,764
Mac léinn nó dalta	8,314	10,304
Aire a thabhairt don teaghlach/mhuintir	14,615	12,946
Ar scor	12,604	15,518
Gan bheith in ann oibriú mar gheall ar bhreiteacht nó míchumas	4,890	5,698
Daoine eile nach bhfuil sa lucht saothair	306	313
Gach duine atá 15 bliana d'aois agus níos sine	102,511	112,256

Foinse: An CSO

2.3.2 Grúpaí Socheacnamaíocha

Deimhnítear grúpaí socheacnamaíocha, ina bhfuil daoine 15 bliana d'aois nó níos sine atá ag oibriú, trína stádas gairme agus fostaíochta. Rangaítear daoine dífhostaithe nó daoine atá ar scor atá 15 bliana d'aois nó níos sine de réir a n-iarghairme agus a n-iarstádais fostaíochta.

In 2011, b'ann do líonta níos airde daoine a bhí ag plé leis an bhfeirmeoireacht, an talmhaíocht agus le grúpaí saothair oilte agus neamhoilte láimhe i gcomparáid leis an meánlíon Stáit. B'ann do líon i bhfad ní ab ísle de ghairmithe ar ardghrád (3.6) agus de ghairmithe ar ardghrád (10.2%) ná an meánlíon Stáit (5.9% agus 11.9%, faoi seach, ar an meán). Sonraítear i dTábla Uimh. 3 sonraí ar na grúpaí socheacnamaíocha i gContae Loch Garman agus sa Stát in 2011.

Tábla Uimh. 3 Grúpaí Socheacnamaíocha sa Chontae agus sa Stát 2011

	Contae Loch Garman		An Stát	
Grúpa socheacnamaíoch	Líon	% den iomlán	Líon	% den iomlán
Fostóirí agus Bainisteoirí	14,403	12.8	495,057	13.7
Gairmithe ar ardghrád	4,082	3.6	214,712	5.9
Gairmithe ar ísealghrád	11,440	10.2	428,712	11.9
Neamhláimhe	22,486	20.0	732,117	20.3
Oilte Láimhe	12,018	10.7	324,023	9.0
Leathoilte	10,394	9.3	300,910	8.3
Neamhoilte	5,243	4.7	131,215	3.6
Oibrithe féin cuntais	6,232	5.6	164,157	4.5
Feirmeoirí	6,594	5.9	148,979	4.1
Oibrithe Talmhaíochta	1,501	1.3	21,133	0.6
Gach duine eile	17,863	15.9	647,381	17.9
Iomlán	112,256	100.0	3,608,662	100

Foinse: An CSO

2.3.3 Stádas Ceirde

In 2006, bhí an chomhréir ab airde díobh siúd a bhí ag oibriú fostaithe sa tionscail tógála, déantúsaíochta agus mórdhíola agus mhiondhíola. In 2011, tháinig athrú air seo go dtí trádáil mórdhíola agus miondhíola, tionscail déantúsaíochta agus sláinte agus obair shóisialta.

Dearbhaíonn Daonáireamh 2011 cliseadh an tionscail tógála agus na fostaíochta gaolmhaire sa chontae. In 2006, bhí 16.7% den líon iomlán daoine fostaithe sa tógáil. In 2011, tháinig laghdú suntasach ar an bhfigiúr seo go dtí 6.5%. Anuas air sin, thug na tionscail déantúsaíochta laghdú beag faoi deara anuas ó 12% in 2006 go 10.8% in 2011.

B'ann do mhéaduithe suntasacha in earnálacha eile. Tháinig méadú suntasach ar na líonta a bhí fostaithe san oideachas ó 5.9% den líon iomlán daoine a bhí ag oibriú in 2006 go 8.7% in 2011. B'ann do mhéaduithe, chomh maith, i limistéir na sláinte agus na hoibre sóisialta, riaracháin phoiblí agus cosanta. Foinse thábhachtach fostaíochta atá sa talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht sa chontae go fóill agus tháinig méadú orthu aníos ó 7.5% in 2006 go 8.5% in 2011.

Tábla Uimh. 4 Stádas Gairme Chontae Loch Garman in 2006 agus 2011

Grúpa fairsing tionsclaíoch	2006	2011	Difríocht
Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht	4,216	4,371	+155
Mianadóireacht, cairéalú agus táirgeadh móna	166	88	-78
Tionscail déantúsaíochta	6,892	5,557	-1,335
Leictreachas, gás agus soláthar uisce	273	259	-14
Tógáil	9,369	3,370	-5,999
Trádáil mórdhíola agus miondíola	8,347	8,643	+296
Óstáin agus bialanna	3,554	3,546	-8
Iompar, stóráil agus cumarsáid	2,580	2,422	-158
Baincéireacht agus seirbhísí airgeadais	1,723	1,978	+255
Eastát réadach, ligean ar cíós agus gníomhaíochtaí gnó	3,337	3,276	-61
Riarachán poiblí agus cosaint	2,518	3,034	+516
Oideachas	3,314	4,459	+1,145
Sláinte agus obair shóisialta	5,050	5,586	+536
Gníomhaíochtaí eile pobail, sóisialta agus seirbhíse pearsanta	2,511	2,473	-38
Tionscal nach luaitear	2,161	2,245	+84

An t-iomlán ag oibriú	56,011	51,307	-4,704
-----------------------	--------	--------	--------

Foinse: An CSO

2.3.4 An Beochlár

Ní tomhas atá sa Bheochlár ar dhífhostaíocht, mar gheall go n-áirítear leis iad siúd atá ag oibriú ar uaireanta laghdaithe nó oibríthe ócáideacha. Féadtar é a úsáid, áfach, chun treochtaí reatha fostaíochta agus limistéir dhífhostaíochta a thabhairt le fios sa chontae. Léiríonn Tábla Uimh. 5 na líonta daoine atá ag síniú ar an mBeochlár in Aibreán 2007 (an tráth a rinneadh an Plean Forbartha deireanach) agus in Aibreán 2012. Léiríonn na figiúirí sa tábla seo ollmhéid na ndúshlán eacnamaíoch atá roimh an gcontae anois.

Tábla Uimh. 5 Beochlár Chontae Loch Garman

Oifig Chlárúcháin	Líon na nDaoine atá ag síniú ar an mBeochlár	
	Aibreán 2007	Aibreán 2012
Loch Garman	2,463	6,891
Ros Mhic Thriúin	1,189	3,346
Inis Córthaidh	1,721	4,782
Guaire	1,214	4,110
Iomlán	6,587	19,129

Foinse: Táblaí Breise Beochláir an CSO

Caibidil 3 An Chroístraitéis

3.1 Réamhrá


Thug an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2010 (arna leasú) ceanglas isteach chun Croístraitéis a chur san áireamh i bpleananna forbartha. Is é cuspóir Croístraitéise chun straitéis fhianaisebhunaithe idir meántéarmach agus fadtéarmach a chur i láthair d'fhorbairt spáis an chontae. Ní mór go léireoidh sí go bhfuil na cuspóirí forbartha sa Phlean comhsheasmhach, sa mhéid is indéanta, leis na cuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha forbartha a leagtar amach sa Straitéis Spáis Náisiúnta (NSS) agus i dTreoirlínte Pleanála Réigiúnaí Réigiún an Oirdheiscirt 2010-2022 (SERPGanna).

Déanfaidh an Chroístraitéis an méid a leanas:

- (a) Fís an chontae agus na cuspóirí straitéiseacha a leagan amach chun an fhís seo a sheachadadh.
- (b) Sonraí a sholáthar ar conas atá an Plean agus an Straitéis Tithíochta comhsheasmhach leis an NSS agus na SERPGanna.
- (c) Aon bheartais den Aire a chur san áireamh maidir le spriocanna náisiúnta agus réigiúnacha daonra.
- (d) An Straitéis Lonnaíochta agus an tOrdalthas Lonnaíochta don Chontae a leagan amach agus chun spriocanna daonra a leithdháileadh do na bailte, sráidbhailte agus do cheantair thuaithe san ordalthas.
- (e) Sonraí a sholáthar ar thorthaí candamacha agus féideartha tithíochta de chuid talamh reatha chríosaithe chónaithe sa chontae mar aon le tograí chun an candam reatha talún a ailíniú leis na spriocanna daonra.
- (f) Sonraí a sholáthar ar an líon náisiúnta agus réigiúnach agus ar na bealaí idiruirbeacha agus comaitéirí iarnróid sa chontae.
- (g) Sonraí a sholáthar ar cheantair thuaithe i gcomhréir le Treoirlínte maidir le Tithíocht Inbhuanaithe Tuaithe an Rialtais.
- (h) Faisnéis a sholáthar lena léiriú go gcomhlíonann na cuspóirí miondíola sa Phlean leis na Treoirlínte maidir le Pleanáil Miondíola.

- (i) Na cuspóirí a leagan amach chun an Straitéis Lonnaíochta a bhaint amach.

Léarscáil Uimh. 5 Léarscáil na Croístraitéise



Tá aistriúchán ar na léarscáileanna le fáil thíos.

Léarscáil 5

Legend	Gluais
Hub	Mol
Larger Towns	Bailte Móra
District Towns	Bailte Ceantair
National Roads	Bóithre Náisiúnta
Railway Lines	Línte Iarnróid
Strong Urban Influence	Tionchar Tréan Uirbeach
Strong Rural Area	Ceantar Tréan Tuaithe
Structurally Weak Area	Ceantar atá Lag i dtaobh Bonneagair de
Bunclody	Bun Clóidí
Gorey	Guaire
Courtown & Riverchapel	Baile na Cúirte agus Séipéal na hAbhann
Enniscorthy	Inis Córthaidh
New Ross	Ros Mhic Thriúin
Castlebridge	Droichead an Chaisleáin
Wellington Bridge	Droichead Eoin
Wexford Town	Baile Loch Garman
Rosslare Harbour & Kilrane	Calafort Ros Láir agus Cill Ruáin

Léarscáil léaráide atá i Léarscáil na Croístraitéise (Léarscáil Uimh. 5) a léiríonn na príomhlonnaíochtaí, an bóthar reatha, na bealaí reatha iarnróid mar aon leis na ceantair ainmnithe thuaithe sa Chontae. Tá an Chroístraitéis ailínithe leis an Straitéis Forbartha Eacnamaíche (Caibidil 6) an Straitéis Iompair (Caibidil 8), an Straitéis Miondíola (Imleabhar 4), an Straitéis Tithíochta (Imleabhar 6) agus na beartais tithíochta tuaithe (Caibidil 4) agus tacaíonn siad go léir leis an gCroístraitéis.

3.2 Fís do Chontae Loch Garman

Tugtar an sainmhíniú “Glas-Cliste-Inbhuanaithe” ar fhís Bhord Forbartha Contae Loch Garman don chontae ina gcáipéis ‘Loch Garman a shuíomh don Chor chun Feabhais – I dTreo Borradh agus Forbairt Inbhuanaithe’. Tacaíonn an Plean leis an bhfís seo agus lorgaíonn na straitéisí agus na cuspóirí sa Phlean chun an méid a leanas a fhorbairt:

- Contae inar mhaith le daoine cónaí, oibriú agus súgradh

- Contae a sholáthraíonn deiseanna fostaíochta agus forbairtí ardchaighdeán inbhuanaithe cónaithe
- Contae ina bhfuil timpeallachtaí ardchaighdeán uirbeacha agus tuaithe faoi thacaíocht ó bhonneagar inbhuanaithe fisiciúil agus sóisialta den chéad scoth
- Contae a bhfuil meas aige ar a thimpeallacht nádúrtha agus ar a oidhreacht thógtha agus chultúrtha
- Contae a chuireann réimse d'eispéiris ardchaighdeán ar tairiscint do chuairteoirí

Is iad na haidhmeanna straitéiseacha chun an fhís seo a bhaint amach agus iad siúd atá mar bhonn agus taca le cuspóirí an Phlean:

- Forbairt chothromaithe agus inbhuanaithe cheantair uirbeacha agus thuithe an chontae a chur chun cinn do réimse de sheirbhísí cónaithe agus do dheiseanna fostaíochta.
- Bonn eacnamaíoch an chontae a fhairsingiú agus a threisiú trí bhorradh inbhuanaithe na fostaíochta, an fhiontair agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a spreagadh, agus, go háirithe, chun nuálaíocht agus fiontar i dtionscail dhúchasacha a éascú.
- Leanúint le ról na turasóireachta agus forbairt táirge ardchaighdeán agus éagsúil turasóireachta a fhorbairt ar fud an chontae ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe.
- Plean comhtháite iompair a fhorbairt don chontae a sholáthróidh naisc áitiúla iompair, rochtain shábháilte agus éifeachtúil ar bhóithre agus ar an iarnród laistigh den chontae agus le réigiúin eile. Éascóidh seo, ar a uain sin, soláthar feabhsaithe iompair phoiblí agus laghdóidh sé an fad is gá do dhaoine taisteal chuig an obair, an scoil, seirbhísí agus áiseanna caitheamh aimsire.
- Forbairt láir inmharthana agus bheoga shráidbhaile agus bhaile a chur chun cinn ar fud an chontae a sholáthraíonn seirbhísí siopadóireachta ar an scála cuí chun freastail ar a bpobail agus ar a gcúlchríocha

tuaithe, agus a thacaíonn agus a fheabhsaíonn scála, meascán agus mealltacht an mhiondíola atá ar tairiscint i Mol Bhaile Loch Garman agus i mBailte Móra Ros Mhic Thriúin, Inis Córthaidh agus Ghuaire.

- Soláthar tithíocht ardchaighdeán a éascú i réimse láithreacha chun freastal ar riachtanais dhaonra an chontae, agus béim ar leith ar rochtain ar thithíocht a éascú chun freastal ar riachtanais éagsúla teaghlaigh agus tionachta ar bhealach inbhuanaithe agus i láithreacha oiriúnacha.
- Sócmhainní tuaithe an chontae a chosaint agus a fheabhsú agus chun riachtanais tithíochta, fostaíochta, sóisialta agus chaitheamh aimsire iad siúd a aithint atá ag oibriú agus ag cónaí i gceantair thuaithe.
- Timpeallacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha an chontae a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú trí fheasacht agus dearadh ardchaighdeán uirbeach agus tuaithe a chur chun cinn.
- Bonneagar uisce agus fuíolluisce an chontae a chosaint agus a fhorbairt, agus a soláthar a comhcheangal le straitéisí foriomlána úsáid talún an chontae agus aird a léiriú ar fhreagrachtaí comhshaoil agus ar reachtaíocht Eorpach agus náisiúnta a chomhlíonadh.
- Soláthar bonneagar sóisialta agus caitheamh aimsire a éascú, mar aon le feabhsúcháin a dhéanamh air agus chun rochtain a sholáthar ar áiseanna nua agus reatha pobail ar fud an chontae dá lucht cónaithe go léir.
- Forbairt chothromaithe agus inbhuanaithe cheantair uirbeacha agus thuaithe an chontae a chur chun cinn do réimse de sheirbhísí cónaithe agus do dheiseanna fostaíochta.
- Oidhreacht agus bithéagsúlacht uathúil nádúrtha an chontae a chosaint agus a fheabhsú, agus a chumas cultúrtha, oideachais agus éiceathurasóireachta a chur chun cinn agus a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe.
- Dúshláin an athraithe aeráide, lena n-áirítear tuile agus ardú leibhéal na farraige a bhainistiú.

- Straitéis chomhtháite agus chomhleanúnach Bonneagair Ghlais a fhorbairt don chontae a cheadóidh cosaint, soláthar agus bainistíocht spásanna glasa an chontae, ar aon dul le pleananna do bhorradh agus d'fhorbairt.
- Acmhainní nádúrtha an chontae a chur chun úsáid ar bhealach a oireann d'íogaireacht cheantar tuaithe, an cháilíocht reatha beatha, agus do chosaint agus d'fheabhsú oidhreacht agus bhithéagsúlacht nádúrtha an chontae.

3.3 Comhlíonadh Threoirlínte na Straitéise Náisiúnta agus Threoirlínte Pleanála Réigiúnaí an Réigiúin Thoir Theas 2010-2022

Tá an Plean comhsheasmhach le forbairt chuspóirí an NSS agus na SERPGanna, ar na bealaí a leanas:

- Eascraíonn na cuspóirí lonnaíochtaí agus na spriocanna daonra don chontae go díreach ón NSS agus ó na SERPGanna.
- Díríonn an Plean ar ról Bhaile Loch Garman a fhorbairt mar Mhol trí infheistíocht sprioctha i naisc iompair agus bonneagar socheacnamaíoch eile, ar nós seirbhísí uisce agus oideachais agus ceanglófar ar láithreacha seirbhísithe gnó baint amach maise criticiúla sa Mhol a bhaint amach.
- Díríonn an Straitéis Lonnaíochta ar ionaid daonra a fhorbairt feadh líonra reatha iompair an chontae d'fhonn mais chriticiúil a sholáthar chun tacú le cothabháil agus le breis forbartha an líonra, agus i gcás iarnród Ros Láir-Port Láirge, mais chriticiúil agus éileamh a sholáthar chun an líne iarnróid a athoscailt amach anseo, a rachadh chun sochair an chontae agus an réigiúin.
- Corpraíodh na tosaíochtaí criticiúla cumasaithe don réigiún arna sainaithint ag na SERPGanna sa Phlean. Tá sé de chuspóir acu seo:
 - an geilleagar cliste a fhorbairt
 - seirbhísí iompair agus an bonneagar iompair a fheabhsú

- fuinneamh agus cumarsáid den chéad scoth a sheachadadh
- athbheochan uirbeach agus cáilíocht fheabhsaithe beatha a chothú
- An Comhphlean Bainistíochta Dramhaíola don Réigiún Thoir Theas a chur i bhfeidhm go hiomlán.

3.4 Straitéis Lonnaíochta

Leagtar amach sa Straitéis Lonnaíochta an chreatlach forbartha don chontae, a thugann léiriú spáis don dáileadh daonra agus don ordlathas lonnaíochta. Anuas air sin sainíonn sí ról na lonnaíochtaí. Anuas air sin, tá sé de chuspóir ag an Straitéis chun breis forbartha a dhéanamh ar líonra tréan lonnaíochtaí an chontae, a thacóidh le forbairt cheantair uirbeacha agus thuaithe an chontae. Ina theannta sin, beidh sé d'fheidhm ag an Straitéis chun treoir straitéiseach a sholáthar do bhainistíocht a dhéanamh ar bhorradh agus infheistíocht amach anseo i mbonneagar ar fud an chontae.

Rinne an méid a leanas faisnéis a sholáthar don Straitéis Lonnaíochta mar aon le tionchar a imirt uirthi:

- Na lonnaíochtaí a shainigh an NSS agus na SERPGanna
- Naisc reatha agus phleanáilte iompair agus inrochtaineachta agus na deiseanna agus na dúshláin faoi seach a chruthaíonn na naisc seo don chontae
- An gá le caipitliú a dhéanamh ar infheistíocht a rinneadh le déanaí agus infheistíocht phleanáilte, lena n-áirítear áiseanna cóireála fuíolluisce agus soláthar uisce
- Bonneagar reatha agus phleanáilte sóisialta, lena n-áirítear scoileanna, cúram leanaí, áiseanna pobail, miondíol agus seirbhísí tráchtála
- Oidhreacht nádúrtha an chontae a chosaint, go háirithe tionchar dóchúil na forbartha ar shuíomhanna Natura 2000
- An gá leis an leibhéal riosca i gcás tuilte a laghdú ar mhaithe le daoine, maoin, gnó, an bonneagar agus an comhshaol trí riosca reatha agus féideartha i gcás tuilte a shainaithint.

3.4.1 Ordialhas Lonnaíochta

Díríonn an t-ordialhas lonnaíochta ar ról Bhaile Loch Garman a fhorbairt mar an Mol, le tacaíocht a fháil ó na trí bhaile mhóra eile atá sa chontae – Baile Ros Mhic Thriúin, Baile Inis Córthaidh agus Baile Ghuaire. Beidh ról tábhachtach ag na Bailte Ceantair den chéad leibhéal eile chun forbairt chothrom spáis an chontae agus an réigiúin a bhaint amach. Tá seirbhísí dea-fhorbartha sna bailte seo, mar aon le naisc mhaithe iompair agus áiseanna maithe pobail agus tá de chumas orthu glacadh le breis borrrha faoi réir na hinfheistíochta sa bhonneagar fisiciúil. Beidh ról níos teoranta ag an líonra de shráidbhailte níos lú agus ag na lonnaíochtaí tuaithe. Soláthraíonn na ceantair seo seirbhísí tábhachtacha do phobail áitiúla agus dá gcúlchríocha tuaithe.

3.4.2 Comhlíonadh na Spriocanna Náisiúnta agus Réigiúnacha Daonra

Uirlis lárnach atá i ndáileadh an bhorrrha ar an daonra laistigh den réigiún chun forbairt chothrom réigiúnach a bhaint amach. Soláthraíonn an Straitéis Forbartha Réigiúnaí sna SERPGanna creatlach do chomhordú agus do dháileadh an bhorrrha ar an daonra amach anseo sa Réigiún Thoir Theas le linn na tréimhse 2010-2022. Leagtar spriocanna borrrha ar an daonra agus ar thithíocht amach don réigiún trí chéile, do na contaetha mórthimpeall agus do gach ceann de na príomhlonnaíochtaí atá lonnaithe ann.

Bunaítear na spriocanna daonra ar na Tuartha Náisiúnta Daonra agus ar Spriocanna Réigiúnacha Daonra 2010-2022 arna n-eisiúint ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DEHLG) in Eanáir 2009 agus na Spriocanna Daonra Tairsí agus Moil arna eisiúint ag an DEHLG i nDeireadh Fómhair 2009. Corpraíodh na spriocanna daonra seo sa Phlean agus corprófar iad sna pleananna ábhartha forbartha baile agus sna pleananna ceantair áitiúil.

Leagtar na spriocanna daonra do gach Údarás Áitiúil agus do na príomhlonnaíochtaí sa réigiún i dTábla Uimh. 7 agus Tábla Uimh. 8.

Tábla Uimh. 6 Ordathas Lonnaíochta Chontae Loch Garman

Saghas na Lonnaíochta	Lonnaíocht
Mol	Baile Loch Garman
Bailte Móra	Inis Córthaidh Ros Mhic Thriúin Guaire
Bailte Ceantair	Bun Clóidí Calafort Ros Láir agus Chill Ruáin Droichead an Chaisleáin Baile na Cúirte agus Séipéal na hAbhann Droichead Eoin
Bailte Tréana	Cill Téile Teach Munna Baile an Droichid Cladach Ros Láir Cluain an Róistigh Ceann Poill Cúil Ghréine Fearna Cill Mhucraise
Sráidbhailte Níos Lú agus Lonnaíochtaí Tuaithe	Gach sráidbhaile agus lonnaíocht tuaithe eile
An tuath fhairsing	Gach tuath fhairsing lasmuigh de na lonnaíochtaí ainmnithe

Tábla Uimh. 7 Spriocanna Daonra do gach Limistéar Údaráis Áitiúil sa Réigiún

Limistéar Údaráis Áitiúil	2006	2010	2016	2022
Loch Garman	131,749	146,139	156,065	166,083
Cathair Phort Láirge	45,748	48,500	51,000	55,000
Cill Chainnigh	87,558	96,872	105,598	111,903
Ceatharlach	50,349	56,155	59,451	63,536
Tiobraid Árann Theas	83,221	91,302	96,863	104,483
Contae Phort Láirge	62,213	68,932	73,223	79,495
Iomlán	460,838	507,900	542,200	580,500

Foinse: SERPGanna

Tábla Uimh. 8 Spriocanna Daonra na bPríomhlonnaíochtaí

Príomhlonnaíochtaí	2006	2010	2016	2022
Baile Loch Garman	18,163	21,000	23,500	26,700
Cathair agus Purláin Phort Láirge	49,213	52,500	56,500	62,500
Cathair Chill Chainnigh	22,179	24,000	25,800	28,200
Baile Cheatharlach	20,724	22,216	23,768	25,000
Cluain Meala	17,008	20,750	23,000	25,000
Dún Garbhán	8,362	10,000	11,600	13,400

Foinse: SERPGanna

3.4.3 Leithdháileadh Spriocanna Daonra

Socraíonn na SERPGanna na spriocanna daonra agus borrrtha don tréimhse 2010-2022 do Chontae agus do Bhaile Loch Garman. Bíonn tréimhse an phlean i gceist leathbhealach sa tréimhse seo agus rinneadh an figiúirí a

choigeartú dá réir sin. Ceanglaíonn an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2010 (arna leasú) agus an Nóta Treorach ar Chroístraitéisí (DEHLG, 2010) go n-áirítear leis na pleananna forbartha contae sonraí faoi dháileadh beartaithe an daonra amach anseo laistigh de cheantar an phlean laistigh de chreatlach an ordlathais lonnaíochta. Léirítear dáileadh an daonra amach anseo sa chontae i dTábla Uimh. 9.

**Tábla Uimh. 9 Leithdháileadh an Daonra i gContae Loch Garman 2013
2022**

Lonnaíocht Saghas	Ainm na Lonnaíochta	2011	2013	2016	2019	2022
Contae		145,320	149,618	156,065	161,074	166,083
Mol	Baile Loch Garman	20,072	21,443	23,500	25,100	26,700
Baile Mór	Inis Córthaidh	10,838	11,411	12,271	12,939	13,607
	Ros Mhic Thriúin	7,887	8,460	9,320	9,988	10,656
	Guaire	9,114	9,687	10,547	11,215	11,883
Bailte Ceantair	Bun Clóidí	1,570	1,633	1,727	1,821	1,915
	Droichead an Chaisleáin	1,726	1,760	1,813	1,860	1,908
	Baile na Cúirte agus Séipéal na hAbhann	4,570	4,661	4,801	4,925	5,053
	Calafort Ros Láir agus Chill Ruáin	1,662	1,723	1,815	1,906	1,998
	Droichead Eoin	219	241	274	307	340
Sráidbhailte Tréana, Sráidbhailte Níos Lú agus Ceantair		87,662	88,599	89,997	91,013	92,023

Thuaithe						
-----------------	--	--	--	--	--	--

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur meastacháin na figiúirí daonra 2011 le haghaidh Chalafort Ros Láir agus Chill Ruáin, Bhaile na Cúirte agus Shéipéal na hAbhann agus Dhroichead Eoin. Is amhlaidh seo mar gheall nach ionann na ceantair a áirítear i 'mBaile an Daonáirimh' agus an ceantar féin tógtha i gcás Bhaile na Cúirte, Chalafort Ros Láir agus Chill Ruáin agus mar gheall nach bhfuil figiúr ar fáil do Dhroichead Eoin.

D'eascair leithdháileadh an daonra chuig na lonnaíochtaí éagsúla ó anailís mhionsonraithe ar an gcontae, ach bhí sé crioslaithe ag cuspóirí an NSS, na SERPGanna agus an fhís don chontae agus na haidhmeanna straitéiseacha a chuimsítear in Mír 3.2. Áiríodh leis an anailís mhionsonraithe:

- Anailís dhéimeagrafach ar thuartha daonra
- Ordalthas agus ról na lonnaíochta sa NSS agus SERPGanna
- Cuspóirí don lonnaíocht faoi mar a dtugtar breac-chuntas air sna SERPGanna
- Láthair na lonnaíochta agus cumas na lonnaíochta chun cabhrú le haidhmeanna na Croístraitéise a bhaint amach, ar nós an chuspóra
- Cumas bonneagrach agus comhshaoil
- Cumas na lonnaíochta chun freastal ar fhorbairt agus aird ar an Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (2001/42/CE), an Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus an Chreat-Treoir Uisce (2000/60/CE).

Réitíodh tuartha daonra lena chinntiú go raibh an daonra a bhí á leithdháileadh d'aon lonnaíocht réasúnta agus aird ar a struchtúr reatha déimeagrafach (e.g. daonra óg). Rinneadh an cinneadh ar deireadh, áfach, ar conas an daonra a leithdháileadh don ordalthas lonnaíochta ar chúiseanna straitéiseacha bunaithe ar ról agus ar fheidhm bheartaithe na lonnaíochta agus na tosca ar a dtugtar breac-chuntas thuas.

Mol

Socraíonn an SERPGanna daonra Bhaile Loch Garman agus léiríonn sé 19.3% den bhorradh ar an daonra thar an tréimhse 2011-2016 agus 31.9% thar an tréimhse 2016-2022. Rinneadh seo a choigeartú le baint a bheith aige le tréimhse an Phlean.

Bailte Móra

D'fhonn cuspóirí an SERPGanna agus cuspóirí straitéiseacha na Croístraitéise a bhaint amach, leithdháileadh comhiomlán 40% de bhorradh daonra an chontae thar an tréimhse 2011-2016 agus 2016-2022 (arna choigeartú le baint le tréimhse an phlean) do na trí Bhaile Mhóra: Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin agus Guaire.

Luann na SERPGanna go ndearnadh sprioc bhorrtha de Ros Mhic Thriúin agus aird ar a láthair straitéiseach, cumas an bhaile chun dul faoi bhorradh agus chun tabhairt faoi chroíchuspóirí na maise criticiúla agus na forbartha cothroime réigiúnaí. Luaitear go bhfuil Ros Mhic Thriúin dea-lonnaithe chun tacú le treisiú na maise criticiúla laistigh de dhobharcheantar na Tairsí Réigiúnaí: Cathair Phort Láirge.

Agus aird ar Inis Córthaidh agus ar Ghuaire, luann na SERPGanna gur thug na bailte seo ardleibhéil de bhorradh ar an daonra faoi deara le déanaí agus go leanfaidh siad le bheith ina láithreacha mealltacha le haghaidh forbairt nua cónaithe. Tugtar an rabhadh, áfach, nach mór bheith cúramach lena chinntiú go rialaítear fairsingiú leanúnach na gceantar uirbeach seo lena chinntiú go gcoimeádann forbairtí pobail, sóisialta agus miondíola sna sála thiar ar chéimeanna meara d'fhorbairt cónaithe, go príomh, a rinneadh le déanaí.

Cé go léiríonn na SERPGanna go bhféadfaí sprioc a dhéanamh de Ros Mhic Thriúin i dtaca le borradh, tugann an anailís ar an daonra le fios gur dócha go dtitfidh borradh amach in Inis Córthaidh agus i nGuaire. D'fhonn an gá a chothromú lena chinntiú go gcomhlíontar cuspóirí na SERPGanna i dtaca le

comhábhair dhaonra na mbailte, faoi seach, meastar gur réasúnta comhréir chomhionann de bhorradh daonra an chontae a leithdháileadh thar thréimhse an Phlean do gach ceann de na trí bhaile.

Bailte Ceantair

Roghnaíodh na Bailte Ceantair bunaithe ar a gcuimsiú sna SERPGanna mar Bhailte Ceantair nó ar a láthair straitéiseach agus aird ar mbonneagar iompair agus ar an ngá chun leithdháileadh cothrom de lonnaíochtaí tréana ar fud an chontae a chinntiú.

Rinneadh sprioc de Chalafort Ros Láir agus Cill Ruáin agus Bun Clóidí mar gheall go bhfuil acu an sciar is airde comhréireach de bhorradh agus aird ar a láthair straitéiseach agus ar an mbonneagar fisiciúil agus sóisialta atá ar fáil iontu. Anuas air sin, cuireann Calafort Ros Láir agus Cill Ruáin deiseanna fostaíochta agus borrhtha eacnamaíoch ar fáil a bhaineann le Europort Ros Láir.

Roghnaíodh Droichead an Chaisleáin agus Baile na Cúirte bunaithe ar a gcuimsiú sna SERPGanna agus ar a méid, faoi seach. Meastar gur cheart go mbeadh borradh sna ceantair seo níos teoranta agus gur cheart go lorgódh forbairt nua leis na lonnaíochtaí reatha a chomhdhlúthú.

Roghnaíodh Droichead Eoin bunaithe ar a láthair straitéiseach ar líne iarnróid Ros Láir-Port Láirge (atá dúnta faoi láthair) agus ar an dobharcheantar mór tuaithe a ndéanfaidh forbairt fhadtéarmach na lonnaíochta seo freastail air. Agus aird ar a bhonn beag daonra, áfach, meastar nach mór luas an bhorrtha a rialú agus rinneadh an daonra a leithdháileadh dá réir sin.

3.4.4 Riachtanais Talamh Thithíochta

Leagann Tábla Uimh.10 amach an leithdháileadh daonra don chontae agus an méid talamh thithíochta agus an líon aonaid teaghlaigh a theastaíonn chun an spriocdhaonra a éascú do gach lonnaíocht. Tugadh faoi mheasúnú ar

thalamh reatha chriosaithe chónaithe sa chontae lena dheimhniú líon na n-aonad a d'fhéadfaí a sholáthar ar na tailte seo. Bhain an anailís leis na trí phlean forbartha baile agus leis na cúig phlean ceantair áitiúil atá i bhfeidhm faoi láthair sa chontae. Tá iad seo liostaithe i dTábla Uimh. 11.

Tábla Uimh. 10 Croístraitéis um Leithdháileadh Daonra agus Talamh Thithíochta 2011-2019

	Leithdháileadh Daonra na Croístraitéise¹	Riachtanas Tithíochta (Ha)²	Toradh Tithíochta (Aonaid)³	Criosú Reatha (Ha)⁴	Torthaí Tithíochta (Aonaid)⁵	Sprioceasnamh/ Barrachas (Ha)⁶
Contae (Iomlán)	15,754	787.49	9,344.1	1,118	22,360	+330.51
Baile Loch Garman	5,028	180.68	2,409.11	398	7,960	+217.32
Bailte Móra						
Inis Córthaidh	2,101	92.75	1,060.04	379	7,580	+286.25
Ros Mhic Thríúin	2,101	87.12	995.75	39	780	-48.12 ⁷
Guaire	2,101	89.46	1,022.48	121	2,420	+31.54
Bailte Ceantair						
Bun Clóidí	251	11.61	132.63	75.5	1,510	+63.89
Droichead an Chaisleáin	134	7.91	90.16	N/B	N/B	N/B
Calafort Ros Láir agus Cill Ruáin	244	11.55	131.9	11.8	236	+0.25
Baile na Cúirte	355	20.95	238.78	N/B	N/B	N/B
Droichead Eoin	88	3.44	39.28	N/B	N/B	N/B
Sráidbhailte Tréana, Sráidbhailte Beaga agus Ceantair Thuaithe	3,351	282.02	3,223.97	93.7	1,874	-188.32 ⁸

Toimhdí

1. Is é figiúr leithdháilte daonra na Croístraitéise an difríocht idir figiúirí daonra 2011 agus figiúirí daonra 2019 i dTábla Uimh. 9. Úsáidtear 2019 mar gheall gurb í seo an bhliain deiridh de shaolré an Phlean. Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb éagsúil na figiúirí daonra ó na figiúirí críosaithe i dTreoirínte na SERPGanna ar na cúiseanna a leanas:
 - Níor baineadh na spriocdhaonraí le haghaidh 2010 amach faoi thráth Dhaonáireamh Daonra 2011 ach is ionann an sprioc do 2016 agus do 2022 go fóill. Ar an ábhar sin, is ionann cóimheas daonra an chriosaithe a bheartaítear agus an difríocht idir an daonra reatha agus sprioc 2016/2022 seachas an difríocht idir spriocdhaonra 2010 agus daonra 2016/2022.
 - Ríomh na SERPGanna méid an teaghlaigh bunaithe ar mhéid an teaghlaigh a sonraíodh i nDaonáireamh Daonra 2006 (2.8 i gcás Loch Garman). Is eol dúinn gur tháinig laghdú air seo go dtí 2.7 faoi 2011 agus measaimid go dtiocfaidh laghdú air go dtí 2.55 faoi 2016. Úsáideadh figiúr 2.55, ar an ábhar sin, chun an líon teaghlach a ríomh a theastóidh in 2016 agus in 2019. Anuas air sin, ríomh na SERPGanna an líon tithe a theastódh chun freastal ar an daonra tuartha agus níor cuireadh san áireamh an líon méadaithe teaghlach a theastódh chun freastal ar dhaonra breise an chontae/na lonnaithe bunaithe ar mhéid athraitheach teaghlaigh. Rinneadh na figiúirí i Loch Garman a choigeartú chun na tosca seo a chur san áireamh.
2. Ríomhadh an riachtanas talamh thithíochta do leithdháileadh daonra na Croístraitéise bunaithe ar an líon teaghlach a theastaíonn roinnte faoi 20 aonad in aghaidh an heicteáir, arb ionann seo agus dlús a úsáideann na SERPGanna. Ríomhadh an líon teaghlach a theastaíonn, mar seo a leanas:
 - figiúr daonra 2011 roinnte faoi 2.7 (meánmhéid teaghlaigh). Chruthaigh seo an figiúr bonnlíne don líon reatha teaghlach in 2011.

- Figiúr daonra 2016 roinnte faoi 2.55 (meánmhéid measta teaghlaigh). Sholáthair an figiúr seo, lúide figiúr teaghlaigh 2011 an líon teaghlach a theastaigh le linn na tréimhse seo).
 - Figiúr daonra roinnte faoi 2.55 (meánmhéid measta teaghlaigh). Sholáthair an figiúr seo, lúide figiúr teaghlaigh 2016 an líon teaghlach a theastaigh le linn na tréimhse 2016-2019.
3. Is ionann toradh an aonaid tithíochta agus an líon iomlán teaghlach a theastaigh le linn na tréimhse 2011-2019.
 4. Tá na figiúirí reatha críosaithe bunaithe ar Thorthaí Fála ar Thalamh Thithíochta 2011 a rinneadh don Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Baineann an méid críosú reatha le tailte tearcfhorbartha críosaithe cónaithe amháin.
 5. Tá toradh tithíochta an chreasa reatha thearcfhorbartha cónaithe bunaithe ar dhlús 20 aonad in aghaidh an heicteáir amhail a úsáideann na SERPGanna, is é sin, an líon heicteár iolraithe faoi 20 aonad in aghaidh an heicteáir.
 6. Ríomhadh an spriocasnamh/barrachas tríd an riachtanas riachtanach talamh thithíochta (Colún 3) a dhealú ó na figiúirí reatha talamh chríosaithe (Colún 4).
 7. Tugtar faoi deara go bhfuil spriocasnamh ann sa chríosú cónaithe le haghaidh Ros Mhic Thriúin. Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú air seo ar bhonn leanúnach.
 8. Ní cuí a mheas gurb ionann seo agus spriocasnamh i dtalamh chríosaithe mar gheall nach meastar go soláthrófar an leithdháileadh daonra go léir seo ar thalamh chríosaithe. Soláthrófar é sna Sráidbhailte Tréana (ina bhfuil talamh chríosaithe i roinnt díobh), Sráidbhailte Beaga, Lonnaíochtaí Tuaithe agus sna limistéir thuaithe faoi réir comhlíonta leis na ceantair bheartais Tithíochta Tuaithe.

Tábla Uimh. 11 Pleananna Forbartha agus Pleananna Ceantair Áitiúil atá i bhfeidhm faoi láthair

Plean	Amfhráma
Plean Forbartha Bhaile agus Phurláin Loch Garman	2009-2015
Plean Forbartha Bhaile agus Phurláin Ros Mhic Thriúin	2011-2017
Plean Forbartha Bhaile agus Phurláin Inis Córthaidh	2008-2014
Plean Ceantair Áitiúil Bhaile agus Phurláin Ghuaire	2010-2016
Plean Ceantair Áitiúil Bhaile agus Phurláin Bhun Clóidí	2009-2015
Plean Ceantair Áitiúil Fhearna	2009-2015
Plean Ceantair Áitiúil Fhearna	2009-2015
Plean Ceantair Áitiúil Chluain an Róistigh	2009-2015
Plean Ceantair Áitiúil Chalafort Ros Láir agus Chill Ruáin	2012-2018

Rinneadh measúnú ar na ceanglais talún agus chónaithe amach anseo i leith na staide reatha agus sainaithníodh an spriocasnamh nó an barrachas sa talamh chriosaithe chónaithe dá réir. Déanfar athbhreithniú agus ailíniú ar an gcúlsláthar reatha talún criosaithe cónaithe atá sna pleananna forbartha baile agus sna pleananna ceantair áitiúil de réir mar is gá le leithdháileadh daonra agus le ceanglais talamh thithíochta a leagtar amach i gCroístraitéis an Chontae. Ar a bharr sin, cé gur cuireadh na ríomhanna heicteáir seo san áireamh sa Phlean, meastar gur cheart athbhreithniú a dhéanamh orthu i dtaobh gach plean forbartha baile agus gach plean ceantair áitiúil d'fhonn cothromaíocht cheart dlús a bhaint amach laistigh de gach baile nó sráidbhaile. Tugtar faoi deara nach mbeadh 20 aonad sa heicteár i gcónaí oiriúnach d'fhonn rogha mhealltach eile a bhaint amach ar thithíocht tuaithe.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir SS01

Chun freastal ar riachtanais tithíochta an chontae ar bhealach atá inbhuanaithe i dtaobh an chomhshaoil de.

Cuspóir SS02

A chinntiú go mbíonn aon phlean/tionscadal agus aon oibreacha gaolmhara, cibé acu ar bhonn aonair nó i gcomhthráth le pleananna nó tionscadail eile, faoi réir na Tástála Oiriúnaí Measúnachta lena chinntiú nach ann d'aon tionchar dóchúil suntasach ar shláine suíomh(anna) Natura 2000 agus go gcomhlíontar go hiomlán ceanglais Airteagal 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE go hiomlán. Sa chás gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bplean/tionscadal ar shuíomh Natura 2000, beidh sé faoi réir Measúnacht Oiriúnach. Ní leanfar ar aghaidh leis an bplean/tionscadal ach amháin tar éis gur deimhníodh nach n-imreoidh sé drochthionchar ar shláine an tsuímh nó nuair nach ann d'aon réitigh eile, meastar go bhfuil an plean/tionscadal riachtanach ar chúiseanna uileghabhálacha leasa phoiblí, agus iad go léir i gcomhréir le forálacha alt 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE.

Cuspóir SS03

Déanfar tástáil agus/nó measúnú ar gach plean ceantair áitiúil agus plean forbartha i gcomhréir le ceanglais na Treorach SEA agus na Treorach maidir le Gnáthóga agus an Chórais Phleanála agus na dTreoirlínte Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte (DEH LG agus an OPW, 2009).

Cuspóir SS04

Plean lonnaithe an chontae a bhainistiú i gcomhréir leis na spriocanna daonra a leagtar amach sna Treoirlínte Pleanála don Réigiún Thoir Theas 2010-2022, an Chroístraitéis agus an Straitéis Lonnaithe.

Cuspóir SS05

Forbairtí nua cónaithe a spreagadh sa Mhol, Bailte Móra agus Bailte Ceantair i gcomhréir leis an gCroístraitéis agus leis an Straitéis Lonnaithe agus faoi réir go mbíonn an fháil leordhóthanach ar na háiseanna ábhartha cóireála fuíolluisce ar mhaithe le háiseanna uisce a chosaint sa cheantar.

Cuspóir SS06

A chinntiú go bhfuil dlús na bhforbairtí cónaithe i gcomhréir le láthair na forbartha a bheartaítear agus aird ar na sochair a bhaineann lena chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtúil as talamh. Agus cinneadh á dhéanamh ar an dlús oiriúnach do láthair ar leith, beidh aird ag an gComhairle ar phatrún agus dlús reatha na lonnaíochta, cóngarachta an tsuímh leis an mbaile nó le lár an tsráidbhaile nó leis na noid iompair phoiblí, an fháil atá ar sheirbhísí reatha, Forbairt Inbhuanaithe Cónaithe i gCeantair Uirbeacha agus an Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach – Treoir um Dhea-Chleachtas (DEHLG, 2009) lena ngabhann agus faoi réir comhlíonta leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus na gcaighdeáin bainistíochta forbartha i gCaibidil 18.

Cuspóir SS07

A chinntiú go bhfuil criosú tailte a úsáidtear d'úsáid cónaithe i gcomhréir leis an gCroístraitéis agus leis an Straitéis Lonnaíochta. Tá forbairt na talún criosaithe seo faoi réir go mbíonn an fháil leordhóthanach ar na háiseanna ábhartha cóireála fuíolluisce ar mhaithe le háiseanna uisce a chosaint sa cheantar.

Cuspóir SS08

Suíomh forbairtí nua cónaithe a sheachaint i gceantair atá leochaileach i leith riosca i gcás tuilte agus i gcomhréir le forálacha na dTreoirlínte Riosca i gcás Tuilte d'Údaráis Phleanála (DEHLG agus OPW, 2009).

Cuspóir SS09

Aird a bheith ar an bPlean Ceantair Áitiúil – Dréacht-treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DECLG, 2012) agus ar an Lámhleabhar do Phleananna Ceantair Áitiúil agus aon leagan nuashonraithe de na treoirlínte seo nuair a bhíonn pleananna ceantair áitiúil á réiteach.

Cuspóir SS10

Aird a bheith ar an bPlean Forbartha – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DEGLG, 2007) agus ar aon leagan nuashonraithe de na treoirlínte seo nuair

a bhíonn pleananna forbartha agus leaganacha éagsúla de phleananna forbartha á réiteach.

3.4.5 Ról an Mhoil

Is é Baile Loch Garman an baile is mó sa chontae agus is é lárionad Straitéis Lonnaíochta an Chontae agus aird ar a ainmniú mar an Mol san NSS agus sna SERPGanna. Beidh ról lárionaid straitéisigh uirbigh ag an mbaile a thacaíonn le Tairseach Chathair Phort Láirge agus leis na ceantair fhairsinge thuaithe sa Réigiún. Anuas air sin, beidh sé ina phríomhghné um chur chun cinn an gheilleagair sa Réigiún.

Soláthróir tábhachtach fostaíochta agus seirbhísí atá sa bhaile. Mheall sé mórfhostóirí le blianta beaga anuas tar éis gur lonnaigh Atlantic Industries, Árachas Zurich, BNY Mellon agus Waters Technology oibríochtaí sa bhaile. Roghnaigh na cuideachtaí seo Baile Loch Garman ar chúiseanna áirithe – tá bonneagar, iompar, leathanbhanda agus fáil mhaith ar lucht oilte saothair ann. Luann an SERPGanna gur cheart do Mhoil leanúint agus lárionaid ghnó/teicneolaíochta agus aonaid thionsclaíocha den chéad scoth a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais fiontar dúchasach agus iad siúd atá faoi úinéireacht iasachta.

I dtaobh feidhmeanna, tá ról seirbhísí ag Baile Loch Garman, lena n-áirítear seirbhís phoiblí (an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Comhairle Contae Loch Garman agus Comhairle Buirge Loch Garman), cúram sláinte (Ospidéal Ginearálta Loch Garman), oideachas (Campas Loch Garman IT Cheatharlach), agus turasóireacht (Áras Ceoldrámaíochta Loch Garman, mar shampla).

Tugann na SERPGanna le fios, chun a ról mar Mhol a chomhlíonadh, teastóidh daonra tairsí criticiúla de bhreis ar 30,000. Thug na SERPGanna faoin tairseach chriticiúil seo a bhaint amach trí sprioc dhaonra 26,700 a leithdháileadh ar Bhaile Loch Garman faoi 2022. Tugann na SERPGanna le fios, anuas air sin, go dteastóidh infheistíocht sprioctha i naisc iompair agus i mbonneagar eile socheacnamaíoch, ar nós seirbhísí uisce, láithreacha

oideachais tríú leibhéal agus seirbhísithe gnó chun baint amach na maise criticiúla seo a éascú. Spreagann na SERPGanna údaráis áitiúla, ranna rialtais agus gníomhaireachtaí leathstáit chun a gcinntí infheistíochta a dhíriú ar an mbealach sin a ligfidh dóibh na spriocanna seo a bhaint amach.

Tugtar breis sonraí ar an straitéis forbartha don bhaile i bPlean Forbartha Bhaile agus Phurláin Loch Garman 2009-2015.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir SS11

Forbairt nua cónaithe a spreagadh sa Mhol i gcomhréir leis an gCroístraitéis agus leis an Straitéis Lonnaíochta, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil a chomhlíonadh, lena n-áirítear fáil a bheith ar chumas leordhóthanach cóireála fuíolluisce agus uisce óil agus ar na caighdeáin bhainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir SS12

Criosú tailte d'fhorbairt cónaithe a chinntiú i gcomhréir leis na spriocanna daonra a leagtar amach sna Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála don Réigiún Thoir Theas, an Chroístraitéis agus an Straitéis Lonnaíochta d'fhonn an tairseach chriticiúil a bhaint amach a theastaíonn chun ról an bhaile a choimeád mar Mhol sa Réigiún Thoir Theas.

Cuspóir SS13

Céimniú na forbartha ar thailte críosaithe cónaithe a cheangal, go ginearálta. Bunófar céimniú ar an gcur chuige seicheamhach agus síneoidh an criosú amach ó Lár an Bhaile. Leagfar béim láidir ar phatrúin forbartha a chomhdhlúthú, deiseanna inlíonta a spreagadh agus úsáid níos fearr a bhaint as talamh.

3.4.6 Bailte Móra

Ainmníonn na SERPGanna Ros Mhic Thriúin, Inis Córthaidh agus Guaire mar Bhailte Móra agus leagann siad amach a ról forbartha i gcomhthéacs na straitéise foriomláine réigiúnaí forbartha. Is iad na ról ainmnithe do na bailte seo:

- (a) sprioc fáis nó
- (b) fás níos tomhaiste ar bhealach a ligeann d'fhorbairt pobail, shóisialta agus miondíola breith ar chéimeanna meara d'fhorbairtí cónaithe, go príomha, a rinneadh le déanaí.

Tugann na SERPGanna le fios go bhfuil an cumas ag na Bailte Móra seo chun tacú le gníomhaíocht inbhuanaithe eacnamaíoch trí Eastáit Thionsclaíocha, Páirceanna Fiontair agus Lárionaid Fiontair Cheantair a fhorbairt.

Baile Ros Mhic Thriúin

Rinneadh sprioc de Bhaile Ros Mhic Thriúin d'fhás mar gheall go bhfuil sé lonnaithe go straitéiseach idir Tairseach Chathair Phort Láirge agus Mol Bhaile Loch Garman agus go bhfuil na riachtanais riachtanacha bhonneagracha i bhfeidhm ann chun freastal ar fhás.

Tá an baile lonnaithe 23km ó Chathair Phort Láirge agus tá sé lonnaithe go straitéiseach ar phríomhbhóithre náisiúnta an N25 agus an N30. Tá stáisiún nua cóireála agus caidéalaithe fuíolluisce ann atá in ann freastal ar 16,000 P.E. faoi láthair agus is féidir é seo a fhairsingiú go dtí 24,000 P.E. amach anseo. Ar a bharr sin, uasghrádaíodh soláthar uisce an bhaile le déanaí agus meastar gur féidir freastal ar éilimh uisce amach anseo trí na foinsí reatha a choimeád agus trí uisce a fhoinsiú ó fhorbairt nua screamhuisce ag Maigh Arnaí.

Tá rogha mhaith de thalamh chriosaithe thionsclaíoch agus talamh a bhaineann leis an gcuan i mBaile Ros Mhic Thriúin agus cuireann an baile naisc iompair ar fáil leis an gcuid eile den réigiún agus den chontae. Cé go dtacófar le gníomhaíocht eacnamaíoch trí eastáit thionsclaíocha, páirceanna

fiontair agus lárionaid fiontair cheantair a fhorbairt, tacóidh Ros Mhic Thriúin le ról na Tairsí agus an Mhoil seachas dul in iomaíocht leo.

Áirítear leis na SERPGanna cuspóir chun Cuan Ros Mhic Thriúin a fhorbairt, atá lonnaithe ag Insí an Mhéirse. Tacaíonn an Chomhairle le forbairt ábhartha an chuain amach anseo ar na tailte a criosaíodh do ghníomhaíochtaí cuanbhainteacha.

Tá dóthain talamh chríosaithe ann chun freastal ar an bhfás tuartha a thiocfaidh ar an daonra. Anuas air sin, tá a chóimhéid de thalamh ann a criosaíodh ar mhaithe leis an bPobal agus Oideachas agus le Spás Oscailte agus le Fónais le ligean don bhonneagar sóisialta riachtanach tacaithe a fhorbairt.

Tugtar breis sonraí ar an straitéis forbartha don bhaile i bPlean Forbartha Bhaile agus Phurláin Ros Mhic Thriúin 2011-2017.

Baile Inis Córthaidh

Fás níos tomhaiste atá i gceist leis an gcur chuige forbartha do Bhaile Inis Córthaidh. Leagfar béim ar an bpatrún reatha forbartha a chomhdhlúthú agus ar sholáthar bonneagair fhisiciúil agus shóisialta a spreagadh agus a éascú.

Thug an baile agus a phurláin ardleibhéil d'fhorbairt cónaithe faoi deara nach raibh coinne leo, go háirithe i gcaitheamh na tréimhse 2000-2007. B'ann d'éileamh ar bhreis forbairt cónaithe; ach cuireadh bac air seo mar gheall go raibh srianta ar áiseanna cóireála fuíolluisce an bhaile. Tá an t-ionad reatha cóireála fuíolluisce i mbun oibre i ngar dá lánchumas 16,500 P.E. Áirítear le Céim 3 de Scéim Séarachais Inis Córthaidh, fairsingiú an ionaid reatha chun freastal ar 30,000 P.E., i gClár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce 2010-2012. Tá an obair seo in ainm is tosú in 2013. Tá soláthar uisce an bhaile maith a dhóthain chun freastal ar éilimh reatha agus amach anseo. Beidh an bonneagar oiriúnach fuíolluisce agus soláthair uisce i bhfeidhm sa bhaile chun freastal ar an bhfás beartaithe.

Is gá tús áite a thabhairt d'fhorbairt an bhonneagair agus áiseanna lena chinntiú go gcuireann an baile dea-cháilíocht beatha ar fáil don lucht cónaithe reatha agus amach anseo.

Cé go dtacófar le gníomhaíocht eacnamaíoch trí eastáit thionsclaíocha, páirceanna fiontair agus lárionaid fiontair cheantair a fhorbairt, tacóidh Inis Córthaidh le ról na Tairsí agus an Mhoil seachas dul in iomaíocht leo.

Tugtar breis sonraí ar an straitéis forbartha don bhaile i bPlean Forbartha Bhaile agus Phurláin Inis Córthaidh 2008-2014.

Baile Ghuaire

Is é an cur chuige forbartha do Bhaile Ghuaire chun freastal ar fhás níos tomhaiste sa bhaile, agus an pátrún reatha forbartha a chomhdhlúthú. Leagfar béim ar fhorbairt bhreise an bhonneagair fhisiciúil agus shóisialta a spreagadh agus a éascú don bhaile.

Thug Guaire ardleibhéil gan fhasach d'fhorbairt cónaithe agus d'fhás ar an daonra faoi deara. Molann na SERPGanna nach mór bheith cúramach le forbairt an bhaile, lena chinntiú go rialaítear fairsingiú leanúnach an bhaile seo lena ligean d'fhorbairt pobail, shóisialta agus miondíola coimeád sna sála thiar ar chéimeanna meara d'fhorbairt cónaithe.

Cuireadh bac ar fhorbairt sa bhaile agus i gceantar na bpurlán mar gheall go bhfuil an t-ionad cóireála fuíolluisce ag oibriú i ngar dá lánchumas 5,500 P.E. Áirítear uasghrádú beartaithe an chórais chóireála chuig 35,000 P.E i gClár Caipitiúil Infheistíochta i Seirbhísí Uisce 2010-2012. Freastalóidh an t-ionad nua cóireála ar Bhaile Ghuaire agus Bhaile na Cúirte agus tá na hoibreacha sceidealaithe le tosú in 2012.

Cé go dtacófar le gníomhaíocht eacnamaíoch trí eastáit thionsclaíocha, agus lárionaid fiontair cheantair a fhorbairt, tacóidh Guaire le ról an Mhoil seachas dul in iomaíocht leis.

Tugtar breis sonraí ar an straitéis forbartha don bhaile i bPlean Forbartha Bhaile agus Phurláin Ghuaire 2010.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir SS14

Forbairt nua cónaithe a spreagadh sna Bailte Móra i gcomhréir leis an gCroístraitéis agus leis an Straitéis Lonnaíochta, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil a chomhlíonadh, lena n-áirítear fáil a bheith ar chumas leordhóthanach cóireála fuíolluisce agus uisce óil agus ar na caighdeáin bhainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir SS15

A chinntiú go bhfuil criosú tailte a úsáidtear d'úsáid cónaithe sna Bailte Móra i gcomhréir leis an gCroístraitéis agus leis an Straitéis Lonnaíochta. Tá forbairt na talún criosaithe seo faoi réir go mbíonn an fháil leordhóthanach ar na háiseanna ábhartha cóireála fuíolluisce ar mhaithe le háiseanna uisce a chosaint sa cheantar agus faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil a chomhlíonadh, lena n-áirítear fáil a bheith ar chumas leordhóthanach cóireála fuíolluisce agus uisce óil agus ar na caighdeáin bhainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir SS16

Céimniú na talún criosaithe a cheangal d'fhorbairt cónaithe. Bunófar céimniú na forbartha ar chur chuige seicheamhach agus síneoidh an criosú amach ó láir na mbailte. Leagfar béim láidir ar phatrúin reatha forbartha a chomhdhlúthú, deiseanna inlíonta a spreagadh agus úsáid níos fearr a bhaint as talamh.

3.4.7 Bailte Ceantair

Ainmníonn na SERPGanna ról na mBailte Ceantair mar bhailte ina bhfuil daonraí idir 1,500 agus 5,000 duine a thugann faoi ról tábhachtach maidir le forbairt gné áirithe spáis an réigiúin trí chéile a chur chun cinn. Sainaithníonn na SERPGanna dhá Bhaile Ceantair sa Chontae: Bun Clóidí agus Droichead

an Chaisleáin. De dheasca mhéid na mbailte, (daonra >1500) agus/nó a suímh straitéisigh, chuir an Chomhairle trí lonnaíocht bhreise san áireamh ar leibhéal Baile Ceantair: Calafort Ros Láir agus Cill Ruáin, Baile na Cúirte agus Séipéal na hAbhann agus Droichead Eoin. Cuirfidh láithreacha na gcúig Bhaile Ceantair seo, mar aon le fás agus infheistíocht sprioctha i seirbhísí, le forbairt chothromaithe spáis an chontae.

Tá Droichead Eoin lonnaithe ar líne iarnróid Europort Ros Láir-Port Láirge-Luimneach a dúnadh le déanaí. Tá sé mar chuspóir na SERPGanna an líne seo a athoscailt agus a uasghrádú agus tacaíonn an Chomhairle go hiomlán leis an gcuspóir seo. Spreagfaidh an Chomhairle forbairt an bhaile d'fhonn bonn leordhóthanach daonra a bhaint amach agus le héileamh a chinntiú chun an cuspóir seo a fhíorú.

Thug roinnt de na bailte seo ardleibhéal de bhorradh faoi deara ar dhaonra le linn na tréimhse deireanaí daonáirimh, agus i gcás Bhaile na Cúirte, gan na seirbhísí riachtanacha tacaíthe. Comhdhlúthóidh an cur chuige forbartha, inar leagadh amach sprioc bhorrtha chomh maith, borradh laistigh de na bailte agus tacóidh sé le forbairt an bhonneagair fhisiciúil agus shóisialta.

Anuas air sin, soláthraíonn na bailte seo acmhainní tábhachtacha dá gcúlchríocha tuaithe. Tugann siad faoi fheidhmeanna tábhachtacha miondíola, cónaithe, seirbhíse agus fónais don phobal áitiúil, go háirithe an chúlchríoch thuaithe.

Tháinig fairsingiú ar gach ceann de na bailte seo le déanaí nó tá sé beartaithe go dtiocfaidh fairsingiú ar a n-áiseanna cóireála fuíolluisce agus ar an ábhar sin, beidh siad in ann freastal ar an mborradh beartaithe.

Leagtar an chreatlach forbartha do Bhaile Bhun Clóidí agus do Chalafort Ros Láir agus Cill Ruáin amach ina bpleananna ceantair áitiúil, faoi seach. Cuirfidh an Chomhairle plan ceantair áitiúil i dtoll a chéile do Bhaile na Cúirte agus do Shéipéal na hAbhann.

Is ionann daonra Dhroichead an Chaisleáin agus 1,726 duine (Daonáireamh 2011). Níl sé beartaithe ag an gcomhairle chun plean ceantair áitiúil a chur i dtoll a chéile do Dhroichead an Chaisleáin. I gcomhréir le forálacha Alt 19 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), tugann an Plean le fios na cuspóirí don sráidbhaile agus leagtar amach iad siúd in Aguisín A den Imleabhar seo.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir SS17

Forbairt nua cónaithe a spreagadh sna Bailte Ceantair i gcomhréir leis an gCroístraitéis agus leis an Straitéis Lonnaíochta, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil a chomhlíonadh, lena n-áirítear fáil a bheith ar chumas leordhóthanach cóireála fuíolluisce agus uisce óil agus ar na caighdeáin bhainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir SS18

Céimniú na talún críosaithe a cheangal d'fhorbairt cónaithe. Bunófar céimniú na forbartha ar chur chuige seicheamhach agus síneoidh an criosú amach ó láir na mbailte. Leagfar béim láidir ar phatrúin reatha forbartha a chomhdhlúthú, deiseanna inlíonta a spreagadh agus úsáid níos fearr a bhaint as talamh.

Cuspóir SS19

Plean Ceantair Áitiúil a chur i dtoll a chéile do Bhaile na Cúirte agus do Shéipéal na hAbhann.

3.4.8 Sráidbhailte Tréana

Tá an líonra de Shráidbhailte Tréana cothromaithe go spásúil ar fud an chontae. Áirítear na sráidbhailte seo ar an leibhéal seo ar chúiseanna, lena n-áirítear a láthair ar bhealaí iompair nó rochtain mhaith ar bhealaí iompair, lena n-áirítear iompar poiblí, soláthar seirbhíse reatha agus/nó an ról atá acu chun patrúin chothromaithe lonnaíochta a bhaint amach ar fud an chontae.

Sainaithníodh naoi sráidbhaile ar an leibhéal seo: Cill Téile, Teach Munna, Cladach Ros Láir, Baile an Droichid, Cúil Ghréine, Fearna, Cill Mhucraise, Ceann Poill agus Cluain an Róistigh. Tá struchtúir in-sainaitheanta lonnaíochta agus daonraí bunaithe sna sráidbhailte seo agus tá ar a gcumas acu tacú le breis borrrtha. Teastaíonn infheistíocht in áiseanna cóireála fuíolluisce i roinnt de na sráidbhailte seo agus meastar go soláthróidh a gcuimsiú ar an leibhéal seo san ordlathas cur chuige atá faoi stiúir plean chun an infheistíocht seo a chinntiú.

Tá sé beartaithe na sráidbhailte seo a chomhdhlúthú trí dhíriú ar bhorradh nua sna lárionaid sráidbhailte. Cuirfidh an Chomhairle an cur chuige seicheamhach i bhfeidhm i leith fhorbairt na talún, ag díriú ar fhorbairt na dtailte siúd is gaire do lár an tsráidbhaile ar dtús. Ní dhéanfar aon mhachnamh ar 'ghluaiseacht chliobóige ('leap-frogging') ar thailte neamhfhorbartha, mura féidir a chruthú go bhfuil cúiseanna daingne ann chun amhlaidh a dhéanamh.

Tá pleananna ceantair áitiúil ann i dtrí cinn de na sráidbhailte seo: Cluain an Róistigh, Fearna agus Teach Munna. Tá sé beartaithe ag an gComhairle creatlacha malartacha neamhreachtúla forbartha áitiúla a réiteach, ar nós Ráiteas um Dhearadh Sráidbhaile, do na Sráidbhailte Tréana eile. Réiteofar iad seo i gcomhar leis na pobail áitiúla agus le príomhpháirtithe leasmhara eile.

Is ionann daonra Chladach Ros Láir agus 1,547 duine (Daonáireamh 2011). Níl sé beartaithe ag an gComhairle chun plean ceantair áitiúil a chur i dtoll a chéile do Chladach Ros Láir. I gcomhréir le forálacha Alt 19 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), tugann an Plean le fios na cuspóirí don sráidbhaile agus leagtar amach iad siúd in Aguisín A den Imleabhar seo.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir SS20

Sráidbhailte Tréana a spreagadh chun a ról a choimeád agus a fheabhsú mar ionaid thábhachtacha seirbhíse.

Cuspóir SS21

Ráitis um Dhearadh Sráidbhaile a réiteach do Chill Téile, Cladach Ros Láir, Baile an Droichid, Cúil Ghréine, Cill Mhucraise agus Ceann Poill.

Cuspóir SS22

Forbairt nua cónaithe a spreagadh sna Sráidbhailte Tréana i gcomhréir leis an gCroístraitéis agus leis an Straitéis Lonnaíochta, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil a chomhlíonadh, lena n-áirítear fáil a bheith ar chumas leordhóthanach cóireála fuíolluisce agus uisce óil agus ar na caighdeáin bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir SS23

A chinntiú go gcomhlíonann forbairt nua cónaithe an cur chuige seicheamhach i leith fhorbairt na talún atá dírithe ar fhorbairt na dtailte siúd is gaire do lár an tsráidbhaile ar dtús.

Cuspóir SS24

Suíomhanna seirbhísithe cónaithe a chur chun cinn agus a éascú laistigh de Shráidbhailte Tréana faoi réir faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

3.4.9 Sráidbhailte Beaga

Tá ról tábhachtach ag sráidbhailte beaga an chontae maidir le miondíol, seirbhísí agus áiseanna sóisialta agus caitheamh aimsire áitiúla a sholáthar dá bpobail, faoi seach, agus do na cúlchríocha tuaithe níos fairsinge. Ar a bharr sin, soláthraíonn na sráidbhailte seo deiseanna chun daoine nua a mhealladh ar mian leo cónaí i dtimpeallacht tuaithe agus rogha eile a

sholáthar ar thithíocht tuaithe uirbeachghinte. Eascróidh deiseanna as seo, ar a uain sin, chun breis seirbhísí a sholáthar.

Tá leibhéal na sráidbhailte beaga roinnte ina dhá chatagóir: sráidbhailte ina bhfuil daonra >400 agus <1,500 agus sráidbhailte ina bhfuil daonra <400. Is é cuspóir na fochatagóire seo a chinntiú go n-oireann an cur chuige forbartha do thréithe agus do scála gach saghas sráidbhaile.

Sráidbhailte Beaga ina bhfuil daonra >400 agus <1,500

Díreoidh an Plean ar na sráidbhailte reatha seo a chosaint agus a chomhdhlúthú. Ní dhéanfar breithniú ar fhorbairt ach nuair a bhíonn sí oiriúnach do mhéid agus do nádúr an tsráidbhaile. Braithfidh scála agus dlús na forbartha ar an líon tosca, lena n-áirítear:

- Fáil a bheith ar bhonneagar, lena n-áirítear na háiseanna oiriúnacha cóireála fuíolluisce, soláthar uisce agus áiseanna oideachais
- Cur le feabhsú dhreach an tsráidbhaile trí phatrún an tsráidbhaile a atreisiú nó trí chúnamh a thabhairt leis na tailte cúil a athfhorbairt
- Cur le cosaint shaintréithe ailtireachta agus comhshaoil an tsráidbhaile
- Is ionann a bheidh an dlús agus 12 theach sa heicteár agus ní bheidh ar chumas aon fhorbairt amháin daonra an tsráidbhaile a mhéadú de bhreis ar 20% dá dhaonra

Pé áit is féidir, ba cheart breis forbartha a bhunú ar fhorbairt líon beag suíomhanna atá dea-chomhtháite laistigh de lár an tsráidbhaile agus mórthimpeall air, seachas ar dhíriú ar shuíomh an-mhór amháin a fhorbairt.

Sráidbhailte Beaga ina bhfuil daonra <400

Is é an cur chuige forbartha do na sráidbhailte seo a chinntiú go gcoimeádann siad a leibhéal reatha daonra agus seirbhísí. Beidh borradh amach anseo ina bhorradh breisíoch, beagscála agus oirfidh sé do mhéid, scála agus saintréithe an tsráidbhaile. Ar aon dul leis na moltaí a chuimsítear i bhForbairt Inbhuanaithe Cónaithe i gCeantair Uirbeacha – Treoirínte d'Údaráis

Phleanála, níor cheart go mbeadh breis agus 12 aonad cónaithe i gceist le forbairtí nua cónaithe.

Ní fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar fhorbairtí mórsála, ach amháin nuair is féidir a léiriú go bhfuil an bonneagar fisiciúil agus sóisialta i bhfeidhm chun freastal ar an bhforbairt agus go bhfuil an bonneagar sin leordhóthanach chun freastal ar an bhforbairt. Ní bheidh ar chumas aon fhorbairt cónaithe amháin daonra an tsráidbhaile a mhéadú de bhreis ar 20% dá dhaonra reatha ag an tráth sin.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir SS25

A chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeabhsaíonn an Sráidbhailte Beaga sa chontae a ról mar ionaid thábhachtacha seirbhíse áitiúla d'fhonn pobail inbhuanaithe a choimeád agus d'fhonn dea-cháilíocht beatha a chinntiú.

Cuspóir SS26

Áiseanna breise sóisialta agus pobail a spreagadh laistigh de na Sráidbhailte Beaga chun freastal ar dhaonra an tsráidbhaile agus ar a gcúlchríoch thuaithe máguaird.

Cuspóir SS27

A chinntiú go gcomhlíonann forbairt nua cónaithe a shuíomh an cur chuige seicheamhach i leith fhorbairt na talún atá dírithe ar fhorbairt na dtailte siúd is gaire do lár an tsráidbhaile ar dtús.

Cuspóir SS28

Suíomhanna seirbhísithe cónaithe a chur chun cinn agus a éascú laistigh de Shráidbhailte Beaga faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir SS29

Tacú le tionscnaimh iompair thuaithe a fhorbairt a sholáthraíonn naisc iompair phoiblí idir Sráidbhailte Beaga agus Lonnaíochtaí Tuaithe agus bailte an chontae ar mhaithe le daonraí na lonnaíochtaí seo agus a gcúlchríoch máguaird thuaithe.

3.4.10 Lonnaíochtaí Tuaithe

Is fearr a dhéantar cur síos ar na lonnaíochtaí seo mar cheantair thuaithe ina bhfuil roinnt áiteanna cónaithe aonuaire tuaithe agus seirbhísí áitiúla pobail nó sóisialta, ar nós séipéil, scoile, teach tábhairne nó siopa braislithe mórthimpeall pointe fócasach ar nós crosaire. Is í an Straitéis Lonnaíochta do na ceantair seo líon beag breis áiteanna cónaithe a éascú chun an pátrún reatha forbartha a chomhdhlúthú.

Déanfar measúnú ar fhorbairtí de chineál braisle a dearadh go hoiriúnach ag na láithreacha seo, faoi réir na gcritéar eile pleanála, sábháilteacht tráchta agus comhshaoil eile a chomhlíonadh. Is é an sainmhíniú a thugtar ar fhorbairt braisle, forbairt bheag cónaithe ina bhfuil idir dhá agus cúig theach cónaithe ar a bhfreastalaíonn pointe coiteann iontrála d'fheithiclí agus bóthar rochtana ón mbóthar poiblí.

Ní bhainfidh riachtanas ná an gá áitiúil le hábhar chun comhaontú áitíochta a iontráil maidir le háititheoirí in áiteanna cónaithe singil nó forbairtí braisle laistigh de theorann na lonnaíochtaí tuaithe seo.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir SS30

Nádúr lonnaíochtaí tuaithe a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú.

Cuspóir SS31

Forbairtí braisle a spreagadh i lonnaíochtaí tuaithe nuair is ann do núicléas bunúsach d'áiseanna agus de sheirbhísí pobail, lena n-áirítear gach ceann díobh seo a leanas, nó dhá cheann díobh, ar a laghad: scoil, oifig an

phoist, siopa áitiúil, séipéal agus teach tábhairne faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir SS32

Suíomhanna seirbhísithe cónaithe a chur chun cinn agus a éascú laistigh de Lonnaíochtaí Tuaithe faoi réir faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir SS33

Tacú le tionscnaimh iompair thuaithe a fhorbairt a sholáthróidh naisc iompair phoiblí idir Sráidbhailte Beaga agus Lonnaíochtaí Tuaithe agus bailte an chontae ar mhaithe le daonraí na lonnaíochtaí seo agus a gcúlchríoch máguaird thuaithe.

3.4.11 An Tuath Fhairsing

Tá an tuath fhairsing ar an leibhéal is ísle den OrdLathas Lonnaíochta agus tá inti na codanna siúd den chontae lasmuigh de na lonnaíochtaí a sainaitníodh sna míreanna thuas. Go traidisiúnta, contae tuaithe atá i gContae Loch Garman. Tá an Straitéis Tithíochta Inbhuanaithe Tuaithe, atá leagtha amach i gCaibidil 4, dírithe ar phobail bheoga agus inmharthana tuaithe a choimeád agus luach fónais, caitheamh aimsire agus oidhreachtá thórdhreacha agus thuath an chontae a chosaint.

Aithníonn an Chomhairle gur fearr a bhainfear treisiú pobal tuaithe amach trí áiteanna níos mealltaí a dhéanamh de phobail tuaithe le cónaí iontu agus, san áit ar féidir, le deiseanna fostaíochta a sholáthar. Ar a bharr sin, aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le tithíocht tuaithe maidir le riachtanais áitiúla tithíochta a chomhlíonadh agus leis na seirbhísí tuaithe siúd a choimeád, ar nós scoileanna, oifigí an phoist agus siopaí áitiúla. Tá sé de chuspóir ag Straitéis Lonnaíochta agus ag Straitéis Tithíochta Inbhuanaithe Tuaithe na Comhairle cothromaíocht a bhaint amach idir an gá le forbairt

inbhuanaithe tuaithe a bhaint amach agus freastal ar thithíocht thuathghinte i gceantair thuaithe, i gcomhthráth.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir SS34

Tithíocht aonuaire tuaithe a cheadú i gcomhréir leis an Straitéis Tithíochta Inbhuanaithe Tuaithe i gCaibidil 4 agus réir faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

3.5 Straitéis Iompair

Tacaíonn an Straitéis Iompair i gCaibidil 8 leis an gCroístraitéis, an Straitéis Lonnaíochta agus an tOrdlathas Lonnaíochta. Déanann sí soláthar do chreatlach straitéiseach iompair a chinntíonn idirnáisc idir an Mol agus na Bailte Móra agus leis na lonnaíochtaí eile san ordlathas.

Díríonn an Straitéis Lonnaíochta ar ionaid daonra a fhorbairt feadh líonra reatha iompair an chontae d'fhonn an tairseach chriticiúil a sholáthar chun tacú le coimeád agus le breis forbartha a dhéanamh ar an líonra, agus i gcás líne iarnróid Ros Láir-Phort Láirge, an tairseach chriticiúil agus an t-éileamh a sholáthar dá hathoscailt amach anseo, a rachadh chun sochair an chontae agus an réigiúin trí chéile.

3.6 Straitéis Miondíola

Cuireadh Straitéis Miondíola an Chontae i dtoll a chéile i gcomhthráth leis an bPlean i gcomhréir leis na Treoirínte d'Údaráis Phleanála: Pleanáil Miondíola (an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2012). Soláthraíonn na treoirínte treoir bheartais ar leibhéal náisiúnta maidir le miondíol, cuspóirí do bheartas miondíola, formáidí sonracha miondíola agus chun comhairle a thabhairt maidir le láthair forbairt nua miondíola. Molann na treoirínte cur chuige faoi stiúir plean i leith forbairt miondíola ar leibhéal náisiúnta, lena

leantar trí straitéisí miondíola an chontae a úsáid chun an fhorbairt a threorú ar leibhéal áitiúil.

Príomhphrionsabal i spás urláir mhiondíola a sholáthar amach anseo is ea an gá le hordlathas reatha miondíola an chontae a atreisiú agus lárionaid reatha bhaile agus sráidbhaile, ach go háirithe.

Déantar an Straitéis Miondíola a ailíniú leis an gCroístraitéis, an Straitéis Lonnaíochta agus an tOrdLathas Lonnaíochta. Dheimhnigh na suirbhéanna ar spás urláir mhiondíola go bhfuil tiúchan de spás reatha agus ceadaithe urláir mhiondíola ann i mBaile Loch Garman, Baile Ros Mhic Thriúin, Baile Inis Córthaidh agus Baile Ghuaire. Díreoidh an Plean ar na bailte seo mar na príomh-lárionaid mhiondíola sa chontae, a chabhróidh níos mó leis na cuspóirí a bhaint amach chun ról na mbailte seo a fhorbairt mar an Mol agus na Bailte Móra, faoi seach. Díreofar forbairt seirbhísí miondíola sna Sráidbhailte Tréana, Sráidbhailte Beaga agus sa Lonnaíocht Tuaithe ar sheirbhísí tacaíochta a sholáthar dá ndaonraí agus dá gcúlchríocha tuaithe faoi seach.

3.7 Straitéis Tithíochta

Ceanglaíonn Alt 94 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) ar phlean forbartha chun straitéis a chuimsiú ar mhaithe lena chinntiú go ndéanann pleanáil agus forbairt cheart inbhuanaithe an cheantair soláthar do thithíocht dhaonra reatha agus amach anseo an chontae. Tugtar an Straitéis Tithíochta ar an straitéis seo.

Tá an Straitéis Tithíochta leagtha amach in Imleabhar 3 agus tacaíonn Caibidil 4 den Phlean léi. Tá an Straitéis comhsheasmhach leis an NSS, na SERPGanna agus leis na spriocanna réigiúnacha daonra. Tá cuspóirí curtha san áireamh i gCaibidil 4 d'fhonn cur i bhfeidhm na Straitéise Tithíochta a chinntiú.

Díríonn an Straitéis Tithíochta ar an méid a leanas:

- Dul i ngleic le riachtanais fhoriomlána tithíochta an chontae
- A chinntiú go bhfuil fáil ar thithíocht ag daoine ag a bhfuil leibhéil éagsúla ioncaim
- Tithíocht phríobháideach, shóisialta agus inacmhainne a sholáthar
- A chinntiú go bhfuil fáil ar mheascán de shaghsanna agus de mhéideanna tithíochta chun freastal ar riachtanais chatagóirí éagsúla de theaghlaigh, lena n-áirítear riachtanais speisialta daoine breacaosta agus daoine atá faoi mhíchumas.
- Gníomhú i leith idirdheighilt mhíchuí i dtithíocht idir daoine ag a bhfuil cúlraí éagsúla.

Caibidil 4 Tithíocht

4.1 Réamhrá

Baineann ríthábhacht le tithíocht ardchaighdeán, shábháilte, inacmhainne agus dhea-lonnaithe a oireann do riachtanais an úsáideora le cáilíocht beatha daoine, agus ar an ábhar sin, croíchuspóir den Chomhairle is ea soláthar, éascú agus seirbhísiú na tithíochta sin. Bainfidh an Chomhairle an méid seo amach trí thithíocht nó tacaíocht tithíochta a sholáthar agus trí bhainistiú a dhéanamh ar fhorbairt tithíochta. Déanfar bainistíocht ar fhorbairt tithíochta tríd an bpróiseas plean forbartha, a threoróidh an fhorbairt chuig na láithreacha cearta agus tríd an bpróiseas bainistíochta forbartha a chinnteoidh go mbaineann iarratais phleanála ar thithíocht ardchaighdeán amach.

Bunaidhm den Chroístraitéis agus den Straitéis Lonnaíochta, a chuimsítear i gCaibidil 3, is ea tithíocht ardchaighdeán a sholáthar ag na láithreacha oiriúnacha, ina leagtar amach cuspóirí na Comhairle agus aird ar ról agus ar leibhéal ionchasach na forbartha cónaithe i lonnaíochta ag an Ordalthas Lonnaíochta agus i gceantair thuaithe.

Tá an chaibidil seo roinnte ina dhá mhír: Déileálann Mír 4.2 le tithíocht go ginearálta agus déileálann Mír 4.3 le tithíocht i gceantair thuaithe. Anuas air sin, déileáiltear le dearadh tithíochta i gCaibidil 17.

4.2 Tithíocht Inbhuanaithe

Is í aidhm uileghabhálach na Comhairle maidir le soláthar tithíochta a chinntiú go bhfuil gach forbairt nua tithíochta inbhuanaithe i dtaobh cúrsaí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil de. Teastaíonn cur chuige uaidh seo tharchéimníonn go leor de mhíreanna an Phlean seo. Tithíocht atá inbhuanaithe i dtaobh cúrsaí sóisialta de is ea tithíocht a chuimsíonn agus a fhreagraíonn do riachtanais fhisiciúla nó chultúrtha iad siúd a dhéanann í a úsáid. Anuas air sin, níor mhór go mbeadh tithíochta atá inbhuanaithe i dtaobh cúrsaí sóisialta de bheith dea-lonnaithe maidir le seirbhísí sóisialta, pobail, tráchtála agus riaracháin a dhéanann í a choimeád agus ní mór di

bheith dea-chomhtháite laistigh den áit a mbeidh sí lonnaithe. Tithíocht is ea tithíocht atá inbhuanaithe i dtaobh an chomhshaoil de a íoslaghdaíonn an úsáid a bhaintear as acmhainní nádúrtha agus an tionchar ar shócmhainní nádúrtha. Tagraíonn tithíocht atá inbhuanaithe i dtaobh cúrsaí eacnamaíocha de tithíocht a sholáthar a chomhlíonann riachtanais an teaghlaigh ar bhealach a oireann dá n-ioncam agus a íoslaghdaíonn an toradh don tsochaí. Féadfaidh duine aonair nó tacaíochtaí tithíochta sóisialta, nó meascán den dá rud, freastal ar na riachtanais siúd.

Tháinig athrú suntasach ar bheartas an Rialtais, a dtugtar breac-chuntas ar an gcuid is mó de sa Ráiteas um Beartas Tithíochta a eisíodh i Meitheamh 2011, le blianta beaga anuas mar gheall ar an gcás eacnamaíoch a tháinig chun solais. Is féidir teacht ar líon beartais náisiúnta agus réigiúnacha tithíochta sa Straitéis Tithíochta a chuimsítear in Imleabhar 6. Is é an t-athrú is tábhachtaí ná go gcuirfear deireadh leis an mbéim a chuirfí roimhe seo ar úinéireacht tí a chur chun cinn trí dhreasachtaí éagsúla, tithíocht inacmhainne den chuid ba mhó. Ina ionad sin, díreoidh an beartas orthu siúd ag a bhfuil riachtanais ghéara tithíochta. Tugann an ráiteas nua beartais le fios gur leag an seanchur chuige ualach neamh-chomhréireach ar úinéireacht sa mhullach ar gach foirm eile de thionacht agus go meastar anois go gcomhlíontar riachtanais daoine go leordhóthanach sa chás gur féidir le daoine, iad féin, cóiríocht phríobháideach ar cíós a aimsiú dóibh féin.

4.2.1 Éileamh Tithíochta

Sainaithnítear sa Chroístraitéis a chuimsítear i gCaibdil 3 agus sa Straitéis Tithíochta a chuimsítear in Imleabhar 6 éileamh ar 6,609 aonad tithíochta sa Chontae thar thréimhse an Phlean. Anuas air sin, thug an Chroístraitéis leithdháileadh beartaithe na n-aonad tithíochta seo le fios ar Ordlaithas Lonnaíochta an chontae. Tá dóthain tailte críosaithe laistigh de na pleananna reatha forbartha chun freastal ar na teaghlaigh seo a sholáthar.

4.2.2 Straitéis Tithíochta

Sainaithníonn an Straitéis Tithíochta a chuimsítear in Imleabhar 6 go mbeidh tacaíocht tithíochta ag teastáil ó 3,026 teaghlach thar thréimhse an Phlean.

Agus aird ar an gcás reatha eacnamaíoch agus ar shrianta buiséadta, ní dócha go gcomhlíonfar mórán den éileamh seo trí thithe a cheannach nó a thógáil. Sa mhullach air sin, amhail a dtugtar breac-chuntas thuas air, d'fhógair an Rialtas, sa Ráiteas ar Bheartas Tithíochta i Meitheamh 2011, go bhfuil sé ar intinn acu deireadh a chur le tithíocht inacmhainne a sholáthar. Is dóchúil, ar an ábhar sin, go mbeidh tromlach na tacaíochta tithíochta a sholáthraíonn an tÚdarás Áitiúil i bhfoirm forlíonadh cíosa, Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS) agus socruithe léasaithe. I gcomhréir le beartas an Rialtais, díreoidh an Chomhairle a gcuid iarrachtaí orthu siúd is mó a dteastaíonn tithíocht uathu agus iad siúd ag a bhfuil saghsanna sonracha de riachtanais.

Ina theannta sin, shainaithin an Straitéis Tithíochta go mbeidh gá ann do mheascán níos mó de shaghsanna aonaid mar gheall ar mhéaduithe ar an líon daoine singil óna dteastaíonn cóiríocht.

4.2.3 Tithíocht do Dhaoine ag a bhfuil Riachtanais Shonracha

Déileáiltear le sonraí chur chuige na Comhairle chun cóiríocht a sholáthar do dhaoine ag a bhfuil riachtanais shonracha sa Straitéis Tithíochta a chuimsítear in Imleabhar 6. Tá riachtanais shonracha dearaidh ann chomh maith, nach mór machnamh a dhéanamh orthu. Ba cheart go dtreoródh prionsabal an Dearaidh Uirbigh dearadh ardchaighdeán – timpeallacht a dhearadh ar féidir le gach duine í a rochtain, a thuiscint agus a úsáid an méid is mó is féidir, gan aird ar a n-aois, méid nó cumas. Ina theannta sin, déileáiltear le riachtanais daoine ag a bhfuil riachtanais shonracha i gCaibidil 16.

Daoine Breacaosta

Tá sé mar chuspóir den Chomhairle a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais tithíochta daoine breacaosta ar bhealach a oireann dá riachtanais shonracha fhisiciúla agus shóisialta. Cé gur le formhór na ndaoine a dteach féin, teastóidh saghsanna éagsúla cóiríochta uathu de réir mar a thagann athrú ar a riachtanais fhisiciúla agus chúraim, ar nós aonaid níos lú nó oiriúnaithe, scáthchóiríocht, tithe altranais agus ospidéal. Soláthróidh líon comhlachtaí an chóiríocht seo, lena n-áirítear leas príobháideach tráchtála nó FSS. Is gá

athruithe a dhéanamh ar mhaoín reatha, chomh maith, agus ar mhaoín nua a sholáthar do dhaoine breacaosta nach n-oireann a gcóiríocht dá riachtanais a thuilleadh. Cuireann an chóiríocht siúd ar chumas daoine fanacht ina dtithe agus cónaí go neamhspleách. Tá ról tábhachtach ag an gComhairle chun na hathruithe siúd nó chun cóiríocht nua a sholáthar.

An Lucht Siúil

Tugadh faoi mheasúnú sonracha ar an ngá a bhí le cóiríocht don lucht siúil faoin gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2007-2013. Shainaithin seo an gá le thart ar 140 aonad a sholáthar nó chun cabhrú leis an soláthar sin ar fud réimse iomlán de shaghsanna cóiríochta thar thréimhse an phlean. Leanfaidh an Chomhairle le dul i ngleic le cóiríocht a sholáthar a oireann do riachtanais ar leith an lucht siúil tríd an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil a chur i bhfeidhm.

Daoine gan Dídean

Cuimsítear i bPlean Gníomhaíochta Easpa Dídine an Oirdheiscirt 2010-2013 na haidhmeanna straitéiseacha chun dul i ngleic le heaspa dídine i Loch Garman. Leagann an Straitéis béim ar thábhacht bheart coisctheach chun déileáil le heaspa dídine. Leanfaidh an Chomhairle, i gcuideachta Fhoireann Ghníomhaíochta Easpa Dídine Loch Garman (a áiríonn daoine ó FSS agus ón earnáil Dheonach) ag oibriú chun easpa dídine a chosc agus chun seirbhísí agus cóiríocht a sholáthar do dhaoine gan dídean.

4.2.4 Dlús Cónaithe

Mar gheall ar úsáid inbhuanaithe talún agus acmhainní seirbhísithe, is oiriúnach dlúsanna níos airde cónaithe a cheadú ag na láithreacha oiriúnacha. Áirítear leis na láithreacha siúd láir bhaile, agus láithreáin athfhorbraíochta atá i ngar do nóid agus do chonairí iompair phoiblí. Uasmhéadaíonn dlúsanna níos airde sna láithreacha seo na deiseanna do dhaoine chun fáil a bheith acu ar mhodhanna inbhuanaithe d'iompar agus de rochtain gan stró ar sheirbhísí. Cinntíonn forbairtí a thógtar ar dlús níos airde go mbaintear úsáid as talamh chriosaithe agus sheirbhísithe ar bhealach éifeachtúil agus go n-íoslaghdaítear síneadh neamhriachtanach an bhonneagair phoiblí, ar nós uisce, séarach, cosán agus soilsiú. Aithníonn an Chomhairle, áfach, go bhfuil

ról tábhachtach ann d'fhorbairt dlúis níos ísle i mbailte agus i sráidbhailte áirithe chun freastal ar na saghsanna éagsúla teaghlaigh agus chun rogha eile a sholáthar ar thithe singil i gceantair thuaithe. Anuas air sin, ní oirfeadh dlúsanna níos airde do leagan amach nádúrtha cuid dár láithreacha fo-uirbeacha nó do leagan amach na mbailte agus na sráidbhailte beaga.

4.2.5 Dearadh agus Leagan Amach Ardchaighdeán

Baineann ríthábhacht le cáilíocht an dearaidh agus le leagan amach forbairtí tithíochta lena chinntiú go gcuireann forbairtí nua tithíochta leis na pobail ina lonnaítear iad agus go soláthraíonn siad timpeallacht ardchaighdeán chónaithe dóibh siúd a chónóidh iontu. Anuas air sin, ba cheart go gcuirfidh forbairt nua tithíochta an gá san áireamh chun fóntais na limistéar reatha cónaithe a chosaint. Ba cheart forbairtí tithíochta a lonnú agus a leagan amach ar an mbealach sin a chinnteoidh go gcomhcheanglaítear iad gan stró isteach i gcreatlach agus i struchtúr reatha na lonnaíochta agus go gcosnaítear sócmhainní nádúrtha.

Cuimsítear breis teorach ar dhearadh i gCaibidil 17 agus sna Caighdeán Bhainistíochta Forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18. Réitíodh an treoir agus na cuspóirí seo a chuimsítear thíos agus aird ar Threoirlínte a leanas den Rialtas:

- Forbairt Cónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha – Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla (DEHLG, 2008) agus an Lámhleabhar um Dhea-Chleachtas Dearaidh Uirbigh (Comhcháipéis leis na Treoirlínte um Fhorbairt Inbhuanaithe Cónaithe i gCeantair Uirbeacha) (2009)
- Caighdeán Inbhuanaithe Dearaidh Tithíochta Uirbí d'Árasáin Nua, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DEHLG, 2007)
- Chuir Beartais Ailtireachta an Rialtais 2009-2015 (DEHLG, 2009) faisnéis ar fáil do chuspóirí na Comhairle thíos, don treoir dearaidh a chuimsítear i gCaibidil 17 agus do na caighdeán bhainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

4.2.6 Eastáit Neamhchríochnaithe

Shocraigh Comhairle Contae Loch Garman foireann thiomanta chun díriú ar eastáit neamhchríochnaithe atá ina limistéar feidhme a réiteach. Úsáidfí an Chomhairle réimse cumhachtaí atá ar fáil dóibh faoi rialáil tógála, struchtúir bhaolacha, pleanáil agus reachtaíocht eile ar bhealach comhtháite agus oibreoidh siad go réamhghníomhach le forbróirí, institiúidí airgeadais agus le pobail áitiúla chun réiteach sásúil a bhaint amach d'fhorbairtí neamhchríochnaithe tithíochta. Déanfaidh an Chomhairle measúnú agus monatóireacht ar fhorbairtí neamhchríochnaithe agus beidh príomhról acu i gcomhordú Pleananna Réitigh Shuímh le páirtithe leasmhara eile. Beidh aird ag an gComhairle ar Fhorbairtí Neamhchríochnaithe Tithíochta a Bhainistiú agus a Réiteach – Lámhleabhar Treorach (an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2011) agus ar Ailt 7.1 agus 7.2 go háirithe.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir HP01

Dearadh Uilíoch agus Tithíocht Saoil a chur chun cinn i gcomhréir le dea-chleachtas agus leis na beartais agus na prionsabail a chuimsítear i bhFoirgnimh do Chách: Cur Chuige Uilíoch Dearaidh (an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, 2012) agus Forbairtí Inbhuanaithe Cónaithe i gCeantair Uirbeacha: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus an chomhcháipéis Lámhleabhar Dearaidh Uirbigh (DEHLG, 2008). Is éard atá i ndearadh uilíoch ná comhshaoil a dhearadh ar féidir le cách é a rochtain, a thuiscint agus a úsáid an méid is mó is féidir, gan aird ar a n-aois, méid nó ar a gcumas.

Cuspóir HP02

A chinntiú go léiríonn gach forbairt nua tithíochta 'Comharsanachtaí Inbhuanaithe' a chuireann san áireamh riachtanais fhisiciúla nó chultúrtha iad siúd san áireamh a úsáideann iad agus a fhreagraíonn dóibh siúd a úsáideann iad, go bhfuil siad lonnaithe i gcomhréir leis na seirbhísí sóisialta, pobail, tráchtála agus riaracháin a dhéanann iad a choimeád agus go bhfuil siad comhtháite leis an bpobal ina mbeidh siad lonnaithe.

Cuspóir HP03

A chinntiú go gcuireann forbairtí nua tithíochta le bonneagar sóisialta nó caitheamh aimsire an phobail ina mbeidh siad lonnaithe cibé acu trí fhóntais a sholáthar nó trí ranníocaíocht airgeadais.

Cuspóir HP04

A chinntiú go n-íoslaghdaíonn forbairt nua tithíochta an úsáid a bhaintear as acmhainní agus go n-imríonn sí tionchar ar shócmhainní nádúrtha. Ba cheart do láithreacha a roghnaítear le haghaidh forbairtí cónaithe an cumas a uasmhéadú chun úsáid a bhaint as modhanna inbhuanaithe d'iompar, ar nós siúil, rothaíochta agus úsáid a bhaint as iompar poiblí chun an brath ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Ba cheart go n-íoslaghdódh dearadh na n-áitreabh aonair agus na seirbhísí gaolmhara an úsáid a bhaintear as fuinneamh nádúrtha agus as uisce.

Cuspóir HP05

A chinntiú go mbíonn aon phlean/tionscadal agus aon oibreacha gaolmhara do sholáthar forbairt cónaithe a theastaíonn chun freastal ar chuspóirí na míre seo nó na Straitéise Tithíochta a chuimsítear in Imleabhar 6, ar bhonn aonair nó i gcomhthráth le pleananna nó tionscadail eile, faoi réir na Tástála Oiriúnaí Measúnachta lena chinntiú nach ann d'aon tionchar dóchúil suntasach ar shláine shuíomh(anna) Natura 6 agus go gcomhlíontar go hiomlán ceanglais Airteagal 2000 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE go hiomlán. Sa chás gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bplean/tionscadal ar shuíomh Natura 2000, beidh sé faoi réir Measúnacht Oiriúnach. Ní leanfar ar aghaidh leis an bplean/tionscadal ach amháin tar éis gur deimhníodh nach n-imreoidh sé drochthionchar ar shláine an tsuímh nó nuair nach ann d'aon réitigh eile, meastar go bhfuil an plean/tionscadal riachtanach ar chúiseanna uileghabhálacha leasa phoiblí, agus iad go léir i gcomhréir le forálacha alt 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE.

Cuspóir HP06

A chinntiú go soláthraíonn gach forbairt nua tithíochta timpeallacht ardchaighdeáin chónaithe ina bhfuil foirgnimh mhealltacha agus éifeachtúla

atá lonnaithe i bhfearann ardchaighdeáin phoiblí agus ina bhfuil spásanna oscailte dea-dheartha agus dea-lonnaithe i measc na seirbhísí.

Cuspóir HP07

A cheangal ar gach forbairt sa bhreis ar 10 dteach go ngabhann Ráiteas ar Dhearadh Uirbeach léi, ina léirítear conas a cuireadh san áireamh na saincheistanna a shonraítear i gCaibidil 17 i ndearadh na forbartha.

Cuspóir HP08

A chinntiú go bhfuil dlús na bhforbairtí cónaithe i gcomhréir le láthair na forbartha a bheartaítear agus a chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtúil as talamh. Agus cinneadh á dhéanamh ar an dlús oiriúnach do láthair ar leith, beidh aird ag an gComhairle ar phatrún agus dlús reatha na lonnaíochta, cóngarachta an tsuímh leis an mbaile nó le lár an tsráidbhaile nó leis na noid iompair phoiblí, an fháil atá ar sheirbhísí reatha, Forbairt Inbhuanaithe Cónaithe i gCeantair Uirbeacha agus an Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach – Treoir um Dhea-Chleachtas (DEHLG, 2009) lena ngabhann agus faoi réir comhlíonta leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus na gcaighdeáin bainistíochta forbartha i gCaibidil 18.

Cuspóir HP09

Cuspóirí na Straitéise Tithíochta a chur i bhfeidhm a chuimsítear in Imleabhar 6 i gcomhréir le ceanglais an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus an Achta Tithíochta (Ilghnéitheach), 2009 agus aird ar na leasuithe a rinneadh ar bheartas an Rialtais a shonraítear sa Ráiteas ar Bheartas Tithíochta a eisíodh i Meitheamh 2011.

Cuspóir HP10

A cheangal go gcoimeádtar 20% den talamh uile a chriosaítear le haghaidh úsáid cónaithe, nó do mheascán d'úsáidí cónaithe agus eile, chun críocha Chuid V den Acht, Ailt 94(4)(a)(i) and 4(a)(ii) seachas na heisceachtaí dá bhforáiltear i Mír 4 den Straitéis Tithíochta a chuimsítear in Imleabhar 6 agus san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

Cuspóir HP11

Athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Tithíochta a chuimsítear in Imleabhar 6, nuair a dhéanfar Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) chun na comhthéacsanna nua eacnamaíocha agus beartais a chur san áireamh.

Cuspóir HP12

A chinntiú go gcriosaítear talamh leordhóthanach agus chuí chun freastal ar an ngá tithíochta amach anseo a sainiú sa Straitéis Tithíochta agus sa Chroístraitéis.

Cuspóir HP13

Tabhairt faoi gach teaghlach a éascú chun rochtain a fháil ar thithíocht ardchaighdeán a oireann dá gcúinsí tithíochta agus atá lonnaithe ina rogha pobail ar leith. Tabharfaidh an Chomhairle tús áite d'fhreastal ar na riachtanais is géire – iad siúd nach féidir leo a gcóiríocht féin a sholáthar óna n-acmhainní féin.

Cuspóir HP14

A chinntiú go bhfuil fáil ar thithíocht ag daoine de shaghsanna éagsúla ioncaim. Bainfear seo amach tríd an gcóras tacaíochta tithíochta agus tríd an gcóras pleanála a chinnteoidh go soláthrófar meascán oiriúnach d'aonaid sna láithreacha cuí.

Cuspóir HP15

A cheangal ar gach iarratas ar fhorbairt cónaithe 10 dteach nó níos mó meascán de shaghsanna tí a bheith ann. Oirfidh an meascán saghsanna tí do na riachtanais a sainiú sa áit a mbeidh an scéim lonnaithe. Ní bheidh seo i gceist nuair is féidir a léiriú go dteastaíonn saghas ar leith d'aonad agus go gcomhlíonann an forbairt bheartaithe an riachtanas seo.

Cuspóir HP16

A chinntiú go ngníomhaíonn rogha tailte, nó aonaid tithíochta na Comhairle atá le ceannach nó le ligean ar cíós, i leith idirdheighilt mhíchuí i measc daoine de chúlraí éagsúla sóisialta.

Cuspóir HP17

A chinntiú go dtugtar cóiríocht dóibh siúd ag a bhfuil riachtanais shonracha tithíochta, ar nós seandaoine, daoine atá faoi mhíchumas, daoine gan dídean agus an Lucht Siúil ar bhealach a oireann dá riachtanais shonracha.

Cuspóir HP18

Oibriú le grúpaí eile reachtúla, deonacha, ionadaíocha agus leasa chun ceanglais iad siúd a shainaithint ag a bhfuil riachtanais speisialta tithíochta mar aon leis an mbeartas agus na freagairtí cuí straitéiseacha.

Cuspóir HP19

Aird a bheith ar an Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas 2011-2016 agus, sa mhéid is féidir, agus aird ar shrianta buiséadta, chun aidhmeanna straitéiseacha na straitéise seo a chur i bhfeidhm.

Cuspóir HP20

A chinntiú go n-oireann ar laghad 20% de na háiteanna cónaithe i ngach eastát nua tithíochta ina bhfuil cúig áit chónaithe nó níos mó nó go bhfuil siad in-oiriúnaithe chun cóiríocht a sholáthar do dhaoine atá faoi mhíchumas. Ceanglófar ar fhorbróirí chun bealach inrochtana chuig na haonaid chónaithe a léiriú ó theorainn na maoin. Ní mór machnamh a dhéanamh ar chóngarachta agus ar rochtain ar sheirbhísí áitiúla i dtaca leis na haonaid atá inrochtana.

Cuspóir HP21

A cheangal go dtugtar faoi Ráiteas Rochtana i gcás forbairtí suntasacha i gcomhréir le hAguisín 6 d'Fhoirgnimh do Chách: Cur Chuige Uilíoch Dearaidh (an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, 2012).

Cuspóir HP22

An Clár don Lucht Siúil 2007-2013 agus aon straitéis lenar glacadh dá éis sin, a chur i bhfeidhm, sa mhéid is féidir agus aird ar shrianta buiséadta.

Cuspóir HP23

Na gníomhartha a chuimsítear i bPlean Gníomhaíochta Easpa Dídine an Oirdheiscirt 2010-2013, agus in aon phlean lenar glacadh dá éis sin, a chur i bhfeidhm, sa mhéid is féidir agus aird ar shrianta buiséadta.

Cuspóir HP24

Dea-chleachtas agus nuálaíocht a chur chun cinn agus aird ar bhainistíocht agus ar chothabháil leanúnach stoc tithíochta na Comhairle agus an fearann gaolmhar poiblí.

Cuspóir HP25

Aird a bheith ar Fhorbairtí Neamhchríochnaithe Tithíochta a Bhainistiú agus a Réiteach – Lámhleabhar Treorach (an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2011) nuair a bhíonn pleananna forbartha baile agus pleananna ceantair áitiúil á réiteach agus nuair a bhíonn iarratais phleanála á measúnú a dhéileálann le forbairtí neamhchríochnaithe tithíochta.

Cuspóir HP26

Aird a bheith ar nádúr agus candam forbairtí neamhchríochnaithe tithíochta nuair a bhíonn Croístraitéisí le haghaidh pleananna forbartha baile agus tailte á gcriosú le haghaidh forbairtí cónaithe i bpleananna ceantair áitiúil.

Cuspóir HP27

Cur chuige solúbtha a ghlacadh i leith iarratais phleanála chun saincheistanna a réiteach a bhaineann le heastáit neamhchríochnaithe, sa chás go n-eascródh sochar suntasach comhshaoil nó pobail as seo. D'fhéadfaí a áireamh leis an tsolúbthacht sin athchumraíocht eastát maidir le spás oscailte, bóithre agus ceanglas imshruthaithe.

4.3 Tithíocht Inbhuanaithe Tuaithe

Glactar leis go n-áirítear le tithíocht tuaithe sa mhír seo den Phlean an tithíocht go léir sin lasmuigh de na lonnaíochtaí a liostaítear san Ordlatas Lonnaíochta i gCaibidil 3, dá dtagraítear as seo amach mar thithíocht faoin tuath.

Tá an mhír seo foroinnte mar seo a leanas:

- Sonraítear i Mír 4.3.1 réamhrá le tithíocht tuaithe.
- Sonraítear i Mír 4.3.2 sonraí ar an gcomhthéacs reachtaíochta agus beartais.
- Sonraítear i Mír 4.3.3 Straitéis Tithíochta Inbhuanaithe Tuaithe na Comhairle. Sonraítear an mhodheolaíocht chun ceantair thuaithe a shainaithint, déantar cur síos ar na limistéir éagsúla nádúr atá suite i Loch Garman agus sonraítear na freagairtí sonracha beartais.
- Sonraítear i Mír 4.3.4 Straitéis Tithíochta Inbhuanaithe Tuaithe na Comhairle.

4.3.1 Réamhrá

Tá daonra tuathbhunaithe, den chuid is mó, mar shaintréithe de dhaonra na hÉireann agus Loch Garman, ach go háirithe. In 2011, chónaigh 61.7 faoin gcéad den daonra i gceantair uirbeacha i gcomparáid le 38 faoin gcéad ar leibhéal náisiúnta. Roimhe seo, bhain seo lenár modhanna táirgthe agus struchtúir eacnamaíocha, is é sin, méid ár n-aschuir eacnamaíoch agus na fostaíochta sa talmhaíocht. Le blianta beaga anuas, áfach, bhain seo go minic le daoine a roghnaigh slí mhaireachtála tuaithe dóibh féin.

Tá sna ceantair thuaithe den chontae líonra tréan de shráidbhailte agus de bhailte beoga. Tá a bhféiniúlacht féin fhisiciúil agus chultúrtha ag na ceantair seo agus áiteanna mealltacha iad le cónaí iontu. Sa mhullach air sin, soláthraíonn siad seirbhísí tábhachtacha dóibh siúd a chónaíonn sna lonnaíochtaí agus ina ndobharcheantar tuaithe.

Ina theannta sin, coimeádann an contae daonra folláin a chónaíonn faoin tuath fhairsing. Tá tithe aonair faoin tuath fhairsing, dá dtagraítear mar thithe aonuaire tuaithe as seo amach, ina n-áiteanna mealltacha le cónaí iontu mar gheall go mbíonn gairdíní móra acu, go soláthraíonn siad príobháideachas agus rochtain ar an tuath, fónais nádúrtha agus bithéagsúlacht. Is mó an costas atá ar bhonneagar agus seirbhísí a sholáthar i gceantair thuaithe, áfach, ná na costais a bhíonn ar an gcéanna a sholáthar i gceantair uirbeacha. Anuas air sin, níl sé chomh hinbhuanaithe céanna i dtaobh na bpatrún iompair a chruthaíonn sé, a úsáideann breoslaí iontaise den chuid is mó agus d'fhéadfadh seo tionchar diúltach a imirt ar oidhreacht nádúrtha an tírdhreacha chomh maith. Is tábhachtach dúinn ár n-oidhreacht nádúrtha agus ár dtírdhreach a chosaint mar gheall ar an luach intreach atá orthu, ar mhaithe leis an nglúin amach anseo agus mar gheall gurb astu a fhaighimid seirbhísí éiceachórais (aer agus uisce glan) agus buntáiste eacnamaíoch (ioncam turasóireachta).

Aithnítear lonnaíocht tuaithe mar phatrún traidisiúnta lonnaíochta atá anois mar chuid dár gcultúr agus dár n-oidhreacht agus leanfaidh an Chomhairle le tacú le lonnaíocht inbhuanaithe tuaithe i gcomhréir leis na beartais a chuimsítear sa Straitéis Spáis Náisiúnta (NSS) agus i dTithíocht Inbhuanaithe Tuaithe – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DEH LG, 2005), dá dtagraítear as seo amach na Treoirlínte maidir le Tithíocht Tuaithe.

Tá sé de chuspóir ag an Straitéis Tithíochta Inbhuanaithe Tuaithe a chuimsítear sa Phlean seo ceantair bheoga thuaithe a choimeád inar féidir le daoine cónaí agus oibriú iontu agus ar féidir leo na seirbhísí oiriúnacha a choimeád. Tá sé mar chuspóir ceantair thuaithe a chosaint ón tionchar mí-oiriúnach ar shócmhainní nádúrtha, cultúrtha nó eacnamaíocha agus chun patrúin inbhuanaithe lonnaíochta agus iompair a bhaint amach.

4.3.2 Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartais

An Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020 (NSS)

D'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil an NSS in 2002.

Soláthraítear ann an chreatlach pleanála spáis d'Éirinn don tréimhse 2002-

2020. Tá sé mar chuspóir ag an Straitéis forbairt chothromaithe réigiúnach a bhaint amach a chiallaíonn, faoi mar a luaitear, 'lánchumas gach ceantair a fhorbairt chun cur le feidhmíocht uasta an Stáit ina iomláine – i dtaobh cúrsaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil de'. Leagtar amach sa Straitéis i dtéarmaí leathana conas a thacóidh ceantair thuaithe le forbairt níos cothroime réigiúnach agus conas a cuirfidh siad le forbairt níos cothroime réigiúnach a bhaint amach. Aithnítear go raibh traidisiún tréan ann inar chónaigh daoine i gceantair thuaithe in Éirinn agus, d'fhonn forbairt níos cothroime réigiúnach a bhaint amach, tacaíonn sé le lonnaíocht inbhuanaithe tuaithe.

Go hachomair, tá ceithre chuspóir leathana ann maidir leis an gcreatlach inbhuanaithe beartais tuaithe:

- Pobail bhunaithe tuaithe agus an stoc reatha infheistíochta a choimeád agus a athnuachan ar bhealach a fhreagraíonn do na hathruithe éagsúla, struchtúrtha agus eacnamaíocha atá ag titim amach, agus na sócmhainní tábhachtacha atá i gceantair thuaithe a chosaint i gcomhthráth.
- Chun struchtúr bunaithe na sráidbhailte agus lonnaíochtaí beaga a threisiú d'fhonn cabhrú le geilleagair áitiúla agus chun freastal ar dhaonra breise ar bhealach a thacaíonn le hinmharthanacht iompair phoiblí agus an bhonneagair áitiúil agus le seirbhísí ar nós scoileanna agus seirbhísí uisce.
- A chinntiú go gcosnaítear na príomhshócmhainní i gceantair thuaithe, ar nós cáilíocht uisce, oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha agus cáilíocht an tírdhreacha chun tacú le cáilíocht beatha agus le beogacht eacnamaíoch.
- A chinntiú go gcuireann beartais lonnaíochta tuaithe cúinsí áitiúla san áireamh agus go n-oireann sé dóibh.

Luaitear, laistigh de na cuspóirí foriomlána den chreat beartais seo, is gá do bheartais níos sonraí lonnaíochta tuaithe i dtreoirínte pleanála réigiúnaí,

pleananna forbartha contae agus i bpleananna áitiúla an méid a leanas a chur i gcuntas:

- **‘Nádúr sonrach na n-éileamh tithíochta tuaithe’** sa cheantar atá i gceist
- **‘Nádúir an cheantair thuaithe’** agus an gheilleagair atá i gceist, a bheidh éagsúil idir ceantair agus réigiúin.

Maidir le ceist **‘nádúr an éilimh thithíochta tuaithe’**, luaitear sa NSS gur gnách, i dtaobh beartais de, idirdhealú a dhéanamh idir an méid a leanas:

- Tithíocht a theastaíonn i gceantair thuaithe laistigh den phobal bunaithe tuaithe ó dhaoine a oibríonn i gceantair thuaithe nó i gceantair uirbeacha atá cóngarach (tithíocht thuathghinte)
- Tithíocht i láithreacha tuaithe a lorgaíonn daoine a chónaíonn agus a oibríonn i gceantair uirbeacha, an dara teach san áireamh (tithíocht uirbeachghinte)

Luaitear nach mór do bheartais phlean forbartha a shaindearadh chun dul i ngleic leis na saincheisteanna éagsúla forbartha i dtaca leis an dá chatagóir seo d'éileamh tithíochta. Sonraítear go dteastaíonn freagairtí éagsúla beartais, ag brath ar ‘nádúr an cheantair thuaithe’ atá i gceist. Sainaithnítear ceithre shaghas leathana de cheantar:

- Ceantair thuaithe faoi thionchar tréan uirbeach
- Ceantair faoina bhfuil bonn tréan talmhaíochta go traidisiúnta
- Ceantair atá lag i dtaobh struchtúir de
- Ceantair ina bhfuil patrúin shainiúla lonnaíochta

Tithíocht Inbhuanaithe Tuaithe – Treoirlínte d’Údaráis Phleanála

Réitigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (DEHLG) Tithíochta Inbhuanaithe Tuaithe - Treoirlínte d’Údaráis Phleanála (TTT) in 2005. Athdhearbhaíonn siad an creat beartais ar ar tugadh breac-chuntas sa NSS agus cuireann siad leis an gcreat beartais sin. Forálann na treoirlínte gur cheart go dtabharfadh beartais Údaráis Áitiúil faoin méid a leanas a dhéanamh:

- A chinntiú go sainaithnítear riachtanais phobail tuaithe sa phróiseas plean forbartha agus go gcuirtear beartais i bhfeidhm lena chinntiú go bhfreastalaítear ar shaghas agus ar scála na forbartha cónaithe agus eile i gceantair thuaithe, ag na láithreacha oiriúnacha, a theastaíonn chun pobail tuaithe a choimeád.
- Bainistíocht a dhéanamh ar bhrú ó fhorbairt sceite ó cheantair uirbeacha sna ceantair thuaithe is gaire do na príomhchathracha agus na príomhbhailte, ar nós na dtairseach, na mol, agus na mbailte móra eile.

Luaitear sna treoirlínte gur tasc tábhachtach maidir le dul i ngleic leis na haidhmeanna seo scála agus leithdháileadh riachtanais tithíochta pobail tuaithe amach anseo a shainaithint agus chun beartais a leagan amach sa phlean forbartha. Forálann na treoirlínte gur cheart go mbeadh sé ina chuspóir ag údaráis phleanála, ar an ábhar sin, tacú leis na cuspóirí uileghabhálacha beartais a leanas ina mbeartais, cleachtais agus gníomhartha:

- An tábhacht a bhaineann leis an bhforbairt a theastaíonn a spreagadh chun pobail bhunaithe tuaithe a choimeád agus a athnuachan i mbailte agus i sráidbhailte beaga agus i gceantair thuaithe níos leithne araon.
- An gá lena chinntiú go dtreoraíonn an córas pleanála forbairt cónaithe agus eile chuig na láithreacha cearta i gceantair thuaithe d'fhonn na sócmhainní nádúrtha agus iad siúd a rinne daoine sna ceantair siúd a chosaint.
- An gá le hanailís a dhéanamh ar na saghsanna éagsúla de chúinsí eacnamaíocha, sóisialta agus fisiciúla de cheantair thuaithe agus chun beartais phleanála a shaindearadh chun freagairt ar na cúinsí éagsúla áitiúla seo.

Agus mionléiriú á dhéanamh ar an NSS, a luaigh gur gnách i dtaobh téarmaí beartais, chun idirdhealú a dhéanamh idir ‘tithíocht uirbeachghinte’ agus ‘tithíocht thuathghinte’, sonraíonn na treoirlínte samplaí de na saghsanna daoine a bhféadfaí breithniú a dhéanamh orthu lena gcur san áireamh faoin

sainmhíniú atá ar ‘thithíocht thuathghinte’. Anuas air sin, soláthraíonn na treoirlínte sonraí ar shaintréithe tipiciúla na Saghsanna éagsúla de Cheantar Tuaithe mar aon le sonraí faoi bheartais agus cuspóirí eile ar cheart a chur san áireamh sa Phlean. Ina measc seo, tá breithniú a dhéanamh ar an méid a leanas:

- Caomhnú nádúr tábhachtach an tírdhreacha agus na hoidhreachta nádúrtha agus cultúrtha go ginearálta
- Príomhshócmhainní nádúrtha a chosaint, ar nós acmhainní uisce dromchla agus screamhuisce agus cúltaisce comhiomlán nó mianraí
- Forbairt éifeachtúil leanúnach agus shábháilte príomhbhealaí iompair, ar nós bóithre, go háirithe na Príomhbhóithre Náisiúnta agus na Bóithre Náisiúnta den Dara Grád, agus an líonra iarnróid
- Breithniúcháin atá sonrach i dtaobh suímh de, ar nós sábháilteacht tráchta, diúscairt fuíolluisce, dearadh agus suíomh agus tionchar ar an oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha

Na treochtaí a aithint le haghaidh tithe saoire i roinnt codanna cósta, ardscéimhe agus cois locha den tír. Leagann na treoirlínte béim ar an tábhacht a bhaineann le forbairt tithe saoire atá den scála cuí a bhraisliú i mbailte nó sráidbhailte beaga nó in aice bailte nó sráidbhailte beaga agus an tábhacht a bhaineann le glacadh le cur chuige atá faoi stiúir plean i leith tithe saoire go ginearálta. Molann na treoirlínte seo líon freagairtí beartais ar na catagóirí éagsúla d’fhorbairtí tithe saoire.

Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála don Réigiún Thoir Theas 2010-2022

Aithníonn na Treoirlínte seo go bhfuil comhréir ard de dhaonra an réigiúin ina gcónaí i gceantair thuaithe agus lorgaíonn siad chun forbairt chothrom réigiúnach a bhaint amach chun tacú le lonnaíocht inbhuanaithe tuaithe. Cruthaíonn cúinsí athraitheacha eacnamaíocha dúshlán d’údaráis áitiúla chun bealaí a fhorbairt chun daonraí tuaithe a choimeád i gcodanna níos iargúlta an réigiúin agus tithíocht uirbeachghinte a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe sna ceantair níos inrochtana agus níos rathúla.

Luaitear sna treoirlínte nach mór beartais phlean forbartha a shaindearadh chun dul i ngleic leis na saincheisteanna éagsúla forbartha a eascraíonn i dtaca le tithíocht tuaithe agus gur cheart dóibh cloí leis na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála ar Thithíocht Inbhuanaithe Tuaithe de chuid an DEHLG (Aibreán 2005).

An Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (2001/42/CE) agus an Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE)

Anuas air sin, tá ar an gComhairle breithniú a dhéanamh ar thionchar beartais phlean forbartha ar leibhéal straitéiseach, lena n-áirítear tithíocht tuaithe, faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus faoin Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA). Faoin Treoir maidir le Gnáthóga, tá dualgas ar an Údarás scagthástáil a dhéanamh ar aon phlean nó tionscadal (lena n-áirítear iarratais nua phleanála) féachaint cibé acu ar dócha nó nach dócha go mbeadh tionchar suntasach acu ar Shuíomhanna Natura 2000. Líonra suíomhanna atá i Suíomhanna Natura 2000 a ainmníodh faoin Treoir maidir le Gnáthóga a bhfuil a ngnáthóga nó a luach speiceas le cosaint. Agus an Straitéis Tithíochta Tuaithe á cur i dtoll a chéile, ní mór don Chomhairle breithniú a dhéanamh ar thionchar carnach na tithíochta tuaithe ar shuíomhanna Natura 2000. Ar an gcuma chéanna, ní mór don Treoir SEA measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag beartais tithíochta tuaithe ar an gcomhshaoil. Ina leith seo, ní mór don Chomhairle aird a bheith ar an gcaoi go bhfuil cumas teoranta iompair ag codanna áirithe de thírdhreach agus de chomhshaoil an Chontae.

Ní mór go nglacfar cur chuige réamhchúramach mar gheall gur gá a chinntiú nach mbeidh drochthionchar ag an bhforbairt ar shláine an tsuímh. Ní mór don Chomhairle a chinntiú nach mbíonn tionchar ag an Straitéis Tithíochta Tuaithe ar na ceantair seo. Cinnteoidh an Plean seo go bhfuil na ceantair seo faoi chosaint trína chinntiú go bhfuil aon fhorbairtí a cheadaítear go hiomlán comhlíontach le hAirteagail 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga.

4.3.3 Straitéis Tithíochta Inbhuanaithe Tuaithe

Tá sé de chuspóir ag an Straitéis cothromaíocht a bhaint amach idir an sprioc chun cóiríocht a sholáthar do dhaoine ar mian leo cónaí faoin tuath i leith na riachtanas chun an comhshaol agus na sócmhainní eacnamaíochta a chosaint as a mbainfidh an ghlúin seo agus glúin amach anseo úsáid.

Bainfear seo amach tríd an méid a leanas:

- Cuspóirí na Straitéise Lonnaíochta a chur i bhfeidhm, go háirithe iad siúd a bhaineann le lonnaíochtaí tuaithe agus le tithíocht faoin tuath.
- ‘Saghsanna de cheantar tuaithe’ agus anailís ar ‘nádúr an éilimh’ a shainaithint le haghaidh tithíocht tuaithe sa chontae i gcomhréir leis an NSS agus leis na Treoirlínte maidir le Tithíocht Tuaithe agus aird ar an Treoir maidir le Gnáthóga agus Treoir an SEA.
- Cuspóirí a chur i dtoll a chéile a chinnteoidh go ndéantar bainistíocht ar thithíocht tuaithe ar bhealach a oireann do shaghas an cheantair thuaithe.

4.3.3.1 Saghsanna de Cheantar Tuaithe a Shainaithint

I gcomhréir le moltaí an TTT, rinneadh ceantair thuaithe an Chontae a shainiú mar ‘Ceantair faoi Thionchar Tréan Uirbeach’, ‘Ceantair Thuaithe Níos Treise’ agus ‘Ceantair atá Lag i dtaobh Struchtúir de’. Cuireadh líon limistéir bhreise bheartais, is é sin, ‘Tírdhreacha Níos Íogaire’ agus ‘Limistéir Bheartais Chósta’ leo siúd thuas, bunaithe ar an measúnú ar thionchar féideartha ar an íogaireacht agus na brúnna sonracha sna ceantair seo. Sainaithnítear na limistéir a shainaithnítear amhail ‘Ceantair faoi Thionchar Tréan Uirbeach’, ‘Ceantair Thuaithe Níos Treise’ agus ‘Ceantair atá Lag i dtaobh Struchtúir de’ ar Léarscáil Uimh. 6. Sainaithnítear na limistéir a shainaithnítear amhail ‘Tírdhreacha Níos Íogaire agus ‘Limistéir Bheartais Chósta’ ar Léarscáil Uimh. 11 agus Léarscáil Uimh. 13, faoi seach (mar gheall go dtarchéimníonn a sainiú go leor de mhíreanna beartais an Phlean agus nach mbaineann siad le tithíocht tuaithe amháin).

Thug an tÚdarás Pleanála faoi anailís shonrach spáis chun nádúr na Saghsanna de Cheantar Tuaithe a dheimhniú. I measc na hanailíse seo bhí an méid a leanas:

- Dlús áiteanna cónaithe aonair a léarscáiliú ón Logeolaire ar leibhéal baile fearainn (dá dtagraítear amhail an Léarscáil Logeolaire). Léarscáilíodh na háiteanna cónaithe in aghaidh an chiliméadair chearnaigh agus baineadh sráidbhailte ó na bailte fearainn d'fhonn léiriú fíor a dhéanamh ar dhlús na tithíochta aonuaire sna ceantair.
- Dlús na n-iarraitas pleanála a deonaíodh d'áiteanna cónaithe nó do bhraislí áiteanna cónaithe a léarscáiliú idir 2005 agus 2012 ar leibhéal baile fearainn (dá dtagraítear an léarscáil na n-iarraitas Pleanála). Léarscáilíodh na hiarraitais in aghaidh an chiliméadair chearnaigh agus baineadh sráidbhailte ó na bailte fearainn.
- Céatadán an athraithe daonra a léarscáiliú idir 2006 agus 2011 de réir Toghroinne (dá dtagraítear mar léarscáil an Athraithe Daonra). Ba é seo an fhaisnéis ba chothroime le dáta a bhí ar fáil ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) ag an tráth faoinar tugadh an anailís agus níorbh fhéidir sráidbhailte a bhaint ó na sonraí seo.
- Scrúdú a dhéanamh ar phatrún, treise agus méid na mbailte agus na sráidbhailte beaga sa chontae.
- Anailís a dhéanamh ar phatrúin spáis tosca eacnamaíocha ar nós rannpháirtíocht an lucht saothair.

Nuair a rinneadh anailís ar na léarscáileanna seo, ba léir gur léirigh an Léarscáil Logeolaire an pictiúr ba chruinne de 'Nádúr na Saghsanna Tuaithe' faoi láthair. Úsáideadh na léarscáileanna a léirigh iarratais phleanála agus athrú daonra chun scrúdú a dhéanamh ar conas a bhí athrú ag teacht ar phatrúin agus limistéir. Léirigh na léarscáileanna go bhfuil tromlach an bhrú ar an leath thoir den chontae. Bhí roinnt patrún an-shoiléir, go háirithe na limistéir ardbhrú siúd a bhain le bailte Loch Garman, Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin agus Ghuaire, limistéir an chósta agus na Príomhbhóithre Náisiúnta, na Bóithre Náisiúnta den Dara Grád agus na Bóithre Réigiúnacha.

Léirigh léarscáil na nIarratas Pleanála na háiteanna a raibh brúnna reatha á leagan nó na háiteanna a raibh athrú ag teacht orthu nó na háiteanna a raibh patrúin ag teacht chun cinn. Ba léir go bhfuil roinnt patrún á n-atreisiú, go háirithe iad siúd i gcóngarachtaí Bhailte Loch Garman, Inis Córthaidh agus Ghuaire, oirthear an chontae, go ginearálta agus limistéir an chósta. Is iad seo na limistéir ina bhfuil ard-dlús tithe reatha mar aon leis na limistéir inar deonaíodh ard-dlús iarratais phleanála ó 2005 i leith. Anuas air sin, ba léir go raibh patrúin nua ag teacht chun cinn. Mar shampla, in iarthar Ghuaire, b'ann do dhlús níos ísle de thithíocht go traidisiúnta, i gcomparáid leis an oirthear. Thug scrúdú a rinneadh ar iarratais phleanála a deonaíodh ó 2005 i leith le fios go raibh an limistéar seo thíos le brú suntasach mar gheall ar fhorbairt.

Léirigh Léarscáil an Athraithe Daonra nár tháinig laghdú daonra ach ar naoi ED agus léirigh formhór na EDanna méadú daonra os cionn an mheáin náisiúnta. Is léir go bhfuil méaduithe suntasacha tagtha ar an daonra i limistéir nach raibh sainithe roimhe seo faoi Phleananna Forbartha Contae 2001 agus 2007, mar shampla, oirthear Inis Córthaidh. Léirigh an léarscáil, chomh maith, go bhfuil an dealramh air go raibh tionchar modhnóireachta ag beartais tithíochta tuaithe Phleananna Forbartha Contae 2001 agus 2007 ar luas na forbartha i limistéir a bhí thíos le brú. Scrúdaíodh struchtúr lonnaithe an chontae chomh maith lena dheimhniú treise na limistéar tuaithe. Bhí an dealramh air go bhfuil in iarthar an chontae struchtúr sráidbhaile i bhfad níos tearcfhorbartha, mar aon le níos lú sráidbhailte móra agus lárionaid ghaolmhara daonra, feidhmeanna agus seirbhísí eacnamaíocha.

Anuas air sin, thug an Chomhairle faoi scrúdú a dhéanamh ar phatrúin eacnamaíocha. Ina ainneoin sin, bhain na sonraí ba dhéanaí a bhí ar fáil do rannpháirtíocht an Lucht Saothair ar leibhéal áitiúil le 2006. Ina theannta sin, ní raibh patrúin shoiléire spáis ag an bhfaisnéis seo a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm don Straitéis Tithíochta Tuaithe nuair a scrúdaíodh í. Mar shampla, léirigh limistéir a thug ráta íseal rannpháirtíochta le fios i measc an lucht saothair dlús ard de thithe aonuaire ar an léarscáil Logeolaire, léarscáil na nIarratas Pleanála agus léarscáil dhlús an dhaonra. Rinneadh an cinneadh

gurbh é an táscaire b'áisiúla i leith treise eacnamaíoch limistéir líon agus treise na sráidbhailte agus na mbailte beaga sa limistéar sin.

D'eascair pictiúr soiléir a bhí mar thoradh ar na Saghsanna de Cheantar Tuaithe, faoi seach, as torthaí na comhanailíse. Léirítear seo ar Léarscáil Uimh. 6. Léarscáil ghinearálaithe atá ann, amhail a mholann an TTT, a thugann le fios go hachomair, láithreacha saghsanna difriúla de cheantair. Ag teorainneacha na limistéar seo, déanfar iarratais aonair a mheasúnú níos sonraí i leith a bhfiúntas.

4.3.3.2 Saghsanna de Cheantar Tuaithe i gContae Loch Garman Ceantair Thuaithe faoi Thionchar Tréan Uirbeach

Luaitear sna Treoirínte maidir le Tithíocht Tuaithe go léireoidh na limistéir seo saintréithe ar nós cóngarachta leis na garphurláin nó bheith i ngar do dhobharcheantar comaitéireachta cathracha agus bailte móra, daonra ar a bhfuil mearmhéadú ag teacht, fianaise i leith brú suntasach ar thithíocht a fhorbairt mar gheall ar bheith i ngar do na limistéir uirbeacha sin, nó do mhórchonairí iompair ag a bhfuil rochtain gan stró ar an limistéar uirbeach, agus brúnna ar bhonneagar ar nós an líonra bóithre áitiúil.

Agus na limistéir seo á sainaitheint, aithníonn an Chomhairle, gan idirghabháil chun luas na forbartha a rialú, go mbainfeadh cuid de na limistéir seo suíomh amach ina mbeadh cumas neamhdhóthanach comhshaoil ann chun freastal ar riachtanas 'tithíochta tuathghinte' amach anseo.

I gContae Loch Garman, cuimsíonn an limistéar a shainítear bheith 'Faoi Tionchar Tréan Uirbeach' limistéar fairsing ó Rinn Duáin anall chuig bord farraige an oirthir agus ó thuaidh chuig an teorainn thuaidh le Contae Chill Mhantáin. Baineann sé go dlúth le limistéir uirbeacha thart ar Bhaile Loch Garman, Ghuaire, Inis Córthaidh agus Ros Mhic Thriúin, na Príomhbhóithre Náisiúnta agus den Dara Grád agus an cósta.

Tá 'nádúr an éilimh' ar thithíocht sna limistéir seo trí huairé níos mó maidir leis an méid a leanas:

- Tithíocht thuathghinte

- Tithíocht uirbeachghinte a bhaineann leis na príomhlonnaíochtaí, na príomhbhóithre tráchta agus na contaetha máguaird i dtaobh cóngarachta de.
- Tithe saoire agus an dara teach cónaithe a fhorbairt

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir RH01

Forbairt tithe aonair a éascú faoin tuath fairsing i 'gCeantair faoi Thionchar Tréan Uirbeach' i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i dTábla Uimh. 12 faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán forbartha a leagtar amach i gCaibidil 18.

Cuspóir RH02

Tithe aonair a éascú, seachas iad sin dá dtagraítear i 'gCeantair atá faoi Thionchar Tréan Uirbeach' i dTábla Uimh. 12, sna lonnaíochtaí reatha, lena n-áirítear na lonnaíochtaí siúd a shainítear san ordlathas lonnaíochta amhail Sráidbhailte Tréana, Sráidbhailte Beaga agus Lonnaíochtaí Thuaithe, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán forbartha a leagtar amach i gCaibidil 18.

Ceantair Thréana Thuaithe

Luaitear sna Treoirínte maidir le Tithíocht Thuaithe go bhfuil na leibhéil daonra laistigh de na ceantair seo cobhsaí den chuid is mó laistigh de struchtúr dea-fhorbartha baile agus sráidbhaile agus sna ceantair thuaithe níos fairsinge mórthimpeall orthu. Tacaíonn bonn traidisiúnta tréan eacnamaíoch talmhaíochta leis an gcobhsaíocht seo agus tugtar faoi deara go mbíonn an leibhéal de ghníomhaíocht forbartha tithíochta aonair sách íseal go minic sna ceantair seo agus teoranta do cheantair áirithe. Measann an NSS go bhfreastalódh lonnaíochtaí níos lú ar dhaoine ar fearr leo slí mhaireachtála thuathbhunaithe agus oibriú i gceantair uirbeacha i ngar dóibh laistigh de na ceantair seo.

Déanann na Ceantair Thréana Thuaithe i gContae Loch Garman teorainn leis na ceantair 'Faoi Thionchar Tréan Uirbeach', go minic, ach tá ceantar suntasach ann in iardheisceart an chontae chomh maith. Tá 'nádúr an éilimh' sna Ceantair Thréana Thuaithe, go ginearálta, ar thithíocht thuathghinte, ach in iardheisceart an chontae, bheadh éileamh ann ar thithe saoire agus ar an dara teach, chomh maith.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir RH03

Forbairt tithe aonair a éascú faoin tuath fhairsing i 'gCeantair Thréana Thuaithe' i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i dTábla Uimh. 12 faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán forbartha a leagtar amach i gCaibidil 18.

Cuspóir RH04

Tithe aonair a éascú, seachas iad sin dá dtagraítear i 'gCeantair Thréana Thuaithe' i dTábla Uimh. 12, sna lonnaíochtaí reatha, lena n-áirítear na lonnaíochtaí siúd a shainítear san ordlathas lonnaíochta amhail Sráidbhailte Tréana, Sráidbhailte Beaga agus Lonnaíochtaí Tuaithe, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán forbartha a leagtar amach i gCaibidil 18.

Ceantair Thuaithe atá Lag i dTaobh Struchtúir de

Tugann na Treoirínte maidir le Tithíocht Thuaithe le fios go léireoidh na ceantair seo saintréithe ar nós meath seasmhach agus suntasach ar an daonra mar aon le struchtúr eacnamaíoch níos laige bunaithe ar innéacsanna ioncaim, fostaíochta agus fáis eacnamaíoch.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil meath suntasach agus seasmhach ar an daonra le sonrú in aon cheantar sa chontae. Tá leibhéal níos ísle de dhlús daonra le sonrú, áfach, i gceantar thiar an chontae a ghabhann ón mBábhún Nua go dtí Caisleán Docrail agus tá leibhéal níos ísle d'iarratais phleanála le sonrú ann. Tá struchtúr níos laige sráidbhaile sa

cheantar seo, chomh maith, agus ar an ábhar sin, tá leibhéal níos laige de sheirbhísí eacnamaíocha agus d'fhoinsí fostaíochta ann agus ceantar iargúlta atá ann, agus ar an ábhar sin, ní thagann sé go hiomlán faoi chuimsiú na catagóire 'Ceantar Tréan Tuaithe'.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir RH05

Forbairt tithe aonair a éascú faoin tuath fairsing i 'gCeantair atá Lag i dTaobh Struchtúir de' i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i dTábla Uimh. 12 faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán forbartha a leagtar amach i gCaibidil 18.

Cuspóir RH06

Forbairt tithíochta, forbairt eacnamaíoch, seirbhísí agus bonneagar sna sráidbhailte i 'gCeantair atá Lag i dTaobh Struchtúir de' a éascú agus a spreagadh nó a sholáthar san áit ar féidir, d'fhonn daonraí agus seirbhísí a choimeád agus a athnuachan sna ceantair seo, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíocht a leagtar amach i gCaibidil 18.

Tírdhreacha Níos Íogaire

Tá Tírdhreacha Níos Íogaire sainithe faoin Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha a chuimsítear in Imleabhar 3 agus léirítear iad ar Léarscáil Uimh. 13. Leagtar an bhéim air gurb iad seo na ceantair is íogaire agus is scéimhiúla den chontae agus teastaíonn iad a chosaint ó fhorbairt neamhoiriúnach ar mhaithe leis an nglúin amach anseo agus freisin mar gheall gurb iad an chúis go dtagann go leor daoine go dtí Loch Garman agus is tábhachtach iad a chosaint, ar an ábhar sin, don ioncam turasóireachta a thugann siad leo. Áirítear leo ceantair ar nós Leithinis Duáin agus an radharc scéimhiúil tíre atá ann mar aon leis an bpatrún uathúil lonnaíochta agus na Staighrí Dubha a chrioslaíonn iarthar an chontae. Is éagsúil do na cúiseanna ar sainíodh iad, agus ní bhaineann na cuspóirí a bhaineann leo, a sonraítear iad i Mír 14.4, le tithíocht tuaithe amháin ach tarchéimnítear iad go míreanna den Phlean.

Cé go bhfuil cuid de na ceantair seo thíos le brú forbartha i dtaobh tithíocht aonuaire, féadfaidh ceantair eile iargúlta agus níos tearcfhorbartha glacadh le méid áirithe d'fhorbairt atá suite go híogair gan baint ón luach scéimhe. Mar gheall go bhfuil na ceantair seo an-éagsúil i dtaobh nádúr an éilimh de ar thithíocht atá á thabhairt faoi deara iontu agus an cumas atá ar na ceantair go luífeadh tithíocht isteach sa tírdhreach, ní féidir sraith shingil critéar a lua do na saghsanna d'éileamh ar thithíocht tuaithe lena nglacfar sna ceantair. Dá dheasca sin, sa chás go bhforluíonn 'na Tírdhreacha Níos Íogaire' le haon cheann de na 'sagsanna ceantair' eile, beidh na cuspóirí don cheantar sin i gceist mura mbeadh drochthionchar amhairc ag an bhforbairt ar an tírdhreach ar bhonn aonair nó carnach.

Cinntoidh an Chomhairle go ndéanfar monatóireacht agus bainistíocht chúramach ar fhorbairt tithíochta aonair sna haonaid nádúr tírdhreacha Ardtalún, Gleann Abhann agus Cósta agus i dTírdhreacha Níos Íogaire. D'fhéadfadh drochthionchar amhairc bheith ag tiúchan áitiúil den fhorbairt sin, lasmuigh de na lonnaíochtaí sainithe, ar na haonaid tírdhreacha seo.

I ngach cás eile, sa chás gur dócha go mbeidh drochthionchar suntasach amhairc ag forbairt ar bhonn aonair nó carnach ar thírdhreach ar leith, agus sá chás nach bhfuil gá uileghabhálach ann go lonnófar an fhorbairt sa láthair ar leith sin, treoróidh an Chomhairle na forbairtí seo chuig láthair níos oiriúnaí inar féidir leis an tírdhreach glacadh leis an bhforbairt gan drochthionchar suntasach amhairc a imirt.

Áirítear i Mír 14.4 cuspóirí sonracha maidir le dearadh agus suíomh sna ceantair seo.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir RH07

D'fhonn an drochthionchar aonair nó carnach a íoslaghdú a d'fhéadfadh tiúchan áitiúil de thithíocht aonuaire, lasmuigh de lonnaíochtaí, imirt ar aonaid nádúr tírdhreacha Ardtalún, Gleann Abhann agus Cósta nó ar Thírdhreacha

Níos Íogaire. Ina leith seo, i láithreacha ina measann an Chomhairle gur baol i leith drochthionchar aonair nó carnach, ní dhéanfaidh siad bhreithniú ach ar thograí ar fhorbairtí tithíochta inar léirigh an t-iarratasóir gurb ann do ghá uileghabhálach chun cónaí san áit ar leith sin i gcomhréir leis na critéir a chuimsítear i dTábla Uimh. 12.

Crios an Chósta/Limistéir Oidhreachta Náisiúnta

Sainíodh limistéar Chrios an Chósta d'fhonn cur chuige comhtháite a chinntiú i leith bhainistíocht limistéir chósta an Chontae. Léirítear Crios an Chósta ar Léarscáil Uimh. 11. Ar aon dul leis an Méasúnacht Nádúr Tírdhreacha, tá saincheisteanna iomadúla bainteach leis an gcrios seo agus níl i dtithíocht tuaithe ach gné amháin díobh. I limistéir an chósta, b'ann do bhrú suntasach ar fhorbairt, agus dá thairbhe sin, tá a lánchumas á bhaint amach ag roinnt de na limistéar seo maidir lena gcumas chun freastal ar bhreis forbartha. Tá éileamh ann go fóill ar fhorbairt sna limistéir seo agus is gá an t-éileamh seo a bhainistiú ar bhealach nach mbaineann ó nádúr speisialta na limistéar seo nó a chuireann isteach ar limistéir íogaire nó ar phróisis chósta.

Tá na Limistéir Oidhreachta Nádúrtha ainmnithe faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000. Is éard atá iontu limistéir lena mbaineann tábhacht náisiúnta bhithéagsúlachta. Ciallaíonn íogaireacht chomhshaoil go mbaineann ríthábhacht leis go gcinntítear go ndéantar bainistíocht chúramach ar fhorbairt sna limistéir seo. Beidh an fhreagracht ar an duine aonair a léiriú nach mbeidh tionchar ag aon fhorbairt sa limistéar seo ar an oidhreacht nádúrtha.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir RH08

Forbairt tithe aonair a éascú faoin tuath fairsing i 'Limistéir Chrios an Chósta/Limistéir Oidhreachta Nádúrtha' i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i dTábla Uimh. 12 faoi réir go léiríonn an t-iarratasóir go gcomhlíonann an fhorbairt bheartaithe na beartais a chuimsítear i gCaibidil 13, nach mbeidh drochthionchar aige ar an oidhreacht nádúrtha agus faoi réir na chomhlíonadh

ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán forbartha a leagtar amach i gCaibidil 18.

Tábla Uimh. 12 Critéir maidir le Tithíocht Aonair Tuaithe

Saghas an Cheantair Thuaith	Ceadaithe	Sainmhínithe
Ceantar Tuaithe faoi Thionchar Tréan Uirbeach	 Tithíocht don ‘mhuintir áitiúil thuaithe’ a bhfuil tithe cónaithe buana á dtógáil acu dá n-úsáid féin a bhfuil ‘riachtanas tithíochta’ acu is féidir a shainiú⁵ a bhfuil tithe á dtógáil acu ina ‘gceantar áitiúil tuaithe’.	Sainmhínítear ‘an mhuintir áitiúil thuaithe’ mar dhaoine a rugadh sa ‘cheantar áitiúil tuaithe’ nó a chónaigh ann ar feadh cúig bliana ar a laghad. Áirítear leo seo daoine a chónaigh ansin roimhe seo/imircigh fhillteacha. Áirítear leo, chomh maith, daoine a rugadh nó a tógadh aníos sa ‘cheantar áitiúil tuaithe’ sin ach go bhfuil an ceantar anois laistigh de theorann lonnaíochta/talamh chriosaithe. Áirítear le duine áitiúil tuaithe, chomh maith, duine a bhfuil naisc aige/aici de bhua bheith ina (h)úinéir fadtéarma tuaithe nó mac nó iníon nó comharba leis an té sin. Is é an sainmhíniú a thugtar ar ‘cheantar áitiúil tuaithe’ ceantar atá laistigh de gha 7km ón áit ar chónaigh an t-iarratasóir nó a raibh cónaí ar an iarratasóir. Sa chás go mbíonn an suíomh níos faide i gcéin, ach gur féidir leis an iarratasóir naisc shuntasacha a léiriú leis an gceantar, mar shampla, an neasteaghlach nó úinéireacht talún, déanfar breithniú ar na hiarratais seo ar bhonn a bhfiúntas. Áirítear leis an ‘gceantar áitiúil tuaithe’ an tuath, Sráidbhailte Tréana, Sráidbhailte Beaga agus lonnaíochtaí Tuaithe, ach ní áirítear leis Bailte Ceantair, Bailte Móra agus an Mol.
	 Tithíocht do dhaoine a oibríonn i gceantair thuaithe a bhfuil tithe cónaithe buana á dtógáil acu dá n-úsáid féin a bhfuil ‘riachtanas tithíochta’ acu.	Tabharfar sainmhíniú ar na daoine siúd, mar dhaoine a bhfuil riachtanas feidhmeach acu chun cónaí sa cheantar tuaithe i ngar dá n-áit oibre, mar gheall ar nádúr a n-oibre. Is gnách go n-áireofar leis na cúinsí sin daoine a bhfuil baint acu i bhfeirmeoireacht, gairneoireacht, foraoiseacht lánaimseartha nó i ngníomhaíochtaí muirí mar aon le daoine eile ar féidir leo a léiriú go bhfuil fíor-riachtanas acu mar gheall ar a ngairm bheatha chun cónaí sa cheantar tuaithe. Féadtar breithniú a dhéanamh ar ghairmeacha comhchosúla páirtaimseartha sa chás gur féidir a léiriú gurb í sin an phríomhghairm bheatha. NÓ Féadtar breithniú a dhéanamh ar iarratasóirí bone fide nach meastar atá incháilithe faoi na

[5] Meastar gur daoine iad daoine a bhfuil ‘riachtans tithíochta acu’ nach raibh riamh i seilbh teach tuaithe (seachas sa chás gur féidir a léiriú nach n-oireann an áit chónaithe do riachtanais an iarratasóra a thuilleadh).

Saghas an Cheantair Thuaithe	Ceadaithe	Sainmhínithe
		catagóirí roimhe seo amhail iarratasóirí incháilithe chun teach buan a thógáil i gceantair thuaithe, faoi réir bheith in ann an tÚdarás Pleanála a shásamh go bhfuil siad tiomanta chun gnó lánaimseartha a oibriú óna dteach beartaithe cónaithe i gceantar tuaithe, mar chuid dá n-iarratas pleanála, d'fhonn, mar shampla, comaitéireacht chuig bailte nó cathracha a dhíspreagadh. Ní mór go mbeidh iarratasóirí in ann fianaise a sheoladh ar aghaidh a chruthóidh an méid a leanas: • cuirfidh a ngnó leis an bpobal tuaithe ar mian leo cónaí ann siad mar aon le feabhas a chur air agus • gur féidir leo an tÚdarás Pleanála a shásamh go n-oireann nádúr a bhfostaíochta nó a ngnó dóibh siúd a shonraítear sna critéir riachtanais áitiúil le haghaidh ceantair thuaithe d'fhonn iad siúd a dhíspreagadh nach bhfuil láthairshonrach (e.g. teilidhíolacháin nó teileamhargaíocht), i.e., go bhfuil siad ag freastal ar riachtanas ina gceantar áitiúil tuaithe.
	 Tithíocht do dhaoine a bhfuil cúinsí eisceachtúla sláinte agus/nó teaghlaigh acu a bhfuil tithe cónaithe buana á dtógáil acu dá n-úsáid féin.	Déanfar breithniú speisialta i gcásanna de chúinsí eisceachtúla sláinte – le tacaíocht ón gcáipéisíocht ábhartha ó chleachtóir leighis a chruthaíonn gur gá don duine cónaí i dtimpeallacht ar leith nó i ngar do thacaíocht a dteaghlaigh, nó gur gá do dhuine muinteartha cónaí i ngar don duine sin. I gcásanna inar gá d'iarratasóir cónaí i ngar do thuismitheoirí breacaosta chun slándáil, tacaíocht agus cúram a sholáthar, nó nuair is gá do thuismitheoir(i) cónaí i ngar do dhuine den neasteaghlach, déanfar breithniú fabhrach air seo. Déanfar a shamhail de bhreithniú ar ghaol le duine breacaosta nach bhfuil aon leanaí acu.
Ceantar Tréan Tuaithe	Amhail an méid thuas, ach na sainmhínithe ar 'cheantar áitiúil tuaithe' a mhionathrú.	Amhail an méid thuas faoi 'cheantair faoi bhrú tréan uirbeach' seachas gurb éard a thugtar mar shainmhíniú ar 'cheantar áitiúil tuaithe' 'ceantar atá laistigh de gha 15km ón áit ar chónaigh an t-iarratasóir nó a raibh cónaí ar an iarratasóir'. Sa chás go mbíonn an suíomh níos faide i gcéin, ach gur féidir leis an iarratasóir naisc shuntasacha a léiriú leis an gceantar, mar shampla, an neasteaghlach nó úinéireacht fhadtéarmach talún, déanfar breithniú ar na hiarratais seo ar bhonn a bhfiúntas.

Saghas an Cheantair Thuaith	Ceadaithe	Sainmhínte
		Áirítear leis an 'gceantar áitiúil tuaith' an tuath, Sráidbhailte Tréana, Sráidbhailte Beaga agus lonnaíochtaí Tuaith, ach ní áirítear leis Bailte Ceantair, Bailte Móra agus an Mol.
Ceantar atá lag i dtaobh struchtúir de	Tithíocht do dhaoine a bhfuil tithe cónaithe buana á dtógáil acu dá n-úsáid féin.	N/B
Crios an Chósta/NHA	🚧 Tithíocht don 'mhuintir áitiúil thuaith' a bhfuil tithe cónaithe buana á dtógáil acu dá n-úsáid féin a bhfuil 'riachtanas tithíochta' acu is féidir a shainiú a bhfuil tithe á dtógáil acu ina 'gceantar áitiúil tuaith'. 🚧 Tithíocht do dhaoine a oibríonn laistigh den cheantar a bhfuil tithe cónaithe buana á dtógáil acu dá n-úsáid féin a bhfuil 'riachtanas tithíochta'	Sainmhínítear 'an mhuintir áitiúil thuaith' mar dhaoine a rugadh sa 'cheantar áitiúil tuaith' sin nó a chónaigh ann ar feadh cúig bliana ar a laghad. Áirítear leo seo daoine a chónaigh ansin roimhe seo/imircigh fhilleacha. Áirítear leo, chomh maith, daoine a rugadh nó a tógadh aníos sa 'cheantar áitiúil tuaith' sin ach go bhfuil an ceantar anois laistigh de theorann lonnaíochta/talamh chriosaithe. Áirítear le duine áitiúil tuaith, chomh maith, duine a bhfuil naisc aige/aici de bhua bheith ina (h)úinéir fadtéarma tuaith nó mac nó iníon nó comharba leis an té sin. Is é an sainmhíniú a thugtar ar 'cheantar áitiúil tuaith' ceantar atá laistigh de gharchóngarach an cheantair shonraigh agus laistigh de gha 3km ón áit ar chónaigh an t-iarratasóir nó a raibh cónaí ar an iarratasóir. Áirítear leis an 'gceantar áitiúil tuaith' an tuath amháin. Tabharfar sainmhíniú ar na daoine siúd, mar dhaoine a bhfuil riachtanas uileghabhálach feidhmeach acu chun cónaí go buan sa cheantar sonrach sainithe agus nach bhfuil rochtain acu ar an talamh oiriúnach lasmuigh den cheantar sin. Is gnách go mbainfidh na cúinsí siúd le húinéirí talún nó gnó a bhfuil baint acu i bhfeirmeoireacht, gairneoireacht, foraoiseacht lánaimseartha nó gníomhaíochtaí muirí nó turasóireachta (gan cóiríocht Leaba agus Bricfeasta a áireamh) nó le hiarratasóirí bone fide nach meastar atá incháilithe faoi na catagóirí roimhe seo ach bhféadfaí breithniú a dhéanamh orthu amhail bheith incháilithe chun teach cónaithe buan a thógáil sa

Saghas an Cheantair Thuaithe	Ceadaithe	Sainmhínithe
	acu.  Tithíocht do dhaoine a bhfuil cúinsí eisceachtúla sláinte agus/nó teaghlaigh acu a bhfuil tithe cónaithe buana á dtógáil acu dá n-úsáid féin.	cheantar tuaithe, faoi réir bheith in ann a shásamh don Údarás Pleanála gur gá dóibh a bheith lonnaithe sa cheantar sonrach sainithe tuaithe mar gheall ar nádúr a bhfostaíochta, bunaithe ar na seirbhísí a sholáthródís don cheantar sonrach sainithe sin agus go gcuirfidís feabhas ar an gceantar sonrach sainithe sin. Déanfar breithniú speisialta i gcásanna de chúinsí eisceachtúla sláinte – le tacaíocht ón gcáipéisíocht ábhartha ó chleachtóir leighis a chruthaíonn gur gá don duine cónaí i dtimpeallacht ar leith nó i ngar do thacaíocht a dteaghlaigh, nó gur gá do dhuine muinteartha cónaí i ngar don duine sin. I gcásanna inar gá d'iaratasóir cónaí i ngar do thuismitheoirí breacaosta chun slándáil, tacaíocht agus cúram a sholáthar, nó nuair is gá do thuismitheoir(i) cónaí i ngar do dhuine den neasteaghlach, déanfar breithniú fabhrach air seo. Déanfar a shamhail de bhreithniú ar ghaol le duine breacaosta nach bhfuil aon leanaí acu.
Forbairt óna dteastaíonn rochtain ar Bhóithre Náisiúnta	Tithíocht aonair tuaithe ar bith – déan tagairt ar Mhír 8.6.1 Bóithre Náisiúnta	

Saghas an Cheantair Thuaithe	Ceadaithe	Sainmhínithe
Aonaid nádúr tírdhreacha Ardtalún, Gleann Abhann agus Cósta nó Tírdhreacha Níos Íogaire	Éascófar an fhorbairt sna ceantair seo ina bhfuil an cumas ag an tírdhreach glacadh leis an bhforbairt sin. Sa chás go measann an Chomhairle gur baol i leith drochthionchar aonair nó carnach, ní dhéanfaidh siad bhreithniú ach ar thograí ar fhorbairtí tithíochta inar léirigh an t-iarratasóir gurb ann do ghá uileghabhálach chun cónaí san áit ar leith sin	Lena dheimhniú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ‘riachtanas uileghabhálach’ ag iarratasóir chun cónaí i láthair ar leith, déanfaidh an tÚdarás Pleanála breithniú ar chritéir ar nós úinéireacht fhadtéarmach talún agus cúinsí eisceachtúla sláinte (amhail a dtugtar breac-chuntas air thuas). Ní mór don iarratasóir a léiriú nach féidir freastal ar an ngá atá le háit chónaithe in áit eile.
Nóta: Sa chás go bhforluíonn dhá limistéar beartais ar a chéile, beidh feidhm ag an gceann is coiscthí den dá bheartas. Mar shampla, tá limistéir thábhachtacha ann a sainíodh mar ‘Thírdhreacha Níos Íogaire’ a fhorluífidh ar Chríos an Chósta. Sna limistéir seo, beidh feidhm ag Critéir Chríos an Chósta.		

4.3.3.3 Coinníollacha Áitíochta

Lena chinntiú go bhfuil leas á bhaint as áiteanna cónaithe i gcomhréir leis na riachtanais ar a bhfreastalaítear sa Straitéis Tithíochta Inbhuanaithe Tuaithe, gearrfaidh an tÚdarás Pleanála ‘Coinníollacha Áitíochta’ ar dheonú cead pleanála i ‘gCeantair faoi Thionchar Tréan Uirbeach’ agus ‘Ceantair Tuaithe Níos Treise’, Limistéir Bheartais an Chósta/Ainmnithe Oidhreacht Nádurtha agus mar is cuí i dTírdhreacha Níos Íogaire agus ar Bhóithre Náisiúnta. Mairfidh fad an chomhaontaithe 5 bliana.

4.3.3.4 Coinníoll an Bhuanchónaithe

Leagfaidh an tÚdarás Pleanála coinníoll ar gach iarratas a dheonaítear le haghaidh tithe aonuaire faoin tuath fairsing a cheanglóidh go n-úsáidfear na tithe mar thithe buana cónaithe amháin.

4.3.3.5 Dearadh

Féadfaidh áiteanna cónaithe dea-dheartha agus dea-shuite cur go dearfach leis an tírdhreach ina bhfuil siad suite. Anuas air sin, féadfaidh dearadh ardchaighdeán a chinntiú go bhfuil foirgnimh ina n-áiteanna compordacha le cónaí iontu agus go bhfuil siad éifeachtúil i dtaobh fuinnimh. Oirfidh an dearadh don láthair áirithe agus do Nádúr an Tírdhreacha ina bhfuil siad suite. Cuireadh comhairle mhionsonraithe dearaidh san áireamh i gCaibidil 17.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir RH09

A chinntiú go bhfuil dearadh ardchaighdeán ar na tithe tuaithe agus go bhfuil siad dea-shuite sa tírdhreach.

4.3.4 Saghsanna Sonracha de Thithíocht Tuaithe

4.3.4.1 Áiteanna Cónaithe a Ionadú agus Áitribh a Athchóiriú

Féadtar athúsáid ár stoic reatha thithíochta a mheas mar úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní reatha agus spreagfar é seo go ginearálta. Sa chéad ásc, áfach, is fearr an stoc reatha tithíochta a athúsáid d’fhonn ár stoc dúchasach tithíochta a choimeád agus ar chúiseanna inbhuanaitheachta.

Beidh cásanna ann, áfach, nach cuí dó seo, agus féadfaidh an Chomhairle breithniú a dhéanamh ar na háiteanna cónaithe seo a ionadú faoi na cúinsí oiriúnacha.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir RH10

Glacadh le toimhde i bhfabhar áiteanna cónaithe traidisiúnta a choimeád ach iad a oiriúnú go cuí, amhail a theastaíonn, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus, sa chás gur cuí, na gcaighdeán bainistíochta forbartha a leagtar amach i gCaibidil 18.

Cuspóir RH11

Ionadú áiteanna cónaithe a éascú, sa chás gur léiríodh nach féidir áit chónaithe a choimeád agus aird ar inbhuanaitheacht nó ar choinníoll struchtúrtha nó nach fiú an áit chónaithe atá faoi chaibidil a choimeád faoi réir na gcritéar ar a dtugtar breac-chuntas i dTábla Uimh. 13, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus, sa chás gur cuí, na gcaighdeán bainistíochta forbartha a leagtar amach i gCaibidil 18.

Tábla Uimh. 13 Ionadú Áiteanna Cónaithe agus Athchóiriú Áiteanna Cónaithe nach féidir Cónaí iontu

	Breithniú Fabhrach	Critéir
Ionadú áiteanna cónaithe ar féidir cónaí iontu	Ionadú ar an suíomh céanna le háit chónaithe den mhéid chéanna nó den mhéid sin gur féidir a mheas go réasúnta gur síneadh atá ann ar an mbunteach cónaithe i ngach 'saghas de cheantar tuaithe'	Beidh an áit chónaithe sa lorg céanna ina bhfuil an áit reatha chónaithe nó sa lorg eile sin a d'imreodh tionchar gaolmhar níos lú. Moltar don iarratasóir pleanála chun dul i gcomhairle leis an Údarás Pleanála sula seoltar iarratas pleanála ar aghaidh. Beidh an fhorbairt faoi réir na gCaighdeán Bainistíochta Forbartha i gCaibidil 18. Ní bhainfidh coinníollacha Áitíochta agus Buanchónaithe leis an gcead seo. Beidh ar an iarratasóir a léiriú gur cónaíodh san áit chónaithe le déanaí (le 5 bliana anuas) nó nár tréigeadh úsáid na háite cónaithe (e.g. billí fónais).
Áiteanna cónaithe 'atá slán den chuid is mó' nach féidir cónaí iontu a ionadú	Áiteanna cónaithe a ionadú atá slán den chuid is mó le háit chónaithe den mhéid chéanna nó den mhéid sin gur féidir a mheas go réasúnta gur síneadh atá ann ar an mbunteach cónaithe i ngach 'saghsanna de cheantar tuaithe'	Beidh an áit chónaithe sa lorg céanna ina bhfuil an áit reatha chónaithe nó sa lorg eile sin a d'imreodh tionchar gaolmhar níos lú. Moltar don iarratasóir pleanála chun dul i gcomhairle leis an Údarás Pleanála sula seoltar iarratas pleanála ar aghaidh. Beidh an fhorbairt faoi réir na gCaighdeán Bainistíochta Forbartha i gCaibidil 18. Ní bhainfidh coinníollacha Áitíochta agus Buanchónaithe leis an gcead seo. Ciallaíonn 'slán den chuid is mó' chun críocha na míre seo, ceithre bhalla agus díon (cibé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh díobháil pháirteach don díon).
Áiteanna cónaithe nach féidir cónaí iontu a ionadú	Déanfar breithniú ar áiteanna cónaithe nach féidir cónaí iontu a ionadú, seachas iad siúd a liostaítear thuas, amhail nach raibh áit chónaithe ar bith ar an suíomh. D'áireofaí leo seo áiteanna cónaithe ar a bhfuil bail fothraigh nó iad siúd nach bhfuil 'slán den chuid is mó'.	Déanfar breithniú orthu seo mura bhfuil aon áit chónaithe ar an suíomh agus ní mór don iarratasóir na Critéir maidir le Tithíocht Aonair Tuaithe a chomhlíonadh a shonraítear i dTábla Uimh. 12 mura bhfuil cúis uileghabhálach chomhshaoil ann óna dteastódh a n-ionadú. Beidh an fhorbairt faoi réir na gCaighdeán Bainistíochta Forbartha i gCaibidil 18. Bainfidh coinníollacha Áitíochta agus Buanchónaithe leis na háiteanna cónaithe ionaid seo i gcomhréir leis na limistéir bheartais ina mbeadh na coinníollacha siúd i gceist de ghnáth.
Athchóiriú áiteanna cónaithe tréigthe	Athchóiriú áiteanna cónaithe tréigthe	Ní mór do bhallaí an struchtúir bheith slán den chuid is mó. Ní mór go mbeidh scála an dearaidh i gcomhréir le scála an struchtúir agus beidh na bunathruithe oiriúnach do nádúr an struchtúir. Beidh an fhorbairt faoi réir na gCaighdeán Bainistíochta Forbartha i gCaibidil 18. Ní bhainfidh coinníollacha Áitíochta agus Buanchónaithe leis an gcead seo.

4.3.4.2 Tithe Saoire Aonair

Tá go leor tithe saoire aonair suite ar fud Chontae Loch Garman. Cé go soláthraíonn siad ioncam turasóireachta don chontae, is é an dúshlán atá roimh an gComhairle bainistíocht a dhéanamh ar fhorbairt tithe saoire lena chinntiú gur féidir le daoine leanúint agus taitneamh a bhaint as ár gcontae agus gur féidir leis an turasóireacht leanúint bheith mar ionchur tábhacht inár ngeilleagar agus a chinntiú, i gcomhthráth, nach mbíonn tionchar ag láthair na dtithe siúd ar na sócmhainní nádúrtha agus cultúrtha atá mar an mbunchúis a dtagann na daoine chuig Loch Garman ar an gcéad dul síos. Is é an cur chuige lenar glacadh chun tithe saoire amach anseo a lonnú sna lonnaíochtaí reatha sa chontae. Anuas air sin, freastalófar ar fhorbairt tithe saoire i gcomhréir leis na critéir a shonraítear i dTábla Uimh. 13 ar áiteanna cónaithe ionaid agus ar athchóiriú áiteanna cónaithe agus trí áiteanna cónaithe neamhshealbhaithe ar fud an Chontae a ghlacadh. Tá breis sonraí ar thithe saoire i gCaibidil 7 agus 13.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir RH12

Cosc a chur ar thithe saoire nuathógtha lasmuigh de na lonnaíochtaí reatha ar a dtugtar breac-chuntas san OrdLathas Lonnaíochta i gCaibidil 3.

Cuspóir RH13

Iompú foirgneamh atá slán den chuid is mó ó thaobh gnéithe dúchasacha de a éascú (tithe nó foirgnimh feirme/thionsclaíocha) laistigh nó lasmuigh de lonnaíochtaí le húsáid teach saoire aonair a bhaint astu faoi réir na ngnáthchritéir pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán forbartha a leagtar amach i gCaibidil 18.

Caibidil 5 Athrú Aeráide

5.1 Réamhrá

Tá aeráid na hÉireann i mbun athrú ar aon dul le treochtaí domhanda agus réigiúnacha. I measc roinnt den tionchar breathnaithe agus tuartha atá i ndán do Loch Garman tá an méid a leanas⁶:

- Athruithe níos mó báistí ná áiteanna eile in Éirinn
- Agus aird ar ‘imeallbhoird bhoga’ fairsinge an Chontae, is dóchúil go mbeidh limistéir an chósta níos leochailí do chreimeadh méadaithe cósta agus do thuile chósta mar gheall ar leibhéil mhéadaithe farraige agus méaduithe féideartha ar bhorradh stoirme.
- D’fhéadfadh gur sa talmhaíocht i Loch Garman is túisce a thabharfaí deiseanna le haghaidh fás agus bainistíocht barr mar gheall ar aimsir níos teo agus samhradh níos tirime.
- Teochtaí níos teo ithreach agus ganntanais uisce le linn na tsamhraidh agus gá níos mó le huisciú
- Sreabhadh laghdaithe abhann le linn an tsamhraidh agus an fhómhair agus sreabhadh méadaithe abhann le linn an gheimhridh óna dteastóidh bainistíocht ghníomhach chun daoine, an bonneagar agus cáilíocht an chomhshaoil a chosaint.

Tá tionchar ag na hathruithe seo, idir dhearfach agus diúltach, ar an méid a leanas:

- Talmhaíocht, foraoiseacht agus bithéagsúlacht
- Limistéir an chósta, acmhainní muirí agus uisce dromchla
- Lonnaíochtaí, sláinte dhaonna agus turasóireacht
- Iompar, cumarsáid, fuinneamh agus tionscal

⁶ Sweeney, J, (2008) “Adapting to Climate Change in County Wexford”, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Rinneadh an cur i láthair seo le linn Chomhdháil Bhord Forbartha Contae Loch Garman dar teideal ‘Climate Change and You-Leading the Local Response’ (April 2010).

5.2 Comhthéacs Beartais

An Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012

Faoi Phrótacal Kyoto, agus mar chuid dá n-iarrachtaí le sprioc fhoriomlán an AE a bhaint amach, chomhaontaigh Éire le sprioc a dhéanamh de theorainn a chur ar a hastuithe gáis cheaptha teasa go dtí 13% os cionn leibhéil 1990 thar an tréimhse 2008-2012. Leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012 réimse beart, a chuireann leo siúd atá i bhfeidhm cheana féin faoin gcéad Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide (2000), lena chinntiú go mbaineann Éire a sprioc amach faoi Phrótacal Kyoto. Soláthraíonn an Straitéis creatlach ghníomhaíochta chun astuithe gáis cheaptha teasa na hÉireann a laghdú i limistéir an fhuinnimh, an iompair, na tithíochta, an tionscail, na talmhaíochta agus na dramhaíola, mar aon le gníomhartha trasearnála. Príomhghníomhairí le haghaidh athrú iad údarais áitiúla ar an leibhéal áitiúil chun na sprioclaghduithe a bhaint amach.

An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Fuinnimh In-Athnuaite

Cuireann an Treoir maidir le Nithe In-Athnuaite Directive an AE 2009/28/CE cur chun cinn fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a úsáid agus leag siad sprioc fuinnimh in-athnuaite 20% an AE faoi 2020 amach. Leagadh sprioc fuinnimh in-athnuaite 16% amach d'Éirinn faoi 2020. Leagtar amach sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh In-Athnuaite cur chuige straitéiseach agus bearta daingne an Rialtais chun an sprioc seo a sheachadadh a áiríonn an méid a leanas:

- 40% den úsáid leictreachais bheith ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020
- 10% feithiclí leictreacha faoi 2020
- 12% de théamh in-athnuaite faoi 2020

Tá an Rialtas ag féachaint níos faide i gcéin ná 2020 i dtaobh na ndeiseanna suntasacha chun acmhainní fairsinge fuinnimh in-athnuaite na hÉireann atá amach ón gcósta, lena n-áirítear gaoth amach ón gcósta, fuinneamh tonn agus fuinneamh taoide.

An Dréachtmhodheolaíocht do Straitéisí Fuinnimh In-Athnuaite Údaráis Áitiúil (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, 2011)

Tá treocht agus gá atá ag fás chun straitéisí a réiteach le haghaidh forbairt chomhordaithe foinsí fuinnimh in-athnuaite. Ligfidh na straitéisí seo d'Údaráis Áitiúla an acmhainn fuinnimh in-athnuaite agus cumas a ceantair a uasmhéadú mar aon le cabhrú san aistriú go dtí geilleagar ísealcharbóin. Chuir Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) dréacht-treoirlínte modheolaíochta d'Údaráis Áitiúla nuair a bhíonn Straitéisí Fuinnimh In-Athnuaite á réiteach acu.

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)

Thug an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2010 (arna leasú) cuspóir éigeantach isteach go gcuireann pleananna forbartha straitéisí inbhuanaithe lonnaíochta agus iompair chun cinn i gceantair uirbeacha agus thuaithe, lena n-áirítear bearta a chur chun cinn chun éileamh ar fhuinneamh a laghdú, astuithe antrapaigineacha gáis cheaptha teasa agus chun dul i ngleic leis an ngá chun oiriúnú d'athrú aeráide.

Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála don Réigiún Thoir Theas 2010-2022

Beartaíonn na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí don Réigiún Thoir Theas 2010-2022 (SERPGanna) chun Plean Gníomhaíochta Athraithe Aeráide a fhorbairt don Réigiún Thoir Theas i gcomhpháirtíocht le hÚdaráis Áitiúla agus le páirtithe leasmhara eile. Molann na SERPGanna go bhforbraíonn Údaráis Áitiúla Straitéisí Athraithe Aeráide, a mbeidh tionchar suntasach acu ar astuithe gáis cheaptha teasa san Oirdheisceart.

5.3 Oiriúnú d'Athrú Aeráide

Is féidir le cách páirt a bheith acu i ndul i ngleic le hathrú aeráide trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh, infheistíocht a dhéanamh i bhfuinneamh in-athnuaite agus glacadh le cleachtas iompair agus forbartha inbhuanaithe. Aithníonn an Chomhairle go dteastaíonn athruithe suntasacha chun dul i ngleic leis an ngá le hoiriúnú d'athrú aeráide agus gur príomhghníomhaire an Chomhairle le haghaidh athrú agus feasacht a mhúscailt ar leibhéal áitiúil.

Buntéama is ea oiriúnú d'athrú aeráide ar fud an Phlean agus d'imir sé tionchar soiléir ar na míreanna a leanas a chur i dtoll a chéile:

- Straitéis Lonnaíochta
- Straitéis Iompair
- Straitéis Forbartha Eacnamaíche
- Fuinneamh
- Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte
- Bainistíocht Chrios an Chósta

Is iad príomhaidhmeanna na Comhairle an méid a chuireann an contae le hathrú aeráide a íoslaghdú agus chun iarmhairtí féideartha athrú aeráide a íoslaghdú trí dhaoine, maoin, bonneagar leochaileach agus comhshaol a chosaint. Tacaíonn cuspóirí sa chaibidil seo agus cuspóirí gaolmhara i gcaibidlí an Phlean leis na haidhmeanna seo. Próiseas atá in oiriúnú d'athrú aeráide ina mbeidh ar an gComhairle, príomhpháirtithe leasmhara, gnólachtaí agus pobail áitiúla oibriú le chéile chun freagairt agus oiriúnú éifeachtach don tionchar ar leibhéal áitiúil.

An Méid a chuireann an Contae le hAthrú Aeráide a Íoslaghdú

Is féidir é seo a bhaint amach trí astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú, tríd an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin a chur chun cinn agus trí úsáid a bhaint as fuinneamh inbhuanaithe in-athnuaite. Tacaíonn an Plean le laghdú ar gháis cheaptha teasa trína gculpóirí, lena n-áirítear:

- Feasacht a mhúscailt ar athrú aeráide agus ar a thionchar
- Úsáid talún agus iompar a chomhcheangal tríd an bhfad is gá do dhaoine a thaisteal chuig a dtithe, ionaid oibre agus chuig fónais agus seirbhísí eile
- Iompar poiblí a fhorbairt d'fhonn aistriú módúil a éascú chuig níos mó roghanna iompair inbhuanaithe agus trí fheithiclí leictreacha a úsáid
- Talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn, ar nós faoirisiú nach ngníomhaíonn mar pholl slogaíde carbóin, ach mar fhoinsí de bhreoslaí agus de bhithmhais in-athnuaite
- Táirgeadh dramhaíola a laghdú
- Foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus a éascú mar fhoinsí rogha eile fuinnimh ar bhreoslaí iontaise.

Tacaíonn an Plean le foinsí inbhuanaithe fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt dá bhfeidhm chun an brath ar bhreoslaí iontaise agus astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú agus chun an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin a éascú. Díríonn cáipéis Bhord Forbartha Contae Loch Garman, ‘Loch Garman a shuíomh don Chor chun Feabhais – I dTreo Borradh agus Forbairt Inbhuanaithe’ ar ‘Loch Garman a Ghlasú’. Is é an pointe tosaigh an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin a meallann infheistíocht isteach agus a cumasaíonn an tionscal dúchais. Tá geilleagar ísealcharbóin dírithe ar theicneolaíochtaí glana, ísealcharbóin agus cuireann sé forbairt foinsí inbhuanaithe in-athnuaite fuinnimh chun cinn. Tacaíonn an Straitéis Forbartha Eacnamaíche sa Phlean seo le fuinnimh in-athnuaite agus le tógáil inbhuanaithe a fhorbairt.

Cuireann an Plean forbairt agus úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh chun cinn, ar nós fuinneamh gaoithe, taoide agus barra fuinnimh mar rogha inbhuanaithe. Féadtar cumas fuinnimh na n-acmhainní seo a úsáid chun freastal ar riachtanais fuinnimh an chontae agus d'fhéadfaí iad a easpórtáil mar aschur eacnamaíoch. Tabharfaidh an Chomhairle tús aite d'fhorbairt acmhainní in-athnuaite fuinnimh agus uasmhéadú táirgeadh leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite sa chás is féidir.

Na hlarmhairtí i leith daoine, maoine, bonneagar leochaileach agus an chomhshaoil a íoslaghdú

Bainfear seo amach trí shraith beart, lena n-áirítear:

- A chinntiú go bhfuil forbairt nua lonnaithe go cuí, go háirithe i gceantair chósta atá tugtha do chreimeadh agus do thuile chósta
- A spreagadh go ndeartar forbairtí nua chun tionchar tuartha athrú aeráide a chur san áireamh
- Cosaint bhonneagar glas an chontae a chur chun cinn, a sholáthróidh go leor tairbhí mar gheall go rialaíonn sé teocht, laghdaíonn sé sreabhadh stoirme agus go soláthraíonn sé uisce agus aer glan
- Pleanáil fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn i bhfoirgnimh.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir CC01

Aird a bheith ar an Straitéis Náisiúnta Athraithe Aeráide 2007-2012 agus ar aon leagan nuashonraithe den cháipéis seo a fhoilsítear le linn shaolré an Phlean.

Cuspóir CC02

Aird a bheith ar aon Phlean Gníomhaíochta Athraithe Aeráid amach anseo don Réigiún Thoir Theas.

Cuspóir CCO3

Straitéis Athraithe Aeráide a réiteach, i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara eile, don chontae le linn shaolré an Phlean seo.

Cuspóir CC04

Astuithe gáis cheaptha teasa a íoslaghdú d'fhonn cur le laghdú agus le seachaint athrú aeráide atá mar thoradh ar ghníomhartha daoine i gcomhréir le comhaontú Kyoto. Tacaíonn an Chomhairle leis an Straitéis Náisiúnta Athraithe Aeráide agus tá siad tiomanta di mar aon le bearta a éascú, go ginearálta, a bhfuil sé de chuspóir acu astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú.

Cuspóir CC05

Straitéis Fuinnimh In-Athnuaite a réiteach do Chontae Loch Garman le linn shaolré an Phlean, a chuirfidh agus a thacóidh le Straitéis Fuinneamh Gaoithe 2013-2019 agus leis an Straitéis Athraithe Aeráide a réitíodh don chontae agus leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta Fuinnimh In-Athnuaite (an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádirtha, 2010).

Cuspóir CC06

Glacadh le straitéisí inbhuanaithe pleanála trí úsáid talún agus iompair a chomhcheangal mar bhealach chun astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú.

Cuspóir CC07

Feasacht ar athrú aeráide agus ar a thionchar féideartha a mhúscailt agus chun gnólachtaí, pobail áitiúla agus daoine a spreagadh bheith chomh féinchothaitheach agus is féidir leo.

Cuspóir CC08

Éifeachtúlacht fheabhsaithe fuinnimh an stoic reatha foirgneamh a spreagadh agus chun éifeachtúlacht agus caomhnú fuinnimh a chur chun cinn i ndearnadh agus forbairt gach foirgnimh nua agus i scéimeanna cónaithe go háirithe.

Cuspóir CC09

Forbairtí nua a chur chun cinn agus a spreagadh chun maolú a dhéanamh i leith, agus oiriúnú a dhéanamh do thionchar an athraithe aeráide, sa chás gur féidir, trí láthair, leagan amach agus dearadh na forbartha.

Caibidil 6 Fostaíocht, an Geilleagar agus Fiontar

6.1 Réamhrá

Tá feidhm chriticiúil ag an gComhairle maidir le forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn trí chuspóirí réamhghníomhacha a chur i dtoll a chéile a ailínítear laistigh de phrionsabail na pleanála cirte agus na forbartha inbhuanaithe. Baineann ríthábhacht le forbairt eacnamaíocht chun pobail agus bailte tréana laistigh den chontae a choimeád. Tugadh athrú suntasach faoi deara sa gheilleagar i Loch Garman, ar nós áiteanna eile in Éirinn, le roinnt blianta anuas. Tá mórdhúshláin eacnamaíocha roimh an gcontae nach rabhthas ag súil leo fiú, nuair a glacadh leis an bplean deiridh in 2007. Is gá déileáil le dífhostaíocht i Loch Garman trí straitéis chomhordaithe eacnamaíoch a chaipitlíonn ar ár gcuid sócmhainní, a thacaíonn le fiontraíocht áitiúil, a mheallann infheistíocht iasacht agus forbairt áiseanna ar bhealach inbhuanaithe.

Leagtar amach sa chaibidil seo conas a spreagfaidh an Chomhairle forbairt eacnamaíoch ceantar uirbeach agus tuaithe araon laistigh den chontae i gcomhréir le prionsabail na pleanála cirte agus na forbartha inbhuanaithe. Ailíneoidh an Straitéis Forbartha Eacnamaíche forbairt nua eacnamaíoch fostaíochta le ról agus feidhm phríomhbhailte agus phríomhshráidbhailte an chontae amhail a dheimhníonn na cuspóirí a leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta Spáis 2002-2020 (NSS) agus sna Treoirínte Réigiúnacha Pleanála don Réigiún Thoir Theas 2010-2022 (SERPGanna).

6.2 Comhthéacs Beartais

An Eoraip 2020: Straitéis do Bhorradh Cliste, Inbhuanaithe agus Cuimsitheach
Beartaíonn an tAontas Eorpach straitéis chun tacú le fostaíocht, táirgiúlacht agus le cuimsiú sóisialta san Eoraip. Is iad a trí thosaíocht don Eoraip in 2020:

- Borradh cliste, trí eolas agus nuálaíocht a fhorbairt
- Borradh inbhuanaithe, bunaithe ar gheilleagar níos glaise, níos éifeachtúla i dtaobh acmhainní agus níos iomaíche
- Borradh cuimsitheach, a chothaíonn geilleagar ardfhostaíochta, a chuireann cuimsiú eacnamaíoch, sóisialta agus críche chun cinn.

An Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020 (NSS)

Soláthraíonn an NSS creatlach pleanála spáis d'Éirinn. Luaitear go mbeidh tionchar ríthábhachtach ag saintréithe, láthair, tiúchan agus leithdháileadh na gníomhaíochta eacnamaíche amach anseo ar fhorbairt níos cothroime spáis a bhaint amach.

Leagann sí béim ar threochtaí i bhforbairt eacnamaíoch mar seo a leanas:

- Cruthófar formhór na bpost nua san earnáil seirbhísí
- Tabharfar tús áite do chuideachtaí a lonnóidh i ngar do na mórphointí éilimh ó chustaiméirí
- Baineann tábhachtach le seirbhísí áitiúla maidir le daonra fairsingithe agus atá ag dul in aois
- D'fhonn bheith iomaíoch i gcónaí, beidh ar chuideachtaí ábhar teicneolaíochta a dtáirgí a mhéadú
- Meallfaidh réigiúin ag a bhfuil bonn tréan daonra ar féidir leo tacú leis an mbonneagar riachtanach gnó tionscal
- Teastaíonn comhshaol ardchaighdeán ón ngnó chun saothar oilte a mhealladh
- Beidh rochtain ag custaiméirí, soláthróirí agus ag foinsí eile faisnéise ina riachtanas criticiúil le haghaidh rath gnó.

An Plean Náisiúnta Forbartha 2007-2013

Díríonn an Plean Náisiúnta Forbartha 2007-2013 Éire a Chlaochlú – Cáilíocht Beatha Níos Fearr do Chách ar infheistíocht thar ar an NSS, Réigiúin, Tairseacha agus Moil. Leathnófar infheistíocht le haghaidh fiontair, eolaíochta agus nuálaíochta ar fud na limistéar cláir a leanas:

- Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht
- Forbairt Fiontair
- Forbairt Turasóireachta
- Talmhaíocht agus Forbairt Bia
- Forbairt Tuaithe, Shóisialta agus Eacnamaíoch
- Forbairt na Gaeltachta agus na nOileán
- Pobail Mhara agus Chósta
- Fiontar, Eolaíocht agus Nuálaíocht

Geilleagar Cliste na hÉireann a Thógáil – Creatlach le haghaidh Athnuachan Inbhuanaithe Eacnamaíoch 2008

Déanann straitéis athshlánaithe Rialtas na hÉireann tosaíocht de chúig phríomhlímistéar gníomhaíochta le haghaidh athshlánú eacnamaíoch, ina measc tá:

1. Eacnamaíocht an fhiontair a dhaingniú agus iomaíocht a bhaint amach arís
2. An geilleagar smaintí a thógáil – ‘an t-oileán nuálaíochta’ a chruthú
3. An comhshaol a fheabhsú agus soláthairtí fuinnimh a dhaingniú
4. Infheistiú sa bhonneagar criticiúil
5. Seirbhísí éifeachtúla agus éifeachtacha agus rialáil chliste a sholáthar.

Nuálaíocht Éireann: Tuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta (2010)

Cuireann an cháipéis seo, a réitigh Roinn an Taoisigh, líon riachtanas chun cinn a theastaíonn a bhaint amach chun rath eacnamaíoch a bhaint amach. Baineann tábhacht ar leith le bonneagar ardchaighdeán maidir le rath an gheilleagair amach anseo. Príomhbhonneagar amháin is ea leathanbhanda ardchaighdeán a theastaíonn don Gheilleagar Cliste. Anuas air sin, leagtar béim air go bhfuil easnamh le sonrú i spás saotharlainne fliche⁷ do na heolaíochtaí saoil.

Horizon 2020 – Straitéis IDA Éireann (2010)

Tugtar sa cháipéis seo forbhreathnú ar threoir an IDA agus leagtar amach spriocanna le haghaidh post agus infheistíochtaí agus díriú ar sheirbhísí domhanda, déantúsaíocht ardleibhéil agus forbairt agus nuálaíocht taighde. Mar chuid dá gcéimeanna i leith claochlú, luaitear go lonnófar 50% de thionscadail iasachta infheistíochta díri lasmuigh de Chorcaigh agus de Bhaile Átha Cliath. Luaitear nach mór a chinntiú go mbíonn suíomhanna mealltach, go mbaineann tábhacht le feabhsúcháin bhonneagracha in iompar agus i bhfuinneamh agus tugtar tús áite do leathanbhanda ardluais. Anuas air sin, tugann an Straitéis le fios nár cheart go ngníomhódh muirir agus praghsanna bonneagracha Údaráis Áitiúil mar ábhar díspreagtha.

⁷ Saotharlann ina ndéantar tástáil agus anailís ar cheimiceáin, drugaí nó ábhar eile nó ábhar bitheolaíoch óna dteastaíonn uisce, aerú díreach agus fónais speisialaithe phíopaí.

Geilleagar Glas na hÉireann a Fhorbairt (2009)

Maíonn tuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil um Fhiontar Glas a chuir an Tánaiste agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha le chéile go bhfuil deiseanna fostaíochta sna hearnálacha a leanas le haghaidh fostaíochta agus go bhfuil cumas easpórtála iontu:

- Fuinneamh in-athnuaite
- Úsáid agus bainistíocht éifeachtúil fuinnimh (éiceathógáil san áireamh)
- Bainistíocht, aisghabháil agus athchúrsáil dramhaíola
- Cóireáil uisce agus fuíolluisce

Sainithnítear chomh maith criosanna glasa agus braislí glasa a chruthú ar féidir leas a bhaint astu chun an geilleagar a mhargú.

Taisteal Níos Cliste – Todhchaí Inbhuanaithe Iompair: Beartas Nua Iompair d'Éirinn 2009-2020

Leagtar amach sa cháipéis seo tograí chun patrúin reatha neamh-inbhuanaithe iompair agus taistil a iompú, chun an tionchar sláinte agus comhshaoil a bhíonn ag treochtaí reatha a laghdú agus chun feabhas a chur ar ár gcáilíocht beatha. Luaitear go mbeidh ar bhorradh eacnamaíoch agus daonra tarlú den chuid is mó i gceantair inbhuanaithe, dhlútha uirbeacha agus thuaithe a dhíspreagann forbairt scaipthe agus comaitéireacht fhada.

Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála don Réigiún Thoir Theas 2010-2020 (SERPGanna)

Is iad na prionsabail threoracha atá mar bhonn agus taca le straitéis eacnamaíoch Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt:

- An gá atá le daonra tairsí criticiúla sa réigiún agus sna príomhlonnaíochtaí
- Ollscoil a bhunú san Oirdheisceart tríd an líonra reatha de bhunaíochtaí oideachais tríú agus ceathrú leibhéil a úsáid agus trí chur leo siúd atá i bPort Láirge, Ceatharlach, Cill Chainnigh, Loch Garman agus Cluain Meala
- Réimse scileanna agus cumas nuálaíochta a fhorbairt
- Rochtain agus naisc iompair fheabhsaithe
- Timpeallacht atá mealltach do dhaoine le cónaí inti

- An Clár Iomaíochta Réigiúnaí a d'fhorbair Forfás, ina dtugtar breac-chuntas ar thosca iomaíochta: dinimic fiontair, eolas agus nuálaíocht, cáilíocht beatha, ceannaireacht agus cumas straitéiseach, scileanna agus oideachas agus bonneagar eacnamaíoch.

Sainaithníonn na SERPGanna na saghsanna tionscail a chuireann ionchais fhadtéarmacha ar fáil chun ioncaim a chruthú. Tá iad seo sna limistéir atá bunaithe ar theicneolaíochtaí nua agus eolas, ar nós teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, feistí leighis, biteicneolaíocht, cógaisíocht, an geilleagar glas agus fuinneamh in-athnuaite. Sainaithníonn na SERPGanna láithreacha oiriúnacha le haghaidh gníomhaíocht mhéadaithe fiontair. Léirítear seo i dTábla Uimh. 14.

Tábla Uimh. 14 Láithreacha Oiriúnacha d'Fhiontar

Tairseach	Lárionaid Ghnó agus Teicneolaíochta – an IDA Páirceanna Fiontair – Fiontraíocht Éireann Eastáit Thionsclaíocha – Údaráis Áitiúla/CEB/áiseanna príobháideacha oideachais Ollscoile tríú agus ceathrú leibhéal
Moil agus Bailte Contae	Lárionaid Ghnó agus Teicneolaíochta – an IDA Páirceanna Fiontair Contae – Fiontraíocht Éireann Eastáit Thionsclaíocha – Údaráis Áitiúla/CEB/áiseanna príobháideacha oideachais Ollscoile tríú agus ceathrú leibhéal
Bailte Móra	Eastáit Thionsclaíocha – Údaráis Áitiúla/CEB/áiseanna príobháideacha oideachais Ollscoile tríú agus ceathrú leibhéal
Bailte Ceantair	Eastáit Thionsclaíocha – Údaráis Áitiúla/CEB/áiseanna príobháideacha oideachais Ollscoile tríú agus ceathrú leibhéal
Príomhbailte Áitiúla	Aonaid Áitiúla Ghorlainne Gnó – Údaráis Áitiúla/CEB/áiseanna príobháideacha oideachais Ollscoile tríú agus ceathrú leibhéal

Plean Forbartha Turasóireachta an Oirdheiscirt 2008-2010

Tugtar breac-chuntas sa phlean seo, a réitigh Fáilte Éireann, ar spriocanna straitéiseacha chun an réigiún a fhorbairt agus a mhargú. Pléitear é níos mionsonraithe i gCaibidil 7.

Loch Garman a Shuíomh don Chor chun Feabhais – I dTreo Borradh agus Forbairt Inbhuanaithe ('Positioning Wexford for the Upturn – Towards Sustainable Growth and Development')

Chuir Bord Forbartha Contae Loch Garman an tuarascáil seo i dtoll a chéile. Díríonn sí ar thionscnaimh agus gníomhartha ar féidir le daoine tabhairt fúthu atá ina gcónaí agus ag oibriú i Loch Garman i dtreo bhorradh agus forbairt inbhuanaithe gheilleagar Loch Garman a bhaint amach. Leagann an tuarascáil béim ar na hearnálacha a leanas mar 'Cholúin Bhorrtha' le haghaidh Loch Garman.

- Turasóireacht
- Seirbhísí Airgeadais
- Eolaíochtaí Beatha Sláinte (comhthearma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na hearnálacha cógaisíochta, biteicneolaíochta, feistí leighis agus diagnóisice)
- Bia
- Tógáil Inbhuanaithe, (fuinnimh in-athnuaite agus foirgnimh a aisfheistiú)

Clár Forbartha Tuaithe 2007-2013 Treoirilínte agus Rialacha Oibriúcháin (Forbairt Áitiúil Loch Garman)

Bhí cónascadh trí chuideachta i gceist le Forbairt Áitiúil Loch Garman (WLD), a bunaíodh in 2009: Eagraíocht Loch Garman um Fhorbairt Thuaithe, Comhpháirtíocht Chontae Loch Garman agus Comhpháirtíocht Cheantar Loch Garman. Tá sé de chuspóir ag an gClár Forbartha Tuaithe feabhas a chur ar an gcáilíocht beatha i gceantair thuaithe agus chun éagsúlú na gníomhaíochta eacnamaíche a spreagadh trí straitéisí áitiúla forbartha a chur i bhfeidhm. Leagann sé mór-bhéim ar ghníomhaíocht gheilleagrach, cruthú post agus poist reatha a choimeád, breis ioncaim agus ioncaim eile a ghiniúint i gceantair thuaithe agus cur chuige nuálach i leith forbairt tuaithe ar leibhéal áitiúil a chur i bhfeidhm.

Meastar go bhfuil na tionscadail a leanas incháilithe le haghaidh cistiú faoin

Tionscadal Forbartha Tuaithe:

- Éagsúlú isteach i ngníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta
- Tacaíocht do chruthú agus d'fhorbairt gnó
- Gníomhaíochtaí turasóireachta a spreagadh
- Bunseirbhísí don gheilleagar agus don daonra tuaithe
- Athnuachan agus forbairt sráidbhailte
- Caomhnú agus uasghrádú na hoidhreacht tuaithe
- Oiliúint
- Tionscadail chomhoibrithe
- Anailís agus forbairt

6.3 Gnó agus Tionscadal i Loch Garman

Mheall Loch Garman líon cuideachtaí domhanda le himeacht na mblianta ar nós Atlantic Industries, Zurich, PNY Mellon agus BARD Medical. Anuas air sin, tá gnólaigh dúchasacha ann a chuireann go mór leis an ngeilleagar náisiúnta ar nós Nolan Transport, Celtic Linen, DoneDeal agus Datapac.

Tacaíonn Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na hÉireann (IDA), Fiontraíocht Éireann agus Bord Fiontar Contae Loch Garman (CEB) leis an tionscal agus an fiontar i Loch Garman. Cabhraíonn siad i ngach gné de chur chun cinn gnó, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais a sholáthar, trádáil idirnáisiúnta a dhaingniú, comhpháirtíochtaí nua a chruthú agus comhairle agus oiliúint a sholáthar. Cuireann an earnáil fiontair borradh geilleagrach chun cinn.


Tá go leor sócmhainní ag Loch Garman chun cuideachtaí a mhealladh, agus mar thoradh air sin, roghnaigh líon cuideachtaí idirnáisiúnta lonnú i gContae Loch Garman. Léiríonn Tábla Uimh. 15 cliantchuideachtaí an IDA a roghnaigh Loch Garman; an áit a thosaigh siad, a ngníomhaíochtaí agus a láthair i Loch Garman. Léiríonn a láithreacha éagsúlaithe go bhfuil an cumas ag an gcontae ina iomláine cuideachtaí a mhealladh. Is léir go bhfuil a shuíomh á choimeád ag Baile Loch Garman go fóill mar an baile is mealltaí.

Tábla Uimh. 15 Cliantchuideachtaí an IDA

Cuideachta	Gníomhaíocht	Tír Bhunaidh	Láthair
Atlantic Industries	Oibríocht bhlaistithe Coca Cola	Na Stáit Aontaithe	Draighneach, Baile Loch Garman
Snap-Tite Europe BV	Cúpláin agus comhlaí beachtais	Na Stáit Aontaithe	Draighneach, Baile Loch Garman
Equifax Commercial Services Ltd	Próiseáil sonraí	Na Stáit Aontaithe	Draighneach, Baile Loch Garman
Waters Technology	Colúin Chrómatagraíochta	Na Stáit Aontaithe	Draighneach, Baile Loch Garman
Theo Benning Ireland	Trealamh tomhais/rialúcháin	An Ghearmáin	Baile Loch Garman
Carl Zeiss Vision Ireland Ltd	Lionsaí oftalmacha	An Ghearmáin	Baile Loch Garman
PNC Global Investment Servicing (Europe) Ltd	Riarachán cistí	Na Stáit Aontaithe	Draighneach, Baile Loch Garman
Cardo Production Wexford Ltd	Déantúsóir caidéal intumtha	An tSualainn	Baile Loch Garman
Lake Region Medical Ltd	Sreanga treoracha	Na Stáit Aontaithe	Baile Ros Mhic Thriúin
Irish Driver-Harris Company Ltd	Cábalaí leictreacha	Na Stáit Aontaithe	Baile Ros Mhic Thriúin
Reynaer's Manufacturing Ltd	Gabhálais alúmanaim	An Ísiltír	Inis Córthaidh
ITW Gorey	Scannán plaisteach	Na Stáit Aontaithe	Guaire

Tá ról tábhachtach ag Fiontraíocht Éireann maidir le tacú le fiontraíocht sa chontae. Tugtar miondealú i bhFíor Uimh. 1 ar a gcliantchuideachtaí i Loch Garman ó 2010 i leith.

Fíor Uimh. 1 Fiontraíocht Éireann – saghsanna na gcliantchuideachtaí 2010



Is ionann fiontair bhia agus dheochanna agus 35.1% de chliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann agus áirítear leo cuideachtaí ar nós Stable Diet, Slaney Meats International, Kavanagh Meats Enniscorthy, J. Donohoe Beverages, Wexford Creamery, Killowen farm products, Irish Country Meats, Drover Foods, Kilmore Fish Co, Sofrimar, Atlantis seafood, Wrights of Howth, Export Kilmore agus uachtar reoite Paganini Léiríonn seo go bhfuil traidisiún tréan i Loch Garman de thionscail bhia agus atreíonn seo moltaí Bhord Forbartha Contae Loch Garman chun bia a áireamh mar 'Cholún le haghaidh Borrtha'.

Is ionann táirgí/córais tógála agus 16.2% de chliaint Fhiontraíocht Éireann agus ina measc tá cuideachtaí ar nós Wexford Concrete Products Ltd, Dermot Keating Construction agus Hansa Steel Ltd. Léiríonn cuideachtaí innealtóireachta ginearálta 8.1%.


Cabhraíonn CEB Loch Garman le daoine a ngnólacht féin a thosú agus le gnólachtaí reatha beaga dul i mbun borrrtha agus forbartha agus tá réimse tacaíochtaí praiticiúla ann, lena n-áirítear comhairle, oiliúint, meantóireacht, líonrú agus fóirdheontas. I rith na tréimhse 2007-2011, sholáthair CEB Loch Garman €2,848,593 d'fhóirdheontas do 175 tionscadal. Anuas air sin, thug siad faoi chlár oiliúna agus mheantóireachta ina raibh baint ag 2,817 rannpháirtí ar fud na tréimhse sin. Soláthraíonn Tábla Uimh. 16 agus Fíor Uimh. 2 sonraí ar an saghas deontais, na suimeanna a bronnadh agus láithreacha na ngnólachtaí a fuair na deontais. Tá deontas prímeála ann do ghnólachtaí atá ar an bhfód níos lú ná 18 mí (gnólacht tionscanta). Tá deontas fairsingithe gnó do ghnólachtaí atá ar an bhfód breis agus 18 mí.

Tábla Uimh. 16 Miondealú ar Dheontais a Bhronn CEB Loch Garman

Bliain	Tionscadail a Faomhadh le haghaidh 2011	Líon	Méid
2011	Deontais Phrímeála	9	€131,435
	Deontais Fairsingithe	14	€312,248
	Deontais Staidéar Indéantachta	9	€82,157
2010	Deontais Phrímeála	18	€401,425
	Deontais Fairsingithe	14	€168,525
	Deontais Staidéar Indéantachta	10	€101,900
2009	Deontais Chaipitiúla	15	€344,035
	Deontais Fostaíochta	6	€60,000
	Deontais Phrímeála	2	€22,500
	Deontais Fairsingithe	2	€22,500
	Deontais Staidéar Indéantachta	14	€63,100

2008	Deontais Chaipitiúla	13	€293,283
	Deontais Fostaíochta	8	€97,500
	Staidéir Indéantachta	7	€30,900
2007	Deontais Chaipitiúla	19	€616,485
	Deontais Fostaíochta	5	€ 52,500
	Staidéir Indéantachta	10	€ 48,100
Iomlán		175	2,848,593

Fíor Uimh. 2 Láithreacha Cuideachtaí ar bhronn CEB Loch Garman Deontais orthu



6.4 Straitéis Forbartha Eacnamaíche

Tá an Straitéis Forbartha Eacnamaíche dírithe ar an treise agus na deiseanna a sholáthraíonn láthair, naisc iompair agus acmhainní tógtha agus muintir an chontae a fhorbairt. Lorgaíonn an Straitéis chun cumas eacnamaíoch limistéir uirbeacha an chontae a úsáid, go háirithe Mol Bhaile Loch Garman, anuas ar na deiseanna suntasacha a sholáthraíonn limistéir thuaithe an chontae, na fiontair agus a n-éagsúlú cuí. Tá sé de chuspóir ag an Straitéis, gach áit ar féidir, chun deiseanna chun poist a chruthú, deiseanna nuálaíochta agus cur chun cinn earnálacha nua a chur chun cinn. Braitheann cur i bhfeidhm rathúil na Straitéise go n-oibríonn an Chomhairle agus na príomhpháirtithe leasmhara as lámh a chéile le húsáid éifeachtúil agus éifeachtach acmhainní agus infheistíochta a chinntiú.

Cruthaíodh an Straitéis agus aird ar na príomhbheartais náisiúnta, réigiúnacha agus forbartha áitiúla eacnamaíche. Tacaíonn na cuspóirí sa chaibidil seo agus i gcaibidlí eile sa Phlean seo leis, go háirithe na caibidlí iompair, bonneagair, fuinnimh, turasóireachta agus oideachais. Is é Straitéis Forbartha Eacnamaíche le haghaidh Chontae Loch Garman:

1. Forbairt gníomhaíochtaí tionscail agus déantúsaíochta a chur chun cinn, go háirithe na hearnálacha eolaíochtaí beatha agus táirgthe bia. Éascófar na forbairtí sin trí pháirceanna seirbhísí tionsclaíocha, fiontair, gnó agus teicneolaíochta a sholáthar sa Mhol, Bailte Móra agus Bailte Ceantair, agus tacóidh an bonneagar ardchaighdeán teileachumarsáide agus leathanbhanda agus naisc mhaithe iompair leis.
2. Chun forbairt fiontair thaighde, theicneolaíochta agus nuálaíochta a chur chun cinn agus a éascú mar bhealach chun cur leis an 'ngeilleagar cliste' agus chun infheistíocht a mhealladh isteach sa chontae agus sa Réigiún Thoir Theas.
3. Chun breis forbartha agus fairsingiú a dhéanamh ar áiseanna agus deiseanna oideachais sa Chontae mar bhealach chun cur leis an 'ngeilleagar cliste', 'breisoiliúint' a chur ar lucht saothair an chontae agus chun infheistíocht a mhealladh isteach sa chontae agus sa Réigiún Thoir Theas.
4. Cuma turasóireachta an chontae a uasmhéadú agus tacú le forbairt oiriúnach shócmhainní turasóireachta an chontae, lena n-áirítear aibhneacha,

imeallbhord, sócmhainní stairiúla agus cultúrtha agus an timpeallacht nádúrtha agus thógtha. Forbairt tionscadail ‘seachthairbhe’ a chur chun cinn, ar nós táirgeadh bia, na healaíona agus ceardaíocht, ionaid agus áiseanna do chuairteoirí, mar bhealach chun deiseanna eile fostaíochta inbhuanaithe a sholáthar do phobail áitiúla agus do limistéir thuaithe.

5. Cumas an chontae a fhorbairt chun fuinnimh in-athnuaite, barra fuinnimh agus tógáil inbhuanaithe a fhorbairt, ar mhaithe lena ról chun brath an chontae ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus lena ról maidir le giniúint fostaíochta go díreach agus go hindíreach araon a chruthú.
6. Forbairt oiriúnach agus inbhuanaithe acmhainní comhiomlána agus thionscal eastóscach an chontae a chosaint agus a éascú, ar mhaithe go gcuirfidh an contae go díreach agus go hindíreach le forbairt eacnamaíoch agus le cruthú post.
7. Forbairt inbhuanaithe acmhainní talmhaíochta an chontae a chosaint agus a éascú. Tacú le tionscadail éagsúlaithe feirme a fhorbairt, ar nós foraoisiú, táirgeadh bia, cóiríocht feirme agus aonaid ghorlainne, mar bhealach chun ioncam eile inbhuanaithe a sholáthar don phobal talmhaíochta agus do limistéir thuaithe.
8. Cumas chuanta an chontae a uasmhéadú chun forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn, go háirithe an earnáil iompair agus lóistíochta, turasóireachta, agus bhia agus déantúsaíochta.
9. An méid a chuireann iascaireacht, dobharshaothrú agus foraoiseacht le cúrsaí mar shócmhainn fostaíochta agus eacnamaíoch a thacú agus a uasmhéadú.
10. Forbairt ríomhoibriú agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha bunaithe sa bhaile a chur chun cinn dá ról chun comaitéireacht, patrúin inbhuanaithe taistil a bhaint amach a chur chun cinn agus chun feabhas a chur ar an gcáilíocht beatha i measc oibrithe, dá thairbhe sin.

Déantar na hearnálacha forbartha a shainaithnítear sa Straitéis a fhairsingiú sna míreanna a leanas agus nuair is cuí, déantar iad a atreisiú ag caibidlí agus ag cuspóirí eile sa Phlean.

Cinntoidh an Chomhairle go mbíonn ról dearfach ag pleananna forbartha baile agus pleananna ceantair áitiúil trína chinntiú go n-áirítear cuspóirí leo chun réimse fairsing

de dheiseanna fiontair agus fostaíochta a chur chun cinn agus go bhfuil an talamh agus an bonneagar leordhóthanach i bhfeidhm chun an tionscal agus fiontar a mhealladh chuig an gcontae. Soláthróidh na pleananna forbartha baile agus pleananna ceantair áitiúil talamh chríosaithe le haghaidh úsáid eacnamaíoch; beidh an méid i gcomhréir le ról agus feidhm shainithe an bhaile nó an tsráidbhaile.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir ED01

A chinntiú go bhfuil fáil ar an talamh leordhóthanach le haghaidh forbairt fiontair agus fostaíochta trí na tailte oiriúnacha a chríosú i bpleananna forbartha baile agus pleananna ceantair áitiúil. Ceadófar tograí forbartha eacnamaíche laistigh de lonnaíochtaí ar an talamh a críosáíodh go hoiriúnach nó laistigh de bhailte agus de lonnaíochtaí sráidbhaile a shainítear laistigh den Chroístraitéis/Ordlathas Lonnaíochta, faoi réir phleanáil cheart agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, comhlíonta leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus na caighdeáin bhainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18. Cinnteoidh an Chomhairle go gcosnaítear tailte oiriúnacha tionsclaíocha agus tráchtála ó fhorbairt neamhchuí a d'fhéadfadh baint ó chumas eacnamaíoch na dtailte seo.

Cuspóir ED02

Breithniú a dhéanamh ar thograí forbartha eacnamaíche atá de scála a oireann do láthair an bhaile nó an tsráidbhaile laistigh den Chroístraitéise/Ordlathas Lonnaíochta, nó d'fhiontar i limistéar tuaithe, d'fhonn forbairt chothromaithe eacnamaíoch a bhaint amach faoi réir comhlíonta leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus na caighdeáin bhainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

6.4.1 Tionscal, Déantúsaíocht, Taighde, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

Gnéithe ríthábhachtacha um chur chun cinn an bhorrtha eacnamaíoch iad tionscal agus fiontar, mar earnálacha. Amhail a pléadh roimhe seo, mheall Loch Garman líon cuideachtaí feiceálacha le himeacht na mblianta. Tá riachtanais éagsúlaithe acu i dtaobh shaghas na talún, láithreach, inrochtaineachta agus na fála bheith ar lucht

saothair oilte. Éascófar forbairtí trí pháirceanna seirbhísí tionsclaíocha, fiontair, gnó agus teicneolaíochta a sholáthar sa Mhol, Bailte Móra agus Bailte Ceantair.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir ED03

Síneadh áis reatha thionsclaíoch nó fiontair a cheadú laistigh de bhailte nó de shráidbhailte, a fhad agus nach dtagann scála agus foirm an fhiontair chomhthorthaigh salach ar nádúr agus scála an limistéir, agus faoi réir comhlíonta leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus na caighdeáin bhainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir ED04

Síneadh áis reatha thionsclaíoch nó fiontair a cheadú laistigh den tuath, a fhad agus nach dtagann scála agus foirm an fhiontair chomhthorthaigh salach ar nádúr agus scála an limistéir, agus faoi réir comhlíonta leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus na caighdeáin bhainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

6.4.2 Oideachas – Institiúidí Tríú Leibhéal agus an Geilleagar Eolais

Sholáthair láithreach agus forbairt champas Loch Garman Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach rochtain áitiúil ar dheiseanna breisoideachais, ar féidir leo infheistíocht isteach a mhealladh mar gheall ar an líon méadaithe sraitheanna scileanna atá sa limistéar. Luaitear sa tuarascáil de chuid Roinn an Taoisigh, dar teideal Nuálaíocht Éireann: Tuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta (2010) go mbaineann ríthábhacht le córas oideachais a chothaíonn smainteoireacht, cruathaitheacht agus nuálaíocht neamhspleách chun an geilleagar cliste a bhaint amach. Pléitear an t-oideachas i mbreis sonraí i gCaibidil 16. I dtaobh forbairt eacnamaíoch de, tacóidh an Chomhairle le fairsingiú a n-institiúide tríú leibhéal agus le forbairt saghsanna eile d'áiseanna oideachais.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir ED05

Tacú le breis fairsingiú na n-áiseanna oideachais tríú leibhéal sa chontae agus iad a spreagadh d'fhonn feabhas a chur ar fhorbairt oideachais, oiliúna agus scileanna sa lucht saothair, faoi réir comhlíonta leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus na caighdeáin bhainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir ED06

Tacú le taighde, forbairt agus nuálaíocht i gcomhoibriú le hinstiúidí oideachais agus le gníomhaireachtaí forbartha agus chun tacú leo agus chun dóthain talamh chríosaithe a sholáthar don chuspóir seo.

6.4.3 Turasóireacht

Tá ról tábhachtach ag turasóireacht i bhforbairt eacnamaíoch Loch Garman. Ba limistéir traidisiúnta treise é i Loch Garman, ina dtagann an lucht saoire chuig an gcontae chun sult a bhaint as imeallbhord fairsing an chontae agus as a oidhreacht fhairsing ailtireachta, nádúrtha agus chultúrtha. Tacaíonn Gníomhaíocht d'Athrú Bhord Forbartha Contae Loch Garman (2009) le féiniúlacht 'bhranda' turasóireachta Loch Garman a uasmhéadú mar 'Cheann Scríbe Oidhreachta Nádúrtha agus Cultúir'. Aithníonn an Chomhairle an ról tábhachtach a d'fhéadfadh bheith ag turasóireacht i bhforbairt eacnamaíoch, agus, ar an ábhar sin, beidh sé ina chuspóir ag an gComhairle chun ról turasóireachta Loch Garman a chur chun cinn agus a éascú, agus cáilíocht tháirgí turasóireachta agus chomhshaoil an chontae a chosaint agus a fheabhsú i gcomhthráth. Leagtar amach i gCaibidil 7 an Straitéis Forbartha Turasóireachta Inbhuanaithe agus a cuspóirí tacaíochta.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir ED07

Cumas turasóireachta Loch Garman a fhorbairt agus a uasmhéadú trí fhairsingiú na dtáirgí reatha turasóireachta agus trí tháirgí, áiseanna agus bonneagar nua turasóireachta a sholáthar, faoi réir comhlíonta leis na gnáthchritéir phleanála agus

chomhshaoil agus na caighdeáin bhainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

6.4.4 Fuinnimh In-Athnuaite, Barra Fuinnimh agus Tógáil Inbhuanaithe

Tá fuinnimh in-athnuaite á gcur chun tosaigh an dioscúrsa athshlánaithe eacnamaíoch. Tá Loch Garman dea-shuite chun caipitliú a dhéanamh ar a gcuid sócmhainní maidir le hidreafluinnimh, fuinneamh gréine, taoide agus gaoithe. Ar an gcuma chéanna, mar gheall go bhfuil traidisiún tréan ag an gcontae i dtógáil (bhí baint ag 13% den daonra i dtógáil de réir dhaonáireamh 2006), tá deiseanna ann chun na sraitheanna scileanna seo a fháil chun na teicneolaíochtaí nua seo a dhéantúsú. Ina theannta sin, féadfaidh Loch Garman a scileanna ón earnáil talmhaíochta a úsáid chun barra fuinnimh a sholáthar chun go leor de na teicneolaíochtaí nua seo a bhreoslú.

Tá an fhéidearthacht ann i limistéar barra fuinnimh bhiithmhaise ó fhoraoiseacht, crainn sailí agus mioscantaigh. Tá an fhéidearthacht ann, chomh maith, chun díleá anaeróbach a úsáid, a iompaíonn dramhaíl orgánach agus bithmhais fhliuch ina fuinneamh in-athnuaite. Ar a bharr sin, féadtar teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn a úsáid chun lánchumas na hearnála seo a bhaint amach.

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil réimse deiseanna ann i bhfuinnimh in-athnuaite agus i dtáirgeadh barra fuinnimh le haghaidh feirmeoirí, táirgeoirí fuinnimh agus gnólachtaí. Cabhróidh roghanna fuinnimh in-athnuaite a sholáthar le gnó a mhealladh chuig Contae Loch Garman mar gheall go soláthraíonn sé rogha níos saoire agus níos glaine a laghdaíonn an lorg carbóin agus a chabhróidh leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir ED08

Forbairt tionscal ‘glas’ a éascú agus a spreagadh, lena n-áirítear tionscail a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, teicneolaíochtaí atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh, athchúrsáil dramhaíola agus caomhnú ar an talamh a críosáíodh go cuí nó ar thalamh laistigh de shráidbhailte atá den scála agus den mhéid sin atá i gcomhréir

le nádúr an limistéir, faoi réir comhlíonta leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus na caighdeáin bhainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18. Ní cheadófar tionscail ghlasa lasmuigh de lonnaíochtaí mura gcomhlíonann an fhorbairt na riachtanais láithreach áiseanna bainistíochta dramhaíola a shonraítear i gCaibidil 10 agus faoi réir comhlíonta leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus na caighdeáin bhainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

6.4.5 Acmhainní Comhiomlána agus an Tionscal Eastóscach

In ainneoin an chúlaithe a tharlaigh le déanaí, féadfaidh fiontair eastóscacha cur go mór le folláin fhadtéarmach eacnamaíoch Chontae Loch Garman, trí dheiseanna díreacha fostaíochta a sholáthar, mar aon le foinse áitiúil d’amhábhair, go háirithe don tionscal tógála. Ar an ábhar sin, éascóidh an Chomhairle fiontair atá suite go hoiriúnach, dea-dheartar agus dea-bhainistithe. I gcomhthráth, agus aird ar dhíobháil fhéideartha shuntasach a d’fhéadfadh tionchar a dhéanamh do leas comhshaoil, talmhaíochta, cónaithe, turasóirí, caitheamh aimsire, tírdhreacha agus oidhreachta, ní mór don Chomhairle tabhairt faoi chosc a chur ar shuíomhanna nach bhfuil suite go hoiriúnach, nach bhfuil dea-dheartha agus nach ndéantar bainistíocht mhachnamhach orthu, mar aon le gníomhaíocht a ghlacadh ina leith. Sa mhullach air sin, tabharfaidh an Chomhairle faoina chinntiú go dtugtar tús áite do shlándáil suímh agus do shláinte agus do shábháilteacht trí choinníollacha a ghearradh agus a fhorfheidhmiú agus aird ar shlándáil suímh agus ar chomharthaí rabhaidh. Chomh maith leis sin, tuairisceoidh an Chomhairle cásanna nó cleachtais bhaolacha do na húdaráis chuif.

Thug an Chomhairle faoi scrúdú cuimsitheach ar ghníomhaíocht chairéalaithe in 2011/2012 de bhreis ar Alt 261a den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Chuir an próiseas seo ar chumas na Comhairle pictiúr níos soiléire de ghníomhaíocht reatha an tionscail eastóscaigh atá sa chontae agus ar scála na hoibre a theastaíonn chun comhlíonadh leanúnach na gcoinníollacha a chinntiú.

Tá aird ag an mír seo den Phlean ar Chairéil agus ar Ghníomhaíochtaí Cúntacha: Treoirlínte d’Údaráis Phleanála (DEHLG, 2004). Ceanglaíonn na treoirlínte seo, i measc rudaí eile, go sainithníonn Údaráis Áitiúla láthair shil-leagan tábhachtacha

d'acmhainní comhiomlána laistigh dá limistéar, go háirithe iad siúd lena mbaineann tábhacht réigiúnach nó náisiúnta, d'fhonn taiscí tábhachtacha neamhoibrithe a chosaint, lena n-áirítear gaineamh agus gairbhéal lena mbaint amach anseo. Tá léarscáileanna féideartha comhiomlána á réiteach ag Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (GSI) don tír trí chéile. Nuair a bheidh fáil ar na léarscáileanna, déanfaidh an Chomhairle breithniú ar conas a bheartaíonn siad an gá a chothromú le haghaidh forbairt agus fónas neamh-eastóscach tuaithe leis an ngá chun na hacmhainní tábhachtacha comhiomlána siúd a chosaint le húsáid fhéideartha a bhaint astu amach anseo.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir ED09

Forbairt an tionscail eastóscaigh a chosc a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar na limistéir a ainmníodh a mbaineann tábhacht Eorpach agus Náisiúnta (ar nós SACanna, cSACanna, SPAanna, NHAanna agus pNHAanna), áit ar féidir maolú sásúil a dhéanamh ar dhrochthionchar suntasach, fiú má shainaithníonn an GSI acmhainní suntasacha comhiomlána sna limistéir siúd. Glacfar cur chuige dian réamhchúramach nuair a imreofar tionchar ar shuíomhanna ainmnithe.

Cuspóir ED10

Féadfaidh suíomhanna tionscail eastóscaigh, iad féin, gnáthóga tábhachtacha nua a chruthú, agus anuas ar phríomhchuspóir an Phlean seo chun oidhreacht agus bithéagsúlacht uathúil nádúrtha an chontae a chosaint agus a fheabhsú, agus a chumas cultúrtha, oideachais agus éiceathurasóireachta a chur chun cinn agus a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe i gcomhthráth, ceanglóidh an Chomhairle go n-uasmhéadaíonn oibreoirí gach forbairt bheartaithe den tionscal eastóscach cumas bithéagsúlachta a suímh trí thograí a áireamh a chuireann an bithéagsúlacht chun cinn trí shaol oibre agus trí athchóiriú an chairéil agus iad á gcur i bhfeidhm.

Cuspóir ED11

A chinntiú go ndéantar forbairtí den tionscal eastóscach a shuíomh, a dhearadh agus a oibriú i gcomhréir le dea-chleachtas. Ba cheart bheith airdeallach ar na

cáipéisí treoirlínte a leanas (a d'fhéadfaí a ionadú agus/nó a nuashonrú) a mbaineann ábharthacht ar leith leo:

- Bainistíocht Comhshaoil sa Tionscal Eastóscach (GCC, 2006)
- Cairéil agus Gníomhaíochtaí Cúntacha – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DEHLG, 2004)
- Fiadhúlra, Gnáthóga agus an Tionscal Eastóscach (Notice Nature/Cónaidhm Choincréite na hÉireann/NPWS 2010)
- Cód an Chomhshaoil (ICF, 2006)
- Treoirlínte maidir le hOidhreacht Gheolaíoch don Tionscal Eastóscach (ICF agus an GSI, 2008)
- Cód Cleachtais Seandálaíochta (ICF agus DEHLG, 2009)

Cuspóir ED12

A chinntiú go lonnaítear áiseanna chun coincreit agus tarmac a dhéantúsú, san áit chuí, laistigh de na suíomhanna reatha tionscail, d'fhonn teacht i dtír ar sholáthar áisiúil d'ábhair, faoi réir an mhéid a leanas:

- Go lonnaítear na háiseanna siúd go hoiriúnach maidir le fónais amhairc
- Go mbíonn na háiseanna siúd faoi réir bainistíocht agus rialúcháin leanúnacha ar ghiniúint astuithe
- Go bhfuil an líonra rochtana agus bóithre áitiúla inghlactha don trácht a ghintear
- Comhlíonadh na ngnáthchritéir phleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir ED13

Breithniú a dhéanamh ar shuíomhanna ídithe chun ábhar dramhaíola táimhe a leagan agus a athchúrsáil, faoi réir chomhlíonadh na cosanta riachtanaí comhshaoil agus tráchta, go háirithe nuair a eascraíonn cruthú agus cosaint gnáthóg as na tograí siúd, agus faoi réir comhlíonta leis na gnáthchritéir phleanála agus comhshaoil agus na caighdeán bhainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir ED14

Treoir fhorlíontach a réiteach nó chun an plan a éagsúlú chun beartais a áireamh a chothromóidh leas an fhóntais agus na forbartha neamheastóscaí tuaithe leis an ngá le sil-leagan tábhachtach comhiomlán a chosaint lena bhaint amach anseo, má agus nuair a shainaithnítear an sil-leagan sin.

Cuspóir ED15

Tabhairt faoina chinntiú go dtugtar tús áite do shlándáil suímh agus do shláinte agus do shábháilteacht trí choinníollacha a ghearradh agus a fhorfheidhmiú agus aird ar shlándáil suímh agus ar chomharthaí rabhaidh. Chomh maith leis sin, tuairisceoidh an Chomhairle cásanna nó cleachtais bhaolacha do na húdaráis chuí.

Cuspóir ED16

Dul i mbun idirchaidreamh dearfach le grúpaí stocaireachta ionadaithe an tionscail, grúpaí áitiúla fóntais, údaráis áitiúla eile, an tSeirbhís um Fhiadhúlra agus Páirceanna Náisiúnta, comhlachtaí stáit agus páirtithe leasmhara eile i bhforbairt agus in athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar bhainistíocht agus ar rialú na Comhairle ar ghníomhaíochtaí eastóscacha.

6.4.6 Talmhaíocht

Tá bonn tréan talmhaíochta go traidisiúnta ag Contae Loch Garman agus tá feidhm thábhachtach ag talmhaíocht i ngeilleagar an chontae. Is é an sainmhíniú a thugann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) ar thalmhaíocht - 'gairneoireacht, fás torthaí, fás síolta, feirmeoireacht déirí, pórú agus coimeád beostoic (lena n-áirítear aon chréatúr a choimeádtar d'fhonn bia, olann, craicinn nó fionnadh a tháirgeadh, nó chun críche a n-úsáide i bhfeirmeoireacht a dhéanamh ar thalamh, oiliúint a chur ar chapaill agus folaíocht a thógáil aníos, úsáid na talún mar thalamh féaraigh, talamh mhóinéir, talamh shaileánaigh, gairdíní margaidh agus tailte plandlainne, agus forléireofar "talmhaíochta" dá réir sin.

Tá titim tagtha ar an gcéatadán de dhaoine atá fostaithe san earnáil talmhaíochta anuas ó 5.1% in 2002 go 4.68% in 2006. Meastar mbeidh an earnáil ina gné ríthábhachtach um chur chun cinn, áfach, i mborradh eacnamaíoch na hÉireann a aisghabháil agus i bhfostaíocht a chruthú sna chéad cúpla bliain eile amach

romhainn, ar nós áiseanna próiseála bia a fhorbairt. Is léir seo ó Dhaonáireamh 2011, a léiríonn go bhfuil baint ag 8.5% díobh siúd a oibríonn sa chontae sa talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht.

Chomh maith leis sin, beidh feidhm thábhachtach ag éagsúlú talmhaíochta. Sainaithníonn Clár Forbartha Tuaithe Fhorbairt Áitiúil Loch Garman 2007-2013 an méid a leanas amhail bheith ina ngníomhaíochtaí feirimbhunaithe le haghaidh éagsúlú:

- Áiseanna turasóireachta a sholáthar, ar nós foirgnimh feirme a athchóiriú ar mhaithe le cuspóirí turasóireachta, siúl, rothaíocht, slatiascaireacht, fálródaíochta ar chapaillín agus éanbhreathnú.
- Turasóireacht nideoige agus seirbhísí oideachais a fhorbairt, ar nós ealaíon agus ceardaíochta, bia speisialaithe a sholáthar agus feirmeacha oscailte.
- Siopaí feirme a fhorbairt ina ndíoltar táirgí baile/a fhástar agus a dhéantúsaítear go háitiúil.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir ED17

Forbairt leanúnach táirgeadh agus próiseáil bia a chur chun cinn laistigh den chontae, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir ED18

Táirgeadh agus próiseáil bia a chur chun cinn agus a spreagadh chun gníomhaíochtaí gaolmhara a sholáthar trí fhairsingiú agus forbairt gnólachtaí reatha a cheadú, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir ED19

Éagsúlú an gheilleagair thalmhaíochta a spreagadh agus a éascú trí éagsúlú feirme, faoi mar a shainmhíníonn Clár Forbartha Tuaithe Fhorbairt Áitiúil Loch Garman 2007-2013 é, a fhad nach n-imríonn sé tionchar diúltach ar shláinte phoiblí, nádúr agus fóntas an limistéir mhórthimpeall nó suíomhanna Natura 2000 agus faoi réir

chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir ED20

Tacú le forbairt cleachtais agus áiseanna inbhuanaithe talmhaíochta agus iad a éascú laistigh den chontae, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

6.4.7 Iascach agus Dobharshaothrú

Sócmhainní nádúrtha iad an fharraige agus uiscí intíre a mbaineann fíor-ardluach leo ní hamháin ó thaobh peirspictíocht iascaigh, ach mar acmhainní turasóireachta agus comhshaoil chomh maith. Aithníonn an Chomhairle go mbaineann ríthábhacht leis go gcosnaítear na hacmhainní seo ar bhealach inbhuanaithe don ghlúin reatha agus amach anseo. Sa chomhthéacs seo, lorgóidh an Chomhairle le timpeallacht ghlan uisceach a choimeád mar ghné bhuntábhachtach maidir le hinbhuanaitheacht na hacmhainne iascaigh trí chaighdeáin agus cuspóirí cáilíocht uisce. I gcomhthráth, Tá sé de chuspóir na Comhairle chun an méid a chuireann an earnáil iascaireacht mhara agus iascaigh intíre ar bhonn fadtéarmach le geilleagar an chontae agus le hábhar sóisialta pobail chósta a uasmhéadú.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir ED21

Tacú le forbairt tionscail iascaigh agus dobharshaothraithe agus lena n-éagsúlú ag láithreacha oiriúnacha, agus aird ar cheanglais Chreat-Treoir Uisce an AE, na Pleananna ábhartha Bainistíochta Abhantraí agus an Treoir maidir le Gnáthóga.

6.4.8 Foraoiseacht

Acmhainn nádúrtha iad foraoisí agus coillearnach ar féidir leo fiontás tráchtála, caitheamh aimsire, comhshaoil agus sochair aeistéitiúla a sholáthar don chontae. Féadfaidh foraoiseacht foirm bhreise de ghníomhaíocht feirme a sholáthar trí chothabháil agus bhuain plandála agus féadfaidh sí ábhar inbhuanaithe tógála agus foinse d'fhuinneamh in-athnuaite a sholáthar chomh maith. Sainaithníodh

foraoiseacht mar phríomhlimistéar tosaíochta i gClár an Rialtais 2011, lena n-áirítear clár bliantúil foraoiseachta 14,700 heicteár. Cabhróidh seo leis an gcumhdach náisiúnta foraoise a mhéadú chuig 17% faoi 2030. Is iad na spriocanna bliantúla plandála le haghaidh crainn leathanduilleacha 30% den fhiigiúr náisiúnta plandála. In 2010, b'ionann an céatadán cumhdaigh sa tír agus 10.82%, agus bhí achar 6.75% le sonrú i Loch Garman.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir ED22

Forbairt inbhuanaithe na foraoiseachta i Loch Garman a éascú, a fhad agus go bhfuil sí comhchuibhithe leis an tírdhreach máguaird, nach n-imrítear aon drochthionchar ar uiscí nádúrtha, gnáthóga fiadhúlra, nó ar limistéir faoi chaomhnú agus nach n-imrítear drochthionchar amhairc ar an tírdhreach áitiúil agus faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir ED23

Bunú tionscal foraoise féinchothaithí a spreagadh ar réimse speiceas agus ar réimse fairsing seirbhísí iarleagtha i ngar do limistéir faoi fhoraoisí a úsáidtear le haghaidh ábhar foinse, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir ED24

Bunú tionscail phríomha, thánaisteacha agus threasacha phróiseála foraoise a spreagadh faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

6.4.9 Cuanta

Tá dhá phríomhchuan sa chontae: Europort Ros Láir agus Cuan Ros Mhic Thriúin. Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann leo agus an sochar eacnamaíoch a chruthaíonn siad don chontae, réigiún agus don tír.

Europort Ros Láir

Sócmhainn straitéiseach, náisiúnta, réigiúnach agus chontae atá in Europort Ros Láir. Is é ról an chuain feidhmiú mar chuan tráchtála agus paisinéirí araon.

Láimhseálann sé an méid is mó de thrácht coisithe in Éirinn agus is é an tseirbhís is mó rolladh isteach, rolladh amach (Ro-Ro) paisinéirí agus lastais a oibríonn i ndeisceart Mhuir Éireann.

Aithníonn na SERPGanna cumas forbartha Europort Ros Láir i dtaobh gníomhaíocht eacnamaíoch bhreisluacha atá bunaithe ar an gcladach. Tá cumas suntasach forbartha ann san earnáil lóistíochta, agus aird ar a láthair agus ar naisc bhóthair le Baile Átha Cliath, Corcaigh agus le hionaid mhóra eile eacnamaíocha. Fiosraítear an cumas seo níos mó i gCaibidil 8.

Lorgaíonn cáipéis na Comhairle, Cruthú Post trí Fhuinneamh a Ghiniúint agus a Úsáid ó Acmhainní Fuinnimh In-Athnuaite (Meitheamh 2010) chun geilleagar glas i gContae Loch Garman a chruthú. Leagann an cháipéis seo béim ar an gcumas chun Europort Ros Láir a fhorbairt mar Chríos Fuinnimh In-Athnuaite (SEZ). Is éard atá i gceist leis seo ná chun ionad a fhorbairt chun tacú leis an tionscal fuinnimh in-athnuaite ag a bhfuil cumas chun fuinneamh gaoithe, tonn, taoide agus feithiclí leictreacha a fhorbairt. Ceadaíonn an Europort do chuideachtaí san earnáil bhia i gContae Loch Garman an sochar chun an t-am a íoslaghdú a ghlacann sé chun a dtáirgeacht a thabhairt a fhad leis an margadh. Anuas air sin, soláthraíonn an Europort rogha eile ar an aerfort do thurasóirí agus do chuairoteoirí a iontrálann an contae.

Leagtar amach i bPlean Ceantair Áitiúil Chalafort Ros Láir agus Chill Ruáin 2012-2018 ról forbartha Europort Ros Láir agus na cuspóirí chun tacú lena fhorbairt amach anseo.

Cuan Ros Mhic Thriúin

Is é Cuan Ros Mhic Thriúin, atá lonnaithe ag Insí an Mhéirse, an t-aon chuan intíre atá in Éirinn. Tá sainchumas ag an gcuan chun bulc tirim agus leachtach a láimhseáil. Aithníonn na SERPGanna cumas forbartha an chuain. I measc na dtreoirilínte tá cuspóir chun cé bhreise a fhorbairt níos faide thuas in aghaidh an

tsrutha ón gcé reatha agus chun trádstóráil agus stóráil oscailte a thógáil. Aithnínn Plean Forbartha Bhaile agus Phurláin Ros Mhic Thriúin 2011-2017 tábhacht eacnamaíoch an chuain. Áirítear leis an bPlean cuspóirí chun tacú le hÚdarás Cuain Ros Mhic Thriúin chun an cuan a fhorbairt trí fhorbairt amach anseo a éascú in Insí an Mhéirse agus trí ghníomhaíochtaí cuanbhainteacha a sholáthar ag Insí an Mhéirse.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir ED25

A chinntiú go gcosnaítear talamh ag a bhfuil an cumas chun freastal ar fhorbairt chuanbhainteach ag Europort Ros Láir agus ag Cuan Ros Mhic Thriúin ó fhorbairt mhí-oiriúnach a bhainfeadh dá gcumas fadtéarmach chun freastal a dhéanamh ar an bhfoirm seo d'fhorbairt.

Cuspóir ED26

Chun cumas áiseanna chuan Ros Láir agus Ros Mhic Thriúin a uasmhéadú agus chun forbairt fostaíochta a bhaineann leis an gcuan a chur chun cinn, faoi réir a chinntiú go ndéantar an measúnú cuí ar aon phlean nó tionscadail a bhaineann le forbairt eacnamaíoch tailte a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar shuíomh Natura 2000 i gcomhréir le hAirteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga d'fhothach drochthionchar a imirt ar iomláine an tsuímh/na suíomhanna a sheachaint.

Cuspóir ED27

Talamh a críosáíodh go hoiriúnach agus go leordhóthanach chun gníomhaíocht eacnamaíoch a chur chun cinn i limistéar na gcuanta agus chun cabhrú le fíorú chumas eacnamaíoch Europort Ros Láir agus Chuan Ros Mhic Thriúin, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir ED28

Tacú le forbairt Europort Ros Láir mar Chrios Fuinnimh Inbhuanaithe (SEZ) agus chun an bonneagar riachtanach a sholáthar chun a fhorbairt mar SEZ a éascú.

Cuspóir ED29

Comhoibriú leis an stát agus le gníomhaireachtaí fostaíochta leathstáit agus le heagraíochtaí áitiúla chun fiontair a chur chun cinn, a mhargú agus a spreagadh chun gníomhaíochtaí oiriúnacha a lonnú i leithdháileadh, lóistíocht agus in earnálacha gaolmhara eile i gCalafort Ros Láir agus Ros Mhic Thriúin.

6.4.10 Ríomhoibriú agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch sa Bhaile

Tá níos mó daoine ag oibriú ón mbaile, cibé acu trí ríomhoibriú nó trí ghníomhaíocht eacnamaíoch atá bunaithe sa bhaile a eagrú. Is é an sainmhíniú atá ar ríomhoibriú aon fheidhm ghnó faoina dtugtar amach ón oifig agus cumarsáid nua-aimseartha agus teicneolaíochtaí faisnéise a úsáid. Féadtar tabhairt faoi 100% den am nó líon laethanta sa tseachtain agus tugann duine faoi leo féin, sa bhaile, de ghnáth.

Gníomhaíochtaí gairmiúla agus tráchtála beagscála iad gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa bhaile faoina dtugann cónaitheoirí tí agus atá íochtarach nó coimhdeach i leith úsáid na háite cónaithe mar áit chónaithe. Tá méadú tagtha ar mhinicíocht an oibrithe ón mbaile mar gheall ar dhul chun cinn sa teicneolaíocht agus na laghduithe a sholáthraíonn sé ar chostais chomaitéireachta. Aithnítear chomh maith na sochair eacnamaíocha a bhaineann le láthair 'ghnólachtaí tionscanta' laistigh den bhaile ar fud an chontae.

Ní theastaíonn cead pleanála chun tabhairt faoi ríomhoibriú sa bhaile leat féin, ach teastaíonn feidhmchlár athrú úsáide ó roinnt gníomhaíochtaí sa bhaile. D'áireofaí leis na húsáidí siúd soláthar cúram leanaí (seachas é sin a thagann faoi chuimsiú na rialachán díolmhaithe forbartha), lialanna do chleachtóirí leighis (dochtúirí, fiacloirí, fisiteiripeoirí) agus fiontair bheagscála. Déantar plé níos mionsonraithe ar mheasúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála le haghaidh gníomhaíocht eacnamaíoch i gCaibidil 18.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir ED30

Chun forbairt agus/nó iompú áit chónaithe éascú chuig gníomhaíocht eacnamaíoch sa bhaile, sa chás gurb í an áit chónaithe fós príomháit chónaithe an chleachtóra

agus go bhfuil an úsáid eacnamaíoch coimhdeach leis an úsáid chónaithe agus faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

6.4.11 Forbairt Miondíola

Baineann tábhacht leis an earnáil mhiondíola i measc chónaitheoirí an chontae, cuairteoirí agus gnólachtaí agus cruthaíonn sí éileamh ar sholáthraithe áitiúla agus soláthraíonn sí fostaíocht áitiúil. Áiríodh le réiteach an Phlean athbhreithniú iomlán ar Straitéis Miondíola an Chontae 2007-2013 ar aon dul leis na Treoirínte maidir le Pleanáil Miondíola d'Údaráis Phleanála (DECLG, 2012). Tá an Straitéis nua Miondíola cuimsithe in Imleabhar 4. Leagtar amach inti na treochtaí miondíola go dtí seo agus cuspóirí na Comhairle maidir le forbairt miondíola sa chontae do thréimhse an phlean.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir ED31

A chinntiú go bhfuil an fhorbairt uile miondíola a cheadaítear i gcomhréir leis na Treoirínte maidir le Pleanáil Miondíola d'Údaráis Áitiúla (DECLG, 2012) agus le Straitéis Miondíola Chontae Loch Garman.

Cuspóir ED32

Forbairt a cheadú atá de scála a oireann do leibhéal an bhaile/an cheantair laistigh den ordlathas miondíola agus daonra an dobharcheantair.

Cuspóir ED33

Cosc a chur ar fhorbairtí nua miondíola dá ndéanfaidís féin, nó i dteannta forbairtí agus tograí eile a rinneadh le déanaí, díobháil thromchúiseach ar bheogacht agus ar inmharthanacht láir reatha bhailte.

Cuspóir ED34

Aird a bheith ar thorthaí na measúnachta cumais a chuimsítear sa Straitéis Miondíola Contae agus measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála. Nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar aon togra aonair phleanála in aon bhaile, áfach, beidh ar an

iarratasóir a léiriú sa Mheasúnacht Tionchair Miondíola go n-oireann an spás urláir agus aird ar an gcandam de spás urláir a theastaíonn sa bhaile sin. Cuirfidh an Mheasúnacht Tionchair Miondíola san áireamh daonra an dobharcheantair, ceadanna atá ar marthain agus an dóchúlacht go gcuirfear i bhfeidhm iad mar aon le folúntais sna bailte aonair. Féadfaidh an Chomhairle faisnéis a sholáthar maidir le ceadanna atá ar marthain. Ní bheidh an gá cainníochtúil leis an gcandam de spás urláir an t-aon toisc chinntitheach; déanfaidh an Chomhairle breithniú chomh maith ar cibé acu an lonnófaí aon iarratas pleanála ar leith ní b'fhearr go seicheamhach ná forbairtí ceadaithe nó an dteastódh sé ar chúiseanna cáilíochtúla, ar nós phróifíl mhiondíola an Chontae a threisiú.

Cuspóir ED35

Na príomhshráideanna agus na sráideanna tánaisteacha ainmnithe a chur chun cinn agus a chosaint mar na príomhláithreacha d'fhorbairt miondíola.

Cuspóir ED36

Cosc a chur ar iarratais ar chead pleanála as a n-eascródh glanchaillteanas áisiúlachta agus spás urláir shiopadóireachta ar leibhéal na talún ar na príomhshráideanna miondíola, áit a mbeadh tionchar aige seo ar bheogacht agus inmharthanacht na sráideanna siúd.

Cuspóir ED37

Ar na príomhshráideanna miondíola, dhéanfaí breithniú fabhrach ar chead le haghaidh banc agus seirbhísí eile gairmiúla, úsáidí oifige, bialann, beár, eisceadúnas, bialanna beir leat agus úsáidí ócáideacha eile, a fhad agus a chomhlíontar an méid a leanas:

- i) Ní bheadh na tograí, iad féin, nó i dteannta a chéile, ina gcúis le díobháil shoiléir a dhéanamh d'fheidhm, nádúr nó cuma na sráide atá i gceist nó do lár an bhaile ina iomláine.
- ii) Ní bheadh aon chaillteanas suntasach i gceist maidir le cóiríocht chónaithe ar leibhéal uachtaracha urláir. Cé gurb í úsáid chónaithe an rogha úsáide thuas staighre, glactar leis nach indéanta i gcónaí cóiríocht a sholáthar do na haonaid oiriúnacha sna foirgnimh seo. Ar an ábhar sin, déanfar breithniú ar úsáidí eile tráchtála, ach beidh aird ag an Údarás Pleanála ar

an méid úsáidí cónaithe a choimeádtar sa limistéar lena chinntiú go gcoimeádtar cothromaíocht idir úsáidí cónaithe agus tráchtála i lár an bhaile. Ní eascródh iolracht neamh-inghlactha de na húsáidí siúd in aon cheantar amháin as an úsáid, cibé acu le chéile nó leis na húsáidí reatha nó ceadaithe.

Cuspóir ED38

Déanfar breithniú ar fhorbairtí miondíola ar imill suíomhanna láir bhaile nó suíomhanna láir lasmuigh de bhailte nuair a léirítear go soiléir go ndearnadh imscrúdú iomlán ar gach suímh inmharthana, atá ar fáil agus atá oiriúnach i lár an bhaile agus go ndearnadh breithniú orthu i gcomhréir leis na Treoirínte Pleanála Miondíola agus leis an tástáil sheicheamhach ach go háirithe. Cuirfear rannaíocaíocht speisialta airgeadais i bhfeidhm le forbairtí miondíola ar imeall suíomhanna láir bhaile nó suíomhanna láir lasmuigh de bhailte. Úsáidfí an Chomhairle an ranníocaíocht seo chun tabhairt faoi na feabhsúcháin lár baile agus/nó chun feabhas a chur ar shocruithe rochtana ó lár an bhaile chuig an suíomh ábhair. Leagfar forálacha amach, ina leith seo, sna Scéimeanna Ranníocaíochta Forbartha, faoi seach.

Cuspóir ED39

Tús aite a thabhairt d'athúsáid foirgneamh folamh agus tréigthe i lár an bhaile ar mhaithe le húsáidí, lena n-áirítear forbairt miondíola.

Cuspóir ED40

'Cónaí os cionn an tsiopa' a spreagadh ina bhfuil feidhm chónaithe ag stóir uachtaracha foirgneamh agus ina n-úsáidtear urlár na talún ar mhaithe le cuspóirí tráchtála nó miondíola.

Cuspóir ED41

Breithniú a dhéanamh ar fhorbairtí miondíola a bhaineann leis an turasóireacht i mbailte agus i sráidbhailte nó ag nithe bunaithe reatha is díol spéise do thurasóirí. Dearfar agus lonnófar an áis mhiondíola go hoiriúnach agus beidh sí de scála nach mbaineann ón ngné thurasóireachta agus beidh sí faoi réir chomhlíonadh na

ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir ED42

Leanúint agus feabhsúcháin chomhshaoil a dhéanamh ar láir bhaile trí dhearadh ardchaighdeán shibhialta, fearastú mealltach sráide, soilsiú agus tionscnaimh éifeachtacha ghlantacháin/feabhsaithe gnó de shaghas ceantair a sholáthar.

Cuspóir ED43

Feabhas a chur ar inrochtaineacht láir bhaile trí thimpeallacht uirbeach ar leas coisithe agus rothaithe a fhorbairt agus trí bheatha bheoga sráide a chur chun cinn.

Cuspóir ED44

A chinntiú go bhfuil gach plean nó tionscadal a bheartaítear a bhaineann le forbairt miondíola (lena n-áirítear trádstórais mhiondíola, asraonta monarchan, ionaid siopadóireachta, siopaí áise etc) agus aon oibreacha gaolmhara feabhsaithe nó bonneagar bainteach (i.e. áiseanna páirceála), ar bhonn aonair nó i dteannta pleananna nó tionscadail eile, faoi réir Tástáil Oiriúnach Measúnachta lena chinntiú nach mbeidh aon tionchar suntasach dóchúil ar iomláine (a shainítear trí struchtúr agus feidhm) aon suímh/suíomhanna Natura 2000 agus go sásaítear go hiomlán ceanglais Airteagail 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE. Sa chás gur dócha go mbeidh tionchar dóchúil ag an bplean nó an tionscadal ar shuíomh Natura 2000, beidh sé faoi réir na Tástála Oiriúnaí. Ní leanfar ar aghaidh leis an bplean nó leis an tionscadal ach tar éis go ndeimhnítear nach mbeidh drochthionchar aige ar iomláine an tsuímh nó sa chás nach ann d'aon roghanna eile, go meastar go bhfuil an plean nó an tionscadal ríthábhachtach ar cúiseanna leasa uileghabhálaigh phoiblí, go léir i gcomhréir le forálacha Airteagail 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE.

6.4.12 Láithreáin Athfhorbraíochta i gCeantair Thuaithe agus Uirbeacha

I mbailte agus sráidbhailte, déanfaidh an Chomhairle breithniú fabhrach ar athúsáid a bhaint as foirgnimh agus suíomhanna folmha nó tréigthe ar mhaithe le gníomhaíochtaí ginte fostaíochta agus fiontair. Faoin tuath fairsing, spreagfar an fhéidearthacht chun seansuíomhanna agus foirgnimh thalmhaíochta folmha nó nach

raibh úsáid á baint astu a athúsáid ar mhaithe le gníomhaíochtaí nua éagsúlaithe tuaithe d'fhoill feabhas a chur ar dhreach amhairc an cheantair, agus chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint as talamh agus chun gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh i gceantair thuaithe agus uirbeacha araon.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir ED45

Breithniú a dhéanamh ar athúsáid/athfhorbairt suíomhanna athfhorbraíochta faoin tuath ar mhaithe le gníomhaíochtaí éagsúlaithe feirme, faoi mar a shainmhíníonn Clár Forbartha Tuaithe Fhorbairt Áitiúil Loch Garman 2007-2013, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir ED46

Breithniú a dhéanamh ar athúsáid/athfhorbairt suíomhanna athfhorbraíochta i mbailte agus i sráidbhailte ar mhaithe leis na tograí oiriúnacha eacnamaíocha forbartha faoi réir scála na forbartha beartaithe agus nádúr an phróisis bheartaithe nó go mbíonn an ghníomhaíocht i gcomhréir agus comhoiriúnach do nádúr an bhaile nó an tsráidbhaile agus faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Caibidil 7 Turasóireacht


7.1 Réamhrá

Tá ról tábhachtach eacnamaíoch agus sóisialta ag an turasóireacht laistigh de Chontae Loch Garman. Limistéar traidisiúnta treise a bhí ann riamh anall i Loch Garman agus tá clú chroí ‘Oirdheisceart na Gréine’ ar Loch Garman, áit a dtagann an lucht saoire chun sult a bhaint as a imeallbhord fairsing, ailtireacht shaibhir, acmhainní nádúrtha agus oidhreacht chultúrtha. Téann sí chun sochair an gheilleagair mar gheall go leithdháiltear ioncam a thuilltear ó ghníomhaíocht turasóireachta ar fud réimse leathan earnálacha eacnamaíocha. Anuas air sin, féadfaidh tábhacht ar leith baint leis an turasóireacht in éagsúlú an gheilleagair thuaithe agus i mbailte agus sráidbhailte áirithe a athghiniúint. Le blianta beaga anuas, tá titim tagtha ar an ioncam a chruthaigh an turasóireacht ó chuairoteoirí iasachta (€3.9 billiún in 2009, a léirigh titim 19% ar 2008). Tá fás le sonrú, áfach, ar an margadh intíre de réir mar a roghnaíonn daoine dul ar saoire sa bhaile.

Shainaithin suirbhé cuairteora, faoinar thug Fáilte Éireann in 2010, buntáistí na hÉireann i gcomparáid le cinn scríbe eile. Dheimhnigh na suirbhéanna gur luaigh 41% den lucht saoire iomlán gurbh iad muintir na hÉireann an príomhbhuntaiste, luaigh 24% de na freagróirí radharc tíre agus luaigh 18% an cultúr/an stair.

Mheas Fáilte Éireann gur fháiltigh an Réigiún Thoir Theas 685,000 cuairteoir iasachta in 2010. Tugann na réamhthorthaí le fios gur tháinig formhór (55%) de na cuairteoirí seo ón mBreatain. B’ionann an t-ioncam a chruthaigh turasóirí iasachta do Chontae Loch Garman agus €45 milliún. Ba é seo an méid ba mhó ioncaim a chruthaigh an turasóireacht in aon cheann de na contaetha sa Réigiún Thoir Theas.

Fíor Uimh. 3 Cuairteoirí lasachta ar Loch Garman in 2010



7.2 Comhthéacs Beartais

An Plean Náisiúnta Forbartha 2007-2013 (NDP)

Aithníonn an NDP gur mórionstraim forbartha eacnamaíche réigiúnaí agus tuaithe an turasóireacht, a chuireann margaíocht turasóireachta, forbairt táirgí agus cláir oiliúna in áirithe le haghaidh cistiú. Sa bhreis air sin, tacaíonn sí le táirgí ardchaighdeán turasóireachta tuaithe a fhorbairt.

An Straitéis Náisiúnta Spáis 2002-2020 (NSS)

Tugtar breac-chuntas san NSS ar an ról tábhachtach is féidir leis an turasóireacht a chomhlíonadh i bhforbairt eacnamaíoch bailte, sráidbhailte agus ceantar tuaithe. Aithnítear cultúr agus oidhreacht thógtha Loch Garman amhail bheith ina bpríomhshócmhainn sa Réigiún Thoir Theas. Anuas air sin, tugann sé le fios gur féidir le Ros Láir conair farraige an deiscirt a threisiú má chruthaíonn an Bhreatain Bheag deiseanna méadaithe le haghaidh turasóireachta. Tá an cumas ag cúrsaí uisce intíre, ar nós ghleanna abhann an Oirdheiscirt, deiseanna straitéisí

turasóireachta a chruthú. Anuas air sin, leagann an NSS béim ar an gcaoi gur minic is féidir gníomhaíochtaí turasóireachta a dhíriú i gceantair ina mbeadh bonn lag eacnamaíoch murach sin agus gur féidir leo rogha eile a sholáthar ar an bhfeirmeoireacht i gceantair thuaithe a bhfuil meath ag teacht orthu.

Scóip Nua do Thurasóireacht na hÉireann – Marthain, Athshlánú agus Fás: Straitéis chun Turasóireacht na hÉireann a Athnuachan, 2009-2013 (Tuarascáil Mheántearma an Ghrúpa Athnuachana Turasóireachta 2009)

Soláthraíonn an Straitéis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, a d'fhoilsigh an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, sraith gníomhartha chun tacú le breis forbartha na turasóireachta in Éirinn agus ina réigiúin. Is iad seo a leanas na gníomhartha is ábhartha don Chomhairle:

- Infheistíocht a choimeád i sócmhainní turasóireachta – táirgeadh. Infheistíocht i dtionscadail tosaíochta a athnuachan, lena n-áirítear cistí do nithe is díol spéise poiblí agus bonneagar agus dreasachtaí chun cóiríocht a athchóiriú. Is gá an stoc nithe is díol spéise a choimeád agus a fheabhsú, lena n-áirítear croítháirge turasóireachta foirgnimh agus suíomhanna oidhreacht agus cultúrtha mar aon le fónais ar nós páirceanna, tránna agus raonta.
- Ceannasaí domhanda a dhéanamh d'Éirinn i ríomhghnó na turasóireachta – agus an leathanbhanda a thabhairt isteach ar fud na tíre.
- Tús áite a thabhairt do mhíreanna den mhargadh, áit ar féidir le hÉirinn buntáiste iomaíoch a bhaint amach – turasóireacht chultúrtha, gníomhaíochtaí faoin spéir, sosanna bunaithe ar imeachtaí agus turasóireacht tuaithe.
- Rochtain ar Éirinn a dhéanamh níos fusa
- Do bhealach a aimsiú thart ar Éirinn a dhéanamh níos fusa – naisc iompair, seirbhísí iompair a bhaineann go sonrach leis an turasóireacht, comharthaíocht agus faisnéis.

Treoirínte Réigiúnacha Pleanála don Réigiún Thoir Theas 2010-2022

Leagann na Treoirínte Réigiúnacha Pleanála don Réigiún Thoir Theas 2010-2020 (SERPGanna) an bhéim ar an ról tábhachtach is féidir bheith ag an turasóireacht i ngeilleagar an Oirdheiscirt. Tacaíonn siad le cur chuige réigiúnach i leith margaíochta agus cóiríocht ardchaighdeán a sholáthar. Luaitear iontu go bhfuil

féidearthacht ann chun nithe is díol spéise do chuairteoirí a fhorbairt ag a bhfuil próifíl thréan náisiúnta atá nasctha le fónais ardchaighdeán an réigiúin, ar nós a oidhreachta, gleanna abhann, slatiascaireachta, siúil, rothaíochta, gníomhaíochtaí faoin spéir, cúrsaí gailf ardchaighdeán, áiseanna eachaíochta agus ardtailte, thránna agus chalafoirt an réigiúin. Ar a bharr sin, aithnítear an fhéidearthacht atá ann le haghaidh agrathurasóireachta, éiceathurasóireachta, cóiríochta i dtithe feirme, feirmeacha oscailte, feirmeacha peataí agus ionaid fálróide ar chapail. I dtaobh na mbailte agus na sráidbhailte, tá deiseanna ann do thurasóireacht oidhreachta uirbí agus don mhargadh ‘sos cathrach’.

Plean Forbartha Turasóireachta an Oirdheiscirt 2008-2010

Tugtar breac-chuntas sa phlean seo, a réitigh Fáilte Éireann, ar spriocanna straitéiseacha chun an réigiún a fhorbairt agus a mhargú. Is iad seo:

- An réigiún a chur chun tosaigh mar an gceann scríbe oidhreachta is fearr
- An cultúr agus na himeachtaí atá ar fáil a fhairsingiú, agus an tOirdheisceart a chur chun cinn mar ‘áit ina bhfuil go leor rudaí ag tarlú’
- ‘Gníomhaíochtaí spraoi don teaghlach agus ionaid saoire’ a thabhairt isteach
- Gníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus rochtana uiscebhunaithe agus talamhbhunaithe a fhorbairt
- Rochtain iompair chuig agus laistigh den réigiún a fheabhsú

Bord Forbartha Contae Loch Garman

Leagann cáipéis Bhord Forbartha Contae Loch Garman ‘Loch Garman a shuíomh don Chorr chun Feabhais – I dTreo Borradh agus Forbairt Inbhuanaithe’ (2010) an bhéim ar an turasóireacht amhail bheith i measc na gcúig eanáil ar cheart dóibh bheith ina ‘gcolún fáis’ le haghaidh Loch Garman. Sainaithnítear an éiceathurasóireacht (aistriú chuig turasóireacht níos glaine, níos glaise agus níos eiticiúla agus béim ar inbhuanaitheacht chomhshaoil) agus ar an turasóireacht eispéireasach (an fonn a bhíonn ar chuardaitheoirí cultúir eispéiris aiceanta a fháil) mar limistéir fhéideartha fáis amach anseo. Tacaíonn cáipéis 2009 an Bhoird ‘Gníomhaíocht d'Athrú’ le feiniúlacht ‘bhranda’ turasóireachta Loch Garman a uasmhéadú mar ‘Cheann Scríbe Oidhreachta Nádurtha agus Cultúir’.

Treoirlínte agus Rialacha Oibriúcháin an Chláir Forbartha Tuaithe 2007-2013

Tá an Clár Forbartha Tuaithe á reáchtáil ag Forbairt Áitiúil Loch Garman (WLD). Cónascadh na dtrí chuideachta a leanas atá sa WLD: Eagraíocht Loch Garman um Fhorbairt Tuaithe; Comhpháirtíocht Chontae Loch Garman agus Comhpháirtíocht Cheantar Loch Garman agus tá sé á chistiú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus ag an Státchiste Náisiúnta. Leagann an Clár Forbartha Tuaithe béim ar ghníomhaíochtaí turasóireachta a spreagadh d'fhorbairt eacnamaíoch ceantar tuaithe.

7.3 Táirge Turasóireachta

Tá réimse fairsing nithe is díol spéise do thurasóirí ann i gContae Loch Garman ar féidir iad a chaipitliú chun tionscal tréan ardchaighdeáin turasóireacht a fhorbairt atá inbhuanaithe ó thús deireadh na bliana. Rinne suirbhéanna ar chuairteoirí 2010 Fháilte Éireann scrúdú ar na 10 ní is mó is díol spéise sa Réigiún Thoir Theas. Bhí cúig ní is díol spéise ann i gContae Loch Garman i measc na ndeich gcinn: Páirc agus Crannlann John F Kennedy (105,651 cuairteoir), Páirc Náisiúnta Oidhreacht na hÉireann (45,641 cuairteoir), Dúnfort Dhún Canann (35,000 cuairteoir), Músaem Talmhaíochta na hÉireann (34,000 cuairteoir) agus Teach Solais Rinn Duáin (32,178 cuairteoir). Níor éirigh a fheabhas le contae ar bith eile sa réigiún, a léiríonn treise tháirge turasóireachta Loch Garman. Meastar go gcabhróidh forbairt nithe íocónacha is díol spéise agus nithe eile is díol spéise do thurasóirí le héagsúlú an táirge turasóireachta.

Ar a bharr sin, tá cóiríocht ardchaighdeáin óstáin ar fáil sa chontae, mar aon le hionaid spá agus cóiríocht teach aíochta, anuas ar nithe is díol spéise do thurasóirí, a spreagfaidh daoine chun cuairt a thabhairt ar an gcontae agus a spreagfaidh na cuairteoir seo chun fanacht níos faide.

Léiríonn Tábla Uimh. 17 na príomhnithe is díol spéise do thurasóirí atá i Loch Garman i dtaobh a shócmhainní náisiúnta, sócmhainní cultúrtha, sócmhainní caitheamh aimsire agus imeachtaí. Tá go leor bealaí ann inar féidir an táirge turasóireachta a fhorbairt agus a éagsúlú, ar nós: naisc a fhorbairt le diaspóra na hÉireann, Conair Chaisleáin agus comhdháil a fhorbairt.

Tábla Uimh. 17 Príomhnithe is Díol Spéise do Thurasóirí i gContae Loch Garman

Nádúrtha	• An t-imeallbhord agus tránna gainimh, mar shampla, Currach Cló, Cathóir agus Cladach Ros Láir • Na Staighrí Dubha • Gleann Abhann na Sláine, an Bhearú • Conairí, mar shampla, Cnoc Charraig Bhraín, Foraois Chúil Mheala • Sliabh Fhothart, na Trí Charraig, an Sliabh Buí, Siúlóid na hEasca Móire, Foraois Chill Bhreatnais, Abhainn an Edenvale, Coillte Bhaile na Cúirte agus Cnoc Bhrí • Anaclann Dúlra Rinn Rámhann • Oileáin an tSailte Mhóir • Cosán an Chósta – Cill Mhichíl go dtí Rinn Duáin • Anaclann Fiadhúlra Loch Garman
Cultúr	• Teach Solais Rinn Duáin, Páirc Oidhreachta Náisiúnta na hÉireann, Páirc agus Crannlann John F Kennedy, Teach Mhuintir Kennedy • Oidhreacht Mhainistreach: Mainistir Naomh Aodáin, Mainistir Sheilsceire, Ard-Eaglais Inis Córthaidh agus Mainistir Thinteirn • Long ón nGorta Mór Dhún Bróithe agus Eispéireas Imirce na hÉireann • Ionad Náisiúnta Cuairteoir 1798 • Cnoc Fhiodh na gCaor • Caisleán Inis Córthaidh • Caisleán Fhearna • Caisleán Bhaile Hac • Caisleán Bhaile Sheáin agus Músaem Talmhaíochta na hÉireann • Áras Ceoldrámaíochta Loch Garman • Ionad Ealaíon Loch Garman • Conair Ghairdín Loch Garman

	• Limistéir Bheartaithe Chaomhantais Ailtireachta i mBaile Loch Garman, Baile Inis Córthaidh agus i mBaile Ros Mhic Thriúin • Dúnfort Dhún Canann • Seandálaíocht Faoin Uisce – Fiodh Alúine, Longbhristeacha an Gírl Arlene agus Grogan
Caitheamh Aimsire	• Ionaid Ghníomhaíochtaí • Spánna • Galf • Siúlóidí, mar shampla, an tSiúlóid Chuimhneacháin 1798 ('Remember 1798'), Siúlóid Oidhreachta Bhaile Inis Córthaidh, Siúlóid Oidhreachta Bhaile Loch Garman • Spóirt uisce: Cadhcáil, seoltóireacht, tonnmharcaíocht, gaothshurfáil, surfáil eitleoige, curachóireacht, tumadh ag Cé na Cille Móire agus ag Rinn Duáin • Gluaiseacht trastíre, cairtíneacht agus rothaíocht cuadrothair • Feirmeacha oscailte • Éanbhreathnú, breathnú ar mhíolta agus ar dheilfeanna • Fánaíocht, dreapadóireacht sléibhe, dreapadóireacht carraige, faoileoireacht foluana agus parafhaoileoireacht • Boghdóireacht • Rianadóireacht • Lámhach millíní péinte • Rásaíocht capall agus seómharcaíocht agus rásaíocht cúnna • Saghsanna éagsúla rothaíochta • Siopadóireacht
Imeachtaí	• Féile Cheoldrámaíochta • Féile Frainseála Loch Garman • Féile Bhia agus Fíona Loch Garman • Féile Sútha Talún Loch Garman; Leathmharatón sútha talún • Féile Cheoil Maritime Matter • Féile Chórúil Aims • Leathmharatón Loch Garman

	• Eireman X – trí-atlan/dé-atlan easbhóthair agus go leor rásanna móréilimh bhóthair eile • Taispeántais talmhaíochta • Railí bóthair • Turais tarracóirí seanré
--	---

Nóta: Ní liosta críochnaitheach seo.

7.4 Straitéis Forbartha Turasóireachta Inbhuanaithe

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le straitéis forbartha turasóireachta inbhuanaithe, mar gheall gur féidir le turasóireacht neamhbhainistithe cur le baint ó cháilíocht an táirge turasóireachta agus le cáilíocht chomhshaoil an chontae. Tá sé de chuspóir ag an Straitéis seo tionscal turasóireachta inbhuanaithe a fhorbairt a ghníomhóidh mar phríomhghné um chur chun cinn an gheilleagair, a léiríonn meas sóisialta agus comhshaoil agus a fhorbraíonn ar luas agus scála a chinntíonn nach mbaintear de shócmhainní turasóireachta an chontae san fhadtéarma.

Tá an méid a leanas i measc chuspóirí na Straitéise Forbartha Turasóireachta Inbhuanaithe don chontae:

- Cumas na turasóireachta a uasmhéadú mar ‘cholún de bhorradh eacnamaíoch’ a chuirfidh le forbairt chothromaithe eacnamaíoch an chontae agus leis an tionscadal turasóireacht sa Réigiún Thoir Theas.
- Forbairt inbhuanaithe an tionscail turasóireachta a chur chun cinn d’fhonn cáilíocht tháirgí turasóireachta agus cáilíocht chomhshaoil an chontae a chosaint.
- Sócmhainní turasóireachta an chontae a chosaint agus caipitliú a dhéanamh ar nithe sainiúla is díol spéise do thurasóirí a chuireann an contae ar fáil, lena n-áirítear oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha, tírdhreacha scéimhe, limistéir an chósta agus tráanna, aibhneacha agus foraoisí.
- Féiniúlacht oiriúnach bhranda a chur chun cinn agus a fhorbairt, i gcomhar le gníomhaíochtaí turasóireachta, ar nós Fháilte Éireann, Bord Turasóireachta Chontae Loch Garman agus Bord Forbartha Contae Loch Garman, ar nós ‘Cheann Scríbe Nádúrtha agus Cultúir’ na hÉireann.

- Forbairt táirgí ardchaighdeán turasóireachta a chur chun cinn.
- Rochtain fheabhsaithe ar an gcontae a chur chun cinn trí bhreis forbartha a dhéanamh ar Europort Ros Láir agus ar iompar feabhsaithe poiblí agus rochtain bóthair a sholáthar ar fud an chontae, don Réigiún Thoir Theas agus don tír trí chéile
- Feabhas a chur ar an mbonneagar turasóireachta ar fud an chontae, ar nós comharthaíochta, áiseanna carrpháirceála agus áiseanna seirbhíse/sosa.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir TM01

Na gnéithe nádúrtha, tógtha agus cultúrtha siúd a chosaint agus a choimeád a leagann an bonn faoi thionscal turasóireachta an chontae, lena n-áirítear tírdhreacha níos íogaire, tírdhreacha áitiúla scéimhiúla, limistéir lena mbaineann díol tábhachtach spéise i dtaobh fiadhúlra de, foirgnimh agus struchtúir stairiúla.

Cuspóir TM02

Forbairt tionscal éagsúlaithe turasóireachta a éascú faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir TM03

Oibriú le Fáilte Éireann, Bord Turasóireachta Chontae Loch Garman, an Chomhairle Ealaíon agus le comhlachtaí ábhartha eile, lena n-áirítear an tSeirbhís um Fhiadhúlra agus Páirceanna Náisiúnta chun cumas turasóireachta Loch Garman a chur chun cinn agus a uasmhéadú, agus a chinntiú, i gcomhthráth, cosaint oidhreacht nádúrtha, chultúrtha agus thógtha an cheantair.

Cuspóir TM04

Cumas turasóireachta Loch Garman a fhorbairt agus a uasmhéadú trí fhairsingiú sholáthar na dtáirgí, áiseanna agus bonneagar reatha agus nua turasóireachta agus cosaint an chomhshaoil a chinntiú i gcomhthráth, faoi réir comhlíonta leis na

gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus na caighdeáin bhainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir TM05

Tacú le braisliú an táirge turasóireachta le suíomhanna agus le nithe eile is díol spéise sa Réigiún Thoir Theas.

Cuspóir TM06

Tacú le háiseanna comhdhála a fhorbairt i láithreacha oiriúnacha mar bhealach chun gnó agus turasóireacht a mhealladh faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

7.4.1 Rochtain ar Thurasóireacht

Ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí a bhaineann le forbairt na turasóireachta, tá an ga le rochtain a fheabhsú sa chontae agus mórthimpeall an chontae. Cuirfidh tograí do sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin agus Inis Córthaidh mar aon le bealach Chalafort Ros Láir chuig Maolán na nGabhar, feabhas ar rochtain agus laghdóidh siad tréimhsí aistir, mar aon le tionchar dearfach a imirt ar rochtain ar Loch Garman. Tá an t-aerfort is gaire don chontae lonnaithe lasmuigh de Chathair Phort Láirge. Tá a gcuid bealaí á bhfairsingiú ag an aerfort le bealaí nua ag Aer Lingus chuig an mBreatain, a chuireann le heitiltí reatha Aer Árann. Fágfaidh seo an tOirdheisceart níos inrochtana do thurasóirí. Anuas air sin, tá deiseanna ann do chuideachtaí farantóireachta chun líonta cuairteoirí a uasmhéadú trí Eurport Ros Láir a úsáid. Dé réir na cáipéise ‘Horizon’, caitheann taistealaithe farantóireachta i ngluaisteáin níos mó airgid, fanann siad níos faide, tugann siad cuairt ar réimse níos leithne láithreacha agus cruthaíonn siad cuairteoirí seachbhuaice.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir TM07

Bealaí turasóirí, rochtain ar an gcontae agus ar bhonneagar an chontae a choimeád agus a fheabhsú trí mhodhanna mealltacha, úsáideacha, faisnéiseacha comharthaíochta a sholáthar a dhéanann breithniú ar an tionchar amhairc ar an

tírdhreach, agus trí thabhairt faoi fheabhsúcháin chomhshaoil feadh na mbealaí turasóirí faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir TM08

D'fhonn rochtain fheabhsaithe a éascú ar Europort Ros Láir agus chun socruithe comhtháite rochtana a chur chun cinn i gcomhréir leis na Treoirínte maidir le hlompar Inrochtana Paisinéirí Muirí (an Roinn Iompair, Márta 2010).

Cuspóir TM09

Chun comhcheangal seirbhísí bóthair, iarnróid agus muirí a chur chun cinn i gcomhréir leis an gcomhlíonra trasEorpach iompair.

7.4.2 Turasóireacht Chósta

Tá imeallbhord Chontae Loch Garman thart ar 246 ciliméadar ar fad. Tá ann go leor tránna ar a bhfuil éileamh i measc turasóirí, ar nós Chalafort Bhaile Muine agus Bhaile na Cúirte i dtuaisceart an chontae agus Currach Cló, Cladach Ros Láir agus Dún Canann sa deisceart. Síneann conair chósta Loch Garman ar feadh 221 ciliméadar ó Rinn Chill Mhichíl i gcúinne thoir thuaidh an Chontae go dtí Baile Hac, sráidbhaile pictiúrtha san iardheisceart. Feadh an bhealaigh tá tránna gainimh, ailte cré atá á gcreimeadh, cinn bhuanfasacha tíre, limistéir d'fhíor-áilleacht agus spéis nádúrtha agus, bailte stairiúla agus séadchomharthaí.

Tá go leor úsáidí bunaithe eile feadh an imeallbhoird, lena n-áirítear cuanta, calafoirt, iascaireacht agus dobharshaothrú, úsáid cónaithe, fónais agus fóillíochta. Mar gheall ar a imeallbhord fairsing, tá an contae dea-shuite chun caipitliú a dhéanamh ar thurasóireacht chósta.

Aithníonn na SERPGanna an deis chun an tOirdheisceart a chur chun cinn mar 'Lárionad Muirí na hÉireann' trí fhorbairt braislí na turasóireachta muirí a shainathint agus a fhorbairt feadh an imeallbhoird thoir theas. D'éascódh an beartas seo cur chuige comhtháite forbartha táirge a éascódh áiseanna braislí ardchaighdeán comhtháite fóillíochta muirí agus caitheamh aimsire a fhorbairt trí mhór-infheistíocht. D'fhéadfadh na braislí seo muiríne a chorprú (seoltóireacht, cúrsáil, bádóireacht

ghinearálta), áiseanna slatiascaireachta, áiseanna spóirt uisce, áiseanna do thurasóireacht dúlra, cúrsáil pléisiúir, báid farantóireachta oileáin (mar shampla, soláthairtí uisce agus breosla).

Shainaithin Foras na Mara naoi láthair tháscacha sa Réigiún Thoir Theas ag a bhfuil an cumas chun braisliú a dhéanamh ina dtuarascáil, Straitéis Forbartha don Bhonneagar Muirí agus Fóillíochta (2002). Sainaithníodh Baile na Cúirte, Cathóir (an Poll Dubh), Ros Láir, Fiodh Ard agus Dún Canann le haghaidh forbairt beagscála (0-25 beart, tógáil fánáin/cé, agus muiríne bheag, b'fhéidir) faoi réir breis staidéir eacnamaíocha indéantachta agus chomhshaoil. Sainaithníodh Cuan Loch Garman amhail bheith oiriúnach chun breis forbartha a dhéanamh air, ina mbeadh muiríne a bhunú laistigh den chalafort reatha i gceist leis.

Baineann ríthábhacht le himeallbhord Loch Garman a chosaint chun a chumas caitheamh aimsire agus turasóireachta a bhaint amach agus is gá bainistíocht chúramach a dhéanamh air lena chinntiú nach ndéantar díobháil do luach foriomlán thírdhreach an chósta agus nach mbaintear de. Ba cheart na cuspóirí turasóireachta a leanas a léamh ar aon dul le Caibidil 13.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir TM10

Forbairt turasóireacht chósta a spreagadh, ar nós spóirt uisce agus imeachtaí uiscebhainteacha faoi réir chomhlíonadh chuspóirí Bainistíochta Chríos an Chósta a chuimsítear i gCaibidil 13, agus faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir TM11

Cosc a chur ar fhorbairt turasóireachta a bhainfeadh go mór d'fhóntas agus de luach eacnamaíoch imeallbhord an chontae.

Cuspóir TM12

Forbairt na fóillíochta muirí agus braislí caitheamh aimsire ag na láithreacha oiriúnacha a chur chun cinn feadh imeallbhord an chontae, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

7.4.3 Uiscebhealaí Intíre

Tá an cumas ag uiscebhealaí ról tábhachtach a bheith acu i dtáirge turasóireachta an chontae, mar gheall ar a luach caitheamh aimsire, aeistéitiúil agus éiceolaíoch. Trasnaíonn na príomhaibhneacha sa chontae, ar nós na Sláine, na Bearú agus na Banna agus a bhfo-aibhneacha iomadúla, tírdhreach éagsúil. Féadfaidh siad réimse fairsing gníomhaíochtaí a chur ar fáil, ar nós bealaí siúil, cadhcála, bádóireachta, slatiascaireachta agus éanbhreathnú. Déantar plé níos sonraí air seo i gCaibidil 15.

Leagann an NSS béim air go bhfuil an cumas ag cúrsaí uisce intíre deiseanna deiseanna straitéiseacha turasóireachta a chruthú. Anuas air sin, aithníonn na SERPGanna go bhfuil cumas fónais agus caitheamh aimsire le haghaidh na turasóireachta ag forbairt uiscebhealaí. Cuimsítear sna SERPGanna cuspóir don Údarás Réigiúnach chun oibriú leis na húdaráis chuí, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil/an tSeirbhís um Fhiadhúlra agus Páirceanna Náisiúnta (NPWS) san áireamh, chun Comhchlár Forbartha a fhorbairt don Bhearú agus dá habhantrach chun gníomhaíochtaí uiscebhunaithe a fhorbairt ar an abhainn, a chinntíonn go dtabharfaí faoin bhforbairt uile sin i gcomhréir le hAirteagal 6 agus 10 den Treoir maidir le Gnáthóga agus faoi réir na Measúnachta Oiriúnaí.

Ar an iomlán, is ríthábhachtach chun cáilíocht na n-uiscebhealaí a chosaint agus an cumas le haghaidh táirge turasóireachta á fhairsingiú trí fhorbairt a lonnú go híogair nach mbíonn aon drochthionchar aici ar an gcomhshaol ná ar fhóntas amhairc.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir TM13

Forbairt bonneagair a éascú agus tacú léi a bhaineann leis na huiscebhealaí intíre, faoi réir chomhlíonadh Airteagail 6 agus 10 den Treoir maidir le Gnáthóga agus faoi réir na Measúnachta Oiriúnaí.

Cuspóir TM14

A chinntiú go mbaintear lánchumas chaitheamh aimsire na Bearú agus a fo-abhann amach agus aird a léiriú ar aidhmeanna agus cuspóirí Phlean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt 2009-2015 agus ar an gceanglas chun dea-stádas a bhaint amach faoi 2015 agus go dtugtar faoin bhforbairt uile i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 10 den Treoir maidir le Gnáthóga.

Cuspóir TM15

Na radhairc agus na caol-léargais ó uiscebhealaí a chosaint ó fhorbairt mhí-oiriúnach a bhainfeadh ó fhóntas na n-uiscebhealaí.

7.4.4 Turasóireacht Uirbeach

Soláthraíonn na bailte agus na sráidbhailte sa chontae réimse de nithe is díol spéise do thurasóirí, áiseanna agus seirbhísí do thurasóirí agus cinn scríbe atá iontu féin a dtugann cuairteoirí cuairt orthu. Braitheann Cladach Ros Láir agus Bhaile na Cúirte go mór ar an turasóireacht mar gheall ar a nádúr, láthair agus suíomh agus mar gheall ar an réimse uathúil siamsaíochta, gníomhaíochta agus roghanna slíte maireachtála a chuireann siad ar fáil, chomh maith.

Ar an iomlán, tá an cumas ag na ceantair uirbeacha dul faoi fhás trína dtáirge do chustaiméirí agus a fhairsingiú agus trí thacaíocht a thabhairt, i dtaobh a réimse níos leithne áiseanna agus seirbhísí, do na hearnálacha turasóireachta nideoige laistigh de na ceantair thuaithe. Tá an cumas ag ceantair thuaithe cóiríocht ardchaighdeán agus áiseanna tánaisteacha eile a sholáthar, ar nós bialann, tithe tábhairne agus áiseanna fóillíochta eile a thacóidh le táirge turasóireachta an chontae agus a mhúsclóidh forbairt sa cheantar.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir TM16

Feabhas a chur ar dhreach amhairc na mbailte agus na sráidbhailte, chun a nádúr dúchasach a chosaint agus chun a gcumas turasóireachta a uasmhéadú trí leanúint le scéimeanna comhshaoil, rialú dearaidh agus baint/feabhsú dearóilithe.

Cuspóir TM17

Tacú le réimse éagsúlaithe cóiríochta do thurasóirí a fhairsingiú, lena n-áirítear forbairtí chun freastal ar ghrúpaí turais laistigh de láir bhailte agus shráidbhailte, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir TM18

Forbairtí ‘Ceardaíochta agus Dearaidh’ i láir bhailte agus shráidbhailte a spreagadh agus a éascú.

7.4.5 Turasóireacht Tuaithe

Féadfaidh turasóireacht tuaithe ról tábhachtach a bheith aici chun tacú le geilleagar pobail tuaithe agus chun é a éagsúlú. Tá turasóireacht tuaithe bunaithe ar fhóntais áitiúla, oidhreacht nádúrtha agus ar thionscadail éagsúlaithe feirme a fheabhsaíonn an geilleagar áitiúil tuaithe agus bíonn gníomhaíochtaí agus seirbhísí tuaithe i gceist léi, lena n-áirítear áiseanna cóiríochta. Dheimhnigh suirbhéanna ar chuairoteoirí Fháilte Éireann gurbh iad fánaíocht, galf, slatiascaireacht, rothaíocht agus gníomhaíochtaí eachaíochta i measc na ngníomhaíochtaí ba mhó éilimh i measc cuairteoirí iasachta in 2010.

Cé gur cheart forbairt a bhaineann leis an turasóireacht a lonnú laistigh de bhailte agus de shráidbhailte, aithníonn an Chomhairle, go bhféadfadh go mbeadh láithreacha eile ag teastáil, mar gheall ar a nádúr, agus aird ar acmhainní a bhaineann go sonrach le suíomh. D’fhéadfaí a mheas go bhfuil an fhorbairt sin inghlactha sa chás go mbíonn sí i gcomhréir le cuspóirí Chaibidil 6.

Thug Contae Loch Garman brú gan fhasach faoi deara le haghaidh forbairt tithe saoire le blianta beaga anuas. Tá an Chomhairle feasach ar na sochair ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha a eascraíonn ó na forbairtí sin, ach freisin ar an tionchar diúltach a imríonn sí, go háirithe maidir le brú a chur ar bhonneagar, an comhshaol, an tírdhreach, tionchar a imirt ar mhargaí áitiúla tithíochta agus an cheist iarmhartach lena mbaineann fáil a bheith ag daoine áitiúla ar thithíochta agus an tithíocht sin a bheith inacmhainne. Ar aon dul leis na Treoirlínte Tithíochta Inbhuanaithe Tuaithe d'údaráis phleanála, déanfar toimhde i leith forbairt teach saoire aonair/forbairt an dara tí i limistéir lasmuigh de lonnaíochtaí, agus go mbíonn an fhorbairt sin i gcomhréir le scála agus leibhéal na lonnaíochta agus na n-áiseanna sa timpeallacht áitiúil. Ba cheart Caibidil 13 a léamh i gcomhthráth le cuspóirí na míre seo den Phlean.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir TM19

Forbairt agus fairsingiú na turasóireachta reatha acmhainnbhunaithe a chur chun cinn agus a éascú (mar shampla, feirmeacha oscailte, éanbhreathnú agus ionaid chuairteoirí), nach mbaineann ó nádúr, fónas, luach radharc tíre, luach oidhreachta agus cáilíocht chomhshaoil an cheantair thuaithe, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar phleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir TM20

A chinntiú go lonnaítear forbairtí tithe saoire i mbailte agus i sráidbhailte agus go mbíonn aird bháúil ag an bhforbairt sin ar scála na forbartha agus na n-áiseanna atá sa timpeallacht áitiúil.

Cuspóir TM21

Athúsáid agus athchóiriú foirgneamh dúchasach a spreagadh (tithe nó foirgnimh feirme/thionsclaíoch) le haghaidh áiseanna do thurasóirí, lena n-áirítear cóiríocht teach saoire. Beidh an fhorbairt i gcomhréir le scála nádúir agus láthair an tsuímh, ní bhainfidh sí d'fhóntas tuaithe an cheantair máguaird agus beidh sí faoi réir

chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

7.4.6 Na hEalaíona agus an Turasóireacht Chultúrtha

Léiriú dár bhféiniúlacht iad ealaíona agus cultúr Loch Garman agus tá ról tábhachtach acu inár bhfolláine shóisialta agus eacnamaíoch. Tugann go leor daoine cuairt ar bhailte, séadchomharthaí agus suíomhanna stairiúla an chontae gach bliain chun sult a bhaint as eispéiris chultúrtha. Ní hamháin gur chuir Féile Cheoldrámaíochta Loch Garman, atá ar siúl le fada an lá agus a bhain clú idirnáisiúnta amach, leis an gcáil atá ar Loch Garman, ach leis an gcáil atá ar Éirinn mar gheall ar chultúr agus cruthaitheacht.

Tá go leor tírdhreacha agus áiteanna tábhachtacha stairiúla i Loch Garman, ar nós Chnoc Fhiodh na gCaor, Charraig Bhraín agus Chúil Ghréine, a chruthaíonn gné ríthábhachtach, anuas ar na séadchomharthaí réamhstairiúla, den eispéireas saoire agus a sholáthraíonn gné chultúrtha, stairiúil agus oideachais d'eispéireas an turasóra.

Sócmhainn eacnamaíoch is ea na healaíona agus an cultúr, dá bharr sin, ar féidir leas a bhaint astu chun margaí turasóireachta nideoige a shaothrú agus chun cur le hearnálacha turasóireachta eile. Cuireann an Plean an tionscal ealaíon agus turasóireachta cultúrtha chun cinn agus tá sé de chuspóir aige úsáidí agus gníomhaíochtaí cultúrtha talún a bhreisfhorbairt d'fhonn tacú leis na healaíona, feachtas áitiúil a mhéadú ar fhéiniúlacht oidhreachta agus chultúrtha.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir TM22

Plean oidhreachta a réiteach chun cabhrú le forbairt an tionscal ealaíon agus turasóireachta cultúrtha ar bhealach inbhuanaithe ar aon dul leis an timpeallacht uirbeach/tuaithe, fhisiciúil agus dhaonna.

Cuspóir TM23

Oibriú leis an gComhairle Oidhreachta, an Chomhairle Ealaíon, Fáilte Éireann agus le comhlachtaí ábhartha eile, ar nós na Seirbhíse um Fhiadhúlra agus Páirceanna Náisiúnta chun nithe is díol spéise ealaíon, cultúrtha agus oidhreachta a fhorbairt ar fud an chontae.

Cuspóir TM24

Oidhreachtaí chultúrtha agus stairiúil an chontae a chosaint agus chun fairsingiú agus forbairt na n-áiseanna oiriúnacha a éascú, atá lonnaithe go hoiriúnach in aice pointí díol spéise faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir TM25

Tacú leis na féilte agus na himeachtaí reatha cultúrtha agus iad a chur chun cinn a bhíonn ar siúl sa chontae agus chun bunú imeachtaí nua a éascú, sa chás gurb indéanta.

7.4.7 Ionaid Saoire agus Fónais

Imríonn an tséasúrachtaí tionchar mór ar earnáil turasóireachta an chontae. Tá an táirge turasóireachta fíor-íogair i dtaobh na haimsire de, agus féadfaidh seo baint d'inbhuanaitheacht eacnamaíoch na turasóireachta sa chontae. Féadtar dul i ngleic leis seo, go pointe áirithe, trí bhreis gníomhaíochtaí agus táirgí a fhorbairt atá neamhspleách ar an aimsir, ar nós óstán, áiseanna fóillíochta, spánna agus ionaid gníomhaíochtaí taobh istigh, ar féidir leo uile an séasúr turasóireachta a shíneadh. Tá sé mar chuspóir de Phlean Forbartha Turasóireachta an Oirdheiscirt 2008-2010 chun gníomhaíochtaí spraoi don teaghlach agus gníomhaíochtaí ionad a thabhairt isteach. Ba cheart go lonnófaí cóiríocht do chuairteoirí, ionaid léirmhínithe, ceardlanna agus áiseanna miondíola a fhreastalaíonn ar an earnáil turasóireachta laistigh de lonnaithe bunaithe, go ginearálta, a chothaíonn naisc thréana le réimse iomlán d'earnálacha eacnamaíocha agus tráchtála eile agus a dhéanann na pobail óstaigh a inbhuanú.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir TM26

Forbairt ionad agus fónas a bhaineann leis an turasóireacht a chur chun cinn agus a éascú i mbailte agus i sráidbhailte faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir TM27

Chun breithniú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar shíneadh na n-ionad agus na bhfónas reatha a bhaineann leis an turasóireacht agus ar fhorbairt a dhéanamh ar ionaid agus fónais nua lasmuigh de lonnaíochtaí, áit a léirítear go mbraitheann an fhorbairt ar acmhainn reatha áitiúil nó ar nádúr uathúil suímh nó an áit a léirítear gá uileghabhálach, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir TM28

Soláthar áiseanna agus imeachtaí turasóireachta gníomhaíocht bhunaithe a spreagadh a shíneann an séasúr turasóireachta laistigh de na bailte agus na sráidbhailte nó i gceantair thuaithe, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

7.4.8 Páirceanna Carbhán agus Campála

D'eascair éileamh ar pháirceanna tithe soghluaiste agus carbhán ón móréileamh a bhí ar limistéir chósta an chontae. Tá líon suntasach páirceanna tithe soghluaiste/carbhán ann i limistéir chósta, agus ba iad Baile na Cúirte, Cill Mhucraise, Caisleán Mhurchú agus Currach Cló láthair thraidisiúnta na bhforbairtí seo. Coimeádtar go leor de na páirceanna agus de na suíomhanna seo i leith caighdeáin an-arda. Nuair nach ndéantar iad a choimeád i gceart, áfach, féadfaidh na forbairtí seo bheith ionsáiteach i dtaobh amhairc de, go háirithe nuair a dhírítear iad i gceantar amháin.

Tá an cumas ag Loch Garman chun an margadh turasóireachta nideoige a sonraíodh le déanaí ar a dtugtar ‘glampáil’ (campáil ghalánta) ar a bhfuil éileamh níos mó ag teacht ar fud na hÉireann.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir TM29

Cosc a chur ar fhorbairt páirceanna nua campála/glampála agus carbhán, go ginearálta, seachas i limistéir thógtha, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir TM30

Feabhsú amhairc agus comhshaoil páirceanna reatha carbhán agus uasghrádú a dhéanamh ar na háiseanna agus an bonneagar a bhaineann leo a chur chun cinn agus a spreagadh.

Cuspóir TM31

Breithniú a dhéanamh ar fhorbairtí tithe saoire ar shuíomhanna páirceanna reatha carbhán maidir le carbháin reatha nó carbháin reatha a ionadú agus faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir TM32

Breithniú a dhéanamh ar bhreiseiúcháin bheagscála a dhéanamh, nó forbairt a dhéanamh ar cheapaí folmha inlíonta i bpáirceanna reatha carbhán i gcomhar le feabhsúcháin chomhshaoil agus bhonneagracha. Ba cheart aird a léiriú ar Rialacháin Fháilte Éireann um Chlárú agus Athnuachan Cláraithe le haghaidh Páirceanna Carbhán agus Campála, 2009. Cé gur gnách nach mbíonn suíomhanna turasóireachta carbhán chomh hionsáiteach céanna le suíomhanna statacha, déanfar measúnú ar áiseanna nua a sholáthar i leith na gcritéar dian pleanála, dearaidh agus comhshaoil. Cuirfear cosc ar an saghas seo forbartha i gceantair ina bhfuil soláthar maith á dhéanamh cheana féin, faoin tuath fhairsing, i limistéir ina

bhfuil tírdhreach leochaileach agus íogair agus in aice shuíomhanna Natura 2000 nó laistigh díobh.

Cuspóir TM33

Forbairt áiseanna turasóireachta ‘Veain Champála’ ag na láithreacha oiriúnacha laistigh de bhailte agus sráidbhailte faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir TM34

Cosc a chur ar ionadú tithe soghluaiste aonair agus carbhán i gceantair thuaithe nó uirbeacha, seachas faoi chúinsí eisceachtúla agus nuair a cheadaítear seo, ní mhairfidh an cead pleanála ach ar feadh tréimhse theoranta.

Caibidil 8 Iompar

8.1 Réamhrá

Braitheann feabhsúcháin ar cháilíocht beatha agus ar iomaíocht eacnamaíoch i gContae Loch Garman ar réimse roghanna iompair bheith ar fáil atá éifeachtach, éifeachtúil, inacmhainne, sábháilte, mealltach lena n-úsáid agus inbhuanaithe. Réitíodh an chaibidil seo agus aird ar cháipéis na Roinne Iompair, Taisteal Níos Cliste: Todhchaí Iompair Inbhuanaithe (2009) ina leagtar amach beartas iompair amach anseo an Rialtais don tír. Is iad bunchuspóirí 'Taisteal Níos Cliste':

- An t-éileamh foriomlán ar thaisteal a laghdú
- Éifeachtúlacht an líonra iompair a uasmhéadú
- An brath ar bhreoslaí iontaise a laghdú
- Astuithe iompair a laghdú
- Feabhsúcháin a dhéanamh ar inrochtaineacht ar iompar chun feabhas a chur ar cháilíocht beatha

Tá bun-nasc idir iompar agus roghanna úsáide talún agus réitíodh an Straitéis Lonnaíochta agus cuspóirí eile an Phlean agus aird air seo. Féadfaidh chomhdhlúthú agus fairsingiú an Mhoil, Bailte Móra, Bailte Ceantair agus Sráidbhailte Níos Treise úsáid agus forbairt réimse roghanna iompair a spreagadh agus féadfaidh sé an brath iomlán a laghdú atá ar an ngluaisteán príobháideach. D'imir nascacht reatha agus fhéideartha iompair tionchar ar an rogha lonnaíochtaí a sainithníodh le haghaidh borrrha sa Straitéis Lonnaíochta. Áirítear leis seo lonnaíochtaí Dhroichead Eoin, Bhaile an Droichid agus Cheann Poill atá suite go léir ar líne iarnróid Chalafort Ros Láir-Phort Láirge agus a bhfuil an cumas acu athoscailt. Anuas air sin, cuireann Caibidil 17 roghanna iompair inbhuanaithe.

Beartaíonn na Treoirínte Pleanála Réigiúnaí don Réigiún Thoir Theas 2010-2022 (SERPGanna) go réitíonn údaráis phleanála Plean Iompair Áitiúil chun iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun clár beart a chur san áireamh chun spriocanna a bhaint amach le haghaidh aistriú módúil chuig modh taistil níos inbhuanaithe. Tá cumas feidhme na Comhairle chun go leor gnéithe den mheascán iompair teoranta, mar shampla, níl seirbhísí bus á reáchtáil go díreach ag an

gComhairle. I gcomhoibriú le gníomhaireachtaí, soláthraithe iompair agus grúpaí stocaireachta eile, féadfaidh an Chomhairle Plean Iompair Áitiúil a réiteach don chontae a leanann ón bPlean seo.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir T01

Tacú leis na prionsabail iompair inbhuanaithe ar a dtugtar breac-chuntas in Taisteal Níos Cliste: Todhchaí Iompair Inbhuanaithe (an Roinn Iompair, 2009).

Cuspóir T02

Úsáid talún agus iompar a chomhcheangal i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm cuspóirí pleanála úsáid talún ar bhealach a laghdaíonn an brath ar thaisteal i ngluaisteán agus a chuireann roghanna níos inbhuanaithe taistil chun cinn.

Cuspóir T03

A chinntiú go bhfuil gach plean nó tionscadal a bhaineann le hiompar (lena n-áirítear siúl, rothaíocht, iarnród, bus, aerfoirt, cuanta agus bóithre) agus aon oibreacha gaolmhara feabhsaithe, ar bhonn aonair nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile, faoi réir na Tástála Measúnachta Oiriúnaí lena chinntiú nach aon d'aon tionchar dóchúil suntasach ar shláine (a shainmhínítear trí struchtúr agus feidhm) aon suímh/suíomhanna Natura 2000 agus go sásaítear go hiomlán ceanglais Airteagail 6(3) agus 6(4) na Treorach maidir le Gnáthóga ón AE. Sa chás gur dócha go mbeidh tionchar dóchúil ag an bplean nó an tionscadal ar shuíomh Natura 2000, beidh sé faoi réir na Tástála Oiriúnaí. Ní leanfar ar aghaidh leis an bplean nó leis an tionscadal ach tar éis go ndeimhnítear nach mbeidh drochthionchar aige ar shláine an tsuímh nó sa chás nach ann d'aon roghanna eile, go meastar go bhfuil an tionscadal ríthábhachtach ar cúiseanna leasa uileghabhálaigh phoiblí, go léir i gcomhréir le forálacha Airteagail 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE.

8.2 Iompar poiblí

Bus

Chuir iompar bus go mór le hiompar poiblí sa chontae agus is amhlaidh a dhéanfaidh sé amach anseo. Baineann a bhuntáistí bunúsacha le húsáid an bhonneagair reatha bhóithre agus le solúbthacht sholáthar na seirbhíse ar féidir leis a chur ar fáil. Déanann cuideachtaí leathstáit agus príobháideacha na seirbhísí bus sa chontae a reáchtáil, ar nós Bus Loch Garman. Anuas air sin, tá eagraíochtaí gníomhacha iompar pobail ann, ar nós Reathaí Tuaithe an Bhóthair ('Rural Road Runner') agus an Bhus Tuaithe a sholáthraíonn seirbhísí sa Chontae mar ghníomhairí do Chlár Iompar Tuaithe an Rialtais. Soláthraítear i dTábla Uimh. 18 sonraí ar na cinn scríbe ar a bhfreastalaíonn Bus Éireann agus seirbhísí príobháideacha faoi láthair.

Tábla Uimh. 18 Cinn Scríbe Seirbhísí Bus

Saghas na Seirbhíse	Ceann Scríbe
Idirnáisiúnta	Deisceart na Breataine Bige, Deisceart Shasana, Londain trí Europort Ros Láir
Idir-Chontae	Cathair Bhaile Átha Cliath, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Trá Lí, Cill Airne, Corcaigh, Luimneach, Dún Garbhán, Gaillimh, Tiobraid Árann, an Tulach, Cill Chainnigh, Maigh Nuad.
Laistigh de Chontae Loch Garman	Cill Fhionnóg, Teach Coimseáin, Cé na Cille Móire, an Chill Mhór, Baile Uí Choigligh, Baile an Phiarsaigh, Currach Cló, Cill Mhucraise, Fearna, Cam Eolaing, Guaire, Baile Mhúráin, Baile an Droichid, Dún Chormaic, Carraig na Bearú, Maigh Arnaí, Cladach Ros Láir, Europort Ros Láir, Droichead an Chaisleáin, Muileann Fúca, Droichead Eoin, Baile an Droichid, Baile Liam, Cill Téile, an Inis agus Carn. Reáchtálann seirbhís pobail ‘an Bhus Tuaithe’ seirbhísí sceidealaithe agus ar éileamh i lonnaíochtaí agus i gceantar tuaithe thoghcheantar Ros Mhic Thriúin. Reáchtálann seirbhís pobail ‘Reathaí an Bhóthair’ seirbhísí sceidealaithe agus ar éileamh a fhreastalaíonn ar thoghcheantair Ghuaire agus Inis Córthaidh.

Spreagfaidh agus éascóidh an Chomhairle áiseanna dea-dheartha a spreagann úsáid níos mó a bhaint as seirbhísí nua agus reatha bus, lena n-áirítear seirbhísí do dhaoine atá faoi mhíchumas. D’fhéadfadh Plean Iompair Áitiúil, a d’fhéadfaí a réiteach ón bPlean seo, dul i ngleic níos sonraí leis an mbealach a d’fhéadfaí feabhsúcháin ar sholáthar seirbhísí bus do gach duine sa cheantar a bhaint amach, sa bhreis ar an gcaibidil seo agus ar Thaisteal Níos Cliste, lena n-áirítear na daoine siúd atá faoi mhíchumas.

Traein

Is í líne iarnróid Chalafort Ros Láir-Bhaile Átha Cliath anois an t-aon seirbhís iarnróid a oibríonn sa chontae agus tá sí sainithe mar Chonair Straitéiseach Ghathach sa Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020 (NSS). Fáiltítear roimh fheabhsúcháin a dhéanamh ar an stoc rollach ar an tseirbhís seo. Leanfaidh an Chomhairle le tacú le breis feabhsúcháin a dhéanamh ar cháilíocht, minicíocht agus ar luas na seirbhíse agus le hiad a spreagadh agus éascóidh siad na feabhsúcháin riachtanacha bhonneagair, ar nós áiteanna scoite traenach, d'fhonn na feabhsúcháin siúd a éascú.

Tá díomá ar an gComhairle gur cuireadh stop leis na seirbhísí paisinéirí ar líne iarnróid Europort Ros Láir-Phort Láirge in 2010 (cé gur lean líon beag seirbhísí lastais) agus leanfaidh siad ag spreagadh agus ag tacú le seirbhísí paisinéirí agus lastais a fhorbairt ar an líne seo, a nascann líon lonnaíochtaí i nDeisceart Loch Garman. Anuas air sin, spreagfaidh agus éascóidh an Chomhairle athoscailt líne iarnróid Ros Mhic Thriúin-Phort Láirge le haghaidh paisinéirí agus lastais.

Éascóidh agus tacóidh an Chomhairle le bearta chun an úsáid a bhaintear as seirbhísí iarnróid a mhéadú. I measc na mbeart seo tá scéimeanna páirceála, stadanna bus agus ionaid tacsaithe a dearadh go cuí, leasuithe a dhéanamh ar stáisiúin reatha iarnróid agus stáisiún nua iarnróid a lonnaíodh go cuí. Leanfaidh an Chomhairle le feabhsúcháin a chur chun cinn ar an rochtain ar sheirbhísí traenach, lena n-áirítear ag stáisiúin, do dhaoine atá faoi mhíchumas.

Agus aird ar cheanglais iarnród Éireann, sa chás gurb infheidhme, cuirfidh an Chomhairle cosc ar fhorbairt a leagann srian ar oibriú seirbhísí iarnróid reatha agus amach anseo agus a chuirfeadh srian ar sheirbhísí a thabhairt isteach arís ar gach líne sa chontae nach mbaintear úsáid astu faoi láthair.

Tá cumas suntasach ann níos mó trácht lastais a iompar ar an iarnród sa chontae. Spreagfaidh an Chomhairle forbairt an bhonneagair a theastaíonn chun seo a éascú.

D'fhéadfadh Plean Iompair Áitiúil, a d'fhéadfaí a réiteach ag leanúint ón bPlean seo, dul i ngleic níos sonraí leis an mbealach a d'fhéadfadh rochtain fheabhsaithe agus

feabhsúcháin ar sholáthar seirbhísí traenach do gach duine sa cheantar a bhaint amach, sa bhreis ar an gcaibidil seo agus ar Thaisteal Níos Cliste, lena n-áirítear na daoine siúd atá faoi mhíchumas.

Cuspóir T04

Tacú le tograí agus iad a éascú, lena n-áirítear forbairtí bonneagair, a chuireann feabhas ar cháilíocht, minicíocht agus luas na seirbhísí reatha traenach agus iompair phoiblí bhus isteach chuig an gcontae agus amach ón gcontae agus chun tacú le seirbhísí nua a sholáthar agus chun seo a éascú, ar nós línte iarnróid Europort Ros Láir-Phort Láirge.

Cuspóir T05

Tacú le húsáid agus le criosú na talún i láithreacha oiriúnacha a éascaíonn úsáid iompair phoiblí agus chun tacú le forbairt na n-áiseanna a lonnaíodh agus a dearadh go cuí, ar nós stáisiúin bhreise, páirceáil gluaisteán agus rothar, ionaid tacsaithe, áiseanna páirceála do bhusanna, scáthláin bhus agus lánaí bus a éascaíonn úsáid mhéadaithe a bhaint as iompar poiblí; agus cuireann seo go léir le forbairt córais chomhtháite inbhuanaithe iompair.

Cuspóir T06

Cosc a chur ar fhorbairt a chuirfeadh cosc ar oibriú slán na seirbhísí iarnróid reatha agus amach anseo ar na línte reatha oibríochtúla agus a chuirfeadh srian ar sheirbhísí ar línte nach mbaintear leas astu faoi láthair a thabhairt isteach arís, b'fhéidir.

Cuspóir T07

Forbairt seirbhísí feabhsaithe lastas iarnróid a éascú agus a spreagadh agus an bhonneagair thacaíochta laistigh den chontae.

Cuspóir T08

Feabhsúcháin ar sheirbhísí bus agus iarnróid agus ar an mbonneagar a fhreastalaíonn ar an gcontae a chur chun cinn le rochtain níos fearr a chinntiú do dhaoine atá faoi mhíchumas.

Cuspóir T09

Tacú le tionscnaimh iompair phoiblí agus iad a éascú a laghdaíonn an brath ar an ngluaisteán príobháideach don turasóir agus d'aistir chaitheamh aimsire laistigh den chontae.

8.3 Siúl agus Rothaíocht

Is iad siúl agus rothaíocht na bealaí is saoire agus is sláintiúla d'iompar, go háirithe le haghaidh aistear níos giorra. Tá an dá cheann neamhdhíobhálach don chomhshaol maidir le hastuithe ísle carbóin agus cuireann siad le timpeallachtaí áitiúla níos ciúine, sábháilte, saor ó thruailliú agus níos tíriúla. I gcás go leor de shaoránaigh Loch Garman, go háirithe daoine óga, is iad siúl agus rothaíocht an phríomhrogha atá ar fáil le haghaidh taisteal neamhspleách timpeall an chontae.

Bheartaigh 'Taisteal Níos Cliste' Straitéis Náisiúnta Siúil a fhoilsiú nár foilsíodh í go fóill. Idir an dá linn, tá réimse beart ann ar féidir leis an gComhairle tacú leo agus a chur i bhfeidhm chun siúl i gcodanna tuaithe den chontae a éascú, lena n-áirítear:

- A cheangal go ndeartar agus go dtógtar na forbairtí nua chun bonneagar coisithe a éascú, atá sábháilte, praiticiúil agus éasca le húsáid i measc gach aicme den phobal, lena n-áirítear leanaí, daoine scothaosta agus daoine atá faoi mhíchumas.
- A chinntiú go bhfuil an bonneagar reatha siúil (ar nós cosán, limistéir do choisithe, soilsiú sráide, pointí trasnaithe agus comharthaíocht) i mbailte agus sráidbhailte oiriúnach dá gCuspóir agus go gcomhlíonann siad riachtanais gach aicme den phobal, lena n-áirítear leanaí, daoine scothaosta agus daoine atá faoi mhíchumas. Uirlis úsáideach é iniúchadh lena dheimhniú cén áit ar gá feabhas a chur ar an mbonneagar seo.
- A chinntiú go ndéantar breithniú iomlán ar riachtanais siúlóirí i dtograí chun bóithre agus aomhail phoiblí a choimeád agus a uasghrádú, i dtabhairt faoi mhoilliú tráchta agus mar chuid den mheasúnú a dhéanamh ar luasteorainneacha oiriúnacha.
- A chinntiú go mbíonn aird ag obair na Comhairle sa limistéar seo ar chomhairle agus ar threoir náisiúnta bheartais, mar shampla, Plean

Gníomhaíochta Náisiúnta Sábháilteachta Coisithe 2010-2014 (an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2010).

- Tacú le hobair na turasóireachta, le heagraíochtaí deonacha agus scoile i scéimeanna áitiúla a chuireann siúl níos sábháilte chun cinn, mar shampla, Clár Taistil na Scoileanna Glasa agus Bailte Slachtmhara.

Leagann ‘Taisteal Níos Cliste’ béim mhór ar na líonta aistear a dhéantar ar an rothar a mhéadú. Ag leanúint ó ‘Thaisteal Níos Cliste’, leagtar amach sa Chreat Beartais Náisiúnta Rothaíochta (NCPF) (an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, 2009) creat beartais chun cultúr tréan rothaíochta a chruthú in Éirinn agus chun an chomhréir aistir rothaíochta atá á ndéanamh a chur chun cinn, trí rothaíocht a dhéanamh níos fusa agus níos sábháilte.


Príomhchuspóir an NCPF is ea Líonra Náisiúnta Rothaíochta (NCN) a fhorbairt, a ligeann do chomaitéirí, rothaithe fóillíochta agus do thurasóirí chun rothaíocht idir príomhcheantair uirbeacha na tíre. Foilsíodh Staidéar Scópála (an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, 2010) ina dtugtar breac-chuntas ar na conairí fairsinge bealaigh a bheartaítear don NCN. Tá sé beartaithe go n-úsáidfear na conairí seo chun obair údaráis rialtais lárnacha agus áitiúla a threorú chun dul chun cinn a dhearadh agus a chistiú i dtreo líonra náisiúnta, cé go ndéanfaí seo ar bhealach breisíoch. Léiríonn Léarscáil Uimh. 7 an Líonra beartaithe Náisiúnta Rothaíochta.

Beartaíonn tionscadal an NCN go soláthrófar naisc chuig na conairí bealaigh agus amach uathu i ngach cuid den chontae (bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe). Leanfaidh an Chomhairle le hoibriú chun rothaíocht a dhéanamh níos fusa agus níos sábháilte. Is cosúil na modhanna inar féidir seo a bhaint amach leo siúd maidir le siúl, agus áirítear leo:

- A cheangal go ndeartar agus go dtógtar na forbairtí nua chun bonneagar rothaíochta a éascú, atá praiticiúil agus éasca le húsáid.
- A cheangal go bhfuil an bonneagar reatha rothaíochta (mar shampla, lánaí rothar, áiseanna páirceála do rothair agus dearadh acomhal i mbailte agus sráidbhailte oiriúnach don chuspóir. Uirlis úsáideach é iniúchadh lena dheimhniú cén áit ar gá feabhas a chur ar an mbonneagar seo.

- A chinntiú go ndéantar ardleibhéil de bhreithniú ar shábháilteacht rothaithe i dtograí chun bóithre agus acomhail phoiblí a choimeád agus a uasghrádú, i dtabhairt faoi mhoilliú tráchta agus mar chuid den mheasúnú a dhéanamh ar luasteorainneacha oiriúnacha.
- A chinntiú go mbíonn aird ag obair na Comhairle sa limistéar seo ar chomhairle agus ar threoir náisiúnta bheartais ar cheisteanna teicniúla, mar shampla, an Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta (an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2011).
- Tacú le hobair na turasóireachta, le heagraíochtaí deonacha agus scoile i scéimeanna áitiúla a chuireann siúl níos sábháilte chun cinn, mar shampla, Clár Taistil na Scoileanna Glasa agus Bailte Slachtmhara.

Léarscáil Uimh. 7 An Líonra Náisiúnta Rothar a Bheartaítear



Foinse: Staidéar Scópála an Líonra Náisiúnta Rothaíochta (an Roinn Iompair agus an NRA, 2010)

Tá aistriúchán ar na léarscáileanna le fáil thíos.

National Cycle Network	An Lónra Náisiúnta Rothaíochta
Legend	Gluais
Town Populations (2006)	Daonraí Baile (2006)
Population of 10,000 or greater	Daonra 10,000 nó níos mó
Within 5km	Laistigh de 5km
Within 10km	Laistigh de 10km
Population between 5,000 and 9,999	Daonra idir 5,000 agus 9,999
Within 5km	Laistigh de 5km
Within 10km	Laistigh de 10km
Proposed National Cycling Network (Approx. 2,000km)	An Lónra Náisiúnta Rothaíochta a Bheartaítear (Thart ar 2,000km)
N.I. long distance cycling routes	Bealaí fad-achair rothaíochta T.É.
Fáilte Ireland cycling routes	Bealaí rothaíochta Fháilte Éireann
Buncranna	Bun Cranncha
Letterkenny	Leitir Ceanainn
Londonderry	Doire
BELFAST	BÉAL FEIRSTE
Monaghan	Muineachán
Sligo	Sligeach
Ballina	Béal an Átha
Dundalk	Dún Dealgan
Cavan	An Cabhán
Castlebar	Caisleán an Bharraigh
Westport	Cathair na Mart
Longford	An Longfort
Kells	Ceanannas
Drogheda	Droichead Átha
Laytown-Bettystown	An Inse-Baile an Bhiataigh
Navan	An Uaimh
Trim	Baile Átha Troim
Balbriggan	Baile Brigín
Rathoath	Ráth Tó
Lusk	Lusca
Mullingar	An Muilleán gCearr
Roscommon	Ros Comáin
Tuam	Tuaim
Athlone	Áth Luain
Ballinasloe	Béal Átha na Sluaighe
Maynooth	Maigh Nuad
Ashbourne	Cill Dhéagláin
Swords	Sord
Malahide	Binn Éadair
Lexlip	Léim an Bhradáin
Celbridge	Cill Droichid
DUBLIN	BAILE ÁTHA CLIATH
Edenderry	Éadan Doire
Tullamore	Tulach Mhór
Galway	Gaillimh

Birr	Biorra
Portarlington	Cúl an tSúdaire
Newbridge	Droichead Nua
Naas	An Nás
Kildare	Cill Dara
Portlaoise	Port Laoise
Athy	Baile Átha Í
Bray	Bré
Greystones	Na Clocha Liatha
Wicklow	Cill Mhantáin
Arklow	An tInbhear Mór
Carlow	Ceatharlach
Nenagh	An tAonach
Ennis	Inis
Shannon	Sionainn
Limerick	Luimneach
Thurles	Durlas
Kilkenny	Cill Chainnigh
Gorey	Guaire
Enniscorthy	Inis Córthaidh
Tipperary	Tiobraid Árann
Newcastle West	An Caisleán Nua
Clonmel	Cluain Meala
Carrick-on-suir	Carraig na Siúire
New Ross	Ros Mhic Thriúin
Wexford	Loch Garman
Tramore	Trá Mhór
Waterford	Port Láirge
Dungarvan	Dún Garbhán
Fermoy	Mainistir Fhear Maí
Youghal	Eochaill
Midleton	Mainistir na Corann
Cobh	An Cóbh
Passage West	An Pasáiste Thiar
Carrigaline	Carraig Uí Leighin
Bandon	Droichead na Bandan
Killarney	Cill Airne
Tralee	Trá Lí
Mallow	Mala
34 towns with populations of 10,000 or greater	34 baile ina bhfuil daonraí 10,000 nó níos mó
34 towns with populations between 5,000 and 9,999	34 baile ina bhfuil daonraí idir 5,000 agus 9,999
Population	Daonra
Dunboyne	Dún Búinne
Donabate	Domhnach Bat
Potmarnock	Port Mearnóg

Skerries	Na Sceirí

D'fhéadfadh an Plean Iompair Áitiúil, a d'fhéadfaí a réiteach ón bPlean seo, dul i ngleic níos sonraí le cén áit agus conas is féidir feabhsúcháin ar an mbonneagar le haghaidh siúil agus rothaíochta sa chontae a bhaint amach, sa bhreis ar an gcaibidil seo agus ar Thaisteal Níos Cliste.

Ba cheart go ndéanfaidh bealaí faoisimh inmheánacha agus seachbhóithre a thógáil trí lonnaíochtaí agus mórthimpeall lonnaíochta sa chontae, amhail a bheartaítear, rothaíocht agus siúl laistigh de na lonnaíochtaí siúd níos sábháilte agus níos mealltaí mar aon le rogha níos mealltaí iompair a dhéanamh díobh, mar gheall go mbeidh an trácht tríothu, go háirithe trácht HGV, ar malairt slí chuig na bóithre nua.

Sonraítear na cuspóirí le haghaidh bealaí siúil agus rothaíochta caitheamh aimsire i gCaibidil 15.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir T10

Siúl agus rothaíocht i measc gach aicme den phobal a spreagadh tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Siúl agus rothaíocht a chur chun cinn mar mhodhanna inbhuanaithe iompair agus mar ghníomhaíochtaí folláine caitheamh aimsire ar fud an chontae;
- Leagan amach forbartha a chur chun cinn atá ar leas coisithe agus rothaithe, chun áiseanna a sholáthar ag nóid iompair phoiblí, bailte agus sráidbhailte, pleanáil agus soláthar a dhéanamh chun riachtanais rothaithe agus choisithe a chomhcheangal nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar thograí nua forbartha;
- Áiseanna rothaíochta agus siúil a chur chun cinn amhail bheith lárnach in áiseanna tráchta feithiclí a sholáthar;
- A cheangal go soláthraítear colbhaí ar a bhfuil fána anuas ag gach acomhal, mar aon le hoileáin lárnacha d'fhonn rochtain gan stró a éascú i measc daoine scothaosta agus daoine ar a bhfuil srian soghluaisteachta;

- A cheangal go lonnaítear agus go ndeartar forbairtí beartaithe ar bhealach a éascaíonn agus a spreagann siúl agus rothaíocht shábháilte;
- Tacú le bearta bonneagair a shuiteáil (mar shampla, cosáin nua/níos fairsinge, trasbhealaí bóithre agus áiseanna páirceála rothar), a dhéantar a aisfheistiú, más gá, a éascaíonn agus a spreagann siúl agus rothaíocht shábháilte;
- Tacú le hiniúchtaí siúil agus rothaíochta a réiteach do na lonnaíochtaí sa chontae;
- A chinntiú go ndéanann an Chomhairle breithniú iomlán ar riachtanais siúlóirí agus rothaithe, nó go ndéantar amhlaidh i gcomhar leis an gComhairle, i ngach cáipéis phleanála, lena n-áirítear pleananna forbartha baile, pleananna ceantair áitiúil, ráitis ar dhearadh sráidbhailte agus pleananna fearainn phoiblí;
- A chinntiú go ndéantar breithniú iomlán ar riachtanais siúlóirí agus rothaithe, i dtograí chun bóithre poiblí a choimeád agus a uasghrádú, i dtabhairt faoi mhoilliú tráchta agus tograí chun na luasteorainneacha áitiúla a choimeád nó a athrú i ngach láthair bhaile, shráidbhaile nó thuaithe.

8.4 Cuanta

Is é Europort Ros Láir an mórchuan sa Réigiún Thoir Theas le haghaidh seirbhísí paisinéirí agus seirbhísí bótharbhunaithe lastais. Freastalaíonn an Europort ar an gcontae, réigiún agus an tír ina hiomláine. Anuas air sin, déanann na línte iarnróid a dhéanann é a nasc le Baile Átha Cliath agus Luimneach freastal ar an gcuan.

Baineann tábhacht straitéiseach leis maidir le folláine eacnamaíoch leanúnach an chontae, an Réigiúin Thoir Theas agus an tír ina hiomláine.

Tá sé beartaithe ag Iarnród Éireann breis forbartha a dhéanamh ar bhonneagar an chuain d'fhonn a chur ar chumas an chuain dul faoi fhás amach anseo, lena n-áirítear tograí chun an calafort a dhoimhniú, oibriúchán an lastais iarnróid a fhorbairt agus chun athruithe a éascú ar na bealaí a láimhseálann an cuan lastas (ó lastas rolladh isteach-rolladh amach amháin faoi láthair, go dtí coimeádáin a lódáil agus a dhílódáil amháin). Leanfaidh an Chomhairle ag tacú le forbairt Europort Ros Láir, mar aon le hé a chur chun cinn agus a éascú, faoi réir chomhlíonadh na

ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil, lena n-áirítear Calafort Ros Láir agus Plean Ceantair Áitiúil Chill Ruáin 2012-2018.

Anuas air sin, baineann tábhacht straitéiseach le Cuan Ros Mhic Thriúin, go háirithe maidir le lastas speisialta a láimhseáil i mbulctháirgí tirime agus leachtacha. Tá feidhmeanna tábhachtacha ag cuanta eile sa contae, a fhreastalaíonn ar fheidhmeanna reatha agus féideartha áitiúla tráchtála (go háirithe an iascaireacht) agus caitheamh aimsire agus turasóireachta.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir T11

Tacú le forbairt inbhuanaithe bonneagar feabhsaithe iompair ag Europort Ros Láir agus Cuan Ros Mhic Thriúin agus í a éascú, lena n-áirítear áiseanna láimhseála lastas iarnróid a fhorbairt, áiseanna a fhorbairt chun níos mó lastais lódála agus dílóidála a láimhseáil, agus chun áiseanna a fhorbairt lena chur ar chumas níos mó longa coimeádán Europort Ros Láir a úsáid, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18 den Phlean, agus aon Phleananna agus cáipéisí treorach eile.

Cuspóir T12

Tacú le forbairt inbhuanaithe seirbhísí agus tionscail a bhaineann leis an gcuan ar thailte in aice chuanta Europort Ros Láir agus Ros Mhic Thriúin, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Áirítear i gCaibidlí 6, 7 agus 13 cuspóirí a thacaíonn le cuanta an chontae, chomh maith.

8.5 Aeriompar

Tá feidhm thábhachtach ag Aerfort Réigiúnach an Oirdheiscirt, atá lonnaithe ó dheas ó chathair Phort Láirge, chun rochtain ar Chontae Loch Garman agus ón gcontae a

sholáthar ar mhaithe le cuspóirí tráchtála, turasóireachta agus sóisialta. Tacóidh an Chomhairle le tograí chun na háiseanna a fhairsingiú ag an aerfort, lena n-áirítear síneadh ar an rúidbhealach. Tacóidh an Chomhairle, chomh maith, le tograí chun rochtain a fhorbairt ar an aerfort seo agus ar aerfoirt eile sa tír, lena n-áirítear trí iompar poiblí.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir T13

Tacú le forbairt leanúnach Aerfort Phort Láirge agus chun tacú le tograí agus iad a éascú chun feabhas a chur ar an rochtain ar Aerfort Phort Láirge agus ar gach aerfort eile sa tír chuig Contae Loch Garman agus amach ón gcontae, lena n-áirítear trí iompar poiblí.

8.6 Bóithre

In ainneoin chuspóir foriomlán ‘Taisteal Níos Cliste’, chun úsáid modhanna eile d’iompar a spreagadh seachas an gluaisteán príobháideach do go leor aistear, leanfaidh an Chomhairle le hoibriú chun tabhairt faoi chothabháil agus feabhsú an líonra bóithre sa chontae a spreagadh agus a éascú. Braitheann go leor gnólachtaí sa chontae ar iompar bótharbhunaithe agus braitheann go leor daoine a chónaíonn i gceantair thuaithe sa chontae ar an ngluaisteán príobháideach don chuid is mó dá n-aistir.

Príomhchuspóir na Comhairle is ea sábháilteacht le haghaidh gach úsáideora de na bóithre poiblí sa chontae. Ina leith seo, tacaíonn an Chomhairle leis an obair, agus leanfaidh siad le hamhlaidh a dhéanamh, agus aird ar an Straitéis Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre (an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2007).

Rachaidh an Plean Iompair Áitiúil, a d’fhéadfaí a réiteach ón bPlean seo, i ngleic níos sonraí le cén áit agus conas is féidir feabhsúcháin ar an mbonneagar bóithre sa chontae a bhaint amach mar chuid de chóras comhtháite iompair, sa bhreis ar chuspóirí na caibidle seo.

8.6.1 Bóithre Náisiúnta

Braitheann an contae go mór ar a bhonneagar náisiúnta bóithre le haghaidh rochtain idirchontae. Sainaithníonn an NSS an N11/M11 mar Chonair Straitéiseach Ghathach agus an N25 agus an N80 mar Chonairí Straitéiseacha Naisc. Tá an N11/M11 (E01) agus an N25 (E30) mar chuid den ghréasán tras-Eorpach Bóithre, a nascann Europort Ros Láir le Baile Átha Cliath-Béal Feirste-Latharna agus Port Láirge-Corcaigh, faoi seach. Sainaithníonn na Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála don Réigiún Thoir Theas 2010-2022 an N30 mar an bpríomhbhóthar rochtana. Baineann tábhacht mhór leis go gcuirfear feabhas ar na bóithre seo maidir le folláine eacnamaíoch an chontae trí chéile agus le rochtain gan stró a chinntiú ar Europort Ros Láir agus amach uaidh.

Leagtar amach sna Treoirlínte d'Údarás Phleanála maidir le Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta (DECLG, 2012) breithniúcháin bheartas pleanála a bhaineann le forbairt a imríonn tionchar ar bhóithre náisiúnta, mótarbhealaí, príomhbhóithre náisiúnta agus bóithre náisiúnta den dara grád san áireamh, lasmuigh de na criosanna luasteorann 50csu agus 60csu le haghaidh bailte agus sráidbhailte. Eisítear na treoirlínte seo faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus mar dhea, ceanglaítear ar údaráis phleanála aird a bheith ar na treoirlínte seo i dtabhairt faoina gcuid feidhmeanna.

Réitíodh cuspóirí na caibidle seo agus aird ar na treoirlínte seo. Go hachomair, ceanglaíonn na treoirlínte an méid a leanas ar údaráis phleanála:

- An aird cheart a léiriú ar chosaint na hinfheistíochta i mbóithre náisiúnta agus i bhfeidhm straitéiseach bhóithre náisiúnta
- Ailíniú a chosaint le haghaidh tionscadail bhóithre náisiúnta amach anseo
- Srian a chur ar na líonta de phointí nua rochtana ar bhóithre náisiúnta, faoi réir líon an-teoranta eisceachtaí
- Srian a chur ar thograí a threisiú an úsáid reatha a bhaintear as pointí rochtana agus aomhail go mícheart, go háirithe ar stráicí den bhóthar náisiúnta lasmuigh de na criosanna luasteorann 50csu agus 60csu
- Comhoibriú leis an NRA maidir le bainistíocht a dhéanamh ar bhóithre náisiúnta.

Bhain bonneagar na mbóithre náisiúnta laistigh den chontae agus in aice an chontae sochar ó infheistíocht shuntasach le blianta beaga anuas agus tá tograí an NRA chun breis feabhais a chur ar na bealaí seo ar chéimeanna éagsúla críche.

Tá sé beartaithe go ndéanfaidh infheistíocht sa líonra bóithre náisiúnta an méid a leanas:

- Dul i ngleic le fadhbanna reatha agus tuartha brú tráchta
- A chur ar chumas ghnólachtaí Chontae Loch Garman bheith iomaíoch i gcónaí
- A chur ar chumas Europort Ros Láir leanúint agus na seirbhísí reatha a choimeád agus leanúint dul faoi fhás
- Sochair a chruthú, ar nós trácht HGV a laghdú i lonnaíochtaí a ngabhann seachbhóithre thart orthu a fheabhsaíonn an cháilíocht beatha agus a éascaíonn rothaíocht agus siúl níos sábháilte do lucht cónaithe na lonnaíochtaí siúd.

Léiríonn Tábla Uimh. 19 agus Léarscáil Uimh. 8 stádas reatha na rogha Scéimeanna Bóithre Náisiúnta agus iad siúd a faomhadh i Loch Garman. Dearadh agus dearfar tograí feabhsaithe bóithre an NRA agus aird ar na próisis fhairsinge chomhairliúcháin phoiblí. Leanfaidh an Chomhairle leis na scéimeanna seo a éascú agus a chumasú (lena n-áirítear iad siúd atá curtha ar fionraí) go dtabharfar fúthu i gContae Loch Garman, agus bheith feasach, ag gach tráth, ar an ngá iomlán atá leis an drochthionchar seo, idir fhíor-thionchar agus tionchar braite a íoslaghdú, a imríonn tionchar ar mhuintir Loch Garman, ar nós oidhreacht nádúrtha agus thógtha an chontae.

Is faoin Rialtas atá sé chun an cinneadh deiridh a dhéanamh ar cibé acu an dtabharfar nó nach dtabharfar faoi na scéimeanna beartaithe, nach mór dóibh aird a léiriú, dar ndóigh, ar leas náisiúnta agus an cinneadh sin á dhéanamh. Ceanglaíonn na Treoirínte d'Údaráis Phleanála maidir le Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta (DECLG, 2012) go gcoimeádann an Chomhairle an talamh a theastaíonn do thionscadail bhóithre náisiúnta amach anseo, saor ó fhorbairt agus go gcinntíonn siad go mbíonn aon fhorbairtí ina n-aice le haghaidh úsáid íogair (mar shampla,

tithe, scoileanna agus tithe altranais) comhoiriúnach do thógáil agus d'oibriú fadtéarmach an bhóthair. Agus measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála ar ailíniú nó i ngar d'ailíniú tionscadal bóithre náisiúnta, ní mór don Chomhairle aird a bheith air seo. Anuas air sin, beidh aird ag an gComhairle ar Chiorclán 16/2011 an NRA.


Éascóidh an Chomhairle obair an NRA chun na bóithre reatha náisiúnta a choimeád agus chun caighdeáin na mbóithre siúd a fheabhsú go mbainfidh siad amach na caighdeáin riachtanacha de réir mar a eascraíonn agus nuair a eascraíonn an gá agus an maoiniú do na tionscadail siúd.

Tábla Uimh. 19 Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Bheartaítear i gContae Loch Garman

Scéim Bóithre Náisiúnta	Stádas amhail Bealtaine 2012
Scéim M11 Ghuaire-Inis Córthaidh	• Roghnaíodh an bealach deiridh agus faomhadh na horduithe reachtúla • Tá Céim 5 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadail an NRA bainte amach faoi láthair – Ardoibreacha agus Ullmhú Cáipéis Tógála, Tairiscint agus Bronnadh (i gcomhthráth le Seachbhóthar N25 Ros Mhic Thriúin mar chuid de scéim Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí) • Tar éis gur fógraíodh Plean Spreagtha an Rialtais, tá sé beartaithe chun tús a chur leis an bpróiseas tairisceana arís in 2012
Seachbhóthar N25 Ros Mhic Thriúin	• Roghnaíodh an bealach deiridh agus faomhadh na horduithe reachtúla • Tá Céim 5 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadail an NRA bainte amach faoi láthair – Ardoibreacha agus Ullmhú Cáipéis Tógála, Tairiscint agus Bronnadh (i gcomhthráth le Scéim M11 Ghuaire-Inis

	Córtaidh mar chuid de scéim Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí) • Tar éis gur fógraíodh Plean Spreagtha an Rialtais, tá sé beartaithe chun tús a chur leis an bpróiseas tairisceana arís in 2012
Seachbhóthar N30 Chluain an Róistigh	• An bóthar deiridh roghnaithe
N11/N25 Mhaolán na nGabhar chuig Calafort Ros Láir	• Céim roghnaithe an bhóthair – an Rogha bealaigh Foilsíodh an Chonair Bhealaigh in Iúil 2011
Uasghrádú an N80 (Bóthar Náisiúnta den Dara Grád)	• Níl aon oibreacha beartaithe go fóill Tá dul chun cinn faoi réir próiseas críochnúil comhairliúcháin phoiblí agus na ngnáthbhreithniúchán pleanála agus forbartha inbhuanaithe

**Léarscáil Uimh. 8 Scéimeanna Faofa Bóithre Náisiúnta agus an Rogha
Scéimeanna Bóithre Náisiúnta i gContae Loch Garman**



Tá aistriúchán ar na léarscáileanna le fáil thíos.

Legend	Gluais
Existing National Roads	Bóithre Náisiúnta Reatha
Approved National Roads Scheme	Scéim na mBóithre Faofa Náisiúnta
Preferred Route	An Rogha Bealaigh
Gorey	Guaire
Gorey to Enniscorthy/Oylegate	Guaire chuig Inis Córthaidh/Maolán na nGabhar
Enniscorthy	Inis Córthaidh
Clonroche Bypass	Seachbhóthar Chluain an Róistigh
New Ross	Ros Mhic Thriúin
New Ross Bypass	Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin
Oylegate to Rosslare Europort	Maolán na nGabhar chuig Europort Ros Láir
Wexford	Loch Garman
Wexford County Development Plan 2013-2019	Plean Forbartha Contae Loch Garman 2013-2019
Proposed National Road Schemes	Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Bheartaítear
Title: Proposed National Road Schemes	Teideal: Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Bheartaítear
Drawn by: NK	Tarraingthe ag: NK
Date:	Dáta:
Map No: 8	Léarscáil Uimh: 8
Checked by: GH	Seiceáilte ag: GH

Lasmuigh de na lonnaíochtaí reatha, déanfaidh an Chomhairle scrúdú dlúth ar thograí forbartha ar thailte in aice an líonra reatha bóithre náisiúnta agus acomhail reatha d'fhonn gan cosc a chur ar uasghrádú féideartha amach anseo agus lena chinntiú nach n-eascraíonn gluaiseachtaí tráchta as an bhforbairt a bheartaítear ina bhfuil an tsábháilteacht agus/nó saorshreabhadh an tráchta agus feidhm an bhóthair náisiúnta. Sa chás go ngabhann bóithre náisiúnta trí lonnaíochtaí reatha nó nuair a nascann siad iad, úsáidfear cur chuige fianaisebhunaithe agus measúnú á dhéanamh ar thionchar na forbartha agus tograí criosaithe ar shábháilteacht, cumas agus feidhm na mbóithre náisiúnta.

Ní cheadóidh an Chomhairle ach úsáid nua agus/nó threisithe na bpointí reatha rochtana ar bhóithre náisiúnta i líon an-teoranta cúinsí, sa chás go gcomhlíonann na tograí siúd na critéir a leagtar amach i gCuspóir T20. Réitíodh Cuspóir T20 agus aird ar an méid a leanas:

- Na Treoirlínte d'Údarás Phleanála maidir le Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta (DECLG, 2012)
- An fhéidearthacht go bhféadfadh go mbeadh gá le forbairt lena mbaineann tábhacht náisiúnta agus réigiúnach straitéiseach óna dteastaíonn rochtain ar bhóthar náisiúnta neamh-mhótarbhealach le linn shaolré an Phlean
- Gur mian le Comhairle Contae Loch Garman forbairt eacnamaíoch agus fostaíochta a spreagadh go réamhghníomhach sa Chontae, sa chás go gcomhlíonann an fhorbairt sin, ar gach bealach, forbairt cheart pleanála agus inbhuanaithe
- Breithniúcháin réadúla maidir le láthair na bhforbairtí reatha agus an rochtain riachtanach ar thailte criosaithe
- Scéimeanna beartaithe bóithre náisiúnta (mar shampla, ó Ghuaire go hInis Córthaidh/Maolán na nGabhar agus seachbhóthar Ros Mhic Thriúin) a bheartaítear, faoi láthair, iad a thógáil le linn shaolré an Phlean.

Rachfar i gcomhairle leis an NRA ar gach togra le haghaidh rochtain nua nó threisithe ar bhóithre náisiúnta.

Tithe Aonair i gCeantair Thuaithe

Ní mór don Chomhairle aird a bheith acu ar fhorálacha ábhartha na dTreoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta (DECLG, 2012). Tugann na Treoirlínte le fios gurb éard a bheidh i gceist le beartas pleanála an Údaráis Phleanála ná chun cruthú aon phointe breise rochtana a sheachaint ón bhforbairt nua nó trácht méadaithe a chruthú ó rochtain reatha ar bhóithre náisiúnta lena mbaineann luasteorainneacha níos mó ná 60csu. Baineann an fhoráil seo le tithe aonair i gceantair thuaithe, gan aird ar chúinsí tithíochta an iarratasóra.

Rialóidh an Chomhairle comharthaíocht ar bhóithre náisiúnta agus ina n-aice, i gcomhréir leis na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta (DECLG, 2012), ráiteas beartais an Údaráis um Bóithre Náisiúnta ar Chomharthaíocht Turasóirí agus Fóillíochta a Sholáthar ar Bhóithre Náisiúnta (Márta 2011) agus aon leaganacha nuashonraithe de na cáipéisí seo.

Ceanglófar ar fhorbróirí tabhairt faoi Mheasúnú Tráchta agus Iompair (TTA) le haghaidh tograí forbartha níos mó, lena chinntiú gur leor na bóithre náisiúnta agus aomhail na mbóithre náisiúnta i ngar don fhorbairt bheartaithe chun freastal ar an bhforbairt bheartaithe gan bheith mar chúis le breis moilleanna ar thrácht reatha agus amach anseo ar an mbóthar. Ba cheart go n-áireofaí leis an TTA tograí chun an brath ar thaisteal gluaisteánbhunaithe a laghdú agus chun foirmeacha níos inbhuanaithe d'iompar a spreagadh; dá dtagraítear amanna mar Phlean Bainistíochta Soghluaisteachta. Tabharfar faoi Iniúchtaí ar Shábháilteacht ar Bhóithre (RSAanna) i gcás tograí forbartha óna dteastaíonn rochtain nua, nó athruithe suntasacha ar rochtain reatha ar bhóthar náisiúnta.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir T14

Tacú le forbairt inbhuanaithe agus feabhsú an líonra bóithre náisiúnta sa chontae, agus a éascú agus a chumasú, amhail a threoraíonn clár Bóithre Náisiúnta an NRA.

Cuspóir T15

Tacú le forbairt na scéimeanna bóithre náisiúnta a leanas:

- N25/N11 Mhaolán na nGabhar chuig Calafort Ros Láir
- N11 Sheachbhóthar Inis Córthaidh
- Seachbhóthar N30 Chluain an Róistigh
- Seachbhóthar N25 Ros Mhic Thriúin

Cuspóir T16

Na bearta maolaithe a chur i bhfeidhm a shainítear i Measúnacht Tástála Chéim 1 Ráiteas Tionchair Natura a réitíodh do Scéim N11-N25 Mhaolán na nGabhar chuig Calafort Ros Láir lena chinntiú go gcosnaítear cSAC Ghleann Abhann na Sláine agus SPA Chalaafort agus Shlaba Loch Garman.

Cuspóir T17

Tacú le forbairt na bpríomhbhóithre náisiúnta go mbainfidh siad caighdeán débhealaigh amach, ar a laghad.

Cuspóir T18

Forbairt scéimeanna bóithre náisiúnta a éascú agus a chumasú agus aird ar na Treoirínte d'Údaráis Phleanála maidir le Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta (DECLG, 2012), Ciorclán 16/2011 an NRA agus ar chomhairliúcháin leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta ar gach togra. Déanfaidh an Chomhairle an méid a leanas:

- Na tailte riachtanacha a choimeád saor ó fhorbairt, go ginearálta
- A cheangal go mbíonn forbairt úsáidí íogaire ina n-aice, ar nós tithíochta, scoileanna agus tithe altranais, comhoiriúnach do thógáil agus d'oibriú fadtéarmach an bhóthair
- A chinntiú nach mbaineann cuspóirí forbartha, criosú talún san áireamh, den phróiseas roghnaithe bealaigh
- Glacadh le cur chuige níos solúbtha i gcomhréir le forálacha Ciorclán 16/2011 an NRA.

Cuspóir T19

Cur chuige fianaisebhunaithe a úsáid agus measúnú á dhéanamh ar thionchar tograí forbartha agus criosaithe ar shábháilteacht, an cumas reatha agus amach anseo, agus feidhm bhóithre náisiúnta agus chun cosc a chur ar fhorbairt, úsáidí talún agus tograí criosaithe mí-oiriúnacha ar thailte in aice bóithre reatha náisiúnta, a d'imreodh drochthionchar sábháilteacht agus ar chumas reatha agus amach anseo bóithre náisiúnta agus aird ar uasghráduithe féideartha na mbóithre agus na n-acomhal amach anseo.

Cuspóir T20

Cruthú aon phointí nua rochtana dírí a sheachaint ó fhorbairt nó giniúint tráchta mhéadaithe ó phointí reatha rochtana dírí/amach ar an líonra náisiúnta bóithre lena mbaineann luasteorainneacha níos mó ná 60csu. Féadfaidh an tÚdarás Pleanála cur chuige nach bhfuil chomh sriantach céanna a chur i bhfeidhm i líon cúinsí eisceachtúla maidir le rochtain ar stráicí neamh-mhótarbhealaigh de na bóithre náisiúnta lena bhforbairt sna catagóirí a leanas:

(1) Forbairtí lena mbaineann tábhacht náisiúnta agus réigiúnach straitéiseach arb oiriúnaí a lonnaithear iad, mar gheall ar a nádúr, lasmuigh de cheantair uirbeacha, agus sa chás go bhfuil ag na láithreacha faoi chaibidil nádúir shonracha a chruthaíonn láithreacha an-oiriúnacha díobh don fhorbairt a bheartaítear. Agus breithniú á dhéanamh ar oiriúnaitheacht a bhaineann le heisceacht den saghas sin a dhéanamh, cuirfidh an tÚdarás Pleanála na hábhair a leanas san áireamh:

- Ábharthacht agus oiriúnaitheacht na forbartha beartaithe i dtaca le tacú le haidhmeanna agus cuspóirí na Straitéise Spáis Náisiúnta agus na dTreoirlínte Réigiúnacha Pleanála don Réigiún Thoir Theas 2010-2022.
- Riachtanais treoirlínte eile pleanála a eisíodh faoi Alt 28 den Acht, lena n-áirítear na Treoirlínte maidir le Pleanáil Miondíola (2012) a áiríonn toimhde ghinearálta i leith ionaid mhóra mhiondíola a bheith lonnaithe in aice nó i ngar do bhóithre reatha, nua nó pleanáilte náisiúnta, mótarbhealaí san áireamh.
- Nádúr na forbartha beartaithe agus méid an tráchta a ghinfidh sí agus aon impleachtaí i leith sábháilteacht, cumas agus oibriú éifeachtúil bóithre náisiúnta.
- Aon phleananna le haghaidh uasghráduithe bóithre náisiúnta agus seirbhísí/bonneagar eile iompair amach anseo.
- Oiriúnacht na láithreach i gcomparáid le láithreacha eile.
- Patrúin forbartha reatha sa cheantar.
- An fasach a d'fhéadfaí a chruthú le haghaidh forbairt charnach sa cheantar agus na himpleachtaí féideartha don líonra bóithre náisiúnta.

(2) Forbairtí a bhaineann le fiontair mhóra reatha bhunaithe agus fostóirí ar an líonra bóithre náisiúnta, ar nós Irish Country Meats (N11) agus Slaney Meats (N80) atá sainaitheanta ar Léarscáil Uimh. 9.

(3) Forbairtí ar thalamh chríosaithe ar stráicí sainaitheanta de bhóthar náisiúnta (féach Léarscáil Uimh. 10a, 10b, 10c agus 10d, a bhaineann le fiontair agus fostóirí suntasacha, fiontair agus fostóirí reatha agus féideartha/beartaithe, agus forbairt a bhaineann le húsáidí eile tábhachtacha ar na tailte a críosáodh go cuí. Tá na tailte seo críosaithe faoi Phlean Forbartha Bhaile agus Phurláin Inis Córthaidh (Léarscáil Uimh. 10a), Plean Forbartha Bhaile agus Phurláin Ros

Mhic Thriúin 2011-2017 (Léarscáil Uimh. 10b), Plean Forbartha Bhaile agus Phurláin Bhun Clóidí 2009-2015 (Léarscáil Uimh. 10c) agus Plean Forbartha Bhaile agus Phurláin Chluain an Róistigh 2009 (Léarscáil Uimh. 10d). Agus na stráicí bóthair á sainaithint lena mbaineann an t-eisceacht seo, tá aird ag an Údarás Pleanála ar an gcaoi go bhfuil na stráicí bóthair a shainaithnítear i bpleananna Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin agus Chluain an Róistigh ar stráicí den bhóthar ar a bhfuil seachbhóthar le tógáil.

Tabharfaidh an tÚdarás Pleanála faoi mheasúnú breise mionsonraithe fianaisebhunaithe ar na tailte nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh ar na pleananna seo d'fhonn a léiriú gur féidir freastal ar aon eisceachtaí riachtanacha gan baint de chumas sábháilteachta agus d'éifeachtúlacht an líonra náisiúnta bóithre.

I gcás ar bith, agus go háirithe sa chás gur féidir iarratais a sheoladh ar aghaidh sula ndéanfar athbhreithniú ar na pleananna seo, beidh an t-iarratasóir freagrach as Iniúchadh um Shábháilteacht ar Bhóithre a réiteach, a réitítear i gcomhréir leis an Lámhleabhar Bóithre agus Droichead (NRA, 2010) sa chás cuí, mar aon le Measúnú Iompair agus Tráchta agus úsáidfídh an t-údarás pleanála an fhianaise a soláthraíodh anuas ar na sonraí a bhí ar fáil chun bonn fianaise a bhunú a léiríonn nach mbainfidh aon fhorbairt a bheartaítear de shábháilteacht, cumas agus éifeachtúlacht an líonra náisiúnta bóithre.

Athbhreithneoidh an Chomhairle na luasteorainneacha, chomh maith, i gceantair ina bhfuil fostóirí reatha nó talamh chríosaithe d'fhonn na luasteorainneacha a laghdú, sa chás cuí, agus faoi réir an phróisis oiriúnaigh reachtúil.

- (4) Treisiú na húsáide a bhaintear as rochtain reatha ar an líonra bóithre náisiúnta sa chás gurb ann d'fhorbairt reatha (mar shampla ag Ospidéal Naomh Seanán) ach nach n-eascródh treisiú ábhartha as an treisiú sin go mbainfeadh an fhorbairt bheartaithe de shábháilteacht, cumas agus éifeachtúlacht an líonra náisiúnta bóithre.

Sna ceithre chatagóir go léir, faoi na cúinsí eisceachtúla a leanas:

- Ní mór don iarratasóir a léiriú go gcloíonn an fhorbairt le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe, nach bhfuil aon phointe eile rochtana/amach ar fáil seachas an líonra bóithre náisiúnta ag láthair ina bhfuil feidhm ag luasteorainn níos mó ná 60csu agus nach mbainfidh úsáid mheasta an phointe rochtana/amach de shábháilteacht, cumas agus éifeachtúlacht an líonra náisiúnta bóithre
- Ní mór don iarratasóir bheith freagrach as Iniúchadh um Shábháilteacht ar Bhóithre a réiteach, a réitítear i gcomhréir leis an Lámhleabhar Bóithre agus Droichead (NRA, 2010) sa chás cuí, mar aon le Measúnú Iompair agus Tráchta. Úsáidfí an tÚdarás Pleanála an fhianaise a soláthraíodh, mar aon leis na sonraí atá ar fáil chun bonn fianaise a bhunú a léiríonn nach mbainfidh aon fhorbairt bheartaithe de shábháilteacht, cumas agus éifeachtúlacht an líonra bóithre náisiúnta.
- Beidh ar an iarratasóir sonraí sásúla a sholáthar i dtaobh bearta beartaithe bainistíochta éilimh.
- Beidh ar an iarratasóir an cistiú oiriúnach a sholáthar chun aon fheabhsúcháin chumais nó aon bheartas bainistíochta tráchta a sholáthar a shainaithnítear a theastaíonn.
- Beidh an fhorbairt faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha ar a dtugtar breac-chuntas i gCaibidil 18.

Cuspóir T21

Leibhéal teoranta de rochtain nua nó úsáid threisithe na rochtana reatha ar an líonra bóithre náisiúnta a éascú ar an mbealach isteach nó amach ó ionaid uirbeacha atá faoi réir crios luasteorann idir 50csu agus 60csu – ar a dtugtar an crios trasdula seachas sin. Déanfar breithniú ar an rochtain sin sa chás go n-éascaíonn siad forbairt ordúil uirbeach agus nach n-eascródh leathadh na mbealaí isteach siúd as seo, as a n-eascródh laghdú ar ról na gcriosanna trasdula seo. Beidh aird ag an gComhairle ar nádúr na forbartha beartaithe agus méid an tráchta a ghinfidh sí agus aon impleachtaí i leith sábháilteacht, cumas agus oibriú éifeachtúil an bhóthair náisiúnta. Seolfar Iniúchadh um Shábháilteacht ar Bhóithre, a réitítear i gcomhréir leis an Lámhleabhar Bóithre agus Droichead (NRA, 2010) sa chás cuí. Ní mór don

fhorbairt an phleanáil cheart agus an fhorbairt inbhuanaithe a chomhlíonadh agus beidh sí faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha ar a dtugtar breac-chuntas i gCaibidil 18.

Cuspóir T22

D'fhonn rochtain nua nó úsáid threisithe na rochtana ratha a éascú ar an líonra náisiúnta bóithre laistigh den chrios 50csu i gcomhréir leis na gnáthchritéir um shábháilteacht ar bhóithre, bhainistíochta tráchta agus dhearaidh uirbigh do cheantair thógtha. Seolfar Iniúchadh um Shábháilteacht ar Bhóithre, a réitítear i gcomhréir leis an Lámhleabhar Bóithre agus Droichead (NRA, 2010) sa chás cuí. Ní mór don fhorbairt an phleanáil cheart agus an fhorbairt inbhuanaithe a chomhlíonadh agus beidh sí faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha ar a dtugtar breac-chuntas i gCaibidil 18.

Cuspóir T23

A cheangal go dtugtar faoi Mheasúnacht Tráchta agus Iompair (TTA) i gcás forbairtí móra a bheartaítear d'fhonn measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí do chumas agus d'oibriú éifeachtúil na mbóithre náisiúnta agus lena chinntiú gur leor na naisc agus na hacmhail bhóithre náisiúnta i gcóngarachacht na forbartha chun freastal ar an bhforbairt bheartaithe gan bheith ina chúis le breis moilleanna ar an trácht reatha agus amach anseo ar an mbóthar.

Réiteofar an TTA agus aird ar na Treoirlínte maidir le Measúnacht Tráchta agus Iompair (NRA, 2007) agus na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta (DECLG, 2012). Beidh aird ag an gComhairle ar an treoir thairsí agus fothairsí laistigh de na Treoirlínte maidir le Measúnacht Tráchta agus Iompair agus cinneadh á dhéanamh ar cibé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn TTA. Ba cheart go n-áireodh an TTA Plean Bainistíochta Soghluaisteachta a chuireann taisteal inbhuanaithe chun cinn.

Cuspóir T24

A cheangal go dtugtar faoi Iniúchadh um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) i gcás tograí forbartha óna dteastaíonn athruithe nua nó suntasacha ar an bpointe reatha rochtana/amach ar bhóthar náisiúnta d'fhonn measúnú iomlán a dhéanamh ar impleachtaí le haghaidh sábháilteachta ar bhóithre náisiúnta. Réiteofar an RSA i gcomhréir leis an Lámhleabhar Bóithre agus Droichead (NRA, 2010).

Cuspóir T25

Chun an chomharthaíocht ar bhóithre náisiúnta agus ina n-aice a rialú i gcomhréir leis na Treoirínte d'Údaráis Phleanála maidir le Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta (DECLG, 2012) agus ráiteas beartais an Údaráis um Bóithre Náisiúnta maidir le Comharthaíocht Turasóirí agus Fóillíochta a Sholáthar ar Bhóithre Náisiúnta (Márta 2011) agus aon leaganacha nuashonraithe de na cáipéisí seo.

Léarscáil Uimh. 9 Fiontair agus fostóirí móra reatha atá bunaithe ar an líonra bóithre náisiúnta



Irish Country Meats




Glanbia



Slaney Meats


Léarscáil Uimh. 10(a) Talamh chriosaithe: Stráice bóithre náisiúnta a sainaithníodh i bPlean Forbartha Bhaile agus Phurláin Inis Córthaidh 2008-2014

Léiríonn an ponc dearg neasláthair an stráice bóithre náisiúnta dá dtagraítear i gCuspóir T20 (3). Tá na tailte siar ón mbóthar náisiúnta críosaithe le haghaidh Tionscal ginte fostaíochta, úsáidí Tráchtála, lompair agus Fóntais i bPlean Forbartha Bhaile agus Phurláin Inis Córthaidh 2008-2014.




Léarscáil Uimh. 10(b) Talamh chriosaithe: Stráice bóithre náisiúnta a sainaithníodh i bPlean Forbartha Bhaile agus Phurláin Ros Mhic Thriúin 2011-2017

Léiríonn an ponc dearg neasláthair an stráice bóithre náisiúnta dá dtagraítear i gCuspóir T20 (3). Tá na tailte lastuaidh den bhóthar náisiúnta criosaithe le haghaidh Tionscal Éadrom ginte fostaíochta agus úsáidí Oifige i bPlean Forbartha Bhaile agus Phurláin Ros Mhic Thriúin 2011-2017.




Léiríonn an ponc dearg neasláthair an stráice bóithre náisiúnta dá dtagraítear i gCuspóir T20 (3). Tá na tailte siar ó dheas den bhóthar náisiúnta críosaithe le haghaidh úsáidí Pobail, Oideachas, Caitheamh Aimsire, Fónais agus Cónaithe i bPlean Forbartha Bhaile agus Phurláin Ros Mhic Thriúin 2009-2015.



Léarscáil Uimh. 10(d) Talamh chriosaithe: Stráice bóithre i náisiúnta a sainaithníodh i bPlean Ceantair Áitiúil Chluain an Róistigh 2009-2015

Léiríonn an ponc dearg neasláthair an stráice bóithre náisiúnta dá dtagraítear i gCuspóir T20 (3). Tá na tailte lastuaidh den bhóthar náisiúnta criosaithe le haghaidh úsáidí Tionscal ginte fostaíochta i bPlean Forbartha Bhaile agus Phurláin Ros Mhic Thriúin 2009.



8.6.2 Bóithre Réigiúnacha

Tá ról tábhachtach ag bóithre réigiúnacha i líonra bóithre Chontae Loch Garman agus soláthraíonn siad naisc idir bailte agus sráidbhailte, agus freastalaíonn siad ar na ceantair thuaithe eatarthu agus soláthraíonn siad rochtain ar bhóithre náisiúnta. Tugtar faoi deara gur bóthar réigiúnach an R700, atá suite i gContae Chill Chainnigh go príomha, agus go mbaineann tábhacht straitéiseach leis maidir le Contae Loch Garman mar gheall gurb é an nasc bóthair is díréidhe idir an dá chontae agus Moil Bhaile Loch Garman agus Chathair Chill Chainnigh.

D'fhonn feidhm straitéiseach na mbóithre réigiúnacha sa chontae a chosaint, chun na rioscaí i leith sábháilteacht phoiblí a laghdú agus chun na torthaí ar infheistíocht a uasmhéadú, íoslaghódóidh an Chomhairle pointí nua rochtana agus/nó treisiú suntasacha na rochtana reatha ar bhóithre réigiúnacha. Tá leibhéil tráchta ag roinnt de na bóithre réigiúnacha sa chontae agus tá feidhm acu ar chuma iad siúd a bhíonn ag bóithre náisiúnta. Sainaithnítear iad seo mar bhóithre réigiúnacha Aicme 1.

Bóithre Réigiúnacha Aicme 1

- An R733/R770 ó Loch Garman go dtí Colmán go dtí Baile Hac
- An R739 ó aomhal an N25 go dtí Cé na Cille Móire
- An R741 ó Loch Garman go dtí Guaire
- An R725 ó Ghuaire go dtí Carn an Bhua
- An R772 (an N11 roimhe seo) ó Chloch na gCaorach go dtí an teorainn le Contae Chill Mhantáin
- Na bóithre reatha náisiúnta atá le seachaint ag tograí bóithre náisiúnta amach anseo

Bóithre Réigiúnacha Aicme 2

- An R736 Ros Láir-Baile na Buaile
- An R740 an N25-Ros Láir
- An R738 Baile an Bharúnaigh-Baile Bhaldain
- An R735 An Gheois-Cluain an Róistigh
- An R730 Loch Garman-Cill Téile
- An R733 Colmán-Ros Mhic Thriúin

- An R734 Baile an tSeiscinn-Rinn Duáin
- An R737 An tAgarad-Dún Canann
- An R700 Ros Láir-an N30
- An R729 Ros Mhic Thriúin-Poll an Mhóintigh
- An R702 Inis Córthaidh-Cill Téile
- An R745 Fearn-Baile an Daingin
- An R744 Inis Córthaidh-an Abhainn Dubh
- An R746 Wheelagower-Bun Clóidí
- An R742 Loch Garman-Cill Mhucraise-Baile na Cúirte-Guaire

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir T26

An líonra bóithre réigiúnacha a bhainistiú agus a choimeád sa chontae ar bhealach a chosnaíonn feidhm straitéiseach na mbóithre réigiúnacha.

Cuspóir T27

Cosc a chur ar threisiú suntasacha na bpointí rochtana/amach reatha, ó/chuig Bóithre Réigiúnacha Aicme I. Ní bheidh feidhm ag an gcuspóir seo sna láithreacha agus na cúinsí a leanas ach amháin i láithreacha agus le haghaidh forbairtí nach n-eascróidh guaiseacha um shábháilteacht phoiblí astu:

- Laistigh de theorainneacha forbartha/limistéir thógtha bhailte, shráidbhailte nó lonnaíochtaí eile ina bhfuil luasteorainn 50-60csu i bhfeidhm agus inar féidir rochtain shábháilte a fháil, agus leathadh míchuí pointí rochtana a sheachaint.
- I gcás feirmeoirí nó a mhac nó iníonacha a bhfuil sé beartaithe acu teach cónaithe a thógáil dá n-úsáid féin a fhad agus a bunaíodh an gá don áit chónaithe sin go soiléir agus sa chás féidir aon rochtain oiriúnach eile a fháil ó ghabháltas an teaghlaigh amach ar bhóthar áitiúil.
- Foroinnt suíomhanna teach cónaithe chun áit chónaithe a sholáthar a úsáidfídh mac nó iníon bhunúinéir an tsuímh, sa chás gur deimhníodh go soiléir go bhfuil gá leis an áit chónaithe sin agus sa chás nach féidir aon rochtain oiriúnach eile a fháil ó ghabháltas an teaghlaigh amach ar bhóthar áitiúil. Déanfar breithniú ar thograí le haghaidh forbairtí de chineál árasán

muintire ag an maoin sin ar bhonn a bhfiúntas agus aird ar nádúir an tsuímh agus ar an leibhéal ionchasach de threisiú na húsáide a bhainfear as an bpointe rochtana reatha.

- I gcás forbairtí de nádúr tráchtála, sa chás go ndeimhnítear gurb ann do ghá soiléir don fhorbairt, nach bhféadfaí a chomhlíonadh i láithreacha eile, agus sa chás nach ann d'aon rochtain oiriúnach eile ar bhóthar áitiúil. Beidh aird ag an gComhairle ar líon agus ar shaghas dóchúil na ngluaiseachtaí tráchta a bhaineann le forbairt bheartaithe sa mheasúnú a dhéantar ar na tograí siúd.
- Anuas air sin, baineann na critéir thuas nuair a bheartaítear rochtain/bealach amach comhroinnte ón/chuig an mbóthar réigiúnach d'Aicme 1 (lena n-áirítear rochtain reatha) agus sa chás go mbeartaítear rochtain/bealach amach ón/chuig an mbóthar réigiúnach d'Aicme 1 trí lána príobháideach.

Cuspóir T28

Chun treisiú na bpointí reatha, rochtana/amach ó/chuig bóithre réigiúnacha neamhaicme 1 seachas faoi na cúinsí inar deimhníodh go soiléir go bhfuil gá leis an bhforbairt ag an láthair sin agus nuair nach féidir aon rochtain a fháil ar bhóthar áitiúil. Anuas air sin, bainfidh seo sa chás go mbeartaítear rochtain chomhroinnte ar an mbóthar neamhaicme 1 agus sa chás go mbeartaítear go mbeidh rochtain ar an mbóthar réigiúnach d'aicme 1 trí lána príobháideach.

Cuspóir T29

Chun an méid a leanas a chur chun cinn:

- Go n-áireofar trasbhealaí féideartha nua abhann i Loch Garman agus Ros Mhic Thriúin le forbairt bealaí faoisimh inmheánaigh a chur chun cinn a bhféadfadh stádas bóthair réigiúnaigh bheith acu, ar mhaithe leis an trácht i mBaile Ghuaire, Baile Loch Garman, Baile Ros Mhic Thriúin agus Baile Inis Córthaidh.
- An R700 a uasghrádú, a sholáthraíonn nasc tábhachtach idir Contae Loch Garman agus Chill Chainnigh.

8.6.3 Bóithre Áitiúla

Tugtar bóithre contae orthu seo chomh maith. Tá líonra cuimsitheach bóithre áitiúla i Loch Garman a chuimsíonn gach áit sa chontae. Tá feidhm an-tábhachtach ag na bóithre seo do phobail thuaithe agus d'fhiontair thalmhaíochta. Anuas air sin, soláthraíonn na fálta agus na crainn dhúchasacha atá ar imeall go leor de na bóithre seo gnáthóga tábhachtacha don fhlóra agus don fhána agus cuireann siad go mór le meallacht an chontae.

Éascóidh an Chomhairle tograí rochtana ar bhóithre contae ar bhonn suíomh ar shuíomh agus aird ar nádúir na forbartha a bheartaítear agus ar an mbail atá ar an mbóthar, áit a mbeartaítear an rochtain, agus an aird is mó a léiriú, ag gach tráth, ar shaincheisteanna sábháilteachta poiblí. Tá leibhéil níos airde tráchta agus/nó meánluasanna níos airde agus critéir níos déine i gceist ar roinnt stráicí de bhóithre áitiúla maidir leis an ngá atá leis an rochtain agus beidh riachtanais líne amhairc i gceist le tograí rochtana ar na stráicí sin den bhóthar.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir T30

Bóithre áitiúla a bhainistiú agus a chothabháil sa chontae agus aird ar a bhfeidhm thábhachtach, de réir mar a cheadóidh na hacmhainní.

Cuspóir T31

Tograí rochtana ar bhóithre áitiúla a éascú ar bhonn suíomh ar shuíomh agus aird ar nádúir an tsuímh agus an bhóthair, áit a mbeartaítear an rochtain.

8.6.4 Bóithre Uilíocha

Beidh na cuspóirí a leanas i gceist le gach bóthar sa chontae.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir T32

Sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn agus a spreagadh agus aird ar an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA, 2007) agus chun tabhairt faoina bhfeidhmeanna agus aird ar chothabháil agus feabhsú gach bóthair áitiúil agus réigiúnaigh ar bhealach a léiríonn aird ar shábháilteacht gach úsáideora fhéideartha ar na bóithre sin, lena n-áirítear feithiclí talmhaíochta, rothaithe, coisithe agus iompar poiblí agus chun bithéagsúlacht agus luach fónais an tírdhreachaithe ar thaobh an bhóthair a chosaint.

Cuspóir T33

Measúnú a dhéanamh ar shuíomh agus dearadh sonrach tograí le haghaidh úsáid nua nó threistithe rochtana reatha ar bhóithre ar bhonn a bhfiúntas agus aird ar na cuspóirí a chuimsítear sa chaibidil seo agus ar na caighdeáin bhainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir T34

Cosc a chur ar fhorbairt:

- San áit nach leor an líonra bóithre áitiúla, lena n-áirítear breithniúcháin ar chumas, leithead, ailíniú, dromchla nó an bhail struchtúrtha
- A chruthódh mórbhrú tráchta
- A chuirfeadh isteach go míchuí ar úsáideoirí eile bóthair

Féadtar Measúnacht Tráchta agus Iompair (TTA) le Plean Bainistíochta Soghluaisteachta a lorg le haghaidh forbairtí beartaithe a imríonn tionchar ar bhóithre neamhnáisiúnta agus aird ar an gcuspóir seo.

Cuspóir T35

Tabhairt faoi scéimeanna bainistíochta tráchta, a bhféadfaí laghdúithe a áireamh leo ar luasteorainneacha agus/nó bearta eile d'fhonn feabhas a chur ar shábháilteacht do gach úsáideoir bóthair, sa chás go meastar gur cuí amhlaidh a dhéanamh agus de réir mar a cheadaíonn na hacmhainní.

Cuspóir T36

Cosc a chur ar fhógraíocht nó ar thograí soilsithe i gcóngarachtaí bhóithre, agus an aird cheart a léiriú ar shábháilteacht agus ar shaincheisteanna fónais agus ar na caighdeáin bhainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18 den Phlean.

Cuspóir T37

Spreagadh agus tacú le soláthar pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha.

Cuspóir T38

A chinntiú go ndéantar breithniú ar leibhéil torann tráchta sa mheasúnú a dhéantar ar gach togra suntasach forbartha. Beidh aird ag an measúnú seo ar léarscáileanna torainn le haghaidh bóithre móra neamhnáisiúnta a réiteoidh an NRA agus an Chomhairle anuas ar I.R. Uimh. 140 de 2006 Rialachán Torann Comhshaoil.

8.5.5 Stáisiúin Líonta Peitрил/Stáisiúin Seirbhísí/Áiseanna Páirceála Leoraithe

Tá an NRA freagrach as limistéir ar líne sheirbhíse mótarbhealaigh a fháil, ar nós é sin ar deonaíodh cead pleanála dó le déanaí ar an M11 ag Baile Uí Aoláin i ngar do Ghuaire. Soláthrófar áis an limistéir sheirbhíse trí chonradh Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (PPP) a áiríonn tógáil Sheachbhóthar an N11 an Inbhir Mhóir-Ráth Naoi i gCill Mhantáin agus Uasghrádú N7 Chrois an Fhearainn Nua in Iarthar Bhaile Átha Cliath chomh maith. Tá an próiseas tairisceana don chonradh seo ar bun faoi láthair (Bealtaine 2012).

Féadfaidh an Chomhairle tograí a bhreithniú le haghaidh stáisiúin líonta peitрил/stáisiúin seirbhísí/áiseanna páirceála leoraithe i láithreacha eile agus aird ar Chuspóir T39 agus ar na caighdeáin bhainistíochta forbartha i gCaibidil 18 den Phlean.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir T39

Breithniú a dhéanamh ar thograí le haghaidh stáisiúin líonta peitрил/stáisiúin seirbhísí/áiseanna páirceála leoraithe faoi réir na bprionsabal ginearálta a leanas agus na gcaighdeán dearaidh a chuimsítear sna caighdeáin bhainistíochta forbartha i gCaibidil 18 den Phlean:

- Déanfar measúnú ar na forbairtí sin ag bóithre náisiúnta nó i ngar dóibh agus aird ar Threoir an NRA a chuimsítear i dTreoirlínte maidir le Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála (DECLG, 2012).
- Na háiseanna siúd a sholáthar ar na stráicí siúd de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla, áit a ndíspreagfar an luasteorainn uasta go ginearálta, mura léirítear go bhfuil gá uileghabhálach leis an bhforbairt sin sa láthair sin.
- Ní eascródh guaiseacha sábháilteachta, mórbhrú tráchta nó cur isteach míchuí ar úsáideoirí eile bóthair as an bhforbairt a bheartaítear.
- Ní imreodh an fhorbairt a bheartaítear drochthionchar ar an gcomhshaol agus ar fhóntais áitiúla.
- Ní eascródh leathadh míchuí na n-áiseanna sin as an bhforbairt a bheartaítear.
- Ní bhainfeadh an fhorbairt a bheartaítear de bheogacht na seirbhísí miondíola i sráidbhailte áitiúla a sháródh Cuspóirí Miondíola an Phlean seo.
- Ní sháróidh an fhorbairt a bheartaítear cuspóirí eile an Phlean seo.

8.6.6 Páirceáil agus Seirbhísiú

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir T40

Áiseanna páirceála a choimeád, a chothabháil agus a sholáthar atá suite agus deartha go hoiriúnach do ghluaisteáin, busanna, gluaisrothair agus rothair san áit a dteastaíonn siad agus de réir mar a bhíonn fáil ar na hacmhainní.

Cuspóir T41

A cheangal go ndéanfaidh na forbairtí an méid a leanas:

- Páirceáil agus áiteanna feithimh leordhóthanacha a sholáthar atá dea-dheartha agus sábháilte do ghluaisteáin phríobháideacha, tacsaithe, busanna, gluaisrothair agus rothair, a chomhlíonann na caighdeáin bhainistíochta forbartha i gCaibidil 18, agus a mbíonn aird acu ar chur chun cinn dea-dhearaidh thuithe agus sábháilteacht gach úsáideora bóthair agus a éascaíonn siúl, rothaíocht agus iompar poiblí.
- Na socruithe leordhóthanacha a sholáthar le haghaidh seirbhísiú agus seachadtaí a chomhlíonann na caighdeáin dea-chleachtais agus aird ar an ngá le dea-dhearadh uirbeach agus tuithe a chur chun cinn agus chun sábháilteacht phoiblí a chosaint.

Caibidil 9 Bonneagar

9.1 Réamhrá

Baineann ríthábhacht le bonneagar ar ardchaighdeán a sholáthar chun cuspóirí sóisialta, eacnamaíocha, spáis agus comhshaoil na Comhairle a bhaint amach. Is Gealltóir reachtúil í an Chomhairle a chuireann réimse bonneagar fhisiciúil ar fáil sa chontae, lena n-áirítear soláthar uisce agus fuíolluisce. Cé nach bhfuil aon ról reachtúil ag an gComhairle i mbonneagar teileachumarsáide agus leathanbhanda a sholáthar, tá ról rialála acu agus aithníonn siad an tábhacht a bhaineann leis na píosaí ríthábhachtacha bonneagair seo chun an contae a fhorbairt. Tá ceangal ar údarais phleanála soláthar a dhéanamh do sheirbhísí fuíolluisce agus do cheisteanna eile a bhaineann le bainistíocht uisce i bpleananna forbartha, chun rialú a dhéanamh, trína bpleananna forbartha agus eile, ar fhorbairtí ar dócha iad a bheith ina gcúis le truailliú uisce nó iad siúd atá i gcodarsnacht le cuspóirí bainistíochta uisce.

9.2 Bonneagar Uisce agus Fuíolluisce

Baineann ríthábhacht le bonneagar ar ardchaighdeán soláthair uisce agus fuíolluisce le forbairt fhadtéarmach fhisiciúil, chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch an chontae a chinntiú. Leag an fás a tháinig ar an daonra, a tharla le blianta beaga anuas, brúnna móra ar áiseanna uisce agus fuíolluisce in go leor de lonnaíochtaí an chontae.

Tá an Chomhairle tiomanta don mhéid a leanas:

- Bonneagar leordhóthanach uisce agus fuíolluisce a sholáthar a thacóidh le forbairt eacnamaíoch, agus go háirithe le forbairt thionsclaíoch agus tráchtála
- Caighdeán náisiúnta agus an AE um uisce óil agus bonneagar fuíolluisce a bhaint amach
- Acmhainní uisce a chaomhnú agus a chosaint mar phríomhghné de bheartas comhshaoil
- Dul i ngleic le ceist an athraithe aeráide i mbainistíocht uisce
- An riosca agus iarmhairtí a bhíonn ag tuile ar an mbonneagar uisce agus

fuíolluisce a mhaolú agus a bhainistiú.

Tá sé i gceist gach seirbhís reatha uisce agus fuíolluisce atá á hoibriú ag an gComhairle a bheith aistrithe chuig Uisce Éireann faoi 2015. Oibreoidh an Chomhairle na seirbhísí seo mar ghníomhaireacht d'Uisce Éireann go dtí go bhfuil an t-aistriú curtha i gcrích.

9.2.1 An Treoir maidir le Gnáthóga

Cinnteadh an Chomhairle go mbíonn aon phlean nó tionscadal, lena n-áirítear pointí astarraingthe uisce agus aon oibreacha lena mbaineann, ar bhonn aonair nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile, faoi réir na Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta lena chinntiú nach bhfuil seans ann go n-imreofar aon thionchair suntasacha ar shláine (a shainmhínítear trí struchtúr agus feidhm) aon suímh/suíomhanna Natura 2000 agus go sásaítear go hiomlán ceanglais Airteagail 6(3) agus 6(4) na Treoracha maidir le Gnáthóga ón AE. Sa chás gur dócha go mbeidh tionchar dóchúil ag an bplean nó an dtionscadal ar shuíomh Natura 2000, cuirfear é faoi Mheasúnú Oiriúnach. Ní leanfar ar aghaidh leis an bplean nó leis an dtionscadal ach amháin tar éis é bheith deimhnithe nach mbeidh drochthionchar aige ar shláine an tsuímh nó sa chás nach ann d'aon roghanna eile, go meastar go bhfuil an tionscadal/an plean ríthábhachtach ar chúiseanna leasa uileghabhálaigh phoiblí, go léir i gcomhréir le forálacha Airteagail 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE.

9.2.2 Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce

Braitheann forbairt an bhonneagair uisce agus cóireála fuíolluisce amach anseo go mór ar Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce de chuid an Rialtais, agus ar an infhaighteacht chistithe a bhaineann leis. Tugann an clár reatha, a chuimsíonn an tréimhse 2010-2012, tús áite do thionscadail a bhaineann le:

- Cuspóirí comhshaoil náisiúnta agus de chuid an AE a bhaint amach, go háirithe oibreacha a theastaíonn chun déileáil le caighdeáin uisce óil, caighdeáin chóireála fuíolluisce, sceitheadh fuíolluisce a údarú, uiscí snámha, Clár Laghdaithe Truailithe le haghaidh Uiscí Sliogéisc agus comhlíonadh na Creat-Treorach Uisce

- Tograí caomhnuithe uisce chun spriocanna comhshaoil agus eacnamaíocha a bhaint amach
- Oibreacha chun tacú le cuspóirí eacnamaíocha, ár nós forbairt a dhéanamh ar thairseacha agus moil
- Cruthú fostaíochta

Sainaithnítear i dTáblaí Uimh. 20 agus 21 na tionscadail soláthair uisce agus fuíolluisce a áirítear sa leagan reatha de Chlár Seirbhísí Uisce 2010-2012.

Tábla Uimh. 20 Tionscadail Soláthair Uisce

Tionscadal	Oibríochtaí
Sceidealaithe le tosú faoi dheireadh 2012	
Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh Ghuaire	Conradh 4: Uasghrádú an ionaid chóireála uisce, an taiscumair agus na gcaidéal
Scéim Soláthair Uisce Ros Mhic Thriúin	Uasghrádú an ionaid chóireála uisce
Caomhnú Uisce	Oibreacha Chéim 3: Céim 1 den tionscadal athshlánaithe an phríomhlíonra uisce
Scéimeanna atá ar chéim na pleanála a fhad le 2012	
Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Inis Córthaidh agus Caisleáin na Subhaí	
Oibreacha Caomhnaithe Uisce Céim 3	

Tábla Uimh. 21 Tionscadail Fuíolluisce

Tionscadal	Oibreacha
Sceidealaithe le tosú faoi dheireadh 2012	
Scéim Séarachais Inis Córthaidh	Céim 3: Uasghrádú agus líonra an ionaid chóireála fuíolluisce
Scéim Séarachais Ghuaire	Uasghrádú an ionaid chóireála uisce
Scéim Séarachais Droichead an Chaisleáin (SLI)	Uasghrádú an ionaid chóireála uisce
Scéim Séarachais Teach Munna (SLI)	Stáisiún chaidéail ar aghaidh
Scéim Séarachais Fíodh Ard	Ionad cóireála fuíolluisce agus líonra
Scéim Séarachais Bhaile an Phiarsaigh (SLI)	Ionad cóireála fuíolluisce agus
Scéimeanna atá ar chéim na pleanála a fhad le 2012	
Scéim Séarachais Loch Garman	
Scéim Séarachais na Sráidbhailte, a bhaineann leis na lonnaitheoirí a leanas: Colmán, Baile Uí Chonnmhaí, Baile Hac, Ceann Poill, Cluain an Róistigh, Dún Canann agus Droichead Eoin	

9.2.3 Soláthar Uisce

Is acmhainn leochaileach é an t-uisce agus caithfear é a chosaint. Baineann ríthábhacht leis don mbeatha, chun tacú leis an dtimpeallacht nádúrtha agus teastaíonn sé in i leith forbartha eacnamaíoch trí ghníomhaíochtaí ar nós iascaireachta, talmhaíochta, tionscail, seirbhísí agus turasóireachta.

Is gá ár soláthairtí uisce a chosaint chun an méid a leanas a bhaint amach:

- Foinsí uisce óil iniompartha a chur faoi ráthaíocht
- A chinntiú go bhfuil leordhóthain uisce ar fail chun forbairt eacnamaíoch a choimeád
- An comhshaol nádúrtha a chosaint, go háirithe gnáthóga uisceacha
- A cheadú go n-úsáidtear uiscí le haghaidh áineasa agus turasóireachta

Soláthar Uisce Phoiblí

Tá an Chomhairle freagrach as soláthar dóthanach uisce poiblí a sholáthar agus a choimeád ar fud an chontae. In 2011, soláthraíodh thart ar 15.7 milliún méadar ciúbach d'uisce tríd an líonra uisce poiblí. Déantar an t-uisce seo a fhoinsiú ó bhfoinsí screamhuisce agus uisce dromchla.

Ní mór don gComhairle a chinntiú go gcomhlíonann an soláthar uisce Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil), 2007, agus tá siad freagrach as cáilíocht agus toirt an uisce óil a fheabhsú agus a choimeád don chontae, nuair is gá.

Áirítear leis na huasghrádaithe a rinneadh ar sholáthar uisce an chontae: Scéim Soláthair Uisce Teach Munna, Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Ghuaire (líonra) agus Scéim Soláthair Uisce Bun Clóidí (líonra).

Clár Uisce Tuaithe

Riarann an Chomhairle an Clár seo agus áirítear leis bearta chun dul i ngleic le heasnaimh sa mhéid a leanas:

- Grúpscéimeanna uisce
- Scéimeanna beaga poiblí uisce agus séarachais
- Soláthairtí príobháideacha nuair nach bhfuil teacht ar aon rogha ghrúpscholáthar nó sholáthar poiblí eile.

Grúpscéimeanna uisce

Faigheann go leor de theaghlaigh an chontae a soláthar uisce ó ghrúpscéimeanna uisce. Cruthaítear na scéimeanna seo nuair a thagann dhá theaghlach nó níos mó le chéile chun a gcomhsholáthar féin uisce a sholáthar. Faoi láthair tá 128 grúpscéim uisce ann i gContae Loch Garman. Déanann seacht gcinn de na scéimeanna seo freastal ar bhreis agus 15 theach/50 duine. Cuirtear cistiú bliantúil ar fáil tríd an gClár Uisce Tuaithe chun na grúpscéimeanna príobháideacha reatha uisce a uasghrádú le cinntiú go gcomhlíontar na

Rialuchán Uisce Óil, agus go soláthraítear ionaid nua chóireála, líonra ionaid dáilte agus méadrú uilíoch.

Tollphoill Phríobháideacha

Úsáidtear tollphoill phríobháideacha nuair nach féidir rochtain a fháil ar an soláthar uisce poiblí nó ar ghrúpscéim uisce. Beidh ar iarratasóirí a léiriú go soiléir gur féidir freastal ar an gcóireáil fuíolluisce gan tionchar diúltach a imirt ar na tollphoill phríobháideacha a bheartaítear.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir WS01

Na hacmhainní reatha agus féideartha uisce don chontae a chosaint, i gcomhréir le Creat-Treoir Uisce an AE (2000/60/CE), Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt 2009-2015 agus aon leagan nuashonraithe, na Cláir Laghdaithe Truailithe d'uisce ainmnithe sliogéisc, forálacha na Scéime Cosanta Screamhuisce don chontae agus aon phlean eile cosanta a bhaineann le foinsí soláthair uisce.

Cuspóir WS02

Lena chinntiú go gcomhlíonann an t-uisce óil a sholáthraíonn an líonra uisce poiblí Rialucháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil), 2007.

Cuspóir WS03

A chinntiú go ndéantar scagthástáil ar gach astarraingt uisce poiblí amach anseo laistigh de limistéar an phlean maidir le Measúnacht Oiriúnach a dhéanamh ar a dtionchar fhéideartha ar an líonra Natura 2000, i gcomhréir le hAirteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga.

Cuspóir WS04

- a) Áiseanna cóireála uisce a sholáthar i gcomhréir leis na dualgais reachtúla atá leagtha síos ag pholasaí an AE agus polasaithe náisiúnta agus faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.
- b) Forbairt don todhchaí a éascú agus an comhshaol a chosaint i gcomhthráth.
- c) Soláthar sábháilte agus slán uisce óil a choimeád agus a sholáthar i lonnaíochtaí sa mhéid a cheadaíonn cúrsaí airgeadais, agus aird ar an ngá le h-infheistíocht i seirbhísí uisce a ailíniú leis an straitéis lonnaíochta agus na limistéir ina bhfuil easnaimh thromchúiseacha le sonrú.

- d) Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce agus Measúnacht ar Riachtanais Chomhairle Contae Loch Garman chun an stóráil leordhóthanach a éascú, mar aon le soláthar agus brú uisce óil a éascú chun freastal ar na tailte uile atá criosaithe le haghaidh forbartha i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar amach san ordlathas lonnaíochta.

Cuspóir WS05

A chinntiú go sheachadtar soláthar leordhóthanach agus iontaofa uisce poiblí a fhreastalaíonn ar riachtanais intíre, tráchtála agus thionsclaíocha an chontae.

Cuspóir WS06

Sa chás nach féidir nasc a dhéanamh le soláthar uisce poiblí reatha nó nach bhfuil an cumas leordhóthanach ag an gcóras reatha soláthair, breathneófar ar sholáthar príobháideach uisce a chur ar fáil sa chás gur féidir a léiriú go bhfuil bainte amach ag an soláthar uisce atá beartaithe na caighdeáin a leagtar amach i reachtaíocht agus i dtreoir an AE agus náisiúnta, nach gcuirfeadh sé isteach ar shláinte an phobail nó nach n-imreodh sé tionchar ar fhoinsí an tsoláthair reatha nó go carnach ar an líonra Natura 2000.

Cuspóir WS07

Stóráil uisce, soláthar agus brú uisce óil leordhóthanach a sholáthar chun freastal ar gach talamh a criosáodh le haghaidh forbartha sa chontae agus i gcomhréir leis an ordlathas lonnaíochtaí mar a leagtar amach iad sa Straitéis Lonnaíochta.

Cuspóir WS08

Bearta a éascú chun seachadadh Chláir Infheistíochta Seirbhísí Uisce an Chontae a chinntiú.

9.2.4 Caomhnú Uisce

Baineann ríthábhacht le caomhnú uisce maidir le húsáid inbhuanaithe acmhainní uisce. Chuir an Chomhairle tús le Clár Caomhnaithe Uisce in 2003. Is é cuspóir an chláir ná úsáid níos éifeachtaí na n-acmhainní reatha uisce a chur chun cinn agus an méid uisce óil a chailltear nó a chuirtear amú a laghdú sa líonra dáilte. Críochnaíodh Céim a hAon agus a Dó den Chlár seo. Is éard a bhí i gceist leis na céimeanna seo

ná córais agus acmhainní a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid agus ar chailleadh uisce sa líonra dáilte. Bhí sé mar thoradh ar rialú gníomhach sceite gur tháinig laghdú ar na leibhéil sceite anuas ó 51% in 2000 go dtí 38% in 2010.

Aithníonn Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2010-2012 an tábhacht a bhaineann le caomhnú uisce agus chuir siad luas níos tapúla faoin gcistiú le haghaidh Chéim a Trí ina ndéanfar na príomhphíobáin uisce a athshlánú. Tá tús curtha ag an gComhairle ar an gcéim seo.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir WC01

Feabhas a chur ar éifeachtúlacht in oibriúchán agus bainistíocht éilimh an bhonneagair soláthair uisce, caomhnú uisce a chur chun cinn agus go laghdú a dhéanamh ar leibhéal foriomlán an chaillte uisce sa soláthar uisce poiblí.

Cuspóir WC02

Tacú agus cur chun cinn a thabhairt d'úsáid bearta caomhnaithe uisce i bhforbairtí nua, mar shampla, córais bailithe uisce báistí.

Cuspóir WC03

Leanúint le bheith tiomanta do chaomhnú uisce agus do laghdú sceite i leith córais uisce óil laistigh de limistéar an chontae agus chunfeasacht a chur chun cinn maidir le bearta agus teicnicí caomhnaithe uisce.

9.2.5 Bonneagar Fuíolluisce

Tá soláthar agus cothabháil bonneagar cóireála fuíolluisce ar ardchaighdeán bunriachtanach maidir le forbairt inbhuanaithe, cosaint na timpeallachta agus sláinte phoiblí. Tá freagracht ag an gComhairle ar chóireáil agus diúscairt fuíolluisce i mbáilte móra agus sráidbhailte ina bhfuil saoráidí poiblí cóireála fuíolluisce ar fáil.

Tá roinnt mhaith saoráidí cóireála fuíolluisce sa tír ag feidhmiú ag, nó i ngar dó, lánacmhainneacht. Beidh infheistíocht sa bhonneagar fuíolluisce ag teastáil ó roinnt

de na lonnaíochta atá sainaitheanta san OrdLathas Lonnaíochta chun an ról atá acu sa Straitéis Lonnaíochta a chomhlíonadh. Tá Baile Loch Garman agus Baile Ros Mhic Thriúin tar éis uasghrádu a dhéanamh ar a gcuid saoráidí cóireála fuíolluisce chun go mbeidh toilleadh leormhaith iontu le haghaidh fáis pleanáilte amach anseo. Tá na saoráidí cóireála fuíolluisce i mBaile Inis Corthaidh agus Baile Ghuaire ag feidhmú i ngar do lánacmhainneacht. Tá uasghrádaithe pleanáilte don dá fhearas, áfach, a chinnteoidh go ndéanfar freastal ar fhás pleanáilte don todhchaí.

Cuirfidh an Straitéis Lonnaíochta treoir straitéiseach ar fáil le haghaidh infheistíochta caipitil don todhchaí i saoráidí cóireála fuíolluisce. Leagtar amach i dTábla Uimh. 22 an staid reatha agus pleanáilte do saoráidí cóireála fuíolluisce sa Mhol, sna Bailte níos mó, sna Bailte Dúiche, agus sna Sráidbhailte Laidre.

Leagtar amach i dTábla Uimh. 22 Áiseanna Cóireála Fuíolluisce sa Mhol, i mBailte níos mó agus i Sráidbhailte Laidre.

Lonnaíocht	Áiseanna Cóireála Fuíolluisce	Toilleadh Deartha Reatha	Toilleadh Infhaighte	Uasghrádú
Mol				
Baile Loch Garman	Sea	45,000	Sea	Tá an t-ionad cóireála i ngar do lánacmhainneacht agus seans ann go mbeidh uasghrádú ag teastáil.
Bailte níos mó				
Baile Ros Mhic Thriúin	Sea	16,000 (24,000)	Sea	N/B
Baile Inis Córthaidh	Sea	16,500	Ní hea	Pleanáilte 30.000 P.E toilleadh dearth; le tosú 2013
Baile Ghuaire	Sea	4,500	Ní hea	Toilleadh Deartha 30,000 P.E le freastal ar Bhaile Guaire agus Baile na Cúirte le tosú 2013

Bailte Dúiche				
Bun Clóidí	Sea	6,500	Sea	N/B
Droichead an Chaisleáin	Sea	2,000	Ní hea	Ní hea
Baile na Cúirte agus Séipéal na hAbhann	Sea	12,500	Ní hea	Toilleadh Deartha 30,000 P.E le freastal ar Bhaile Guaire agus Baile na Cúirte le tosú 2013
Calafort Ros Láir	Sea	9,383	Sea	N/B
Droichead Eoin	Sea	25	Ní hea	Ag staid pleanála
Bailte Laidre				
Cill tSíle	Ní hea	Ní hea	Ní hea	Ní hea
Teach Munna	Sea	600	Ní hea	Toilleadh dearth 3,500 P.E pleanáilte, le tosú 2013
Baile an Droichid	Sea	2,000	Ní hea	N/B
Fearna	Sea	2,250	Ní hea	Ní hea
Ceann Phoill	Sea	250	Ní hea	Ag staid pleanála
Cluain an Róistigh	Sea	600	Ní hea	Ag staid pleanála
Cúil Ghréine	Sea	2,400	Sea	N/B
Cill Mhucraise	Sea	2,000	Ní hea	N/B
Tra Ros Láir	Sea	7,500	Ní hea	N/B

9.2.6 Sráidbhailte Móra, Sráidbhailte Beaga agus Lonnaíochtaí Tuaithe

Tá ról tábhachtach ag Bailte Láidre, Sráidbhailte Níos Lú agus Lonnaíochta Tuaithe i gcothabháil phobail tuaithe. Cuireann na lonnaíochta seo comhrogha inbhuanaithe maidir le thithíocht tuaithe aonaire ar fáil freisin, agus tugann siad deis do dhaoine a dtithe féin a dhearadh agus a thógáil. Níl seirbhísí curtha ar fáil do thromlach na sráidbhailte agus lonnaíochtaí seo, áfach. Chun na sráidbhailte agus lonnaíochtaí seo a neartú agus a chomhdhlúthú a thuilleadh, déanfaidh an Chomhairle cíoradh ar aon fhorbairt atá in oiriúint leis na gcaighdeáin comhshaoil den Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus den Údarás Pleanála, na bearta agus forálacha

sa Chreat-treoir Uisce AE agus an Plean Bainistíochta Abhantraí ábhartha in oiriúint le gach gnáthchritéir pleanála agus comhshaoil.

9.2.7 Áiseanna Fuíolluisce i gCeantair Thuaithe

I gceantair tuaithe déantar freastal ar fhormhór na bhforbraíochta trí saoráidí cóireála fuíolluisce ar-an-suíomh: umair seipteacha nó ionaid cóireála fuíolluisce dílsithe. Tá sé bunriachtanach go mbíonn na córais seo suiteáilte i gceart, agus go ndéantar monatóireacht agus cothabháil reatha orthu chun sláinte an phobail agus an comhshaoil a chosaint. Nuair a bheartaítear go gcuirfí córas den saghas seo in úsáid i dteach cónaithe, caithfear sonraí a bheith iniata leis an iarratas pleanála a thaispeánann go bhfuil sé ar a chumas ag an gcóras cóireála fuíolluisce atá beartaithe diúscairt shlán agus leormhaith a dhéanamh ar eisilteach in oiriúint leis an gCód Cleachtais: Córais Cóireála agus Diúscartha do Thithe Cónaithe (GCC, 2009), leis an gCreat-treoir Uisce agus le riachtanais na bPleananna Bainistíochta Abhantraí atá ábhartha.

9.2.8 Córais Chóireála Fuíolluisce agus Forbairt Chónaithe

Beidh crios maolánach ag teastáil thart ar chórais cóireála fuíolluisce. Leagtar síos i dTábla Uimh. 23 na híosfhaid mholta ar cheart úsáid a bhaint astu mar threoir. I roinnt cúinsí ina bhfuil an Chomhairle sásta glacadh leis, íslítear na faid mholta mhionsonraithe, tar éis mionstaidéir eolaíocha, chun nach mbeadh tionchar míchuí ag an gcóras cóireála fuíolluisce ar an bhforbairt chónaithe atá ann nó atá beartaithe. D'fhéadfaí go mbeadh sé seo infheidhmithe sa chás ina ndéantar uasghradú nó méadú ar chórais fuíolluisce atá ann cheana féin.

Tábla Uimh. 23 Criosanna Maolánacha thart ar Chórais Cóireála Fuíolluisce

Méid an Chórais Coibhéis Áitritheora (C Á)	Líon na dteach faoin gcóras (go neasach)	Fad ó fhorbraíochta cónaithe, beartaithe agus ann cheana (méadair)
10-40	2-10	28
41-60	11-15	31
61-80	16-20	34
81-100	21-25	37
101-120	26-30	40
121-140	31-35	43
141-160	36-40	46
161-500	41-125	50
500-5000	>125	100
>5000	N/B	150

D'fhéadfaí ardú a dhéanamh ar na faid mholta más gá, má bhíonn se de thuairim ag an gComhairle go bhfuil na cúinsí ann ina bhfuil scaradh níos mó ag teastáil idir fhorbraíochta cónaithe agus chórais chóireála. Tomhaistear an t-achar scartha ó theorainn suímh an chórais cóireála go dtí líne thógála na forbraíochta cónaithe.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir WW01

A chinntiú go mbailítear, go cóireáiltear agus go scaoiltear an fuíolluisce uilig tar éis cóireála go sábháilte agus go hinbhuanaithe, ag tabhairt aird mar is cuí do na caighdeáin agus na riachtanais leagtha síos sa reachtaíocht agus treóraíocht ón AE agus go náisiúnta agus in oiriúint le forálacha agus cuspóirí an Chreat-treoir Uisce, an Plean Bainistíochta Abhantraí atá ábhartha, na Pleananna Laghdaithe Truailliú do Shliogéisc atá ábhartha, an Treoir maidir le Fuíolluisce Uirbeach agus an Treoir maidir le Gnáthóga.

Cuspóir WW02

A chur ar fáil, ag brath ar chistiú, saoráidí fuíolluisce leormhaithe le freastal ar na riachtanais, atá ann agus don todhchaí, ag daonraí sna bailte agus sráidbhailte aitheanta san Orlathas Lonnaíochta in oiriúint le bearta agus forálacha an Chreat-treoir Uisce, An Plean Bainistíochta Abhantraí, an Plean Laghdaithe Truailliú d' Iasc Sliogáin, an Treoir maidir le Fuíolluisce Uirbeach agus an Treoir maidir le Gnáthóga.

Cuspóir WW03

- a) Soláthar agus feabhsú, ag brath ar chistiú, seirbhísí fuíolluisce leormhaithe a éascú chun freastal ar riachtanais reatha agus todhchaíoch na daonraí sna bailte móra, sráidbhailte agus lonnaíochtaí mar atá aitheanta san ordlathas lonnaíochta agus sa Chroístraitéis agus sa Mheasúnacht Riachtanais Seirbhísí Uisce, agus de réir an Chreat-treoir Uisce 2000, an Treoir maidir le Fuíolluisce Uirbeach agus an Treoir maidir le Gnáthóga.
- b) Forbairt a dhéanamh, mar is gá, agus in oiriúint leis an gCórstraitéis agus an Straitéis Lonnaíochta, ar thoilleadh breise sna hionaid cóireála atá ann cheana féin chun riachtanais tionscnaimh forbartha beartaithe don todhchaí a líonadh.
- c) A chinntiú go mbailítear agus go scaoiltear, i mbealach atá sábháilte agus inbhuanaithe, an t-uisce bréan uile a ghintear, tar éis dó a bheith cóireáilte, in oiriúint leis na caighdeáin agus na riachtanais leagtha amach sa reachtaíocht AE agus náisiúnta.

Cuspóir WW04

Cíoradh a dhéanamh ar sholáthar saoráidí cóireála fuíolluisce príomháideacha le freastal ar fhorbraíochtaí tráchtála nó iad sin a ghineann fostaíocht, áit is léir go gcomhlíonfaidh an córas cóireála fuíolluisce atá beartaithe gach critéir chomhshaoil ábhartha ón GCC agus ón Údarás Pleanála, agus iad in oiriúint leis na bearta agus forálacha sa Chreat-treoir Uisce (AE), an Plean Bainistíochta Abhantraí atá ábhartha, Clár um Laghdú Truaillithe d'Uiscí Iasc Sliogáin atá ábhartha, agus an Treoir maidir le Gnáthóga. Beidh gá le Conradh, athnuaite go bliantúil, maidir le bainistíocht agus cothabháil an chórais, é seo conraithe le comhlacht/duine creidiúnach; cuirfear na sonraí chuig an Údarás Pleanála.

Cuspóir WW05

Cíoradh a dhéanamh ar sholáthar áiseanna cóireála fuíolluisce comhchoiteanna mar is cuí le freastal ar fhorbraíochtaí i mBailte Láidre, Sráidbhailte níos lú agus Lonnaíochtaí Tuaithe nuair is léir go gcomhlíonfaidh an córas cóireála fuíolluisce gach critéir comhshaol ábhartha ón GCC agus ón Údarás Pleanála agus de réir gheilliúntais le forálacha agus cuspóirí na Chreat-treorach Uisce (AE), an Plean Bainistíochta Abhantraí ábhartha, Clár um Laghdú Truaillithe d'Uiscí Iasc Sliogáin agus na Treorach maidir le Gnáthóga. Beidh gá le conradh, athnuaite go bliantúil, maidir le bainistíocht agus cothabháil an chórais, é seo conraithe le comhlacht/duine creidiúnach; cuirfear na sonraí chuig an Údarás Pleanála.

Cuspóir WW06

Cead a thabhairt do sholáthar saoráidí cóireála fuíolluisce príobháideacha le freastal ar theach cónaithe singil, ach go gcaithfear bheith léirithe agus an tÚdarás Pleanála bheith sásta faoi, go bhfuil an córas cóireála fuíolluisce atá beartaithe i gcomhréir leis an gCód Cleachtais: Córais Cóireála agus Diúscartha Fuíolluisce ag Freastal ar Thithe Singil (GCC, 2009) agus de réir gheilliúntais le forálacha agus cuspóirí na Creat-treorach Uisce (AE), an Phlean Bainistíochta Abhantraí ábhartha, na gClár um Laghdú Truaillithe d'Uiscí Iasc Sliogáin agus na Treorach maidir le Gnáthóga. Beidh gá le conradh, athnuaite go bliantúil, maidir le bainistíocht agus cothabháil an chórais, é seo conraithe le comhlacht/duine creidiúnach; cuirfear na sonraí ábhartha chuig an Údarás Pleanála.

Cuspóir WW07

Oibriú le gníomhaireachtaí ábhartha agus cabhrú le taighde agus forbairt ar chórais nua chóireála inbhuanaithe d'eisilteach, ina measc sin córais scaoilte ar neamhní, dá leithéidí Leapacha Saillí nó Leapacha Giolcaí.

Cuspóir WW08

Scrúdú a dhéanamh ar indéantacht nascadh a dhéanamh idir ceantair nach bhfuil córais séarachais iontu cheana féin, agus áitribh a bhfuil áiseanna cóireála fuíolluisce acu ar a suíomh féin, le líonraí séarachais atá ann nó atá pleanáilte.

9.2.9 Bainistíocht Uisce Stoirme

Baineann tábhacht le bainistíocht uisce stoirme agus dromchla chun seachaint a dhéanamh ar riosca breise ó thuile nó truailliú sa líonra uisce stoirme, na haibhneacha agus sruthanna i mbailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe an chontae. Éileoidh an Chomhairle géilliúntas le teorú dea-chleachtais maidir le bailiúchán, athúsáid, cóireáil agus diúscairt uiscí dromchla a bheidh ag teastáil i leith gach fhorbraíocht atá beartaithe don todhchaí.

Go traidisiúnta, treoraíodh aon bháisteach a thit ar dhromchlaí neamh-thréscaoilteacha isteach i sruthchúrsa trí córais draenála uisce dromchla. Cé go bhfuil na saghsanna córais seo éifeachtach ag aistriú uisce go tapa, ní sholáthraíonn siad ach maolú teoranta, mar ardaíonn toirt an uisce sa sruthchúrsa glactha níos tapúla, sa chaoi go méadaíonn an riosca tuile.

Sé an rud atá i gceist le Córais Draenála Inbhuanaithe (CDI nó SuDS i mBéarla) ná cur chuige a dhéanann iarracht an t-uisce a bhainistiú chomh gar dá fhoinsé féin agus is féidir. Le haghaidh seo tá roinnt réitigh innealtóireachta in úsáid, a mhacasamhlaíonn na próisis nádúrtha, roimh don uisce an sruthchúrsa a bhaint amach. Nuair a chuirtear teicnicí CDI i bhfeidhm, ligtear don uisce dromchla bheith ionsíothlaithe nó iompraithe níos moille chuig sruthchúrsaí trí chóireáil dromchla phóiriúil, locháin, claiseanna reatha, draenacha scagtha nó suiteáileacha eile.

Cuireann CDI cur chuige comhtháite ar fáil a thugann aghaidh ar chainníocht uisce, caighdeán uisce, conláistí agus gnáthóga. Beidh an Chomhairle ag éileamh go gcuirfí CDI i bhfeidhm i bhforbraíochtaí atá beartaithe, mar shampla trí laghdú a dhéanamh ar an méid dromchlaithe crua in úsáid, agus pábhálacha trescaoilteacha a úsáid ina n-áit.

Beidh CDI ag teastáil i bhforbraíochtaí nua chun an riosca ó thuile agus ó éilliúchán a íoslaghdú, agus chun acmhainní comhshaoil agus uisce a chosaint.

Beidh an Chomhairle ag iarraidh a chinntiú go gcuirfidh iarratasóirí córais draenála inbhuanaithe in áit i gcás fhorbraíochtaí suntasacha i gceantair uirbeacha agus tuaithe, agus molfar iad seo i gcás gach forbraíochta eile.

I gcás forbraíochta i gceantair thuaithe nach bhfuil seirbhís á fáil acu ó líonra séarachais stoirme, nó sa chás nach bhfuil dóthain cainníochta sa líonra, caithfear uisce nach bhfuil éillithe bheith diúscartha laistigh de chuirtealáiste an tsuímh, é seo déanta trí shloic shuite, iad seo ar mhéid oiriúnach.

Tá sé de Chuspóir na Comhairle:

Cuspóir SWM01

Saoráidí coimeádta d'uisce stoirme a chur chun cinn d'fhorbraíochtaí nua agus réitigh deartha a ionchorprú á éascaíonn bailiúchán agus athchúrsáil uisce dromchla in oiriúint leis na Córais Draenála Uirbeacha Inbhuanaithe.

Cuspóir SWM02

A chinntiú go ndiúscairtófar ar an suíomh an t-uisce stoirme uile a ghintear ar fhorbhraíocht nua nó go maolófar agus go gcóireálfar é roimh dó bheith sceite isteach i gcóras uisce faofa.

Cuspóir SWM03

Nach gceadófar go ligfí uisce dromchla a ritheann chun srutha agus uisce fearthainne isteach i gcórais draenála uisce bhréin.

Cuspóir SWM04

A éileamh go mbeidh deighilt idir sceitheadh uisce bréin agus uisce dromchla i bhforbraíochtaí úra trí líonraí ar leith curtha ar fáil ag an bhforbróir.

9.3 Teileachumarsáid

Tá sé ríthábhachtach forbairt a dhéanamh ar bhonneagar Teileachumarsáide ardchaighdeáin chun forbairt gheilleagrach agus shóisialta na tíre a chur ar aghaidh. Sa doiciméad ón Rialtas 'Ag Tógáil Gheilleagar Cliste na hÉireann' cuirtear ar aghaidh forbairt ar bhonneagar den chéad scoth a chuirfidh le cumas iomaíochta Ghnóthais na hÉireann agus a chuirfidh feabhas ar ár gcáilíocht beatha.

Tá an Chomhairle tiomanta an líonra agus an bonneagar teileachumarsáide a fheabhsú ar fud na tíre. Caithfear bainistiú a dhéanamh air seo, áfach, chun a chinntiú go mbeidh cothromthas idir sholáthar bonneagair teileachumarsáide ar mhaithe le dul chun cinn sóisialta agus geilleagrach, agus fónais chónaithe agus mianach an chomhshaoil a mharthanú.

Cuspóir TC01

Éascú a dhéanamh ar sholáthar bhonneagair teileachumarsáide ardoillte ag suíomhanna oiriúnacha ar fud an chontae de réir na ngnáthcritéar pleanála agus comhshaoil, agus na gcaighdeáin bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

Cuspóir TC02

Aird mar is cuí a thabhairt d'Aintéiní Teileachumarsáide agus Struchtúir Thacaíochta - Treoirlínte d'Údaráis Pleanála (An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, 1996), nó treoirlínte nuashonraithe a foilsíodh i rith shaolré an Phlean.

Cuspóir TC03

Comhoibriú le soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide i bhforbairt an infreastruchtúir seo, ag tabhairt airde mar is cuí do phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe sa cheantar, na gnáthchritéir pleanála agus comhshaoil, agus na caighdeáin bhainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

9.3.1 Crainn agus Aeróga

Is saincheist chinntitheach í crainn a shuíomh agus caithfidh an tÚdarás Pleanála cíoradh cúramach a dhéanamh ar an gceist seo, go ginearálta:

- Ní cheadófar crainn saorsheasaimh a lonnú laistigh de nó díreach i ngar do bhailte beaga nó sráidbhailte. Dá dtarlódh sé go mbeadh gá suíomh dá leithéid a úsáid, ba cheart cíoradh a dhéanamh ar shuíomhanna a bhfuil forbairt déanta orthu le haghaidh fónais cheana féin, agus ba cheart go mbeadh na crainn deartha agus athchóirithe le bheith oiriúnach don láthair sonrach. Ba cheart an struchtúr tacaíochta bheith coinnithe ag an íosairde ach a bheith i gcomhréir le feidhmiú éifeachtach.

- I gcóngaracht do bhailte níos mó, ba cheart go lonnfaí crainn in eastáit tionsclaíochta nó ar thalamh faoi chriosú tionslaíoch. Déanfar machnamh ar fhorbairt crann i limistéir thrachtála nó mhiondíola.
- Ní lonnfar crainn saorsheasaimh i limistéir chónaithe, in aice le scoileanna nó saoráidí pobail. Ach amháin mar rogha dheiridh, agus gach comhrogha eile dofhaighte nó mí-oiriúnach, a mheabhróidh an tÚdarás Pleanála ar a leithéid de láthair.

Molfar go gcomhroinnfear crainn le hoibritheoirí eile chun infheistíocht a uasmhéadú agus chun laghdú a dhéanamh ar an iarmhairt radharcach a bhaineann leis an saghas seo forbartha. Sa chás nach féidir struchtúr tacaíochta a chomhroinnt, molfar d'iarratasóirí suíomh a roinnt nó suíomh cóngarach a roghnú chun go bhféadfadh crainn agus aintéiní a bheith curtha i mbraislí.

D'fhéadfadh iomadú crann in áit áirithe bheith díobhálach do thaitneamh radharc, áfach, agus mar sin, ag tabhairt airde ar na tionchair radharcacha dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann le hiomadú crann, cuirfear iallach ar iarratasóirí a thaispeáint go bhfuil gá le crann nua i láthair áirithe má cheaptar go gcruthódh iomadú crann fadhbanna.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir TC04

A éileamh go dtaispeánfaí an gá atá ann don chrann atá beartaithe, ag tabhairt airde ar na riachtanais a bhaineann le comhshuíomh crann agus saoráidí nuair atá sé infheidhmithe agus indéanta go teicniúil. Beidh sé mar iallach ar an iarratasóir an tÚdarás Pleanála a shásamh go ndearnadh iarracht réasúnta na suiteáileacha a chomhroinnt. Sa chás nach féidir struchtúr tacaíochta a chomhroinnt, molfar d'iarratasóirí suíomh a roinnt nó suíomh cóngarach a roghnú chun go bhféadfadh crainn agus aintéiní a bheith curtha i mbraislí.

Cuspóir TC05

Glacadh le toimhde nach gceadófar tógáil i ngar do limistéir chónaithe, scoileanna agus saoráidí pobail.

Cuspóir TC06

A íoslaghdú, agus a sheachaint más féidir, aon fhorbairt le crainn agus aintéiní sna limistéir a leanas:

- Láithreacha starraiceacha sa tírdhreach Ardtailte, Gleann Abhann agus Cósta agus i 'dTírdhreacha le Mothálacht Bhreise'
- Láithreacha a chuireann bac ar, nó a bhaineann ó áiteanna a bhfuil radharc uathu ag an bpobal ar Thírdhreacha le Mothálacht Bhreise, aibhneacha, inbhir nó an fharraige.
- Limistéir laistigh de, nó buailte ar an gcúirtealáiste thart ar struchtúir chosanta.
- Limistéir ar nó laistigh de láithreáin seandálaíochta
- Laistigh, nó cóngarach do láithreáin Natura 2000

D'fhéadfadh an Chomhairle díolúine a cheadú i leith an chuspóra seo sna cásanna a leanas:

- Léiríodh riachtanas teicniúil sáraitheach don trealamh, riachtanas nach féidir a chomhlíonadh trí chomhroinnt an trealaimh údaráithe atá ar an láthair cheana féin agus
- Tá an trealamh ar scála, agus tá sé suite, deartha agus tírdhreachaithe i mbealach a íoslaghdaíonn iarmhairtí radharcacha díobhálacha ar an aonad tírdhreacha atá i gceist.

Cuspóir TC07

A chinntiú go n-íoslaghdaítear agus/nó go maolaítear aon tionchar díobhálach ar an bpobal maidir le suíomh na struchtúr teileachumarsáide seo, mar an gcéanna leis an gcomhshaol, nádúrtha agus tógtha, agus cearta slí an phobail.

9.3.2 Leathanbhanda

Aithnítear sa doiciméad 'Ag Tógáil Gheilleagar Cliste na hÉireann' leathanbhanda mar eochairbhonneagar cumasúchán ar a mbeidh rathúnas na todhchaí ag brath go

meadaitheach. I measc roinnt rudaí eile, cuirfidh infhaighteacht ar líonra leathanbhanda ar ardchaighdeán le:

- Méadú i bhforbairt gheilleagrach phóitéinsiúil, mar éascóidh sé an trasdul chuig 'bonneagar cliste' eolasbhunaithe.
- Cur chun cinn a chothú i bhforbairt inbhuanaithe trí chianobair agus laghdú ar chomhaitéireacht a spreagadh.
- Cur chun cinn a spreagadh maidir le cuimsiú sóisialta agus cáilíocht beatha fheabhasaithe do chách.

An Scéim Leathanbhanda Náisiúnta

Tá polasaí an Rialtais dírithe ar a chinntiú go mbeadh teacht ag gach duine, is cuma cén áit ina bhfuil cónaí orthu, ar sheirbhísí leathanbhanda ar phraghas réasúnta agus ar ardchaighdeán. Dhírigh feidhmiú céimneach na Scéime Leathanbhanda Náisiúnta, atá críochnaithe anois, ar leathanbhanda a sholáthar i gceantair sa chontae nach raibh brabach iontu do na hoibreoirí leathanbhanda príomha. Bhain dhá thoghcheantar déag i gContae Loch Garman tairbhe as an scéim seo.

An Scéim Leathanbhanda Tuaithe

Cuireadh an Scéim Leathanbhanda Tuaithe ar bun chun seirbhís leathanbhanda bhunúsach a sholáthar d'áitribh aonair faoin tuath nach raibh teacht acu ar sheirbhís leathanbhanda ó sholáthróirí seirbhísí leathanbhanda a bhí ann cheana. Cuireadh an Scéim ar fáil go forleathan sa chontae.

Leathanbhanda Snáithín-Chun-An Tí

Tá Loch Garman roghnaithe ag Eircom mar cheann amháin as ceithre láthair go náisiúnta ina gcuirfear i bhfeidhm triail phíolótach leathanbhanda nua a chuirfidh feabhas ollmhór ar na luasanna atá le fáil ag custaiméirí ar an idirlíon. Soláthróidh an infheistíocht €20 milliún Snáithín-Chun-An-Tí (SCAT). Is é atá i gceist leis an tionscadal ná cáblaí snáthaide ardluais a rolladh amach go díreach chuig teaghlaigh agus gnólachtaí, a chuireann méadú ollmhór luas leathanbhanda ar fáil, suas go dtí 150Mb - an luas leathanbhanda is gasta in Éirinn agus ar cheann de na luasanna is gasta ar fud na hEorpa. Cuirfidh an bonneagar ardchaighdeán seo go mór le tarraingteacht Bhaile Loch Garman mar láthair fostaíochta, mar i ngeall ar an

tseirbhís seo, beidh táirgiúlacht, éifeachtúlacht agus iontaofacht níos airde, agus beidh na costais TF ar ghnólachtaí roinnt mhaith níos lú.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir BB01

An fhorbairt chomhordaithe agus an leathnú ar an mbonneagar leathanbhanda ar fud an chontae a spreagadh agus a éascú, sa Mhol, sna Bailte Níos Mó agus sna Bailte Dúiche ach go háirithe. Bainfear é seo amach le hoibreoirí stáit nó príobháideacha chun feabhas a chur ar iomaíochas geilleagrach agus cuimsiú sóisialta faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

Cuspóir BB02

Tacaíocht a thabhairt d'fheidhmiú céimneach na Scéime Leathanbhanda Tuaithe agus don Scéim Leathanbhanda Chun na Scoile i bpáirtíocht leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha.

Cuspóir BB03

A chinntiú go soláthrófar duchtáil le haghaidh ceangail snáithín leathanbhanda i rith shuiteáil na seirbhísí, i ngach scéim tithíochta agus tráchtála agus i rith aon obair ar bhóithre nó ar línte iarnróid.

Cuspóir BB04

Soláthar saincheantair WiFi i bhfoirgnimh phoiblí a spreagadh.

Caibidil 10 Bainistíocht Comhshaoil

10.1 Réamhrá

Is rud riachtanach é an comhshaol a bheith faoi bhainistíocht éifeachtach maidir le cáilíocht mhaith beatha, sláinte an duine, an fiadhúlra agus tacaíocht a thabhairt do chórais éiceolaíochta.

Tá tábhacht freisin le comhshaol ar ardchaighdeán maidir le forbairt gheilleagrach, go mórmhór turasóireacht, cúrsaí talmhaíochta, foraoiseachta agus seirbhísí. Tá an Chomhairle dírithe ar chosaint agus feabhsú an chomhshaoil trí chosc agus smacht a choinneáil ar thruailliú uisce, aeir, (ó thorann agus ó sholas) agus trí saoráidí bainistíochta dramhaíola ar chaighdeán maith a éascú.

10.2 Cáilíocht Uisce

Tá uisce ar cháilíocht mhaith riachtanach maidir le pobail athbhuanaithe, tacaíocht le gnáthóga agus forbairt gheilleagrach. Caithfear cothromú a choinneáil idir na héilimh ar uisce le haghaidh feidhmeanna teaghlaigh, tionsclaíochta agus áineasa, agus an riachtanas atá ann é a chosaint, agus a chinntiú go mbíonn soláthar uisce glan do chách. Tagann tromlach na soláthairtí uisce sa chontae ó fhoinsí screamhuisce nó uisce dromchla. Is iad an dá rud a mbíonn an tionchar is suntasaí acu ar cháilíocht an uisce ná sceitheadh ó chórais chóireála fuíolluisce agus truailliú ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta.

Tá freagracht reachtúil ag an gComhairle cáilíocht an uisce a chosaint agus a bhainistiú. Tá an fheidhm seo leagtha amach laistigh de chreatlach reachtaíochta agus teorú ón AE agus go náisiúnta. Cuireann na hÚdaráis Áitiúla é seo i bhfeidhm ag leibhéal áitiúil den chuid is mó. Tá dualgas ar an gComhairle a chinntiú go gcuireann siad na feidhmeanna seo i gcrích de réir na reachtaíochta seo agus de réir na gcuspóirí ábhartha maidir le cáilíocht uisce. Beidh impleachtaí ar fhorbairt an chontae maidir le feidhmiú na reachtaíochta seo, go mórmhór an Chreat-treoir Uisce, i leith soláthar córais cóireála fuíolluisce agus imeachtaí talmhaíochta ach go háirithe.

Thug an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) isteach cuspóir nua éigeantach d'údaráis áitiúla a gcuid bainistíochta uisce a chomhtháthú leis na polasaithe agus forálacha pleanála sna pleananna forbartha a bhí á n-ullmhú acu. Caithfidh na pleananna bheith in oiriúint leis na caighdeáin agus cuspóirí comhshaoil bunaithe ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uiscí Dromchla) 2009 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Screamhuisce) 2010, na caighdeáin agus cuspóirí seo iniata sna pleananna bainistíochta abhantraí.

10.2.1 Comhthéacs an Pholasáí

An Chreat-treoir Uisce

Tá sé mar aidhm ag an gCreat-Treoir Uisce AE (2000/60/CE) córas a sholáthar i leith cosanta agus feabhsaithe acmhainní uisce agus éiceachórais ag brath ar uisce. Is iad na ceithre chuspóir lárnacha sa Treoir, a gcaithfear iad a bheith comhlíonta faoi 2015 ná:

- Meathlúchán breise i gcáilíocht an uisce a chosc
- 'Stádas maith' a thabhairt ar ais don cháilíocht uisce
- Truailliú ceimiceach sna foinsí uisce a laghdú
- Na cuspóirí maidir leis na limistéir chosanta le bheith bainte amach⁸

Tá sé i gceist na huiscí a chur ar ais ina 'stádas maith' roimh dheireadh 2015 in aon áit ina mbíonn sé indéanta go teicniúil, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus gan cosaint díréireach ag baint leis. In ainneoin na mbeart seo a bheith curtha i bhfeidhm, áfach, tógfaidh sé níos faide le roinnt uiscí na spriocanna a bhaint amach mar go mbeidh rátaí téarnaimh níos moille i gceist leo mar gheall ar choinníollacha áitiúla. D'fhéadfadh an spriocdháta bheith sínte amach go 2021 agus 2027 i gcás roinnt uiscí.

⁸ Is iad na limistéir chosanta na cinn a dteastaíonn cosaint speisialta uathu faoin reachtaíocht náisiúnta nó Eorpach atá ann cheana féin, a gcuid uisce dromchla nó screamhuisce a chosaint, nó na gnáthóga agus speicis a bhraitheann go díreach ar na huiscí sin a chaomhnú. San Oirdheisceart is iad na limistéir chosanta is mó is fógaire ná sé cinn de limistéir shainithe a bhfuil daonraí diúilicíní péarla fionnuisce iontu, iad faoi stádas caomhnaithe neamhfhabhrach mar gheall ar mheathlúchán sa cháilíocht uisce.

Éilíonn an Treoir go mbíonn cur chuige comhtháite i bhfeidhm le bainistíocht cáilíocht uisce laistigh de limistéir abhantraí shainithe. Éilíonn an Treoir leis go n-ullmhófar pleananna bainistíochta le haghaidh gach abhantraí agus go mbunófar clár beart dírithe ar cháilíocht an uisce a fheabhsú.

An Treoir um Screamhuisce

Comhlánann an Treoir um Screamhuisce (2006/118/CE) an Chreat-treoir Uisce. Is é an cuspóir atá aige ná na caighdeáin a bhaineann le cáilíocht an uisce faoi thalamh a leagan síos agus bearta a chur in áit chun stop nó cosc a chur ar thruailleáin ag dul isteach san uisce faoi thalamh.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Chuspóirí Comhshaoil (Screamhuisce), 2009 (I.R. Uimh. 272)

Tugann na rialacháin seo aghaidh ar na riachtanais sa Chreat-treoir Uisce, an Treoir um Shubstaintí Contúirteacha agus an Treoir um Shubstaintí Tosaíochta. Baineann na rialacháin leis na huiscí dromchla uile agus cuireann siad ar fáil an méid a leanas:

- Cuspóirí ar ardchaighdeán a bheith curtha ar bun, iad ina gceanglas dlí, atá dírithe ar na huiscí dromchla uile agus caighdeáin comhshaoil maidir le truailleáin.
- Scrúdú, agus más gá, athbhreithniú ar gach ceadúnas sceite le cinntiú go bhfuil na teorainneacha astúcháin leagtha síos sna ceadúnais in oiriúint leis na cuspóirí/caighdeáin nua maidir le cáilíocht uisce.
- Rangú ar uiscí dromchla déanta ag an GCC de réir na Creat-treorach Uisce.
- Fardail i leith substaintí tosaíochta curtha ar bun ag an GCC.
- Forbairt ar phleananna i leith laghduithe ar thruailliú, é seo déanta trí chomheagar idir údaráis áitiúla, i gcomhchomhairle leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, chun truailliú a laghdú in uiscí dromchla.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Chuspóirí Comhshaoil (Screamhuisce), 2010 (I.R. Uimh. 9)

Rinneadh forbairt ar na rialacháin seo ar mhaithe le cosaint a dhéanamh ar an screamhuisce de réir na riachtanas sa Chreat-treoir Uisce agus an Treoir um Screamhuisce (2006/60/EC). Bainfear é seo amach trí chuspóirí comhshaoil soiléire

a chur ar bun, mar aon le caighdeán maidir le cáilíochtaí screamhuisce agus luachanna tairisí ar rangú screamhuisce, agus cosaint in aghaidh truailliú agus meathlúchán sa cháilíocht uisce.

Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt 2009-2015

Is é Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt (PBAO) an chéad phlean bainistíochta don cheantar agus clúdaíonn sé an tréimhse 2009-2015. Cuireann an measúnú PBAO measúnú ar fáil i leith stádas reatha na n-uiscí sa cheantar, na cuspóirí comhshaoil atá mar sprioc, agus na bearta a bheidh ag teastáil chun na cuspóirí seo a bhaint amach. Leagann sé amach, freisin, an clár leis na bearta atá i gceist chun cáilíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú.

Nuair a chuirfear an plean i bhfeidhm, tiocfaidh feabhas breisíoch, sa mhéid go mbainfidh tromlach na n-uiscí 'stádas maith' amach faoi 2027 ar a dhéanaí, é seo tairbhiúil don phobal uile mar go mbeidh fáil agus úsáid fhadtéarmach acu ar na huiscí. Sa chás go bhfuil stádas níos lú ná maith ag na huiscí faoi láthair, caithfear feabhas a chur orthu go dtí go mbaineann siad stádas maith amach agus ní ligfear d'aon mheathlúchán i stádas reatha na n-uiscí.

Tá páirt fhíor-thabhtach ag an gComhairle maidir leis an bplean bainistíochta a chur i bhfeidhm. Tá oibleagáid ar an gComhairle a cuid dualgas a chomhlíonadh i mbealach ina mbainfear amach na cuspóirí. Éilítear ar an gComhairle freisin raon monatóireachta comhshaoil agus gníomhaíochtaí forfheidhmiuithe a leanúint chun a chinntiú go dtiocfaidh feabhas ar cháilíocht an uisce as gníomhaíocht gheallsealbhóirí eile.

Scéimeanna Cosanta Screamhuisce

Tá sé mar aidhm ag na scéimeanna cosanta screamhuisce cainníocht agus caighdeán an screamhuisce a choinneáil, agus a fheabhsú i roinnt cásanna, trí chur chuige bunaithe ar mheasúnacht riosca maidir le cosaint screamhuisce agus forbairt inbhuanaithe. Cuireann na scéimeanna seo treoirlínte ar fáil don Chomhairle agus í i mbun a cuid feidhmeanna, pleanála agus eisiúint cheadúnais ach go háirithe, agus cuidíonn sé le cinnteoireacht maidir le cosc a choinneáil ar na láithreacha forbartha

agus na saghsanna forbairtí agus gníomhaíochtaí a mbeadh an poitéinseal acu tús a chur le truailliú.

Uiscí Sliogéisc

Tá sé mar aidhm ag an Treoir AE um Uiscí Iasc Sliogáin (2006/113/CE) uiscí sliogéisc a chosaint agus a fheabhsú chun tacú le fás agus beatha na n-iasc sliogáin. Tá sé i gceist leis an Treoir an ghnáthóg uisceach atá ag moilisc dhébhlaoscacha agus ghastrapódacha a chosaint. San áireamh ann seo tá diúilicíní, muiríní breallaigh, oisrí agus ruacáin. Tugann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáilíocht Uiscí Iasc Sliogáin) (Leasaithe), 2006 (I.R. Uimh. 268 de 2006) éifeacht don Treoir in Éirinn.

Éilíonn an Treoir go saineoidh Ballstáit na huiscí sin a bhfuil cosaint ag teastáil uathu chun beatha agus fás sliogéisc a chothú, agus ansin go gcuirfí cláir um laghdú truailithe i bhfeidhm ar na huiscí sainithe. Tá ceithre cinn d'uisce sainithe atá bainteach le Loch Garman: Bá Bhanú, Cuan Loch Garman Seachtrach, Cuan Loch Garman Inmheánach agus Calafort Phort Láirge. Tá cláir um laghdú truailithe i bhfeidhm sna ceantair seo. I measc na mbrúnna aitheanta ar na huiscí sainithe seo tá córais fuíolluisce uirbeacha, córais chóireála fuíolluisce ar an suíomh, agus gníomhaíochtaí talmhaíochta agus sa chalafort.

De réir Airteagal 4 sna Rialacháin um Cháilíocht Uiscí Iasc Sliogáin, 2006 (Leasaithe), tá dualgas ar an gComhairle a chinntiú go gcuireann a cuid feidhmíochta le geilliúntas leis na cuspóirí sna cláir um laghdú truailithe seo agus leis na cuspóirí sa Treoir um Uiscí Iasc Sliogáin. I measc na bhfeidhmeanna sin, tá cóireáil fuíolluisce, bainistíocht dramhaíola, ceadúnais doirte eisiltigh, pleanáil, forbairt agus rialú tógála.

An Diúilicín Péarla Fionnuisce

Tá an diúilicín péarla *Margaritifera margaritifera* (L.1758) cosanta faoi na hAchtanna 1976 agus 2000 agus an Treoir maidir le Gnáthoga. Tá sé cláraithe ar an liosta dearg sonraí in Éirinn mar speiceas atá i mbaol criticiúil.

De réir na Creat-treorach Uisce, tá Pleananna Bainistíochta Abhantraí (PBA) ullmhaithe i leith gach Ceantair Abhantraí in Éirinn. Mar pháirt den PBA, tá clár

moltaí atá dírithe ar chosaint agus feabhsú a dhéanamh ar an gcáilíocht uisce. Ina measc seo tá cuspóirí i leith aibhneacha sainithe le haghaidh diúilicíní péarla chun a chinntiú go bhfuil caighdeán na timpeallachta uisce leormhaith le bheith in ann gnáthóg agus líon na ndiúilicíní a iompar.

Éilítear i Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Chuspóirí (Diúilicíní Péarla Fionnuisce), 2009 (I.R. Uimh. 296 de 2009) freisin go n-ullmhófar Pleananna Bainistíochta Fo-abhantraí do gach ceann de na 27 limistéar sainithe do dhaonraí diúilicíní péarla fionnuisce in Éirinn. Tá dréachtphleananna i leith na fo-abhantraí ullmhaithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (RCORA) do gach ceann de na 27 limistéar. Aithníonn na dréachtphleananna na brúnna criticiúla áitiúla agus na tionchair atá ar an diúilicín péarla fionnuisce agus molann siad roinnt beart a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun stádas caomhantais níos fabhraí a aischur.

Déantar leagan amach sa Phlean Bainistíochta Abhantraí um Diúilicíní Péarla Fionnuisce Áth a' Bháid (an Dara Dréacht) (Tionscadal Thuaidh-Theas, Cion 2, cistithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, 2010) ar bhearta ar leith a bhaineann le habhantrach Áth a' Bháid. Is é an príomhchuspóir ná stádas caomhantais fabhrach a bhaint amach do dhaonra na ndiúilicíní péarla fionnuisce.

An Treoir maidir le hUisce Snámha

Is fóntas tábhachtach iad uiscí snámha an Chontae, mar go bhfuil poitéinseal ag baint leo maidir le turasóireacht agus áineas. Is é an aidhm atá ag an Treoir AE maidir le hUisce Snámha ná caomhnú, cosaint agus feabhas a chur i bhfeidhm ar chaighdeán na n-uiscí snámha chun cosaint a sholáthar ar shláinte na ndaoine a théann ag snámh sna huiscí seo. Trasuíodh an Treoir i ndlí na hÉireann trí na Treoracha um Cháilíocht Uisce Snámha 2008. Tá líon sé cinn de láithreacha snámha sainithe sa chontae: Trá Ros Láir, Caisleán Mhuiris, Dún Conán, Currach Cló, Baile na Cúirte agus Baile Monaidh. In 2011, bhí uisce snámha ar chaighdeán maith i ngach ceann acu.

An Chreat-treoir Straitéis Mara

Tá an Chreat-treoir Straitéis Mara (2008/56/EC) an-chosúil leis an gCreat-treoir Uisce. Éilítear ar Bhallstáit go mbeidh stádas caomhantais maith sa

mhuirthimpeallacht faoin mbliain 2020 ar a dhéanaí. Ciallaíonn stádas caomhantais maith go mbíonn na farraigí glan, sláintiúil agus táirgiúil agus go gcoinnítear úsáid dhaonna na timpeallachta ar leibhéal atá inbhuanaithe. Is iad na ceithre chroíchuspóir atá sa Treoir ná:

- Measúnú tosaigh a bheith déanta ar uiscí mara, agus spriocanna agus táscairí timpeallachta a bheith curtha ar bun faoi Iúil 2012
- Clár Monatóireachta a bheith curtha ar bun faoi Iúil 2014
- Clár Beart a bheith curtha ar bun chun stádas caomhantais maith a bhaint amach faoi 2015
- Na bearta a bheith curtha i bhfeidhm faoi 2016

Tá bainistíocht agus forbairt inbhuanaithe i dtimpeallacht mara an chontae mar bhunchloch ag, agus riachtanach chun, stádas caomhantais maith a bhaint amach. Beidh tionchar ag an Treoir Mara agus ag aon chlár monatóireachta amach anseo ar fhorbairt ar ár gcósta, lena áirítear:

- Loingseoireacht
- Iompar Muirí
- Turasóireacht Uisce
- Iascaigh Mhara
- Talmhaíocht
- Fuinneamh in-athnuaite (Gaoth agus tonn san áireamh)

An Treoir ar Níotráit

Is í an aidhm atá ag an Treoir ar Níotráit a tháinig i bhfeidhm an 12 Nollaig, 1991, ná laghdú a dhéanamh ar thruailliú a tharla mar gheall ar níotráit a bhíonn in úsáid i dtalmhaíocht. Éilíonn an Treoir go gcuirfeadh gach Ballstát 'Clár Gníomhaíochta ar Níotráit' i bhfeidhm. Caithfidh an clár seo bheith athbhreithnithe, agus más gá, athchóirithe, ar a laghad gach ceithre bliana.

Tá freagracht ar Údaráis Áitiúla, faoi threorú ón GCC, an Clár Gníomhaíochtaí um Níotráit a chur i bhfeidhm. Cuireadh an chéad chlár Éireannach i bhfeidhm trí shraith Rialachán, ina measc Rialacháin na gComhphobail Eorpach (Dea-Chleachtas Talmhaíochta um Chosaint Uiscí), 2009. Neartaigh na Rialacháin seo tacaíocht

reachtúil do chosaint na n-uiscí in aghaidh truailliú ó fhóinsí talmhaíochta, mar shampla, ó fhosfar nó nítrigin.

Rinneadh athchóiriú ar an gClár Gníomhaíochta um Níotráit in 2010, agus is as seo a tháinig Rialacháin na gComhphobail Eorpach (Dea-Chleachtas Talmhaíochta um Chosaint Uiscí) 2010 - I.R. Uimh. 610 de 2010.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir WQ01

Acmhainní uisce atá ann cheana agus acmhainní poitéinsiúla a chosaint ar son an chontae, de réir Chreat-Treoir Uisce an AE (2006/60/CE), an Treoir maidir le hUisce Snámha (2006/7/EC), an Plean Bainistíochta Abhantraí Thoir-Theas 2009-2015 agus aon leagan leasaithe chun dáta, na Cláir um Laghdú Truaillithe d'uiscí sainithe do shliogéisc, na córais sa Scéim Cosanta Screamhuisce don chontae agus aon phleananna cosanta eile d'fhóinsí uisce, a bhfuil sé ina n-aidhm acu cuidiú le feabhas a chur ar chaighdeán an uisce uile.

Cuspóir WQ02

Géilliúntas a chur chun cinn leis na riachtanais i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uiscí Dromchla), 2009 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Screamhuisce), 2010 agus aon reachtaíocht ábhartha eile.

Cuspóir WQ03

Leanúint le cáilíocht an uisce a fheabhsú trí na bearta leagtha síos sa Treoir ar Níotráit (91/676/CEE) agus an Clár Gníomhaíochta ar Níotráit a chur i bhfeidhm.

Cuspóir WQ04

A dheimhniú go gcomhlíonann aon fhorbairt atá ceadaithe riachtanais Chreat-Treoir Uisce an AE, na Pleananna Abhantraí agus an Treoir maidir le Gnáthóga.

Cuspóir WQ05

A chinntiú nach mbeadh tionchar do-ghlactha ag aon fhorbairt cheadaithe ar cháilíocht agus toirt na n-uiscí, lena n-áirítear uisce dromchla, screamhuisce, limistéir chosanta shainithe le foinsí, conairí abhann agus na bogaigh a bhaineann leo, uiscí inbhir, uiscí cósta agus idirchriosacha.

10.3 Caighdeán an Aeir

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach ag truailliú aeir ar shláinte an duine agus ar éiceachórais. Ní fadhb ar bith é truailliú aeir i gContae Loch Garman faoi láthair. Leanfaidh an Chomhairle leis an staid seo a choinneáil ar bun, agus feabhsóidh sí caighdeán an aeir ag féachaint do Rialacháin Caighdeáin Aercháilíochta 2011 (I.R. Uimh. 180 de 2011). Cuireann na Rialacháin Treoir 2008/50/CE i bhfeidhm, é sin faoi chaighdeán an aeir chomhthimpill agus aer níos glaine don Eoraip (tá an Treoir seo curtha in ionad na Treorach ón gComhairle 96/62/CE faoin gcaighdeán aeir chomhthimpill). Thairis sin, beidh laghdú ar astúcháin ó fheithiclí mar thoradh ar an gcur chuige beartais atá i bhfeidhm ag an gComhairle, is é sin, comhtháthú a dhéanamh ar úsáid talún, pleanála agus iompair.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir AQ01

Aird a thabhairt don Rialachán um Chaighdeán Aercháilíochta 2011 (I.R. Uimh. 180 de 2011) nuair atá measúnacht ar siúl ar iarratais pleanála d'fhorbairtí a bhféadfadh go mbeadh tionchar acu ar chaighdeán an aeir.

Cuspóir AQ02

Spreagadh a thabhairt d'fhorbairtí tionsclaíochta inbhuanaithe trí chur chun cinn a dhéanamh ar úsáid teicneolaíochtaí níos glaine, laghdú ar tháirgeadh dramhaíola, caomhantas agus athchúrsáil ábhair.

Cuspóir AQ03

Forbairt a bhainistiú chun úsáid éifeachtach talún agus bonneagair a chur ar fáil, sa chaoi go gcoinnítear cosc ar astúcháin aeir.

Cuspóir AQ04

Éileamh a dhéanamh ar bhearta a chuireann cosc ar agus a laghdaíonn astúcháin chaithníneacha aeriompartha ó ghníomhaíochtaí a bhféadfadh go mbeadh tionchar diúltach acu ar chaighdeán an aeir.

Cuspóir AQ05

Athrú módúil a spreagadh ó úsáid carranna príobháideacha go húsáid saghsanna taistil malartacha, agus úsáid iompair phoiblí a chur chun cinn sa chaoi go laghdófar astúcháin ó fheithiclí agus go bhfeabhsófar caighdeán an aeir.

10.4 Torann

Is iad an tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 agus na Rialacháin um an Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Torann) 1994 (I.R. Uimh 179 de 1994) atá i bhfeighil ar rialú torainn. Áirithe sa sainmhíniú ar thorann comhshaoil, tá an méid a leanas: 'torann atá ina údar núise nó a chuirfeadh sláinte an duine i mbaoil nó a dhéanfadh damáiste do mhaoín nó díobháil don chomhshaoil.' D'fhéadfadh torann atá leanúnach, athdhéanta, agus glórach tionchar suntasach a imirt ar cháilíocht beatha an duine aonair, ar phobail agus ar an gcomhshaoil, go mórmhór ar an bhfiadhúlra.

Pleananna Gníomhaíochta Torainn

Baineann Treoir an AE 2002/49/CE le measúnú agus bainistíocht ar thorann comhshaoil. Baineann sí le torann ó ghníomhaíocht thionsclaíoch agus le trácht bóthair, iarnróid agus aeir, ach ní bhaineann sí le torann baile. Trasuódh an Treoir i ndlí na hÉireann trí na Rialacháin um Thorann Comhshaoil, 2006 (I.R. Uimh. 140) 2006

Leagann na Rialacháin amach cur chuige dhá chéim maidir le measúnú agus bainistíocht ar thorann comhshaoil. Sa chéad dul síos, caithfear mapaí torainn straitéiseacha a bheith ullmhaithe le haghaidh limistéir agus bonneagair a chomhlíonann critéir shainithe, mar shampla, ceirtleain mhóra, mórbhóithre, iarnróid agus aerfoirt. Sa dara dul síos, bunaithe ar thorthaí an phróisis mhapála, éilíonn na rialacháin go n-úllmhófar plean gníomhaíochtaí torainn do gach limistéar atá i

geist. Is é an bunchuspóir le pleananna gníomhaíochta ná bac a chur agus laghdú a dhéanamh ar thorann comhshaoil.

Déanfaidh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta an mhapáil torainn ar an líonra bóithre agus déanfaidh údaráis áitiúla aonair amhlaidh ar bhóithre nach bóithre náisiúnta iad. Feicfidh an tÚdarás Pleanála ar aon mhapáil agus/nó aon Phlean Gníomhaíochta Torainn a bhaineann leis an limistéar agus í i mbun machnaimh ar iarratais pleanála.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir N01

Féachaint do na forálacha ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), Achtanna 1992 agus 2003 agus an tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Torann), 1994 aon uair a bhíonn measúnú ar siúl ar iarratais pleanála.

Cuspóir N02

Rialú agus cosc a chur i bhfeidhm ar aon ghníomhaíocht ar dhócha go mbeadh torann iomarcach ag baint léi, seachas na gníomhaíochtaí sin atá faoi rialú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Cuspóir N03

A chinntiú nach n-ardaíonn aon fhorbairt nua an torann go dtí leibhéal atá doghlactha, ag cur isteach ar réadmhaoin atá torann-íogair. Má bhíonn aon fhorbairt nua a bhfuil an poitéinseal aici torann iomarcach a chruthú, éileofar plean tógála agus/nó plean bainistíochta oibriúcháin chun cosc a choinneáil ar a leithéidí d'astúcháin.

Cuspóir N04

Iallach a chur go gcaithfidh bearta maolaithe torainn agus monatóireachta a bheith i bhfeidhm i gcás gníomhaíochtaí ar dhócha go mbeadh torann iomarcach ag baint leo. D'fhéadfadh go n-éileofaí iniúchadh torainn aon uair is cuí.

Cuspóir N05

A chinntiú go bhfuil na hiarratais pleanála ábhartha in oiriúint leis na forálacha in aon Phlean Ghníomhaíochta Torainn a chuirtear ar fáil nó aon mhapa a bhaineann leis an gceantar.

10.5 Soilsiú Lasmuigh

Teastaíonn soilsiú lasmuigh ar mhaithe le slándáil agus sábháilteacht. D'fheadfadh, áfach, go mbainfeadh doirteadh solais, as córais a bheadh deartha agus suite go neamhimleor, go mbainfeadh sé seo go mór ón bhfóntas teaghlaigh i réadmhaoín chongarach, go mbeadh contúirt tráchta ag baint leis agus go mbeadh sé ina bhagairt ar an bhfiadhúlra agus a chuid gnáthóga. D'fheadfadh go mbainfí ó charachtar tuaithe na háite dá mbeadh an iomarca soilsiú lasmuigh i gceantair thuaithe, tuilsoilsiú ar thithe tuaithe, mar shampla.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir L01

A éilimh ó aon fhorbairtí ag cur soilsiú lasmuigh i bhfeidhm go gcaithfear a thaispeáint go soiléir go bhfuil an córas soilsithe ar an íosmhéid atá ag teastáil i leith slándála agus oibre.

Cuspóir L02

A chinntiú go ndearfar córais soilsithe lasmuigh agus scéimeanna soilsithe eile, sa chaoi go n-íoslaghdaítear doirteadh solais, agus mar thoradh air sin, go gcaomhnófaí fóntais na réadmhaoine atá cóngarach agus an fhiadhúlra, speicis chosanta san áireamh.

10.6 Bainistíocht Dramhaíola

Is bunriachtanas bonneagrach í bainistíocht dramhaíola atá thar a bheith riachtanach maidir le forbairt inbhuanaithe, cosaint sláinte poiblí agus an comhshaoil. San áireamh le bonneagar dramhaíola tá ionaid athchúrsála, ionaid chonláiste cathartha, stáisiúin aistrithe dramhaíola, áiseanna cóireála dramhaíola bitheolaíche, áiseanna

cóireála údaraithe chun déileáil le feithiclí ag deireadh a saolré agus láithreáin líonta talún.

10.6.1 Comhthéacs an Bheartais

Creat-Treoir Dramhaíola an AE

Cuireann an Chreat-Treoir Dramhaíola 2008/98/CE creat ar fáil i leith riachtanais bhainistíochta dramhaíola agus leagann sí amach na sainmhínithe bunúsacha maidir le bainistíocht dramhaíola don AE. Leagann sí béim mhór ar chosc ar dhramhaíl agus ar an bprionsabal 'íoc mar a thruaillítear'. Trasúodh an Treoir i ndlí na hÉireann trí Rialacháin na gComhphobail Eorpach (Treoir maidir le Dramhaíl), 2011 (I.R. 126 de 2011). Faoi láthair tá an Rialtas ag ullmhú beartas náisiúnta nua i leith dramhaíola a chloífidh leis an ordlathas dramhaíola atá leagtha amach sa Treoir, a sholáthróidh cur chuige comhtháite do bhainistíocht dramhaíola, a íoslaghdóidh an dramhaíl ag dul go líonadh talún agus a uasmhéadóidh aisghabháil acmhainní.

Plean Bainistíochta Dramhaíola Comhpháirteach don Réigiún Thoir-Theas 2006-2011

Leagann an Plean amach cuspóirí ina mbeidh laghdú agus cobhsú ar na leibhéil dramhaíola foriomlán sa chaoi go mbeidh siad in oiriúint leis an reachtaíocht agus le treoir náisiúnta agus ón Eoraip. Leagann an Plean amach ordlathas na modhanna tosaíochta i leith bhainistíochta dramhaíola, ag díriú ar chosc, íoslaghdú, athúsáid/athchúrsáil, diúscairt le haisghabháil fuinnimh agus diúscairt dramhaíola iarmharach.

De réir na Creat-Treorach Dramhaíola (2008/98/CE), trasuite i ndlí na hÉireann trí Rialacháin na gComhphobail Eorpach (Treoir Dramhaíola), 2011, rinne an Réigiún Bainistíochta Dramhaíola Thoir-Theas measúnú ar an bPlean in 2012 chun a fháil amach ar cheart go n-athbhreithneofaí an Plean nó go gcuirfí ceann nua ina ionad mar ba chúil chun bheith in oiriúint leis an Treoir. Tar éis an mheasúnaithe, moladh go raibh Plean nua ag teastáil. Fanfaidh Plean 2006 i bhfeidhm go dtí go mbíonn an plean nua i bhfeidhm go luath in 2014.

Sonraíonn Alt 4(10A) den Acht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú), 2001 go mbeidh na cuspóirí sa phlean forbartha a bhaineann le limistéar feidhme an Rialtais Áitiúil ar

aon dul leis na cuspóirí sa Phlean Bainistíochta Dramhaíola a bhaineann leis an limistéar feidhme céanna. Tá an Chomhairle tiomanta don hPlean Bainistíochta Dramhaíola Comhpháirteach a chur i bhfeidhm agus éascóidh sí soláthar na n-áiseanna dramhaíola atá leagtha síos sa Phlean. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil poitéinseal maith do jabchruthú in infheistíocht i dteicneolaíochtaí nuálacha agus i ndul chun cinn i mbainistíocht dramhaíola. Rachaidh an Chomhairle i dtacaíocht le, agus déanfaidh sí foráil maidir le hathraithe i dteicneolaíocht agus aon chur chuige nua i mbainistíocht dramhaíola, tionscadail 'dramhaíl go fuinneamh' mar shampla.

Caithfidh gach tionscadal cloí le prionsabail forbartha inbhuanaithe, na forálacha leagtha síos sa Treoir Bainistíochta Dramhaíola, an Chreat-Treoir Uisce, an Plean Abhantraí Thoir-Theas agus an Treoir maidir le Gnáthóga.

An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl

Baineann cosc ar dhramhaíl le díbirt, laghdú agus athúsáid dramhaíola. Dírítear sa Chlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl 2009-2012 ar mhúscailt feasachta maidir le cosc ar dhramhaíl thar gach earnáil, i bpobail agus sa bhaile. Is rud lárnach í múscailt feasachta le béim níos mó a leagan ar chosc agus íoslaghdú ar ghiniúint dhramhaíola. Tá an Chomhairle réamhghníomhach leis seo, le Clár na Scoileanna Glasa agus na tionscnaimh Gnó Glas ach go háirithe.

10.6.2 Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola

I gcomhréir le beartas an Rialtais agus na forálacha sa Phlean Bainistíochta Dhramhaíola Comhpháirteach, tá an Chomhairle ag cur bearta i bhfeidhm go gníomhach atá dírithe ar chodanna suntasach dramhaíola a athchúrsail agus a aisghabháil roimh don dramhaíl iarmharach bheith diúscartha.

Is iad oibreoirí dramhaíola príobháideacha a bhailíonn dramhaíl tí agus dramhaíl tráchtála, a gcuid gníomhaíochtaí rialaithe ag an gComhairle. Tá córas trí bhosca bruscair i bhfeidhm ag roinnt de na hoibreoirí príobháideacha seo (earraí tirime in-athchúrsáilte, dramhaíl orgánach agus dramhaíl iarmharach). Spreagfaidh an Chomhairle go soláthróidh gach oibreoir an córas seo dá gcuid custaiméirí mar iarracht laghdú a dhéanamh ar an méid dramhaíola ag dul go líonadh talún.

Tá ceithre cinn d'Ionaid Chonláiste Cathartha saintógtha sa chontae. Baile Inis Córthaidh, Baile Mhic Thomáis agus dhá cheann i mBaile Ros Mhic Thriúin. Tá an Chomhairle i bhfeighil na n-ionad seo agus tá sé i gceist ionad a chur ar bun i mBaile Ghuaire roimh dheireadh 2012. Ag ionaid chonláiste cathartha, bíonn deis ag muintir an phobail dramhaíl a fhágail chun go ndeighlítear, measctar, burláiltear, stóráiltear agus cóireáiltear í roimh di bheith aisghafa nó diúscartha. Freastalaíonn na hionaid seo ar raon leathan dramhtháirgí, earraí leictreacha, teicstílí, dramh-ola, scagairí ola agus dramh-mhiotail ina measc.

Is gabhdáin aonair iad ionaid *fág anseo*, mar shampla, bainc bhuidéal, bainc channaí, bainc nuachtán agus bainc theicstíl. Cuirtear na saoráidí seo ar fáil go hiondúil in ionaid chomharsanachta agus i sráidbhailte.

Tugann soláthar na n-ionad conláiste cathartha seo agus an líonra ionaid *fág anseo* ar fud an chontae deis don Chomhairle agus don phobal bheith páirteach i mbainistíocht dramhaíola inbhuanaithe. Spreagfaidh agus éascóidh an Chomhairle leathnú an líonra seo mar pháirt dá cuid iarrachtaí laghdú a bhaint amach sa mhéid dramhaíola ar an iomlán atá ag dul go líonadh talún.

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil feidhm thábhachtach ag an saghas seo saoráide in athchúrsáil agus aisghabháil agus go mbaineann poitéinseal i bhforbairt eacnamaíoch leo freisin. San áireamh leis sin, tá:

Stáisiúin Aistrithe Dramhaíola

Is saoráid í seo ina dtógtar ábhair dhramhaíola ó fheithiclí bailithe beaga agus ina gcuirtear an dramhaíl i bhfeithiclí níos mó chun í a iompar chuig saoráidí dramhaíola eile le haghaidh aisghabhála, cóireála nó diúscartha.

Saoráidí Aisghabhála Ábhar

Aisghabhann Saoráidí Aisghabhála Ábhar (SAÁ) ábhair atá in-athchúrsáilte as dramhaíl. Is é atá i gceist le SAÁ glan na saoráidí a dheighlíonn ábhair in-athchúrsáilte isteach i sruthanna athchúrsála. Is é atá i gceist le SAÁ lofa na saoráidí a dheighlín an dá chodán den dramhaíl, an codán in-athchúrsálaithe tirim agus an codán orgánach.

Saoraidí Aisghabhála Dramhaíola

Is é atá i gceist leis an tsaoráid seo ná próiseas ar leith ina mbaintear an t-ábhar in-athchúrsáilte ag saoráid aisghabhála ábhair, agus ina muirínítear an dramhaíl orgánach chun í a chobhsú. Agus an dramhaíl cobhsuithe, bíonn ráta an-íseal riospráide nó lobhaidh aici agus, i ngeall air sin, ní tháirgfidh sí ach an t-íosmhéid gás meatáin nuair a chuirtear i líonadh talún í.

Dramhaíl go Fuinneamh

Is modh é 'Dramhaíl go Fuinneamh' le dramhaíl a athrú go foirm fuinnimh úsáideach, go hiondúil trí dhó nó lobhadh. Bheadh díleá anaeróbach san áireamh sa phróiseas seo.

Diúscairt Dramhaíola

Dá ndéanfaí cur chun cinn ar athchúrsáil agus diúscairt, d'fhéadfaí laghdú a bhaint amach ar an méid dramhaíola iarmharach a chuirtear chuig líonadh talún. Go dtí le déanaí, bhí saoráid líonta talún á rith ag an gComhairle i mBaile Mhic Thomáis. Tá an tsaoráid seo dúnta go sealadach faoi láthair.

Saoraidí Cóireála Údaraithe d'Fheithiclí ag Deireadh a Saolré

Baineann Treoir an AE 2000/53/CE le feithiclí ag deireadh a saolré agus leagtar amach roinnt forálacha ar leith a chaithfidh bheith curtha i bhfeidhm ag Ballstáit maidir le bailiú, stóráil, cóireáil, díchóimeáil, athúsáid agus athchúrsáil feithiclí ag deireadh a saolré.

Is é atá i gceist le Saoráid Chóireála Údaraithe ná saoráid ina mbailítear agus stóráiltear feithiclí ag deireadh a saolré. Caithfidh saoraidí dá leithéidí sin ceadúnas dramhaíola nó cead dramhaíola a bheith acu.

10.6.3 Suíomhanna Cuí do Shaoraidí Bainistíochta Dramhaíola

Éileoidh an Chomhairle go lonnófar saoraidí bainistíochta dramhaíola dá leithéidí stáisiúin aistrithe dramhaíola, saoraidí ábhar dramhaíola agus aisghabhála, aonaid díleáite agus saoraidí cóireála údaraithe d'fheithiclí ag deireadh a saolré i dtailte críosaithe cuí. Ni bheidh sé i gceist ag an gComhairle na saoraidí seo a shuíomh

lasmuigh de thailte criosaithe ach amháin nuair a tharlaíonn sé go bhfuil tailte fairsinge de dhíth, i gcás líonadh talún, mar shampla, nó dá mbeadh an fhorbairt riachtanach chun an Plean Bainistíochta Dramhaíola Comhpháirteach don Réigiún Thoir-Theas a chur i bhfeidhm mar is cuí.

Sa chás go mbeartaítear suíomh lasmuigh de thailte criosaithe a úsáid, caithfidh na critéir a leanas bheith comhlíonta:

- Fianaise a chur ar fáil faoin ngá atá leis an bhforbairt bheartaithe don suíomh sin, ag féachaint go háirithe don Phlean Bainistíochta Dramhaíola Comhpháirteach don Réigiún Thoir-Theas, agus aon phlean náisiúnta bainistíochta ábhartha eile ag an am sin.
- Ba cheart go lonnófar an suíomh laistigh nó chomh gar agus is féidir don Mhol nó na Bailte Níos Mó.
- Níor cheart go mbeadh aon tionchar codarsnach ar fhóntais.
- Caithfidh nach mbeadh ach an riosca is lú ó thruailliú
- Caithfidh an fhorbairt bheith in oiriúint le riachtanais na Creat-Treorach Uisce agus an Plean Bainistíochta Abhantraí ábhartha.
- Caithfidh an fhorbairt bheith in oiriúint le riachtanais na Treorach maidir le Gnáthóga

10.6.4 Dramhaíl Ghuaiseach

Leagtar síos na rialacháin a bhaineann le diúscairt dramhaíola sa Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach 2008-2012 ullmhaithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC). Cinnteoidh an Chomhairle go ndéantar dramhaíl ghuaiseach a dhiúscairt ar bhealach sábháilte de réir an Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dramhaíl Ghuaiseach agus aon athleasú no athcheartú don Phlean seo.

10.6.5 Dramhaíl Tógála agus Scartála

Is dramhaíl í seo a thagann ó ghníomhaíochtaí tógála, athchóirithe agus scartála, brablach, brící agus tíleanna san áireamh. Tá laghdú suntasach i leibhéil na dramhaíola seo le déanaí, é seo curtha i leith an choir chun donais eacnamaíoch san earnáil tógála. Moltar sa bheartas náisiúnta go n-athúsáidtear agus go n-

athchúrsáiltear an saghas dramhaíola seo nuair is féidir. Spreagfaidh an Chomhairle laghdú sa mhéid dramhaíola foriomlán a ghintear agus éileofar go n-athúsáidtear agus go n-athchúrsáiltear í.

Féachfaidh an Chomhairle do na riachtanais sna Treoirínte Dea-Cheachtais maidir le hUllmhú Pleananna Bainistíochta Dramhaíola i leith Tionscadail Tógála agus Scartála (RCORÁ, 2006), agus aon leagan nuashonraithe de na treoirínte, le linn aon mheasúnaithe ar iarratais pleanála ar fhorbairtí a ghinfidh leibhéal shuntasacha dramhaíola Tógála agus Scartála.

10.6.6 Dramhaíl Talmhaíochta

Is í seo an dramhaíl a ghintear le linn gníomhaíochtaí talmhaíochta agus san áireamh tá draoib ainmhithe, múirín beacán caite agus cochán. Caithfear diúscairt a dhéanamh ar an dramhaíl seo i mbealach atá sábháilte, chun truailliú an screamhuisce agus uisce dromchla a sheachaint agus chun sláinte an phobail a chosaint. Is rialtóirí reachtúla lárnacha iad Rialacháin na Treorach um Níotráití agus na gComhphobail Eorpach (Dea-chleachtais Talmhaíochta maidir le Cosaint Uiscí), 2009 agus 2010 i leith diúscairt dramhaíl talmhaíochta.

10.6.7 Bainistíocht Sloda

Níl cead aon sludach a thagann ó ionaid chóireála fuíolluisce agus umair sheipteacha a úsáid i dtalmhaíocht ach amháin in oiriúint leis na Rialacháin um Bainistíocht Dramhaíola (Sludach Séarachais a Úsáid sa Talmhaíocht), 1998, agus Rialacháin um Bainistíocht Dramhaíola (Sludach Searchais a Úsáid sa Talmhaíocht), 2001. Éilíonn na rialacháin seo nach n-úsáidtear sludach ach amháin de réir Plean Bainistíochta Comhtháithe, atá faoi mheasúnú ag an gComhairle.

Leagtar amach sa Phlean Bainistíochta Slodaigh do Chontae Loch Garman 2001-2020 straitéis maidir le bailiú, iompar, cóireáil agus diúscairt an slodaigh uile a ghintear sa chontae, sludach ó ionaid chóireála fuíolluisce ina measc. Moladh sa Phlean go gcuirfí lárionaid satailíte ar bun i Ros Mhic Thriúin, Inis Córthaidh agus Guaire/Baile na Cúirte chun dí-uisciú a dhéanamh ar an sludach ó chóireáil fuíolluisce sna bailte seo, mar aon le hionaid níos lú i ngar don lárionad satailíte. Ansin easpórtálfar an sludach ó Loch Garman le haghaidh cóireála agus diúscartha.

Tá an t-ionad satailíte i Ros Mhic Thriúin i bhfeidhm cheana féin, agus déanfar forbairt ar na cinn i nGuaire/Baile na Cúirte i rith na n-uasghrádaithe atá pleanáilte dá gcuid saoráidí cóireála fuíolluisce. Tá toilleadh suiteáilte 80,000 PE ag an tsaoráid chóireála sloda i Loch Garman.

Cuirtear ionaid spásúla ar fáil i roinnt mhaith ionaid eile a bheidh ag easpórtáil sludaigh go Loch Garman go díreach. Ina measc seo, tá an Abhainn Dubh, Cill Mhucraise, Bun Clóidí agus Ros Láir.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir WM01

Go gcuirfí i bhfeidhm na forálacha sa Phlean Bainistíochta Dramhaíola Comhbheartaithe don Réigiún Thoir-Theas 2006-2011, agus aon leagan nuashonraithe a fhoilseofar le linn shaolré an Phlean, ach iad a bheith in oiriúint le hAirteagal 6 sa Treoir maidir le Gnáthóga.

Cuspóir WM02

Feasacht an phobail a ardú maidir leis an tábhacht a bhaineann le bainistíocht dramhaíola, cosc a chur uirthi agus í a íoslaghdú, ach go háirithe. Tabharfaidh an Chomhairle spreagadh do phobail áitiúla, scoileanna agus gnólachtaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a chothaíonn feasacht comhshaoil agus athchúrsáil pobalbhunaithe nó aon tionscnamh a chothaíonn gníomhaíochtaí áitiúla i leith bainistíocht inbhuanaithe dramhaíola.

Cuspóir WM03

An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl a chur i bhfeidhm mar aon le haon leagan nuashonraithe a fhoilseofar le linn shaolré an Phlean. Leanfaidh an Chomhairle ag tabhairt tacaíochta do thionscnaimh dá leithéidí an 'Tionscnamh Gnó Glas' agus 'Clár na Scoileanna Glasa', a chuireann cosc ar dhramhaíl chun cinn i ngnólachtaí agus scoileanna.

Cuspóir WM04

Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt straitéisí maidir le híoslaghdú dramhaíl tí, tráchtála agus thionsclaíoch.

Cuspóir WM05

Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt saoráidí athchúrsála agus aisghabhála dramhaíola, iad suite in áiteanna cuí, mar shampla, ionaid *Fág Anseo*, ionaid chonláiste cathartha, stáisiúin aistrithe dramhaíola, saoráidí ábhair dhramhaíola agus saoráidí cóireála údaráithe do charranna ag deireadh a saolré chun go n-éascófaí laghdú sa mhéid dramhaíola ag dul go suíomhanna diúscartha líonta talún, ach bheith in oiriúint leis na gnáthchritéir i leith pleanála agus an chomhshaoil agus na caighdeáin bhainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

Cuspóir WM06

A chinntiú go ndéantar dramhaíl tí ghuaiseach a dhiúscairt de réir na bhforálacha sa Phlean Náisiúnta um Bainistíocht Dramhaíola Ghuaisí 2008-2012, agus aon leagan nuashonraithe foilsithe i rith shaolré an Phlean, in oiriúint le hAirteagal 6 sa Treoir maidir le Gnáthóga.

Cuspóir WM07

Spreagadh agus éascú a thabhairt d'fhorbairt ar chomhroghanna nua agus dul chun cinn i dteicneolaíocht maidir le bainistíocht dramhaíola, mar shampla, scéimeanna *Fuinneamh as Dramhaíl Orgánach/Cumhacht is Teas in Éineacht* in oiriúint leis na critéir i leith na n-áiteanna a shuítear saoráidí bainistíochta dramhaíola iniata in Alt 10.6.3 thuas agus in oiriúint leis na gnáthchritéir i leith pleanála agus faoi réir na gcaighdeáin bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

Cuspóir WM08

Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt saoráidí athchúrsála do dhramhaíl Tógála agus Scartála ag suíomhanna cuí in oiriúint leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus de réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

Cuspóir WM09

Forbairt saoraidí athchúrsáil dramhaíola tógála agus scartála a spreagadh ag láithreacha cuí, in oiriúint leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

Cuspóir WM010

Go spreagfar athchúrsáil agus athúsáid tathagú ó dhramhaíl Tógála agus Scartála.

Cuspóir WM011

A chinntiú go ndéantar diúscairt ar dhramhaíl talmhaíochta i mbealach atá sábháilte agus in oiriúint leis an Treoir um Níotráití, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-Chleachtais Talmhaíochta maidir le Cosaint Uiscí), 2009 (I.R. Uimh 101 de 2009), Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-Chleachtais Talmhaíochta maidir le Cosaint Uiscí), 2010 (I.R. Uimh 610 de 2010), an Treoir maidir le Gnáthóga agus aon fhorálacha reachtúla ábhartha eile.

Cuspóir WM012

Féachaint don Phlean Bainistíochta Sludaigh do Chontae Loch Garman 2001-2020 agus aon leagan nuashonraithe foilsithe i rith shaolré an Phlean, in oiriúint le hAirteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga

10.7 Bainistíocht Bruscair

Aithnítear bruscar sa Phlean Bainistíochta Bruscair don Chontae 2010-2013 mar ábhar imní suntasach do shaoránaigh an Chontae. Díríonn an Plean ar fhadhb an bhruscair a laghdú sa Chontae trí (i) oideachas agus feasacht, (ii) cosc ar bhruscar, (iii) forfheidhmiú, (iv) páirtíocht phobail agus (v) aisghabháil agus athchúrsáil.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir LM01

Forálacha an Phlean Bainistíochta Bruscair 2010-2013 do Chontae Loch Garman a chur i bhfeidhm, mar aon le haon leagan nuashonraithe den Phlean seo.

10.8 Láithreáin Stairiúla Líonta Talún

Déanann na Rialacháin Bhainistíochta Dramhaíola (Deimhniúchán ar Ghníomhaíochtaí Diúscartha agus Aisghabhála Neamhcheadúnaithe ar Dhramhaíl Stairiúil), 2008 (I.R. Uimh 524 de 2008) foráil ar dheimhniúchán láithreáin stairiúla neamhcheadaithe diúscartha dramhaíola a bhí i bhfeidhm idir 1977 agus 1966. Éilíonn na Rialacháin go gcláraíonn údaráis áitiúla na saoráidí seo, go ndéantar measúnú riosca ar na láithreáin, agus go ndéantar cinneadh faoi aon bhearta leasaithe atá de dhíth. Tá 12 láithreán líonta talún stairiúil sainaitheanta ag an gComhairle sa chontae. Ullmhaíodh measúnaithe riosca agus, mar ba ghá, moladh bearta leasaithe agus cuireadh iad faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, atá freagrach as na teastais údaráithe a eisiúint. Déanfar mapáil ar láithreáin stairiúla líonta talún agus beidh na mapaí le feiceáil ar shuíomh idirlín na Comhairle.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir HL01

Cíoradh cúramach a dhéanamh ar úsáid na talún agus na moltaí i leith forbairtí laistigh de 250 méadar de láithreáin stairiúla líonta talún de réir na bhforálacha sa doiciméad Foirgnimh Nua agus a nÁititheoirí a Chosaint ó Ghás Láithreáin Líonta (an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, 1994) agus aon leagan nuashonraithe den doiciméad seo.

Cuspóir HL02

Pleananna feabhsuchán a chur i bhfeidhm i leith na láithreán líonta talún sa Chontae.

10.9 Reiligi agus Créameatóiriamáí

Reiligi

De Réir Alt 160 den Acht um Shláinte Phoiblí, tá an dualgas ar gach údarás sláintíoch (Údarás Áitiúil) feidhmiú mar bhord adhlactha ina limistéar riaracháin féin. Tá freagracht reachtúil, áfach, ar an gComhairle foráil a dhéanamh ar ionaid adhlactha. Faoi láthair, tá ionaid adhlactha mar chúram ag an gComhairle ag 12

láithreán ar fud an chontae. Freisin, tá roinnt mhaith seanláithreacha adhlactha dílsithe don Chomhairle. Tá cead ag pobail áitiúla a gcuid ionaid adhlactha féin a fhorbairt. Tugann an Chomhairle cúnamh teicniúil, agus má bhíonn sé indéanta, cúnamh airgeadais chun ionaid adhlactha faoi chúram an pharóiste a chothabháil.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir BG01

Ionaid adhlactha nó sínte orthu a chur ar fáil agus a éascú ag suíomhanna cuí ar fud an chontae in oiriúint leis na gnáthchritéir pleanála agus chomhshaoil agus faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

Cuspóir BG02

A chinntiú go ndéantar bainistiú agus cothabháil ar ionaid adhlactha ar fud an chontae i mbealach a thugann ómós don chultúr agus oidhreacht a bhaineann leo.

Créamatóiriamái

Is malairt ar adhlacadh é créamadh, agus cé go bhfanann adhlacadh mar an rogha is coitianta, tá éileamh níos mó ar chréamadh le déanaí. Faoi láthair, níl aon chréamatóiriam sa chontae. Déanfaidh an tÚdarás Pleanála cíoradh ar chréamatóiriam a fhorbairt mar aon le séipéal/teach tórraimh laistigh de na tailte céanna, ag suíomhanna cuí sa chontae in oiriúint leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil.

Tá sé de Chuspóir na Comhairle:

Cuspóir CM01

Cíoradh a dhéanamh ar chréamatóiriam a fhorbairt mar aon le saoráidí gaolmhara agus séipéal/teach tórraimh san áireamh, ag suíomhanna cuí sa chontae in oiriúint leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

10.10 Cosc ar Mhórthionóiscí

Is fearr aithne ar an Treoir CE COMAH 96/82/EC leasaithe ag Treoir 2003/105/CE mar Threoir Seveso II. Cuireadh an Treoir i bhfeidhm in Éirinn trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist), 2006 (I.R.Uimh. 74/2006) Baineann an Treoir agus na rialacháin le forais (ar a dtugtar 'suíomhanna Seveso' de ghnáth) a bhfuil guais mhórthionóisce ag baint leo mar go bhfuil cainníocht áirithe substaintí contúirteacha le fáil iontu. Tá dhá chatagóir forais mhórthionóisce ann: Forais Uas-Sraithe agus Leibhéil Íochtair, ar a ndéantar sainmhíniú bunaithe ar chainníocht na substaintí atá iontu. Faoi láthair tá cúig fhoras Seveso/Mórthionóisce laistigh de nó i ngaireacht do Chontae Loch Garman mar a thaispeántear i dTábla Uimh. 24.

Is é cuspóir na rialachán a chinntiú go mbeidh, ag suíomhanna ina láimhseáiltear substaintí contúirteacha i gcainníochtaí os cionn tairseacha sonraithe, ardleibheál cosanta ar dhaoine, ar réadmhaoin agus ar an gcomhshaoil. Bainfear é seo amach le:

- (i) riosca mórthionóisce a chosc nó a íosladgdú, agus
- (ii) gach beart riachtanach a thógáil le hiarmhairtí aon tionóisc mar sin a theorannú, dá dtarlódh sí.

Tábla Uimh. 24 Forais Mhórthionóisce/Seveso i gContae Loch Garman⁹

Forais Leibhéal Íochtair	• Atlantic Industries, Draighneach, Co. Loch Garman • Nitrofert Teo., Calafort Ráithín, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman. • Endesa Ireland, Teo., Cumhachtstaisiun Oileán Mór an Bharraigh, Ceann Phoill, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman.
Leibhéal Uachtair:	• Goulding Chemicals, Teo., Baile na mBuilí, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman.

Éilíonn an tAcht um Phleanáil agus Forbairt, 2000 (leasaithe) go gcoinneofar cosc ar fhorais mhórthionóisce agus go ndéanfar forbairt orthu le haghaidh an riosca a

⁹ Tá liosta na bhforas faoi réir athraithe. Tá liosta suas-chun-dáta na bhforas Seveso/Mórthionóisc i gContae Loch Garman le fáil ó Chomhairle Chontae Loch Garman nó ón Údarás Sláinte agus Sáibhálteachta.

bhaineann le mórtionóiscí a laghdú, nó teorannú a dhéanamh ar aon iarmhairtí a thioctadh astu. Baintear é seo amach le cosc a choinneáil ar shuíomhanna forais nua, agus bunathruithe a dhéanamh ar fhorais atá ann cheana féin, chomh maith le forbairtí i ngaireacht d'aon fhoras dá leithéidí.

Caithfidh an beartas a bhaineann le húsáid talún a thabhairt san áireamh go bhfuil gá fad riachtanach a choimeád idir forais mhórtionóisce agus limistéir chónaithe, foirgnimh agus tailte in úsáid ag an bpobal agus mórbhealaigh iompair chomh fada agus is féidir, chomh maith le limistéir aeraíochta agus limistéir lena mbaineann íogaireacht nó suim nádúrtha.

Leagtar amach in Airteagal 12 den Treoir go gcaithfear nósanna comhairliúcháin a chur i bhfeidhm chun a chinntiú, roimh d'aon chinneadh bheith déanta, go bhfuil comhairle theicniúil ar fáil d'Údarás Pleanála maidir le forais ábhartha. Tá an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) ainmnithe mar an tÚdarás Inniúil Lárnach a chuirfidh na Rialacháin i bhfeidhm. Sainíonn na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (Leasaithe) go bhfuil stádas ag an ÚSS mar Údarás Forordaithe. Tá se mar dhualgas ag an gComhairle dul i gcomharliúchán leis an ÚSS agus iad i mbun ullmhúchán ar Phleananna Forbartha agus ag déanamh measúnú ar thograí ina bhfuil na Rialacháin Mhórtionóisce ábhartha. Éilítear ar an ÚSS comhairle theicniúil a chur ar fáil don Chomhairle i leith an riosca, nó na n-iarmhairtí a bhaineann le mórtionóisc.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir COMAH01

Iad seo a leanas a choinneáil faoi chosc chun an rioscaí a laghdú nó na hiarmhairtí a theorannú i gcás mórtionóisce (in oiriúint leis an Treoir ar Mhórtionóiscí agus aon rialachán, faoi aon achtachán, a thugann éifeacht don Treoir sin.

- Lonnú suíomhanna Guaiseacha Mórtionóiscí
- Bunathrú ar shuíomhanna Guaiseacha Mórtionóiscí
- Forbairt i ngaireacht do Shuíomh Guaiseacha Mórtionóiscí mar atá leagtha amach sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (Leasaithe).

Cuspóir COMAH02

Dul i gcomharliúchán leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus féachaint don chomhairle theicniúil dá gcuid i rith ullmhúcháin phleananna forbartha agus phleananna ceantair áitiúil, agus i rith measúnú ar iarratais ina bhfuil an Treoir ar Mhórthionóiscí ábhartha.

Caibidil 11 Fuinneamh

11.1 Réamhra

Tá soláthar fuinnimh iontaofa bunriachtanach i leith forbairt shóisialta agus gheilleagrach. Leagtar amach sa chaibidil seo na cuspóirí d'fhorbairt agus stóráil fuinnimh i gCo. Loch Garman. Cabhraíonn sé le baint amach na sprice 40% d'éileamh fuinnimh na tíre ó fhoinsí inbhuanaithe bheith sroichte faoi 2020, agus trialann sé an contae a fhorbairt mar gheilleagar ísealcharbóin, trí bhailiú agus stóráil fuinnimh in-athnuaite. Tá cuspóirí ann, freisin, éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a chur chun cinn agus patrúin forbartha a spreagadh a laghdóidh an t-éileamh ar fhuinneamh.

11.2 Fuinneamh

Tá an cumas a bhíonn ag an ngeilleagar feidhmiú go rathúil ag brath go criticiúil ar sholáthar imleor fuinnimh atá inacmhainne agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Leagtar amach sa Pháipéar Bán ón Rialtas 'Ag Soláthar Todhchaí le Fuinneamh Inbhuanaithe d'Éireann' (An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, 2007) Creatlach an Bheartais Fuinnimh don tréimhse 2007-2020. Leagann sé amach roinnt spriocanna straitéiseacha ar mhaithe le soláthar fuinnimh a chinntiú, iomaíochas a leasú agus inbhuanaitheacht i soláthar agus úsáid fuinnimh a chur chun cinn. Lárnach sna cuspóirí seo, tá gá aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide, agus laghdú a dhéanamh ar astúcháin Gháis Cheaptha Teasa (GCT) trí fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn agus ár n-éifeachtúlacht fuinnimh féin a uasmhéadú.

Tá sé beartaithe sa Chlár Fuinnimh sa Phlean Náisiúnta Forbartha 2007-2013 infheistiú €8.5 billiún a dhéanamh ar fuinneamh thar thréimhse an Phlean. San áireamh leis seo, tá infheistíocht i mbonneagar fuinnimh straitéiseach agus bearta fuinnimh inbhuanaithe, chomh maith le hinfheistíocht i ngás nádúrtha agus líonraí leictreachais. Is í aidhm straitéiseach fhoriomlán an Chláir Fuinnimh ná a chinntiú go mbeidh soláthar fuinnimh fadtéarmach le fáil ar phraghas réasúnta, ach fós ag cloí leis na caighdeáin chomhshaoil ar leibhéil arda.

Leanfaidh Comhairle Contae Loch Garman ag éascú forbartha ar réimse bealaí fuinnimh inbhuanaithe a chruthú laistigh den chontae chun soláthar fuinnimh éifeachtach a shlánú. Tá sé criticiúil go mbeadh an cumas ann soláthar inbhuanaithe fuinnimh gan bhriseadh ar chostas réasúnta a shlánú chun go mbeadh an contae ábalta leanúint le mealladh a dhéanamh ar infheistíocht isteach agus a bheith in ann timpeallacht thacúil a chur ar fáil do thionsclaíocht.

Tá an tomhaltas ar bhreoslaí iontaise anois i ngar don ráta táirgeachta a chiallaítear san fhuigheall "Buaicphointe Ola". Agus pragsanna ola ag ardú, aithníonn an Chomhairle nach féidir leanúint leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise atá i réim faoi láthair, mar is acmhainn í atá ag laghdú. Réiteach amháin atá ar an bhfadhb seo ná forbairt a dhéanamh ar gheilleagar ísealcharbóin, bunaithe ar úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite dá leithéidí barra gaoithe, taoidmheara agus fuinnimh, iad seo le bheith saothraithe chun riachtanais an chontae a chomhlíonadh. Déanfaidh an Chomhairle dícheall geilleagar nua ísealcharbóin a fhorbairt i gContae Loch Garman.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir EN01

A éascú go mbainfear amach soláthar agus stóráil fuinnimh do Chontae Loch Garman a bheidh daingean agus éifeachtach.

Cuspóir EN02

Contae Loch Garman a chur chun cinn mar chontae ísealcharbóin faoi 2019 trí infheistíocht isteach a mhealladh agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt foinsí fuinnimh a mbeidh aschur carbóin íseal acu.

Cuspóir EN03

Feasacht a ardú maidir leis an ngá atá ann spleáchas ar bhreoslaí iontaise a aisiompú, tionchair bhuaicphointe ola a mhaolú, agus astúcháin carbóin a laghdú, chun tionchair an athraithe aeráide a mhaolú.

11.2.1 Líonra Leictreachais

Sa straitéis GRID 25 de chuid EirGrid, leagtar amach na riachtanais don todhchaí a bheidh ag an líonra leictreachais suas go 2025. Tá sé ráite sa straitéis go gcaithfear toilleadh na coda is mó den chóras tarchuir bheith dúbailte faoi 2025 chun éascú a dhéanamh ar an méadú riachtanach i nginiúint in-athnuaite (40% leictreachas le bheith ginte ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020), chun riachtanais an chustaiméara a chomhlíonadh go leormhaith agus chun a chinntiú go bhfuil bonneagar soláthair leictreachais ag Éireann chun ár bhfás geilleagrach a chinntiú agus ár n-iomaíochas a uasmhéadú. Bainfear é seo amach trí mhórneartú a chur thar gach limistéar leis an líonra atá ann cheana féin. Mar aon le sin, cuirfidh an tionscadal Idirnasctha Thoir-Thiar, atá á chur ar aghaidh faoi láthair ag EirGrid, nasc 500 MW leis an RA. Neartóidh sé seo slándáil an tsoláthair agus cruthóidh sé deiseanna fuinneamh a easpórtáil nó a iompórtáil.

Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht d'athneartú na heangaí tarchuir chun an soláthar fuinnimh don chontae a fheabhsú. Agus conairí bealaigh straitéiseacha aitheanta, tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht do na soláthróirí reachtúla atá ag plé leis an mbonneagar eangaí náisiúnta. Déanfar é seo trí chosaint a thabhairt do na conairí bealaigh sin ó chúngach forbróirí eile ar dhócha go dtiocfaidís salach ar sholáthar eangacha fuinnimh, ach amháin nach mbíonn tionchair dhiúltacha ag na conairí ar chonláistí cónaithe nó ar an gcomhshaoil. Sa chás go mbíonn línte ardvoltais ag trasnú limistéir chónaithe atá ann cheana nó atá molta, caithfear iad a bheith curtha faoin talamh, nuair is cuí, ar mhaithe le conláistí cónaithe.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir EN04

Éascú a thabhairt do sholáthar agus feabhsú na n-eangach fuinnimh i bprionsabal, ach amháin nuair is féidir a thaispeáint go:

- Bhfuil gá leis an bhforbairt chun éascú a dhéanamh do sholáthar nó coinneáil bonneagair geilleagrach nó shóisialta a bhfuil suntas ag baint leis.
- Roghnaíodh an bealach atá molta le machnamh cuí déanta ar thionchair shóisialta, chomhshaoil, agus chultúrtha.

- Dearadh é sa chaoi go gcoinneofar an tionchar ar an gcomhshaol ag an íosmhéid ach gan costas iomarcach a bheith leis, dá réir.
- Sa chás nach féidir tionchair a sheachaint cuirfear gnéithe maolaithe i bhfeidhm.
- Caithfear an measúnú ar aon togra i leith bhonneagair fuinnimh a bheith déanta de réir riachtanais Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga

11.2.2 Líonra Gáis

Tá sé ráite ag Bord Gáis go leanfar leis an athbhreithniú i leith an phoitéinsil atá ann an líonra gáis a shíneadh chomh fada le Contae Loch Garman má bhíonn na saoráidí sa cheantar in ann é seo a éascú. Tá iarratas curtha isteach ag Bord Gáis leis an mBord Pleanála ar phíblíne a shínfeadh go dtí Stáisiún Cumhachta Oileán Mór an Bharraigh. Má thógtar í, béarfaidh an píblíne seo gás nádúrtha go dtí Oileán Mór an Bharraigh ó phointe soláthair ar an líonra tarchuir gháis atá ann cheana ag Bán Loisce, tuairim is 6km ó dheas ó Chathair Chill Chainnigh. Cuirfidh sé seo nasc ar fáil leis an stáisiún giniúna údairithe 430 MW Gástuirbín Cúrsa in Éineacht (GCÉ) ag Oileán Mór an Bharraigh.

Tugann na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha don Réigiún Thoir-Theas 2010-2022 tacaíocht d'uasghrádú a dhéanamh ar an ngléasra giniúna ag Oileán Mór an Bharraigh ó ghléasra olabhreoslaithe go gléasra cúrsa-in-éineacht gásadhainte. Tugann na Treoirlínte tacaíocht, freisin, d'fhorbairt a dhéanamh ar ghléasra buaice gásadhainte lonnaithe ar shuíomhanna cuí agus toilleadh acu idir 50-100 MW chun solúbthacht a chur ar fáil a chothromóidh an eangach leictreachais. Is é atá i ngléasra buaice ná gléasra cumhachta nach ritheann go hiondúil ach amháin nuair a bhíonn éileamh mór, sé sin buaic-éileamh ar leictreachas. Tá feidhm acu go príomha mar chúltuilleadh don eangach.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir EN05

Tacaíocht a thabhairt do shíneadh a chur leis an líonra gáis chomh fada le Contae Loch Garman, in oiriúint leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil, agus faoi réir na gcaighdeáin bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

Cuspóir EN06

Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt a dhéanamh ar ghléasra buaice gásadhainte lonnaithe ar shuíomhanna cuí agus toilleadh acu idir 50-100 MW, in oiriúint leis na gnáthgchritéir phleanála agus chomhshaoil agus faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

11.3 Fuinneamh In-athnuaite

Baineann an téarma fuinneamh in-athnuaite go ginearálta le leictreachas soláthraithe ag foinsí fuinnimh in-athnuaite, mar fhuinneamh gaoithe, grianchumhacht, hidreachumhacht, agus cineálacha bithmhaise éagsúla. D'fhéadfadh soláthar fuinnimh in-athnuaite freastal ar fhadhbanna geilleagracha agus comhshaoil trí phoist agus ioncaim shlána a chur ar fáil, damáiste don chomhshaoil a sheachaint agus cur in aghaidh athruithe aeráide i mbealach bailí.

Éilíonn an Treoir maidir le Fuinnimh In-athnuaite (2009/28/CE) go gcaithfidh 20% d'ídiú fuinnimh an AE thar na hearnálacha leictreachais, iompair agus teasa teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020. Tugtar spriocanna difriúla do gach Ballstát chun an sprioc fhoriomlán seo a bhaint amach san Eoraip. Is í an sprioc atá ag Éirinn ná go gcaithfidh 16% den fhuinneamh uile a ídtear thar na trí earnáil bheith ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020. Seachas fo-sprioc íosmhéid 10% san earnáil iompair, tá solúbthacht i gcás gach tíre chun rogha a dhéanamh faoi cén chaoi is fearr a sprioc féin a bhaint amach thar na hearnálacha. Leagtar amach na spriocanna indibhidiúlacha atá ag Éirinn sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fuinnimh In-Athnuaite (PGNFI) (an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, 2010), mar a leanas:

- 40% den Ídiú leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020

- 10% feithiclí leictreacha faoi 2020
- 12% teas in-athnuaite faoi 2020

Spreagfaidh an Chomhairle forbairt ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, agus uasmhéadú ar tháirgeadh leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite. Agus an méid seo ar bun, féachfaidh an Chomhairle do na Treoirínte d'Údaráis Pleanála maidir le Forbairt Fuinnimh Ghaoithe (an Roinn Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil, 2006) agus aon treoirínte ábhartha eile a d'fhéadfadh a bheith foilsithe i rith thréimhse an Phlean.

Tacóidh an Chomhairle, freisin, le cur i bhfeidhm Straitéis Bhord Forbartha Contae Loch Garman 'Ag Suíomh Loch Garman don Chorr Chun Feabhais': I dTreo Fás agus Forbairt Inbhuanaithe (2010). Is í an aidhm atá ag an Straitéis seo ná soláthar fuinnimh inbhuanaithe a bhaint amach do Chontae Loch Garman a leasóidh ár n-iomaíochas laistigh den Réigiún agus a spreagfaidh cruthú post. Tá roinnt bearta sa Straitéis chun fuinneamh inbhuanaithe a fhorbairt, ina measc:

- Plean a fhorbairt a dhéanfaidh 'Contae Glas' as Loch Garman.
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn chun ár lorg carbóin a chur ar nialas
- Bainistiú ar bheartais phleanála agus creatlacha eile chun tús áite a thabhairt d'inbhuanaitheacht fuinnimh
- Spreagadh a dhéanamh ar thionscadail fuinnimh ghlas phíolótacha
- Infheistíocht a dhéanamh i bhfuinneamh agus in éifeachtúlacht fuinnimh i ngach foirgneamh de chuid an Údaráis Áitiúil
- Ionad eolaíochta barr feabhais a chur ar bun a thugann tacaíocht do nuálaíocht i mbithfuinneamh.

11.3.1 Criosanna Fuinnimh Inbhuanaithe

Cuireann na Treoirínte maidir le Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe (an SEAI, 2011) eolas ar fáil d'údaráis áitiúla agus ceannairí pobal agus tugann siad struchtúr dóibh Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe (PFI) a fhorbairt. Is é atá i gceist le PFI ná pobal ina bhfuil gach duine ag oibriú le chéile chun córas fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt. Chuige seo, bíonn sé mar aidhm acu éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach chomh fada agus is féidir, fuinneamh in-athnuaite a úsáid má bhíonn sé indéanta, agus

soláthar fuinnimh díláraithe a fhorbairt. Baineann sé le gach foirgneamh, na cinn chónaithe, phoiblí agus tráchtála san áireamh. Díríonn an PFI i dtosach ar ghníomhaíocht i limistéar geografach sainithe ar a dtugtar Clais Fuinnimh Inbhuanaithe (CFI) ach d'fhéadfadh na tairbhí a bheith leathnaithe amach agus macasamhlaithe sa phobal i gcoitinne agus sa réigiún. Oibríonn gach earnáil den phobal chun an sprioc chéanna a bhaint amach: cuir bearta atá éifeachtúil le fuinneamh i bhfeidhm i dtosach agus ansin bain úsáid as foinsí in-athnuaite.

Déantar iarracht sa doiciméad de chuid na Comhairle 'Jabchruthúchán as Giniúint agus Úsáid Fuinnimh ó Fhoinsí Fuinnimh In-athnuaite' (Meitheamh 2010) geilleagar glas a chruthú i Loch Garman. Is í aidhm fhoriomlán an doiciméid seo spreagadh a dhéanamh ar dhéantúsaíocht teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite agus dreasacht a dhéanamh ar sholáthar barra fuinnimh. Moltar sa doiciméad Claiseanna Fuinnimh Inbhuanaithe (CFI) a fhorbairt ag Caisleán Bhaile Eoin, Lárionad Gnó Dhraighní agus Europort Ros Láir leis an dara céim curtha i bhfeidhm i nGuaire, Ros Mhic Thriúin agus Inis Córthaidh.

Sna CFIanna, beidh mogall aonáin, poiblí agus príobháideach, iad uile aontaithe ar an éileamh atá acu ar fhuinneamh a íoslaghdú, méadú a dhéanamh ar an méid fuinneamh in-athnuaite a úsáideann siad, agus iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá acu a gcuid acmhainní a roinnt. Cuirtear an cur chuige seo i bhfeidhm chun acmhainní fuinnimh in-athnuaite a dhíriú ar lóid teasa atá ann cheana féin. Chruthódh sé seo poist úra sa gheilleagar áitiúil trí dhí-áitiú breoslaí iontaise, agus choinneodh sé poist atá ann cheana féin trí leas a chur le hiomaíochas an tionscail.

Is í an aidhm atá ag an CFI ag Europort Ros Láir ná forbairt a dhéanamh ar an gcalafort chun ionad barr feabhais a dhéanamh as i leith fuinneamh gaoithe, agus tacaíocht a thabhairt don tionscal fuinneamh gaoithe eischósta trí sheirbhísí tacaíochta a chur ar fáil, dá leithéidí saoráidí tógála, cóimeála agus cothabhála. Tá sé mar aidhm, freisin, ag an CFI deiseanna a chioradh forbairt a dhéanamh ar acmhainní toinne agus taoidmheara amach ón gCósta Thoir, agus aonaid ghoir agus déantúsaíochta fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt le haghaidh tomhaltóirí intíre agus le haghaidh easpórtála. Tá deiseanna ann, freisin, le cóimeáil agus cothabháil

charranna leictreacha agus trucailí. Chruthódh sé seo deiseanna oibre agus ardphoitéinseal easpórtála chuig an RA agus mórhír na hEorpa.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir EN07

Spreagadh a thabhairt do, agus cíoradh fabhrach a dhéanamh ar thograí i leith forbairtí fuinnimh in-athnuaite agus saoráidí coimhdeacha chun spriocanna fuinnimh in-athnuaite náisiúnta, réigiúnacha agus contae a bhaint amach, agus chun laghdú in astúcháin CO₂ a éascú agus geilleagar ísealcharbóin a chur chun cinn, in oiriúint leis na caighdeáin bhainistíochta forbartha i gcaibidil 18 agus Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga.

Cuspóir EN08

Tacú le Bord Forbartha Loch Garman na bearta atá molta i 'Loch Garman a Shuíomh don Chor Chun Feabhais' a chur i bhfeidhm, I dTreo Fás Inbhuanaithe agus Forbairt (an Bord Forbartha Loch Garman, 2010), maidir le soláthar fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt agus Contae Loch Garman a chur chun cinn mar 'Chontae Glas'.

Cuspóir EN09

Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt Criosanna Fuinnimh Inbhuanaithe, i dtosach ag Caisleán Bhaile Eoin, Draighneach agus Europort Ros Láir, agus leanúint le criosanna thar an gContae in oiriúint leis na Treoirlínte um Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe (an SEAI, 2011), agus an doiciméad de chuid na Comhairle 'Cruthú Post as Giniúint agus Úsáid Fuinnimh ó Fhoinsí Fuinnimh In-Athnuaite (Comhairle Contae Loch Garman, 2010).

Cuspóir EN10

Straitéis Fuinnimh In-Athnuaite do Chontae Loch Garman a ullmhú i rith shaolré an Phlean, a chuirfidh leis, agus a thabharfaidh tacaíocht don Straitéis um Fhuinneamh Gaoithe 2013-2019, aon Straitéis ar Athrú Aeráide don Chontae agus an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta maidir le Fuinneamh In-Athnuaite (an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, 201

11.3.2 Fuinneamh Gaoithe

Sa Straitéis um Fhuinneamh Gaoithe do Chontae Loch Garman 2013-2019, aithnítear limistéir atá oiriúnach d'fhorbairt fuinneamh gaoithe ag cur san áireamh roinnt fachtóirí mar luas na gaoithe, cóngarachacht don eangach náisiúnta agus bac an chomhshaoil. Is í an aidhm atá ag an Straitéis ná sprioc 255 MW fuinneamh gaoithe a bhaint amach faoi 2019, a chuirfidh Contae Loch Garman ar a cumas coibhéis breis agus 70% dá riachtanais leictreachais a ghiniúint ó fhuinneamh gaoithe, rud a chuirfidh go mór leis an sprioc náisiúnta 40% ídiú leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020.

Roghnaíodh an sprioc 70% mar go bhfuil infhaighteacht gaoithe i bhfad níos suntasaí sa chontae (i.e luasanna gaoithe níos airde thar achar geografach níos leithne) ná na ceithre chontae eile sa Réigiún Thoir-Theas. Ag tabhairt san áireamh an fhoinsé seo, na tuartha i leith éilimh ar leictreachas, agus faoi réir bonneagar tarchuir riachtanaigh a bheith curtha ar fáil, tá an poitéinseal ag Contae Loch Garman forbairtí fuinneamh gaoithe breise a shú isteach agus cur go suntasach leis an sprioc náisiúnta 40%.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir EN11

Forbairt fuinneamh gaoithe a chur chun cinn agus a éascú in oiriúint leis na Treoirínte d'Údaráis Pleanála maidir le Forbairt Fuinneamh Gaoithe (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2006) agus an Straitéis maidir le Fuinneamh Gaoithe atá mar pháirt den Phlean seo, in oiriúint leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

11.3.3 Bithfhuinneamh

Is é atá i mBithfhuinneamh ná fuinneamh a bhaintear ó bhitmhais a bhfuil ábhair bhitheolaíocha iontu dá leithéidí plandaí, ainmhithe, adhmad agus dramhaíl.

Táirgtear bithfhuinneamh trí roinnt próisis dhifriúla: dóchán agus díleá anaeróbach an dá cheann is coitianta agus is mó atá in úsáid. Is é dó an próiseas ina ndóitear bithmhais (sliseanna adhmaid, mar shampla) chun teas próisis a tháirgeadh nó chun

spás nó uisce a théamh. Le linn díleá anaeróbach, tarlaíonn trasfhoirmiú ar bhithmhais (aoileach, mar shampla) go gás meatáin nó bithghás. D'fhéadfaí an bithghás a úsáid chun breoslú a dhéanamh ar innill nach mbogann nó i ngástuirbín chun leictreachas a ghiniúint, nó d'fhéadfadh é bheith dóite i gcoire chun teas a sholáthar nó gal a chur ar fáil. Is féidir bithghás a chomhbhrú freisin agus a úsáid mar bhreosla iompair. Tagann tromlach an fhuinnimh bhithmhaisghinte ó dhó adhmaid chun teas a tháirgeadh.

Úsáidtear bithbhreosla go minic chun tagairt do bhreosla gásach a bhaintear ó bhithmhais. Is ionann bithbhreosla agus bithfhuinneamh, ciallaíonn an dá cheann fuinneamh bainte ó bhithmhais. Tá baint le deireanas ag bithbhreosla le breosla iompair in Éirinn; Úsáidtear bitheatánól in innill pheitрил splanc-adhainte agus úsáidtear bithdhíosal in innill chomhbhrúite díosal-adhainte. Is féidir bithbhreosla a thagann ó shaill/ola ainmhíoch a úsáid i bhfoirm neamhphróiseáilte nó tar éis dó bheith athraithe go bithdhíosal. Is táirge é bitheatánól ó choipeadh ábhair orgánach dá leithéidí biatas siúcra agus gránach.

Cuireann bithfhuinneamh deiseanna suntasacha ar fáil do phobail tuaithe athrú go fás barra fuinnimh. In 2010, chuir an Rialtas oibleagáid bhithbhreosla ar sholáthróirí peitрил agus díosail a chinntiú go bhfuil céatadán áirithe bitbhreosla á chur ar fáil acu as iomlán an bhreosla a sholáthraíonn siad. Is é 4% san iomlán in aghaidh na bliana an céatadán atá i bhfeidhm faoi láthair ach tá súil go méadófar an ráta sin thar ama. Beidh an t-iallach seo ar chumascóirí breosla mar chomhpháirt lárnach má bhíonn an sprioc náisiúnta le bheith bainte amach - is é sin, 10% fuinneamh in-athnuaite san earnáil iompair faoi 2020 mar atá leagtha síos sa Treoir In-Athnuaite.

Is é atá i gceist le Teas agus Cumhacht Comhnasctha (TCC) ná táirgeadh teasa agus cumhachta go comhuaineach. Is é TCC an rogha is éifeachtúla le leictreachas a tháirgeadh, le héifeachtúlacht 85% nó níos mó indéanta. Tá éifeachtúlacht suas go 35% i gceist le stáisiúin chumhachta nua-aimseartha, agus cailtear 10% cumhacht bhreise le linn tarchuir. Tá poitéinseal ollmhór ag teicneolaíochtaí TCC bunaithe ar dhó bithmhaise laghdú a dhéanamh ar astúcháin CO₂ mar go bhfuil siad bunaithe ar úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite (mar shampla, sliseanna adhmaid nó

min adhmaid) Tá an poitéinseal acu, freisin, fostaíocht áitiúil a mhéadú nuair a éilítear breosla go háitiúil.

Is é atá i gceist le córas téimh cheantair ná córas a sholáthraíonn teas ó choire lárnach do bhreis agus aon fhoirgneamh amháin, agus is comhrogha é do chórais téimh ar leith curtha ar fáil do gach foirgneamh ina aonair. Is iad na comhpháirteanna atá i gcóras ceantair ná coire lárnach, líonra píopaí inslithe ag scaradh an teasa agus malartóirí teasa i ngach foirgneamh. D'fhéadfadh téamh ceantair laghdú ar chostas caipitil agus méadú ar éifeachtúlacht a chur ar fáil. Tá an-éifeachtúlacht fuinnimh le fáil as comhcheangal idir TCC agus téamh ceantair.

Tá neart buntáistí ag baint le téamh lárnach bithmhaise. D'fhéadfadh sé:

- Cabhrú chuig an sprioc náisiúnta 12% téimh in-athnuaite agus fuarú faoi 2020.
- Astúcháin CO₂ a laghdú go suntasach agus cabhrú in aghaidh athrú aeráide
- Cabhrú leis an gcomhrac in aghaidh bochtanais breosla le teas ar chostas níos ísle a sholáthar do theaghlaigh ar ioncaim ísle.
- Fostaíocht a chruthú agus poist a choimeád le teas ar phraghas níos ísle a chur ar fáil do chustaiméirí.
- Soláthar teasa slán a chur ar fáil as fuinneamh bithmhaise foinsithe go háitiúil.

Tá sé ráite sa Phlean um Chur i bhFeidhm Bitfhuinnimh don Réigiún Thoir-Theas 2008-2013 (an tÚdarás Réigiúnach Thoir-Theas, 2008) go gcuireann bithfhuinneamh 1.5% fuinneamh ar fáil as an bhfuinneamh iomlán a ídtar laistigh den Réigiún Thoir-Theas. Leagtar síos sa Phlean sprioc 17% den iomlán deiridh réigiúnach ídithe fuinnimh thar na hearnálacha teasa, leictreachais agus iompair, a bheith soláthraithe as bithfhuinneamh faoi 2020. Is iad na príomhchuspóirí den Phlean ná meadú a dhéanamh ar an méid bithfhuinnimh a chuirtear le cothroime fuinnimh an réigiúin, laghdú a chothú ar bheith i dtuilleamaí breosla iontaise iompórtáilte, laghdú ar lorg carbóin an réigiúin maidir le hastúcháin GHG, agus forbairt tuaithe agus talmhaíochta inbhuanaithe a chur chun cinn.

Seoladh an Tionscadal Forbartha Gnó Bithmhaise Réigiúnaí (TFGBR) in Aibreán 2011. Bainteach sa tionscadal, atá comhchistithe faoin gClár INTEREG IVC, tá an tÚdarás Réigiúnach Thoir-Theas agus páirtnéirí ó réigiúin i gcúig thír AE eile. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal gnó bithmhaise a fhorbairt trí thacú le, agus forbairt a dhéanamh ar fhiontair sa slabhra soláthair bhithfhuinnimh. Cuideoidh an tionscadal TFGBR le táirgeoirí bithmhaise agus cabhróidh sé leo líonraí a chur ar bun agus a forbairt san earnáil bhithmhaise.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir EN12

Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na hearnála bhithmhaise agus a forbairt a éascú i leith táirgeadh fuinnimh, stóráil agus dáileadh teasa, in oiriúint leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus na gcaighdeáin bhainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

Cuspóir EN13

Tacaíocht agus cabhair a thabhairt maidir leis an bPlean Feidhmithe Bithfhuinnimh don Réigiún Thoir-Theas 2008-2013 a chur i bhfeidhm tríd an bpróiseas pleanála, in oiriúint le hAirteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga.

Cuspóir EN14

Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt díleátóirí anaeróbacha agus suiteáil monarchana próiseála bithbhreosla, in oiriúint leis na critéir a bhaineann le fuinnimh in-athnuaite, barra fuinnimh agus tógáil inbhuanaithe i gCaibidil 6 agus in oiriúint leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

Cuspóir EN15

Forbairt scéimeanna Dramhaíola Orgánaí go Fuinneamh/Teas agus Cumhacht Chomhcheangailte in oiriúint leis na critéir a bhaineann le láithriú saoraidí bainistíochta dramhaíola atá le fáil i gcaibidil 10 agus in oiriúint leis na gnáthchritéir i leith pleanála agus an chomhshaoil agus faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18

Cuspóir EN16

Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt Téamh Ceantair Bhithmhaise agus a fhorbairt a éascú i leith táirgeadh fuinnimh, stóráil agus dáileadh teasa, in oiriúint leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

11.3.4 Fuinneamh Tonn agus Taoidmhear

Tá na teicneolaíochtaí tonn agus taoidmhear ag an gcéim forbartha agus imlonnú píolótach. Aithnítear sa Dréachtphlean maidir le Forbairt ar Fhuinneamh In-Athnuaite Eischósta (an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, 2010) go bhfuil poitéinseal suntasach mogall comhlachtaí dúchasacha agus thar lear a fhorbairt, iad atá ag plé le táirgeadh, imlonnú agus feidhmiú teicneolaíochtaí in-athnuaite mara, ar dócha go mbeadh tairbhí suntasacha acu maidir le fostaíocht agus geilleagar na hÉireann. Aithníonn an Plean go mbeadh cósta thoir-theas na hÉireann oiriúnach d'fhorbairt taoidmhear.

Aithníonn réamhstaidéar déanta ag Fuinneamh Inmharthana Éireann (Acmhainní Fuinnimh Thaidmhir agus Srutha in Éirinn, FIÉ, 2004), gurb é an limistéar amach ón dTuscar agus Ceann an Chairn an acmhainn thaidmhir is fabhraí in Éirinn, ag tabhairt san áireamh bacanna teicniciúla, fisiciúla, institiúideacha agus inmharthana tráchtála. Tá an tIdirnascaire Thoir-Thiar críochnaithe anois agus soláthraíonn sé nasc 500 MW le hEangach na RA. Soláthróidh Eangach 25 nasc le hidirnascairí eile feadh an chósta thoir-theas nó an chósta theas. D'fheadfadh idirnascaire ó Loch Garman bheith nasctha le suíomh tástála taoide ag an Tuscar ina mbeadh deis ag forbróirí tástáil a dhéanamh ar fhréamhshamlacha taoide. Chuirfeadh forbairt SEZ ag Calafort Ros Láir poitéinseal ar fáil do chomhlachtaí atá páirteach i dtaighde agus forbairt ar fhuinneamh taoidmhear.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir EN17

Tacaíocht a thabhairt do staidéir indéantachta ag scrúdú na hacmhainne fuinnimh thaidmhir amach ón dTuscar agus forbairt na hacmhainne seo nuair is cuí in oiriúint

leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

11.3.5 Grianchumhacht

D'fhéadfaí grianchumhacht a úsáid i bhfoirgnimh chun teas agus leictreachas a chur ar fáil. D'fhéadfadh sí bheith i bhfoirm fuinneamh gréine (éighníomhach agus gníomhach) nó i bhfoirm fuinneamh gréine fótovoltaich. Is é atá i gceist le téamh gréine éighníomhach ná an bealach a dheartar foirgnimh chun neartú gréine a uasmhéadú agus caillteanas gréine a íoslaghdu. Is é atá i gceist le fuinneamh gréine gníomhach ná grianphainéil a bheith curtha in úsáid chun teas a dhéanamh as fuinneamh gréine le haghaidh téamh spáis nó uisce. Úsáideann Córais Fhótovoltaicha solas an lae chun radaíocht ghréine a choinbheartú i leictreachas, dá mhéid an solas, is mó a bheidh an sreabhadh leictreachais.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir EN18

Úsáid teicneolaíochtaí gréine a chur chun cinn i dteaghaisí, oifigí agus i bhfoirgnimh thráchtála agus thionsclaíocha, in oiriúint leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

11.3.6 Fuinneamh Hidrileictreach

Faightear Hidrileictreachas ón gcumhacht a bhaintear as sreabhadh uisce agus é ag titim, go tipiciúil ó shruthanna agus aibhneacha ag gluaiseacht go mear. Is foirm fuinnimh éifeachtúil agus iontaofa é hidreachumhacht ar an mionchóir. Má bhíonn an suíomh i gceart, is bealach inmharthana é cumhacht a chur ar fáil do thithe, ceardlanna nó gnólachtaí a bhfuil soláthar neamhspleách de dhíth orthu. Tá an poitéinseal ann i gContae Loch Garman gléasra beag hidreachumhachta a fhorbairt ar láithreacha muileann uisce atá ann cheana. Beidh na hoibreacha cathartha uile nó an chuid is mó acu críochnaithe acu, na cinn a bheidh ag teastáil chun an t-uisce a bhreith go dtí an innealra atá fós i bhfeidhm.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir EN19

Tionscnaimh hidreachumhachta ar an mionchóir a spreagadh, in oiriúint leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

11.3.6 Fuinneamh Geoiteirmeach

Is é atá i gceist le fuinneamh geoiteirmeach ná fuinneamh teasa atá stóráilte sa talamh. Súnn isteach dromchla an domhain radaíocht ón ngrian gach lá. Is féidir an teas seo a bhaint le caidéal teasa foinse thalún, a thraschuireann an teas atá stóráilte sa talamh nó i screamhuisce chuig foirgnimh sa gheimhreadh. Déantar a mhalairt sa samhradh chun fuarú a dhéanamh. Tabharfaidh an Chomhairle spreagadh do chaidéil teasa foinse thalún, a bhfuil an t-ainm caidéil teasa gheoiteirmeacha orthu freisin, a chur ar fáil. Úsáidtear iad seo le haghaidh téimh agus fuarú a dhéanamh ar spás, chomh maith le téamh uisce d'fhoirgnimh bhaile agus thráchtála.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir EN20

Úsáid táirgí fuinnimh geoiteirmeacha nua i bhforbairtí nua a chur chun cinn, in oiriúint leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus de réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

11.3.8 Fuinneamh Micrea-Inbhuanaithe

Soláthraínn na Rialacháin maidir le Pleanáil agus Forbairt, 2001 (Leasaithe) díolúintí ó chead pleanála do thuirbíní gaoithe baile, grianphainéil agus caidéil teasa laistigh de chúirtealáiste tí in oiriúint le coinníollacha áirithe. Soláthraíonn na Rialacháin díolúintí do mhicrighineadóirí in-athnuaite laistigh de chúirtealáiste foirgnimh aonair, áitreabh gnó agus gabhaltas talamhaíochta, ina measc sin gléasra CHP, tuirbíní gaoithe grianphainéil, caidéil teasa agus aonaid choire bhithmhaise. Ba cheart an méid a leanas a thabhairt faoi deara: Má bhíonn aon duine aonair ag iarraidh aon chineál micritheicneolaíocht bhithmhaise a shuiteáil nach luíonn laistigh de na

díolúintí, beidh ar an té sin iarratas ar chead pleanála a chur isteach. Freisin, tá na srianta atá ann cheana féin maidir le forbairt díolmhaithe mar atá leagtha síos in Airteagal 9 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (Leasaithe) i bhfeidhm.

11.4 Éifeachtúlacht Fuinnimh

Éifeachtúlacht Fuinnimh na hÉireann a Uasghrádú. Aithnítear sa Phlean um Éifeachtúlacht Fuinnimh Náisiúnta 2009-2020 (PEFN) (an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, 2009) gurbh í éifeachtúlacht fuinnimh an bealach is cost-éifeachtúla le spleáchas ar bhreosla iontaise agus astúcháin GHG a laghdú. Is é sábháil fuinnimh an bealach is fusa agus is éifeachtaí dul i ngleic leis an dúshlán atá ann i leith an spleáchais atá ag an tsochaí ar fhuinneamh, ag an am ceanna ag laghdú damáiste ar an gcomhshaol. Má úsáidtear níos lú fuinnimh, laghdaítear an riachtanas fuinneamh a ghiniúint ó aon fhoinsé, iontaise nó in-athnuaite. Soláthraíonn éifeachtúlacht fuinnimh deiseanna geilleagracha freisin, trí fhorbairt mhargaithe úra teicneolaíochta agus seirbhísí glasa, agus slándáil an tsoláthair a chinntiú.

11.4.1 Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh

Trasuíodh an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (2009/91/CE) i ndlí na hÉireann trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2006 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leasaithe) (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgnimh), 2008. Glacadh le hathmhúnlú na Treorach TFFF in 2010 (Treoir 2010/31/AE) chun feidhmíocht na riachtanas fuinnimh foirgneamh a neartú agus chun roinnt dá forálacha a shoiléiriú agus a sruthlíniú. Mar pháirt den Treoir, teastaíonn teastas Rátáil Fuinnimh Foirgneamh (RFF) sa chás go n-ofráiltear an foirgneamh ar cíós nó ar díol. Tomhaiseann an CFF feidhmíocht fuinnimh foirgnimh, agus cuireann sé an t-eolas ar fáil d'úinéirí tí agus iad ag cur feabhais ar éifeachtúlacht fuinnimh a n-áitribh.

Déalálann Páirt L de na Rialacháin Foirgníochta le caomhantas breosla agus fuinnimh i bhfoirgnimh. Leagtar síos sna Rialacháin go ndearfaí agus go dtógfaí foirgnimh chun a chinntiú go bhfuil feidhmíocht fuinnimh ag baint leis an bhfoirgneamh a chuireann teorann leis an méid fuinnimh a bhíonn ag teastáil chun

oibríocht an fhoirgnimh a choinneáil ar siúl, agus chun na hastúcháin dé-ocsáid charbóin (CO₂) a bhaineann leis an bhfuinneamh seo a choinneáil faoi smacht chomh fada agus a bhíonn sé sin réasúnta indéanta. D'fheadfadh sé seo a bheith bainte amach trí roinnt beart a chur i bhfeidhm, ina measc sin, úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite, teorainn a choinneáil ar chaillteanas teasa agus leas a bhaint as méadú teasa trí fhabraic an fhoirgnimh, mar aon le spás le héifeachtúlacht fuinnimh agus córais téimh uisce a úsáid.

Cé go n-éilíonn na Rialacháin Foirgníochta go mbainfidh foirgnimh caighdeán íosta amach i leith éifeachtúlacht fuinnimh, is fiú díriú ar leibhéil níos airde; d'fheadfadh coigiltí suntasacha a bheith i gceist maidir le costais teasa agus leictreachais thar shaolré an fhoirgnimh. Is bealach cost-éifeachtúil é freisin feidhmíocht fuinnimh foirgnimh le dul i ngleic le hathrú aeráide agus chun slánú fuinnimh a fheabhsú, ag an am ceanna ag cruthú deiseanna fostaíochta, go mórmhór san earnáil tógála.

Cuirfidh an Chomhairle chun cinn úsáid modhanna éifeachtúla fuinnimh maidir le dearadh agus aisfheistiú forbairtí atá ann cheana féin. Is é dearadh maith an eochair chun feidhmíocht fuinnimh optamach a bhaint amach i bhfoirgnimh, gan aon chostas breise ag baint leis. Is í an phríomhbheart ar a ndírítear ná foirgnimh a dhearadh a chruthaíonn imchlúdach foirgnimh a bhfuil éifeacht teasa ag baint leis. Bainfidh a leithéidí d'fhoirgnimh seo úsáid optamach as méaduithe teasa saora chun riachtanais téimh spáis a íoslaghdú, agus coimeádfar an méadú teasa seo trí úsáid a bhaint as córais inslithe agus aisghabháil teasa. Beidh deiseanna suntasacha le fáil as córais athnuaite bheaga nó córais téimh cheantair freisin.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir EN21

Go n-éileofar ar gach forbairt nua na spriocanna ísealfhuinnimh a bhaint amach. Beidh riachtanas ar éifeachtúlacht ísealfhuinnimh ag gach foirgneamh, a chomhlíonann na riachtanais i gCuid L de na Rialacháin Tógála, bunaithe ar na Ratálacha Fuinnimh Foirgneamh (RFF). Ba cheart go n-ionchorprófaí teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite ar mhaithe leis an rátáil atá ag teastáil a bhaint amach.

Cuspóir EN22

Tacaíocht a thabhairt do dhearadh tógála agus leagan amach nualách a thaispeánann ardleibhéal caomhnaithe fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite.

Cuspóir EN23

Tacaíocht a thabhairt do chomhtháthú foinsí fuinnimh athnuaite beaga i ndearadh agus tógáil forbairtí single agus in ilfhorbairtí

11.4.2 Éifeachtúlacht Fuinnimh in Iompar

Tá sprioc 10% feithiclí leictreacha faoi 2020 leagtha síos ag an an PGNFI. Tá sé ráite sa Phlean go bhfuil straitéis ar fheithiclí leictreacha á forbairt ag an Rialtas a bheidh mar thoradh uirthi go mbeidh íosmhéid 10% carranna paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma in Éirinn faoi chumhacht leictreach faoi 2020. Beidh sé mar thoradh ar rolladh amach na bhfeithiclí leictreacha go mbeidh laghdú in astúcháin GHG, rud a chuirfidh go mór lenár spriocanna fuinnimh in-athnuaite náisiúnta.

Páipear Bán an Rialtais 'Todhchaí Inbhuanaithe d'Éirinn a Sheachadadh': Leagann an Creat-Bheartas Fuinnimh 2007-2020 (an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, 2007) béim mhór ar cé chomh tábhachtach é forbairt a dhéanamh ar chóras iompair a chabhróidh le hiomaoíchas geilleagrach trí scrogaill bhonneagracha a sheachaint agus slándáil an tsoláthair a bhaint amach trí mheascán breosla éagsúil, ag an am céanna ag cur le comhtháthú sóisialta agus rochtain ag pobail i gceantair thuaithe foirmeallacha agus ag laghdú tionchair sa chomhshaol. Nótáiltear sa Pháipear go mbaintear scrogaill ó na bóithre, go laghdófar brú tráchta agus go bhfeabhsófar an méid ama a chaithfear ag taisteal mar thoradh ar infheistíocht sna bóithre náisiúnta. Leis an infheistíocht i dtionscnaimh iompair phoiblí tógtha san áireamh, feicfear laghduithe in ídiú breosla agus sna hastúcháin CO₂ a bhaineann leis.

Taisteal Níos Cliste: Leagtar amach in 'Todhchai Inbhuanaithe Iompair' (an Roinn Iompair, 2009) roinnt beart a thabharfaidh aghaidh ar na tionchair dhiúltacha a bhaineann le méadú san éileamh ar iompar, dá leithéidí brú tráchta agus athrú aeráide. Leagtar amach sa doiciméad roinnt eochairspríocanna dírithe ar éileamh

iompair foriomlán a laghdú, éifeachtúlacht an líonra tráchta a uasghrádú, spleáchas ar bhreosla iontaise a laghdú, astúcháin tráchta a laghdú agus inrochtaineacht ar iompar a fheabhsú.

Leanfaidh an Chomhairle ag tabhairt spreagtha d'éifeachtúlacht fuinnimh trí chomhtháthú an bhonneagair iompair agus phleanála ar úsáid talún, agus trí dhlúthlonnaíocht inbhuanaithe a chruthú a laghdóidh an riachtanas taistil ar fhostaíocht agus seirbhísí. Éascóidh an Chomhairle forbairt ar an mbonneagar agus na seirbhísí atá de dhíth chun glacadh le feithiclí leictreacha i measc an phobail a spreagadh. Cuirfear ar fáil freisin, nuair a bhíonn sé indéanta, bonneagar agus saoráidí riachtanacha chun cabhrú le daoine athrú go modhanna taistil malartacha, ina measc sin iompar poiblí, rothaíocht agus siúl. Déantar tuilleadh plé air seo i gCaibidil 8.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir EN24

Forbairt in úsáid feithiclí leictreacha a chur chun cinn agus soláthar an bhonneagair riachtanaigh a éascú, mar shampla pointí luchtaithe ag láthair inrochtana ar fud na tíre, in oiriúint leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

Cuspóir EN25

Úsáid modhanna iompair inbhuanaithe a spreagadh, mar shampla, iompar poiblí, rothaíocht agus siúl, chun astúcháin Gháis Ceaptha Teasa de dhéantús an duine a laghdú trí na beartais ar lonnaíochtaí inbhuanaithe sa Phlean seo agus soláthar bonneagar riachtanach, in oiriúint leis na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a shonraítear i gCaibidil 18.

Caibidil 12 Bainistíocht Riosca i gcás Tuile

12.1 Réamhrá

Is próiseas nádúrtha í tuile a d'fhéadfadh tarlú aon am in éagsúlacht leathan láithreacha. Bíonn tionchair shuntasacha aici ar ghníomhaíochtaí daonna, agus mar aon le damáiste geilleagrach agus sóisialta, d'fhéadfadh iarmhairtí diana don chomhshaoil a bheith i gceist. Mar thoradh ar athrú aeráide, tá an dealramh air go mbeidh méadú ar fhluchras agus ar ardú i leibhéal na mara, agus cuirfidh sé seo leis an mbaol atá ann go mbeidh tuilleadh riosca ó thuile sa todhchaí.

Is é atá i gceist le riosca tuile ná an damáiste a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar thuile ag láthair ar leith. Is teaghlaim í den dealramh, nó dóchúlacht go dtarlódh tuile, méid na tuile agus na tionchair nó an damáiste a d'fhéadfadh bheith ann dá réir. Ní hionann riosca tuile agus guais tuile. Níl i gceist le guais tuile ach na gnéithe tuile a mbíonn tionchair dhíobhálach orthu ar dhaoine, readmhaoín nó an comhshaol, mar shampla, doimhneacht uisce, luas sreibhe, ráta fogha, fad agus caighdeán uisce¹⁰.

Riosca tuile = Dóchúlacht tuile x Iarmhairtí tuile

Tá gá, mar sin, riosca tuile na todhchaí a bhainistiú agus a íoslaghdú. Tá ról lárnach ag bainistiú úsáid talún agus pleanáil spásúil maidir le bainistiú riosca tuile, a chinntiú ach go háirithe go seachnaítear nó go n-íoslaghdaítear méaduithe i riosca tuile i gcás forbairtí sa todhchaí.

Is iad na haidhmeanna atá i gceist le bainistiú tuile ná an leibhéal riosca tuile a laghdú do dhaoine, gnóthálacha, bonneagar agus an comhshaol trí rioscaí atá ann cheana féin agus iad a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a aithint agus a bhainistiú. Déanfar bainistiú tuile a ionchorpú sa phróiseas cinnteoireachta d'fhorbairt amach anseo sa chontae i mbealach comhtháite, reamhghníomhach agus trédhearcach agus de réir dea-chleachtais éabhlóideacha.

¹⁰ An Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Oifig na nOibreacha Poiblí (2009), An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuile - Treoirlínte Bainistíochta do'Údaráis Pleanála L. 58

12.2 Reachtaíocht agus Comhthéacs

Treoir an AE maidir le Tuilte 2007/60/CE

Tháinig an Treoir maidir le measúnú agus bainistiú riosca tuile i bhfeidhm an 26 Samhain 2007. Éilíonn an Treoir go ndéanfaidh gach Ballstát Réamh-mheasúnú Riosca Tuile (RRT) ar a gcuid abhantraí agus zóin chósta ghaolmhara chun limistéir a aithint a bhfuil an poitéinseal iontu do riosca tuile suntasach. Éilítear ar Bhallstáit ansin mapaí le guais agus riosca tuile a ullmhú i leith na n-áiteanna aitheanta agus Pleananna Bainistíochta Riosca Tuile a ullmhú do na zóin seo. Éilíonn an Treoir go ndéanfar an méid thuas i gcomhordú leis an gCreat-Treoir Uisce. Is féidir é seo a bhaint amach trí chomhordú a dhéanamh idir Pleananna Bainistíochta Riosca Tuile agus Pleananna Bainistíochta Abhantraí.

Clár CMBRTA

In Éirinn, comhlíontar riachtanais Threoir an AE tríd an gClár Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca Tuile Abhantraí (CMBRTA). Is í Oifig na nOibreacha Poiblí an phríomhghníomhaireacht ag soláthar an chláir seo agus tá sí faoi láthair ag críochnú an phróisis RRT ag aithint na limistéar ina luíonn riosca suntasach tuile. Céim 2 (ullmhú mapaí guaise agus riosca tuile). Caithfear iad seo bheith ullmhaithe faoi Nollag 2013 agus na pleananna bainistíochta riosca tuile bheith ullmhaithe faoi 2015.

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasaithe)

Thug an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasaithe), 2010 isteach an cuspóir lánroghnach measúnú riosca tuile a chur ar bun chun forbairt i limistéir a raibh riosca tuile ag baint leo a rialú, a shrianadh agus a smachtú.

An Córas Pleanála agus Bainistíochta Riosca Tuile - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála.

Foilsíodh An Córas Pleanála agus Bainistíochta Riosca Tuile - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála, ullmhaithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (RCOR) i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, i Samhain 2009. Breacrianaíonn na Treoirlínte trí cinn d'eocharphrionsabail ar cheart iad a bheith curtha i bhfeidhm ag Údaráis Réigiúnacha Údarás Áitiúil forbróirí agus a gcuid gníomhaireachtaí nuair a bhíonn siad i mbun machnaimh ar riosca tuile. Sin iad:

- Seachain riosca más féidir
- Malartaigh úsáidí níos leochailí nuair atá seachaint dodhéanta
- Laghdaigh agus bainistigh na rioscaí nuair atá seachaint agus malartú dodhéanta

Éilíonn na Treoirlínte go dtéann údaráis phleanála i ngleic le bainistíocht riosca tuile ina bpleananna úsáide talún, trí mheasúnuithe riosca tuile mionsonraithe mar is cuí a ullmhú. Is féidir tabhairt faoi mheasúnú ar riosca tuile ag aon scála ón scála náisiúnta síos go dtí láithreacha indibhidiúla agus tá 3 chéim i gceist: riosca tuile a aithint, túsmheasúnú riosca tuile agus mionmheasúnú riosca tuile¹¹. Tá cur síos i dTábla 5 ar na céimeanna, an cuspóir a bhaineann leo, agus an feidhmiú atá i gceist leo ag an leibhéal pleanála agus leibhéal an tionscnaimh.

Cuireadh Measúnú Riosca Tuile Straitéiseach (MRTS), Céim 1 i gcrích le haghaidh Phlean Forbartha Contae Loch Garman 2013-1029 a:

- Aithníonn nádúr an riosca tuile sa Chontae go ginearálta.
- Leagann síos na cuspóirí bainistíochta riosca a bheidh san áireamh sa Phlean.
- Dhéanann cur síos ar na caighdeáin maidir le bainistiú forbartha a bheidh san áireamh sa Phlean

¹¹ An Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Oifig na nOibreacha Poiblí (2009), An Córas Pleanála agus Bainistíocht RioscaTuile - Treoirlínte Bainistíochta d'Údaráis Phleanála L. 58

Tábla Uimh. 25 Cineálacha Measúnaithe Riosca Tuile

Céim	Saghas an Mheasúnaithe	Cuspóir	Ag teastáil ó
1	Aithint Riosca Tuile	Aithnigh an bhfuil aon saincheisteanna maidir le bainistíocht tuile nó screamhuisce i leith an limistéir a mbeadh iniúchadh breise ag teastáil uathu, ag an leibhéal íseal cuí nó ag leibhéal an iarratais phleanála.	Treoirlínte ar Phleanáil Réigiúnach Phlean Forbartha an Chontae
2	Measúnú Riosca Tuile Tosaigh	Deimhnigh na foinsí tuilte a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar limistéar pleanála nó láthair forbartha beartaithe, chun breithmheas a dhéanamh ar leorgacht an eolais atá ann, agus chun scópáil a dhéanamh ar mhéid an riosca tuile ar eagla go mbeadh mapaí tuile táscacha ag teastáil.	Plean Forbartha an Chontae (Zónáil Molta) Plean Forbartha Baile Plean Ceantair Áitiúil
3	Mionmheasúnú Riosca Tuile	Measúnu a bheith déanta ar shaincheisteanna riosca tuile chun breithmheas cainníochtúil a chur ar fáil maidir le riosca tuile poitéinsiúil i leith forbartha atá ann cheana nó talamh le bheith zonáilte, an tionchar a d'fhéadfadh bheith aige ar riosca tuile in áiteanna éigin eile agus éifeachtúlacht aon bhearta laghdaithe eile.	Plean Forbartha Baile Plean Ceantair Áitiúil Iarratais ar Phleanáil

Ní mholtar sa Phlean aon talamh a zonáil le haghaidh forbartha, ná ní aithníonn sé suíomh aon bhonneagair straitéisigh laistigh de limistéir faoi riosca tuile. Mar sin, in oiriúint leis na Treoirí maidir leis an gCóras Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuile (RCORÁ agus OPW, 2009), ní éilítear ar an SFRA mapaí riosca tuile do gach sruthchúrsa nó éadanas cósta a chur ar fáil.

Tá an Chomhairle tar éis a bheith gníomhach maidir le bainistíocht tuile agus tá mapaí na limistéar tuile don chontae slánaithe aici. Tá na mapaí seo in úsáid faoi láthair mar uirlis scagtha ar riosca tuile agus tá siad iniata mar Mhapa Uimh. 1 agus Mapa Uimh. 2 sa SFRA le haghaidh aithint a dhéanamh ar fhoinsí guaise tuile sa Chontae. Tá an SFRA le fáil in Imleabhar 7 den phlean.

12.3 Guaiseacha Tuile i gContae Loch Garman

Tá roinnt foinsí poitéinsiúla sa Chontae a bhfuil guais tuile ag baint leo:

Tuile Chósta

Tá imeallbhord fairsing ag an gContae agus mar sin, tá limistéir mhóra ann a bhfuil an poitéinseal acu bheith somhillte ó thaobh tuilte de. Is í cúis na tuile seo leibhéil mhara níos airde ná mar is gnách, mar gheall ar bhorrtha stoirme, a chuireann an fharraige thar maoil isteach ar an talamh. Tá codanna móra an chósta ag luí go híseal anois, rud a dhéanann somhillte iad i gcás arduithe i leibhéil na farraige.

Dobharthuile

Tá líonra fairsing aibhneacha i Loch Garman a thrasnaíonn an Contae agus mar gheall air sin, tá roinnt mhaith áiteanna atá somhillte do dhobharthuile ó aibhneacha. Tarlaíonn do Bharthuile nuair a sháraítear toilleadh an tsruthchúrsa nó má tharlaíonn blocáil nó srianadh éigin sa chuisle. Doirteann an t-uisce breise amach as an gcuisle agus leathnaíonn sé amach ar limistéir chónagaracha atá ag luí go híseal.

Tuile Bháistiúil

Tarlaíonn an saghas seo tuile nuair a sháraíonn méid an fhliuchrais an toilleadh insíothlaithe atá ag an talamh nó ag an gcóras draenála an t-uisce a shú isteach.

Tuile Screamhuisce

Tarlaíonn tuile screamhuisce nuair a ardaíonn leibhéal an uisce atá stóráilte faoin talamh mar gheall ar fhliuchras faidréimseach agus leathnaíonn sé amach ar an talamh.

12.4 Scagadh Riosca Tuile

Bainfidh an Chomhairle úsáid as na foinsí eolais is déanaí uasdátaithe atá le fáil ag an bpointe ama sin ina bhfuil siad ag cíoradh riosca agus guaise tuile i rith dóibh pleananna forbartha agus pleananna ceantair áitiúil a ullmhú agus nuair a bhíonn measúnú ar iarratais phleanála d'fhorbairtí úra ar siúl acu. Bainfidh an Chomhairle úsáid as an eolas uile atá le fáil mar uirlis scagtha chun cabhrú le cinnteoireacht agus í i mbun a chinneadh an bhfuil gá le Measúnú Riosca Tuile ar láithreacha áirithe.

Nóta Comhairle

Is tacar sonraí eolais éiritheach é eolas ar ghuaiseacha agus riosca tuile. D'fhéadfadh na mapaí atá in úsáid ag an gComhairle bheith athraithe mar thoradh ar uasdátú sonraí agus anailíse amach anseo. Mar gheall ar sin, moltar do gach úinéir talún agus forbróir nach nglacann Comhairle Contae Loch Garman aon fhreagracht as aon chaillteanas nó damáiste ag éirí as measúnuithe ar shomhillteacht talún, úsáidí agus forbairtí. Moltar do gach úinéir, úsáideoir agus forbróir gach beart réasúnach a thógáil chun somhillteacht ar thuile a mheas.

Mapaí Zóin Tuile

Déanfaidh an Chomhairle scagadh ar riosca tuile bunaithe ar na mapaí zóin tuile atá iniata in imleabhar 7 Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuile (MSRT) agus aon leagan uasdátaithe de na mapaí seo nó aon eolas eile faoi mheasúnuithe ar riosca tuile curtha ar fáil ag an OPW. Tagann na mapaí zóin tuile ó dhá fhoinsé éagsúla: JBA Innealtóirí agus Eolaí Comhairleacha, agus an OPW. Cé go bhfuil na modheolaíochtaí difriúil ó nádúr, tá mapaí tuile táscacha curtha ar fáil ag an dá cheann acu atá bunaithe ar mhodheolaíochtaí stóinsithe, agus téann siad i gcomhchoibhneas lena chéile go maith.

Tá na mapáí seo bunaithe ar theicnící samhaltaithe leathanscála. Caithfear fóirú a bheith déanta ar na mapáí agus zóin tuile aitheanta ag suíomh aonair faoina bhfuil amhras nach bhfuil an zón tuile ag dul le riocht na talún nó topagrafaíocht an tsuímh. Beidh an dualgas ar an iarratasóir a chruthú thar amhras nach bhfuil an láthair atá i gceist somhillte do thuile. Caithfear an cruthúnas seo bheith bunaithe ar shonraí eolaíochta cuí agus measúnú bheith curtha i gcrích ag proifisiúnach a bhfuil na cáilíochtaí agus an tslánaíocht chuí aige/aici, in oiriúint le riachtanais an Chórais Phleanála agus Bainistíocht Riosca Tuile - Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla (RCOR agus OnOP, 2009)

JBA Mapáí Zóin Tuile

Coimisiúnaíodh JBA Innealtóirí agus Eolaí Comhairleacha ag Comhairle Contae Loch Garman mapáí zóin tuile don chontae a ullmhú. Léiríonn na mapáí seo, ar ullmhaíodh iad in 2010, Zón Tuile 1 agus Zón Tuile 2 ó thaobh guais tuile chósta agus dobharthuile de.

Réamh-Mhapáí Riosca Tuile, Oifig na nOibreacha Poiblí

Ullmhaíodh na mapáí seo ag Oifig na nOibreacha Poiblí mar pháirt den Phríomh-Mheasúnú Náisiúnta ar Riosca Tuile. Léiríonn na mapáí PFRA ar táirgeadh iad in 2011 na limistéir a bhfuil an poitéinseal iontu bheith tugtha do thuilte ó uisce cósta nó báistiúil, screamhuisce agus lochanna. Bunaithe ar an eolas ar eachtraí tuile atá curtha ar fáil, glactar leis go n-aithníonn na mapáí na zóin tuile léirithe i dTábla Uimh. 26.

Tábla Uimh. 26 Mapaí Réamh-Mheasúnaithe Riosca Tuile (MRRT) Zóin Tuile

Guais Tuile	Méid Tuile	Tuile Zóin	Dath ar na Mapaí ¹²
Dobharuisce	Táscach 1% AEP (100-bl.)	A	Dúghorm
	Teagmhas Foircneach Táscach 1% AEP (100- bl.)	B	Bánghorm
Cósta	Táscach 0.5% AEP (200- bl.)	A	Dúghlas
	Teagmhas Foircneach Táscach 0.1% AEP (100-yr bl.)	B	Gealuaine
Báistiúil	Táscach 1% AEP (100- bl.)	A	Flannbhuí
	Teagmhas Foircneach Táscach 0.1% AEP (100- bl.)	B	Flannbhuí Geal
Lochanna/Turlaigh	Gan Sainmhíniú		Gorm Greanta

Rinne an OPW crostagairt ar an riosca poitéinsiúil i leith na ngabhdóirí sna limistéir seo agus d'aithin said 9 Limistéar Measúnaithe Bhreise (LMB), a bhféadfadh riosca bheith suntasach iontu. Is iad sin: Baile Loch Garman, Baile Ros Mhic Thriúin, Na Réileáin Láibe Thuaidh, Na Réileáin Láibe Theas, Guaire, Baile na Cúirte, Bun Clóidí agus Páirc Álainn/Gort na Silíní, Inis Córthaidh. Tá measúnú níos doimhne á dhéanamh ar na LMBanna seo faoi láthair chun a fháil amach méid an riosca tuile atá i gceist. Tabharfaidh an Chomhairle aird d'aon mhapaí guaise tuile, mapaí riosca tuile agus pleananna bainistíochta riosca a thagann amach sa todhchaí a bhaineann leis na limistéir seo, agus í ag scagadh le, agus ag déanamh measúnuithe ar riosca tuile agus í i mbun ullmhúchán pleananna éagsúla agus pleananna ceantair áitiúil agus ag meas bearta forbartha.

Foinsí Eolais Eile

Bainfidh an Chomhairle úsáid as, i gcomhar leis na mapaí zóin tuile de chuid JBA agus an OPW, foinsí eile eolais agus í ag scagadh le riosca tuile agus í i mbun ullmhúchán pleananna éagsúla agus pleananna ceantair áitiúil agus ag meas bearta forbartha. I measc na bhfoinsí seo tá:

¹² Tábla Uimh. 25 le bheith léite i gcomhar leis na Mapaí Réamh-Mheasúnaithe Riosca Tuile.

- Mapáil guaise tuile, Oifig na nOibreacha Poiblí (www.floodmaps.ie)
- Mapaí Tailte ar Thairbhe, Oifig na nOibreacha Poiblí
- Ithir Ghlárach Mhianrach
- Mapáil ón tSuirbhéireacht Ordanáis, "Tailte i mBaol Tuilte" (Mapaí 6" SO)
- Staidéir ar thuilte, tuairiscí agus scéimeanna faoisimh tuile
- Eolas oibríoch ó Innealtóirí Baile agus Ceantair.

12.5 Prionsabail Bhainistithe Riosca Tuile

12.5.1 Cur chuige seicheamhach

Cuirfidh an Chomhairle an cur chuige seicheamhach i bhfeidhm agus talamh á zónáil aici i rith ullmhúchán pleananna forbartha baile agus ceantair áitiúil agus í ag déanamh measúnaithe ar iarratais phleanála nó bearta forbartha i limistéir a bhfuil baol tuile ag baint leo. Is uirlis eochrach é an cur chuige seicheamhach seo chun a chinntiú go ndéanfar forbairt ar thalamh a bhfuil baol íseal tuile ag baint léi. Bainfidh an cur chuige seo úsáid as gach eolas atá ar fáil, ina measc sin, measúnaithe riosca tuile atá ann cheana fein, CFRAMS, mapaí zóin tuile agus an rangú atá déanta ar cé chomh somhillte do thuile iad na cineálacha forbairtí éagsúla. Leagtar síos na prionsabail a bhaineann leis an gcur chuige seicheamhach i Tábla Uimh. 27 thíos.

Tábla Uimh. 27 Prionsabail an Chuir Chuige Sheicheamhaigh

Seachain	Ba cheart go ndéanfar forbairt ar thalamh a bhfuil riosca íseal tuile ag baint léi.
Malartaigh	Mura mbíonn seachaint indéanta, malartaigh chuig úsáid talún nó forbairt nach bhfuil baol tuile ag baint léi.
Dlisteanigh	Níor cheart go mbeadh dlisteanacht ann ach amháin nuair nach féidir seachaint nó malartú a chur i bhfeidhm. Caithfear dlisteanacht a dhéanamh ar fhorbairtí somhillte i limistéir a bhfuil riosca tuile measartha nó ard ag baint leo. Tá dhá chéim sa tástáil seo: An Tástáil Dhlisteanach (Plean Forbartha) agus an Tástáil Dhlisteanach (Bainistíocht Forbartha)
Maolaigh	Cinntigh go n-íslítear riosca tuile go leibhéil inghlactha.

12.5.2 Sainmhíniú ar Zóin Tuile

Bunaítear an cur chuige seicheamhach ar aithint a dhéanamh ar zóin tuile a bhaineann le tuile ó aibhneacha agus ón gcósta, agus rangú á dhéanamh ar cé chomh somhíllte do thuile iad cineálacha forbairtí éagsúla. Is iad atá i gceist le zóin tuile ná limistéir a bhfuil dealramh tuile orthu laistigh de raon áirithe. Déantar sainmhíniú sna Treoirlínte Tuile ar thrí shaghas zóin tuile a bhfuil cur síos déanta orthu i dTábla Uimh. 28. Déanfaidh an Chomhairle iad seo a aithint i bpleananna forbartha baile agus pleananna ceantair áitiúla.

Tábla Uimh. 28 Sainmhíniú ar Zóin Tuile

Zón	Sainmhíniú
Zón A Féidearthacht ard tuile	Sainmhíníonn an zón seo limistéir a bhfuil riosca ard tuile ó aibhneacha (i.e. níos mó ná 1% féidearthacht nó níos mó ná 1 in 100) agus an cósta (i.e. níos mó ná 0.5% féidearthacht nó níos mó ná 1 in 200) iontu.
Zón B Féidearthacht measartha tuile	Sainmhíníonn an zón seo limistéir a bhfuil riosca measartha tuile ó aibhneacha (i.e. 0.1 go 1% féidearthacht nó idir 1 in 100 agus 1 in 1000) agus an cósta (i.e. 0.1 go 0.5% féidearthacht nó idir 1 in 200 agus 1 in 2000) iontu.
Zón C Féidearthacht íseal tuile	Sainmhíníonn an zón seo limistéir a bhfuil riosca tuile íseal iontu ó aibhneacha agus an cósta (i.e. níos lú ná 0.1% féidearthacht nó níos lú ná 1 in 1000)

Foinse: An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuile - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DEHLG agus OPW, 2009)

12.5.3 Leochaileacht Forbairtí Éagsúla

Leagtar síos i dTábla Uimh. 29 rangú na leochaileachta do thuile a bhaineann le saghsanna forbairtí éagsúla. Ba cheart a nótáil go ndéanfar cíoradh ar úsáidí nach bhfuil liostáilte ar an Tábla de réir a gcuid fiúntas féin, agus caithfear comhairle a éilimh ón gComhairle ina leith ag an gcéim réamhphleanála.

Tábla Uimh. 29 Rangú Leochaileachta Forbairtí Éagsúla

Céim Leochaileachta	Úsáidí Talún agus saghsanna forbairtí, lena n-áirítear:
Forbairt le leochaileacht ard (bonneagar riachtanach san áireamh)	• Stáisiúin Ghardaí, otharcharr agus dóiteáin, agus lárionaid rialaithe a chaithfidh bheith ar oscailt i rith tuilte • Ospidéal; Scoileanna • Pointí rochtana agus fágála • Tithe Cónaithe, hallaí mac léinn agus brúnna • Institiúidí Cónaithe mar árais chúram cónaithe, árais leanaí agus árais seirbhísí sláinte • Páirceanna do charbháin agus tithe soghluaiste • Tithe cónaithe, atá deartha, tógtha nó curtha in oiriúint do dhaoine aosta nó daoine eile a bhfuil fadhbanna maolghluaiste orthu. • Bonneagar riachtanach, mar iompar príomhúil agus dáileadh fónais, ina measc sin, stáisiúin agus fo-stáisiúin ghinte leictreachais, chóireála uisce agus dramhaíola, agus foinsí suntasacha truaillithe (Láithreacha Seveso, láithreacha IPPC 7rl) i gcás tuilte.
Forbairt nach bhfuil chomh leochaileach céanna	• Foirgnimh in úsáid d'institiúidí: miondíoltóireachta, fóillíochta, trádstórála, tráchtála, tionsclaíochta agus institiúidí gan cónaí iontu • Talamh agus foirgnimh in úsáid le haghaidh carbháin saoire nó ar cíos gearr agus campáil in oiriúint le pleananna rabhaidh agus aslonnaithe ar leith • Talamh agus foirgnimh in úsáid do thalmhaíocht agus foraoiseacht • Cóireáil dramhaíola (seachas líonadh talún agus dramhaíl ghuaiseach) • Oibriú agus próiseáil mianrach • Bonneagar iompair áitiúil
Aicme Leochaileachta	Úsáidí Talún agus saghsanna forbairtí, lena n-áirítear:
Forbairt comhoiriúnachta maidir le huisce	• Bonneagar smachtaithe tuile • Dugaí, muiríní agus céanna, saoráidí loingseoireachta • Longthógáil, deisiú agus díchóimeáil, próiseáil agus

	cuisniú iasc in aice na dugáí, agus gníomhaíochtaí comhoiriúnacha a bhfuil suíomh in aice na farraige de dhíth dóibh. • Áineas agus turasóireacht bunaithe ar an uisce (cóiríocht chodlata eisiata) • Stáisiúin ghardaí tarrthála agus garda cósta • Spás conláiste oscailte, spóirt agus áineas faoin spéir agus saoraidí riachtanacha mar sheomraí feistis. • Cóiríocht chodlata choimhdeach nó chónaithe don fhoireann a bhaineann leis na húsáidí sa chatagóir seo (faoi réir plean rabhaidh agus aslonnaithe ar leith)
** Cíoradh a bheith déanta ar na húsáidí nach bhfuil liostaithe sa Tábla bunaithe ar a gcuid fiúntas féin.	

Foinse: An Córas Pleanála agus Bainistíochta Riosca Tuile - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (RCPRÁ agus OPW, 2009)

12.5.4 Tástáil ar Dhlisteanú Bainistíocht Forbartha

Sna Treoirlínte, déantar sainmhíniú ar an Tástáil ar Dhlisteanú mar mheasúnú chun a fháil amach an bhfuil forbairt atá beartaithe laistigh de limistéar i mbaol tuile ag comhlíonadh le critéir ar leith maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe agus ag taispeáint nach mbeidh riosca do-ghlactha ag baint leis agus nach gcuirfidh sé le riosca tuile in áiteanna eile. Ní mholtar go gcuirfí an Tástáil ar Dhlisteanú i bhfeidhm ach amháin nuair a bhíonn forbairt ar siúl laistigh de limistéir le riosca tuile, forbairt a d'fhéadfadh bheith sainmhínithe 'míchuí' de réir tástála scagtha sa chur chuige rioscabhunaithe.¹³ Níor cheart machnamh a dhéanamh ag an gcéim phleanála ná níor cheart aon fhaomhadh a thabhairt laistigh den phróiseas bainistíochta forbartha d'aon fhorbairt nach gcomhlíonann critéir na Tástála ar Dhlisteanú.

Zón Tuile A - Dóchúlacht Ard Tuile

Sainmhínítear tromlach forbartha a bheith míchuí sa zón seo. Ba cheart forbairt sa zón seo a sheachaint agus/nó gan machnamh a bheith déanta uirthi ach amháin in imthosca eisceachtúla nuair is féidir riachtanais na Tástála ar Dhlisteanú a chomhlíonadh.

¹³ An Córas Pleanála agus Bainistíochta Riosca Tuile -Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DEHLG agus OPW, 2009) L. 60

Zón Tuile B - Dóchúlacht Mheasartha Tuile

Go ginearálta, mheabhrófaí go mbeadh forbairt le leibhéal ard leochaileachta míchuí sa zón seo, ach amháin más féidir riachtanais na Tástála ar Dhlisteanú a chomhlíonadh. D'fhéadfadh machnamh níos fabhraí a bheith déanta ar fhorbairtí a bhfuil níos lú leochaileachta ag baint leo faoina n-oiriúnacht don zón seo, i gcomhar le measúnú riosca tuile ag an leibhéal cuí a thaispeánfadh gur féidir riosca tuile go dtí agus ón bhforbairt a bhainistiú go leormhaith.

Zón Tuile - Dóchúlacht Íseal Tuile

Tá forbairt sa zón seo iomchuí ó thaobh riosca tuile de (i gcomhar le measúnú guaise tuile ó fhoinsí eile nach aibhneacha agus an cósta iad) ach bheadh dualgas i bhfeidhm an gnáthraon riachtanais maidir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe eile a chomhlíonadh.

Aithnítear i dTábla Uimh. 30 na saghsanna forbartha a bheadh iomchuí do gach zón tuile agus na cinn a chaithfidh an Tástáil ar Dhlisteanú a chomhlíonadh.

Tábla Uimh. 30 Maitrís Leochaileachta in aghaidh Zón Tuile. Taispeánann sé an fhorbairt iomchuí, agus í sin atá ag teastáil chun an Tástáil ar Dhlisteanú a chomhlíonadh

	Zón Tuile A	Zón Tuile B	Zón Tuile C
Forbairt le leochaileacht ard (bonneagar riachtanach san áireamh)	Tástáil ar Dhlisteanú	Tástáil ar Dhlisteanú	Iomchuí
Forbairt nach bhfuil chomh leochaileach céanna	Tástáil ar Dhlisteanú	Iomchuí	Iomchuí
Forbairt chomhoiriúnach maidir le huisce	Iomchuí	Iomchuí	Iomchuí

Foinse: An Córas Pleanála agus Bainistíochta Riosca Tuile - Treoirínte d'Údaráis Phleanála (RCPRÁ agus OPW, 2009)

12.6 Riosca i gCás Tuilte a Bhainistiú

Tá sé mar chuspóir an Phlean chun tabhairt faoi mheasúnú riosca i gcás tuilte ar mhaithe le forbairt a rialáil, a shrianadh agus rialú i gceantair ina bhfuil riosca i gcás tuilte (cibé acu más ceantair intíre nó chósta iad) i gcomhréir le forálacha lánroghnacha oibiachtúla an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Tabharfar faoi bhainistíocht riosca i gcás tuilte i gcaitheamh réiteach pleananna forbartha baile agus pleananna ceantair áitiúil agus nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála.

Tugann na treoirlínte seo le fios gur cheart an prionsabal réamhchúramach a chur i bhfeidhm i leith bainistíocht riosca i gcás tuilte chun an éiginnteacht i dtacair shonraí tuilte agus i dteicnící measúnaithe riosca a léiriú agus chun an cumas a léiriú chun an aeráid amach anseo agus feidhmíocht na cosanta reatha tuilte a thuar.

Ba cheart forbairtí a dhearadh agus breithniú cúramach a dhéanamh ar athruithe féideartha amach anseo ar riosca i gcás tuilte, lena n-áirítear tionchar an athraithe aeráide agus/nó creimeadh cósta ionas nach mbíonn na háititheoirí faoi réir rioscaí neamh-inghlactha¹⁴.

12.6.1 Pleananna Forbartha Baile agus Pleananna Ceantair Áitiúil

Tabharfaidh na húdaráis phleanála sa chontae, faoi seach, faoi Mheasúnuithe Straitéiseacha Riosca i gCás Tuilte Chéim a Dó nuair a bheidh pleananna nua forbartha baile agus ceantair áitiúil á réiteach agus á n-athbhreithniú acu. Is é a bheidh i gculpóir an SFRA ná measúnú fairsing a sholáthar ar na saghsanna riosca i gcás tuilte i limistéar an Phlean, a chuirfidh faisnéis ar fáil do chinntí straitéiseacha um pleanáil úsáid talún, ar a uain.

Déanfaidh SFRA Chéim a Dó an méid a leanas:

- A shainaithint cibé acu an saincheist nó nach saincheist riosca i gcás tuilte i limistéar an Phlean, agus a mhó nó a lú é an riosca
- Criosanna tuilte a shainaithint laistigh de limistéar an Phlean agus in aice limistéar an Phlean

¹⁴ An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, agus Oifig na nOibreacha Poiblí, (2009), An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála, Ich 21.

- An cur chuige seicheamhach a chur i bhfeidhm i leith criosú úsáid talún trí fhorbairt nua a threorú i dtreo talún a bhfuil ísealriosca i gcás tuilte ina leith
- An Tástáil Fírinne a chur i bhfeidhm sa chás go mbeartaítear chun criosú a dhéanamh nó, seachas sin, chun talamh a shainiú a bhfuil riosca measartha nó ardriosca ina leith i gcás tuilte d'úsáid atá leochaileach i leith tuilte
- Breac-chuntas a thabhairt ar na príomhriachtanais chun bainistíocht a dhéanamh ar fhorbairt i limistéir ardriosca i gcás tuilte

12.6.2 Bainistíocht Forbartha

Beidh aird ag an gComhairle ar riachtanais na dTreoirínte maidir leis an gCóras Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte d'Údaráis Phleanála (DEHLG, OPW, 2009) nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála le haghaidh tograí forbartha, san áit a bhféadfadh riosca i gcás tuilte bheith ina shaincheist. Is iad na príomhriachtanais chun bainistíocht a dhéanamh ar fhorbairt i limistéir riosca i gcás tuilte:

Measúnú Riosca i gCás Tuilte Sainiúil don Suíomh

Teastóidh measúnú riosca i gcás tuilte atá sainiúil don suíomh agus atá mionsonraithe go cuí ó iarratais phleanála le haghaidh tograí forbartha laistigh de limistéir nó a chorpraíonn limistéir ina bhfuil riosca measartha i gcás tuilte (Crios Tuile B) agus ardriosca (Crios Tuile A). Braithfidh na sonraí a theastóidh sa mheasúnú ar an leibhéal riosca agus ar scála na forbartha agus an riosca i gcás tuilte.

Ba cheart go ndéanfaidh an measúnú i gcás tuilte atá sainiúil don suíomh cainníochtú ar rioscaí agus ar thionchar aon mhaolaithe riachtanaigh, mar aon leis na bearta a theastaíonn nó a bheartaítear chun bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí iarmharacha. Cuimsítear faisnéis maidir le measúnú i gcás tuilte atá sainiúil don suíomh agus le riachtanais an chéanna mar aon le foinsí féideartha faisnéise in Aguisíní Teicniúla an Chórais Phleanála agus sna Treoirínte Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte d'Údaráis Phleanála (DEHLG agus an OPW, 2009). Ní mór don iarratasóir é seo a sheoladh ar aghaidh.

Tástáil Fírinne Bainistíocht Forbartha

Sa chás go mbíonn breithniú á dhéanamh ag an gComhairle ar thograí le haghaidh forbairt nua i limistéir ina bhfuil ardriosca (Crios Tuile A) nó riosca measartha (Crios Tuile B) i gcás tuilte lena n-áirítear saghsanna forbartha atá leochaileach do thuile agus nach mbeadh oiriúnach, den chuid is mó, ní mór go mbeidh an Chomhairle sásta go sásaíonn an fhorbairt gach ceann de chritéir na Tástála Fírinne Bainistíocht Forbartha, amhail a leagtar amach í i Mír 5.5 de na Treoirlínte maidir leis an gCóras Pleanála agus Measúnú Riosca i gCás Tuilte-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DEHLG agus OPW, 2009). Ní fhaomhfar forbairt neamhoiriúnach nach gcomhlíonann critéir na Tástála Fírinne laistigh den phróiseas bainistíochta forbartha.

Maolú

Ní mór go léireoidh aon togra i limistéar ina bhfuil riosca measartha (Crios Tuile B) nó ardriosca (Crios Tuile A) i gcás tuilte a mheastar atá inghlactha i bprionsabal, gur féidir na bearta oiriúnacha maolaithe a chur i bhfeidhm agus gur féidir bainistiú a dhéanamh ar rioscaí iarmharacha i leith leibhéil inghlactha.

Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an méid a leanas mar chuid den dul i ngleic le riosca i gcás tuilte agus forbairt nua á dearadh:

- Forbairt a lonnú amach ó limistéir ina bhfuil riosca i gcás tuilte, sa chás gur féidir.
- Úsáidí talún nach bhfuil chomh leochaileach sin a chur in ionad úsáidí níos leochaillí.
- Talamh a shainaithint agus a chosaint a theastaíonn ar mhaithe le bainistíocht riosca i gcás tuilte reatha agus amach anseo, ar nós bealaí iompair, limistéir stórála tuilte agus scéimeanna cosanta tuilte etc.
- Dul i ngleic leis an ngá le pleanáil éifeachtach freagartha éigeandála le haghaidh teagmhais tuilte i limistéir forbartha nua.

Ní mór leagan amach suímh, pleanáil tírdhreacha agus draenáil forbartha nua a chomhcheangal go dlúth chun ról éifeachtach a bheith acu i laghdú tuilte. Ba cheart tograí an méid a leanas a léiriú go soiléir, mar dhea:

- Córais Inbhuanaithe Draenála (SuDS) a úsáid chun bainistiú a dhéanamh ar rith chun srutha uisce dromchla.
- Bealaí iompair uisce atá saor ó bhacainní, ar nós ballaí nó foirgneamh.
- Comharthaíocht a chur in airde i limistéir thuilemhá chun comhúsáid na talún a thabhairt le fios agus chun bealaí sábháilte rochtana a shainaithint.

Lena chinntiú go bhfuil na bearta oiriúnacha i bhfeidhm chun déileáil le rioscaí iarmharacha, ba cheart go léireodh tograí go bhfuil úsáid á baint as bearta atá frithsheasmhach i leith tuilte atá dírithe ar shrian a chur ar uisce foirgneamh a iontráil agus a mhaolaíonn an díobháil a dhéanann uisce tuile d'fhoirgnimh. Mar mhalairt air sin, féadtar glacadh le dearaí le haghaidh tógáil atá frithsheasmhach i leith tuilte nuair is féidir leis a léiriú gur fearr go n-iontrálfadh uisce tuilte foirgnimh chun teorainn a chur ar an díobháil a dhéanann uisce tuilte agus chun athshlánú sách tapa a éascú. Áirítear leis na bearta siúd dearadh agus sonrú seirbhísí agus bailchríocha inmheánacha foirgnimh. Áirítear breis sonraí ar fhriotaíocht agus ar athléimneacht i leith tuilte in Aguisíní Teicniúla na dTreoirínte maidir leis an gCóras Pleanála agus le Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte-Treoirínte d'Údaráis Phleanála (DEHLG agus an OPW, 2009).

Ba cheart measúnú a dhéanamh ar mhiontograí le haghaidh forbartha, mar shampla, síneadh beag ar thithe reatha, i limistéir ina bhfuil idir riosca measartha agus ardriosca i gcás tuilte i gcomhréir leis na Treoirínte Pleanála: Na Treoirínte maidir leis an gCóras Pleanála agus le Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte-Treoirínte d'Údaráis Phleanála (DEHLG agus an OPW, 2009).

Sa chás gurb ionann riosca i gcás tuilte agus tionchar suntasach comhshaoil ar thogra, d'fhéadfaí tús a chur le Ráiteas Tionchair Timpeallachta fothairsí. Ba cheart go mbeadh tástáil le haghaidh Measúnú Tionchair Timpeallachta ina páirt lárnach d'iarratais phleanála i limistéir ina bhfuil ardriosca i gcás tuilte.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir FRM01

Tabhairt faoi mheasúnú riosca i gcás tuilte ar mhaithe le forbairt a rialáil, a shrianadh agus a rialú i limistéir ina bhfuil riosca i gcás tuilte agus chun an leibhéal riosca i gcás tuilte i leith daoine, gnólachtaí, an bhonneagair agus an chomhshaoil a íoslaghdú trí riosca reatha agus féideartha i gcás tuilte amach anseo a shainaithint agus a bhainistiú.

Cuspóir FRM02

Lena chinntiú go gcorpraítear bainistíocht riosca i gcás tuilte i réiteach gach plean forbartha baile agus ceantair áitiúil trí Mheasúnuithe Riosca i gCás Tuilte Chéim a Dó a réiteach le haghaidh limistéir an phlean, faoi seach, i gcomhréir le ceanglais na dTreoirlínte maidir leis an gCóras Pleanála agus le Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DEHLG agus an OPW, 2009).

Cuspóir FRM03

An cur chuige seicheamhach a chur i bhfeidhm atá bunaithe ar phrionsabail na seachanta, an laghdaithe agus an mhaolaithe rioscaí i gcás tuilte nuair a bhíonn pleananna forbartha baile agus ceantair áitiúil á réiteach agus nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála le haghaidh tograí forbartha.

Cuspóir FRM04

A chinntiú go gcomhlíonann gach togra forbartha ceanglais na dTreoirlínte maidir leis an gCóras Pleanála agus le Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DEHLG agus an OPW, 2009) agus lena chinntiú go gcuirtear an Tástáil Fírinnithe le haghaidh Bainistíocht Forbartha i bhfeidhm i measc na dtograí forbartha óna dteastaíonn sé agus i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a leagtar amach sna treoirlínte.

Cuspóir FRM05

Aird a bheidh ar aon léarscáileanna guaise i gcás tuilte, léarscáileanna riosca i gcás tuilte agus aon phleananna bainistíochta riosca i gcás tuilte a réitítear mar chuid de

Mheasúnú Riosca i gCás Tuilte agus Staidéar Bainistíochta Abhantrach an Oirdheiscirt.

Cuspóir FRM06

A cheangal go n-úsáidtear Córais Draenála Uirbí Inbhuanaithe (SuDS) chun méid an dromchlaithe chrua agus na pábhála a íoslaghdú agus a cheangal go n-úsáidtear draenáil inbhuanaithe le haghaidh forbairt nua nó sínte ar fhorbairtí reatha.

Cuspóir FRM07

Tuilemhánna, bogaigh agus limistéir chósta an chontae a chosaint agus a fheabhsú mar ‘bhonneagar glas’ a sholáthraíonn spás le haghaidh stóráil agus iompar uisce tuile, a chumasaíonn bainistíocht níos éifeachtaí a dhéanamh ar an riosca i gcás tuilte agus a laghdaíonn an gá le cosaint i leith tuilte a sholáthar amach anseo, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir FRM08

Soláthar bonneagar riachtanach bainistíochta i gcás tuilte a éascú ag Oifig na nOibreacha Poiblí, an tÚdarás Áitiúil nó forbróirí príobháideacha, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir FRM09

A chinntiú, san áit nach dtarlaíonn cosaint i leith tuilte nó oibreacha fuascailte, go gcosnaítear agus go bhfeabhsaítear an oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha agus aibhneacha, sruthanna agus sruthchúrsaí.

Cuspóir FRM10

Stráicí inse den mhéid oiriúnach a chaomhnú feadh cainéil abhann atá saor ó fhorbairt agus atá leathan go leor chun rochtain le haghaidh cothabháil abhann a cheadú.

Cuspóir FRM11

A chinntiú go ndéantar breithniú ar thograí forbartha i limistéar ina bhfuil riosca measartha (Crios Tuile B) nó ardriosca (Crios Tuile A) i gcás tuilte a mheastar atá inghlactha i bprionsabal agus a léiriú gur féidir na bearta oiriúnacha maolaithe a chur i bhfeidhm agus gur féidir bainistiú a dhéanamh ar rioscaí iarmharacha i leith leibhéil inghlactha.

Cuspóir FRM12

A chinntiú nach méadaíonn forbairt nua riosca i gcás tuilte in áiteanna eile, lena n-áirítear é sin a d'fhéadfadh eascair ó rith chun srutha uisce dromchla.

Caibidil 13 Bainistíocht Chríos an Chósta

13.1 Réamhrá

Tá imeallbhord Chontae Loch Garman thart ar 246 ciliméadar ar fad agus tá ann cuid de na sócmhainní geilleagracha agus comhshaoil is tábhachtaí dá bhfuil sa chontae. Tá go leor úsáidí bunaithe eile feadh an imeallbhoird, lena n-áirítear cuanta, calafoirt, iascaireacht agus dobharshaothrú, úsáid cónaithe, fónais agus fóillíochta. Baineann luach intreach fónais scéimhe agus spáis leis an gcósta agus cuimsítear ann réimse gnáthóg, a mbaineann tábhacht idirnáisiúnta agus náisiúnta le go leor díobh atá á gcosaint ag sainithe caomhnaithe. Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta nó Limistéir faoi Chosaint Speisialta iad líon limistéar feadh an chósta (ar a dtugtar suíomhanna Natura 2000 i dteannta a chéile).

Mar gheall ar a gcáilíocht ar leith scéimhe, bhí limistéir chósta an chontae ina n-ábhar ar ar dhírigh brúnna suntasacha forbartha, go háirithe i gcás dara tithe agus ilfhorbairt tithe saoire. Mar thoradh air sin, tá cumas teoranta ag an gcósta chun glacadh le breis forbartha agus is gá bainistíocht chúramach a dhéanamh ar an gcumas seo.

Aithníonn an Chomhairle an gá lena chinntiú go dtarlaíonn forbairt limistéir an chósta amach anseo ar bhealach a oireann do chosaint na bpríomhshócmhainní geilleagracha, comhshaoil agus oidhreacht nádúrtha agus cultúrtha. Is gá go mbeadh meas ag forbairt amach anseo ar nádúr thírdhreach agus fónais amhairc an chósta agus iad a fheabhsú agus éiceachórais íogaire an chósta a chosaint. Anuas air sin, ní mór breithniú cúramach a dhéanamh ar fhorbairt agus aird ar an ngá le hoiriúnú d'athrú aeráide agus dá thionchar tuartha, lena n-áirítear leibhéil farraige atá ag éirí, creimeadh méadaithe cósta agus tuile chósta.

13.2 Comhthéacs Beartais

An Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020

Luaitear sa Straitéis Spáis Náisiúnta (NSS) go soláthraíonn limistéir an chósta timpeallacht lena mbaineann mealltach scéimhe atá ardbhisiúil agus éagsúil i dtaobh

cúrsaí bitheolaíocha de. Ag an am céanna, freastalaíonn an timpeallacht seo ar réimse leathan gníomhaíochtaí geilleagracha agus úsáidí caitheamh aimsire. Tacaíonn an NSS le forbairt bhainistíocht chomhtháite chríos an chósta chun cur chuige iomlánaíoch a sholáthar i leith na n-idirghníomhartha idir earnálacha, gníomhaireachtaí agus cóid dhlíthiúla.

An Plean Náisiúnta Forbartha 2007-2013

Aithníonn an Plean Náisiúnta Forbartha (NDP) an tábhacht a bhaineann leis an earnáil mhuirí agus tá sé de chuspóir aige inbhuanaitheacht fhadtéarmach gheilleagrach, shóisialta agus comhshaoil an tionscail a chinntiú, agus luach na bpobal cósta agus tuaithe a choimeád a bhíonn ag brath air, agus an tábhacht a bhaineann leis i dtaobh an gheilleagair ina iomláine. Déanfaidh an Clár Pobal Muirí agus Cósta €442 milliún a infheistiú i bhforbairt bia mara, iascaigh agus bonneagar an chósta mar aon le cosaint an chósta. Leithdháilfear €23 milliún den chistiú seo chun an t-imeallbhord a chosaint ó chreimeadh agus chun bainistíocht a dhéanamh ar fhadhb thuile an chósta d'fhonn a tionchar ar ghníomhaíochtaí tráchtála agus sóisialta phobail an chósta a íoslaghdú. Dearfach, den chuid is mó, is tionchar comhshaoil na dtionscadal faoina dtugann Fochlár um Chosaint an Chósta.

Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála don Réigiún Thoir Theas 2010-2022

Baineann Mír 8.6 de na Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála don Réigiún Thoir Theas 2010-2022 (SERPGanna) le bainistíocht chríos an chósta. Luaitear ann go bhfuil brúnna á leagan ag tionchar daonna, mar aon le saincheisteanna um athrú aeráide domhanda ar thimpeallachtaí cósta. Tugtar faoi deara go n-eascaíonn coimhlintí leasa as an éileamh ar úsáidí agus acmhainní cósta. Moltar bainistíocht chomhtháite chríos an chósta mar an modh chun na fadhbanna seo a laghdú nó a dhíbirt, as a n-eascróidh, ar a uain sin, tairbhí eiticiúla, comhshaoil agus geilleagracha.

Tugtar breac-chuntas sna SERPGanna go bhfuil sé de chuspóir ag bainistíocht chomhtháite chríos an chósta (ICZM) forbairt inbhuanaithe a chur i bhfeidhm i gcriosanna an chósta agus chun éagsúlacht chósta a choimeád. Is éard a bhíonn i gceist leis seo comhbhainistíocht chun na huasleibhéil a choimeád d'úsáid, forbairt agus gníomhaíocht i gcriosanna cósta agus chun staid thimpeallacht an chósta a fheabhsú.

Aithníonn na SERPGanna gur príomh-shaincheist réigiúnach agus idir-réigiúnach é ICZM ar gá don Údarás Réigiúnach dul i ngleic léi i gcomhairliúchán agus i gcomhoibriú le húdaráis máguaird agus leis na gníomhaireachtaí ábhartha stáit. Tacaíonn PPO 8.22 le forbairt Plean Bainistíochta Comhtháite Chríos an Chósta (ICZMP) i gcomhairle leis na ranna rialtais, páirtithe leasmhara agus le páirtithe eile ar spéis leo le haghaidh an Réigiúin ag na trí údarás áitiúla cósta, agus aird ar fhorbairt Straitéis Náisiúnta Bainistíochta Comhtháite Chríos an Chósta. Luaitear in PPO 8.23 gur cheart go n-áireofaí leis na Pleananna Forbartha Údaráis Áitiúil, ar an ábhar sin, na beartais agus na cuspóirí ábhartha den ICZMP réigiúnach.

Staidéir Straitéis Cosanta Chósta na hÉireann: Céim 2 – Cósta an Oirdheiscirt agus Céim 3 – Measúnú Straitéiseach ar Thuile Chósta agus ar Mhéid Creimthe Chósta an Deiscirt

Soláthraíonn na staidéir seo, faoinar thug Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), measúnú straitéiseach ar mhéid creimthe agus ar thuile chósta feadh Chósta Thoir Theas agus Theas Loch Garman. Is é cuspóir an mheasúnaithe ar chreimeadh meastachán a dhéanamh ar staid dhóchúil an imeallbhoird amach anseo sna blianta 2030 agus 2050 i limistéir a mheastar atá leochaileach i leith creimthe, bunaithe ar chomparáid a dhéanamh idir an léarscáiliú reatha stairiúil agus an ghrianghrafadóireacht ón aer is fearr dá bhfuil ar fáil. Is é cuspóir an mheasúnaithe ar thuile an chósta chun an ghuais agus an riosca féideartha ó thuile chósta ar leibhéal straitéiseach a shainaithint.

Molann na staidéir go dtéann an OPW agus na údaráis áitiúla chósta i dteagmháil le húdaráis eile maidir le torthaí na tuarascála seo d'fhonn straitéisí oiriúnacha a fhorbairt chun bainistíocht a dhéanamh ar ghuaiseacha agus ar riosca féideartha a sainaithníodh.

Bainistíocht Chríos an Chósta – an tAonad Pleanála Spáis, an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, Bealtaine 2001.

Shainaithin an staidéar seo limistéir an chósta ag a bhfuil riachtanais speisialta bheartais agus bhainistíochta maidir le creimeadh an chósta, athruithe ar leibhéal na farraige, fóntas, gníomhaíochtaí turasóireachta agus dobharshaothraithe agus

sainaithnítear fadhbanna reatha a tharlaíonn mar thoradh ar an leibhéal reatha forbartha sna limistéir chósta siúd.

13.3 Crios an Chósta

Sainíodh crios an chósta ar mhaithe le bainistíocht eatramhach a dhéanamh ar limistéir chósta an chontae, ar feitheamh ICZMP a fhorbairt don Réigiún Thoir Theas. Sainaithníodh limistéir bheartais an chósta i bPlean Forbartha Contae 2007-2013. Áiríodh leo seo stráicí fairsinge an imeallbhoird ach níor áiríodh leo na lonnaíochtaí reatha cósta. Tá na lonnaíochtaí seo san áireamh anois, d'fhonn a chinntiú go gcosnaítear agus go mbainistítear an t-imeallbhord iomlán go héifeachtach. Mar gheall ar bhrúnna forbartha a tugadh faoi deara le blianta beaga anuas, síneann crios an chósta níos faide intíre ná mar a shín sé roimh seo, d'fhonn pleanáil agus forbairt cheart inbhuanaithe limistéir chósta an chontae a éascú.

Sainaithnítear crios an chósta ar Léarscáil Uimh. 11. Áirítear leis an limistéar idir an t-imeallbhord agus, i bhformhór na gcásanna, an bóthar leanúnach poiblí is gaire. Níl an cladach sainaitheanta ar an léarscáil ach áirítear é laistigh de chrios an chósta. Is é an sainmhíniú a thugtar san Acht Imeach Traigha, 1933 ar an gcladach (imeall trágha) “an méid atá laistíos de shnáth mhara na ngnáth-thaoidí nó na meán-thaoidí de ghrinneall agus de thráigh na farraige” agus síneann sé a fhad le dhá mhíle loingseoireachta dhéag (thart ar 22.4 ciliméadar).

13.4 Crios an Chósta a Bhainistiú

Aithníonn an Chomhairle gur sócmhainn ríthábhachtach crios an chósta ag a bhfuil cumas teoranta chun glacadh le forbairt. Cé go bhfuil an cumas ann chun príomhshócmhainní chrios an chósta a chur chun úsáide ar mhaithe le forbairt gheilleagrach, caitheamh aimsire agus shóisialta, aithnítear go bhfuil réimse dúshlán roimh na príomhshócmhainní seo óna dteastaíonn aird agus bainistíocht speisialta lena n-úsáid fhadtéarmach inbhuanaithe a chinntiú. Teastaíonn uaidh seo go leagtar béim ar scála agus ar ráta na forbartha ar féidir freastal uirthi gan díobháil a dhéanamh do cháilíochtaí agus nithe is díol spéise an chósta agus gan baint díobh.

Laistigh de chrios an chósta, agus i gcomhréir le moltaí na SERPGanna, díreoidh bainistíocht chrios an chósta ar an méid a leanas:

- Meas a léiriú ar nádúr athraitheach fisiciúil an imeallbhoird, agus aird ar leith ar rioscaí an chreimthe, éagobhsaíocht talún agus athruithe ar an gcrios idirthaoide.
- An riosca i gcás tuilte cósta nó cóstabhainteach a chur san áireamh.
- Caomhnú agus feabhsú an tírdhreacha agus an mhuirdhreacha; bithéagsúlacht; oidhreacht chultúrtha, stairiúil agus ailtireachta agus gnéithe seandálaíochta a chinntiú.
- Cosc a chur ar fhorbairt stráicí tearcfhorbartha chrios an chósta, seachas nuair is gá dó seo tacú le hoibriú na gcuanta, na gcalaft agus na gcéanna reatha nó le forbairt áiseanna turasóireachta a oireann do láthair chósta agus san áit nach mbainfeadh na hoibríochtaí agus an forbairt sin de chuspóirí cosanta comhshaoil.

Ní féidir leis an bPlean déileáil leis na saincheisteanna uile a thagann aníos i gcrios an chósta. Maidir leis an gcladach, ceanglaíonn na hAchtanna Imeall Trágha nach mór ceadúnas nó léas a fháil ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun tabhairt faoi oibreacha nó struchtúir nó ábhair a shuíomh ar an gcladach, atá faoi úinéireacht an Stáit, nó chun ábhair a áitiú nó a bhaint ón gcladach arb ionann é agus an chuid is mó den chladach. Teastaíonn cead roimh ré ón Aire ó fhorbairtí ar an gcladach atá faoi úinéireacht phríobháideach faoi na hAchtanna Imeall Trágha. (Meastar gur leis an Stát cladach uile na hÉireann mura soláthraítear teideal bailí eile). D'fhéadfaí a áireamh le forbairtí sa chladach óna dteastaíonn léas nó ceadúnas oibreacha cosanta cósta, forbairt a bhaineann le fuinneamh amach ón gcósta, lena n-áirítear fuinneamh ola, gáis, tonn agus taoide, forbairt um eastóscadh comhbhailiúchán agus mianraí ar an gcladach, cuan, calafort nó forbairtí a bhaineann leis an gcalaft.

13.4.1 Creimeadh Cósta

I measc na ndúshlán atá roimh an gcósta tá creimeadh cósta, ar féidir leis iarmhairtí tromchúiseacha geilleagracha agus sóisialta a bheith aige. Tá thart ar 125 ciliméadar de chladach 'bog' (cladach atá tugtha do chreimeadh) feadh imeallbhord an chontae.

D'fhoilsigh Oifig na nOibreacha Poiblí Céim 2 agus 3 de Staidéir Straitéis um Chosaint Chósta na hÉireann in 2010 agus 2011, faoi seach. Soláthraíonn na staidéir seo measúnuithe straitéiseacha ar mhéid chreimeadh an chósta agus thuille an chósta feadh Chósta an Oirdheiscirt (Céim 2) agus feadh an Chósta Theas (Céim 3). Rinne na measúnuithe meastachán ar na línte riosca creimthe le haghaidh an imeallbhoird sna blianta 2030 agus 2050. Sainaithníonn na léarscáileanna creimthe Cill Phádraig, Ard Maighean, Glascharraig, ó Chillín Cúile go Baile na hEiscrí agus Ros Láir feadh an imeallbhoird thoir theas agus ó Theach Coimseáin go Cé na Cille Móire, ó Choinicéar Bhaile Thaidhg go Fiodh Ard feadh an imeallbhoird theas amhail bheith tugtha do rioscaí creimthe.

Rinne staidéar Chéim 2 a mheas gurb ionann an meánráta bliantúil creimthe feadh an imeallbhoird thoir theas agus 0.6 méadar, agus sainaithníodh an t-uasráta bliantúil 3.75 méadar ag Cill Phádraig. Rinne staidéar Chéim 3 a mheas gurb ionann an meánráta bliantúil creimthe feadh an imeallbhoird theas agus 0.3 méadar. Chuir an staidéar uasráta creimthe i dtaifead ag an mbealach isteach chuig Cuan Bhanú (Coinicéar Mór) arb ionann é agus ráta bliantúlaithe creimthe 9.4 méadar. Ar a shon sin, luaitear sa staidéar nach meastar go léiríonn seo an t-imeallbhord ina iomláine nó an ráta leanúnach creimthe sa limistéar seo, mar gheall gurb é an toradh a bhí ar ghné áirithe a bhaint go hiomlán le linn thréimhse an athbhreithnithe.

Shainaithin na staidéir seo ísealrátaí muiníne le haghaidh tuartha creimthe i limistéir áitiúla, áit a bhfuil oibreacha cosanta tuite i bhfeidhm. Áirítear leis na limistéir seo Baile na Cúirte, Pollshone, Cathóir, an Abhainn Dubh agus Ros Láir.

Ní chuirtear san áireamh tionchar an athraithe aeráide agus an ardaithe ghaolmhair ar leibhéal na farraige agus na minicíochta agus na tromchúise méadaithe de stoirmeacha cósta sna staidéir seo. Méadóidh seo, ar a uain sin, na rioscaí a chruthaíonn creimeadh cósta feadh an chladaigh bhoig. Is gá bainistíocht chúramach a dhéanamh ar na rioscaí seo, dá bharr, chun daoine, maoin agus gnáthóga cósta a chosaint.

13.4.2 Tuile Cósta

Sainaithníonn staidéir an OPW an ghuais agus riosca féideartha a chruthaíonn tuile cósta ar leibhéal straitéiseach. Léiríonn na léarscáileanna tuartha ar mhéid agus ar dhoimhneacht thuile an chósta gurb ann do riosca i gcás tuilte den chuid is mó i lonnaíochtaí cósta nó i ngar dóibh. Is iad na príomhlimistéir de thuile fhéideartha cósta: Ó Phointe Chathóir go Caisleán Mhurchú, Droichead an Chaisleáin, Currach Cló, Loch Garman, Ros Láir, Teach Coimseáin, ó Ché na Cille Móire go Baile Uí Choileáin agus Droichead Eoin. Méadóidh tionchar an athraithe aeráide na rioscaí a chruthaíonn tuile cósta. Ar an ábhar sin, ar nós chreimeadh an chósta, is gá bainistíocht chúramach a dhéanamh ar na rioscaí seo.

13.4.3 Bainistíocht Chomhtháite Chríos an Chósta

Tá go leor comhlachtaí bainteach i mbainistíocht a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de chríos an chósta. I measc na ngníomhaireachtaí seo, tá: Comhairle Contae Loch Garman, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, an tSeirbhís um Fhiadhúlra agus Páirceanna Náisiúnta, Cuideachtaí Cuain agus Calafoirt agus úinéirí talún. Mar gheall go bhforluíonn cuid d'fhreagrachtaí na ngníomhaireachtaí seo, teastaíonn cur chuige comhtháite bainistíochta d'fhonn úsáid éifeachtúil na hinfheistíochta agus na n-acmhainní a chinntiú.

Baineann Bainistíocht Chomhtháite Chríos an Chósta (ICZM) le bainistíocht inbhuanaithe chríos an chósta. Próiseas atá ann a thugann le chéile iad siúd go léir atá bainteach i bhforbairt, bainistíocht agus úsáid an chósta chun cabhrú lena chinntiú go dtiteann bainistíocht amach anseo amach ar bhealach comhtháite, feasach agus éifeachtúil. Tacaíonn an NSS agus na SERPGanna le forbairt Phleananna náisiúnta agus réigiúnacha Bainistíochta Comhtháite Chríos an Chósta (ICZMP). Tugann na SERPGanna le fios a luaith a fhorbraítear na straitéisí seo, ba cheart do thrí údarás áitiúla cósta an Réigiúin, de réir mar is cuí, beartais agus cuspóirí ábhartha an ICZMP Réigiúnaigh a chur san áireamh ina bpleananna forbartha faoi seach.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir CZM01

A chinntiú go bhfuil aon phlean nó tionscadal nó aon oibreacha gaolmhara, ar bhonn aonair nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile, faoi réir na Tástála Measúnachta Oiriúnaí lena chinntiú nach aon d'aon tionchar dóchúil suntasach ar shláine (a shainmhínítear trí struchtúr agus feidhm) aon suímh/suíomhanna Natura 2000 agus go sásaítear go hiomlán ceanglais Airteagail 6(3) agus 6(4) na Treorach maidir le Gnáthóga ón AE. Sa chás gur dócha go mbeidh tionchar dóchúil ag an bplean nó an tionscadal ar shuíomh Natura 2000, beidh sé faoi réir na Tástála Oiriúnaí. Ní leanfar ar aghaidh leis an bplean nó leis an tionscadal ach tar éis go ndeimhnítear nach mbeidh drochthionchar aige ar shláine an tsuímh nó sa chás nach ann d'aon roghanna eile, go meastar go bhfuil nó an tionscadal/an plean ríthábhachtach ar chúiseanna leasa uileghabhálaigh phoiblí, go léir i gcomhréir le forálacha Airteagail 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE.

Cuspóir CZM02

Aird a bheith ar aon Phlean náisiúnta agus/nó réigiúnach Bainistíochta Comhtháite Chríos an Chósta amach anseo do limistéir chósta agus inbhir an chontae. Oibriú i gcomhar le hÚdarás Réigiúnach an Oirdheiscirt, le pobail áitiúla agus leis páirtithe leasmhara eile ábhartha chun Plean Bainistíochta Comhtháite Chríos an Chósta a réiteach agus a chur i bhfeidhm le haghaidh limistéir chósta agus inbhir an réigiúin agus an chontae.

Cuspóir CZM03

Breithniú a dhéanamh ar thabhairt faoi oibreacha cósta atá íogair i dtaobh an chomhshaoil de, nuair is gá, faoi réir go ndeartar na hoibreacha go cuí agus sa chás go léirítear nach gcuirfeadh na hoibreacha le fadhbanna reatha chreimeadh an chósta nó nach n-eascródh patrúin ardaithe de chreimeadh, sil-leagan nó tuile astu in áiteanna eile feadh an chósta chun dochair maoine eile, gnáthóg tábhachtach, ghnéithe an chósta nó shuíomhanna Natura 2000.

Cuspóir CZM04

Cosc a chur ar fhorbairt laistigh de limistéir atá tugtha do thuile cósta, seachas i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Riosca i gCás Tuilte d'Údaráis Phleanála (an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus Oifig na nOibreacha Poiblí, 2009).

Cuspóir CZM05

Aird a bheith ar thorthaí agus ar mholtaí Staidéir Straitéis um Chosaint Chósta na hÉireann agus measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála.

Cuspóir CZM06

Clár monatóireachta cósta a bhunú chun faisnéis a sholáthar ar chreimeadh an chósta ar bhonn leanúnach.

Cuspóir CZM07

A chinntiú go mbíonn forbairt i gcrios an chósta suite agus deartha i gceart agus aird ar thionchar amhairc ar chríos an chósta agus ar aonad saintréithe thírdhreach an chósta.

Cuspóir CZM08

Cosc a chur ar ábhar na trá, gaineamh agus gairbhéal a bhaint.

13.5 Forbairt lasmuigh de lonnaíochtaí reatha i gCrios an Chósta

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le nádúr chríos an chósta a choimeád d'fhonn cáilíocht an táirge turasóireachta, an comhshaol, a chosaint, agus le pleanáil fhoriomlán cheart agus forbairt inbhuanaithe chríos an chósta a chinntiú. Déanfaidh an Chomhairle breithniú cúramach ar thograí forbartha lasmuigh de lonnaíochtaí reatha, agus i gcás tithíocht tuaithe aonuaire, ní dhéanfaidh siad ach breithniú ar fhorbairtí ina léiríonn an t-iarratasóir gur gá dó/di cónaí ag an láthair ar leith sin i gcomhréir leis an Straitéis Tithíochta Inbhuanaithe Tuaithe i gCaibidil 4.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir CZM09

Cosc a chur ar fhorbairt lasmuigh de theorainneacha na lonnaíochtaí reatha cósta seachas é sin a bheidh le lonnú sa láthair ar leith sin, ar nós:

- Forbairt chun tacú le hoibriú na gcuanta, na gcalaíocht agus na muiríní reatha
- Forbairt talmhaíochta
- Áiseanna a bhaineann leis an turasóireacht a oireann don láthair ar leith chósta (seachas cóiríocht nuathógtha tithe saoire) nuair a léirítear go bhfuil gá ann bunaithe ar láthair nó ar acmhainn
- Forbairtí eile nuair a léirítear gá uileghabhálach

Cuirfear cosc ar fhorbairt sa chás go gcuireann sí bagairt shuntasach nó féideartha ar ghnáthóga nó ar ghnéithe cósta agus/nó nuair is dócha go n-eascróidh patrúin fhairsinge de chreimeadh nó de shil-leagan in áiteanna eile feadh an chósta as an bhforbairt agus nuair is dócha go mbeidh tionchar ag an bhforbairt ar shuíomhanna Natura 2000.

Cuspóir CZM10

Breithniú a dhéanamh ar thithíocht aonuaire i limistéir lasmuigh de theorainneacha lonnaíochtaí reatha i gcomhréir leis na cuspóirí tithíochta tuaithe a chuimsítear sa Straitéis Tithíochta Inbhuanaithe Tuaithe i gCaibidil 4 agus faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 4.

Cuspóir CZM11

A spreagadh go ndéanfaidh tograí áiteanna cónaithe reatha nó mí-úsáidte a athúsáid, a chaomhnú nó a ionadú chun úsáid chónaithe an dara tí cónaithe a bhaint astu faoi réir chomhlíonadh na gcuspóirí reatha tithíochta tuaithe a chuimsítear sa Straitéis Tithíochta Inbhuanaithe Tuaithe i gCaibidil 4 agus faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir CZM12

Fiontair bheagsála a spreagadh, sa chás go mbeartaítear chun scioból, cró nó struchtúr reatha eile a athchóiriú lena n-úsáid ag an bhfiontar faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir CZM13

A chinntiú go ndéantar forbairtí a shuíomh, a dhearadh agus a thírdhreachú go híogair agus nach mbaineann siad ó fhóntas amhairc an cheantair.

Cuspóir CZM14

Cosc a chur ar fhorbairt lasmuigh de theorainneacha na lonnaíochtaí reatha cósta, áit a bhféadfadh nach bhfuil an fhorbairt sin cosanta go leordhóthanach thar shaolré na forbartha gan an gá le hoibreacha nua nó breise cosanta cósta a thógáil.

Cuspóir CZM15

Cosc a chur ar fhorbairt aon fhoirgnimh (carbháin nó áiteanna cónaithe sealadacha san áireamh) lasmuigh de theorainn na lonnaíochtaí reatha, áit a bhfuil an fhorbairt laistigh de 100m den 'imeallbhord bog', is é sin, cladaigh atá tugtha do chreimeadh, mura féidir a dheimhniú go hoibiachtúil, bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíochta is fearr dá bhfuil ar fáil ag tráth an iarratais phleanála, go bhfuil dóchúlacht íosta chreimthe ann ag an láthair, agus aon tionchar na forbartha beartaithe ar chreimeadh, nó sil-leagan a chur san áireamh, i measc rudaí eile, agus nach ionann a bheidh an fhorbairt agus bagairt shuntasach nó fhéideartha do ghnáthóga nó do ghnéithe cósta. Ní bhainfidh an cuspóir seo le mionsínthe ar fhoirgnimh reatha.

13.6 Forbairt laistigh de Lonnaíochtaí Reatha i gCrios an Chósta

Aithníonn an Chomhairle an ról tábhachtach atá ag lonnaíochtaí reatha cósta, agus a leanann bheith acu, i bhforbairt gheilleagrach, caitheamh aimsire agus shóisialta an chontae. Spreagfaidh an Chomhairle an fhorbairt chuí sna lonnaíochtaí seo, agus go háirithe, spreagfaidh siad forbairtí a sholáthraíonn deiseanna chun seirbhísí agus áiseanna áitiúla a fhairsingiú a rachaidh chun sochair na gcónaitheoirí buana agus na gcuariteoirí. Treoróidh an Chomhairle scéimeanna nua tithe saoire agus dara

tithe chuig na lonnaíochtaí reatha seo ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe agus pleanáil cheart a dhéanamh ar limistéir an chósta.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir CZM16

Nádúr agus patrún na forbartha laistigh de lonnaíochtaí reatha i gcrios an chósta a rialú. Cuirfear cosc ar fhorbairt sa chás go gcuireann sí bagairt shuntasach nó fhéideartha ar ghnáthóga nó ar ghnéithe cósta agus/nó nuair is dócha go n-eascróidh patrúin fhairsinge de chreimeadh nó de shil-leagan in áiteanna eile feadh an chósta as an bhforbairt.

Cuspóir CZM17

A chinntiú go bhfuil an forbairt ar aon dul le scála agus le nádúr na lonnaíochta cósta, agus go gcuireann an dearadh go dearfach le suíomh an tírdhreacha cósta agus go bhfeabhsaíonn sé é.

Cuspóir CZM18

Breithniú a dhéanamh ar fhorbairt foirgnimh (carbháin nó áiteanna cónaithe sealadacha san áireamh) laistigh de theorainn lonnaíochtaí reatha, áit a bhfuil an forbairt laistigh de 100m den 'imeallbhord bog', is é sin, cladaigh atá tugtha do chreimeadh. Ní mór a dheimhniú go hoibiachtúil, bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíochta is fearr dá bhfuil ar fáil ag tráth an iarratais phleanála, go bhfuil dóchúlacht íosta chreimthe ann ag an láthair, agus aon tionchar na forbartha beartaithe ar chreimeadh, nó sil-leagan a chur san áireamh, i measc rudaí eile, agus nach ionann a bheidh an forbairt agus bagairt shuntasach nó fhéideartha do ghnáthóga nó do ghnéithe cósta.

13.7 Turasóireacht agus Caitheamh Aimsire i gCrios an Chósta

Soláthraíonn limistéir chósta an chontae cumas suntasach le haghaidh forbairt thurasóireachtbhainteach agus deiseanna fostaíochta iontu siúd don chontae agus don Réigiún Thoir Theas. Is gá bainistíocht chúramach a dhéanamh ar fhorbairt tionscadail turasóireachta mar gheall go gcruthaíonn ró-fhorbairt agus méaduithe ar

ghníomhaíocht turasóirí bagairtí don éiceolaíocht agus d'acmhainní an imeallbhoird agus do chaighdeán foriomlán an táirge turasóireachta dá bharr.

Thug go leor lonnaíochtaí feadh imeallbhord an chontae brúnna forbartha faoi deara le haghaidh cóiríocht tithe saoire agus an dara tithe cónaithe. D'fhonn inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chinntiú, díreofar ar chóiríocht tithe saoire a bhraisliú sna bailte agus sráidbhailte reatha nó ina n-aice feadh an imeallbhoird. Aithníonn an Chomhairle an gá atá le forbairt miondíola agus seirbhísí áitiúla a éascú sna limistéir seo mar gheall go gcabhróidh seo leis an ngeilleagar áitiúil agus le pobail áitiúla chun caipitliú a dhéanamh ar chumas geilleagrach na bhforbairtí reatha agus beartaithe cóiríocht saoire. Déanfar monatóireacht chúramach ar scála an tsaghais seo forbartha le cosaint nádúr agus chomhshaol limistéir an chósta a chinntiú.

Forbraíodh conair chósta feadh go leor codanna den imeallbhord. Cé nach bhfuil sí leanúnach, síneann an chonair chósta ar feadh 221 ciliméadar ó Rinn Chill Mhichíl i gcúinne thoir thuaidh an Chontae go dtí Baile Hac, sráidbhaile san iardheisceart. Cuireann an chonair chósta cumas ar tairiscint mar shiúlán fánach agus mar nasc idir limistéir an chósta. Cuireann na SERPGanna forbairt siúlán marcáilte cósta feadh fhad iomlán imeallbhord an réigiúin chun cinn.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir CZM19

A cheangal go lonnófar scéimeanna nua tithe saoire agus an dara teach cónaithe laistigh de bhailte agus de shráidbhailte reatha i gcrios an chósta. Oirfidh scála na scéimeanna tithe saoire do scála agus do shaintréithe an bhaile nó an tsráidbhaile agus comhlíonfaidh siad na gnáthchritéir phleanála agus chomhshaoil agus na caighdeáin bhainistíochta forbartha a a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir CZM20

Breithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cuí turasóireachta agus caitheamh aimsire (seachas cóiríocht nua tithe saoire) i limistéir lasmuigh de lonnaíochtaí reatha a fhad agus nach n-imríonn na gníomhaíochtaí seo drochthionchar suntasach

ar nádúr an chósta agus faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir CZM21

Tacú le hÚdarás Réigiúnach an Oirdheiscirt i Slúlán Cósta a bhfuil a bhealach marcáilte a fhorbairt, san áit ar féidir agus ar cuí, feadh fhad iomlán imeallbhord an Réigiúin Thoir Theas i gcomhar leis na húdarais áitiúla eile sa Réigiún, úinéirí talún agus comhghníomhaireachtaí eile. Beidh ar gach clár agus obair chun an siúlán cósta a fhorbairt prionsabail na forbartha inbhuanaithe faoi Airteagal 6 agus 10 den Treoir maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh.

Cuspóir CZM22

A chinntiú go bhfuil rochtain leordhóthanach phoiblí ar an gcósta, lena n-áirítear siúláin chósta agus bealaí rothar faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir CZM23

Áiseanna agus forbairtí turasóireachta agus caitheamh aimsire a spreagadh, a bheidh inrochtana do choisithe agus do rothaithe agus a thiocfaidh i dtír ar roghanna inbhuanaithe iompair trí chonairí, bealach rothar agus naisc a sholáthar ar an gcóras iompair phoiblí san áit ar féidir, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir CZM24

Rochtain a chur chun cinn, lena n-áirítear siúláin phoiblí, ar thránna agus an cladach, nuair a bhíonn sé oiriúnach i dtaobh an chomhshaoil de, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir CZM25

Áiseanna a choimeád agus a nuashonrú i limistéir an chósta trí na háiseanna oiriúnacha tacaíochta a sholáthar, ar nós carrpháirceála, páirceáil cóistí, páirceáil

rothar, leithris phoiblí agus áiseanna diúscartha bruscair, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir CZM26

Tacú le forbairt bealaí cósta mar nithe is díol spéise do thurasóirí agus fónais áitiúla agus iad a chur chun cinn, i gcomhoibriú le heagraíochtaí reachtúla agus ábhartha, ar mhaithe le gníomhaíochtaí caitheamh aimsire, lena n-áirítear siúl, rothaíocht, fálródaíocht ar chapaillíní, breathnú ar mhíolta móra/dheilfeanna agus éanbhreathnú. Ba cheart go soláthródh na bealaí seo naisc le gníomhaíochtaí agus le háiseanna eile, nuair is féidir agus is indéanta agus faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

13.8 Cuanta, Calafóirt, Céanna agus Muiríní

Aithníonn a Chomhairle go bhfuil ról an-tábhachtacha ag na háiseanna seo sa gheilleagar áitiúil, i dturasóireacht agus in áiseanna caitheamh aimsire. Baineann tábhacht straitéiseach le Europort Ros Láir ar mhaithe le tionscal, turasóireacht agus tráchtáil a fhorbairt sa Chontae agus sa Réigiún Thoir Theas. Uasmhéadóidh an Chomhairle cumas geilleagrach Europort Ros Láir agus cuirfidh siad forbairt fostaíochta chun cinn a bhaineann leis an gcuan. Leagtar amach cuspóirí na Comhairle le haghaidh Europort Ros Láir i gCaibidlí 6, 8 agus 11.

Baineann ríthábhacht le cothabháil, feabhsú agus i roinnt cásanna, síneadh céanna agus calafort i limistéir an chósta agus inbhir, mar gheall go dteastaíonn na struchtúir seo chun gníomhaíochtaí iascaireachta agus turasóireachta a éascú.

Soláthraíonn muiríní seirbhísí do thurasóirí agus do dhaoine áitiúla a bhfuil baint acu i ngníomhaíochtaí uiscebhunaithe. Soláthraíonn siad rochtain ar bhailte agus sráidbhailte agus ar a seirbhísí agus fónais ghaolmhara, agus cuireann siad leis na geilleagair áitiúla seo, dá bharr. Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann leis na háiseanna seo a chosaint agus a fhorbairt. Tá dhá mhuiríne Bhrataí Goirme

ag an gContae faoi láthair: Muiríne Ché na Cille Móire agus 'Muiríne an Triúir Shiúr' i mBaile Ros Mhic Thriúin.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir CZM27

Tacú le forbairt Europort Ros Láir, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir CZM28

Na calafoirt agus na céanna a choimeád agus a fheabhsú atá faoi rialú Chomhairle Contae Loch Garman, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir CZM29

Sínte ar a bhfuil rochtain uilíoch ar úsáid na gcalafort, nuair is cuí, le gnéithe d'fhóillíocht ghníomhach agus éighníomhach, turasóireacht agus fiontair sheirbhíse a áireamh chun pointí fócasacha beoga agus mealltacha a chruthú le haghaidh na lonnaithe reatha cósta faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir CZM30

Forbairt Muiríní, lamairní agus áiseanna a spreagadh, mar aon le háiseanna le haghaidh forbairtí fóillíochta muirí sna háiteanna nach mbainfidh na suiteálacha sin den fhóntas amhairc, caighdeán comhshaoil an cheantair, nó de rochtain phoiblí ar thránna, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i gCaibidil 18.

13.9 Tránna agus Snámh

Tá imeallbhord an Chontae breac le go leor tránna atá mar nithe is díol spéise do thurasóirí agus do shnámh. In 2011, ba thránna Brataí Goirme ceithre cinn de na tránna seo: Tránna Gradaim Chósta Ghlais iad na tránna i mBaile na Cúirte, Caisleán Mhurchú, Currach Cló agus Ros Láir. Baile Muine, Baile na hEiscrí, Bearna Culleton, Cathóir, Baile Uí Choileáin agus an Seanbhábhún.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir CZM31

Tránna, rochtain ar thránna agus limistéir shainithe shnámha a chosaint mar fhóntais luachmhara áitiúla seachas mar acmhainn turasóireachta.

Cuspóir CZM32

Uiscí snámha a chosaint d'fhonn go gcomhlíonann siad na caighdeáin riachtanacha uisce snámha agus go gcuireann siad torthaí agus moltaí na dtuarascálacha maidir le Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn, faoi mar a foilsíodh iad, i bhfeidhm.

Cuspóir CZM33

Gach trá a chosaint, a fheabhsú agus a chaomhnú sa chontae agus chun stádas Brataí Goirme a choimeád agus bheith meáite ar an líon tránna a bhfuil an stádas seo a mhéadú.

Cuspóir CZM34

Áiseanna carrpháirceála, páirceáil rothar, leithris agus dramhaíola a sholáthar ag láithreacha oiriúnacha ag limistéir shnámha an chontae, nuair is féidir, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir CZM35

Feabhsú agus forbairt a dhéanamh ar inrochtaineacht ar thránna do dhaoine atá faoi mhíchumas, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

13.10 Iascaireacht/Dobharshaothrú/Muirshaothrú i gCrios an Chósta

Tá príomhról ag na cuanta iascaireachta feadh an imeallbhoird sa gheilleagar áitiúil agus réigiúnach. Cuanta tábhachtacha iascaireachta iad Cé na Cille Móire, Dún Canann agus Baile na Cúirte, agus is limistéir thábhachtacha iad Cuan Loch Garman agus Bá Bhanú le haghaidh feirmeoireacht sliogéisc.

Tugann na SERPGanna le fios gur cheart d'údaráis chósta tionscal nua-aimseartha, atá lonnaithe go háitiúil a éascú agus breithniú a dhéanamh ar úsáidí eile le haghaidh calafoirt iascaireachta nach bhfuil an oiread sin úsáide á baint astu a thuilleadh. Moltar, chomh maith, gur cheart do na húdaráis áitiúla, i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara ábhartha, an tOirdheisceart a chur chun cinn mar 'Lárionad Muirí na hÉireann' trí fhorbairt braislí na turasóireachta muirí a fhorbairt feadh an imeallbhoird thoir theas. D'fhéadfadh na braislí seo muiríne a chorprú, áiseanna slatiascaireachta, áiseanna spóirt uisce, áiseanna do thurasóireacht dúlra, cúrsáil pléisiúir, báid farantóireachta oileáin agus áiseanna tacaíochta.

Shainaithin an Straitéis Forbartha don Bhonneagar Muirí agus Fóillíochta, a d'fhoilsigh Foras na Mara in 2002 naoi láthair tháscacha sa Réigiún Thoir Theas ag a bhfuil an cumas chun braisliú a dhéanamh. Is iad na limistéir a sainaitníodh i gContae Loch Garman: Baile na Cúirte, Cathóir (an Poll Dubh) Ros Láir, Fiodh Ard, Dún Canann agus Cuan Loch Garman.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir CZM36

Tacú leis an méid a chuireann iascaireacht agus dobharshaothrú leis an ngeilleagar tuaithe trí úsáid agus forbairt na n-áiseanna reatha cuain/cé/calafoirt a spreagadh le haghaidh iascaireacht tráchtála, agus an gá le hoidhreacht nádúrtha agus chultúrtha an chósta a chaomhnú agus a fheabhsú a chur san áireamh agus faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir CZM37

Oibriú le pobail áitiúla, leis na páirtithe leasmhara cuí agus leis an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Mara le cur i bhfeidhm ceart na Treorach maidir le hUiscí Sliogéisc a chinntiú feadh imeallbhord Chontae Loch Garman.

Cuspóir CZM38

Tacú le forbairt na mbraislí turasóireachta muirí feadh an imeallbhoird thoir theas agus chun na cuspóirí a chur i bhfeidhm a chuimsítear sa Straitéis Forbartha don Bhonneagar Muirí agus Fóillíochta (Foras na Mara 2002), faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir CZM39

Tacú le limistéir shainaitheanta shliogéisc sa chontae agus iad a chosaint.

13.11 Fuinneamh In-Athnuaite i gCrios an Chósta

Tacaíonn an Chomhairle leis an bprionsabal chun fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt, ar nós fuinneamh gaoithe, tonn agus taoide amach ó chósta Loch Garman agus aithníonn siad na tairbhí geilleagracha a d'fhéadfadh na forbairtí seo a chruthú don Chontae. Déileálfaidh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha le forbairt struchtúr faoi fhorálacha na nAchtanna Imeall Trágha. D'fhéadfadh cead pleanála bheith ag teastáil ó roinnt gnéithe talamhbhunaithe de na forbairtí seo ón gComhairle, áfach. Leagtar amach i gCaibidil 11 agus in Imleabhar 5 cuspóirí na Comhairle maidir le Fuinneamh In-Athnuaite.

Caibidil 14 Oidhreacht

14.1 Réamhrá

Is é an sainmhíniú a thugtar san Acht Oidhreacht, 1995 ar oidhreacht, séadchomharthaí, seandálaíocht, earraí oidhreacht, ailtireacht, flóra, fána, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, báid bhriste, geolaíocht, gairdíní oidhreacht agus páirceanna agus uiscebhealaí intíre. Ar an ábhar sin, táimid crioslaithe ag an oidhreacht. Sonraítear í sa tírdhreach ina gcónaí agus sonraítear í sa bhealach a bhraithimid an tírdhreach céanna sin. Cabhraíonn gnéithe ár n-oidhreacht linn chun sinn féin a shainiú agus cuireann siad le braistint thréan féiniúlachta agus bhróid a fhorbairt. Anuas air sin, baineann ríthábhacht le hoidhreacht maidir lenár ngeilleagar, ar seo ceann de na pointí is fearr díola sna margaí intíre agus idirnáisiúnta turasóireachta.

Mórfheidhm an Phlean is ea caomhnú agus cur chun cinn na hoidhreacht tógtha, nádúrtha agus cultúrtha. Leagtar amach sa chaibidil seo na cuspóirí chun gach gné d'oidhreacht nádúrtha, chultúrtha agus thógtha an chontae a chaomhnú, chun feasacht a mhúscailt orthu agus chun sult a bhaint astu a chur chun cinn.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir HT01

Plean Oidhreacht a réiteach chun cabhrú le bainistíocht agus cur chun cinn ár n-oidhreacht luachmhaire ar bhealach inbhuanaithe.

Cuspóir HT02

A chinntiú go mbainistítear úsáid ár sócmhainní oidhreacht ar bhealach nach mbíonn drochthionchar aige ar luach intreach na sócmhainní.

Cuspóir HT03

A chinntiú nach mbíonn tionchar neamh-inghlactha ag tograí forbartha ar ár n-oidhreacht murab ann do chúis leasa phoiblí uileghabhálach leis an bhforbairt sin. Comhlíonfaidh aon fhorbairt den chineál sin na critéir eile phleanála agus

chomhshaoil agus na caighdeáin bhainistíochta forbartha go léir a chuimsítear i gCaibidil 18.

14.2 Oidhreacht Nádúrtha

Éagsúlacht na beatha is ea oidhreacht nádúrtha, an bonn fisiciúil nó geolaíoch atá fúithi agus na tírdhreacha a chruthaíonn a bhfuil thart orainn, a dtagraítear di go minic mar bhithéagsúlacht. Áirítear leis an mbithéagsúlacht gach rud idir chrainn agus lustan, idir mhamaigh agus éin, idir chósta agus tuath. Cruthaíonn an bhithéagsúlacht sochair nádúrtha, ar nós ithreacha torthúla, bia agus uisce glan. Tá oidhreacht fhairsing de ghnáthóga caomhnaithe an dúlra i gContae Loch Garman ina bhfuil réimse leathan plandaí agus ainmhithe. Féadfaidh brú forbartha, gníomhaíochtaí agus idirghabháil daoine bagairt ar an mbithéagsúlacht. Mar chuid de chur chuige inbhuanaithe i leith bhainistíocht na hoidhreachta nádúrtha, is gá bainistíocht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí daoine ar bhealach a chinntíonn go gcosnaítear gnáthóga fiadhúlra agus speiceas ar mhaithe leis an nglúin reatha agus leis an nglúin amach anseo.

Anuas air a bhithéagsúlacht fhairsing, tá roinnt suíomhanna lena mbaineann leas geolaíoch agus geomoirfeolaíoch i gContae Loch Garman nach mór a chosaint. Tá líon sainiúchán ann a sholáthraíonn cosaint nó a cheanglaíonn go mbainistítear limistéir áirithe dár n-oidhreacht nádúrtha. Ina measc seo tá:

- Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta
- Limistéir faoi Chosaint Speisialta
- Limistéir Náisiúnta faoi Chaomhnú Speisialta
- Suíomhanna Geolaíochta Contae a Bheartaítear
- Suíomhanna Ramsar
- Anaclanna Nádúrtha
- Tearmainn don Fhána

Anuas air sin, tá líon speiceas ann atá á chosaint faoin Treoir maidir le hÉin ón AE (79/409/CEE), an Treoir maidir le Gnáthóga ón AE (92/43/CEE) agus na hAchtanna um Fhiadhúlra. Déanann reachtaíocht eile, lena n-áirítear an Treoir maidir le hUiscí Sliogéisc ón AE (2006/113/CE) agus Rialachán na gComhphobal Eorpach um

Chuspóirí Comhshaoil (Diúilicín Péarla Fionnuisce), 2009 (I.R. Uimh. 296 de 2009) cosaint a sholáthar do na speicis agus na limistéir shonracha, anuas ar an gCreat-Treoir Uisce.

14.2.1 Suíomhanna Natura 2000

Líonra suíomhanna iad suíomhanna Natura 2000 lena mbaineann an tábhacht is airde i dtaobh bithéagsúlachta san Eoraip faoin Treoir maidir le hÉin ón AE (79/409/CEE) agus an Treoir maidir le Gnáthóga ón AE (92/43/CEE). Is éard atá iontu ná Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA) agus Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC). Bunaítear Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA) faoin Treoir maidir le hÉin ón AE (79/409/CEE) ar mhaithe le cosaint agus caomhnú larscríbhinn I (speicis annamha agus atá faoi bhagairt), ar speicis imirceacha iad a fhaightear go rialta agus le haghaidh gnáthóga éan (bogaigh ach go háirithe). Bunaítear Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) faoin Treoir maidir le Gnáthóga ón AE (92/43/CEE) chun foráil a dhéanamh do chosaint agus caomhnú gnáthóg agus speiceas a liostaítear in larscríbhinn I (gnáthóga) agus in larscríbhinn II (speicis – nach éin iad) den Treoir maidir le Gnáthóga.

Tá oidhreacht nádúrtha an-fhairsing ann i Loch Garman a léirítear i líon agus i dtábhacht na suíomhanna Natura 2000 atá sa chontae. Liostaítear iad seo i dTábla Uimh. 31 agus léirítear iad ar Léarscáil Uimh. 12. Faoi láthair, tá SAC amháin, 15 SAC iarrthóra agus naoi SPA i gContae Loch Garman.

Maidir le suíomhanna Natura 2000, ceanglaíonn Airteagal 6(1) agus 6(2) den Treoir maidir le Gnáthóga an méid a leanas ar bhallstáit:

- Na bearta oiriúnacha caomhnaithe a ghlacadh chun na gnáthóga agus na speicis a choimeád agus a athshlánú dá sainíodh an suíomh do stádas fabhrach caomhnaithe;
- Gníomhaíochtaí díobhála a sheachaint a d'fhéadfadh cur isteach go mór ar na speicis seo nó baint de ghnáthóga na speiceas faoi chosaint nó de na saghsanna gnáthóige.

Ceanglaíonn Airteagail 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga agus Alt 177 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), nach mór tástáil a dhéanamh ar aon phlean nó tionscadal a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shláine shuíomh Natura 2000 lena dheimhniú an dteastaíonn nó nach dteastaíonn Measúnú Oiriúnach a dhéanamh ar an bplan nó an tionscadal. Sa chás go dtugann an tástáil le fios ar an bplan nó an tionscadal, go n-imreoidh siad tionchar suntasach, cibé acu go díreach nó go hindíreach, iad féin, nó i gcomhar le pleananna agus tionscadail eile, ar shuíomh(anna) Natura 2000, ní mór go mbeidh an plan nó an tionscadal faoi réir Measúnú Oiriúnach iomlán.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar chonclúidí an Mheasúnaithe Oiriúnaigh, ní chomhaontóidh an t-údarás inniúil leis an bplan nó an tionscadal ach amháin má bhíonn siad sásta nach mbeidh drochthionchar acu ar iomláine an tsuímh nó sa chás nach ann d'aon roghanna eile, go meastar go bhfuil an plan nó an tionscadal ríthábhachtach ar chúiseanna leasa uileghabhálaigh phoiblí, lena n-áirítear, faoi chúinsí áirithe, iad siúd lena mbaineann nádúr sóisialta nó geilleagrach. I gcomhréir le hAilt 177W agus 177A den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), sa chás go bhfuil sa suíomh saghas tosaíochta de ghnáthóg nádúrtha agus/nó speiceas tosaíochta, is iad an t-aon chúiseanna ríthábhachtacha leasa uileghabhálaigh phoiblí a bhféadfaí breithniú a dhéanamh orthu iad siúd a bhaineann le sláinte daoine, sábháilteacht phoiblí, iarmhairtí tairbhiúla lena mbaineann buntábhacht leis an gcomhshaol nó, tar éis tuairim a fháil ón gCoimisiún Eorpach, cúiseanna eile ríthábhachtacha leasa uileghabhálaigh phoiblí.

Sna cásanna siúd, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir leis na cúiseanna ríthábhachtacha leasa uileghabhálaigh phoiblí agus déanfaidh siad bearta cúitimh a bheartú atá riachtanach lena chinntiú go gcosnaítear comhtháthú foriomlán Natura 2000. Sa chás go gcinneann an tAire go bhfuil an plan nó an tionscadal riachtanach ar chúiseanna ríthábhachtacha leasa phoiblí agus go bhfuil sé/sí sásta leis na bearta cúitimh a bheartaítear, tabharfaidh sé/sí fógra don údarás agus féadfaidh an t-údarás cinneadh a dhéanamh ar an bplan a dhéanamh nó chun toiliú a dheonú don fhorbairt a bheartaítear gan choinníollacha nó le coinníollacha. Cuirfidh an tAire an Coimisiún Eorpach ar an eolas ar an gceist, lena n-áirítear bearta cúitimh.

Tábla Uimh. 31 Suíomhanna Natura 2000 i gContae Loch Garman

Ainm an tSuímh	Uimh. Suímh an SAC	Uimh. Suímh an SPA
Uachais Bhaile Thaidhg	000696	004020
Bá Bhanú	000697	004033
Poldair agus Dumhcha Chathóir	000700	
Loch Oileán Mhuire	000704	004009
Oileáin an tSailte Mhoir	000707	004002
Cnoic na Scríne	000708	
Loch Theach Coimseáin	000709	004092
Rinn Rámhann	000710	004019
Rinn Duáin	000764	
Na Staighrí Dubha	000770	
Gleann Abhann na Sláine	000781	
Dumhcha Chill Mhucraise-Thigh na Bearna	001741	
Dumhcha Chill Mhucraise-Thigh na Bearna	001741	
Dumhcha Chill Phádraig	001742	
Long Bank	002161	
An Bhearú agus an Fheoir	002162	
Calafort agus Slabaí Loch Garman		004076
Oileáin na gCaorach		004118
Riasca Chathóir		004143
Ceann an Chairn	002269	

14.2.2 Limistéir Oidhreachta Nádurtha agus Suíomhanna Geolaíocha Contae

Faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000, tá Limistéir Oidhreachta Nádurtha (NHAanna) á n-ainmniú chun speicis agus gnáthóga lena mbaineann tábhacht náisiúnta agus suíomhanna lena mbaineann spéis gheolaíoch a chaomhnú. Faoi láthair tá NHA amháin ainmnithe (Oileán na gCaorach) agus tá 27 NHA beartaithe

(pNHA) ann i gContae Loch Garman. Liostaítear iad seo i dTábla Uimh. 32 agus léirítear iad ar Léarscáil Uimh. 12.

Tábla Uimh. 32 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha a Bheartaítear

Uimh. an tSuímh	Ainm an tSuímh
000703	Oileáin na gCaorach
000698	Inbhear na Bearú
000699	Eanach na Buaile
000702	Eaglais Lios Cinn Féir, Cloch na gCaorach
000706	Bruach Abhann Mhóta Gairéad
000711	Mainistir Thinteirn
000712	Slabaí agus Cuan Loch Garman
000741	Claiseanna Gainimh Bhaile an Choinigéir
000742	Baile an Choinigéir Uachtarach
000744	Riasc Bhéal Átha Ceallaigh
000745	Cladach Bhaile Muine
000746	Coill Bhaile na Bearna
000747	Eanach agus Loch an Bhaile Rua
000750	Cairéil Sclátaí Bhun Clóidí
000754	Coill Chorrchúil na Muc
000755	Clúdach Sionnach Cónach
000757	Dumhcha agus Gleann Bhaile na Cúirte
000761	Sliabh Fhothart

000765	Foraois Choill Eachroma
000774	Coill na Feá
000782	Uachais Naomh Eibhlín
000812	Gleann Abhann Pholl an Mhóintigh
001733	Coillte Ard Maighean
001736	Rinn Chathóir
001737	Dumhcha Dhomhnach Mór
001738	Dumhcha Dhún Canainn
001834	Riasc Abhann Chill Chill Gormáin
001930	Riasc Bhaile Thaidhg

Tá suíomhanna tábhachtacha geolaíochta agus geomoifeolaíochta á sainaitheint in Éirinn faoi láthair lena n-ainmniú mar NHAanna ag Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (GSI) agus ag an tSeirbhís um Fhiadhúlra agus Páirceanna Náisiúnta (NPWS) den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Tá na suíomhanna á roghnú faoi 16 théama éagsúla geolaíochta agus tá sampla ionadaíoch le sainaitheint faoi gach téama. Tá an dara sraith de Shuíomhanna Geolaíochta Contae (CGS) sainaitheanta lena gcuimsiú i bpleananna forbartha d'fhonn roinnt aitheantais agus cosanta a bhaint amach tríd an gcóras pleanála. I gContae Loch Garman, tá 26 suíomh molta le haghaidh ainmniú mar NHA agus tá 11 shuíomh molta le haghaidh ainmniú CGS.

Tábla Uimh. 33 NHAanna agus Suíomhanna Geolaíocha Contae arna Moladh ag GSI

Uimh. an tSuímh	Ainm an tSuímh	Ainmniú molta ag
1	Na Staighrí Dubha	NHA
2	An Bhearú, Íochtarach, agus an tSiúir, Íochtarach	NHA
3	Dún Mór (roghnú cósta)	NHA
4	Ceann Bhanú	CGS
5	Ó Rinn Duáin go baile an Teampaill a fhad le Ceann Bhanú	NHA
6	Rinn Duáin	Idirnáisiúnta
7	Bá Bhaile Thaidhg	NHA
8	Baile an Mhuilinn	NHA
9	Cé na Cille Móire-Droichead Phádraig	NHA
10	Cé na Cille Móire	NHA
11	Rinn na Binne	NHA
12	An Comar	NHA agus CGS
13	Loch Theach Coimseáin	NHA
14	Loch Theach Coimseáin-Loch Oileán Mhuire	NHA
15	Loch Oileán Mhuire	NHA
16	Cuan Loch Garman	NHA
17	An tSláine, Bunabhain Clóidí	NHA
18	An tSláine, Inis Córthaidh	NHA
19	An Chuileanntach [Grinchloch - féithe picbhleinde]	CGS
20	Clós feirme Greenville	NHA
21	Bá na Buaile	Idirnáisiúnta
22	Bá Sandeel	NHA
23	Ón Seanbhaile go Bá Harrylock	NHA
24	Coillte Riabhacha	CGS
25	Carraig an Daingin	NHA
26	Dún Canann	CGS

Uimh. an tSuímh	Ainm an tSuímh	Ainmniú molta ag
27	Cladach Bhaile Muine	NHA
28	Baile Uí Choileáin	NHA
29	Pollshone-Cathóir	NHA
30	Cairéal Choimín Shíol Maolúr	CGS
31	Calafort Eibhlín	CGS
32	Láib Oighearmhuirí Eibhlín	CGS
33	Sráidbhaile na Coille	CGS
34	Crosaire Chamrois	NHA
35	Cnoic na Scríne	NHA
36	Rinn Chnoc na Giolcaí	CGS
37	Sliabh Fhothart	CGS
38	Lóiste Íle/Tigh an Chuain	NHA

14.2.3 Suíomhanna Ramsar

Tháinig Coinbhinsiún Ramsar maidir le Bogaigh i bhfeidhm in Éirinn an 15 Márta 1985. Tá 45 suíomh ainmnithe in Éirinn faoi láthair mar Bhogaigh lena mbaineann Tábhacht Idirnáisiúnta agus tá trí cinn díobh seo lonnaithe i gContae Loch Garman a chuimsíonn achar 1,741 heicteár ar an iomlán; Anaclann Éin Uisce na Rámhainne, Bhá Bhanú agus Loch Garman.

Suíomh Ramsar Uimh. 291: Anaclann Éin Uisce Loch Garman

Ainmníodh an suíomh an 15 Samhain 1984. Tá achar iomlán 194 heicteár ann in Anaclann Éin Uisce Loch Garman. Rinneadh an t-ainmniú a leanas sa suíomh chomh maith; Limistéar faoi Chosaint Speisialta (Treoir ón CE) agus Anaclann Dúlra. Déantar cur síos ar an suíomh mar limistéar íseal de thalamh feirme ina bhfuil go leor poldar ar a ngabhann roinnt díoga draenála trasna a cruthaíodh trí ionbhá inbhir a dhraenáil. Rialaítear na leibhéil uisce le haghaidh uisciú agus cosc a chur ar thuilte. Cruthaíonn an suíomh cuid den suíomh geimhrithe is tábhachtaí ar domhan do Ghé Bhánéadanach na Graolainne (*Anser albifrons flavirostris*) (daonra domhanda thart ar 30,000), a neadaíonn sa Ghraonlainn, a bheireann ar ghearrcaigh san Íoslainn agus a chaitheann an geimhreadh in Éirinn agus san RA. De réir an

mheánchomhairimh ar *A. a. flavirostris* a chaitheann an geimhreadh ag an suíomh, tá 32% den daonra domhanda ann. Úsáideann roinnt éin phasáiste agus gheimhrithe an suíomh.

Suíomh Ramsar Uimh. 840: Bá Bhanú

Ainmníodh an suíomh an 11 Samhain 1996. Tá achar iomlán 958 heicteár sa suíomh agus is Limistéar faoi Chosaint Speisialta é chomh maith (Treoir ón CE). Déantar cur síos ar an suíomh mar bhá farraige ina bhfuil réileáin fhairsinge láibe, riasca goirt agus dhumhcha. Tacaíonn an suíomh le réimse tábhachtach de speicis éin uisce gheimhrithe, lena n-áirítear an Lacha Bhiorearraigh Thuaisceartaigh (*Anas acuta*), an Cnota Rua (*Calidris canutus*) agus an Fheadóg Ghlas (*Pluvialis squatarola*). Gnáthóg atá inti le haghaidh líonta lena mbaineann tábhacht idirnáisiúnta de Chadhain (*Branta bernicla hrota*).

Suíomh Ramsar Uimh. 333: An Rámhainn

Ainmníodh an suíomh an 31 Iúil 1986. Tá achar iomlán 589 heicteár sa suíomh agus baineann na hainmniúcháin a leanas leis an suíomh; Limistéar faoi Chosaint Speisialta (Treoir ón CE) agus Anaclann Dúlra. Déantar cur síos ar an suíomh mar ghob dhumhcha a chosnaíonn Cuan Loch Garman ón bhfarraige. Tá an bhuaic an-mhóibíleach, agus tá inti patrúin d'aischuair athraitheacha, murlaigh agus de ghuairí. Tacaíonn na fodhumhcha neamhfhoraoisithe le fásra dea-fhorbartha, lena n-áirítear speicis éagsúla nach dtagtar orthu chomh minic sin in Éirinn. Soláthraíonn an suíomh suíomhanna tábhachtacha ar an bhfara do gheabhróga pasáiste agus tacaíonn sé le cóilíneacht bheag neadaithe de Gheabhróga Beaga (*Sterna albifrons*). Caitheann líonta lena mbaineann tábhacht náisiúnta de Ghéanna Bánéadanacha na Graolainne (*Anser albifrons flavirostris*) an geimhreadh ag an suíomh seo agus bíonn líonta móra de lapairí ar an bhfara le linn lánmhara. Déantar bainistíocht ar an suíomh le haghaidh adhmaid.

14.2.4 Anaclanna Nádúrtha

Baineann tábhacht leis na limistéir seo ar mhaithe le fiadhúlra, atá faoi chosaint faoi Ordú ón Aire. Tá trí anaclann Dúlra ann i gContae Loch Garman; an Rámhainn, Anaclann Éin Uisce Loch Garman agus Uachais Bhaile Thaidhg.

Tá Uachais Bhaile Thaidhg (227 heicteár) ina gob slinnte 9km ar fad a ghabhann siar ó thuaidh ó shráidbhaile cósta Ché na Cille Móire i ndeisceart Chontae Loch Garman agus a dhéanann nasc leis an gcladach. Áirítear le flóra Uachais Bhaile Thaidhg líon plandaí annamha ar nós *Asparagus officinalis* agus tá plandaí an-fhairsinge duimhche inti agus iad siúd a mbíonn an rath orthu i ngnáthóga cósta. Bunaíodh í an 28 Meán Fómhair 1987 agus tá sí faoi úinéireacht an Stáit.

Tá an Rámhainn (589 heicteár), lonnaithe 8km soir ó thuaidh ó bhaile Loch Garman, agus is éiceachóras dea-fhorbartha duimhche, cladaigh agus grinnill atá inti. Tacaíonn an limistéar le réimse iomlán d'ainmhithe talamh dhuimhche, a mbaineann spéis ar leith leo agus ina bhfuil flóra fairsing, lena n-áirítear roinnt speicis annamha. Tá sé ar cheann de na córais duimhche is fearr a forbraíodh ar an gcósta thoir. Bunaíodh an anaclann seo an 31 Iúil 1983 agus tá sí faoi úinéireacht an Stáit, agus baineann tábhacht léi mar limistéar fara chomh maith le haghaidh géanna agus lapairí.

Tá Anaclann Éin Uisce Loch Garman (194 heicteár) lonnaithe ar na tailte slaba lastuaidh de Chalafort Loch Garman. Tá sí faoi chomhúinéireacht na Seirbhíse um Fhiadhúlra agus Páirceanna Náisiúnta (NPWS) agus Chairde Éanlaith Éireann agus cruthaíonn sí talamh gheimhrithe lena mbaineann tábhacht idirnáisiúnta le haghaidh líon speicis imirceacha éin uisce, lena n-áirítear Gé Bhánéadanach na Graonlainne, ach go háirithe. Bunaíodh an anaclann seo an 3 Meitheamh 1981 agus cuireadh síneadh 84 heicteár léi i 1989.

14.2.5 Tearmainn don Fhána

Faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra, 1976 agus 2000, féadfaidh an tAire Tearmainn a ainmniú le haghaidh éin fhiáine nó ainmhithe fiáine nó flóra agus bearta cosanta a ghearradh chun na speicis agus a ngnáthóga a chaomhnú. Tá Tearmann amháin le haghaidh Fána lonnaithe i gContae Loch Garman: Ordú Ainmniúcháin (Oileán Mhuire), 1988 – ainmnithe le haghaidh geabhróga Artacha, geabhróg, geabhróga rósacha, geabhróga scothdhubha agus geabhróga beaga.

14.2.6 Limistéir Shliogéisc

Tá sé de chuspóir ag an Treoir maidir le hUiscí Sliogéisc ón AE (2006/113/CE) chun uiscí sliogéisc a chosaint agus a fheabhsú d'fhonn beatha agus fás sliogéisc a chothú. Tá sí in ainm is gnáthóg uisceach mhoileasc débhlascach agus gastrapódach a chosaint, lena n-áirítear diúilicíní, muiríní, breallaigh, oisrí agus ruacain. Tugann Rialacháin na gComhphobal (Cáilíocht Uiscí Sliogéisc), 2006 (arna leasú) (I.R. Uimh. 268 de 2006) éifeacht don Treoir in Éirinn.

Ceanglaíonn an Treoir ar Bhallstáit chun uiscí a ainmniú óna dteastaíonn cosaint d'fhonn beatha agus fás sliogéisc a chothú, agus chun cláir laghdaithe thruaillithe a bhunú le haghaidh na n-uiscí ainmnithe. Tá ceithre uisce ainmnithe a bhaineann le Loch Garman: Bá Bhanú, Cuan Loch Garman Seachtrach, Cuan Loch Garman Inmheánach agus Calafort Phort Láirge. Tá cláir laghdaithe thruaillithe i bhfeidhm do na limistéir seo. I measc na mbrúnna a sainithníodh atá ar na huiscí ainmnithe seo, tá córais fuíolluisce uirbeacha, córais chóireála fuíolluisce ar an suíomh, gníomhaíochtaí talmhaíochta agus cuain.

Faoi Airteagal 4 den na Rialacháin um Cháilíocht Uiscí Sliogéisc, 2006 (arna leasú), ceanglaítear ar an gComhairle a chinntiú go gcuirtear comhlíonadh chuspóirí na gclár laghdaithe thruaillithe seo agus chuspóirí na Treorach maidir le hUiscí Sliogéisc chun cinn agus an Chomhairle ag tabhairt faoina bhfeidhmeanna. I measc na bhfeidhmeanna siúd, áirítear cóireáil fuíolluisce, bainistíocht dramhaíola, ceadúnais sceite eisiltigh, pleanáil agus forbairt agus rialú tógála.

14.2.7 Diúilicín Péarla Fionnuisce

Tá an diúilicín péarla fionnuisce, *Margaritifera margaritifera* (L., 1758) á chosaint faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra, 1976 agus 2000 agus ag an Treoir maidir le Gnáthóga. Áirítear an diúilicín seo ar an liosta sonraí dearga d'Éirinn amhail bheith i mórbhaol.

Faoi gCreat-Treoir Uisce, réitíodh Pleananna Bainistíochta Abhantraí (RBMPanna) le haghaidh gach Ceantar Abhantraí in Éirinn. Áirítear leis na RBMPanna clár beart le haghaidh cosaint agus feabhsú cháilíocht an uisce. Áirítear leo seo cuspóirí le haghaidh aibhneacha ainmnithe diúilicíní péarla lena chinntiú gur leor cáilíocht na

timpeallachta uisce chun daonraí agus gnáthóg na ndiúilicíní péarla fionnuisce a chothú.

Anuas air sin, ceanglaíonn Rialacháin um Chuspóirí Comhshaoil na gComhphobal Eorpach (Diúilicín Péarla Fionnuisce), 2009 (I.R. Uimh. 296 de 2009) go réitítear Pleananna Bainistíochta Fo-Abhantraí le haghaidh gach cinn de na 27 daonra ainmnithe de limistéir dhiúilicíní péarla fionnuisce in Éirinn. Réitigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (DEHLG) Pleananna Bainistíochta Fo-Abhantraí le haghaidh gach cinn de na 27 limistéar. Sainaithníonn na dréachtpleananna brúnna agus tionchar criticiúil áitiúil ar an diúilicín péarla fionnuisce agus soláthraíonn siad bearta féideartha lena n-athshlánú chuig stádas fabhrach caomhnaithe.

Leagtar amach i bPlean Bainistíochta Fo-Abhantraí Áth an Bháid um Dhiúilicín Péarla Fionnuisce (an Dara Dréacht) (Sciar 2 den tionscadal Thuaidh-Theas, atá á chistiú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, 2010) bearta sonracha a bhaineann le habhantrach Áth an Bháid Is é an príomhchuspóir chun stádas fabhrach caomhnaithe a bhaint amach le haghaidh an daonra diúilicíní péarla fionnuisce.

14.2.8 Clocha Cora, Líonraí agus Conairí Fiadhúlra Éiceolaíocha

Aithníonn an Chomhairle nach bhfuil limistéir lena mbaineann luach caomhnaithe dúlra teoranta do shuíomhanna ainmnithe amháin agus is gá cosaint a dhéanamh i leith an tionchair charnagh a bhíonn ag forbairt ar an líonra fairsing córas a chomhdhéanann an timpeallacht. I gcomhréir le hAirteagal 10 den Treoir maidir le Gnáthóga agus leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), tá dualgas ar an Údarás Pleanála chun cuspóirí a áireamh ina bPlean Forbartha chun bainistíocht a dhéanamh ar ghnéithe den tírdhreach, ar nós teorainneacha traidisiúnta páirce, lena mbaineann tábhacht maidir le comhleanúnachas an líonra suíomhanna Natura 2000 agus lena mbaineann ríthábhacht maidir le himirce, scaipeadh agus malartú géiniteach speiceas fiáin.

Líonra de chroíghnáthóga is ea líonraí éiceolaíochta atá nasctha ag struchtúir líneacha agus chomhleanúnacha, ar nós aibhneacha agus fáлта sceach nó clocha cora, ar nós lochán nó coillte beaga.

Is éard atá i gconairí fiadhúlra, fáлта sceach, criosanna inse, línte crann agus bogaigh agus ba ghné thábhachtach iad den tírdhreach i bhformhór d'áiteanna na hÉireann leis na cianta. Éascaíonn conairí fiadhúlra scaipeadh speicis, agus laghdaíonn siad an baol i leith díothú speicis mar gheall ar laghdú iomarcach a dhéanamh ar ghnáthóg agus daonra beag laghdaithe a aonrú. Soláthraíonn siad gnáthóg ríthábhachtach do go leor speiceas, agus anuas air sin, feidhmíonn siad mar chonair le haghaidh ainmhithe, éan, ialtóg, feithidí agus speicis eile le gluaiseacht tríd. Baineann ríthábhacht nach beag leis go gcoimeádtar na conairí seo chun gluaiseacht shaor speiceas a éascú ar mhaithe le beathú, neadú pórú a dhéanamh laistigh dá ngnáthóg níos fairsinge. Déileáiltear leis seo le níos mó sonraí i Mír 14.3 Bonneagar Glas.

14.2.9 Dréachtphlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Loch Garman 2012-2017

Is é cuspóir Dhréachtphlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Loch Garman 2012-2017 chun eolas, feasacht agus tuiscint mhéadaithe a chruthú agus a chur chun cinn ar oidhreacht nádúrtha agus ar bithéagsúlacht Chontae Loch Garman agus chun iad a chaomhnú go mbainfidh an ghlúin amach anseo sult astu. Leagtar amach sa Dréachtphlean, feidhm Chomhairle Contae Loch Garman maidir le cosaint na bithéagsúlachta agus tugtar breac-chuntas ar 33 gníomh chun na suíomhanna, gnáthóga, plandaí agus ainmhithe ar féidir teacht orthu i gContae Loch Garman a chosaint. I measc na ngníomhartha tá an méid a leanas:

- Caomhnú na bithéagsúlachta sa tuath fhairsing laistigh agus lasmuigh de na limistéir faoi chosaint
- Treisiú an bhoinn eolais ar bithéagsúlacht
- Feasacht agus rannpháirtíocht phoiblí a mhéadú agus bithéagsúlacht á caomhnú.

Agus an Dréachtphlean á dhréachtú, bunaíodh bunachar sonraí ina sainithnítear na sonraí agus na taifid a bhaineann le gnáthóga, suíomhanna ainmnithe, speicis faoi

chosaint agus i mbaol lena mbaineann tábhacht áitiúil agus náisiúnta atá le fáil i gContae Loch Garman. Ag leanúint uaidh seo, tugadh faoi iniúchadh ar na sonraí agus ar an acmhainn bhitheolaíoch don chontae, a thug breac-chuntas ar na gnáthóga annamha agus na príomhghnáthóga agus na príomhspeicis thábhachtacha atá le fáil laistigh den chontae.

I measc na mbuaicphointí, tá córais chósta Bhá Bhanú agus Bhaile Thaidhg, Anaclann Dúlra na Rámhainne agus na murlaigh ag Loch Oileán Mhuire agus Loch Theach Coimseáin, lena mbaineann tábhacht idirnáisiúnta dá bpobail mhurlaigh mar aon leis an mbeatha éan a chónaíonn ann. Tagtar ar chuid de na córais chósta is fearr i gContae Loch Garman agus áirítear leo Oileán Bhanú, Uachais Bhaile Thaidhg, Teach Coimseáin agus Anaclann Dúlra na Rámhainn. Ní thagtar ar riasc goirt amháin ar leith, gnáthóg larscríbhinn I, grágán *Halophillous*, ach i gContae Loch Garman agus is éard a bhíonn mar shaintréithe air ná speiceas singil, lus na gloine buan, *Sarcocornia perennis*, ar riasc goirt. Tá an speiceas an-annamh in Éirinn agus cosnaítear é faoin Ordú um Flora (Cosaint). Ní thagtar air seo ach i gcúig shuíomh riasc goirt, atá lonnaithe go léir ar an gcósta thoir theas. Tá an ghnáthóg seo ar an riasc goirt ar larscríbhinn I is annaimhe dá dtagtar in Éirinn.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir NH01

Sláine na suíomhanna atá ainmnithe mar gheall ar a ngnáthóg/fiadhúlra nó a dtábhacht gheolaíoch/gheomhoirfeolaíoch a chaomhnú agus a chosaint agus chun cosc a chur ar fhorbairt a dhéanfadh díobháil nó bagairt ar shláine na suíomhanna seo, lena n-áirítear SACanna, cSACanna, SPAanna, NHAanna, pNHanna, Anaclanna Dúlra, agus Tearmainn don Fhána.

Cuspóir NH02

Tábhacht na NHAanna agus na Suíomhanna Geolaíochta Contae molta a bheartaítear a aithint a shainaithin Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann agus chun nádúr agus sláine na suíomhanna seo a chosaint, sa chás cuí.

Cuspóir NH03

A chinntiú go bhfuil aon phlean nó tionscadal nó aon oibreacha gaolmhara, ar bhonn aonair nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile, faoi réir na Tástála Measúnachta Oiriúnaí lena chinntiú nach aon d'aon tionchar dóchúil suntasach ar shláine (a shainmhínítear trí struchtúr agus feidhm) aon suímh/suíomhanna Natura 2000 agus go sásaítear go hiomlán ceanglais Airteagail 6(3) agus 6(4) na Treorach maidir le Gnáthóga ón AE. Sa chás gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bplean/tionscadal ar shuíomh Natura 2000, beidh sé faoi réir Measúnacht Oiriúnach. Ní leanfar ar aghaidh leis an bplean/tionscadal ach amháin tar éis gur deimhníodh nach n-imreoidh sé drochthionchar ar shláine an tsuímh nó nuair nach ann d'aon réitigh eile, meastar go bhfuil an plean/tionscadal riachtanach ar chúiseanna uileghabhálacha leasa phoiblí, agus iad go léir i gcomhréir le forálacha alt 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE.

Cuspóir NH04

Cosaint agus caomhnú na limistéar, suíomhanna agus na speiceas agus na líonra éiceolaíochta/conairí lena mbaineann luach áitiúil bithéagsúlachta a chinntiú lasmuigh de na suíomhanna ainmnithe ar fud an chontae.

Cuspóir NH05

A chinntiú go gcosnaítear teorainneacha traidisiúnta páirce, locháin nó coillte beaga a sholáthraíonn líonraí tábhachtacha éiceolaíochta. Sa chás gurb ann do na gnéithe sin ar thalamh atá le forbairt, ba cheart go léireodh an t-iarratasóir gur eascair coimeád na ngnéithe seo as dearadh na forbartha sa mhéid is féidir agus gur cosnaíodh agus gur feabhsaíodh luach reatha bithéagsúlachta an tsuímh.

Cuspóir NH06

Crainn aonair nó grúpaí crann agus coillearnach a chosaint lena mbaineann luach ar leith fóntais agus caomhnaithe dúlra agus Orduithe Caomhnaithe Crann a dhéanamh sa chás cuí.

Cuspóir NH07

Coillearnach agus fáлта sceach a chosaint ó dhíobháil agus/nó díghrádú agus obair a dhéanamh chun cosc a chur ar chur isteach ar nascacht choillearnach agus fhálta sceach an chontae.

Cuspóir NH08

A chinntiú, sa chás cuí, go n-áirítear crios maolánach oiriúnach éiceolaíochta a fhágáil idir na hoibreacha agus na limistéir nó na gnéithe lena mbaineann tábhacht éiceolaíochta le tograí le hiarratais ar fhorbairt le haghaidh plandaí dúchasacha a chur. Sa chás gur gá fáлта sceach a bhaint, beidh ar an iarratasóir/bhforbróir na fáлта sceach a athchur le hionadú den speiceas dúchasach chun sásaimh na Comhairle.

Cuspóir NH09

Oibriú le pobail áitiúla, grúpaí, úinéirí talún, an tSeirbhís um Fhiadhúlra agus Páirceanna Náisiúnta agus leis na páirtithe eile ábhartha chun suíomhanna lena mbaineann luach bithéagsúlachta a shainaithint, a chosaint, a bhainistiú agus, sa chás gur cuí, a fheabhsú agus a chur chun cinn.

Cuspóir NH10

Na gníomhartha a shainaithnítear i nDréachtphlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Loch Garman 2012-2017 a chur i bhfeidhm, nó in aon phlean dá éis sin, i gcomhar le gach comhpháirtí agus le gach páirtí leasmhar.

Cuspóir NH11

Léarscáiliú na líonraí/na gconairí éiceolaíochta a chríochnú lena mbaineann luach bithéagsúlachta áitiúla lasmuigh de na suíomhanna ainmnithe agus chun an chosaint oiriúnach a sholáthar do limistéir lena mbaineann tábhacht éiceolaíochta, de réir mar is gá.

Cuspóir NH12

Feasacht agus tuiscint ar ár n-oidhreacht nádúrtha a chur chun cinn trí threoirlínte a chur i dtoll a chéile do dhaoine, úinéirí tí agus d'fhorbróirí agus a chinntiú go gcuirtear an bithéagsúlacht agus an oidhreacht nádúrtha san áireamh ón bpointe is luaithe sa phróiseas deartha.

Cuspóir NH13

A aithint go bhfuil feidhm thábhachtach ag an gComhairle i mbainistíocht a dhéanamh ar an tírdhreach agus a chinntiú go gcuireann breithniúcháin ar oidhreacht nádúrtha faisnéis ar fáil do chinntí, gníomhartha agus modhanna oibriúcháin féin na Comhairle.

Cuspóir NH14

An chosaint oiriúnach a aithint agus a sholáthar d'aon NHAanna, SPAanna nó SACanna nua atá ainmnithe laistigh de shaolré an Phlean.

Cuspóir NH15

A chinntiú go gcuireann oidhreacht agus bithéagsúlacht nádúrtha faisnéis ar fáil do réiteach Pleananna Ceantair Áitiúil, go gcosnaíonn agus go mbainistíonn siad an bhithéagsúlacht trí na Pleananna seo.

14.3 Bonneagar Glas

Coincheap atá i mBonneagar Glas atá ag éirí níos feiceálaí agus níos tábhachtaí le blianta beaga anuas. Cruthaíonn oidhreacht nádúrtha cuid thábhachtach de, ach tagraíonn coincheap an bhonneagair ghlaís dá bhfeidhmiúlacht. Baineann an téarma le cosaint, bainistíocht, feabhsú agus úsáid íogair acmhainní íogaire uirbeacha agus tuaithe comhshaoil trí spásanna ilfheidhmeacha agus idirnasctha glasa a shainaithint agus a sholáthar.

Féadtar sainmhíniú mar líonra idirnasctha de spás glas a chaomhnaíonn luachanna agus feidhmeanna éiceachórais agus a sholáthraíonn sochair ghaolmhara do dhaoine daonna a thabhairt mar shainmhíniú ar an mbonneagar glas. Áirítear leis aibhneacha, uiscebhealaí intíre, tuilemhána, bogaigh, coillearnach, talamh feirme, limistéir an chósta, páirceanna agus spásanna oscailte, limistéir faoi chaomhnú nádúrtha, gairdíní agus cuibhrinn.

Saincheist um cháilíocht beatha is ea Bonneagar Glas lena mbaineann sochair dhearfacha gheilleagrach, shóisialta agus shláinte. Cuireann sé le cosaint timpeallachtaí uirbeacha agus tuaithe do dhaoine, an bhithéagsúlacht agus do

sheirbhísí éiceolaíochta, a sholáthraíonn sochair chomhshaoil agus cháilíocht beatha, ar a uain sin, ar nós feabhas a chur ar cháilíocht an aeir, an uisce agus na hithreach, cosaint tuile, rochtain agus naisc a sholáthar, athrú/feabhsú aeráide agus rialú truailithe.

Cabhróidh líonra dea-dheartha de Bhonneagar Glas leis an méid a leanas a dhéanamh:

- Timpeallacht ardchaighdeáin a sholáthar a sholáthróidh sochair gheilleagracha trí infheistíocht agus gnó nua isteach a mhealladh
- Spásanna oscailte ardchaighdeáin a sholáthar a sholáthraíonn sochair shláinte agus shóisialta do dhaoine trí limistéir agus bealaí súgartha, sábháilte agus mealltacha a sholáthar ar mhaithe le casadh le daoine, siúl agus rothaíocht
- Deiseanna agus spás a sholáthar le dul i dteagmháil leis an dúlra, a meastar go mbaineann ríthábhacht leis i dtaobh sláinte agus folláine mhaith
- A ligeann do phobail oiriúnú do thionchar an athraithe aeráide agus na tuile.

14.3.1 Comhthéacs Beartais

An Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020 (NSS)

Cé nach n-úsáideann an NSS an téarma ‘Bonneagar Glas’, cuireann sé forbairt ‘Struchtúr Glas’ chun cinn. Is é cuspóir an struchtúir seo chun cosc a chur ar shraoileáil uirbeach, féiniúlacht tuaithe a chosaint agus chun suíomh glas a chruthú do bhailte a sholáthróidh deiseanna caitheamh aimsire faoin spéir, a chaomhnóidh agus a fheabhsóidh an bhithéagsúlacht agus a chosnóidh foirgnimh, struchtúir nó gnéithe eile fhisiciúla d’oidhreacht chultúrtha.

Treoirínte Réigiúnacha Pleanála don Réigiún Thoir Theas 2010-2022 (SERPGanna)

Sainithníonn na SERPGanna an Bonneagar Glas mar choincheap tábhachtach i bpleanáil um úsáid talún agus i gcosaint an chomhshaoil. Luaitear go mbíonn tionchar ar cháilíocht an Bhonneagair Ghlais ar cháilíocht ghinearálta beatha agus sláinte, an bhithéagsúlacht, an oidhreacht nádúrtha, bainistíocht riosca i gcás tuilte agus forbairt inbhuanaithe tithíochta.

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)

I gcomhréir le hAirteagal 10 den Treoir maidir le Gnáthóga agus leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), tá dualgas ar an Údarás Pleanála chun cuspóirí a áireamh ina bPlean Forbartha chun bainistíocht a dhéanamh ar ghnéithe den tírdhreach, ar nós teorainneacha traidisiúnta páirce, lena mbaineann tábhacht maidir le comhleanúnachas an líonra suíomhanna Natura 2000 agus lena mbaineann ríthábhacht maidir le himirce, scaipeadh agus malartú géiniteach speiceas fiáin.

Comhar – an Chomhairle Forbartha Inmharthana – Bonneagar Glas á chruthú d'Éirinn

Cuirtear tabhairt isteach an Bhonneagair Ghlais i mbeartas pleanála mar mhodh chun cabhrú agus Bonneagar Glas a chruthú agus a bhainistiú ar bhealach comhtháite agus réamhghníomhach. Anuas air sin, leagann an cháipéis seo béim ar conas a chuirfeadh an cur chuige seo feabhas ar cháilíocht bithéagsúlacht na hÉireann agus ar a ról chun tionchar an athraithe aeráide a mhaolú.

Féadtar Bonneagar Glas a fhorbairt in Éirinn, trí threoir agus cuspóirí náisiúnta a fhorbairt, an Bonneagar Glas a chur san áireamh i mbeartas agus sa reachtaíocht, léarscáileanna den Bhonneagar Glas a fhorbairt agus bearta chun feabhas a chur ar shonraí.

Leagann réamhléarscáil náisiúnta creatlaí an bhéim ar líonraí reatha bithéagsúlachta agus éiceolaíochta, cáilíocht uisce agus bonneagar maolaithe tuile agus an bonneagar caitheamh aimsire/cáilíocht beatha. Tá sé de chuspóir na léarscáileanna seo chun béim a leagan ar an áit go bhféadfaí breis forbartha a dhéanamh ar an mBonneagar Glas agus é a nascadh níos mó.

14.3.2 Straitéis Bonneagair Ghlais do Chontae Loch Garman

Tacaíonn an Chomhairle le coincheap an Bhonneagair Ghlais mar uirlis thábhachtach i bpleanáil um úsáid talún agus i gcosaint an chomhshaoil.

Soláthraíonn pleanáil Bonneagair Ghlais an deis chun athmheasúnú a dhéanamh ar an mbealach a bhainistítear agus a úsáidtear spásanna glasa. Forbróidh an Chomhairle Straitéis chomhtháite agus chomhleanúnach Bonneagair Ghlais don

chontae, a cheadóidh cosaint, soláthar agus bainistíocht spásanna glasa an chontae, ar aon dul le pleananna do bhorradh agus d'fhorbairt.

Déanfaidh an Straitéis Bonneagair Ghlais, a fhorbrófar i gcomhairle leis an bpobal, príomhpháirtithe leasmhara agus leis na hÚdaráis Áitiúla máguaird, an méid a leanas:

- Seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais an chontae a chosaint agus a fheabhsú
- Cur le timpeallacht ardchaighdeáin a bheidh mar áit mhealltach le hoibriú agus le cónaí inti
- Tionchar an athraithe aeráide agus na tuile a laghdú
- Nádúr thírdhreacha an chontae a choimeád agus a fheabhsú
- Oidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta an chontae a chosaint agus a fheabhsú
- Cur le bainistíocht inbhuanaithe acmhainní uisce an chontae
- Cabhrú le comhlíonadh na Reachtaíochta Eorpaí, ar nós na dTreoracha maidir le Gnáthóga, Éin, Tuilte agus na Creat-Treorach Uisce

Beidh an Straitéis ina straitéis fhianaisebhunaithe agus úsáidfídh sí Córas Faisnéise Geografaí (GIS) chun faisnéis a bhailiú, a léarscáiliú agus a anailísiú. Sainaithneoidh an Straitéis:

- Acmhainní reatha Bonneagair Ghlais
- Measúnú ar riachtanais amach anseo
- A thabhairt le fios cén áit a dteastaíonn bearta bainistíochta
- Cén áit a soláthrófar Bonneagar Glas nua amach anseo

14.3.3 Tograí Forbartha Aonair agus Bonneagar Glas

Féadtar Bonneagar Glas a chuimsiú in dhá thogra aonair forbartha ar go leor bealaí, mar shampla:

- Trí Chórais Inbhuanaithe Draenála (SuDSanna) a chuimsiú isteach i gcoincheap agus leagan amach foriomlán an tsuímh, mar shampla, trí dhromchlaí tréscailteacha a sholáthar, draenacha a scagadh seachas píobáin a leagan iontu agus locháin agus bogaigh shaindeartha a sholáthar.

Cuirfidh seo feabhas ar an mbithéagsúlacht, ar chóireáil agus ar cháilíocht an uisce.

- Trí na príomhghnéithe tírdhreacha lena mbaineann luach éiceolaíochta a choimeád agus conairí fiadhúlra a fheabhsú
- Struchtúr tréan tírdhreachaithe a sholáthar trí chur reatha a atreisiú agus trí chur nua a sholáthar
- Trí shonraí um dhearadh tógála, ar nós díonta glasa agus ballaí glasa

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir GI01

Cosaint, feabhsú agus coimeád na timpeallachta nádúrtha a chinntiú agus chun luach geilleagrach, sóisialta, comhshaoil agus fisiciúil na spásanna glasa a aithint trí phleanáil agus forbairt Bonneagair Ghlais a chorprú sa phróiseas pleanála.

Cuspóir GI02

Straitéis Bonneagair Ghlais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don chontae laistigh de shaolré an Phlean i gcomhairliúchán leis na húdaráis áitiúla máguaird, le príomhpháirtithe leasmhara agus leis an bpobal, faoi réir comhlíonadh Airteagal 6 agus 10 den Treoir maidir le Gnáthóga. Comhcheanglóidh an Straitéis seo beartais agus cuspóirí faoi líon teideal, lena n-áirítear: oidhreacht nádúrtha, páirceanna agus spásanna oscailte, oidhreacht agus seandálaíocht thógtha, bainistíocht uisce, tuile agus athrú aeráide agus cur chuige straitéiseach a cheadú i leith pleanáil spáis ghlais sa Chontae.

Cuspóir GI03

An Bonneagar Glas i ngach Plean Ceantair Áitiúil a shainaithint, a chosaint agus a fheabhsú ar bhealach comhtháite agus comhleanúnach.

Cuspóir GI04

A chinntiú go n-úsáidtear prionsabail an Bhonneagair Ghlais agus Straitéis Bonneagair Ghlais an Chontae chun faisnéis a sholáthar don phróiseas bainistíochta forbartha maidir le dearadh agus leagan amach scéimeanna nua cónaithe, forbairtí

gnó agus tionsclaíocha agus tionscadail ábhartha eile, mar shampla, trí Chórais Inbhuanaithe Draenála (SuDSanna) a chuimsiú isteach i gcoincheap agus leagan amach foriomlán an tsuímh.

Cuspóir GI05

A cheangal ar fhorbairtí nua chun cur le cosaint agus le feabhsú an Bhonneagair Ghlais reatha, agus le Bonneagar Glas nua a sholáthar, san áit ar gá, ar bhealach comhtháite agus comhleanúnach. Comhlíonfaidh an fhorbairt sin na critéir eile phleanála agus chomhshaoil agus na caighdeáin bhainistíochta forbartha go léir a chuimsítear i gCaibidil 18.

Cuspóir GI06

A cheangal ar thograí le haghaidh scéimeanna cónaithe ard-dlúis aird a bheith ar mholtaí ‘Treoirlínte maidir le Cathair Ghlas’ (‘Green City Guidelines’) (Institiúid Uirbeach Éireann UCD, 2008) nuair a bhíonn na scéimeanna siúd á ndearadh agus chun é seo a léiriú san iarratas pleanála.

Cuspóir GI07

A cheangal ar thograí le haghaidh mórfhorbartha chun Plean Bonneagair Ghlais a sheoladh ar aghaidh mar chuid den iarratas pleanála.

14.4 Tírdhreach

Is é an sainmhíniú a thugtar ar “Thírdhreach” ná ceantar faoi mar a bhraitheann daoine é, agus a bhfuil carachtar aige de thoradh gníomhaíochta agus idirghníomhaíochta tosca nádúrtha nó daonna. Cuid de shaol laethúil na ndaoine a bhíonn ag obair nó ina gcónaí sa chontae iad na tírdhreacha. Is féidir leis an taitneamh a bhaineann siad astu cur le hardcháilíocht a mbeatha agus is féidir le daoine a thugann cuairt ar an gcontae taitneamh a bhaint astu freisin.

Aithníonn an Chomhairle gur rudaí beo iad tírdhreacha, gur athraigh siad san am atá thart agus go leanfaidh siad ar aghaidh ag athrú san am atá le teacht. Is é aidhm foriomlán na Comhairle ná tuiscint ar thírdhreacha an chontae a chur chun cinn agus cabhrú le daoine taitneamh a bhaint astu agus chun íoslaghdú a dhéanamh ar aon drochthionchar ar dhealramh na dúiche ar mhaithe leis an leas coiteann. Mar sin

féin, aithníonn an Chomhairle chomh maith go bhfuil gá le cur chuige cothrom lena chinntiú go ndéanfar freastal, nuair is cuí, ar fhorbairtí amach anseo a mbeidh sé riachtanach iad a lonnú i dtírdhreach ar leith.

Sócmhainn shuntasach eacnamaíoch iad tírdhreacha an Chontae, agus is acmhainn shuntasach talmhaíochta agus turasóireachta iad tírdhreacha an chósta, na n-aibhneacha, na n-inbhear agus na sléibhte. Tá sé ríthábhachtach an tírdhreach a cosaint agus chur chun cinn mar tháirge eacnamaíoch, go háirithe ó aithníodh an turasóireacht mar Cholún Straitéiseach Fáis i Straitéis Bhord Forbartha Chontae Loch Garman *Loch Garman a Ullmhú don Chur chun Fáis - I Treo Fáis agus Forbartha Inbhuanaithe* (2009).

14.4.1 Comhthéacs Beartais

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)

Tá dualgas reachtúil ar an gComhairle de bhun Alt 10 (2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) cuspóirí maidir leo seo a leanas a bheith san áireamh sa Phlean Forbartha:

- Spreagadh a thabhairt, de bhun Airteagal 10 den Treoir um Ghnáthóga, do bhainistiú gnéithe den tírdhreach, mar theorainneacha traidisiúnta páirceanna, atá tábhachtach ó thaobh chomhchuibheas éiceolaíoch líonra Natura 2000 agus atá fíor-riachtanach d'imirce, do scaipeadh agus do mhalartú géiniteach na speiceas fiáin.
- Carachtar an tírdhreacha a chaomhnú nuair a mheasann, agus a mhéid a mheasann, an tÚdarás Pleanála go bhfuil sé riachtanach do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe an limistéir, lena n-áirítear caomhnú radhairc agus taitneamhachtaí áiteanna agus gnéithe a bhfuil áilleacht nádúrtha ag baint leo nó ar díol spéise nádúrtha iad.
- An Tírdhreach, i gcomhréir le beartais nó cuspóirí ábhartha, de thuras na huaire de chuid an Rialtais nó d'aon Aire Rialtais a bhaineann le creat a sholáthar maidir le haithint, measúnú, cosaint, bainistiú agus pleanáil tírdhreach agus a fhorbraíodh ag féachaint don Choinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa a rinneadh i bhFlórans an 20 Deireadh Fómhair, 2000.

Straitéis Náisiúnta um Thírdhreacha

Cuireann an Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa, ar a dtugtar Coinbhinsiún Fhlórans freisin, chun cinn cosaint, bainistiú agus pleanáil tírdhreacha na hEorpa. Ghlac Comhairle na hEorpa leis an gCoinbhinsiún i mí Dheireadh Fómhair 2000 agus tháinig sé i bhfeidhm i mí an Mhárta 2004. Shínigh agus dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún agus ní mór di roinnt cuspóirí agus athruithe beartas a bhaineann le tírdhreach a chur i bhfeidhm anois.

Chuid lárnach de chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin is ea ullmhú Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha. Thug an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le fios go raibh sé ar intinn aici Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha a fhoilsiú, agus i mí Mheán Fómhair 2011, d'fhoilsigh sí páipéar comhairliúcháin phoiblí ar na saincheistanna a bheidh le cíoradh in ullmhú na straitéise.

Beidh sé mar aidhm ag an Straitéis creat a chur i bhfeidhm chun cothromaíocht a bhaint amach idir bainistíocht ghníomhach, pleanáil don todhchaí agus cosaint tírdhreach na hÉireann a bhfuil cáil idirnáisiúnta air mar shócmhainn fhisiceach, gheilleagrach agus chultúrtha. Éascóidh sí forbairt:

- Measúnú carachtar tírdhreacha mar chuid de chreat náisiúnta tírdhreacha, trína a ndéanfar cur síos oibiachtúil, comhsheasmhach ar thírdhreacha na hÉireann i bhformáid chaighdeánach
- Pleanáil tírdhreacha agus treoir um bainistíocht tírdhreacha agus uirlisí éascaithe chun beartais um úsáid talún, pleanáil don todhchaí agus bainistiú forbartha a fheabhsú
- Bealaí le fáil amach trí thaighde bonnlíne cad é staid reatha an tírdhreacha.

Draft Landscape and Landscape Assessment - Guidelines for Planning

Authorities (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2001)

Tugann na treoirlínte seo, atá i ndréachtfhormáid, treoir d'Údaráis Phleanála maidir le hullmhú Measúnuithe Carachtair Tírdhreacha (MCT). Ullmhaíodh an MCT do Phlean Forbartha Contae Loch Garman 2007-2013 ag féachaint do na treoirlínte sin tar éis measúnú oibiachtúil a bheith déanta ar:

- Tréithe fisiceacha, mar shampla, línte iomairí, fánaí, airde agus cósta

- Íogaireacht ó thaobh forbartha de
- Geolaíocht agus ithreacha
- Fásra agus clúdach talún
- Patrúin lonnaíochta
- Gníomhaíocht stairiúil

14.4.2 Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha

Uirlis thábhachtach é Measúnú Carachtair Tírdhreacha chun bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar athruithe a bhfuil tionchar acu ar an tírdhreach. Measann an Chomhairle gur rud stuama é fanacht go bhfoilseofar an Straitéise Náisiúnta Tírdhreacha sula dtosófar ar athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an MCT a ullmhaíodh do Phlean Forbartha Contae Loch Garman 2007-2013. Idir an dá linn, athraíodh an MCT, agus rinneadh é sin go príomha chun go mbeadh sé níos soléite agus le cabhrú lena chur i bhfeidhm go praiticiúil.

Tá an MCT leagtha amach in Imleabhar 3. Aithnítear i Léarscáil Uimh. 13 na ceithre limistéar ó thaobh carachtar tírdhreacha de mar aon leis na Tírdhreacha níos Íogaire. I gcás go bhfuil Tírdhreach níos Íogaire, nó cuid de, suite laistigh de theorainn phlean forbartha baile nó de phlean limistéir áitiúil, níl an limistéar ábhartha aitheanta ar Léarscáil Uimh. 13. Mar sin féin, measadh i gcás Chnoc Fhiodh na gCaor go raibh sé riachtanach é a chur san áireamh mar d'fhéadfadh tograí forbartha lasmuigh de theorainn Phlean Forbartha an Baile tionchar a bheith acu air.

Aonaid Saintréithe Tírdhreacha

Tá líon na n-aonad ó thaobh saintréithe an tírdhreacha de laghdaithe trí na haonaid sin a bhfuil tréithe fisiceacha den chineál céanna acu agus an íogaireacht chéanna acu ó thaobh forbartha de a nascadh le chéile. Tá ceithre aonad saintréithe tírdhreacha ann anois:

1. Tailte Arda

Bíonn mórchuid tailte arda, fánaí níos géire, dromanna agus léaslínte arda le fáil sa tírdhreach a shíneann ar feadh codanna thuaidh agus thiar thuaidh an chontae.

Bíonn siad an-fheiceálach i dtírdhreach foriomlán an chontae agus is iondúil go mbíonn siad níos íogaire ó thaobh forbartha de freisin. Cé a bhfuil dlús daonra níos ísle iontu ná mar atá sa tírdhreach ísealchríche, mar sin féin bíonn a lán daoine ag obair is ina gcónaí iontu. Is í talmhaíocht ísealdéine an ghníomhaíocht eacnamaíoch is mó sa tírdhreach sin. Mar sin féin, tá feirmeacha gaoithe tráchtála tógtha orthu le blianta beaga anuas.

2. Ísealchríocha

Clúdaíonn na hísealchríocha limistéir fairsinge an chontae agus is iondúil go mbíonn na tailte sin ag tonnadh go réidh. Tá saintréithe ag an tírdhreach seo sa chaoi gur féidir níos mó forbairtí a chur ann gan cur isteach go mór ar an radharc. Bíonn leibhéil daonra níos airde sa tírdhreach seo agus talmhaíocht níos déine ar siúl ann. Tá go leor de chnoic agus de dhromanna an chontae le fáil sna hísealchríocha agus aithníodh na cinn is íogaire mar Thírdhreacha níos Íogaire.

3. Gleannta Aibhneacha

Tá radhairc bhreátha le feiceáil i ngleannta na Sláine agus na Bearú, lena n-áirítear na haibhneacha féin agus na gnáthóga bruachánacha agus coillearnacha a ghabhann leo, agus tá siad íogair ó thaobh forbartha de.

4. An Cósta

Is minic a bhíonn na tréithe céanna ag tírdhreach chósta an chontae is a bhíonn agus an tírdhreach ísealchríche. Is iondúil go mbíonn stráicí fada measartha díreach de ghaineamh nó de scaineagán ar an gcósta thoir, agus aillte ísle agus dumphcha gainimh laistigh díobh. Tá tránna fada agus córais dumphcha ar an gcósta theas.

Bíonn gnéithe feiceálacha, mar chinn tíre, dobharlacha, tailte slaba agus leithinis Rinn Duáin i dtírdhreach an chósta a chinntíonn gur mór an díol spéise é. Cuimsíonn sé ceantair mhóra uirbeacha Bhaile na Cúirte, Loch Garman, Trá Ros Láir agus Chalafort Ros Láir.

Tá tírdhreach an chósta íogair ó thaobh forbartha de i roinnt áiteanna. Tá an turasóireacht agus forbairtí chónaitheacha tar éis brú mór a chur air.

Tírdhreacha níos Íogaire

Aithnítear Tírdhreacha níos Íogaire sa Measúnú Carachtair Tírdhreacha anois. Tá siad sin suite anseo is ansiúd ar fud an chontae. Is sin na gnéithe is suntasaí agus is feiceálaí den tírdhreach agus den mhuirdhreach agus is iondúil go mbíonn siad níos íogaire ó thaobh forbartha de. Is mór an díol spéise iad a lán de na tírdhreacha sin chomh maith ó thaobh na staire de, agus ó thaobh cúrsaí soch-chultúrtha nó creidimh.

Is iad seo a leanas na Tírdhreacha níos Íogaire faoi mar a aithnítear iad ar Léarscáil Uimh 13:

- Cnoic agus Dromanna Íogaire
- Dobharlaigh: Oileán Mhuire, Loch Theach Coimseáin, Coinicéar Bhaile Thaidhg, Cuan Bhanú agus Cuan Loch Garman.
- Oileáin: Oileáin an tSailte Mhóir agus an tSailte Bhig agus Oileáin na gCaorach
- Cinn tíre cois cósta: Rinn Chrois Fhearnóg (Cé na Cille Móire), Ceann an Chairn, Rinn Ros Láir, Rinn Chill Mhichíl agus Rinn Chathóir.
- Leithinis Rinn Duáin
- Cnocáin na Scríne
- Slabaí Loch Garman agus Slaba na hInse agus Bhaile Thaidhg.

Ní léirítear ach teorainneacha na dTírdhreacha níos Íogaire. Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar an tionchar ó thaobh amhairc de a d'fhéadfadh a bheith ag tograí forbartha laistigh de na Tírdhreacha níos Íogaire agus gar dóibh. I gcás ina mbeidh inní ar dhaoine go mbeadh drochthionchar ag forbairt ar dhealramh na háite, éileoidh an Chomhairle go gcuirfear measúnú tionchair amhairc ar fáil a bheidh mionsonraithe go cuí agus a léireoidh nach mbeadh tionchar díobhálach ag an bhforbairt ar an tírdhreach áirithe sin. Beidh cúrsaí réamhphleanála tábhachtach chun na cásanna a aithint ina mbeidh measúnú tionchair amhairc ag teastáil.

Gnéithe Sonracha Tírdhreacha

Ní féidir gnéithe sonracha tírdhreacha a aithint páirc ar pháirc ná suíomh ar suíomh i Measúnú Carachtair Tírdhreacha (MCT) agus níl sé i gceist go ndéanfar é sin. Tá

gnéithe tábhachtacha sa tírdhreach, mar fhálta sceach agus crainn atá timpeall páirceanna, mar aon le bóithre agus coillearnacha nach féidir iad go léir a thaispeáint ar léarscáil MCT. Mar sin féin, aithnítear an méid a chuireann na gnéithe sin le carachtar an tsuímh agus le carachtar foriomlán thírdhreach an chontae agus cuirfear iad san áireamh nuair bheidh measúnú á dhéanamh ar thograí forbartha.

14.4.3 Bainistíocht Tírdhreacha

Tabharfaidh an Chomhairle aird ar an MCT agus ar na léarscáil a ghabhann leis nuair a bheidh tograí forbartha á meas. Déanfaidh an Chomhairle monatóireacht chúramach ar thograí forbartha in aonaid (ó thaobh saintréithe an tírdhreacha de) na dTailte Arda, Gleannta na Aibhneacha, agus an Chósta, agus i dTírdhreacha Níos Íogaire nó in aice leo, lena chinntiú nach mbeidh drochthionchar acu dhealramh ná ar thréithe ábhartha eile an tírdhreacha.

Aithníonn an Chomhairle go mbeidh gá sáraitheach ann go lonnófar roinnt cineálacha forbartha i dtírdhreach ar Thalamh Ard, i nGleann Abhann nó i limistéar Cósta nó i dTírdhreach níos Íogaire nó in aice leis. I gcásanna den sórt sin, agus má bhíonn sé cruthaithe go bhfuil riachtanas sáraitheach ann, éileoidh an Chomhairle go ndéanfar breithniú cúramach ar roghnú an tsuímh, agus ar scála, dearadh agus lonnú na forbartha, d'fhonn aon drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ar dhealramh an tírdhreacha a íoslaghdú.

Déanfaidh an Chomhairle deimhin de go ndéanfar monatóireacht chúramach ar fhorbairtí tithíochta aon-uaire sna haonaid (ó thaobh saintréithe an tírdhreacha de) a bhaineann le tailte arda, gleannta abhann agus an chósta agus i dTírdhreacha Níos Íogaire agus go ndéanfar iad a bhainistiú go cúramach. Dá ndéanfaí a lán forbairtí den sórt sin lasmuigh de lonnaíochtaí ainmnithe d'fhéadfadh drochthionchar carnach a bheith acu ar dhealramh na n-aonad tírdhreacha sin. I dtaca leis sin, in áiteanna ina measann an Chomhairle go bhfuil an baol go mbeadh drochthionchair aonair nó carnach ann, ní cheadóidh an Chomhairle tograí le haghaidh a leithéid d'fhorbairtí ach amháin sa chás go bhfuil sé léirithe ag an iarratasóir go bhfuil gá leis an teaghais de réir na gcritéar atá leagtha síos i dTábla Uimh. 12 i gCaibidil 4.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir L01

Aird a thabhairt ar an Measúnú Carachtair Tírdhreacha agus an léarscáil a ghabhann leis atá in Imleabhar 3, an Tírdhreach agus Measúnú Tírdhreacha - Dréacht-Threoracha d'Údaráis Phleanála (2000) agus d'aon leaganacha nuashonraithe de na treoirlínte sin a foilseofar le linn shaolré an Phlean, nuair atá measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála i gcomhair fhorbairtí.

Cuspóir L02

Athbhreithniú a dhéanamh ar an Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha agus ar na cuspóirí tírdhreacha atá sa Phlean, nuair a fhoilseofar an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha agus aon treoirlínte a eiseoidh Aire de chuid an Rialtais maidir le tírdhreach amach anseo.

Cuspóir L03

A chinntiú nach gcuirfidh forbairtí isteach go mór ar dhealramh na tíre, go háirithe in aonaid tírdhreacha na dTailte Arda, Gleanta na nAibhneacha agus an Chósta nó sna Tírdhreacha níos íogaire nó in aice le.

Cuspóir L04

A éileamh go mbeidh gach forbairt oiriúnach ó thaobh scála de agus go ndéanfar é a shuíomh, a dhearadh agus a thírdhreachadh ag féachaint dá don áit a bhfuil siad sa tírdhreach d'fhonn aon drochthionchar ó thaobh amhairc de a d'fhéadfadh a bheith acu ar an tírdhreach a íoslaghdú.

Cuspóirí L05

Cosc a chur le forbairtí ar dócha go mbeadh drochthionchair amhairc acu, cibé ina n-aonair nó go carnach, ar charachtar thírdhreach na dTailte Arda, Ghleannta na nAibhneacha nó an Chósta nó ar Tírdhreach níos íogaire nuair nach bhfuil aon riachtanas sáraitheach ann go mbeadh an fhorbairt sin san áit áirithe sin.

Cuspóir L06

A chinntiú, sa chás go bhfuil riachtanas sáraitheach léirithe gur gá forbairt ar leith a dhéanamh in aonad tírdhreacha a chuimsíonn Talamh Ard, Gleann Abhann nó

limistéar Cósta, nó i dTírdhreach níos Íogaire nó gar dó, go ndéanfar breithniú cúramach faoin suíomh a roghnófar. Ba cheart an fhorbairt a bheith oiriúnach ó thaobh scála de agus go ndéanfaí é a shuíomh, a dhearadh agus a thírdhreachadh ar bhealach a íoslaghdódh an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an tírdhreach lena mbainfidh agus go mbeadh ar an bhforbróir cloí le gach gnáthchritéar pleanála agus chomhshaoil agus leis na caighdeáin bhainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18

Cuspóir L07

Forbairt chuí a spreagadh a chuirfeadh feabhas ar thírdhreach díghrádaithe atá ann nó a chuirfeadh radharc ar fáil ó ionaid féachana poiblí, nó a d'fheabhsódh an radharc atá ar fáil uathu cheana féin, ar Tírdhreach níos Íogaire, nó ar na radhairc ón dTírdhreach sin, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán um bainistiú forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

Cuspóir L08

Breithniú a dhéanamh ar fhorbairtí oiriúnacha áineasa agus turasóireachta faoin tuath a d'éascódh rochtain phoiblí agus tuiscint phoiblí ar thírdhreacha na dtailte arda, na ngleannta abhann agus ar Thírdhreacha níos Íogaire sa Chontae faoi réir chomhlíonadh na gculpóirí ábhartha i gCaibidil 6, 7 agus 13. Ba cheart go mbeadh forbairtí oiriúnach ó thaobh scála de agus go ndéanfaí iad a shuíomh, a dhearadh agus a thírdhreachadh ar bhealach a íoslaghdódh an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an dtírdhreach agus go gcomhlíonfadh siad na critéir phleanála agus chomhshaoil eile, agus na caighdeáin bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

Cuspóir L09

A éileamh go ndéanfar forbairtí a shuíomh, a dhearadh agus a thírdhreachadh ar bhealach a fhéachfaidh do shainairíonna sonracha an tírdhreacha nádúrtha nó tógtha, mar shampla, ba cheart forbairtí a shuíomh, a dhearadh agus a thírdhreachadh chun go gcaillfear an oiread is lú is féidir de gnéithe nádúrtha mar fhálta agus chrainn fhásta agus de ghnéithe tógtha.

Cuspóir L10

Glacadh le toimhde nár cheart trealamh teileachumarsáide a lonnú:

- Ar shuíomhanna feiceálacha in aonaid a bhfuil saintréithe tírdhreacha tailte arda, gleanta abhann agus an chósta ag baint leo ná i dtírdhreacha níos íogaire.
- I gcás suíomhanna a chuireadh bac ar radharc, nó a thógfadh ó radharc, ó ionaid féachana poiblí ar Tírdhreach níos Íogaire nó ar aibhneacha, inbhir nó ar an bhfarraige nó a chuirfeadh bac ar radhairc ó na háiteanna sin nó a thógfadh de na radhairc sin.

D'fhéadfadh an Chomhairle smaoineamh ar dhíolúine a thabhairt i gcás an chuspóra sin, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18, i gcás:

- Go bhfuil sé léirithe go bhfuil riachtanas sáraitheach teicniúil ann go mbeadh an trealamh sin ann agus nach féidir é a shásamh trí threalaimh atá údaraithe cheana féin sa cheantar a roinnt, agus
- go mbeadh a leithéid de scála ag an trealamh, agus go suíí é is go mbeidh sé tírdhreachaithe ar bhealach a chinnteoidh go mbeadh an drochthionchair is lú is féidir aige ar an aonad tírdhreacha sin.

Cuspóir L11

Féachaint chun íoslaghdú a dhéanamh na drochthionchair amhairc idir aonair agus charnach a d'fhéadfadh a bheith ag mórchuid tithíochta aon-uaire, lasmuigh de lonnaíochtaí ar na haonaid ó thaobh saintréithe an tírdhreacha de, a bhaineann le tailte arda, gleanta abhann agus an chósta nó le Tírdhreacha níos Íogaire. I dtaca leis seo, in áiteanna ina measann an Chomhairle go bhfuil an baol go mbeadh drochthionchair aonair nó charnach ann, ní dhéanfaidh an Chomhairle tograí le haghaidh forbairtí tithíochta a mheas ach amháin sa chás go bhfuil sé léirithe bhfuil gá leis an áitreabh léirithe i gcomhréir leis na critéir atá i dTábla Uimh. 12 i gCaibidil 4.

14.5 Oidhreacht Seandálaíochta

Cabhraíonn ár n-oidhreacht seandálaíochta linn a thuiscint conas ar fhorbair cultúir agus shochaithe san am atá thart agus má chailltear aon chuid den oidhreacht sin beidh sí imithe go deo. Is éard atá ann ná iarsmaí ábhartha i bhfoirm shuíomhanna agus séadchomharthaí, chomh maith le déantáin agus rudaí ar féidir iad a bhogadh. Tagraíonn 'séadchomharthaí' do dhéanmhais a rinne daoine nó gnéithe nádúrtha a d'athraigh daoine. De ghnáth bíonn 'láithreáin' faoin dtalamh agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh aon ghné díobh le feiceáil os cionn na talún. Is iomaí difríocht mhór ó thaobh dáta agus déanaimh de a bhíonn ar shéadchomharthaí seandálaíochta. Áirítear orthu créfoirt, tuamaí meigiliteacha, foirgnimh mheánaoiseacha, taiscí uirbeacha seandálaíochta agus gnéithe faoi bhun uisce, mar raiceanna. Ní amháin go saibhríonn na láithreáin agus na séadchomharthaí atá ar fáil ár dtírdhreacha agus ár mbailidhreacha ach tá siad riachtanach chun ár stair a thuiscint.

Tá láithreáin agus séadchomharthaí seandálaíochta faoi chosaint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004. Bunaíodh Taifead na Láithreán agus na Séadchomharthaí faoi Alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994, agus tá liosta reachtúil le fáil ann de gach séadchomhartha seandálaíochta aitheanta in Éirinn. Cuimsíonn sé sraith léarscáileanna agus liosta séadchomharthaí agus áiteanna i ngach Contae. Séadchomharthaí Taifeadta a thugtar orthu. Áirítear leo freisin criosanna a d'fhéadfadh acmhainn seandálaíochta a bheith ag baint leo. Is éard atá i gceist leis na criosanna sin ná áiteanna i mbailte stairiúla ina bhfuil taiscí seandálaíochta agus iarsmaí atá fós ina seasamh a bhaineann leis an tréimhse roimh 1700 AD. Tá níos mó ná 120,000 séadchomhartha i dTaifead na Láithreán agus na Séadchomharthaí in Éirinn. Tá thart ar 1,700 díobh sin i gContae Loch Garman.

Bunaíodh Clár na Séadchomharthaí Stairiúla faoi Alt 5 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1987. Is féidir séadchomharthaí stairiúla agus limistéir sheandálaíochta araon a áireamh sa Chlár. Áirítear mar 'Shéadchomhartha Stairiúil' aon séadchomhartha réamhstairiúil agus aon séadchomhartha a bhaineann le stair thráchtála, chultúrtha, eacnamaíochta, thionsclaíoch, chreidimh, nó shóisialta na tíre nó na háite ina bhfuil sé suite. Áirítear leis freisin gach séadchomhartha a bhí ann

roimh 1700 AD nó cibé dáta níos déanaí a cheapfaidh an tAire de bhun rialachán. Tá 57 séadchomhartha stairiúil cláraithe i gContae Loch Garman. An chuid is mó díobh san áireamh chomh maith i dTaifead na Láithreán agus na Séadchomharthaí.

I gcás go mbeartaíonn úinéir nó áititheoir na maoine, nó duine ar bith eile obair a dhéanamh, nó a chur faoi deara, nó a cheadú go ndéanfar aon obair ag nó i ndáil le séadchomhartha atá san áireamh i dTaifead na Láithreán agus na Séadchomharthaí, éilítear orthu fógra a thabhairt i scríbhinn don Aire dhá mhí sula dtosaíonn an obair sin.

Is é an sainmhíniú a thugtar ar 'Shéadchomhartha Náisiúnta' ná shéadchomhartha nó iarsma de shéadchomhartha, a bhfuil tábhachtach náisiúnta ag baint lena chaomhnú toisc gur díol spéise é ó thaobh staire, ailtireachta, ealaíne, seandálaíochta nó de bharr cúrsaí traidisiúnta. Bíonn fógra ar Shéadchomharthaí Náisiúnta atá faoi chaomhnóireacht nó faoi úinéireacht an Stáit a thugann le fios gur Séadchomhartha Náisiúnta an séadchomhartha sin agus go bhfuil sé faoi chosaint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta. De réir Alt 8 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 féadfaidh an tAire Ordú Buainchoimeáda a dhéanamh más é a thuairim go bhfuil an baol ann go ndéanfar séadchomhartha náisiúnta a scrios nó go bhfuil sé á scrios i ndáiríre, nó díobháil á déanamh dó nó é á bhaint, nó go bhfuil sé ag titim i léig trí fhaillí.

Tábla Uimh. 34 Séadchomharthaí Náisiúnta atá faoi réir Orduithe

Buanchoimeádt

Ordú Buanchoimeádt a Uimh.	Séadchomhartha	Baile Fearain n	Dáta Éifeachtac h an Ordaithe	Uimh. i dTaifead na Láithreán agus na Seádchomhartha í
7/1956	Dronlíneach	Cúirt Bhaile Éamainn	22/02/56	WX016-022001-
3/1958	Tulach	An Halla	15/10/58	WX049-015 ----
1/1979	Ráth	An Ráth Mór	11/01/79	WX048-019 ----
192	Créfoirt Cheann Bhanú	Baile Ram	18/07/52	WX050-015001- WX050-015002-
2/1974	Móta Sheanros	Páirc an Tobair	11/10/74	WX030-052001-

Tábla Uimh. 35 Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Úinéireacht nó faoi Chaomhnóireacht an Stáit

Uimh. h.	Séadchomhartha	Baile Fearainn	Stádas	Uimh. i dTaifead na Láithreán agus na Séadchomharthaí
516	Caisleán Bhaile Hac	Baile Hac	Úinéireacht	WX044-009,001-
375	Móta	Baile an Mhóta Mór	Úinéireacht	WX020-041 ----
521	Caisleán Fhearna	Fearann an Chaisleáin	Caomhnóireacht	WX015-003,001-
665	Eaglais Chluana	Cluain	Úinéireacht	WX015-023001-
644	Caisleán Chúil Choll	Cúil Choll	Úinéireacht	WX046-028 ---
192	Mainistir Dhún Bróithe (Chist.)	Dún Bróithe	Úinéireacht	WX039-030001
668	Dún Dhún Canann	Dún Canann	Caomhnóireacht	WX044-015001-
457	Muileann Gaoithe Theach Coimseáin	An Fál	Caomhnóireacht	WX053-006 ----
133	Mainistir Fhearna	Fearna Uachtarach	Úinéireacht	WX015-003,004-
133	Eaglais (Naomh Peadar) Fhearna	Fearna Uachtarach	Úinéireacht	WX015-003,005-
133	Ardeaglais & Crosa Fhearna	Fearna Uachtarach	Úinéireacht	WX015-003,002- WX015-003,009- WX015-003,010- WX015-003,011- WX015-003,012- WX015-003,013- WX015-003,017- WX015-003,018-
443	Eaglais Naomh Mhuire	Ros Mhic Thriúin	Caomhnóireacht	WX029-013002-
434	Caisleán Ráth Mhic Naoi	Ráth Mhic Naoi Mór	Caomhnóireacht	WX042-029001-
229	Caisleán Ráth	Ráth Omnaí	Úinéireacht	WX040-028001-

	Omnaí			
429	Caisleán an tSlaoid	An Slaod	Caomhnóireacht	WX054-008,001-
392	Muileann Gaoithe ar Chnoc Fhíodh na gCaor	Teampall Seanáin	Caomhnóireacht	WX020-032 ----
506	Mainistir Thinteirn (Mainistir Chist. Eaglais & droichead)	Tinteirn	Uinéireacht	WX045-027001- WX045-028001- WX045-029001-
445	Eaglais Phríóireacht Naomh Selsker (Agaistíneach)	Baile Loch Garman	Caomhnóireacht	WX037-032009-

I gcomhréir leis na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) seolfar fógra chuig an Aire faoi iarratais phleanála a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don oidhreacht seandálaíochta. Ba cheart measúnú seandálaíochta a sholáthar in éineacht le haon iarratas ar fhorbairt a d'fhéadfadh tionchar a bheith aici ar shéadchomhartha mar gheall ar a suíomh, a méid nó a nádúr. Ní mór do sheandálaí a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha aige nó aici an measúnú a dhéanamh agus d'fhéadfadh taighde doiciméadach iomchuí agus tochailt seandálaíochta nó scrúdú iarsmaí atá ina seasamh a bheith san áireamh sa mheasúnú. In imthosca áirithe d'fhéadfaí a mheas go mbeadh sé oiriúnach monatóireacht seandálaíochta a dhéanamh. Cuid de na costais forbartha iad na costais a bhaineann le tochailt agus taifead seandálaíochta agus íocann an forbróir astu.

Nuair is féidir ba cheart forbairt nua a dhearadh sa chaoi nach ndéanfar aon damáiste don oidhreacht seandálaíochta. Más rud é nach féidir an forbairt bheartaithe a dhéanamh in áit eile nó a athdhearadh chun nach mbainfear láithreán nó séadchomhartha (nó cuid de), is é an cur chuige a chaithfear a ghlacadh ná caomhnú *in-situ* nó é a caomhnú trí thochailt seandálaíochta a dhéanamh, faoi réir cheadúnas tochailte seandálaíochta, agus é a thaifeadadh. Ní mór glacadh leis gurb é caomhnú *in-situ* an rogha is fearr.

14.5.1 Seandálaíocht Mhuirí agus Fo-Uisce

Sa tSeandálaíocht Mhuirí scrúdaítear an mbealach ar mhair agus ar oibrigh daoine cois cósta, an leas a bhain siad as acmhainní na farraige agus conas ar úsáid siad an fharraige mar mhodh taistil agus gluaiseachta. Áirítear le tírdhreacha mhuirí na hÉireann lonnaíochtaí ársa ar feadh an chósta agus na n-oileán mar aon le céanna, cuanta, gaistí éisc, dramhchairneacha ar an gcrios idirthaoideach agus longa báite agus tírdhreacha báite ar ghrinneall na farraige. I measc na rudaí atá ag bagairt ar iarsmaí seandálaíochta muirí tá athruithe aeráide agus athruithe ar leibhéal na farraige, creimeadh cósta, iascaireachta agus feirmeoireachta sliogéisc agus forbairtí ar an gcósta agus amach ón gcósta. Is féidir le gníomhaíochtaí den sórt sin damáiste a dhéanamh do láithreáin seandálaíochta faoi uisce nó fiú iad a scrios.

Áirítear ar Fhardal Long Báite na hÉireann na raiceanna uile atá ar eolas do na blianta go léir suas go dtí 1945 agus an bhliain sin san áireamh. Tá os cionn 10,000 iontráil sa bhFardal faoi láthair. Tá gach long báite atá breis agus céad bliain d'aois agus ábhair sheandálaíochta faoi chosaint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004 agus tá sé coiscthe cur isteach orthu, ach amháin de réir ceadúnais arna eisiúint ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Féadfaidh an tAire Ordú um Oidhreacht Faoi Uisce a dhéanamh i leith limistéir ar ghrinneall nó faoi ghrinneall na farraige, nó ar thalamh atá clúdaithe le huisce i gcás go gcreidtear go bhfuil raic nó ábhar seandálaíochta ann ar cheart a chosaint de bharr an tábhacht staire, seandálaíochta nó ealaíonta atá ag baint leis.

14.5.2 Láithreacha Catha

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht agus luach a bhaineann leis an tírdhreach stairiúil agus leis an timpeallacht stairiúil níos leithne, lena n-áirítear láithreacha catha. Tá Thionscadal Láithreacha Catha na hÉireann idir lámha ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi láthair. Is é aidhm an tionscadail ná cuidiú chun an cosaint reachtúil chuí a aithint a ba cheart a thabhairt do láithreáin chatha. Beidh aird ag an gComhairle ar Thionscadal Láithreacha Catha na hÉireann nuair a bheidh sé ar fáil.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir AH01

Láithreáin seandálaíochta, séadchomharthaí (lena n-áirítear na suíomhanna ar a bhfuil siad), seandálaíocht faoi uisce agus ábhair laistigh de dhlínse Comhairle Contae Loch Garman lena n-áirítear iad siúd atá liostaithe i dTaifead na Láithreán agus na Séadchomharthaí, i gClár na Séadchomharthaí Stairiúla mar aon le hiarsmaí seandálaíochta nua-aimsithe faoin dromchla a chaomhnú agus a chosaint.

Cuspóir AH02

Oidhreacht na ngrúpaí séadchomharthaí tábhachtacha náisiúnta, lena n-áirítear a suíomhanna agus a léirmhínte comhthéacsúla, a chosaint nuair atá forbairtí á mbainistiú againn.

Cuspóir AH03

Cosaint na hoidhreachta seandálaíochta a bhreithniú go hiomlán nuair atá forbairt á déanamh nó á faomhadh nó á húdarú. Beidh aird ag an gComhairle, nuair a bheidh breithniú á dhéanamh ar a leithéid de chosaint ar chomhairle agus ar mholtaí na Seirbhíse Séadchomharthaí Náisiúnta agus ar na prionsabail atá leagtha amach i *Framework and Principles for the Protection of the Archaeological Heritage* (An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, 1999).

Cuspóir AH04

Measúnú seandálaíochta a éileamh i gcomhair forbartha a d'fhéadfadh, mar gheall ar a méid, a suíomh nó a nádúr, tionchar suntasach a bheith aici ar an oidhreacht seandálaíochta agus bearta iomchuí a dhéanamh chun an oidhreacht seandálaíochta a chosaint. I ngach cás den sórt sin rachaidh an tÚdarás Pleanála i gcomhairle leis an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Cuspóir AH05

Toimhde a chur chun cinn i bhfabhar iarsmaí agus shuíomhanna seandálaíochta a chaomhnú *in-situ* nuair a bheifear ag déileáil le tograí forbartha a mbeadh tionchar acu ar láithreáin nó ar ghnéithe seandálaíochta. I gcás nach bhfuil caomhnú *in-situ*

indéanta agus breathnóidh an Chomhairle i gcúinsí cuí an féidir iad a chaomhnú trí thaifead.

Cuspóir AH06

Tírdhreacha stairiúla agus seandálaíochta, lena n-áirítear láithreáin chatha, a chosaint agus rochtain ar shuíomhanna den sórt sin a chur chun cinn ar choinníoll nach gcuirfeadh sé sin an ghné áirithe sin i mbaol.

Cuspóir AH07

Córacha cosanta stairiúla uirbeacha (idir chinn atá ina seasamh fós agus iarsmaí faoi thalamh) agus gnéithe bainteacha a chumhdach agus iad a chosaint ó fhorbairt mhíchuí i gcomhréir leis an mBeartas Náisiúnta um Chóracha Cosanta Bailte (An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, 2008).

Cuspóir AH08

Tírdhreacha seandálaíochta a chur san áireamh mar chuid den Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha an Chontae atá le hullmhú agus a thabhairt cothrom le dáta nuair a fhoilseofar Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha/Measúnú Náisiúnta ar Charachtar Tírdhreacha.

Cuspóir AH09

Suíomhanna seandálaíochta oiriúnacha sa chontae a aithint a d'fhéadfaí rochtain phoiblí a chur ar fáil orthu, agus oibriú i gcomhar leis an úinéir talún chun rochtain phoiblí a chinntiú nuair is cuí, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

Cuspóir AH10

Leagan amach na sráideanna atá ann a choinneáil mar aon leis na línte tógála stairiúla agus leithid na bplotaí traidisiúnta atá ann ó na meánaoiseanna nó níos luaithe.

Cuspóir AH11

Reiligi stairiúla i gContae Loch Garman a chosaint agus daoine a spreagadh lena gcothabháil i gcomhréir le prionsabail chaomhnaithe

14.6 Oidhreacht Thógtha

14.6.1 Struchtúir atá faoi Chosaint

Is éard is Struchtúir atá faoi Chosaint ann ná struchtúr a mheasann an Chomhairle a bhfuil spéis ar leith ag baint leis ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta, sóisialta nó teicniúil de. Iontrálann an Chomhairle sonraí na nDéanmheas Cosanta ina Taifead ar Dhéanmhais Chosanta atá mar chuid den Phlean Forbartha. Tá sé de dhualgas dlíthiúil ar gach úinéir agus áititheoir Déanmhais Cosanta a chinntiú go gcaomhnaítear an struchtúr agus nach nach bhfuil an Déanmhas Cosanta, nó aon eilimint de, i mbaol trí dhíobháil, meathlúcháin nó damáiste, cibé acu thar thréimhse fhada nó ghearr, trí fhaillí nó ar shlí dhíreach nó indíreach.

Maidir le Déanmhas Cosanta nó Déanmhas Cosanta molta, áirítear le brí an téarma an taobh istigh den déanmhas, talamh atá laistigh dá chúirtealáiste, aon déanmhas eile atá laistigh den chúirtealáiste sin mar aon leis an taobh istigh díobh, chomh maith le gach daingneán, feisteas agus gné atá ina cuid den taobh istigh nó den taobh amuigh den déanmhas sin. Baineann an chosaint freisin leis na tailte a ghabhann leis agus le haon déanmhas atá orthu. Tá liosta de na Déanmhais Chosanta le fáil in Imleabhar 2.

Is í an éifeacht atá ag stádas mar Dhéanmhas Cosanta ná a chinntiú i gcás aon athruithe atá le déanamh ar charachtar an struchtúir go ndéanfar iad ar bhealach a choinneoidh agus a fheabhsóidh an carachtar atá ann. Beidh cead pleanála ag teastáil le haghaidh oibreacha a mheasann an tÚdarás Pleanála go mbeadh tionchar ábhartha acu ar charachtar an déanmhais.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach athruithe ábhartha iad gach obair a dhéanfar ar Dhéanmhas Cosanta cé go bhféadfadh cead pleanála a bheith ag teastáil le haghaidh roinnt oibreacha ar Dhéanmhas Cosanta a bheadh díolmhaithe i gcás gnáthdhéanmhais. Faoi Alt 57 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), is féidir le húinéirí agus áititheoirí Déanmhas Cosanta dearbhú a iarraidh ón Údarás Pleanála maidir leis an gcineál oibreacha a mheasann sé a dhéanfadh, nó nach ndéanfadh, difríocht ábhartha do charachtar an déanmhais agus a mbeadh cead pleanála riachtanach dóibh dá bharr sin.

Athrú Úsáide Déanmhas Cosanta agus Sínte a Chur Leo

Má dhéantar déanmhais a athúsáid nó a fhorbairt ar bhealach a théann go maith leo, lena n-áirítear sínté comhaimseartha iomchuí a chur le Déanmhais Chosanta, d'fhéadfadh ár n-oidhreacht ailtireachta buntáistí aeistéitiúla, comhshaoil agus eacnamaíochta a chur ar fáil do na glúine atá le teacht. Bíonn sé riachtanach go minic síntí nua le Déanmhas Cosanta a cheadú lena chur in oiriúint do riachtanais mhaireachtála an lae inniu nó go mbeadh sé inmharthana ar bhonn eacnamaíoch. Ní mór tograí le haghaidh struchtúir nua nó síntí a mheas go cúramach agus ba cheart iarracht a dhéanamh lena chinntiú nach mbeadh drochthionchar ag an bhforbairt nua ar charachtar an déanmhais. Spreagfar daoine chun dearadh comhaimseartha ardchaighdeán a úsáid nuair atá síntí ar scála níos mó á mbeartú, nó nuair atá foirgnimh nua á moladh i gcúirtealáiste Déanmhais Chosanta.

Creatlach Traidisiúnta

Bíonn réimse ábhar tógála i gceist le foirgnimh stairiúla. Cuireann siad sin le carachtar, dath, uigeacht, agus comharthaí aoise atá ag foirgneamh. Spreagfar daoine chun creatlach bunaidh nó luathchreatlach an fhoirgnimh a choinneáil. Tá doiciméad treorach ar fáil ó Chomhairle Contae Loch Garman d'úinéirí nó áititheoirí Struchtúr Cosanta, ina léirítear an cur chuige ó thaobh dea-chleachtais ar cheart a ghlacadh nuair atá sé á mholadh obair a dhéanamh ar Struchtúr Cosanta.

Cosaint na nGnéithe sin a bhfuil Fiúntas Oidhreachta Ailtireachta ag Baint leo

Is iomaí rud nach gnéithe struchtúracha iad, mar shampla gairdíní stairiúla, ballaí cloiche, díoga agus troscán sráide a chuireann go mór lenár n-oidhreacht fhoirgnithe. Is féidir leis na gnéithe sin cur go mór le carachtar limistéir agus a thabhairt le fios gur áit ar leith é. Is féidir na rudaí sin a chailliúint trí easpa cúraim nó feasachta. Ba cheart gnéithe den sórt sin a chothabháil agus a choinneáil nuair a bhíonn oibreacha feabhsúcháin áitiúla á gcur i gcrích.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir PS01

Oidhreacht ailtireachta Chontae Loch Garman a chosaint mar aon leis na déanmhais a mheastar a bhfuil tábhacht speisialta ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne,

cultúrtha, eolaíochta, sóisialta nó teicniúla ag baint leo agus atá sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta

Cuspóir PS02

Cúirtealáiste Déanmhais Chosanta nó Déanmhais Chosanta molta a chosaint ó aon oibreacha a scriosfadh nó a dhéanfadh damáiste do charachtar speisialta an déanmhais nó a scriosfadh nó a dhéanfadh damáiste do charachtar speisialta aon déanmhais a bhfuil luach oidhreachta ag baint leis is atá laistigh de chúirtealáiste an déanmhais nó na dtailte a ghabhann leis.

Cuspóir PS03

Forbairt a spreagadh laistigh de chúirtealáiste Struchtúir Chosanta atá comhoiriúnach lena charachtar ó thaobh láithrithe, línte tógála, comhréireanna, scála, mórdhlúthú, airde, cóireáil dín agus ábhair faoi réir gnáthchritéar phleanála agus chomhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i Caibidil 18, nuair is cuí. Ní choisceann sé seo dearaí comhaimseartha nuálacha a mholadh a léiríonn meas ar chomhthéacs an Déanmhais Chosanta.

Cuspóir PS04

Cothabháil agus athúsáid cuí a spreagadh i gcás na nDéanmhas Cosanta agus na bhfoirgneamh níos sine a bhfuil fiúntas oidhreachta ailtireachta ag baint leo agus a chuireann le carachtar, dealramh agus cáilíocht na gceantar ina bhfuil siad agus le forbairt inbhuanaithe an chontae.

Cuspóir PS05

Daoine a spreagadh chun creatlach bunaidh nó luathchreatlach foirgnimh a choinneáil lena n-áirítear fuinneoga saise adhmaid, obair chloiche nó bhrící, siúinéireacht, rindreáil agus sclátaí. Mar an gcéanna, spreagfaidh an Chomhairle daoine chun gnéithe traidisiúnta atá ceart ó thaobh na tréimhse staire sin a chur ar ais.

Cuspóir PS06

Má tharlaíonn sé go ndéantar damáiste do Dhéanmhas Cosanta de thoradh dóiteáin nó timpiste eile, agus má thagann na heilimintí sin slán go hiomlán nó go páirteach a

chinntíonn go bhfuil spéis ar leith ag baint leis an déanmhas sin, spreagfar daoine chun na heilimintí sin a choimeád.

Cuspóir PS07

A chinntiú go seolfar tuarascáil maidir le measúnú oidhreachta ailtireachta nó measúnú iarmharta ailtireachta mar aon le gach iarratas a bhaineann le Déanmhais Chosanta. Ba cheart go mbeadh measúnú déanta sa tuarascáil ar na himpleachtaí a bheadh ag an bhforbairt ar charachtar an déanmhais agus ar an ceantar ina bhfuil sé. Ba cheart iad sin a ullmhú de réir Aguisín B de *Architectural Heritage Protection - Guidelines for Planning Authorities* (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2004) agus aon leasaithe a dhéanfar orthu.

Cuspóir PS08

A chinntiú go ndéantar measúnú ar gach iarratas ar Déanmhais Chosanta trína cur san áireamh an chomhairle atá ar fáil in *Architectural Heritage Protection - Guidelines for Planning Authorities* (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2004) agus aon treoirlínte a eiseofar ina ndiaidh sin.

Cuspóir PS09

Daoine a spreagadh chun aghaidheanna traidisiúnta siopaí agus tithe tábhairne atá déanta d'adhmaid, nó rindreáilte, nó a bhfuil tileanna orthu a dheisiú agus a choinneáil, lena n-áirítear iad siúd nach Déanmhais Chosanta iad.

Cuspóir PS10

Chun cabhrú chun éascú a dhéanamh ar choinneáil foirgneamh níos sine, féachfaidh an tÚdarás Pleanála an féidir maolú a dhéanamh maidir le riachtanais páirceála agus riachtanais bhainistíochta forbartha eile in imthosca oiriúnacha.

Cuspóir PS11

A chinntiú go gcoinneofar eilimintí d'oidhreacht ailtireachta an chontae, mar shampla gairdíní stairiúla, ballaí cloiche, díoga agus troscán sráide a chuireann leis an oidhreacht fhoirgnithe.

14.6.2 Limistéir Caomhantais Ailtireachta

Éilíonn Cuid IV den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) go n-áireofar cuspóirí i bPleananna Forbartha chun carachtar áiteanna, ceantar, grúpaí struchtúr nó ceantar uirbeach a chaomhnú:

- a) A bhfuil spéis ar leith ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, sóisialta nó teicniúla ag baint leo
- b) A chuireann leis an meas atá ag daoine ar Dhéanmhais Chosanta.

Limistéir Caomhantais Ailtireachta a thugtar ar na limistéir sin. I gcás ina mheastar go bhfuil tábhacht ar leith ag a leithéid de limistéar maidir le saol cathartha, nó carachtar ailtireachta, staire, cultúrtha nó sóisialta an cheantair, féadfar scéim pleanála a ullmhú chun:

- Caighdeán níos airde maidir le dearadh agus conláiste cathartha a chur chun cinn
- An oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus nádúrtha a chaomhnú agus a chosaint
- Foráil a dhéanamh d'athnuachan, buanchoimeád, caomhnú agus forbairt leagan amach agus gréasán foirgníochta sráid-dreacha
- Foráil a dhéanamh do rialú deartha agus leagan amach déanmhas agus spás
- Soláthar a dhéanamh d'athfhorbairt láithreán folamh nó tréigthe a chur chun cinn agus do chothabháil agus deisiú déanmhas.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir ACA01

Pleananna Forbartha Baile agus Pleananna Ceantair Áitiúil a úsáid chun Limistéir Caomhantais Ailtireachta a aithint agus a ainmniú i mBailte agus i Sráidbhailte Chontae Loch Garman, nuair is cuí.

Cuspóir ACA02

A chinntiú go gcuirfear gach forbairt atá beartaithe i gcrích de réir na gcaighdeán is airde maidir le dearadh ailtireachta agus dearadh uirbeacha sna Limistéir Chaomhantais Ailtireachta sainithe.

14.6.3 Reiligí

Tá an-tábhacht ag baint le reiligí stairiúla mar phríomhfhoinsí ábhartha ó thaobh stair an chontae. Dá ndéanfaí na reiligí a bhainistiú go cúramach d'fhéadfadh siad cur le hacmhainn thurasóireacht oidhreachta Chontae Loch Garman agus áiteanna breise a sholáthar ina bhféadfadh daoine taitneamh as bhaint as an saol ar bhealaí éighníomhacha.

Is é an príomhchuspóir atá ag reilig ar bhith ná áit a sholáthar chun na mairbh a adhlacadh inti agus comóradh a dhéanamh orthu. Lena chois sin is áiteanna iad inar féidir na mairbh a chaoineadh agus deasghnátha reiligiúnacha a cheiliúradh. Mar sin féin, toisc gurb áiteanna glasa iad laistigh de cheantair fhoirgnithe is féidir le daoine scíth a ligean agus machnamh a dhéanamh iontu, bolgam de ghaoth na spéire a fháil agus roinnt aclaíochta a dhéanamh nó caidreamh ciúin a bheith acu leis an dúlra. Bíonn ailtireacht, dealbhóireacht, tírdhreach, fiadhúlra agus filíocht fite fuaite le chéile iontu ar bhealach nach bhfaightear in aon áit eile sa timpeallacht stairiúil. Nuair a bhíonn na tírdhreacha sin á gcaomhnú agus á mbainistiú tá sé riachtanach na bríonna agus na tréithe speisialta a bhaineann leo a chur san áireamh agus gan dearmad a dhéanamh gur gá daoine a adhlacadh i reiligí atá fós in úsáid.

Aithníonn Comhairle Contae Loch Garman a thábhachtaí is atá reiligí do phobail áitiúla agus an ról suntasach atá ag pobail i reiligí a chothabháil. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le pobail trí mhaoiniú a sholáthar agus ag iarraidh cistiú a fháil chun reiligí an chontae a chosaint.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir G01

Reiligí an chontae a chaomhnú agus a fheabhsú trí bhainistíocht agus rochtain agus maoirseacht feabhsaithe pobail agus eolas stairiúil a chur ar fáil ag gach suíomh agus carachtar uathúil gach ceann de na reiligí a chur chun cinn ar mhaithe le húinéirí réadmhaoine na comharsanachta agus daoine atá ina gcónaí gar dóibh.

14.7 Na hEalaíona agus Oidhreacht Chultúrtha

Tá féiniúlacht shaibhir, éagsúil, shainiúil chultúrtha mar aon le bonn láidir cruthaitheach agus ealaíonta ag Loch Garman a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu. Tugann ealaíona agus cultúr Loch Garman léiriú bródúil ar ár bhféiniúlacht agus tá ról tábhachtach acu maidir lenár ndea-bhail shóisialta agus eacnamaíoch. Tugann a lán daoine cuairt ar bailte, ar shéadchomharthaí, ar fhéilte agus ar shuíomhanna stairiúla an chontae gach bliain chun taitneamh a bhaint as eispéiris chultúrtha. Tá cáil idirnáisiúnta ar Fhéile Ceoldrámaíochta Loch Garman atá ar siúl le blianta agus ní amháin go gcuireann sí le cáil Loch Garman ach cuireann sí le cáil na hÉireann mar thír chultúir agus chruthaitheachta.

Tá go leor tírdhreacha stairiúla tábhachtacha sa chontae in áiteanna mar Chnoc Fhiodh na gCaor, Carraig Bhraín agus Cúil Ghréine, agus tá siad sin agus na séadchomharthaí réamhstairiúla tábhachtach ó thaobh ár bhféiniúlacht chultúrtha a shainiú.

Tá infheistíocht mhór déanta inár n-oidhreacht chultúrtha le blianta beaga anuas agus caitheadh airgead mór ar leabharlanna, iarsmalanna, amharclann agus ionaid do na healaíona. Tá ról lárnach ag an gComhairle maidir le soláthar agus éascú na bhforbairtí sin agus tacú le pobal na n-ealaíon.

Tacaíonn an Plean le forbairt inbhuanaithe ár n-oidhreacht chultúrtha agus spreagfaidh sé forbairt úsáidí chultúrtha talún agus gníomhaíochtaí chultúrtha d'fhonn tacú leis na healaíona agus chun feasachta áitiúil a mhéadú faoinár n-oidhreacht agus faoinár bhféiniúlacht chultúrtha. Tá tuilleadh faisnéise faoi oidhreacht chultúrtha le fáil i gCaibidil 7.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir CH01

Tacú le forbairt inbhuanaithe agus le cur chun cinn ár n-oidhreacht chultúrtha agus leis an mbonneagar lena mbaineann faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

Cuspóir CH02

Oidhreacht chultúrtha an chontae a chosaint agus éascú a dhéanamh ar leathnú agus forbairt áiseanna oiriúnacha a bheidh suite go feiliúnach in aice le hionaid spéise faoi réir chomhlíonadh na ngnáth critéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

Cuspóir CH03

Spreagadh agus tacaíocht a sholáthar do shármhaitheas agus do nuálaíocht chultúrtha agus ealaíonta agus tacú le hobair na ndaoine atá páirteach i bhforbairt ár n-oidhreacht ealaíon agus cultúrtha, faoi réir chomhlíonadh na ngnáth critéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

Cuspóir CH04

Cabhrú lena chinntiú go bhfuil ár n-oidhreacht chultúrtha agus na háiseanna a bhaineann leo inrochtana agus cuimsitheach faoi réir chomhlíonadh na ngnáth critéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

Cuspóir CH05

Leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn Fhéile Cheoldrámaíochta Loch Garman agus tacaíocht a sholáthar chun na healaíona ardchaighdeán idirnáisiúnta a thabhairt go dtí an Contae. Déanfaidh an Chomhairle iarracht lucht féachana idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus do thionscadail ealaíon atá bunaithe i Loch Garman, agus tacóidh sí le tionscnaimh ilchultúrtha.

Cuspóir CH06

A spreagadh a thabhairt d'fhorbairt, do chruthú agus do thaispeáint saothar ealaíne in áiteanna poiblí agus é sin a éascú faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

Cuspóir CH07

Spreagadh a thabhairt do sholáthar oibreacha poiblí ealaíne i bhforbairtí móra nua tráchtála agus i bhforbairtí móra príobháideacha cónaithe sa chontae chun feabhas a chur ar an dtimpeallacht áitiúil.

Cuspóir CH08

Tacú le forbairt agus leathnú na Seirbhísí Leabharlainne. Ba cheart go gcuirfí é sin i gcrích de réir na gcaighdeán is airde a aithnítear ar fud an domhain agus beidh sé faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18 nuair is cuí.

Cuspóir CH09

Comhoibriú leis an gComhairle Oidhreachta, leis an gComhairle Ealaíon, le Fáilte Ireland agus le comhlachtaí ábhartha eile mar an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chun na healaíona, agus rudaí ar díol spéise cultúrtha agus oidhreachta iad ar fud an Chontae a chur chun cinn agus a fhorbairt.

Caibidil 15 Caitheamh Aimsire, Spórt agus Cearta Slí Poiblí

15.1 Réamhrá

Cuid lárnach de phobail inbhuanaithe is ea caighdeán maith áineasa agus áiseanna spóirt a bheith acu agus chuireann siad le cáilíocht beatha, le sláinte phearsanta agus le folláine. Tá ról ríthábhachtach acu freisin i bhforbairt agus i neartú meoin phobail. Tá réimse éagsúil áiseanna áineasa i gContae Loch Garman ó áiseanna saintógtha spóirt agus fóillíochta go thaitneamhachtaí nádúrtha, lena n-áirítear níos mó ná 200km de thránna cois chósta. Tá cuspóirí leagtha síos sa chaibidil seo maidir le tacú le forbairt agus úsáid leanúnach na n-áiseanna áineasa, spóirt agus fóillíochta sa chontae agus maidir le rannpháirtíocht mhéadaithe i ggníomhaíochtaí áineasa a chur chun cinn.

15.2 Caitheamh Aimsire

Is é an sainmhíniú a thugtar ar áineas i *Teenspace: Beartas Náisiúnta Áineasa do Dhaoine Óga* (Oifig an Aire Leanaí, 2007) ná “na ggníomhaíochtaí dearfa sin go léir ar féidir le duine a roghnú le páirt a ghlacadh iontu a chinnteoidh go mbeidh a c(h)uid am fóillíochta níos suimiúla, níos taitneamhaí agus go mbainfidh an té sin níos mó sásaimh phearsanta astu.” Bíonn buntáistí díreacha sláinte choirp agus mheabhrach ag daoine nuair a ghlacann siad páirt i gcaitheamh aimsire gníomhach mar dhul ag rothaíocht, ag siúl nó ag snámh. Má bhíonn caitheamh aimsire éighníomhach ag duine, mar shampla dul go dtí an phictiúrlann nó cuairt a thabhairt ar ghailearaí ealaíne, d’fhéadfadh buntáistí dearfacha a bheith acu sin do shláinte mheabhrach an té sin, agus d’fhéadfaidís strus a laghdú agus spreagadh intinne a sholáthar.

Soláthraíonn caitheamh aimsire buntáistí eacnamaíocha do cheantar freisin. Tá réimse áiseanna nádúrtha agus sócmhainní cultúrtha ag Loch Garman a bhféadfaí turasóireacht áineasa a bhunú orthu. Más rud é gur féidir deiseanna áineasa ardchaighdeán a sholáthar laistigh de phobail bheoga áitiúla d’fhéadfadh sé sin spreagadh an-tábhachtach a thabhairt chun fostaíocht agus fiontraíocht a mhealladh isteach sa chontae. Ina theannta sin, is féidir buntáistí airgid a bheith i gceist le caitheamh aimsire toisc go nglactar leis go ginearálta go mbíonn costais chúraim sláinte níos ísle ag daonra níos gníomhaí.

Aithnítear sa *Beartas Náisiúnta Áineasa* go bhfuil roinnt constaicí ann maidir le rannpháirtíocht daoine óga i gcaitheamh aimsire, mar shampla easpa áiseanna, easpa faisnéise agus easpa oibrithe deonacha, agus go mbíonn saincheisteanna faoi leith le réiteach i gcás daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise acu. Déantar iarracht trí bhíthin an bheartais deireadh a chur leis na bacainní atá le rannpháirtíocht agus chun na deiseanna atá ar fáil ag an óige go léir a fheabhsú. Tá an beartas seo á chur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil trí straitéisí áineasa áitiúla a fhorbairt trína n-aithnítear na príomhbhearta agus na príomhthosaíochtaí.

Rinneadh scrúdú i Straitéis Áineasa Chontae Loch Garman (Bord Forbartha Contae Loch Garman, 2011) ar na háiseanna atá ar fáil ar fud an chontae agus ar na cineálacha gníomhaíochtaí áineasa a nglacann daoine páirt iontu ag céimeanna éagsúla dá saol. Leagtar amach roinnt cuspóirí agus bearta inti chun feasacht a spreagadh faoi na háiseanna áineasa, iad a dhéanamh níos inrochtana agus na riachtanais áineasa a aithint a bheidh ann sa todhchaí.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir RS01

A chinntiú go bhfuil spás oscailte go leor ann i gcomhair conláiste agus áineasa do gach grúpa sa daonra trí tailte oiriúnacha a chriosú i bPleananna Forbartha Bailte agus i Pleananna Limistéar Áitiúil.

Cuspóir RS02

Na cuspóirí straitéiseacha a chur i bhfeidhm atá i Straitéis Áineasa Chontae Loch Garman lena n-áirítear feasacht a spreagadh agus rochtain a chur chun cinn maidir le gníomhaíochtaí agus áiseanna áineasa sa chontae, riachtanais áineasa sa todhchaí a aithint agus solúbthacht agus inoiriúnaitheacht na n-áiseanna a chur chun cinn d'fhonn freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn, faoi réir chomhlíonadh Airteagail 6 agus Airteagail 10 den Treoir maidir le Gnáthóga.

Cuspóir RS03

Spreagadh a thabhairt le go bhféadfaidh gach ball den phobal leas a bhaint as tailte na scoileanna agus as na háiseanna áineasa a bhaineann leo lasmuigh d'uaireanta

scoile ar choinníoll nach dtiocfadh sé sin salach ar chúrsaí oideachais.

Cuspóir RS04

Turasóireacht bunaithe ar chúrsaí áineasa a chur chun cinn sa chontae mar aon leis na deiseanna fostaíochta a bhaineann léi.

Cuspóir RS05

A chinntiú nuair a lonnófar áiseanna nua áineasa sna lonnaíochtaí atá ann cheana féin go lonnófar iad gar do na ceantair chónaithe is mó agus in aice le háiseanna pobail eile, nuair is féidir, chun an leibhéal rannpháirtíochta is airde a chinntiú agus an méid taistil is gá a dhéanamh a laghdú.

15.3 Spórt

Aibhsíodh i gcomhaontú comhpháirtíochta sóisialta deich mbliana an Rialtais I dTreo 2016 (Roinn an Taoisigh, 2006) an tábhacht a bhaineann le spóirt agus an méid a chuireann sé le forbairt shóisialta agus le forbairt eacnamaíoch na tíre. Is féidir na buntáistí a mheas ó thaobh dea-bhail choirp agus mheabhrach an daonra, forbairt shóisialta agus chultúrtha, oideachas, forbairt phearsanta agus tionchar eacnamaíoch. Is é cuspóir na Straitéise earnáil bheoga, ghníomhach spóirt a chur chun cinn agus a spreagadh, go háirithe i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste, sa chaoi go mbeidh leibhéal mhéadaithe rannpháirtíochta ann mar aon le áiseanna ardcháilíochta inmharthana agus deiseanna ag daoine ról ghníomhach a bheith acu sa spórt.

Cuireann Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt (LSP) Loch Garman rannpháirtíocht i spórt agus gníomhaíocht fhisiceach chun cinn ar an leibhéal áitiúil. Príomhchuspóir de Phlean Straitéiseach Loch Garman um Spórt Gníomhach 2009-2012 de chuid an LSP is ea an rochtain ar áiseanna agus ar acmhainní atá ann cheana féin i gcomhair gníomhaíochta fisicí agus spóirt a fheabhsú. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an bPlean faoi láthair.

Aithníonn an Chomhairle gur cuid riachtanach den saol laethúil é an spórt, agus go bhfuil ról luachmhar sóisialta, cultúrtha agus geilleagrach aige agus go dtugann sé

taitneamh do dhaoine agus slí bheatha do roinnt, agus go gcuireann sé stíl mhaireachtála shláintiúil chun cinn. Tá an Chomhairle tiomanta do réimse agus caighdeán na n-áiseanna spóirt a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuil rochtain réasúnta ag an bpobal ar spórt agus ar líonra áiseanna.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir RS06

Earnáil bhríomhar, ghníomhach spóirt a chur chun cinn agus a spreagadh, ina mbeidh leibhéil mhéadaithe rannpháirtíochta, áiseanna ardcháilíochta inmharthana agus deiseanna do dhaoine ról gníomhach a bheith acu sa spórt.

Cuspóir RS07

Áiseanna spóirt, áineasa agus taitneamhachta a bheidh ag teacht le pleanáil chuí agus le forbairt inbhuanaithe a fhorbairt in áiteanna iomchuí sa chontae, i gcomhar le grúpaí pobail agus spóirt áitiúla agus / nó le páirtithe príobháideacha, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na caighdeáin maidir le bainistiú forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

15.4 Áiseanna Súgartha Leanaí

Tá cuspóirí sa Straitéis Náisiúnta Leanaí *Ár Leanaí - A Saol* (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2000) agus sa Bheartas Náisiúnta um Shúgradh *Bí ag Súgradh!* (Oifig Náisiúnta na Leanaí, 2000) maidir lena chinntiú go bhfuil rochtain ag gach páiste ar áiseanna súgartha agus caitheamh aimsire. Is é an cuspóir foriomlán ná pleanáil a dhéanamh chun líon na n-áiseanna súgartha poiblí a mhéadú agus sa tslí sin caighdeán saoil na leanaí atá ina gcónaí in Éirinn a fheabhsú trí níos mó deiseanna súgartha a chur ar fáil dóibh. Aithnítear an tábhacht a bhaineann le dul i gcomhairle le leanaí maidir le dearadh na n-áiseanna súgartha poiblí d'fhonn timpeallacht a oirfidh níos fearr do leanaí a chur ar fáil.

Faoi láthair tá 28 gclós súgartha sa chontae mar aon le Páirc Scátála amháin agus dhá Limistéar Cluichí d'Ilúsáideoirí. Tá pleanáil á déanamh faoi láthair chun an dara Páirc Scátála a chur ar fáil i Ros Mhic Thriúin. Déanfaidh an Chomhairle iarracht na

háiseanna seo a choinneáil agus áiseanna nua súgartha poiblí a chur ar fáil de réir mar a bhíonn na acmhainní ar fáil dóibh.

Éileoidh an Chomhairle go gcuirfear áiteanna súgartha ar fáil a bheidh deartha agus tírdhreachaithe ar bhealach oiriúnach i ngach eastáit tithíochta nua. Ba cheart limistéir súgartha a thógáil in áiteanna a mbeidh siad le feiceáil ó árais chónaithe ach féachaint chuige nach gcruthódh siad núis go míréasúnta d'áitritheoirí. Ba cheart go mbeadh áiseanna den sórt sin cuimsitheach agus inrochtana ag gach leanbh.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir RS08

An réimse deiseanna súgartha atá ar fáil do na leanaí a mhéadú an oiread agus is féidir, go háirithe do leanaí atá imeallaithe, faoi mhíbhuntáiste nó faoi mhíchumas.

Cuspóir RS09

A chinntiú go bhfuil áiseanna súgartha agus caitheamh aimsire ardchaighdeán san áireamh i bhforbairtí nua tithíochta ina mbeidh níos mó ná 75 áitreabh cónaithe. Ar na háiseanna súgartha áirítear clóis súgartha, cúirteanna cispheile, cúirteanna leadóige, ballaí iománaíochta nó saoraidí eile a mheasann an Chomhairle a bheidh oiriúnach. Is féidir an caighdeán sin a mhodhnú in aon chás faoi leith má bhíonn cúiseanna maithe ann lena dhéanamh. I measc na gcritéar a bhféadfar a chur san áireamh tá dáileadh geografach reatha na saoraidí súgartha agus an phróifíl dhéimeagrafach atá ag teacht chun cinn sa cheantar.

Cuspóir RS10

Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt na Limistéar Cluichí d'Il-Úsáideoirí ag suíomhanna cuí sa chontae agus a chinntiú go ndearfar áiseanna nua pobail agus spásanna oscailte poiblí sa chaoi go mbeifear in ann iad a úsáid ar bhealaí éagsúla.

15.5 Áiseanna Nádúrtha

Tá réimse áiseanna nádúrtha i gContae Loch Garman ar féidir taitneamh a bhaint astu i gcomhair fóillíochta nó áineasa. Ós rud é go bhfuil limistéar fada cósta mar

aon le sléibhte agus gleannta abhann sa chontae d'fheadfaí gníomhaíochtaí amuigh faoin aer a fhorbairt agus an leas is fearr a bhaint as ár dtimpeallacht nádúrtha agus deimhin a dhéanamh ag an am céanna go gcosnófar an timpeallacht. Déanfaidh an Chomhairle iarracht caighdeán na n-áiseanna nádúrtha mar thránna, dumphcha agus sleasa na sléibhte a chaomhnú ar mhaithe leis na tréithe áineasa a bhaineann leo.

Áirítear sna Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach do Réigiún an Oir-Dheiscirt 2010-2022 cuspóir maidir le bheith ag obair leis na húdaráis ábhartha lena n-áirítear an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chun tacú le forbairt áiseanna agus acmhainn áineasa na Bearú, na Feoire, na Siúire, na Sláine agus na Abhann Duibhe. Tá cuspóir sna treoirlínte freisin Staidéar ar Chonair Uiscebhealaigh a ullmhú don Bhearú, don Fheoir agus don tSiúir i gcomhar le comhlachtaí poiblí ábhartha.

Tá thart ar 200 km de thránna ar chósta Chontae Loch Garman. Bronnadh Bratacha Gorma ar Bhaile na Cúirte, Currach Cló, Caisleán Mhurchú agus Ros Láir in 2011 agus bronnadh Gradam Cósta Glas ar Bhaile Muine, Cathóir, Old Bawn, Baile na hEiscrí, Culleton's Gap agus Baile Uí Choileáin. Léiríonn stádas an Bhrait Ghoirm go bhfuiltear ag cloí le critéir dhiana maidir le caighdeán an uisce, oideachas agus faisnéis comhshaoil, bainistiú comhshaoil, cúrsaí sábháilteachta agus seirbhísí eile sna háiteanna sin. Bronntar Dámhachtain an Chósta Ghlais ar thránna a bhfuil cáilíocht uisce den scoth acu mar aon le deá-bhainistíocht chomhshaoil ach nach bhfuil an bonneagar tógtha acu a bhíonn ag teastáil ó thaobh stádas na Brataí Goirme.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir RS11

Ceantar conláiste nádúrtha an chontae a úsáid chun críocha áineasa a chur chun cinn ach ag an am céanna a chinntiú go gcosnófar limistéir atá íogair ó thaobh radhairc is comhshaoil de, lena n-áirítear láithreáin Natura 2000.

Cuspóir RS12

Spreagadh a thabhairt do rochtain a sholáthar ar limistéir chonláiste mar thránna, uiscebhealaí intíre, foraoisí agus láithreacha oidhreachta i gcomhar leis na húinéirí talún agus leanúint ar aghaidh ag cothabháil agus ag feabhsú na rochtana atá orthu cheana féin, faoi réir chomhlíonadh Airteagal 6 agus 10 den Treoir maidir le Gnáthóga.

Cuspóir RS13

Éascú a dhéanamh ar fhorbairt inbhuanaithe na héiceathurasóireachta ag suíomhanna oiriúnacha sa chontae, ach ag an am céanna limistéir a bhfuil luach éiceolaíochta ag baint leo a chosaint agus a chinntiú go dtabharfar aird ar aidhmeanna agus ar chuspóirí na Creat-Treorach Uisce agus a chinntiú go gcuirfear gach forbairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 6 agus le hAirteagal 10 den Treoir maidir le Gnáthóga.

Cuspóir RS14

Comhoibriú le Coillte chun conláistí agus siúlóidí foraoise atá ann cheana féin a chosaint agus cinn bhreise a fhorbairt, faoi réir Airteagal 6 agus 10 den Treoir maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh.

Cuspóir RS15

Tacú le forbairt áiseanna agus acmhainn áineasa Abhainn na Bearú i gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Uiscebhealaí Intíre, na hÚdaráis Áitiúla taobh linn, Máistrí Chuan agus le gach údarás ábhartha eile. Ba cheart gach forbairt dá leithéid a chur i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 6 agus le hAirteagal 10 den Treoir maidir le Gnáthóga.

Cuspóir RS16

Tránna an chontae a chothabháil agus a fheabhsú lena chinntiú i gcás na dtránna sin nach bhfuil stádas na Brataí Goirme ná an Chósta Ghlais acu go mbainfidh siad amach an stádas sin agus ár ndícheall an dhéanamh i gcás na dtránna sin a bhfuil stádas na Brataí Goirme agus an Chósta Ghlais acu go gcoinneoidh siad an stádas sin.

Cuspóir RS17

Na tránna sa chontae a aithint is fearr a d'fhéadfadh freastal a dhéanamh ar riachtanais na mball sin den phobal atá faoi mhíchumas agus na tránna sin a fhorbairt i gcomhar le grúpaí ionadaíochta na ndaoine faoi mhíchumasach, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

Cuspóir RS18

Cosc a chur le forbairt láithreán statach carbhán agus campála i limistéir cois cósta agus cois locha atá oscailte agus gan foscadh agus a meastar a bheith íogair ó thaobh éiceolaíochta de.

15.6 Bealaí Siúil agus Rothaíochta

Tá roinnt rianta foraoise, bealaí áille trí mhámanna sléibhte, cosáin cois cósta agus siúlóidí oidhreacht a i gContae Loch Garman cheana féin, agus síneann cuid acu isteach i gcontaetha in aice linn. Bunaíodh Bealach Cósta Loch Garman (Slí Charman), in 1993 agus síneann sé ar feadh 221km ó Rinn Chill Mhichíl ar an taobh Thoir Thuaidh den chontae go Baile Hac san Iardheisceart.

Aithnítear sa Straitéis um Rianta na hÉireann (Comhairle Spóirt na hÉireann, 2007) gurb í an tsiúil an cineál ghníomhaíochta fisicí is coitianta atá ag daoine in Éirinn. Is é aidhm na Straitéise córas rianta áineasa de scoth an domhain a fhorbairt in Éirinn agus leagtar amach roinnt spriocanna agus tascanna inti atá le cur chun cinn thar thréimhse deich mbliana. Aithnítear sa Straitéis go dtéann na rianta chun sochair trí phríomhghrúpa daoine:

- Muintir na hÉireann: Cuireann na rianta deiseanna ar fáil dóibh chun gníomhaíocht fhisiceach a bheith acu amuigh faoin aer a chuireann folláine fhisiceach, sláinte mheabhrach agus folláine chun cinn.
- Turasóirí: Táirgí nideoige an-tábhachtacha iad siúl agus rothaíocht do thurasóirí agus leathnaíonn siad an séasúr turasóireachta agus cuireann siad leis an méid airgid a chaitheann siad i réigiúin éagsúla agus faoin tuath.

- Pobail Tuaithe: Cuireann na rianta deiseanna ar fáil do phobail tuaithe chun tionscnaimh thurasóireachta nua agus nuálaíocha a fhorbairt faoin tuath a d'fhéadfadh cur le hinbhuanaitheacht gheilleagrach na tuaithe in Éirinn.

Cuireann Oifig na gCosán Náisiúnta comhairle agus tacaíocht ar fáil d'eagraíochtaí agus do phobail ar fud na hÉireann maidir le forbairt agus bainistiú conairí áineasa. Coinníonn an Oifig Clár na gCosán Náisiúnta a chuimsíonn gach cosán slímharcáilte in Éirinn, lena n-áirítear conairí creidiúnaithe a chomhlíonann caighdeáin bhainistíochta áirithe, rianta nua atá á bhforbairt agus cosáin atá ann cheana féin agus a bhfuil athfhorbairt forleathan a déanamh orthu. Tá 16 chonair chreidiúnaithe i gContae Loch Garman lena n-áirítear seacht mbealach Slí na Sláinte, sé chosán siúlóide nó fánaíochta agus trí cinn de bhealaí rothaíochta ar bhóithre.

Lena chois sin tá bunachar sonraí curtha i dtoll a chéile ag Comhairle Contae Loch Garman de rianta siúlóide an chontae. Áirítear sa bhunachar roinnt conairí áitiúla chomh maith le conairí Slí na Sláinte agus na cosáin siúlóide nó fánaíochta thuasluaite. Tá an bunachar sonraí sin ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle sa Chuid Pobal agus Fiontar 'Spórt Gníomhach Loch Garman' agus déanfar é a nuashonrú réir mar a chruthaítear cosáin nua.

Tá sé d'aidhm ag Creatlach an Pholasaí Náisiúnta Rothaíochta (An Roinn Iompair, 2009) cultúr rothaíochta láidir a chruthú in Éirinn. Is é príomhaidhm na Creatlaí seo ná cathracha, bailte agus sráidbhailte a chruthú a thacóidh le rothaíocht chun daoine a spreagadh le dul ag rothaíocht ar scoil nó go dtí a n-ionaid oibre. Chomh maith le buntáistí sláinte a chur ar fáil, laghdóidh sé sin méid na tráchta trí na háiteanna sin agus méid na n-astuithe gás ceaptha teasa a ghintear i lár na mbailte. Mar sin féin, féachann an Chreatlach chun líonraí rothaíochta saincheaptha tuaithe a chur ar fáil do chuairteoirí agus i gcomhair rothaíochta áineasa.

Moltar sa Straitéis um Fhorbairt Turasóireacht Rothaíochta na hÉireann (2007) de chuid Fháilte Ireland go n-ainmneofar líonra rothaíochta ar fud na tíre agus go gcuirfear feabhas ar na bealaí atá ann cheana féin trí chomharthaíocht níos fearr a sholáthar, dromchlaí níos fearr a chur ar bhóithre agus sábháilteacht níos fearr a chinntiú do rothaithe. Tá beartas i gCreatlach an Pholasaí Náisiúnta Rothaíochta (An

Roinn Iompair, 2009) maidir le Líonra Rothaíochta Náisiúnta a thógáil agus é a leathnú sa chaoi go mbeidh bealaí áineasa tuaithe mórthimpeall ar cheantair uirbeacha agus aird ar leith a thabhairt ar na deiseanna a bhaineann le húsáid líonra fairsing na n-iaradród dúnta agus as líonraí fairsinge na gcosán tarraingthe cois canálacha agus aibhneacha mar bhealaí rothaíochta nó siúil. Déanfaidh comhlachtaí éagsúla Rialtais lena n-áirítear údaráis áitiúla an líonra a fhorbairt agus ag leathnú.

Tugann Fáilte Éireann le fios faoin turasóireacht rothaíochta go bhfuil sí ag fás is gur cuid luachmhar den mhargadh í sna ceantair tuaithe mar go gcuireann sí deiseanna ar fáil chun rothair a ligean ar chíos agus le haghaidh gnóthaí a bhaineann le saoirí rothaíochta. Is cineál turasóireachta í atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus a bhfuil an tionchar is lú aici ar an timpeallacht. Baineann rothaithe taitneamh as an timpeallacht tuaithe amuigh faoin aer, fanann siad níos faide i limistéar, agus ós rud é nach féidir leo a lán soláthairtí a iompar ar a rothair, is gá dóibh dul ag siopadóireacht go rialta sna siopaí áitiúla agus sa chaoi sin cruthaíonn siad buntáistí do na soláthraithe áitiúla.

Tá níos mó is níos mó daoine ag cur spéise sa rothaíocht easbhóthair sin a dtugtar rothaíocht sléibhe uirthi. Aithníodh i Straitéis Rothaíochta Easbhóthair Choillte (2012) dá bhforbrófaí líonra rianta ard-chaighdeán easbhóthair rothaíochta go dtacódh sé sin leis an turasóireacht tuaithe, go nglacfaidh níos mó daoine páirt i spórt gníomhach agus go bhféadfadh sé sruth ioncaim a chur ar fáil chun na conairí a bhainistiú agus a chothabháil. Aithnítear sa Straitéis shuíomhanna ar thailte atá faoi úinéireacht Choillte ar a bhféadfaí rianta rothaíochta easbhóthair a fhorbairt i rith na ndeich mbliana atá romhainn. Aithníodh Sliabh Fhothart i gContae Loch Garman mar shuíomh ina bhféadfaí ionad rothaíochta easbhóthair réigiúnach a chruthú agus go bhféadfaí rianta i gcomhair clubanna a thógáil ¹⁵ar Chnoc Brí agus ag Páirc na bhFianna/Kilrannish. ¹⁶ Aithníodh sa Straitéis go bhféadfaí cosáin phobail nó teaghlaigh a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí forbartha áitiúla, le grúpaí

¹⁵De ghnáth bíonn ionad rothaíocht easbhóthair idir 20 agus 30km slí ó na conairí siúlóide marcáilte agus bíonn dhá lúb marcáilte neamhspleácha ar a laghad leo. Bíonn na hionaid sin ann go príomha mar chinn scríbe i gcomhair cuairteanna lae do mhargaí baile. Bíonn saoráidí bunúsacha do chuairoteoirí ar fáil iontu agus d'fhéadfaí forbairtí breise a dhéanamh iontu mar rothair a ligean ar cíos nó sólaistí a sholáthar.

¹⁶Is éard atá i rianta clubanna ná limistéir ina bhfuil rianta de leibhéal éigin tógtha ag na húsáideoirí nó áiteanna ina n-úsáideann clubanna áitiúla na foraoisí le haghaidh gníomhaíochtaí nó imeachtaí.

pobail nó leis na húdaráis áitiúla, chun caitheamh aimsire a chur ar fáil do na pobail áitiúla.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir RS19

Caitheamh aimsire inbhuanaithe amuigh faoin aer mar shiúil agus rothaíocht a chur chun cinn agus leas a bhaint as acmhainneacht áineasa agus turasóireachta na mbealaí siúil agus rothaíochta sa chontae ach an chomhshaol a chosaint ag an am céanna.

Cuspóir RS20

Dul i mbun teagmhála le comhlachtaí ionadaíochta, grúpaí áitiúla, úinéirí talún agus leis na húdaráis áitiúla sna contaetha taobh linn nuair is ábhartha agus comhoibriú leo, d'fhonn tacú le forbairt inbhuanaithe na mbealaí siúlóide agus rothaíochta.

Cuspóir RS21

Liosta a choimeád de chonairí náisiúnta faofa i gContae Loch Garman agus daoine a spreagadh lena n-úsáid níos mó.

Cuspóir RS22

Forbairt agus úsáid Bhealach Chósta Loch Garman (Slí Charman) mar áis chaitheamh aimsire agus turasóireachta a chur chun cinn, faoi réir Airteagail 6 agus Airteagail 10 den Treoir maidir le Gnáthóga.

Cuspóir RS23

Pointí nua rochtana ar an gcósta chur ar fáil, agus iad sin agus na cinn atá ann cheana féin a chothabháil, cearta slí a chothabháil freisin agus Bealach an Chósta a fheabhsú agus a uasghrádú, agus an obair sin go léir a dhéanamh faoi réir chomhlíonadh Airteagail 6 agus Airteagail 10 den Treoir maidir le Gnáthóga.

Cuspóir RS24

Forbairt bealaí siúil cois abhann a chur chun cinn, agus ag an am céanna limistéir a bhfuil luach éiceolaíochta ag baint leo a chosaint agus a chinntiú go dtabharfar aird

le linn aon fhorbartha ar aidhmeanna agus ar chuspóirí na Creat-Treorach Uisce agus a chinntiú go gcuirfear gach forbairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 6 agus le hAirteagal 10 den Treoir maidir le Gnáthóga.

Cuspóir RS25

Éascú a dhéanamh ar fhorbairt na n-iarannróid nach bhfuil in úsáid chun críocha taitneamhachta, lena n-áirítear forbairt cosán, rotharbhealaí nó cosán marcaíochta, ar choinníoll nach gcuirfidh na húsáidí sin isteach ar athoscailt na línte agus faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

Cuspóir RS26

Feabhas a chur ar bhealaí rothaíochta trí chomharthaíocht níos fearr a sholáthar, dromchlaí níos fearr a chur ar bhóithre agus sábháilteacht níos fearr a chinntiú do rothaithe agus a chinntiú go ndéanfar bonneagar nua na mbóithre uirbeach agus bearta bainistithe tráchta a dhearadh ar bhealach a bheith áisiúil do rothaithe.

Cuspóir RS27

Tacú le forbairt Líonra Rothaíochta Náisiúnta agus féachaint an bhféadfaí príomhbhailte Chontae Loch Garman a nascadh leis an líonra sin.

Cuspóir RS28

Comhoibriú le Coillte chun imscrúdú a dhéanamh le fáil amach an rud oiriúnach a bheadh ann rianta easbhóthair rothaíochta a fhorbairt ar Shliabh Fhothart, ar Chnoc Brí agus ag Páirc na bhFianna/Kilrannish, i gcomhréir le Straitéis Rothaíochta Easbhóthair Choillte (2012), ar choinníoll nach mbeadh drochthionchar acu chonláiste cónaithe, ar an tírdhreach, ar an oidhreacht ná ar an gcomhshaol agus faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

15.7 Spás Oscailte

Cuireann páirceanna, spásanna oscailte agus féarbhealaí atá inrochtana agus ar ardchaighdeán buntáistí sláinte ar fáil do chách agus tá siad ríthábhachtach ó

thaobh timpeallachtaí uirbeacha ardcháilíochta a chruthú. Is iomaí feidhm a bhíonn ag spásanna oscailte, lena n-áirítear bheith ina n-áiteanna le haghaidh chaitheamh aimsire idir ghníomhach agus éighníomhach, áineas amhairc a chinntiú, tacú leis an éiceolaíocht agus le cúrsaí draenála agus fiú tacú le riachtanais shocheacnamaíocha nuair a úsáidtear iad mar áiteanna cruinnithe, mar chuibhrinn agus mar áiteanna do carnabhail taistil. Tá spásanna oscailte príobháideacha tábhachtach ó thaobh conláiste chónaithe chomh maith agus cuireann siad ar chumas na gcónaitheoirí caitheamh aimsire sábháilte, príobháideach a bheith acu.

Éileofar i gcás forbairtí cónaithe nua go gcaithfear spásanna oscailte ardchaighdeán, poiblí a chur ar fáil iontu a mbeidh daoine in ann féachaint amach orthu agus a mbeidh rochtain ag cách orthu. Cinntíonn gnéithe tábhachta sa tírdhreach mar chrainn, ballaí cloiche, lomáin charraige, srutháin agus locháin go bhfuil tírdhreach sainiúil ann agus go bhfuil a féiniúlacht féin ag áit. Má tharlaíonn sé go bhfuil gnéithe den sórt sin ann ba cheart iad a choinneáil nuair is féidir agus leas a bhaint astu nuair atá forbairtí nua á ndearadh.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir RS29

A éileamh go gcuirfear spásanna oscailte, feidhmiúla, ardchaighdeán, inrochtana, deá-lonnaithe ar fáil i bhforbairtí cónaithe nua i gcomhréir leis na caighdeán atá molta i Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus an doiciméad a théann leis Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2008).

Cuspóir RS30

A chinntiú go mbeidh rochtain réasúnach ag gach cónaitheoir ar réimse spásanna oscailte de chineálacha éagsúla agus go mbeidh na spásanna sin leagtha amach sa chaoi go mbeidh rochtain mhaith ag coisithe, rothaithe agus daoine faoi mhíchumas orthu.

Cuspóir RS31

A chinntiú go gcuirfear plean mionsonraithe tírdhreachaithe in éineacht le gach iarratas ar eastáit tithíochta agus ar fhorbairtí suntasacha tionsclaíocha agus tráchtála.

Cuspóir RS32

Féachaint chuige nach gcaillfear aiseanna ná spásanna oscailte áineasa idir phoiblí agus phríobháideacha ach amháin má chuirtear áiseanna malartacha áineasa ar fáil in áit oiriúnach.

15.8 Cuibhrinn

Cuireann cuibhrinn deis ar fáil do dhaoine foghlaim faoin ngairneoireacht agus faoi conas bia a sholáthar sa bhaile ar bhealach inbhuanaithe. Obair shláintiúil fhisiceach agus caitheamh aimsire is ea a bheith ag obair i gcuibhreann agus tugann sí deis do dhaoine teagmháil shóisialta agus idirghníomhaíocht a bheith acu le daoine eile sa phobal. D'fhéadfadh soláthar uisce, ionad páirceála, áit stórála ar an láthair, múiríniú agus áiseanna leithris a bheith ag teastáil chun go mbainfeadh daoine leas as cuibhrinn.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir RS33

Forbairt cuibhreann ar shuíomhanna oiriúnacha atá inrochtana ó limistéir faoi fhoirgnimh an chontae a chur chun cinn ag cur san áireamh an t-éileamh atá ar áiseanna den sórt sin agus faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán um bainistiú forbartha atá i gCaibidil 18.

15.9 Cearta Slí Poiblí

Conláiste tábhachtach iad cearta slí poiblí agus is sócmhainn eacnamaíoch iad freisin. Cuireann siad ar chumas daoine taitneamh a bhaint as tírdhreach ardchaighdeán an chontae agus as an oidhreacht chultúrtha agus tá siad tábhachtach ó thaobh caitheamh aimsire agus fhorbairt na turasóireachta. Is éard atá i gceist le ceart slí poiblí ná an ceart atá ag duine gluaiseacht ar feadh bóthair nó

cosáin, fiú amháin más rud é nach bhfuil an bóthar nó an cosán sin faoi úinéireacht phoiblí. Is féidir ceart slí a bheith ann, de thoradh reachtaíochta, nó toisc go bhfuiltear ag úsáid an bhealaigh leis na cianta (i bhfad siar roimh cuimhne na ndaoine nó sula ndearnadh é a thaifead) nó toisc go gcinneann na té ar leis nó léi seilbh iomlán na talún go bhfuil ceart slí ann.

Tá cur síos ar an bpróiseas foirmiúil chun cearta slí a fhógairt in Alt 14 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú). Tá foráil éigeantach san Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010 maidir le Pleananna Forbartha gcaithfear cuspóir a bheith san áireamh iontu maidir le caomhnú na gcearta slí poiblí a chuireann ar chumas daoine dul go cladaí mara, sléibhte, bruacha locha agus aibhneacha, nó go háiteanna eile a bhfuil áilleacht nádúrtha ag baint leo nó atá luachmhar ó thaobh áineasa de. Ní mór na cearta slí poiblí sin a aithint trína marcáil ar cheann amháin ar a laghad de na léarscáileanna atá mar chuid den Phlean Forbartha agus trína suíomhanna a léiriú ar liosta atá le cur i gceangal leis an bPlean Forbartha. Déanfaidh an Chomhairle iarracht liosta a dhéanamh de na cearta slí poiblí agus iad a mhapáil le linn saolré an Phlean seo.

Aithníonn Comhairle Contae Loch Garman cearta dlíthiúla gach úinéir talún agus gur lena gcead amháin is féidir ceart rochtana a fháil ar a gcuid tailte mura bhfuil ceart slí ann cheana féin. Molann an Chomhairle freisin beartas 'rochtain oscailte' Choillte agus aithníonn nach ionann an beartas sin agus ceart slí poiblí.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir RS34

Cearta slí poiblí a chuireann rochtain ar fáil ar chladaí mara, ar shléibhte, ar bhruacha locha agus aibhneacha, nó ar áiteanna eile a bhfuil áilleacht nádúrtha ag baint leo nó atá luachmhar ó thaobh áineasa de a chaomhnú. Aithneofar na cearta slí poiblí sin trína mharcáil ar cheann amháin ar a laghad de na léarscáileanna atá mar chuid den Phlean Forbartha agus trína suíomhanna a léiriú ar liosta atá le cur i gceangal leis an bPlean Forbartha i rith shaolré an Phlean agus déanfar Plean Forbartha an Chontae a athrú dá réir.

Cuspóir RS35

Ceartha slí poiblí a aithint a chuireann rochtain ar fáil ar chladaí mara, ar shléibhte, ar bhruacha locha agus aibhneacha, nó ar áiteanna eile a bhfuil áilleacht nádúrtha ag baint leo nó atá luachmhar ó thaobh áineasa de ag baint úsáide as an mhodheolaíocht seo a leanas:

- Fógraí a chur i nuachtáin áitiúla ag lorg aighneachtaí ón bpobal chun ceartha slí poiblí a aithint a chuireann ar chumas daoine dul go cladaí mara, sléibhte, bruacha locha agus aibhneacha, nó go háiteanna eile a bhfuil áilleacht nádúrtha ag baint leo nó atá luachmhar ó thaobh áineasa de.
- Na ceartha slí, cosáin, agus bealaí isteach a aithint a chuireann ar chumas daoine dul go cladaí mara, sléibhte, bruacha locha agus aibhneacha, nó go háiteanna eile a bhfuil áilleacht nádúrtha ag baint leo nó atá luachmhar ó thaobh áineasa de.
- D'fhonn ceartha slí poiblí a aithint ní mór na pointí rochtana sin a aithint a bhfuil chothabháil nó deisiú déanta ag an gComhairle orthu a chuireann ar chumas daoine dul go cladaí mara, sléibhte, bruacha locha agus aibhneacha, nó go háiteanna eile a bhfuil áilleacht nádúrtha ag baint leo nó atá luachmhar ó thaobh gníomhaíochtaí áineasa de.
- Anailís deisce a dhéanamh ar thaifid phoiblí, léarscáileanna, grianghraif ón aer agus cuntais i nuachtáin chun áiteanna a aithint a ndeirtear go bhfuil ceartha slí poiblí iontu.
- Nuair a bheidh an liosta curtha i dtoll a chéile, fógraíocht a dhéanamh faoi agus liosta na gcearta slí poiblí molta a chur ar taispeánt. Cuireadh a thabhairt don phobal aighneachtaí a dhéanamh ar bhailíocht na gcearta slí poiblí.
- Iarracht a dhéanamh chun ceartha slí poiblí a fhíorú agus a liostú agus tús a chur leis an bpróiseas foirmiúil chun ceartha slí a ainmniú faoi Alt 14 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).
- An Plean a athrú chun go mbeidh an liosta sin sa áireamh ann mar aon le léarscáil ina dtaispeánfar na ceartha slí poiblí.

Cuspóir RS36

A chinntiú nach gcuireann forbairt isteach ar bhealaí siúil phoiblí ná ar cheart slí poiblí, go háirithe iad siúd a chuireann ar chumas daoine dul go cladaí mara, sléibhte, bruacha locha agus aibhneacha, nó go háiteanna eile a bhfuil áilleacht nádúrtha ag baint leo nó atá luachmhar ó thaobh gníomhaíochtaí áineasa de.

Caibidil 16 Cuimsiú Sóisialta agus Áiseanna Pobail

16.1 Réamhrá

Má chuirtear rochtain ar fáil ar réimse seirbhísí agus áiseanna lena n-áirítear oideachas, cúram sláinte, áiseanna cúram leanaí, siamsaíocht agus áiseanna conláiste is féidir leo difríocht a dhéanamh do cháilíocht na beatha i gceantar agus ar tharraingteacht an cheantair chun daoine a mhealladh le bheith ina gcónaí agus obair ann. Cruthaíonn siad deiseanna freisin le haghaidh idirghníomhaíochta idir baill nua an phobail agus daoine atá ann cheana féin agus tá siad tábhachtach chun ómós áite a chruthú agus go dtuigfidh daoine gur leo féin an áit sin. Leagtar amach sa chaibidil seo na cuspóirí maidir le planáil agus forbairt a chomhcheangal le soláthar áiseanna feabhsaithe sóisialta agus pobail. Féachann sé le pobail cuimsitheach, inrochtana a chruthú agus a chinntiú go bhfuil réimse áiseanna sóisialta agus pobail ann a oireann do riachtanais an phobail.

16.2 Rannpháirtíocht, Rochtain agus Cuimsiú Sóisialta

Is é an sainmhíniú a thugtar ar cuimsiú sóisialta sa Comhthuarascáil maidir le hIniamh Sóisialta (AE, 2003) ná phróiseas a chinntíonn go dtugtar dóibh siúd atá i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta na deiseanna agus na hacmhainní is gá chun páirt iomlán a ghlacadh sa saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha. Féachann an próiseas um chuimsiú sóisialta chun rochtain chothrom cóir ar sheirbhísí bhonneagair a chinntiú do gach ball de phobal. Gné lárnach é sin maidir le pobail inbhuanaithe a chruthú.

Tá eisiaimh sóisialta ilghnéitheach agus is féidir leis tionchar a imirt gach aoisghrúpa. Is éard atá in I dTreo 2016 ná comhaontú comhpháirtíochta sóisialta deich mbliana an Rialtais don tréimhse 2006-2015. Tá sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin shóisialta trí mheasúnú a dhéanamh ar na rioscaí agus ar na guaiseacha atá ag bagairt ar dhaoine aonair agus na ar tacaí atá ar fáil dóibh ag gach céim dá saol. Leagtar amach spriocanna fadtéarmacha sa Phlean do gach céim dá saol agus aithnítear bearta tosaíochta ann do gach spriocghrúpa díobh. Is é sin freisin an cur chuige a glacadh sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 (An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, 2007) ina

nglactar le cur chuige na stíle maireachtála le déileáil le riachtanais atá ag leanaí, daoine in aois oibre, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus pobail.

Bainistíonn Pobal an Chlár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobal (LCDP) thar ceann na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá sé mar aidhm ag an gClár dul i ngleic le bochtaineacht agus le heisiamh sóisialta trí chomhpháirtíocht agus trí chaidreamh cuiditheach idir an Rialtas agus a chuid gníomhaireachtaí ar thaobh amháin agus daoine atá i bpobail faoi mhíbhuntáiste ar an taobh eile. Tugtar tosaíocht sa Chlár do dhaoine agus do ghrúpaí imeallaithe atá sna pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste, rud a chiallaíonn go ndírítear orthu siúd is faide ó rochtain a fháil ar oideachas, ar oiliúint agus ar fhostaíocht, agus orthu siúd is mó atá i mbaol ó thaobh eisiaimh shóisialta.

Is iad Forbairt Áitiúil Loch Garman (WLD) atá ag cur an Chláir LCDP i bhfeidhm i gContae Loch Garman. Cuideachta forbartha phobal-bhunaithe iad WLD a chuireann fostaíocht, cuimsiú sóisialta agus forbairt fiontraíochta chun cinn sa Chontae. Tá WLD páirteach i roinnt clár a bhfuil dhá mórchatagóir ag baint leo: cláir um chuimsiú sóisialta agus cláir um forbairt tuaithe. Tá sé mar aidhm ag an gclár um chuimsiú sóisialta a bheith ag obair leis na pobail agus leis na daoine aonair is imeallaithe. Tá sé mar aidhm ag na cláir Forbartha Tuaithe feabhas a chur ar cháilíocht na beatha i gceantair thuaithe trí thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail agus do gnólachtaí nua atá ag forbairt.

Tá roinnt cuspóirí i bPlean Straitéiseach WLD don Chlár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobal 2011-2013 le dul i ngleic le heisiamh sóisialta, deighilt agus éagothroime. Oibríonn sé i dtreo chuimsiú shóisialta níos fearr a chur chun cinn trí shraith ghníomhartha idirghaolmhara sna réimsí maidir le fostaíocht agus fiontraíocht, oideachas, foghlaim ar feadh an tsaoil agus forbairt pobail. Tá na gníomhartha sin nasctha le beartas agus cinnteoireacht agus feasacht breise faoi úsáid na seirbhísí.

Is é an clár RAPID (Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt) freagra spriocdhírithe an Rialtais le déileáil le heisiamh sóisialta, agus tá sé dírithe ar 52 de na ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste ar fud na tíre. Tá leibhéil níos airde dífhostaíochta sna ceantair sin mar aon le céatadán níos airde de theaghlaigh

aontuismitheora, níos mó daoine faoi mhíbhuntáiste ó thaobh oideachais de agus bíonn an chuid is mó den lucht oibre neamhoilte. Cuireann an Clár deis ar fáil do phobail páirt a ghlacadh i bhfeabhsú straitéiseach a gceantar trí fheabhas a chur ar soláthar seirbhísí áitiúla trí chomhordú a dhéanamh ar phleanáil agus ar infheistíocht.

Maidir le Contae Loch Garman tá Baile Ros Mhic Thriúin, Baile Inis Córthaidh agus cuid de Bhaile Loch Garman ainmnithe faoin gclár RAPID. Tá an Clár á stiúradh ag Comhairle Contae Loch Garman faoi struchtúr Bhord Forbartha an Chontae agus tá an obair á comhordú ag Foireann Feidhmiúcháin Ceantair (AIT) i ngach baile. Cuireann struchtúr AIT deis ar fáil don rialtas áitiúil, d'fhorbróirí áitiúla, do ghníomhaireachtaí stáit, don phobal áitiúil agus don earnáil dheonach a bheith ag obair i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais tábhachtacha áitiúla. Cuirtear clár agus gníomhartha RAPID i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna sonracha áitiúla, ach na hacmhainní daonna agus airgeadais a bheith ar fáil chuige sin. Comhordaitheoir RAPID a chuireann na hacmhainní ar fáil do na AITeanna agus tá an té sin freagrach as a chinntiú go gcuirtear na seirbhísí agus an infheistíocht ar fáil sna ceantair sin ar bhealach comhordaithe.

Tá Grúpa Oibre um Bearta Cuimsitheachta Sóisialta (BCS) curtha ar bun freisin faoi choimirce Bhord Forbartha an Chontae. Tá an Grúpa tar éis athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar na seirbhísí do na spriocghrúpaí tábhachtacha sa chontae lena n-áirítear an lucht siúil, dídeanaithe agus lucht iarrtha tearmainn agus tá méid suntasach déanta acu chun comhordú a dhéanamh ar na seirbhísí do dhaoine sna grúpaí sin atá eisiata ón tsochaí. Tá ról lárnach ag an nGrúpa SIM maidir le cur i bhfeidhm an chlár RAPID agus pleananna forbartha áitiúla WLD agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir CF01

Cuimsiú sóisialta agus rochtain ar sheirbhísí oideachais, sláinte agus tacaíochta pobail, conláistí agus seirbhísí fóillíochta a chur chun cinn agus leas a bhaint as an

bpróiseas pleanála chun caighdeán maith a chur chun cinn sa timpeallacht tógtha do gach ball den phobal.

Cuspóir CF02

Tacú le Forbairt Áitiúil Loch Garman, le struchtúir forbartha áitiúla eile agus le Bord Forbartha an Chontae chun freagra a thabhairt ar shaincheistean a bhaineann le heisiamh sóisialta agus chun timpeallacht níos cuimsithí a chruthú do gach ball den phobal.

16.3 Grúpaí ag a bhfuil Riachtanais Shonracha Dearaidh/Phleanála

Bíonn níos mó constaicí le sárú ag roinnt grúpaí sa phobal ná a chéile chun seirbhísí agus áiseanna a fháil, mar shampla daoine scothaosta, daoine a bhfuil páistí óga acu agus daoine faoi mhíchumas. Má tá timpeallacht níos inrochtana le cruthú do gach duine sa phobal tá sé tábhachtach deireadh a chur leis na bacainní fisiceacha a chuireann cosc ar dhul isteach agus ar ghluaiseacht, agus a chinntiú go gcruthaítear timpeallacht shábháilte agus tá sé tábhachtach freisin a áirithiú go ndéanfar forbairt leordhóthanach ar áiseanna oiriúnacha tráchtála agus pobail i gcroílár na mbailte agus in aice leo agus in ionaid chomharsanachta.

16.3.1 Daoine Óga agus Leanaí

Céatadán ard de dhaonra Chontae Loch Garman iad daoine óga. Sa bhliain 2006, bhí 22.2% de dhaonra an Chontae san aoisghrúpa 0-14, figiúr a bhí níos airde ná an meán náisiúnta, 20.4%. Tá tionchar aige sin ar an gá atá sa chontae le rudaí mar áiseanna cúram leanaí, limistéir súgartha do leanaí, áiseanna spóirt, scoileanna agus bealaí sábháilte siúlóide agus rothaíochta agus ar an ngá a mbeidh leo amach anseo.

16.3.2 Tuismitheoirí agus Cúramóirí

Tá sé tábhachtach i gcás forbairtí nua agus nuair atá uasghrádú á dhéanamh ar an timpeallachta tógtha go gcuirfear deireadh leis na constaicí fisiceacha a chuireann isteach ar rochtain agus ar ghluaiseacht tuismitheoirí, caomhnóirí agus cúramóirí atá sa Chontae, is é sin le rá, iad siúd a bhfuil leanaí óga i mbugaithe acu nó iad siúd atá ag tabhairt aire do dhaoine faoi mhíchumas. Tá sé tábhachtach go mbeadh rudaí

mar bealaí leibhéalta isteach i bhfoirgnimh mar aon le colbhaí íslithe, páirceáil do dhaoine faoi mhíchumas, áiseanna páirceála do thuismitheoirí agus leanaí, ionaid friothála ar naíonáin agus áiseanna beathaithe naíonán agus ba cheart iad a chur san áireamh i ndearadh foirgneamh agus i leagan amach na bhforbairtí sin a bhféadfaí a bheith ag súil go mbeadh an pobal ag dul chucu go minic. Tá sé riachtanach freisin go mbeadh fáil ag daoine ar sheirbhísí mar chúram leanaí, áiseanna pobail agus córas iompair phoiblí.

16.3.3 Daoine Breacaosta

Bhí comhréir níos airde de dhaoine fásta níos sine ná an meán i gContae Loch Garman in 2006 nuair a bhí 11.6% den daonra 65 bliana d'aois nó níos mó i gcomparáid leis an 11% arbh é sin an meán náisiúnta. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil an t-éileamh ar thithe phríobháideacha altranaís, ar thithe cúraim cónaithe agus ar chóiríocht sciathtithíochta ag fás i gcónaí. Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht chun cóiríocht oiriúnach tithíochta a sholáthar do dhaoine scothaosta. Ba cheart a leithéid d'áiseanna a chur ar fáil nuair is féidir i limistéir cónaithe i mbailte agus i sráidbhailte, áit ar féidir cónaitheoirí leas a bhaint as rochtain réasúnach ar sheirbhísí áitiúla. Tá dearadh maith tábhachtach chun timpeallacht shábháilte agus saor ó bhaic a chruthú a mbeidh daoine scothaosta in ann dul isteach ann agus gluaiseacht tríthi.

16.3.4 Daoine atá faoi Mhíchumas

Is léir ón Daonáireamh go mba dhaoine faoi míchumas iad 9.6% de dhaonra Chontae Loch Garman sa bhliain 2006. Bhí sé seo beagán níos airde ná an meán náisiúnta, 9.3%. Bíonn baic faoi leith le sárú maidir le rochtain agus gluaiseacht ag daoine atá faoi mhíchumas. Tá sé tábhachtach i gcás daoine a bhfuil lagú gluaiseachta ag cur as dóibh a chinntiú go bhfuil bealach leibhéalta isteach i bhfoirgnimh nó bealach isteach le rampa, go gcuirtear colbhaí ísle ar fáil agus cosáin níos leithne mar aon le háiseanna páirceála agus leithris oiriúnacha. Tá sé riachtanach do dhaoine a bhfuil lagú céadfach agus intleachtúil ag cur as dóibh go gcuirfear pábháil thadhlaigh ar fáil dóibh mar aon le comharthaí inchloiste agus amhairc ag trasrianta do choisithe. Cé gur féidir nithe ar leith a aithint le freastal ar na leibhéil éagsúla cumais nó míchumais lena n-áirítear troscán sráide agus suíomh

na comharthaíochta, is den riachtanas é go mbeadh comhsheasmhacht ann maidir le dearadh na rudaí sin go léir chun timpeallacht níos inrochtana a chinntiú do chách.

Éileoidh an Chomhairle go mbeidh bearta chun inrochtaineachta chinntiú san áireamh i ndearadh foirgneamh agus leagan amach forbairtí. Ní mór bearta le freastal ar riachtanais rochtana daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus daoine eile a bhfuil lagú sealadach ag cur as dóibh a bheith ina ndlúthchuid de dhearadh foirgneamh, spásanna poiblí, carrchlóis, cosáin agus áiseanna agus seirbhísí ginearálta.

Ní mór d'fhorbróirí aird a thabhairt ar na critéir seo a leanas nó iad a chomhlíonadh (de réir mar is cuí) nuair atá tograí forbartha á n-ullmhú acu:

- Cuid M de na Rialacháin Foirgníochta agus an ceanglas maidir le Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Míchumas
- Foirgnimh do Chách: Cur Chuige maidir le Dearadh Uilíoch (an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, 2012)
- Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus an doiciméad a théann leis Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2008).
- Aon athbhreithnithe nó leaganacha nua de na teoracha thuasluaite a d'fhéadfadh a bheith ar fáil le linn saolré an Phlean seo.

I gcás iarratas le haghaidh tograí mórscála ba cheart Ráiteas Rochtana a sheoladh isteach in éineacht leo de réir mar atá sonraithe in Aguisín 6 de Foirgnimh do Chách: Cur Chuige maidir le Dearadh Uilíoch (an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, 2012).

Ceann de na tosaíochtaí straitéiseacha atá i bPlean Straitéiseach an Údaráis Náisiúnta Míchumais “Clár Oibre Míchumas a Chur Chun Cinn 2010-2012” is ea timpeallacht inrochtana agus dearadh uilíoch a chur chun cinn. Tagraíonn Dearadh Uilíoch do dhearadh agus do chomhdhéanamh timpeallachta sa chaoi gur féidir le gach duine dul isteach ann, é a thuiscint agus a úsáid an oiread agus is féidir leo, beag beann ar a n-aois, a méid, a gcumas nó a míchumas (An tAcht um Míchumas, 2005).

Cuirfidh an Chomhairle Dearadh Uilíoch agus Tithíocht ar Feadh an tSaoil chun cinn i ngach forbairt nua. Is féidir an cineál sin tithíochta a chur in oiriúint do riachtanais na n-áititheoirí nó na n-úinéirí faoi mar a bhíonn ag teastáil ag amanna éagsúla i rith a saoil. Is céim réamhghníomhach é dul i ngleic le riachtanais tithíochta daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus éagsúlacht an aonaid teaghlaigh, agus lena chois sin méadóidh sé luach agus inbhuanaitheacht na bhfoirgneamh san fhadtearma.

Ina theannta sin, éileoidh an Chomhairle i gcás 20% de na háitribh i ngach eastát nua tithíochta ina mbeidh cúig áitreabh nó níos mó go mbeidh siad oiriúnach nó go bhféadfar iad a chur in oiriúint mar chóiríocht do dhaoine faoi mhíchumas. Beidh ar fhorbróirí bealach inrochtana a thaispeáint chuig na haonaid chónaithe agus chuig na seirbhísí máguaird.

16.3.5 Grúpaí Mionlach Eitneach

Tá sé tábhachtach gach grúpa a chomhtháthú sa tsochaí chun pobail inbhuanaithe a chruthú agus a choinneáil ar bun. Is féidir baic a bheith ann maidir le grúpaí Mionlach Eitneach sa chontae seirbhísí a fháil agus a bheith ina gcuid den phobal. Tarlaíonn sé sin ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear cúrsaí teanga. Ba cheart go mbeadh na seirbhísí agus na háiseanna pobail a chuirtear ar fáil oiriúnach do riachtanais éagsúla na ngrúpaí sin agus go gcabhródh siad chun iad a chomhtháthú sa phobal.

16.3.6 An Lucht Siúil

Is léir ón gComhairleamh Bliantúil a rinneadh ar Theaghlaigh an Lucht Siúil (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2011) go raibh an dara líon ab airde de theaghlaigh an Lucht Siúil (597 teaghlach) ag cur fúthu i gContae Loch Garman. Is i gCathair Bhaile Átha Cliath atá an líon is airde. Tá níos mó teaghlach in aghaidh an daonra le fáil in áiteanna áirithe sa chontae ná in áiteanna eile rud a léiríonn gur limistéir iad ina mbíodh an lucht siúil ag cur fúthu iontu. Tá na ceantair seo den chuid is mó in Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin, Loch Garman, Cluain an Róistigh, Teach Munna agus Bun Clóidí.

Rinneadh measúnú mionsonraithe ar an ngá atá le cóiríocht don lucht siúil faoin gClár Cóiríochta do Thaistealaithe 2007-2013. Aithníodh de thoradh an mheasúnaithe sin gur gá 140 aonad cóiríochta a chur ar fáil, nó cabhrú lena gcur ar fáil, i rith saolré an chláir agus gur gá é sin a dhéanamh thar réimse iomlán na gcineálacha éagsúla cóiríochta a bhíonn acu. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag iarraidh cóiríocht a sholáthar a bheidh oiriúnach do riachtanais faoi leith an lucht siúil trí bhíthin an Chláir Cóiríochta do Thaistealaithe.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir CF03

Tacú le ceart gach ball den phobal taitneamh a bhaint as timpeallacht ardchaighdeáin cónaithe agus tacú le pobail áitiúla, leis na hÚdaráis Sláinte agus le comhlachtaí eile a bhfuil baint acu le háiseanna a sholáthar do ghrúpaí a bhfuil riachtanais ar leith acu ó thaobh deartha nó pleanála acu.

Cuspóir CF04

Dearadh Uilíoch agus Tithíocht ar Feadh an tSaoil a chur chun cinn de réir an chleachtais is fearr agus na mbeartas agus na prionsabal atá i Tógáil do Chách: Cur Chuige maidir le Dearadh Uilíoch (An tÚdarás Náisiúnta Míchumais, 2012) agus Forbairt Cónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus an doiciméad a théann leis Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach (an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, 2008).

Cuspóir CF05

A chinntiú i gcás gach eastát tithíochta nua a mbeidh cúig áitreabh nó níos mó ann go mbeidh 20% ar a laghad de na háitribh oiriúnach mar chóiríocht do dhaoine faoi mhíchumas nó go bhféadfar iad a chur in oiriúint dóibh. Beidh ar fhorbróirí a thaispeáint go mbeidh bealach inrochtana chuig na haonaid chónaithe ó theorainn na réadmhaoine. Ní mór cóngarachta na seirbhísí áitiúla agus rochtain orthu a chur san áireamh freisin i gcás na n-aonad inrochtana sin.

Cuspóir CF06

A éileamh go gcuirfear Ráiteas Rochtana ar fáil le haghaidh forbairtí suntasacha i gcomhréir le Aguisín 6 atá le Foirgnimh do Chách: Cur Chuige maidir le Dearadh Uilíoch (an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, 2012).

Cuspóir CF07

Leanúint ar aghaidh ag feabhsú an Limistéir Phoiblí chun timpeallacht shábháilte a chruthú a bheidh saor ó bhacainní agus a mbeidh gach ball den phobal in ann dul isteach ann.

Cuspóir CF08

Clár Cóiríochta do Thaistealaithe 2007-2013 a chur i bhfeidhm mar aon le haon Chlár a ghlacfaidh an Chomhairle leis ina dhiaidh sin agus leanúint ar aghaidh ag iarraidh cóiríocht a chur ar fáil a bheidh oiriúnach do na riachtanais ar leith atá ag an lucht siúil.

16.4 Áiseanna Pobail

Nuair a chuirtear áiseanna inrochtana pobail ar fáil cuireann siad le cáilíocht beatha agus le forbairt inbhuanaithe an cheantair. Chomh maith le deiseanna tithíochta agus fostaíochta a bheith ag phobail inbhuanaithe tá sé riachtanach dóibh go gcuirfear réimse bhonneagair tacaíochta ar fáil, mar shampla, sheirbhísí oideachais agus cúram leanaí, seirbhísí sláinte agus tacaíocht pobail, áiseanna áineasa agus fóillíochta agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta agus go mbeadh siad in ann na seirbhísí sin a fháil. Ní mór deiseanna a bheith ag pobail freisin le teacht agus idirghníomhú le chéile, agus is riachtanais iad sin chun ómós áite a chruthú agus go dtuigfidh daoine gur leo féin an áit sin.

Rinne Bord Forbartha an Chontae Iniúchadh ar na hÁiseanna Pobail, Ealaíon agus Spórt in 2008. Tugadh faoi ndeara lena linn nach raibh áiseanna spóirt agus pobail tógtha gar dá chéile i limistéir ina bhfuil a lán daoine ag cur fúthu, go háirithe i gceantair Ghuaire agus Inis Córthaidh. Mar sin féin, tá dul chun cinn suntasach déanta san dá bhaile sin le blianta beaga anuas. Tá oibreacha á bpleanáil faoi láthair do Pháirc Thaispeántais Ghuaire agus iad tagtha chomh fada le céim an iarratais

pleanála agus cuireadh bailchríoch ar áiseanna pobail i gcomhair spóirt ag Bellfield in Inis Córthaidh le linn shaolré Phlean Forbartha an Chontae a bhí ann roimhe seo. D'fhonn rannpháirtíocht a mhéadú, tá roinnt bearta déanta chun feasacht faoi na háiseanna atá ann cheana féin a spreagadh, lena n-áirítear foilsiú Eolaire na nÁiseanna Pobail le haghaidh Ealaíon agus Spóirt. Tá láithreán gréasáin idirghníomhach seolta freisin ina dtugtar mionsonraí faoi shuíomh na n-áiseanna sin.

Tá an Chomhairle tiomanta d'áiseanna inrochtana pobail a sholáthar le freastal ar riachtanais agus ionchais an daonra éagsúil atá ag fás. Is é an dúshlán atá ag an gComhairle agus ag Bord Forbartha an Chontae ná gníomhú leis na pobail éagsúla chun a gcuid riachtanas a aithint, acmhainní a fháil agus a tacú le cláir chun saol an phobail a chothú. Tá sé riachtanach go mbeidh Gníomhaireachtaí Stáit agus Ranna Rialtais ag comhoibriú le chéile chun seirbhísí áirithe mar oideachais, cúraim leanaí agus áiseanna lae do dhaoine scothaosta a chur ar fáil.

Má tharlaíonn sé go mbeidh áiseanna breise pobail ag teastáil de bharr forbartha nua, beifear ag súil go n-íocfaidh an forbróir as cuid den chostas a bhainfidh le soláthar na n-áiseanna sin. Déanfar é sin a éascú tríd an Scéim do Ranníocaíocht Forbartha.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir CF09

Forbairt phobail inbhuanaithe a chur chun cinn ar bhunús ardcháilíochta beatha sa chaoi gur féidir le daoine maireachtáil, bheith ag obair agus rochtain a bheith acu ar réimse leathan áiseanna pobail, sláinte agus oideachais a bheidh oiriúnach do dhaoine de gach aois, agus dá gcumas agus dá riachtanais.

Cuspóir CF10

Na háiseanna pobail atá á gcur ar fáil sa chontae a choinneáil agus iad a fheabhsú nuair is féidir, agus a chinntiú go bhfuil na háiseanna sin leordhóthanach chun freastal ar riachtanais na bpobal ar a bhfuil siad ag freastal, agus go bhfuil siad comhtháite go fisiceach sna limistéir chónaithe agus fostaíochta, agus go gcuirfear

ar fáil iad i gcomhthráth le forbairtí cónaithe nua, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus forbartha agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá i gCaibidil 18.

Cuspóir CF11

Iniúchadh a dhéanamh ar an mBonneagar Sóisialta i gcomhar leis an mBord Forbartha Contae chun ceantair a aithint a bhfuil bonneagar sóisialta, pobail agus áineasa in easnamh orthu agus le fáil amach cad iad riachtanais na bpobal áitiúil.

Cuspóir CF12

Éascú a dhéanamh ar sholáthar reiligí nua agus síneadh a chur le reiligí atá ann cheana féin de réir mar is cuí le freastal ar riachtanais chontae ilchultúrtha, agus deimhin a dhéanamh de go dtabharfar aird ar aidhmeanna agus ar chuspóirí na Creat-treorach Uisce agus stádas maith a bhaint amach faoi 2015 agus go gcuirfear gach forbairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga.

16.5 Oideachas

Má chuirtear áiseanna oideachais imleora ar fáil in áit is féidir leis sin cur le tarraingteacht an limistéir sin mar áit chun gnóthaí a chur ar bun ann agus teaghlaigh a lonnú ann agus is féidir leo cur le forbairt agus rathúnas breise. Leanfaidh Comhairle Contae Loch Garman ar aghaidh ag obair i ndlúth-chomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun shuíomhanna a aithint a bheadh oiriúnach do scoileanna i gcomhréir le Soláthar Scoileanna agus an Córas Pleanála (An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (RCORÁ) agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2008).

I gcomhréir le Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha (RCORÁ, 2008), ní ceart d'aon fhorbairt shuntasach chónaithe dul ar aghaidh mura ndéantar measúnú ar acmhainn na scoileanna atá ann cheana féin nó an fhorbairt agus na háiseanna nua scoile a chur ar fáil i ndiaidh a chéile. Ba cheart áiseanna nua a lonnú nuair is féidir gar do na príomhlimistéir chónaithe nó laistigh díobh agus in aice le forbairtí pobail mar ionaid pobail, páirceanna imeartha agus leabharlanna chun an deis is mó a chur ar fáil chun áiseanna a comhroinnt. Breithneofar socruithe maidir le

scoileanna ilchampsais, mar shampla 2/3 bhunscoil taobh le taobh nó bunscoil agus iar-bhunscoil ar shuíomh amháin.

Déanfar an il-úsáid foirgneamh agus saoráidí scoile a spreagadh nuair nach dtagann sé sin salach ar sholáthar seirbhísí oideachais (is é sin le rá, lasmuigh d'uaireanta scoile agus le linn laethanta saoire scoile). Nuair a bheidh scoileanna nua nó áiseanna nua pobail á moladh, déanfaidh an Chomhairle iarracht a chinntiú go ndearfar iad ar bhealach a dhéanfaidh éascú ón tús ar dé-úsáid a bhaint astu.

16.5.1 Oideachas Tríú Leibhéal

Tá céatadán íseal i gContae Loch Garman de dhaoine fásta a bhfuil cáilíocht tríú leibhéal acu. Is léir ó Dhaonáireamh na bliana 2006 go raibh cúrsa oideachais tríú leibhéal críochnaithe ag 18.4% de dhaonra Chontae Loch Garman a bhí 15 bliana d'aois nó os a chionn in 2006. Is é 24.6% an meán ar fud an Stáit.

Mar sin féin, tá soláthar áiseanna tríú leibhéal sa Chontae tar éis cur go mór le deiseanna áitiúla oideachais. Tá réimse cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha ó leibhéal ardteastais go céim an mháistir á gcur ar fáil ag Campas Loch Garman d'Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach. Tá naoi gcéad mac léinn cláraithe faoi láthair i gCampas Loch Garman. Tá réimse cúrsaí oiliúna agus breisoideachais á reáchtáil freisin i roinnt Coláistí Gairmoideachais, agus ionad FÁS, Teagasc agus Fetac ar fud an chontae. Aithníonn an Chomhairle an tábhacht atá le hoideachas tríú leibhéal maidir le daonra ard-oilte agus sochaí bunaithe ar nuálaíocht a chruthú.

Aithníodh san Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030 (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011) go mbeidh ról lárnach ag an ardoideachas lena chinntiú go n-aithneofar go bhfuil cáil ar Éirinn maidir le nuálaíocht, fiontar iomaíoch agus sármhaitheas leanúnach acadúil. Léirítear san Straitéis an deis atá ann ollscoileanna teicniúla a bhunú a mbeidh dlúthbhaint ag na réimsí foghlama iontu leis na scileanna atá ag teastáil sa mhargadh saothair agus ina ndíreofar go speisialta ar chlár eolaíochta, innealtóireachta agus teicneolaíochta agus ina gcuirfear béim ar fhoghlaim san ionad oibre. Déanfar institiúidí cónasctha teicneolaíochta a chur san áireamh lena n-athainmniú mar ollscoileanna teicniúla nuair a bheidh dul chun cinn suntasach léirithe acu maidir le critéir luaite feidhmíochta.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir CF13

Dul i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun suíomhanna oiriúnacha d'áiseanna nua oideachais a aithint agus a éascú.

Cuspóir CF14

Srian a chur le forbairtí nua in aice le scoileanna atá ann cheana féin más rud é go bhféadfadh a leithéid d'fhorbairtí sianta a chur le leathnú na scoileanna sin.

Cuspóir CF15

Spreagadh a thabhairt d'ilúsáid foirgneamh agus saoráidí scoile ar choinníoll nach dtiocfadh sé sin salach ar chúrsaí oideachais.

Cuspóir CF16

A chinntiú nach gceadófar d'aon fhorbairt shuntasach chónaithe dul ar aghaidh gan measúnú a bheith déanta ar acmhainn scoileanna atá ann cheana féin nó an fhorbairt agus na háiseanna nua scoile a chur ar fáil i ndiaidh a chéile.

Cuspóir CF17

Tacú le forbairt an Oideachais Tríú Leibhéal sa chontae agus lena sholáthar ar bhonn leanúnach, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá i gCaibidil 18.

Cuspóir CF18

Tacú chun ollscoil theicniúil a dhéanamh d'Institiúidí Teicneolaíochta Cheatharlach agus Phort Láirge agus de na campais a bhaineann leo.

Cuspóir CF19

Naisc oideachais le hInstitiúidí Oideachais na hEorpa a fhorbairt tuilleadh chun feabhas a chur ar Loch Garman mar Thairseach Oideachais chun na hEorpa.

16.6 Áiseanna Cúraim Leanaí

Aithnítear go bhfuil soláthar áiseanna cúraim leanaí tábhachtach maidir le dea-bhail eacnamaíoch agus sóisialta a chinntiú. Ní hamháin go gcuireann siad ar chumas tuismitheoirí a bheith ag obair ach is féidir leo cur go mór le forbairt mhothúchánach agus oideachais na leanaí sna blianta luatha dá saol. Tá sé leagtha síos mar aidhm i gcreat deich mbliana an Rialtais I dTreo 2016 a chinntiú gur cheart go mbeidh gach teaghlach in ann seirbhísí cúraim leanaí a fháil a bheidh oiriúnach do cúinsí agus do riachtanais a bpáistí. Glactar leis gurb é a chiallaíonn cúram leanaí ná cúram lae iomláin agus áiseanna agus seirbhísí seisiúnacha réamhscoile agus tar éis scoile.

Tá roinnt spriocanna leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 maidir le forbairt luath-óige lena n-áirítear soláthar tacaíochtaí ioncaim agus méadú 100,000 a dhéanamh ar áiseanna cúraim leanaí roimh 2016. Áirítear sa Phlean Straitéiseach Náisiúnta 2011-2013 (Clár um Chúram agus Oideachas Luath-Óige) freisin príomhchuspóirí chun seirbhísí cúraim leanaí a fhorbairt agus an infheistíocht san earnáil chúram leanaí a neartú. Ós rud é go bhfuil cúrsaí eacnamaíocha mar atá faoi láthair beidh sé tábhachtach a chinntiú go ndéanfar an infheistíocht chaipitiúil a dhíriú ar na réimsí riachtanais. Tá sé mar aidhm sa Phlean Straitéiseach Náisiúnta é sin a chinntiú trí bunachar sonraí náisiúnta a fhorbairt ina n-aithneofar soláthar cúram leanaí de réir cineál agus limistéar, ag baint úsáide as táscairí ar nós daonra, déimeagrafaíocht ioncaim agus rátaí réamh-mheasta breithe chun aird a tharraingt ar easnaimh agus ar ró-soláthar san earnáil seo.

Rinneadh measúnú ar Riachtanais Chúram Leanaí i gContae Loch Garman in 2008. Tugadh faoi deara sa Mheasúnú go raibh brú mór ar sheirbhísí oideachais agus cúraim leanaí sa chontae de thoradh na méaduithe móra a tháinig ar an daonra sna 10 mbliana roimhe sin. Aithníodh an gá atá le soláthar cúram leanaí a leathnú agus áiseanna breise cúraim leanaí a fhorbairt a bheidh solúbtha, ar phraghas réasúnta, inrochtana agus ar ardchaighdeán. Is dócha, áfach, gur tháinig laghdú ar an éileamh ar sheirbhísí cúram leanaí le déanaí toisc an méadú a tháinig ar an leibhéal dífhostaíochta. Dá thoradh sin tá cibé maoiniú atá ar fáil á dhíriú anois ar fheabhsú agus ar uasghrádú na n-áiseanna atá ann cheana féin. Tá rún ag Coiste Cúram

Leanaí Chontae Loch Garman iniúchadh a dhéanamh ar sheirbhísí cúraim leanaí in 2012. Tabharfaidh sé sin deis don Choiste freagra a thabhairt ar riachtanais áitiúla agus tosaíochtaí áitiúla a chur in iúl chun bunsraith a cheapadh chun beartas náisiúnta a fhorbairt.

Leanfaidh Comhairle Contae Loch Garman ar aghaidh ag tacú le Coiste Cúram Leanaí an Chontae mar fhreagra ar riachtanais athraitheacha na sochaí ó thaobh éilimh ar chúram leanaí agus seirbhísí. Déanfaidh an tÚdarás Pleanála deimhin de go mbeidh aon áiseanna nua suite in áiteanna oiriúnacha, go mbeidh siad de chaighdeán ard agus go gcuirfidh siad fáilte roimh gach leanbh, lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir CF20

Áiseanna cúraim leanaí a spreagadh agus éascú a dhéanamh orthu i limistéir chónaithe, in áiteanna nua oibre nó in áiteanna oibre atá ann cheana féin, in ionaid oideachais, i lárionaid bailte agus in aice le nóid iompair phoiblí, agus é sin go léir i gcomhréir le Áiseanna Cúram Leanaí: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2001). I gcásanna in bhfuil sé beartaithe áiseanna cúraim leanaí a chur ar fáil i limistéir chónaithe déanfar na hiarratais sin a mheas ag féachaint don éifeacht is dócha a bheadh acu ar chonláistí na sealúchas cónaithe taobh leo, áit súgartha a bheith ar fáil amuigh faoin aer, na deiseanna páirceála eas-sráide a bheadh ar fáil, agus/nó áiteanna oiriúnacha ag a bhféadfaí leanaí a fhágáil nó a bhailiú uathu. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach i roinnt cásanna é a chur de cheangal go gcoinneofaí méid áirithe spás cónaithe san áitreabh.

Cuspóir CF21

A éileamh go gcuirfear áiseanna saintógtha cúraim leanaí ar fáil i bhforbairtí cónaithe nua i gcomhréir le hÁiseanna Cúraim Leanaí: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2001) agus Is Maith linn an Áit Seo: Treoirlínte maidir le Deá-Chleachtas i nDearadh Saoraidí Cúraim Leanaí (2005). Is é an caighdeán táscach ná go mbeadh áis chúraim leanaí amháin, ina ndéanfaí freastal ar 20 leanbh, in aghaidh thart ar 75 áras cónaithe. Is féidir an caighdeán sin a mhodhnú in aon chás faoi leith má bhíonn

cúiseanna maithe ann lena dhéanamh. I measc na gcritéar a bhféadfar a chur san áireamh i measúnacht den sórt tá dáileadh geografach na saoráidí cúraim leanaí ag an am agus an phróifíl dhéimeagrafach atá ag teacht chun cinn sa cheantair.

Cuspóir CF22

Tacú le Coiste Cúram Leanaí Chontae Loch Garman/Bord Forbartha Contae Loch Garman maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar na háiseanna cúraim leanaí.

16.7 Cúram Sláinte

Tá áiseanna Cúram Sláinte riachtanach lena chinntiú go bhfuil rochtain ag daoine atá ina gcónaí sa chontae ar an gcúram atá riachtanach dóibh. Cuireann réimse soláthraithe Stáit agus soláthraithe príobháideacha, pobail agus carthanachta cúram sláinte ar fáil. Léiríonn cur chuige Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i leith bheartas sláinte go bhfuil siad ag gluaiseacht ón gcúram traidisiúnta a chuirtear ar fáil in ospidéal i dtreo chúraim i measc an phobail agus go bhfuil béim níos mó á leagadh acu ar fhoirne cúraim phríomhúil le freastal ar riachtanais daoine ar an leibhéal áitiúil. Éascóidh an Chomhairle soláthar agus leathnú áiseanna tógtha lena cinntiú go gcomhtháthófar seirbhísí inrochtana sláinte sna pobail ar fud an chontae. Ba cheart tithe altranais agus tithe cúraim chónaithe a thógáil nuair is féidir i limistéir chónaithe na mbailte agus na sráidbhailte sa chaoi go mbeidh rochtain réasúnach ag na daoine a bheidh ina gcónaí iontu ar sheirbhísí áitiúla.

I gcás ionad comharsanachta agus limistéar faoi fhoirgnimh breathnófar go fabhrach ar ionaid leighis nó lialanna agus ar ionaid sláinte áitiúla a mbeifí in ann iad a rochtain go héasca agus a d'fhreastalódh ar riachtanais úsáideoirí seirbhíse áitiúla ar choinníoll nach mbeadh drochthionchar acu ar chonláiste na n-áitreabh cónaithe agus go mbeadh páirceáil go leor le fáil. Spreagfar cleachtais dochtúirí teaghlaigh agus ionaid ilfhreastail le haghaidh chúraim phríomhúil mhíochaine a chur ar fáil ag suíomhanna a mbeidh an phobail i gcoitinne in ann iad a rochtain go héasca.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir CF23

Maidir leis na háiseanna sláinte agus cúram leighis sa chontae a bhfuil sé furasta dul chucu agus a fhreastalaíonn ar riachtanais úsáideoirí áitiúla na seirbhíse, molaimid iad sin a fheabhsú agus a leathnú faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá i gCaibidil 18.

Caibidil 17 Dearadh

“Loch Garman: An-Ársa ach fós An-Nua”

17.1 Réamhrá

Cuireann foirgnimh nuálacha agus áiteanna ardchaighdeán go mór leis an taitneamh a bhainimid as ár mbailte agus ár sráidbhailte. Cruthaíonn oidhreacht shaibhir thógtha Chontae Loch Garman féiniúlacht láidir dúinn agus mórtas áite. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin leanúint ar aghaidh leis an traidisiún maidir le bhfoirgnimh nua i gceantair uirbeacha agus tuaithe a thógáil ar bhealach cruthaitheach.

Tá sé tábhachtach spreagadh a thabhairt do chaomhnú foirgneamh níos sine a bhfuil tábhacht ailtireachta, staire agus sóisialta ag baint leo ach tá sé lán chomh tábhachtach freisin daoine a spreagadh le foirgnimh a thógáil ar bhealach a léiríonn gur cuid den ré seo iad agus gan paistísí ná macasamhlú a dhéanamh an am atá thart. Beifear i bhfabhar cur chuige ina n-úsáidfear dearadh comhaimseartha le haghaidh foirgneamh nua agus tá sé tábhachtach go leanfaidh comhlachtaí poiblí ar aghaidh ag tabhairt dea-shampla sa mhéid seo. Léiríonn an tAras Ceoldrámaíochta, Halla an Chontae, Oifigí na Roinne Comhshaoil, Ionad Cathartha Ghuaire agus Ionad nua Cathartha Inis Córthaidh cur chuige forásach maidir le dearadh.

Tarraingeoidh foirgnimh agus struchtúir ar shainchomharthaí iad aird orthu féin, ach tá sé riachtanach freisin díriú ar an spás idir na foirgnimh agus ar an idirghaolmhaireacht idir dearadh, foirm agus feidhm. Tá iarracht déanta ag Údaráis Áitiúla Loch Garman na prionsabail sin a fhorbairt i dtionscadail mar an fhorbairt a rinne Comhairle Buirge Loch Garman ar an gCé agus an chaoi a ndearna siad limistéar do choisithe de Lár an Bhaile. Tá dul chun cinn maith freisin déanta ar oibreacha in Inis Córthaidh (Sráid Rafter) agus Ros Mhic Thriúin (An Ché) agus tá pleananna á gceapadh do na limistéir phoiblí i Ros Mhic Thriúin agus Ghuaire. Is é aidhm na Comhairle iarracht a dhéanamh spásanna ardchaighdeán a fhorbairt agus bailte agus sráidbhailte tarraingteacha a chruthú trí chur chun cinn na bprionsabal a bhaineann le dearadh maith uirbeach.

Tá an chaibidil seo leagtha amach chun treoir a thabhairt faoi dhearadh Uirbeach agus Tuaithe. Tá teoracha deartha d'fhorbairtí i gceantair uirbeacha agus tuaithe le fáil in Alt 17.6 agus Alt 17.7. Cuid den fhís do Loch Garman is ea go mbeadh sé ina chontae inar mian le daoine a bheith ina gcónaí agus ag obair agus déanamh spraoi ann, a thairgeann tithíocht agus fostaíocht inbhuanaithe d'ardchaighdeán dóibh mar aon le timpeallachtaí ardchaighdeáin uirbeacha agus tuaithe. Bíonn tionchar ag caighdeán na n-áiteanna a bhfuil cónaí againn iontu ar gach gné dár saol. Beidh tionchar ag an chaoi ar dearadh iad a cháilíocht ár saol laethúil. Tá dearadh maith uirbeach agus tuaithe riachtanach chun timpeallacht thógtha a chinntiú a bheidh inbhuanaithe agus a chruthóidh leas sóisialta agus comhshaoil chomh maith le luach eacnamaíoch.

17.2 Dearadh Uirbeach

Tá an chomhairle is fearr faoi dhearadh uirbeach le fáil sa doiciméad Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha agus sa doiciméad Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach (RCORÁ 2008) a théann leis agus léiríonn siad conas is féidir prionsabail dearaidh a úsáid chun pobail inbhuanaithe a chruthú. Spreagfaidh an Chomhairle iarratasóirí agus a ngníomhairí leas a bhaint as na treoirlínte sin chun forbairtí inbhuanaithe ardchaighdeáin a dhearadh agus cur leo. Ba cheart an prionsabal maidir le deartha uilíoch a bheith mar bhonn le dearadh gach forbartha atá bheartaithe. Tagraíonn an prionsabal sin do leagan amach timpeallachta sa chaoi gur féidir le gach duine í a rochtain, a thuiscint agus a úsáid a mhéid agus is féidir.

17.2.1 Anailís Láithreáin

Ba cheart gurb é an chéad chéim d'aon fhorbairt bheartaithe ná treoir dearaidh a fhoirmiú don fhorbairt. Ba cheart go mbeadh na heilimintí seo a leanas san áireamh sa treoir:

- Anailís ar conas a bheidh an fhorbairt atá beartaithe oiriúnach don limistéar máguaird agus an tionchar a bheidh aici air.
- Anailís ar an topagrafaíocht agus ar chúrsaí timpeallachta eile agus suirbhé ar ar struchtúir atá ar an láithreán cheana féin;

- Conas a bheidh trasbhealaí artaireacha molta agus naisc iompair eile ina gcuid den dearadh;
- Foirgnimh atá mar shainchomharthaí sa chomharsanacht agus breithmheas a dhéanamh ar a oiriúnaí is atá siad ó thaobh amhairc de;
- Rudaí a mheallfaidh coisithe chun na háite, spásanna oscailte poiblí agus na bealaí a mbeidh fonn ar dhaoine dul dá mbarr; agus
- Na caol-léargais is tábhachtaí ó laistigh den bhaile agus ó phointí tábhachtach amhairc lasmuigh den bhaile.

17.3 Treoir Ailtireachta

Ní mór é a bheith mar sprioc i ngach forbairt nua go gcruthófar ailtireacht ardchaighdeáin. Bainfear amach an aidhm sin trí na caighdeáin ailtireachta a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach agus cabhróidh siad chun foirm chomhtháite uirbeach a chruthú ar fud an chontae. Ag an am céanna caithfidh gach ceantar sa chontae a fhéiniúlacht uathúil féin a bheith aige, a chuirfear in iúl trína fhoirm agus trína íomhá uirbeach féin. I ngach forbairt nua (nó in athchóiriú foirgneamh nó láithreán stairiúla atá ann cheana féin) ní mór aird a thabhairt ar:

Foirm foirgníochta, próifil, scála agus mórdhlúthú

- Is iad seo na heilimintí mórsála dearaidh a chinnteoidh dealramh an fhoirgnimh nuair a bhreathnófar air ó áiteanna tamall i bhfad uaidh agus conas a shuífidh sé sa sráid-dhreach.
- Nuair a bhíonn forbairt nua á beartú ní mór a chomhthéacs a mheas agus freagra a thabhairt air, go háirithe i dtaca le haon láithreáin oidhreachta, nó foirgnimh agus spásanna suntasacha.
- Maidir le hairde agus leithid na bhfoirgneamh ba cheart aird a thabhairt ar an bhfabraic uirbeach atá ann cheana féin.
- I gcás foirgneamh ar láithreáin feiceálacha, mar shampla ag cúinní, ag deireadh sráideanna nó ar láithreáin a iniann caol-léargais, d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach cur le hairde an fhoirgnimh chun béim níos mó leagadh ar an bhfoirgneamh, ach bheifí ag súil freisin le caighdeán dearaidh agus cóireáil ailtireachta níos fearr. I gcás láithreán cúinne ba cheart déileáil go cothrom leis an dá éadanas sráide.

Nasc a chruthú leis an tsráid

- Tabharfar spreagadh d'úsáidí gníomhacha a shuiteáil ar urlár na talún chun beocht agus beatha a chruthú ag leibhéal na talún agus nasc a chruthú le gníomhaíocht ar an tsráid, go háirithe ar gach príomhbhealach coisithe. Cothóidh sé sin tuiscint gur comharsanacht é agus gurb áit shábháilte é.
- Tabharfar spreagadh d'úsáidí measctha toisc go gcuidíonn siad sin go minic chun gníomhaíocht a thabhairt chun na sráide, mar shampla forbairtí cónaitheacha nó oifigí a bhfuil úsáidí miondíola acu ar leibhéal na talún.
- Ba cheart na línte foirgníochta atá ann a choimeád agus línte foirgníochta nua a chruthú sna háiteanna nach ann dóibh. Féadfar maolú a thabhairt maidir le línte foirgníochta má bhíonn réimsí tábhachtacha spáis phoiblí nó chathartha le cur ar fáil.

Dearadh an spáis mórtimpeall an fhoirgnimh

- Féadfar tairbhe a bhaint as cúirtealáiste an fhoirgnimh le cur le conláiste coisithe, le daoine a mhealladh isteach sa bhfoirgneamh, chun tírdhreachtú a chur ar fáil nó nasc nua a chruthú do choisithe.
- Níor cheart an spás sin a úsáid le haghaidh fiontas mímhaiseach mar ionaid pháirceála nó áiteanna stórála boscaí bruscair.

Mionsonraí foirgneamh

- Má dhéantar aghaidheanna foirgneamh a roinnt trí chodanna a bhrú chun tosaigh nó codanna a tharraingt siar, nó athruithe a dhéanamh ar fhánaí an dín, nó leas a bhaint as cóiríú na bhfuinneog agus as balcóiní, d'fheadfadh sé sin dealramh níos boige a chur ar na foirmeacha tógála agus toirt mhór fhoirgnimh a roinnt ina codanna agus spéis amhairc a chruthú.
- Ní mór aird a thabhairt freisin ar an dearadh mionsonraithe. Má bhíonn saothair ealaíne nó dealbhóireachta mar chuid den fhoirgneamh féadfaidh siad íomhá uathúil a chruthú don fhoirgneamh nó dá chomhthéacs.
- Ní mór aird a thabhairt freisin ar dhealramh an fhoirgnimh san oíche. Is féidir leas a bhaint as soilsiú lena chinntiú go bhfuil feidhm fós ag foirgneamh nuair a thagann an dorchadas (mar shampla, is féidir struchtúir nó shuíomhanna atá ina sainchomharthaí sa lá a bheith feiceálach fós san oíche má dhéantar

iad a shoilsiú), agus is féidir soilsiú a úsáid chun radhairc iontacha a chruthú san oíche.

Leas a bhaint as stíleanna agus ábhair comhaimseartha

- D'fhéadfadh forbairt an lae inniu a bheith mar oidhreacht acu amárach. Ba cheart, dá bhrí sin glacadh le spiorad agus le héiteas dearaidh an ama sin ina bhfuil an foirgneamh á thógáil mar chuid den éabhlóid leanúnach dearaidh sin.
- Is féidir le foirgnimh chomhaimseartha, nuair a bhíonn siad oiriúnach, dealramh agus mionsonraí cumasacha a bheith acu, nó a bheith galánta agus mín ar bhealach oiriúnach.
- Spreagfaimid daoine chun leas a bhaint as cur chuige nuálach, cruthaitheach ó thaobh dearaidh de go háirithe nuair a chruthófar foirgnimh shainchomhartha dá bharr.

Ábhair Comhaimseartha a roghnú

- I measc na n-ábhar comhaimseartha tá gloine, cruach dhosmálta, coincreit snasta agus painéil chruanta. Mar sin féin, bíonn réimse ábhar, idir nua agus thraidisiúnta le feiceáil san ailtireacht chomhaimseartha. Is é an bealach a úsáidtear na hábhair agus a gcomhdhéanamh a chruthaíonn an cuma comhaimseartha.
- Is féidir ábhair traidisiúnta a mhúnlú chun foirmeacha comhaimseartha a chruthú díobh má úsáidtear iad ar bhealaí atá nua agus nuálaíoch.
- Is é an ghné is tábhachtaí a bhaineann le hábhair a roghnú ná a chinntiú nach mbeidh ach an cothabháil is lú riachtanach do na hábhair sin agus nach gcaithfidh aimsir go dona leo. Ba cheart tús áite a thabhairt i gcónaí d'ábhair ardchaighdeán a mhairfidh go maith ar feadh shaol an fhoirgnimh.

17.4 Foirgnimh Shainchomhartha


Is féidir foirgneamh sainchomhartha a shainmhíniú mar fhoirgneamh amháin den scoth atá níos airde ná na foirgnimh timpeall air nó a bhfuil dearadh níos suntasaí ag baint leis ná mar atá ag baint leo siúd. Ba cheart go n-aithneofaí in aon fhorbairt bheartaithe le haghaidh foirgnimh shainchomhartha na heilimintí sin a chruthaíonn

an carachtar áitiúil agus a mbeidh ina ngnéithe tábhachtacha nó ina srianta tábhachtacha maidir le moltaí a fhorbairt le haghaidh foirgneamh sainchomhartha.


Áireofar orthu sin:

- An sráid-dreach - scála agus airde na bhfoirgneamh agus an uige uirbeach;
- Radhairc agus lánléargais thábhachtacha áitiúla;
- An spéirlíne;
- Topagrafaíocht;
- Rudaí ar díol suntais iad agus na háiteanna ina bhfuil siad suite.


Tá roinnt buntáistí ar féidir le foirgnimh shainchomhartha atá deartha agus suite go maith a chruthú i limistéar uirbeach. Is féidir le struchtúir a éiríonn os cionn spéirlíne bhaile nó shráidbhaile gníomhú mar críoch-chomharthaí tíre agus cabhrú le daoine leagan amach na háite a thuiscint. Déanfar tograí le haghaidh foirgneamh sainchomhartha a bhreithniú go dian agus go straitéiseach ó thaobh ná háite ina mbeidh siad suite, agus maidir le cáilíocht mhionsonraithe dearaidh agus feidhme.



Scáthchruth baile thipiciúil in Éirinn ina sheasann an eaglais pharóiste amach go soiléir mar shainchomhartha.



Is é an tionchar a bhíonn ag bloc fada íseal ná an spéirlíne a chothromú agus go gceileann sé sainchomharthaí traidisiúnta tíre.



Cinntíonn foirgnimh chaola arda go bhfuil na sainchomharthaí fós le feiceáil ar an spéirlíne.

An Timpeallacht Áitiúil

- Caithfidh foirgneamh sainchomhartha deá-thionchar a bheith aige ar an sráid-dhreach agus ar an ngníomhaíocht a bhíonn ar siúl sa tsráid.
- Ar leibhéal na talún, ní mór dearadh mionsonraithe agus feidhm an fhoirgnimh shainchomhartha teacht le scála a bhfuil go díreach timpeall air agus cur leis an tuiscint gurb 'áit faoi leith' í.
- Tá sé tábhachtach go mbeidh an leas a bhainfear as urlár na talún i bhfoirgnimh shainchomhartha ag teacht le gníomhaíocht na sráide agus an cheantair.
- Ba cheart go gcabhródh foirgnimh shainchomhartha le gluaiseacht daoine agus tráchta sa limistéar mórthimpeall orthu.
- Is féidir foirgnimh shainchomhartha a chomhtháthú níos fearr lena bhfuil timpeall orthu trí spásanna inmheánacha nó seachtracha a chur ar fáil a mbeidh an pobal in ann a rochtain mar pháirceanna, caiféanna, siopaí agus bealaí gluaiseachta.
- Ní mór aird ar leith a thabhairt ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag foirgneamh suntasach ar láithreáin oidhreachta in aice leis nó ar limistéir uirbeacha a bhfuil carachtar speisialta acu.
- Ní mór a breithniú cúramach a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag foirgneamh sainchomhartha ar ghnéithe nádúrtha mar uiscebhealaí, tírdhreacha, nó spásanna poiblí.
- Ní mór tionchair miocraeraíde mar chruthú tolláin gaoithe nó scáthú a bhreithniú freisin.
- Ba cheart foirgnimh shainchomhartha a bheith suite in aice le nóid iompair nó naisc mhaithe a bheith acu leo.
- Ba cheart páirceáil a chur ar fáil d'fhoirgneamh ar bhealach nach mbeadh coisithe agus feithiclí ag teacht salach ar a chéile ar leibhéal na sráide.

17.5 Tógáil d'Athrú

I gcomhréir le Beartas an Rialtais i leith na hAiltireachta 2009-2015 (RCORÁ, 2009), spreagfaidh an Chomhairle daoine chun athúsáid oiriúnaitheach a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann chomh fada is go bhfuil úsáid den sórt sin ag teacht lena gcarachtar agus a dtábhacht. Aithníonn an Chomhairle conas is féidir le hathúsáid foirgneamh níos sine cabhrú chun laghdú a dhéanamh ar an méid breoslaí iontaise a ídítear agus ar astuithe dé-ocsaíd charbóin. Maidir le foirgnimh atá i lár bailte ach lasmuigh de na príomhcheantair shiopadóireachta is féidir iad a thiontú ó bheith á n-úsáid mar ionaid mhiondíola agus leas a bhaint astu mar oifigí nó úsáidí eile a bhaint astu. Is féidir úsáidí nua a fháil d'fhoirgnimh folmha mar thrádstórais agus scoileanna faoi réir rochtain chuí agus socruithe páirceála a chur ar fáil, agus ar choinníoll nach mbeadh drochthionchar ag na húsáidí sin ar chonláiste cónaithe.

Is féidir struchtúir atá faoi chosaint a oiriúnú más rud é nach mbeadh tionchar suntasach ag na hoibreacha ar a gcarachtar ná ar a suíomhanna agus go bhféadfaí oibreacha den sórt sin a chur ar ceal go héasca. Aithnítear gur féidir athúsáid foirgneamh den sórt sin cur lena gcaomhnú agus stop a chur lena ligean i léig. Ba cheart foirgnimh nua a dhearadh sa chaoi go bhféadfaí iad a oiriúnú do phatrúin forbartha a bheadh ag athrú. Mar shampla ba cheart tithe a dhearadh sa chaoi go bhféadfaí iad a chur in oiriúint do riachtanais athraitheacha teaghlaigh, do riachtanais inrochtaineachta nó do chúrsaí éifeachtachta fuinnimh. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm a chinntiú go bhféadfaidh árais chónaithe freastal ar riachtanais athraitheacha na háititheoirí thar a saoil gan é a bheith riachtanach cíor thuathail a dhéanamh den áit agus athmhúnlú costasach a dhéanamh. Ba cheart foirgnimh tráchtála agus eile a dhearadh chun go bhféadfar iliomad úsáidí a bhaint astu, agus go mbeadh siad inoiriúnaithe le freastal ar éileamh athraitheach an mhargaidh.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir DES1

Cruthaitheacht agus nuálaíocht ailtireachta a spreagadh sa timpeallacht uirbeach agus tuaithe.


Cuspóir DES2

Cáilíocht ailtireachta agus cruthú áiteanna maithe a chur chun cinn. Tabharfaidh an Chomhairle aird ar an treoir faoi mar atá leagtha amach sa Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach, Treoir um Dea-chleachtas (2009) nuair a dhéanfar measúnú ar fhorbairtí mórsála agus nuair a bheidh máistirphleananna á gceapadh mar chuid de Phleananna Forbartha Baile agus de Phleananna Limistéir Áitiúil.

17.6 Treoir maidir le Dearadh Uirbeach

17.6.1 Comhthéacs

Is é seo an gaol a bhíonn ag forbairt lena timpeallacht. Ba cheart go mbeadh an cuma air gur tháinig sí chun cinn go nádúrtha mar chuid dá timpeallacht. Ba cheart go mbeadh méaduithe cuí le sonrú sa dlús de thoradh an fhoirgnimh chun urraim a léiriú d'fhoirgnimh agus dá bhfuil le feiceáil ar fud imill an tsuímh, agus conláiste úsáideoirí sa comharsanacht. Ba cheart go mbeadh ionad agus dáta na forbartha le sonrú i bhfoirm, in ailtireacht agus i dtírdhrechtú na forbartha. Ba cheart go mbeadh deá-thionchar aici ar charachtar agus ar fhéiniúlacht na comharsanachta ina bhfuil sé suite. Ba cheart go mbeadh rudaí iomchuí le sonrú sa dearadh a ceapadh mar fhreagra ar rudaí sonracha atá timpeall na teorann.




Sa scéim ar chlé, tugann cóiriú na teorann freagra ar réimse dálaí máguaird.

A: Tá conláiste nua curtha ar fáil in aice le faiche atá ann cheana féin, sa chaoi go bhfuil spás feabhsaithe ann a shíneann thar teorainn na réadmhaoine.

B: Úsáideadh beanna san áit sin ina bhfuil an suíomh go dlúth leis na tithe atá ann agus úsáideadh an fhorbairt atá ann chun sráid-dreach a chruthú.

C: Tá gairdíní cúil curtha san áit a bhfuil cúl tithe leis an suíomh sa chaoi go gcruthaítear príobháideacht agus go gcuirtear slándáil ar fáil.



Beidh na fálta sceach atá ann cheana féin ar teorainneacha cuid maith de na láithreán cónaithe. Ní hamháin gur gnáthóga tábhachtacha iad na fálta sin don fhiadhúlra, ach is cuid d'fhabraic stairiúil agus de chéannacht an láithreáin iad freisin. Sa sampla thuas úsáidtear an fál sceach atá ann mar theorainn, sa chaoi go gcaomhnaítear a charachtar agus a luach conláiste agus éiceolaíochta.

17.6.2 Naisc


Baineann sé seo le cé chomh maith is atá an chomharsanacht nua nasctha. Ba cheart go mbeadh bealaí deasa ag coisithe agus rothaithe le dul isteach agus amach aisti. Ba cheart forbairtí a bheith suite in ionad úsáide measctha nó gar dó. Caithfidh an fhorbairt a bheith leagtha amach sa chaoi go mbeidh sé éasca ag bus freastal ar an scéim. Ní mór an leagan amach a bheith nasctha le bealaí gluaiseachta atá ann cheana féin agus leis na háiteanna a mbeidh daoine ag iarraidh dul chucu. Tacaíonn dlús oiriúnach le hiompar poiblí éifeachtach ach dar ndóigh braitheann sé sin ar an suíomh.




Thuas: Léarscáil Turgnamhach Ghuaire ina léirítear na bhféarbhealaí a bhfeadfaí a cheapadh d'fhonn limistéir thiar an bhaile a nascadh le féarbhealaí aitheanta, agus tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus do shlándáil na ndaoine a bheidh á n-úsáid. Is éard atá i gceist sa phlean ná bealaí faoi leith a chruthú do rothaithe agus do choisithe ar leithligh ó na bóithre agus ceantar do chaitheamh aimsire gníomhach a chur ar fáil. Nascann an togra molta an pháirc atá ann cheana féin le limistéir spóirt atá beartaithe agus leis na scoileanna.

17.6.3 Uileghabhálacht

Tá sé tábhachtach go mbeadh sé chomh héasca agus is féidir ag daoine dul isteach sa bhforbairt agus í a úsáid. Ba cheart go gcuirfeadh tithe nua na nithe sin ar fáil atá ag teastáil ó réimse daoine agus teaghlaigh. Is é an cuspóir atá le dearadh agus le leagan amach ná go mbeidh gach aon duine in ann dul isteach san áit go héasca. Ba cheart go mbeadh réimse spásanna conláiste poiblí, pobail nó príobháideach i bhforbairtí mar aon le háiseanna do leanaí d'aoiseanna éagsúla, do thuismitheoirí agus do dhaoine scothaosta. Maidir le limistéir atá sainithe mar spás oscailte poiblí agus atá glactha faoi chúram nó atá á mbainistiú go príobháideach ní mór iad a bheith sainithe go soiléir agus ní mór iad a bheith inrochtana ag chách agus oscailte dóibh. Ba cheart go bhfeicfeadh daoine atá ag dul thar bráid go bhfuil dealramh taitneamhach ar foirgnimh nua agus nach bhfuil aon bhac fhisiceacha nó bac amhairc neamhriachtanach ag baint leo.



Nuair a dearadh an scéim seo i nGuaire rinneadh sciath-thithíocht inrochtana agus spás poiblí inrochtana a chomhtháthú. Tá spásanna i gcomhair conláiste le feiceáil sa phlean agus iad eagraithe in ordlathas ó thaobh spásanna poiblí agus príobháideacha. Spás lánphoiblí is ea an phríomhfhaisc i lár báire, tamall siar ó bhóthar poiblí; cuireann clós comhchoiteann spás príobháideach comhroinnte ar fáil le dul go dtí na hárasáin agus tá gairdíní lánphríobháideacha curtha ar fáil do na tithe.



Thuas: Tá roinnt gnéithe d'áras cónaithe le feiceáil sa léaráid a dearadh le go bhféadfaí iad a chur in oiriúint do riachtanais daoine faoi mhíchumas.




Tá imeall na scéime thuas leagtha amach sa chaoi go mbeadh éadanas oscailte uirthi. Tá tithe ar aghaidh an bhóthair, agus tá aonaid speisialta tógtha ag na cúinní sa chaoi gur seachnaíodh beanna bána. Cuireann spásanna oscailte ar chumas daoine radhairc fhada a bheith acu isteach ar an suíomh, agus cabhraíonn na spásanna a bhfuil radharc maith orthu chun tuiscint féiniúlachta a chruthú don chomharsanacht.

17.6.4 Éagsúlacht

Ba cheart go gcuirfeadh an fhorbairt meascán maith gníomhaíochtaí chun cinn.

Cuirfidh na gníomhaíochtaí a bheith ann de thoradh na forbartha le cáilíocht beatha an cheantair. Ba cheart go mbeadh na húsáidí sin a mheallann an líon is mó daoine sna háiteanna is inrochtana. Nuair a bhíonn úsáidí agus gníomhaíochtaí á roghnú do chomharsanacht, is den riachtanas é go mbeadh siad comhoiriúnach dá chéile.

Cuireann na cineálacha éagsúla tithíochta agus tionachtaí leis an rogha atá ar fáil sa cheantar. Ba cheart deiseanna a ghlacadh chun siopaí, áiseanna agus seirbhísí a chur ar fáil a dhéanfadh comhlánú orthu siúd atá ar fáil cheana féin sa chomharsanacht.



Ar Chlé: Tá cur síos luath sa sceitse dearaidh le haghaidh forbartha fo-uirbí a léiríonn conas a bhféadfaí í a nascadh leis an scoil agus an pháirc.

Ar Dheis: Moladh i gcomhair úsáide measctha ina bhfuil árasáin ar an dara hurlár os chionn na sráide lán de de shiopaí agus de chaiféanna. Feidhmíonn na hoifigí ar an gcéad urlár mar 'mhaoláin' chun an torann na mbialanna a mhaolú. Cinntíonn an chaoi a bhfuil an tsraith ar an dara hurlár tarraingthe siar go bhfuil tuilleadh príobháideachta acu. Cuireann sé sin le comhoiriúnacht na n-úsáidí agus na ngníomhaíochtaí sa chomharsanacht.



17.6.5 Éifeachtúlacht

Ba cheart go mbainfí leas oiriúnach sa bhforbairt as acmhainní, lena n-áirítear an talamh. Ní mór breathnú sa togra an bhféadfaí dlús níos airde a sholáthar ag cur san áireamh rochtain iomchuí ar iompar poiblí agus cuspóirí maidir le deá-dhearadh. Ba cheart limistéir tírdhreachaithe a dhearadh chun conláiste agus bithéagsúlacht a chur ar fáil, chun foirgnimh agus spásanna a chosaint ón síon agus ba cheart go mbeadh córais inbhuanaithe draenála ina ndlúthchuid díobh. Ba cheart foirgnimh, gairdíní agus spásanna poiblí a shuíomh chun an leas is fearr a bhaint as solas agus teas na gréine. D'fhéadfaí a chinntiú sa scéim go mbainfí leas nua as foirgnimh nó as láithreán tréigthe. Tá sé riachtanach go gcuirfear áiseanna oiriúnacha athchúrsála ar fáil.



Ar Chlé: Tá an draenáil inbhuanaithe ina dlúthchuid den spás poiblí agus is conláiste í sa chaoi go gcruthaíonn sí sainchomhartha áitiúil agus áit ina mbaileodh daoine i gcomhair áineasa.




Thuas: Má tá árais chónaithe le bheith éifeachtach ba cheart dóibh leas a bhaint as fuinneamh "saor in aisce" na timpeallachta, mar shampla, teas agus solas saor na gréine.




Ar chlé: Scéim chónaithe 'BedZed' i Londain. Tá leagan amach an láithreáin ceaptha chun an leas is fearr a bhaint as teas agus solas saor na gréine.

17.6.6 Sainiúlacht

Is féidir le tograí ómós áite a chruthú. Bíonn gnéithe so-aitheanta ag áiteanna sa chaoi gur féidir le daoine cur síos a dhéanamh ar an áit ina bhfuil cónaí orthu agus cion mothúcháinach a bheith acu ar an áit. Ba cheart go mbeadh deá-thionchar ag an scéim ar chéannacht an cheantair. Ba cheart go mbainfí an leas is fearr sa leagan amach as formhór na ndeiseanna a chuireann na foirgnimh atá ann cheana féin ar fáil, agus as gnéithe tíre agus as gnéithe éiceolaíochta chun leagan amach a chruthú nach ndéanfar dearmad air go luath. Ba cheart go mbainfí leas rathúil sa togra as na radhairc isteach agus amach as an láithreán. D'fhonn an tuiscint a chruthú gurb áit ar leith é ba cheart go mbeadh pointe so-aitheanta fócais sa scéim, nó ba cheart go neartódh na moltaí ról lárionaid atá ann cheana féin.



Seachain



Níos fearr

Thuas: Radharc tipiciúil den áit a dtagann dhá líne de thithe sraithe le chéile. I gcás láithreán cúinne ba cheart déileáil go cothrom leis an dá éadanas sráide ar imeall an tsuímh. Ba cheart béim níos mó a leagan ar dheardh foirgnimh trí leas a bhaint as gnéithe maithe dearaidh, mar airde tógála, foirm agus na hábhair a úsáidtear.



Thuas: Eastáit tithíochta 'Slí an Uisce' i gCluainín an

Róistigh. Tá aghaidh ag teach an chúinne ar an dá shráid agus ar a gcuid línte réadmhaoin. Bungaló L-chruthach is ea an teach, is tá sé difriúil ón dá chineál tí eile atá tógtha anseo. Tá aghaidh ag na

fuinneoga i dtreo an dá shráid sa chaoi nach bhfuil aon bhinn bhán le feiceáil. Úsáideadh patrún uathúil mar bhailchríoch ar rindreáil an tí rud a chuireann le féiniúlacht an chúinne.


17.7.7 Leagan amach


Ba cheart go gcruthódh moltaí sráideanna agus spásanna a mbeadh sé éasca do dhaoine leas a bhaint astu. Bealach amháin chun é sin a dhéanamh is ea bealaí a ailíniú leis na línte ar mhian le daoine dul agus sraith idirnasctha loighciúil bealaí a chruthú a mbeidh sé éasca gluaiseacht tríothu. Ba cheart go mbeadh an leagan amach dírithe ar ghníomhaíocht ar na sráideanna trí éadanais ghníomhacha a chruthú a mbeidh na doirse tosaigh ag oscailt go díreach ar an tsráid. Ba cheart na sráideanna a dhearadh mar áiteanna is ní mar bhóithre do ghluaisteáin, agus ba cheart go gcuideodh sé sin chun ordlathas spásanna a chruthú ina bhféadfadh coisithe, rothaithe agus tiománaithe leas a bhaint as na bealaí is lú tráchta. Má bhíonn áit deartha go maith is féidir luasanna tráchta a rialú tríd an dearadh féin seachas trí rampaí moillithe. Nuair a leagtar amach forbairt i bhfoirm cearnóige bíonn roinnt spásanna poiblí mar chearnóga nó fhaichí os comhair na línte tógála, agus bíonn roinnt spásanna leathphríobháideacha mar cúirteanna pobail laistiar díobh. Is féidir iad sin a leagan amach chun spásanna a chruthú a oireann do dhaoine trí dheá-dhearadh a úsáid.



Léiríonn an leagan amach scéimreach ar dheis an chaoi ar úsáideadh foirgnimh chun réimse spásanna soiléire, simplí a chruthú. Tá aghaidh ag na héadanais ar spásanna poiblí agus ar shráideanna agus iniann agus rialaíonn na bloic imlíne na spásanna comhroinnte príobháideacha atá do chónaitheoirí amháin.

Sa líníocht dearaidh seo d'fhorbairt úsáidtear an leagan amach féin chun luas tráchta a rialú seachas a bheith ag brath ar rampaí moillithe luais. Tá bealach indíreach le feiceáil ann, leagan amach páirceála agus tairseacha soiléire isteach i sráid a bhaineann leis an gcrios cónaithe.





17.6.8 An Fearann Poiblí

Tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil na limistéir phoiblí sábháilte, slán agus taitneamhach. Ní mór gach spás oscailte poiblí a bheith le feiceáil ó na hárais chónaithe máguaird sa chaoi go mbeidh sé sábháilte na conláistí sin a úsáid agus go mbraithfidh na cónaitheoirí gur leo féin iad. Meastar gur cuid inúsáidte, chomhtháite é an limistéar poiblí nuair a bhíonn forbairt á dearadh. Ba cheart ionaid súgartha do leanaí a chur in áiteanna ina mbeidh radharc orthu agus go mbeidh siad sábháilte, agus go gcuirfidh siad le conláistí na comharsanachta. Ba cheart go léireofar go soiléir na háiteanna ina bhfuil spásanna poiblí, spásanna leathphríobháideacha agus spásanna príobháideacha. Meastar gur eilimint lárnach tírdhreachaithe iad bóithre agus limistéir pháirceála i ndearadh an limistéir phoiblí.




Ar chlé: Scéim molta chun feabhas a chur ar Cearnóg an Mhargaidh i mBaile Ghuaire. Déanfar dealramh limistéir an mhargaidh agus an ionaid pháirceála a fheabhsú. Moltar sa scéim go ndéanfaí na naisc a fheabhsú agus bealach do choisithe a sholáthar ag "A". Forálann an scéim freisin go laghdófar luasanna tráchta i gceantar ina bhfuil tús áite á thabhairt do spás poiblí agus do chaitheamh aimsire.

Thíos: Scéim molta don limistéar poiblí ag Faiche an Aonaigh i Ros Mhic Thriúin. Áirítear sa togra oibreacha chun dromchla nua a sholáthar, spás glas poiblí a chruthú ina lár, ionaid páirceála agus bána luchtaithe a shainiú agus áiseanna feabhsaithe a sholáthar ó thaobh trasrianta coisithe de.




17.6.9 Inoiriúnaitheacht

Ní mór foirgnimh a dhearadh sa chaoi go mbeifear in ann déileáil le hathrú. Ba cheart leas a bhaint as ceachtanna dea-chleachtais ó thaobh dearaidh de, mar shampla tá a fhios ag daoine anois gur féidir cineálacha áirithe tí a oiriúnú gan mórchuid oibre. Tá na tithe tíosach ar fhuinneamh agus leagtha amach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a mheastar a bheidh le sárú de thoradh athrú aeráide. Is féidir síntí a chur le tithe inoiriúnaithe gan an carachtar, an leagan amach, agus an spás amuigh faoin aer a bhaineann leis an cineál sin tí a mhilleadh. De thoradh struchtúr na dtithe sin agus an dearadh scaoilte a bhaineann leo is féidir iad a oiriúnú nó a fhoroinnt, m.sh. fortheach a chur leo nó oifig bheag a chruthú. Is féidir cóiríocht maireachtála a dhéanamh go héasca den spás faoin díon nó den gharáiste, nuair is cuí.



Plean Tipiciúil ina bhfuil Clós i lár an Bhloic


Urlár na Talún



Níl tionchar ag síntí urláir ar an gairdíní.

An Chéad Urlár

Thuas: Sampla inar féidir síneadh a thógáil os cionn cúltí aon stór gan dochar a dhéanamh don spás oscailte príobháideach ná do príobháideacht.




Deis chun an solas, an radharc agus an aeráil a uasmhéadú

Deis chun síneadh suntasach a chur leis

Cistin/
Seomra
bia

Seomra
Suí

Laghdaigh tionchar mór na ngluaisteán sna gairdíní tosaigh



Comhréir níos fearr idir an teach agus an gairdín nuair a úsáidtear achar scartha

Éifeachtacht i leagan amach an bhloic

Seomra Suí

Breis solúbthachta toisc an staighre a bheith ar leataobh

Cistin

Seomra
bia


Bíonn sé níos fusa athruithe a dhéanamh más ballaí neamh-struchtúracha na ballaí inmheánacha

Laghdaíonn limistéar níos lú na mballaí seachtracha cailliúint teasa

Thuas: Comparáid idir plean leathanéadain éadomhain (thuas ar chlé) agus plean caoléadain dhomhain (thuas ar dheis).


17.6.10 Príobháideacht agus Conláiste

Ba cheart caighdeán maith conláiste a sholáthar i scéimeanna. Ní mór spás príobháideach inúsáidte lasmuigh a bheith le gach áras cónaithe. Ba cheart an dearadh a leagan amach sa chaoi go ndéanfar uasmhéadú ar líon na dtithe a bhfuil aghaidh dhá threo acu. Ba cheart tithe a dhearadh chun tarchur fuaime a chosc, bíodh sé trí insliú oiriúnach fuaime nó tríd an leagan amach. Ní mór fuinneoga a bheith in áiteanna nach mbeidh daoine i dtithe eile nó ar an tsráid in ann breathnú isteach sa teach agus ba cheart go bhféadfaí príobháideacht leordhóthanach a sholáthar d'aonaid ar urlár na talún. Tá na tithe seo deartha sa chaoi go mbeidh áit leordhóthanach stórála iontu, lena n-áirítear spás laistigh den áras cónaithe chun ábhair in-athchúrsáilte a sórtáil agus a stóráil.




Ar chlé: Ag leibhéal urlár na talún sa teach sraithe tá ionad stórála curtha ar fáil sa ghairdín tosaigh d'ábhair in-athchúrsála.

Ar dheis: Sampla d'fhuinneoga tógtha ar fiar nó ar sceabha chun nach mbeifear in ann breathnú isteach in árasáin in aice láimhe.




Ar dheis: Tá gairdíní geimhridh a n-úsáid sna hárasáin ar an leibhéal uachtarach ar thaobh na sráide agus is féidir leis na gairdíní sin an torann taobh amuigh a mhaolú.



17.6.11 Páirceáil

Ba cheart páirceáil a dhearadh chun go mbeidh sí slán agus tarraingteach. Is í an tsráid nó gar do dhoras tosaigh an árais chónaithe an áit pháirceála is fearr. Bíonn radharc ag daoine sna tithe agus ag coisithe agus lucht tráchta ar charranna páirceáilte agus tá roghanna páirceála ann atá oiriúnach don chás. Is féidir páirceáil comhchoiteann a chur ar fáil chun an buntáiste is mó a chur ar fáil agus le freastal ar chuairteoirí agus gan é a bheith riachtanach spásanna tiomnaithe breise a sholáthar. Ba cheart go mbeadh na hábhair a úsáidtear le haghaidh limistéir pháirceála den chaighdeán céanna is atá sa chuid eile den fhorbairt. Chomh maith le háiseanna páirceála carranna ba cheart áiseanna leordhóthanacha a chur ar fáil freisin chun rothair a stóráil.



Ar chlé: Forbairt de dhlús níos ísle ina gcuirtear páirceáil ar fáil thí mheascán de spásanna ar thaobh na sráide agus spásanna laistigh de chlóis a bhfuil radharc maith orthu.

Ar dheis: Níor leithdháileadh spás páirceála d'aon áras cónaithe faoi leith sa scéim seo in Inis Córthaidh. Má tharlaíonn sé nach bhfuil gá ag cónaitheoirí le spás páirceála, bíonn sé ar fáil do chuiditheoirí nó do mhuintir na n-áras cónaithe a bhfuil breis ag carr amháin acu.




Ar chlé: Cuireann tithe a bhfuil a n-aghaidheanna i dtreo na sráide agus radharc acu ar áiteanna páirceála slándáil ar fáil.

17.6.12 Dearadh Mionsonraithe

Ba cheart machnamh maith a dhéanamh faoi dhearadh tógála agus dearadh tírdhreacha. Ní mór do na hábhair agus don dearadh seachtrach cur leis an gceantar agus gan baint den charachtar atá ann cheana féin. Ba cheart go ndéanfaidh an tírdhreachtú éascú ar úsáid na spásanna poiblí ón tús. Ba cheart na foirgnimh agus na spásanna poiblí a ghabhann leo a dhearadh sa chaoi go mbeadh sé iad a chothabháil go rialta. Meastar gur gné lárnach de dhearadh an limistéir phoiblí iad limistéir oscailte pháirceála. Roghnaíodh na háiteanna go cúramach chun múcháin, gaothairí agus stórais araidí bruscair a chur iontu.

Tabharfar spreagadh de ghnáth do mheascán de chineálacha áras cónaithe a bheith i scéim, lena n-áirítear árasáin, tithe sraithe, árasáin dhá urlár, agus tithe cónaithe idir leathscóite agus scóite

Foirgneamh curtha i lár báire le bheith ina phointe fócasach nó mar lár an radhairc ar feadh na sráide.



Thuas: Dearadh scéimreach d'fhorbairt mhaith uirbeach. Taispeánann sé conas is féidir aonaid mhiondíola, thráchtála agus chónaithe a chur ar fáil ar fud an cheantair chéanna.



Ar Chlé thuas: Eastát tithíochta de chuid na Comhairle i nDún Chormaic, Loch Garman. Má dheartar na mionsonraí go maith agus má úsáidtear ábhair láidre de chaighdeán níos airde, is féidir costais chothabhála a laghdú.

Thuas Ar Dheis: Úsáideadh tírdhrechtú crua ardchaighdeán san eastát i nDún Chormaic sa chaoi go bhfuil rochtain mhaith ag daoine ar an láithreán claonta. Tá na díonta déanta de sclátaí nádúrtha

agus tá na ballaí steanttha le méaróga sa chaoi go gcruthaíonn siad nasc maith leis na hábhair áitiúla.

17.7 Treoir maidir le Dearadh Tuaithe

17.7.1 Ábhair Theorann

Go minic is iad na bealaí nua isteach chuig láithreáin tithe faoin tuath na rudaí is mó a théann i gcionn ar dhaoine ó thaobh radhairc de. Má dhéantar cinneadh eolasach faoi conas bealach nua isteach a chruthú b'fhéidir gurb é sin an chéad rud a rachaidh i bhfeidhm go buan ar dhuine maidir leis an scéim fhoriomlán. D'fhéadfadh a mhalairt de thionchar a bheith ag drochbhealach isteach. Ba cheart cúram a ghlacadh agus an-mhachnamh a dhéanamh le féachaint ar cheart a bhfuil ann a choinneáil nó an teorainn atá ann a fheabhsú.

Cad is ceart a bheith mar aidhm agat agus cad atá le seachaint

In a lán cásanna, is féidir an deá-obair a rinneadh maidir le dearadh agus suíomh an tí a chur ar ceal le drochchóireáil na teorann tosaigh. Baineann na rialacha céanna leis an scéal is is a bhaineann maidir le láithreánú agus dearadh. Ba cheart go mbeadh an chóireáil oiriúnach don chomhthéacs tuaithe ach is minic nach mar sin a bhíonn sí.

- Déan iarracht nuair a bhíonn oscailt á chruthú agat an teorainn tosaigh atá ann a choinneáil nuair is féidir. Bíodh sé mar aidhm agat urraim a léiriú don tírdhreach agus do na gnáthóga atá ann.
- Rud oiriúnach is ea é, mar shampla, leas a bhaint as ballaí cloiche déanta de spallaí randamacha mar cabhraíonn siad chun neadú agus plandaí a spreagadh rudaí a thacaíonn le bithéagsúlacht.
- Má tá an bealach isteach don láthair le tabhairt siar, ba cheart féar a chur ar an limistéar idir an teorainn nua agus imeall an bhóthair agus gan dromchla cru a chur air.
- Má tá teorainn beo, nádúrtha uait déan fál sceach a phlandáil ag tús na n-oibreacha, agus mar sin beidh am aige é féin a bhunú. Ní hamháin gur rudaí deasa le breathnú orthu iad fáлта sceach agus go gcuireann siad foscadh agus príobháideacht ar fáil ach is conairí tábhachtacha fiadhúlra iad freisin.

- Déan iarracht gan teorainn chasta a chruthú ach cuir tús le faisean maith nua trí na leideanna thuas a úsáid nuair atá bealach isteach á chruthú agat ar do láithreán féin.
- Ná cuir fál gan substaint, blocbhallaí, ná fál déanta de chuailí agus sreang in áit teorann dúchasáí.

17.7.2 Inbhuanaitheacht

Is éard is forbairt inbhuanaithe ann na forbairt a shásaíonn riachtanais an lae inniu gan cur isteach ar chumas na nglún amach anseo a riachtanais féin a shásamh". (Tuarascáil an Choimisiúin Brundtland, 1987). Is é cuspóir an ailt seo ná daoine a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann le teicneolaíocht agus le dearadh inbhuanaithe. Má úsáidtear an t-eolas sin is féidir áras cónaithe a chruthú a bheidh ullmhaithe níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar an todhchaí.

Cén Fáth ar Cheart dul i Muinín na hInbhuanaitheachta?

- Thug Treoir an AE maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh isteach rátáil éigeantach fuinnimh i gcomhair tithe, agus an riachtanas go mbeadh lipéid Fuinnimh BER (Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh) ar fáil do gach teach. Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm agat, i gcomhar le do dhearthóir agus le do thógálaí, an rátáil fuinnimh is airde is féidir a bhaint amach. Ullmhóidh sé sin do theach don todhchaí, cinnteoidh sé go gcoinneoidh sé a luach agus sábhálfadh tú airgead ar bhreosla sa bhfadtéarma.
- Is foinsí glana fuinnimh iad foinsí in-athnuaite fuinnimh. Is féidir leas a bhaint astu gan dochar a dhéanamh don chomhshaol, murab ionann agus leas a bhaint as breoslaí iontaise a scaoileann dé-ocsaíd charbóin (gás ceaptha teasa) agus truailleáin dhochracha eile isteach san atmaisféar.
- Is acmhainní dúchasacha iad acmhainní fuinnimh in-athnuaite. Tá Éire ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte. Bímid ag allmhairiú thart ar 89% de na breoslaí anois atá riachtanach dúinn le haghaidh fuinnimh. Tá flúirse acmhainní fuinnimh in-athnuaite againn in Éirinn agus má bhainimid leas astu d'fhéadfadh muid ár spleáchas ar allmhairí a laghdú. Má dhéanaimid

an méid acmhainní in-athnuaite a úsáidimid a mhéadú, beimid in ann soláthar fuinnimh níos sábháilte agus níos cobhsaí a bheith againn sa bhfadtearma.¹⁷

Buntáistí na hInbhuanaitheachta

- Do bhillí fuinnimh a laghdú (spáráil ar chostais) agus do lorg carbóin a laghdú freisin
- Níos tíosaí ar fhuinneamh
- Níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol
- Sampla a thabhairt do do chomharsana
- Caighdeán maireachtála níos fearr

Treoirínte le haghaidh Inbhuanaitheachta

- Ceann de na príomhrudaí a chaithfear smaoineamh air nuair a bhíonn teach le tógáil ar shuíomh is ea cad é an áit fearr chun an tairbhe is mó a fháil ó theas is ó sholas na gréine.
- Bealach simplí amháin chun an méid fuinnimh a úsáideann tú a laghdú is ea tiús an inslithe a mhéadú sna ballaí, sna hurláir agus faoi na díonta.
- Má bhíonn achar gloinithe níos mó agat ar an taobh ó dheas agus achar níos lú ar an taobh ó thuaidh bainfidh tú leas as dearadh éighníomhach gréine.
- Úsáid ábhair nádúrtha atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Ba chóir iad a fháil sa cheantar áitiúil agus iad a bheith in-athchúrsáilte nuair is féidir.
- Tabhair aird ar an tírdhreach agus ar an bhfásra máguaird nuair a bhíonn an obair thógála ar siúl le cabhrú chun bithéagsúlacht an láithreán a choinneáil.
- Ar na príomhghnéithe a chaithfear a chur san áireamh ó thaobh na hInbhuanaitheachta de nuair a bheidh do theach á dhearadh is ea an cineál fuinneog a bheidh agat (.i. gloiniú dúbailte nó gloiniú triarach) agus an cineál aerála bheidh agat chun cáilíocht mhaith aeir a chinntiú (.i. aerú éighníomhach nó córas aerála aisghabhála teasa), na modhanna tógála agus na hábhair a úsáidfear, agus na leibhéil inslithe agus na foinsí teasa a bheidh agat.

¹⁷ Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Fuinneamh In-athnuaite a Thuiscint - Ceisteanna Coitianta

17.7.3 Coimre

Is í feidhm na coimre ná na smaointe agus na hábhair inní a d'fhéadfadh a bheith agat maidir leis an áras cónaithe agus an suíomh a leagan amach go soiléir. Ba cheart an choimre a bheith úsáideach, réalaíoch agus indéanta ó thaobh an bhuiséid atá ar fáil. Nuair a bheidh an choimre á hullmhú agat ba cheart duit na pointí seo a leanas a chur san áireamh:

Inoiriúnaitheacht:

Ba cheart an teach a bheith deartha le freastal ar riachtanais na n-áititheoirí. Féadfaidh na riachtanais sin athrú le himeacht ama agus mar sin beidh leibhéal inoiriúnaitheachta ag teastáil, mar shampla:

- Seomra il-úsáide thíos staighre a d'fheadfaí a úsáid mar sheomra leapa dá mba ghá é.
- Ba cheart deimhin a dhéanamh go mbeidh stóráil leordhóthanach ann. Is rud é sin a ndéantar dearmad air go minic ag an tús.

Costas

An féidir an foirgneamh a críochnú go hiomlán nó go mbeadh sé níos fearr an méid foriomlán a laghdú agus díriú ar bailchríocha? Cuir gach costas san áireamh nuair atá an choimre á cheapadh agat, mar shampla an chistin, soilsiú, troscán agus bailchríocha urlár.

Ceisteanna

- An bhfuil táillí agus ranníocaíochtaí pleanála san áireamh sa bhuiséad?
- An bhfuil suim airgid curtha ar leataobh agat le déileáil le teagmhais?
- Ar cuireadh na costais go léir san áireamh nuair a bhí cinneadh á dhéanamh faoi bhuiséad, mar shampla, costais cistine, soilsiú, troscán, bailchríocha urlár agus plandáil? (Ní bhíonn sin san áireamh de ghnáth sna costais tógála)
- Cad iad na costais teasa nó aerála?

Rochtain

Ba mhaith an chomhairle í nuair a bheidh coimre á hullmhú agat machnamh a dhéanamh go luath ar an mbealach isteach ar do láithreán. Cuimhnigh ar na trucaílí seachadta a bheidh ag iompar ábhar tógála, troscán agus ola nó gás.

- An bhfuil an gléasra cóireála suite in áit a mbeidh sé éasca é a rochtain agus a chothabháil?
- An mbeidh sé riachtanach crainn a ghearradh siar le go mbeidh feithiclí níos airde in ann dul isteach ar an láithreán? (Costas)
- An mbeidh an t-am agat aire a thabhairt do ghairdín mór, do chabhsa mór nó d'fhoirgneamh mór?
- Ag cur san áireamh na ceannteidil eile sa choimre, b'fhéidir go mbeidh ort leibhéal rochtana níos airde a bheith agat ná mar a éilítear i gCuid M de na Rialacháin Foirgníochta.

17.7.4 Meastóireacht Láithreáin

Is é an cuspóir atá le meastóireacht láithreáin ná saintréithe uathúla an láithreáin a aithint mar eolas don dearadh. Is minic a dhéantar meastóireacht láithreáin sula bhfostaítear dearthóir. Ba cheart go mbeadh an cliant in ann é sin a dhéanamh sula gcuirtear bailchríoch ar cheannach an láithreáin. D'fhéadfadh sé sin na costais a spáráil a bhaineann le dearthóir a fhostú.

Cá dTosóidh Mé?

- Faigh amach cá bhfuil an taobh ó thuaidh: tabhair compás leat.
- Faigh amach an féidir na hamharclínte riachtanacha a bhaint amach ar an mbealach molta isteach ar an suíomh.
- An mbeidh a lán oibreacha talún ag teastáil m.sh. déileáil le carraig nó le talamh fhliuch.

An Comhshaol

- Solas nádúrtha - úsáid solas na gréine chun an teaghais a líonadh le solas nádúrtha. Tá sé sin saor in aisce.
- Faigh amach cá as a shéideann na gnáthghaotha agus suí an teaghais sa chaoi go laghdófar an méid gaoithe dá mbeidh sí nochta.

- Faigh amach cá bhfuil na seirbhísí lasnairde is cóngaraí.

Tírdhreach

- Féach cad iad na deiseanna fosctha atá ann: cruthaigh gaistí gréine, cuir botháin in áiteanna chun spásanna a shainiú agus foscadh a chur ar fáil, bain tairbhe as scáth na gcrann mór, ach déan deimhin de go bhfuil siad sábháilte.
- Tabhair aird ar thírdhreacha, crainn, díoga nó fála atá ann cheana féin.
- Braithfidh dearadh an bhonnra ar an gcineál ithreach atá ann.
- Bain leas as leibhéil éagsúla agus fánaí, mar shampla, chun uisce báistí a bhailiú.
- Cruthaigh radhairc ar ghnéithe nádúrtha nó tógtha sa timpeallacht.

17.7.5 Dearadh Sceitse

Déantar iniúchadh sa chuid seo ar na téarmaí sin, scála agus foirm, agus tugtar comhairle faoi conas is féidir iad a bhaint amach trí dhearadh oiriúnach. Déan deimhin de go bhfuil méid an tí ag teacht lena bhfuil timpeall air agus tríd is tríd gurb é atá sa teach ná foirmeacha simplí cónasctha le chéile. Féadfaidh foirmeacha dána níos nua-aimseartha urraim mhór a léiriú don tírdhreach má chruthaítear go maith iad.

Scála agus Foirm

- Ní mór do dhearthóirí agus dá gcliaint tuiscint a bheith acu ar 'scála' a bheadh oiriúnach don fhoirgnimh atá uathu. Dá mhéid an teaghais is ea is mó an tionchar atá aici ar an gceantar máguaird.
- Is féidir fadhbanna maidir le scála a bheith ann má thógtar teach mórscála in aice le teach beag cónaithe. D'fhéadfadh sé tarlú dá bharr sin go mbeadh aghaidh an tí mhóir anuas ar an teach beag agus go sárófaí príobháideacht. Ní mór duit a thuiscint an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag do theachsa ar do chomharsana.
- Bíodh sé d'aidhm agat an fhoirm ceart a chruthú agus aon struchtúr toirtiúla mór amháin a sheachaint. Déan é a bhriseadh ina fhoirmeacha simplí agus ina eilimintí níos lú.

- Fan glan amach ó phleananna doimhne nó leathana. Baineann tithe a bhfuil pleananna cúnga acu leas níos fear de ghnáth as solas na gréine agus solas an lae.
- Féach an chaoi a raibh clóis thraidisiúnta feirme ina n-áiteanna foscúla.
- Féadfaidh foirmeacha dána níos nua-aimseartha urraim mhór a léiriú don tírdhreach má chruthaítear go maith iad.

Dearadh

Is é an teachtaireacht bhunúsach ó thaobh dearaidh de ná go gcaithfidh an teach a bheith oiriúnach don cheantar tuaithe ina bhfuil sé.

- Is í an chéad chéim chun dearadh ceart a bheith agat ná leas a bhaint as na treoirlínte sa Meastóireacht Láithreáin (Alt 17.7.4) chun an láithreán ceart agus áit cheart san láithreán a roghnú chun leas a bhaint as saintréithe uathúla a bhaineann leis.
- Ní mór scála agus foirm oiriúnach a bheith sa dearadh freisin chun go n-oirfidh sé dá shuíomh faoin tuath.
- Seachain dearadh uirbeach agus fo-uirbeacha; is féidir dearaí den sórt sin a bheith casta agus atriallach.
- Is féidir le dearthóir oilte cabhrú leat foirmeacha níos traidisiúnta a úsáid chun dearadh nua-aimseartha, comhaimseartha a chruthú.
- Bain úsáid as ábhair atá ar fáil sa cheantar áitiúil nuair is féidir.
- D'fhéadfadh dearadh traidisiúnta nó léirmhíniú nua-aimseartha ar an dearadh sin nó fiú dearadh nua-aimseartha nó comhaimseartha níos dána a beith oiriúnach do chomhthéacs tuaithe ach é a chur gcrích ar bhealach oiriúnach.
- Seachain dearadh a chruthú ag baint úsáide as sraith stíleanna éagsúla. Is fearr níos lú ná níos mó agus deir an seanfhocal go mbíonn blas ar an mbeagán.

Nascadh leis an Tírdhreach

- Fág fáлта sceach agus díoga atá ann slán an oiread agus is féidir.
- Bain úsáid as comhrianta an láithreáin bunaidh chun dealramh níos boige a chur ar shuíomh an tí agus dlúthchuid den tírdhreach mórthimpeall a dhéanamh de.

- Chun barr feabhais a chur ar nasc an tí leis an tírdhreach lig don ghairdín síneadh suas chomh fada leis an teach in áiteanna.

Ábhair, Bailchríocha agus Dathanna

Nuair a bhíonn ábhair agus bailchríocha á n-iniúchadh agat, seachain cinn atá ró-ilchasta agus agus roghnaigh ábhair a chomhlánaíonn a chéile.

- Bíonn ábhair seachtracha níos fearr nuair a bhíonn siad simplí. Bain úsáid as líon beag bailchríocha ardchaighdeáin.
- Smaoinigh ar sceimhleacha comhréidhe a úsáid. Is féidir leo dealramh briosc nua-aimseartha a chur ar do theach.
- Bain úsáid as earraí báistí simplí cruinne dubha nó cinn déanta de chopar, d'alúmanam nó d'iarann teilgthe nuair is cuí. Seachain earraí báistí déanta de uPVC. Ní mór machnamh a dhéanamh ar leagan amach na fánphíobán agus an tionchar a bheadh acu ar dhealramh na n-ingearchlónna.
- Seachain fuinneoga uPVC ach bíodh fuinneoga agat déanta d'adhmaid ardchaighdeáin inbhuanaithe. Má thugtar cúram ceart dóibh féadfaidh siad a dhá uaire níos faide a thabhairt ná fuinneoga uPVC.
- Má bhaintear leas as fuinneoga de dhath níos éadroime beidh dealramh níos comhaimseartha orthu.
- Bain úsáid as leaca doimhne chun na fuinneoga a léiriú níos fearr.
- Ba cheart go mbeadh dathanna boga éadroma de ghnáth ar phríomhbhallaí an tí.
- Ba cheart dóibh codarsnacht chomhchuí a chruthú idir an díon, na doirse agus na fuinneoga. Seachain dathanna mínádúrtha.

Bithéagsúlacht sa Ghairdín

Is féidir garraíodóireacht fiadhúlra nó garraíodóireachta um chaomhnú agus um bithéagsúlacht a dhéanamh trí leas a bhaint as cleachtais mhalartacha shimplí gharraíodóireachta.

- Seachain leas a bhaint as fáлта nach bhfuil iontu ach speiceas amháin mar leylandii.
- Cuir crainn dhúchasacha ina ngrúpaí ina mbeidh dhá chrann nó trí seachas crainn ornáideacha iasachta a chur.

- Ba cheart fiailí a stoitheadh de láimh nó leas a bhaint as plaisteach dubh seachas fiailnimh a úsáid.
- Bíodh limistéar i do ghairdín le haghaidh bláthanna fiáine chun speicis nua a mhealladh, go háirithe féileacáin.
- Má chuireann tú bia amach do na héin ar bord éan nó má ghreamaíonn tú boscaí ialtóg ar chrainn atá ann cheana féin féadfaidh tú cabhrú le cur leis an bhfiadhúlra i do ghairdín.
- Má choinníonn tú carn beag lomán nó craobhóga i gcúinne amháin de do ghairdín cuirfidh tú láithreán oiriúnach ar fáil d'ainmhithe mar ghráinneoga, feithidí agus amfaibiaigh chun codladh an gheimhridh a dhéanamh ann.
- Bain triail as fásra d'airde éagsúla a bheith agat le go mbeidh an réimse gnáthóg is mó is féidir i do ghairdín.

Caibidil 18 Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha

18.1 Réamhrá

Tá spriocanna leagtha síos sa Phlean a bheidh mar threoir d'fhorbairt fhisiceach an chontae le linn saolré an Phlean. Is é an ról na bainistíochta forbartha ná na spriocanna sin a chur i bhfeidhm. Leagtar amach sa chaibidil seo na caighdeáin ar cheart d'iarratasóirí a aird a thabhairt orthu nuair atá iarratas pleanála á dhéanamh acu. Ba cheart na caighdeáin seo a léamh in éineacht leis na caibidlí ábhartha eile den Phlean agus ba cheart aird a thabhairt freisin ar na treoirlínte a eisíodh faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú). Ní chlúdaíonn na caighdeáin bhainistíochta forbartha seo gach uile ábhar agus níor cheart glacadh leis má cloítear leis na caighdeáin agus na critéir go mbeidh an t-iarratasóir i dteideal cead pleanála a fháil go huathoibríoch.

18.2 Réamhphleanáil

I gcomhréir le riachtanais Alt 247 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) cuireann an Chomhairle seirbhís chomhairliúcháin réamhphleanála ar fáil a thugann deis d'iarratasóirí dul i mbun cainteanna leis an gComhairle sula gcuireann siad iarratas pleanála isteach. Spreagtar iarratasóirí leas a bhaint as an tseirbhís seo go háirithe i gcás tograí forbartha atá níos mó nó níos casta. Tá an tseirbhís agus an chomhairle a thugtar faoi réir coinníollacha Alt 247 ina luaitear nach dhéanfaidh na comhairliúcháin sin dochar don Chomhairle agus í ag comhlíonadh aon cheann dá feidhmeanna eile faoin Acht sin, ná faoi aon rialacháin arna ndéanamh faoin Acht sin, agus ní féidir brath orthu sa phróiseas foirmiúil pleanála ná in imeachtaí dlí.

Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis seo a leanas in éineacht le gach iarratas réamhphleanála:

- Ainm, seoladh agus sonraí teagmhála an iarratasóra.
- Leas an iarratasóra sa talamh. I gcás nach é an t-iarratasóir úinéir an láithreáin, beidh ar an iarratasóir litir toilithe a sheoladh isteach ó úinéir na talún ag toiliú go mbeidh an talamh atá is gceist faoi réir plé réamhphleanála.

- Dhá léarscáil ar scála 1: 10,560 agus 1: 2500 ina n-aithneofar i ndath dearg suíomh an láithreáin atá i gceist, agus tailte eile atá i seilbh an iarratasóra más ábhartha.
- Mionsonraí faoi nádúr na forbartha atá beartaithe.
- Sonraí faoi aon stair pleanála nó forfheidhmiú pleanála a bhaineann leis an láithreán.

18.3 Ranníocaíochtaí agus Bannaí Forbartha

I gcomhréir le forálacha Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) féadfaidh Comhairle nuair a bheidh cead a dheonú aici d'fhorbairt coinníollacha a chur leis ag cur de cheangal go n-íocfar ranníocaíocht i leith bonneagair agus áiseanna a a rachadh chun tairbhe na forbartha i réimse na Comhairle atá á gcur ar fáil nó go bhfuil sé beartaithe a chur ar fáil ag, nó thar ceann, an Údaráis Áitiúil. Leagtar amach na sonraí agus an bunús maidir leis na ranníocaíochtaí a chinntear i Scéim do Ranníocaíocht Forbartha a ullmhaítear i gcomhréir le forálacha Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú). Tabharfaidh an Chomhairle aird ar Ranníocaíochtaí Forbartha -Treoirínte d'Údaráis Phleanála (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2012) agus ar aon leagan nuashonraithe de na treoirínte sin nuair a bheidh Scéimeanna i leith Ranníocaíochtaí Forbartha a n-ullmhú.

Ag brath ar nádúr na forbartha, féadfaidh an Chomhairle a éileamh, mar choinníoll leis an gcead pleanála, go lóisteálfar urrúis airgeadais lena chinntiú go gcuirfear an fhorbairt ceadaithe i gcrích go sásúil. Is í an Chomhairle a chinnefidh méid an urrúis. Coinneoidh an Chomhairle an t-urrús go dtí go mbeidh na hoibreacha ar fad curtha i gcrích go sásúil de réir caighdeán dian na Comhairle, nó go mbeidh an fhorbairt tógtha faoina cúram ag an gComhairle.

18.4 Measúnú Oiriúnach

Déanfaidh an Chomhairle deimhin de go mbeidh aon phlean nó tionscadal agus aon oibreacha a ghabhann leo, ina n-aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, faoi réir Tástáil i leith Measúnacht Oiriúnachta lena chinntiú nach mbeadh aon éifeachtaí suntasacha dóchúla acu ar shláine (arna sainiú ag struchtúr agus ag

feidhm) aon suímh nó suíomhanna Natura 2000 agus gur comhlíonadh ceanglais Airteagal 6(3) agus 6(4) de Threoir um Ghnáthóga an AE go hiomlán.

Más dóchúil go mbeadh tionchar suntasach ag an bplean nó ag an tionscadal sin ar láithreán Natura 2000 beidh sé faoi réir Measúnachta Cuí. Ní cheadófar don phlean ná don tionscadal dul ar aghaidh ach amháin nuair a bheidh sé faighte amach nach mbeidh drochthionchar aige ar shláine an tsuímh nó in éagmais réiteach eile a bheith ar fáil, go meastar go bhfuil an plan nó an tionscadal bunriachtanach ar mhaithe le leas sáraitheach an phobail, agus é sin go léir i gcomhréir le forálacha airteagal 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE.

18.5 Measúnú Tionchair Timpeallachta

Éileoidh an Chomhairle go gcuirfear Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) i gcrích le haghaidh forbairt bheartaithe atá liostaithe i Sceideal 5 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) nó forbairtí eile a mheasann sé gur dócha go mbeadh éifeachtaí suntasacha acu ar an gcomhshaoil. Déanfar an cinneadh faoi cibé an dócha go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag forbairt ar an gcomhshaoil i gcomhréir leis na critéir atá leagtha amach i Sceideal 7 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú).

I gcás ina n-éileofar go gcuirfear MTT i gcrích éileoidh an Chomhairle go seolfar Ráiteas Tionchair Timpeallachta isteach mar chuid den iarratas pleanála. Féadfaidh an t-iarratasóir a iarraidh ar an gComhairle ábhartha tuairim a thabhairt i scríbhinn faoin bhfaisnéis a bheidh san Ráiteas Tionchair Timpeallachta. Beidh aird ag an gComhairle ar na Dréacht-Threoirínte d'Údaráis Pleanála agus don Bord Pleanála faoi Mheasúnú Tionchair Timpeallachta a dhéanamh (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, (RCORÁ) 2012) agus ar aon leagan nuashonraithe de na Treoirínte nuair a dhéanfar measúnú ar chásanna ábhartha.

18.6 Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte

Tabharfaidh an Chomhairle aird ar An Córas Pleanála agus Rioscaí Tuilte a Bhainistiú -Treoirínte d'Údaráis Áitiúla (RCORÁ agus Oifig na nOibreacha Poiblí 2009) nuair a bheidh Pleananna Forbartha Baile agus Pleananna Limistéir Áitiúil á n-

ullmhú agus iarratais phleanála á meas. Ar na ceanglais thábhachtacha maidir le bainistiú forbartha i gceantair atá i mbaol tuilte tá:

- Beidh Measúnuithe Riosca Tuilte ar leith a bheidh mionsonraithe go cuí riachtanach do gach togra forbartha laistigh de limistéir, nó i limistéir a chorpraíonn ceantair, ina bhfuil baol measartha nó baol ard tuilte ag baint leo.
- I gcás gach togra forbartha laistigh de limistéir, nó i limistéir a chorpraíonn ceantair, ina bhfuil baol measartha nó baol ard tuilte ag baint leo beidh sé riachtanach an Tástáil Fírinne um Bainistíocht Forbartha a cur i bhfeidhm i gcomhréir leis an An Córas Pleanála agus Rioscaí Tuilte a Bhainistiú - Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla (RCORÁ agus Oifig na nOibreacha Poiblí 2009).
- I gcás aon togra atá inghlactha i bprionsabal léireofar úsáid an chur chuige seicheamhach chun faisnéis a sholáthar i gcomhair leagan amach an tsuímh agus dearadh na forbartha. Léireofar sna tograí freisin gur féidir bearta maolaithe agus bhainistithe a chur i bhfeidhm agus nach méadóidh an fhorbairt an riosca tuilte in áiteanna eile.

18.7 Scéim Draenála Inbhuanaithe (SuDS)

Éileoidh an Chomhairle go mbainfear leas as Córais Inbhuanaithe Draenála i ndearadh forbairtí nua sa Chontae. Má bhainfear leas as Scéim Draenála Inbhuanaithe bainistíofar go cúramach an t-uisce a scaoiltear le rith chun srutha, cuirfear feabhas ar chaighdeán an uisce dromchla a rithfidh chun srutha agus déanfar iarracht nach mbeidh ach an baol is lú ann go bhfaighfear uisce truailithe. Ba cheart go ndearfar gach forbairt nua lena chinntiú:

- Go mbeidh an t-uisce dromchla a bhaileofar scartha ó uisce bréan;
- Go mbaileofar uisce dromchla go cuí ar an láithreán lena chosc ó shilleadh amach ar an mbóthar poiblí, isteach i réadmhaoin tadhlach nó isteach sa ghléasra poiblí um chóireáil séarachais nó uisce bhréin séarachais;
- Bealach oiriúnach chun uisce dromchla a dhiúscairt ar an láthair is ea leas a bhaint as sloic súite má oireann an méid uisce a ghintear don chóras sin. I gcás forbairtí ar scála níos mó, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach a léiriú trí thástálacha ithreach agus fo-ithreach go bhfuil sé d'acmhainn ag an suíomh an t-uisce dromchla a ghinfear a ionsú;

- I gcás nach bhfuil sé indéanta an t-uisce dromchla a dhiúscairt ar an láthair agus go gcaithfear é a urscaoileadh agus go bhfuil an córas deartha i gcomhréir le bearta Inbhuanaithe Draenála Uirbeacha (SuDS) agus go háirithe, go bhfuil an rith chun srutha maolaithe chomh mór go bhfuil sé ar aon dul le dálaí láithreáin úrnua;
- Seolfar aon sceitheadh go cúrsaí uisce trí scagairí nó trí idircheapóirí a mbeidh toirt leordhóthanach iontu le haghaidh solad ar fuaidreamh agus peitreal nó olaí sula scaoiltear amach iad.

18.8 Inrochtaineacht

Éileoidh an Chomhairle go mbeidh bearta chun inrochtaineachta chinntiú san áireamh i ndearadh foirgneamh agus leagan amach forbairtí. Ní mór riachtanais rochtana tuismitheoirí agus cúramóirí, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus daoine eile a d'fhéadfadh a bheith lagaithe go sealadach a bheith san áireamh i ndearadh foirgneamh, spásanna poiblí, carrchlóis, cosáin agus áiseanna agus seirbhísí ginearálta. Spreagfar daoine chun dearadh uilíoch a úsáid i ngach forbairt nua.

Ní mór d'fhorbróirí aird a thabhairt ar na critéir seo a leanas nó iad a chomhlíonadh (de réir mar is cuí) nuair atá tograí forbartha á n-ullmhú acu:

- Cuid M de na Rialacháin Foirgníochta agus an ceanglas maidir le Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Foirgnimh do Chách: Cur Chuige maidir le Dearadh Uilíoch (an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, 2012)
- Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus an doiciméad a théann leis Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach (an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, 2008).

I gcás iarratas ar fhorbairtí suntasacha ba cheart Ráiteas Rochtana a bheidh curtha i gcrích i gcomhréir le hAguisín 6 de Foirgnimh do Chách a sheoladh isteach in éineacht leo: Cur Chuige maidir le Dearadh Uilíoch (an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, 2012).

18.9 Áiseanna Pobail

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le réimse éagsúil áiseanna pobail lena áirithiú go bhforbrófar pobail áitiúla inbhuanaithe.

18.9.1 Scoileanna

I gcomhréir le Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha (RCORÁ, 2008), agus Soláthar Scoileanna agus an Córas Pleanála (RCORÁ agus ROE, 2008) ní mór measúnú a dhéanamh ar acmhainn na scoileanna atá ann cheana féin a sheoladh isteach in éineacht le gach iarratas ar fhorbairt shuntasach chónaitheach. Ní mór sonraí a sholáthar faoi scuainí sábháilte agus áiseanna chun leanaí a fhágáil agus a bhailiú, áiseanna páirceála rothar agus áiseanna áineasa, de réir mar is cuí, i gcás iarratas ar bhunscoileanna agus meánscoileanna nua agus iarratas chun síntí a chur leo.

18.9.2 Limistéir Shúgartha

Éileoidh an Chomhairle go gcuirfear áiteanna súgartha ar fáil a bheidh deartha agus tírdhreachaithe go hoiriúnach i ngach forbairt tithíochta nua a mbeidh níos mó ná 75 áras cónaithe iontu. Ar na háiseanna súgartha áirítear clóis súgartha, cúirteanna cispheile, cúirteanna leadóige, ballaí iománaíochta nó saoráidí eile a mheasann an Chomhairle a bheidh oiriúnach. Is féidir an caighdeán sin a mhodhnú in aon chás faoi leith má bhíonn cúiseanna maithe ann lena dhéanamh. I measc na gcritéar a bhféadfar a chur san áireamh tá dáileadh geografach reatha na saoráidí súgartha agus an phróifíl dhéimeagrafach atá ag teacht chun cinn sa cheantar.

Ba cheart limistéir súgartha a thógáil in áiteanna a mbeidh siad le feiceáil ó árais chónaithe ach féachaint chuige nach gcruthódh siad núis go míréasúnta d'áitritheoirí. Ba cheart go mbeadh áiseanna den sórt sin cuimsitheach agus inrochtana ag gach leanbh.

18.9.3 Áiseanna Cúram Leanaí

Déanfaidh an Chomhairle soláthar áiseanna cúraim leanaí a chur chun cinn laistigh d'áiteanna nua oibre nó i gcinn atá ann cheana féin, i limistéir chónaithe, i mbunaíochtaí oideachais, i lárionaid bailte agus in aice le nóid iompair phoiblí.

Éileofar go gcuirfear áiseanna cúraim leanaí ar fáil i bhforbairtí cónaithe nua i gcomhréir le hÁiseanna Cúraim Leanaí: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2001) agus Is Maith linn an Áit Seo: Treoirlínte maidir le Dea-Chleachtas i nDearadh Saoráidí Cúraim Leanaí (2005). Is é an caighdeán táscach ná go mbeadh áis chúraim leanaí amháin, ina ndéanfar freastal ar 20 leanbh, in aghaidh thart ar 75 áras cónaithe. Is féidir an caighdeán sin a mhodhnú in aon chás faoi leith má bhíonn cúiseanna maithe ann lena dhéanamh. I measc na gcritéar a bhféadfar a chur san áireamh i measúnacht den sórt tá dáileadh geografach na saoráidí cúraim leanaí ag an am agus an phróifíl dhéimeagrafach atá ag teacht chun cinn sa cheantair.

I gcásanna in bhfuil sé beartaithe áiseanna cúraim leanaí a chur ar fáil i limistéir chónaithe déanfar na hiarratais sin a mheas ag féachaint don éifeacht is dócha a bheadh acu ar thaitneamhachtaí na sealúchas cónaithe taobh leo, áit súgartha a bheith ar fáil amuigh faoin aer, na deiseanna páirceála eas-sráide a bheadh ar fáil, agus/nó áiteanna oiriúnacha ag a bhféadfaí leanaí a fhágáil nó a bhailiú uathu. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach i roinnt cásanna é a chur de cheangal go gcoinneofaí méid áirithe spás cónaithe san áitreabh.

Déanfar iarratais ar áiseanna cúraim leanaí nua a mheas de réir Áiseanna Cúraim Leanaí: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2001) agus beidh aird ag an gComhairle ar na critéir seo a leanas:

- Oiriúnacht an tsuímh do chineál agus do mhéid na saoráide atá beartaithe.
- Go bhfuil limistéir súgartha faoin aer ar fáil mar aon le sonraí faoi bhainistíocht na limistéar céanna
- Nóid iompair phoiblí a bheith cóngarach dóibh
- Rochtain shábháilte agus páirceáil áisiúil a bheith ar fáil do chustaiméirí agus don fhoireann
- Na dálaí tráchta áitiúla
- Líon na n-áiseanna den sórt sin atá sa cheantar
- Na huaireanta oscailte atá beartaithe

Ba cheart an méid seo a leanas a aithint in iarratais ar áiseanna cúraim leanaí:

- An cineál saoráide atá i gceist (áis cúram lae iomláin, áis sheisiúnach, áis buail isteach agus / nó áis chúraim i ndiaidh scoile)
- Líon na bpáistí a bhfuil freastal á dhéanamh orthu
- Soláthar páirceála do chustaiméirí agus don fhoireann araon
- Uaireanta molta oibre
- Soláthar spáis oscailte agus sonraí faoi bhainistiú an spáis chéanna

18.9.4 Tithe Altranais agus Tithe Cúram Cónaithe

Ba cheart tithe altranais agus tithe cúraim chónaithe a chomhtháthú nuair is féidir i limistéir chónaithe na mbailte agus na sráidbhailte. Beidh aird ag an gComhairle ar an méid seo a leanas nuair a bheidh iarratais ar na forbairtí sin á mbreithniú:

- Na háiseanna sóisialta atá ann faoi láthair agus an t-éileamh atá sa cheantar. I suíomhanna ina bhfuil grúpaí úsáideoirí áirithe, ba cheart go mbeadh measúnú ar an tionchar a bheadh ar sheirbhísí áitiúla san áireamh sna hiarratais.
- An tionchar a bheadh ar charachtar fisiceach an cheantair, mar shampla ar leibhéal pháirceála gluaisteán agus ar spás príobháideach taitneamhachta.
- An torann agus an chorrail a bheadh ann de thoradh tráchta bhreise.
- Caighdeán na cóiríochta agus na n-áiseanna a bheadh le cur ar fáil. I bhforbairt mór nó i bhforbairtí nach bhfuil suite in aice le saoráidí áitiúla beidh sé riachtanach séipéil nó seomraí guí agus siopaí a chur ar fáil.

18.9.5 Ionaid Leighis/Lialanna/Ionaid Sláinte

I gcás ionad comharsanachta agus limistéar faoi fhoirgnimh breathnófar go fabhrach ar ionaid leighis nó lialanna agus ar ionaid sláinte áitiúla a mbeifí in ann iad a rochtain go héasca agus a d'fhreastalódh ar riachtanais úsáideoirí seirbhíse áitiúla ar choinníoll nach mbeadh drochthionchar acu ar thaitneamhacht na n-áitreabh cónaithe agus go mbeadh páirceáil go leor le fáil. Spreagfar cleachtais dochtúirí teaghlaigh agus ionaid ilfhreastail le haghaidh chúraim phríomhúil mhíochaine a chur ar fáil ag suíomhanna a mbeidh an phobail i gcoitinne in ann iad a rochtain go héasca. Ní dhéanfar iarratais ar athrú úsáide ó úsáid chónaitheach go lialanna nó go háiseanna cúraim sláinte a mheas ach amháin más féidir príobháideacht agus taitneamhacht na n-áititheoirí in aice láimhe a chaomhnú agus mura mbeadh

drochthionchar ag an togra ar an taitneamhacht áitiúil trí mhéadú tráchta, páirceála nó torainn.

18.9.6 Áiseanna eile Pobail

Déanfar iarratais phleanála ar shaoráidí pobail mar fhaichí spóirt, páirceanna imeartha agus hallaí nó ionaid phobail a mheas ar bhunús:

- An gá atá leis an bhforbairt agus an ról a bheadh aige i bhforbairt áiseanna áitiúla.
- Oiriúnacht an láithreáin ó thaobh suímh, tráchta, inrochtaineachta agus an tionchair a bheadh ar thaitneamhacht na reádmhaoine sa chomharsanacht.
- An chaoi a bhféadfadh grúpaí nó baill eile den phobal leas a bhaint astu.

18.9.7 Tuilsoilsiú Áiseanna Spóirt agus Caitheamh Aimsire

Déanfaidh an Comhairle iarratais ar tuilsoilsiú seachtrach a chur ar fáil a mheas go cúramach d'fhonn an dúlra, taitneamhacht chónaithe, agus sábháilteacht tráchta a chosaint. Beidh feistis lánchumhdaithe ar na tuilsoilsiú agus cochaill orthu lena chinntiú nach mbeidh ach na leibhéil is ísle ann ó thaobh solais aníos. Beidh siad seo a leanas san áireamh le hiarratais phleanála:

- Sonraí faoi leibhéil lonrais (leibhéil lux) idir chothrománach agus ingearach na soilse.
- Na huaireanta úsáide atá beartaithe.

18.10 Forbairt Cónaithe i mBailte agus Sráidbhailte

Tabharfaidh an Chomhairle spreagadh d'fhorbairt chónaithe a bheidh ar ardchaighdeán ó thaobh an árais chónaithe féin, na háite ina mbeidh sé suite agus a chomhthéacs agus déanfaidh sí éascú orthu. Tabharfaidh an Chomhairle aird ar an méid seo a leanas i soláthar comhairle faoi thograí forbartha cónaithe agus nuair a bheidh measúnú á dhéanamh orthu:

- Ag Soláthar Tithe agus ag Cothú Pobal: Ráiteas ar Bheartas Tithíochta (RCORÁ, 2007)
- Tithíocht Ardchaighdeán do Phobail Inbhuanaithe: Treoir Dea-Chleachtais maidir le Soláthar Tithe agus Cothú Pobal: (RCORÁ, 2007)

- Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeán Dearthóireachta d'Árasáin Nua. Treoirlínte d'Údaráis Pleanála (RCORÁ, 2007)
- Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i Limistéir Uirbeacha (Cathracha, Bailte agus Sráidbhailte) Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (RCORÁ, 2009)
- Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach. Treoir maidir le dea-chleachtas agus doiciméad a théann le Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha (RCORÁ, 2009)

Tabharfaidh an Chomhairle spreagadh do sholáthar forbairtí cónaithe atá dea-dheartha, oiriúnach dá a suíomh agus dá gcomhthéacsanna agus a chruthóidh pobail inbhuanaithe fadtéarmacha. Éileoidh an Chomhairle go dtabharfar aghaidh ar an méid seo a leanas i gcás tograí le haghaidh forbairtí cónaitheacha:

18.10.1 An Suíomh

- Ba cheart go soláthródh an comhthéacs an fhaisnéis atá riachtanach chun forbairt a dhearadh ach ní gá go ndéanfadh forbairt aithris ar an gcomhthéacs. Déanfar éascú ar dhearaí agus ar bhailchríocha comhaimseartha chomh fada is nach mbeidh siad an-míréireach sa chomhthéacs ina mbeidh siad.
- Ba cheart forbairtí a dhearadh sa chaoi go mbainfear an leas is fearr is féidir as na radhairc atá ón láithreán ar shainchomharthaí nádúrtha nó tógtha.
- Ba cheart forbairtí a dhearadh chun foirm thógtha tharraingteach shainiúil a chruthú. Déanfar forbairtí cónaithe móra a roinnt de ghnáth ina ngrúpaí beaga ó thaobh feidhme agus amhairc de ina mbeidh 20 teach nó níos lú. Ba cheart scála, suíomh agus dearadh na bhfoirgneamh cur leis an sráid-dreach agus le carachtar agus féiniúlacht na comharsanachta.
- Ba cheart gach gné den fhorbairt a bheith ar ardchaighdeán, lena n-áirítear spás oscailte poiblí, cóireáil teorann agus tírdhreachú, agus ba cheart dóibh cur leis an sráid-dreach agus le carachtar agus féiniúlacht na comharsanachta.
- Ba cheart forbairtí a dhearadh chun nach mbeadh drochthionchair shuntasacha acu ar thaitneamhacht na réadmhaoine in aice láimhe, ar thaitneamhachtaí an cheantair ná ar an chaoi a n-úsáidtear iad.

- Ba cheart forbairt a dhearadh chun foirgnimh ar díol spéise staire nó ailtireachta iad agus na suíomhanna ina bhfuil siad suite a choinneáil agus a chosaint chomh maith le láithreáin atá sainithe ó thaobh chaomhnú an dúlra. Tabharfar aird sna dearaí forbartha ar thorthaí agus ar mholtaí imscrúduithe seandálaíochta.

18.10.2 Rochtain agus Iompar

- Ba cheart forbairtí a lonnú agus a dhearadh chun rochtain éasca a sholáthar ar áiseanna atá ann cheana féin nó atá beartaithe mar shiopaí, scoileanna agus áiseanna sláinte go háirithe i gcás coisithe, rothaithe agus lucht úsáidte iompair phoiblí. Ba cheart naisc a mholadh a bheidh tarraingteach, sábháilte agus díreach.
- Nuair a bhíonn sráid chónaithe a dearadh ba cheart aird á thabhairt ar réimse iomlán na bhfeidhmeanna a bheidh aici agus ní ar a cumas mar bhealach gluaiseachta amháin.
- Ba cheart forbairtí a dhearadh chun páirceáil shábháilte, áisiúil a éascú, ach gan dochar a dhéanamh do cháilíocht fhoriomlán an deartha nó guaiseacha sábháilteachta poiblí a chruthú de bharr luais mhíchuí nó páirceáil gan aird ar dhaoine eile.
- Ba cheart forbairt a leagan amach sa chaoi go mbeidh sé éasca í a thuiscint agus gluaiseacht tríthi agus go mbeadh naisc aici leis na sráideanna atá ann cheana féin agus ba cheart éascú a dhéanamh ar naisc a beidh ann sa todhchaí le talamh in aice láimhe bíodh is go bhféadfadh sí sin a bheith neamhfhorbartha fós. Ní cheadófar an iomarca bealaí caocha a chruthú i bhforbairt mar nach mbeadh sé éasca í a thuiscint ná gluaiseacht tríthi.
- Ní cheadófar forbairtí cónaitheacha a mbeidh geataí orthu. B'fhéidir go gceadófar bearta slándála i gcomhair cúirteanna páirceála ach iad a bheidh deartha go cuí.
- Éileofar go gcuirfear cosáin nua nó cosáin fheabhsaithe mar aon le soilsiú sráide ar fáil chun an suíomh a nascadh le háiseanna in aice láimhe, go háirithe sna sráidbhailte agus sna lonnaíochtaí níos lú ina dtarlaíonn sé go minic go mbíonn naisc faoi bhun an chaighdeáin iontu do choisithe. Is féidir glacadh le ranníocaíochtaí airgeadais i dtaca leis seo.

18.10.3 Dlús

D'fhonn an dlús cuí a bhaint amach d'fhorbairt chónaithe beidh aird ag an gComhairle ar:

- An suíomh, saintréithe agus comhthéacs an láithreáin
- An caighdeán foriomlán dearaidh na forbartha beartaithe
- An gá atá le uileghabhálacht agus go mbeadh tithíocht de chineálacha agus de mhéideanna éagsúla ar fáil laistigh de gach chomharsanacht
- An gá go mbeadh an toradh is fearr ar infheistíocht i mbonneagar poiblí agus go bhfeidhmeodh bonneagar príobháideach go sásúil nuair a bhíonn sé sin riachtanach
- An gá atá le mais chriticiúil a chruthú do ghnólachtaí agus do sheirbhísí áitiúla agus don iompar poiblí
- An gá atá le spleáchas ar an gcarr príobháideach do gach turas a laghdú
- An chaoi a gcomhlíontar pleananna, treoir bhreise nó doiciméid shonracha teorach a bhaineann le láithreán faoi leith is atá curtha ar fáil ag an gComhairle féin nó a cuireadh ar fáil i gcomhar leis an gComhairle.
- Treoir an Rialtais

18.10.4 Spás Oscailte Poiblí

Is iomaí feidhm atá ag spásanna oscailte poiblí laistigh d'fhorbairtí cónaithe lena n-áirítear:

- Spás a chur ar fáil d'áitritheoirí le bheith i dteagmháil lena chéile, cleachtadh a fháil, bheith ag súgradh nó scíth a ligean
- Cur le tarraingteacht na forbartha ó thaobh amhairc de agus caol-léargais ar shainchomharthaí tógtha nó nádúrtha a choinneáil.
- Gnáthóga a sholáthar don fhlóra agus don fhána
- Cur le braistint féiniúlachta agus spiorad pobail
- Tacú le réitigh Dhraenála Inbhuanaithe

Ba cheart go mbeadh spás oscailte poiblí sainithe go soiléir agus a bheith ar ardchaighdeán ó thaobh dearaidh agus bailchríocha de agus go bhféadfaí é á chothabháil go héasca, go mbeadh sé éasca dul chuige ó gach cuid den fhorbairt, agus éasca leas a bhaint as, lena n-áirítear ag daoine faoi mhíchumas. Ba cheart go

mbeadh soilsiú maith ann agus faireachas nádúrtha air agus go mbeadh sé taitneamhach é a úsáid nó dul ag siúl nó ag rothaíocht timpeall air ó cheann ceann na bliana.

I gcás gach iarratas ar fhorbairt chónaitheach ní mór faisnéis maidir le spás oscailte poiblí a sheoladh isteach leis ina ndéanfar cur síos ar:

- Na critéir a úsáideadh maidir le suíomh, dearadh, láithreánú agus feidhm an limistéir, nó na limistéar, spáis oscailte poiblí atá molta.
- Na háiseanna ó thaobh spáis oscailte poiblí atá sa chomharsanacht cheana.

Féadfaidh an Chomhairle a chur de cheangal ar fhorbróirí saoráidí súgartha a bheidh deartha go cuí a chur ar fáil laistigh den fhorbairt ag féachaint do chineál agus scála na forbartha beartaithe, agus na háiseanna súgartha atá sa chomharsanacht cheana.

Éileoidh an Chomhairle de ghnáth go gcuirfear 1 heicteár de spás oscailte inúsáidte poiblí nó 10% d'achar an láithreáin (cibé acu is mó) ar fáil in aghaidh gach 150 teaghais, ach d'fhéadfadh an Chomhairle glacadh le soláthar níos ísle nó níos mó (nó an soláthar sin a chur de cheangal) ag brath ar an suíomh agus ar thréithe an láithreáin, ar cháilíocht fhoriomlán dearaidh na forbartha agus an spáis oscailte atá beartaithe, agus an soláthar maidir le spás oscailte atá ar fáil (nó nach bhfuil ar fáil) cheana féin in aice láimhe. Sna sráidbhailte agus sna lonnaíochtaí níos lú, oibreoidh an Chomhairle i gcomhar le forbróirí agus le grúpaí pobail chun éascú a dhéanamh ar soláthar áiseanna spáis oscailte a bheidh le húsáid ag cónaitheoirí uile an tsráidbhaile. Féadfar glacadh le ranníocaíochtaí airgid a d'fhéadfadh an pobal iad a úsáid sa chás go bhfuiltear á bheartú spás oscailte a chur ar fáil a bheadh faoi bhun an ghnáthriachtanais.

18.10.5 Tírdhreachú

Ba cheart plean mionsonraithe maidir le tírdhreachú crua agus tírdhreachtú bog a chur isteach in éineacht le gach forbairt. Ba cheart go mbeadh moladh ann plandáil a dhéanamh i limistéir poiblí agus phríobháideacha. Ba cheart go gcuirfeadh tírdhreachú le tarraingteacht foriomlán na forbartha, go bhféadfaí é a chothabháil go

héasca agus go mbeadh speicis dhúchasacha ann chun flóra agus fána a spreagadh. Maidir le crainn agus tírdhreachú a bhfuil luach amhairc agus bithéagsúlachta meántéarmach agus fadtéarmach acu ba cheart cuid den dearadh foriomlán a dhéanamh díobh agus iad a chosaint ar bhealaí oiriúnacha le linn na tréimhse tógála. Ba cheart tograí a ionchorprú nuair is féidir maidir le líonraí spáis oscailte a bheith ann chun bithéagsúlacht a spreagadh (clocha cora sa líonra éiceolaíoch).

18.10.6 Áiseanna Áitiúla

Féadfaidh an Chomhairle a iarradh ar fhorbróirí atá ag forbairt eastát tithíochta, go háirithe i roinnt de na lonnaíochta níos lú, tuairisc a sholáthar ina mbeadh measúnacht ar an tionchar ar dócha a bheadh ag an bhforbairt ar (i measc rudaí eile):

- An gá atá le háiseanna pobail nó sláinte
- Rochtain ar áiseanna agus ar sheirbhísí pobail
- Áiseanna agus seirbhísí iompair poiblí
- Naíolanna agus áiseanna cúraim leanaí
- Áiseanna agus soláthar oideachais
- Soláthar áiseanna caitheamh aimsire agus spóirt

18.10.7 Dearadh Tithe Cónaithe

Éileoidh an Chomhairle go sásóidh gach áitreabh nua na caighdeáin íosta faoi mhéideanna foriomlána agus méideanna na seomraí mar atá leagtha amach i dTábla 5.1 de 'Tithíocht Ardchaighdeáin do Phobail Inbhuanaithe: Treoir Dea-Chleachtais maidir le Soláthar Tithe agus Cothú Pobal (RCORÁ, 2007), agus go dtabharfar aird ar leith ar achar an urláir inmheánaigh atá léirithe i dTábla Uimh. 36.

Tábla Uimh. 36 Spás Íosta Inmheánach in Áras Cónaithe

Líon na Seomraí Leapa	Méid Íosta Foriomláin	Méid íosta an phríomhsheomra suí	Limistéar cónaithe comhiomláin	Limistéar Comhiomláin Seomra Leapa	Stóráil inmheánach (Gan an lochta san áireamh)
2	80m ²	13m ²	30m ²	25m ²	4m ²
3	100m ²	15m ²	37m ²	36m ²	5m ²
4	110m ²	15m ²	40m ²	43m ²	6m ²

Ní dhéanfaidh an Chomhairle eisceachtaí a mheas ó thaobh na sprioc-chaighdeánach amháin i gcúinsí eisceachtúla ina moltar dearadh ardchaighdeán atá sásúil ar gach shlí eile, agus ina dtugtar aird iomlán ar shaintréithe agus ar chomhthéacs an tsuímh.

18.10.8 Spás Oscailte Príobháideach

Éileoidh an Chomhairle i gcás teaghaisí 1 agus 2 leaba go gcuirfear 60m² de spás oscailte príobháideach inúsáidte leo agus i gcás teaghaisí 3, 4 agus 5 leaba go mbeidh 75m² de spás oscailte príobháideach inúsáidte leo.

Déanfar spás oscailte príobháideach a dhearadh chun an méid is mó príobháideachta agus de sholas na gréine agus d'fhoscadh ón ngaoth a sholáthar agus beidh siad lonnaithe ar chúl na dteaghaisí de ghnáth. Maidir le spásanna cúnga nó achrannacha, agus spásanna nach bhfuil príobháideach agus spásanna atá á n-úsáid freisin i gcomhair pháirceála ní chuirfear iad sin san áireamh nuair a bheidh limistéir spás oscailte príobháideach á ríomh.

De ghnáth ba cheart go mbeadh 22m ar a laghad idir fuinneoga ar chúl áitreabh ar urlár na talún a bhfuil aghaidh acu ar a chéile.

Ní dhéanfaidh an Chomhairle eisceachtaí a mheas maidir leis na caighdeánach amháin i gcúinsí eisceachtúla ina moltar dearadh ardchaighdeán atá sásúil ar gach

shlí eile, agus ina dtugtar aird iomlán ar shaintréithe agus ar chomhthéacs an tsuímh.

18.10.9 Ábhair Theorann

Ba cheart na critéir seo a leanas a chur san áireamh maidir le spás oscailte príobháideach:

- Beidh teorainneacha gairdíní cúil 1.8m-2m ar airde agus déanta d'ábhair ardcháilíochta teorann, mar shampla ballaí déanta de bhloic choincréite nó de chuailí agus de ráillí coinceíte. Ní cheadófar fála déanta de chuailí adhmaid agus de shreang.
- Tógfar ballaí coinceíte dhá mhéadar ar airde idir na limistéir spáis oscailte phoiblí go léir agus na gairdíní ar chúl na n-áitreabh. Beidh na ballaí rindreáilte go cuí agus cuirfear barrchaidhpeanna orthu ar bhealach a shásóidh an Chomhairle.

18.10.10 Compord, Príobháideacht agus Slándáil

Ba cheart Tithe a dhearadh chun go mbeidh siad chomh sábháilte agus chomh compordach agus is féidir. Ba cheart ligean don oiread solais nádúrtha agus is féidir scalladh isteach sna spásanna inmheánacha agus ba cheart go mbeadh rochtain éasca ar spás príobháideach taitneamhachta. Ba cheart insliú dea-chaighdeán torainn a chur ar fáil. Ba cheart cóireálacha marthanacha teorann a mholadh nach mbeadh drochthoradh acu ar na rudaí deasa atá le feiceáil ná ar shábháilteacht an phobail. Má mholtar sa dearadh foriomlán go mbeadh éadanais na n-áitreabh gar do chosán poiblí, ba cheart spás do ghairdíní tosaigh a chur ar fáil a bheadh 1m ar a laghad ar leithead.

18.10.11 Inrochtaineacht/Inoiriúnaitheacht

Éileoidh an Chomhairle i gcás gach eastát tithíochta nua a mbeidh cúig áitreabh nó níos mó iontu go mbeidh 20% ar a laghad de na háitribh oiriúnach mar chóiríocht do dhaoine faoi mhíchumas nó go bhféadfar iad a chur in oiriúint dóibh. Beidh ar fhorbróirí a thaispeáint go mbeidh bealach inrochtana chuig na haonaid chónaithe ó theorainn na réadmhaoine. Ní mór cóngarachta na seirbhísí áitiúla agus rochtain orthu a chur san áireamh freisin i gcás na n-aonad inrochtana sin.

18.10.12 Éifeachtúlacht Fuinnimh

Ba cheart tithe a dhearadh chun go mbeidh siad chomh tíosach ar fhuinneamh agus is féidir, agus go mbainfí leas as teicneolaíochtaí atá cothrom le dáta. Spreagfar daoine chun leas a bhaint as solas agus teas na gréine. Ba cheart mionsonraí faoi threalamh seachtrach um fuinnimh in-athnuaite a chur isteach le gach iarratas pleanála, mar shampla, mionsonraí faoi phainéil gréine ar fhánaí díon a bhfuil aghaidh ó dheas acu, sa chaoi go bhféadfar an trealamh a shuiteáil ina dhiaidh gan é a bheith riachtanach cead pleanála eile a fháil.

18.10.13 Bruscar/Athchúrsáil/Breosla

Éileoidh an Chomhairle go mbeidh tograí dea-dheartha ó thaobh gabhdáin dramhaíola agus athchúrsála (3 ghabhdáin in aghaidh an árais chónaithe) a bheith san áireamh i ngach forbairt chónaithe mar aon le háit sábháilte chun breosla a stóráil. Cuirfear rochtain slán do choisithe ar fáil ar chúl tithe sraithe.

18.10.14 Rochtain

Ba cheart suíomh gach tí a dhearadh chun rochtain shábháilte, áisiúil a chur ar fáil sa chaoi nach mbeadh drochthoradh aige ar na rudaí deasa atá le feiceáil ná ar shábháilteacht an phobail. Tabharfaidh an Chomhairle díspreagadh do phointí rochtana a bheidh os cionn 5m ar leithead i gcomhair feithiclí agus do dhromchlaí crua iomarcacha ag éadanais áras cónaithe. Déanfar limistéir páirceála ar thaobh tithe a mheas i gcás forbairtí leathscoite agus scoite. Cuirfear rochtain slán do choisithe ar fáil ar chúl tithe sraithe.

18.10.15 Ábhair

Cruthóidh na hábhair seachtracha a úsáidfear timpeallacht baile a bheidh tarraingteach, fáilteach. Úsáidfear ábhair inmharthana a bheidh éasca a chothabháil agus ar féidir iad a chur in oiriúint do mhianta na n-áititheoirí gan cur isteach ar chaighdeán dearaidh foriomlán na forbartha agus beidh gach ingearchló ar chúl agus ar thaobh na bhfoirgneamh tarraingteach agus inmharthana freisin.

18.10.16 Tógáil i gCúram

Ghlac Chomhairle Contae Loch Garman leis an doiciméad beartais Taking Charge of Private Residential Developments ar an 14 Iúil 2008. Ba cheart dóibh siúd atá ag cur isteach ar chead ceanglais an bheartais sin, agus d'aon leagan nuashonraithe a dhéanfar de amach anseo, a bheith san áireamh san iarratas nuair a bheidh forbairtí cónaithe á ndearadh agus á leagan amach acu.

18.11 Árasáin

Sásaíonn forbairtí árasán réimse riachtanas cóiríochta sa chontae, is féidir leo tacú le lárionaid bailte agus sráidbhailte (go háirithe nuair a bhíonn gnóthaí tráchtála agus pobail ar urlár na talún agus na hárasáin os a gcionn) agus is féidir leo cabhrú chun sráid-dreacha nua tarraingteacha a chruthú i gceantair uirbeacha. Tabharfaidh an Chomhairle aird ar Tithíocht Ardchaighdeán do Phobail Inbhuanaithe. Treoir Dea-Chleachtais maidir le Soláthar Tithe agus Cothú Pobal (RCORÁ, 2007) agus Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeán Dearaidh d'Árasáin Nua, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (RCORÁ, 2007) nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh aici ar thograí le haghaidh forbairtí árasán.

Déanfaidh an Chomhairle forbairtí árasán a mheas, go háirithe i mbailte agus i lárionaid na sráidbhailte is mó:

- A bhfuil dearadh ardchaighdeán ag baint leo agus go gcuirfeadh siad leis an sráid-dreach agus nach bhfuil siad an-míréireach.
- Nach mbeadh drochthionchair acu ar thaitneamhachtaí na réadmhaoine taobh leo.
- A bheidh deartha agus suite chun foirgnimh ar díol spéise staire nó ailtireachta iad agus na suíomhanna ina bhfuil siad suite a choinneáil agus a chosaint mar aon le láithreáin atá sainithe ó thaobh chaomhnú an dúlra. Tabharfar aird sna dearaí forbartha ar thorthaí agus ar mholtaí imscrúduithe seandálaíochta;
- Gur féidir spás leordhóthanach páirceála a chur leo mar aon le spás taitneamhachta.

Éileoidh an Chomhairle de ghnáth go sásóidh forbróirí árasán na caighdeáin atá leagtha amach i dTábla Uimh. 37.

Tábla Uimh. 37 Riachtanais maidir le spás inmheánach agus spás oscailte príobháideach i gcás árasán

Uimh. Leapa	Seomraí	Spás inmheánach comhiomlán íosta	Spás oscailte príobháideach íosta/spás balcóine (tógáil nua)
1 agus 2		75m ²	7m ²
3		86m ²	9m ²
4		105m ²	11m ²

Is is i gcúinsí eisceachtúla amháin ar féidir glacadh le caighdeáin níos ísle maidir le spás, mar shampla chun éascú a dhéanamh ar athúsáid foirgnimh ar dhíol mór spéise é ó thaobh na staire de.

Maidir le tithe cónaithe atá ann cheana féin a dearadh agus a forbraíodh le go mbeadh teaghlach amháin ag cur fúthu iontu ní cheadófar iad a fhoroinnt chun árasáin a dhéanamh díobh.

18.12 Tithíocht Tuaithe

18.12.1 Tithíocht Tuaithe Aonuaire

Úsáidfear réimse critéir chun measúnú a dhéanamh le féachaint an bhfuil an suíomh inghlactha i bprionsabal mar áit do theach cónaithe. Ba cheart na critéir sin a mheas sula dtosaítear ag obair ar dhearadh mionsonraithe an tí agus an tsuímh:

- Ba cheart don iarratasóir (do na hiarratasóirí) na critéir maidir le Tithíocht Tuaithe a shásamh atá leagtha amach sa Straitéis um Thithíocht Inbhuanaithe Tuaithe ó thaobh shuíomh an láithreáin (Caibidil 4).
- Ba cheart go mbeadh an suíomh oiriúnach do chóras fuíolluisce príobháideach a chomhlíonfadh na rialacháin atá ann faoi láthair, dá mbeadh a leithéid de chóras ag teastáil, agus ba cheart go mbeadh soláthar sásúil, sábháilte uisce óil ar fáil ag an suíomh.

- Ba cheart go bhféadfaí an suíomh a rochtain go sábháilte go suthain agus go bhféadfaí na línte radhairc atá riachtanach a chur ar fáil gan an iomarca den tírdhreachú a chailliúint. Má tá rochtain beartaithe ó lána príobháideach, ba cheart go mbeadh na toilithe dlíthiúla riachtanacha faighte agus ba cheart go mbeadh bail shásúil ar an lána le freastal ar an bhforbairt.
- Ní ceart go gcuirfeadh an fhorbairt tús le forbairt líneach de thithe aon-uaire is nach gcuirfeadh sí le patrún forbartha den sórt sin. Dá mba rud é go dtógfaí cúig theach nó níos mó i ndiaidh a chéile ar feadh 250m d'éadanas bóthair de thoradh na forbartha, breithneoidh an Chomhairle cibé an mbeadh sé feiliúnach an patrún forbartha sin a leathnú tuilleadh nó nach mbeadh. Cuirfidh an Chomhairle san áireamh ina breithnithe an cineál ceantar tuaithe atá ann, imthosca an iarratasóra agus an méid a dhéanfaidh an fhorbairt inlíonadh ar phatrún atá ann cheana.
- Ní ceart go mbeadh dtroch-thionchar ag forbairt an láithreáin ar Struchtúir Chosanta, ná ar láithreáin atá sainithe mar láithreáin thábhachtacha ó thaobh chaomhnú an dúlra (Limistéir Chaomhantais Speisialta molta, Limistéir Oidhreacht Nádurtha molta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta) ná ar láithreáin ar díol spéise iad ó thaobh na seandálaíochta de.
- Ba cheart go bhféadfaí teaghais a thógáil ar an suíomh a léireodh meas ar an réadmhaoin ar láithreáin thadhlacha agus nach mbeadh drochthionchair aige orthu.
- Ní ceart go mbeadh an suíomh i mbaol tuilte.
- Ba cheart go bhféadfaí teach cónaithe a thógáil ar an suíomh sa chaoi go luífeadh sé isteach leis an dúiche mórthimpeall agus gan a bheith ag gobadh amach as.
- Ba cheart go mbeadh an suíomh in ann déileáil le tograí chun uisce dromchla a dhraenáil gan a lán uisce a sceitheadh isteach i gcóras draenála bóithre poiblí.

18.12.2 Láithreánú agus Dearadh Áiteanna Cónaithe Tuaithe Aonuaire

Tabharfaidh an Chomhairle aird ar na nithe seo a leanas nuair a bheidh measúnú á dhéanamh aici ag féachaint an mbeadh láithreánú, scála agus bailchríocha na teaghaise, mar aon le draenáil agus tírdhreachú an tsuímh oiriúnach.

Láithreánú

Ba cheart i gcás suímh tí cónaithe:

- Go mbeadh sé ag luí isteach leis an dúiche mórthimpeall agus gan a bheith feiceálach, ag féachaint do scála an áitribh atá beartaithe
- Go sásaíonn sé an fad scartha íosta maidir le cóireáil fuíolluisce agus córais draenála uisce dromchla
- Go mbeadh sé ar aon dul le suíomh na bhforbairtí in aice láimhe (is iondúil do bíonn forbairtí níos feiceálaí má bhíonn siad suite cuid mhaith chun tosaigh nó laistiar den ghnáthlíne tógála)
- Go seachnódh sé drochthionchair ar réadmhaoine in aice láimhe de bharr scáthú míchuí a dhéanamh orthu, drochthionchair amhairc nó aghaidh anuas a bheith aige orthu
- Go seachnódh sé drochthionchair ar láithreáin stairiúla, ar sheandálaíocht nó ar chaomhnú an dúlra
- Go mbeadh an drochthionchar is lú is féidir aige ar thírdhreachú faoi leith an láithreán, mar shampla, ar chrainn agus fála a bhfuil luach meántéarmach agus fadtéarmach acu mar thírdhreachú nó mar fhoscadh.

Is ar bhonn cás ar chás a socrófar an fad a chaithfidh an teaghais a bheith ón teorainn tosaigh.

Méid

Ba cheart an teaghais a bheith de mhéid:

- A luífeadh isteach leis an dúiche mórthimpeall agus nach mbeadh ró-fheiceálach, ag cur san áireamh suíomh an áitribh mholta.
- A sheachnódh drochthionchair ar réadmhaoine in aice láimhe ó scáthú míchuí agus tionchair amhairc (Ba cheart nach mbeadh ach stór amháin i bhforbairtí a thógfar ar suíomhanna chúil gar do theaghaisí eile)
- A chomhlíonfadh na cóimheasa maidir le hachar an tsuímh agus achar urláir atá leagtha amach i dTábla Uimh. 38.

Tábla Uimh. 38 Cóimheasa achar an tsuímh/ achar urláir na teaghaise

Achar Urlár na Teaghaise	Achar an Láithreáin i Heicteáir
<200m²	0.2
200-300m²	0.3
>300m²	0.4

Ábhair Sheachtracha

Ba cheart go gcabhródh na hábhair seachtracha a úsáidfear leis an bhforbairt luí isteach leis an dúiche mórthimpeall. D'fhéadfaí bailchríocha mar a bheadh ar chábán adhmaid a mheas ar láithreáin a bhfuil tírdhreachú aibí fairsing orthu agus éileofar go gcoinneofar an tírdhreachú sin.

Tírdhreachú

Ba cheart fálta sceach cois bóthair, píaraí cloiche, ballaí cloiche agus ábhair thraidisiúnta eile i gceantair thuaithe a choinneáil. I gcás ina mbeidh sé riachtanach agus inghlactha an fál sceach a bhaint chun amharclínte leordhóthanacha a chur ar fáil, ba cheart balla cloiche a thógáil mar theorainn nó claífort nua a bheadh déanta de chré, d'fhóda nó de chlocha agus crainn dúchais agus speicis na bhfálta sceach a chur ag fás air.

Ba cheart tírdhreachú aibí atá ann cheana féin, go háirithe crainn agus fálta, a choinneáil nuair is féidir. Ba cheart an fhorbairt a dhearadh sa chaoi nach mbeadh ach an riachtanas is lú chun fálta agus crainn a bhaint.

Ní ceart go mbeadh glanchailliúint ó thaobh tírdhreachaithe de, go háirithe cailliúint fálta agus crann, de thoradh na forbartha. D'fhéadfadh sé go mbeidh tograí mionsonraithe maidir le tírdhreachú nua ag teastáil i gcás láithreán inar gá cuid den tírdhreachú atá iontu a bhaint nó go gcabhródh tírdhreachú breise le go luífeadh an teaghais isteach leis an dúiche mórthimpeall.

Sa chás ina bhfuil roinnt fálta agus crainn le baint, ba cheart a mholadh go ndéanfaí iad a athchur trí leas a bhaint as meascán de speicis dhúchasacha chun aithris a

dhéanamh ar an méid a chaillfí agus a chinntiú nach dtarlódh aon ghlancaillteanas gnáthóg. Ba cheart fála sceach nua a phlandáil ag tús na n-oibreacha tógála agus ba cheart iad a nascadh le fála sceach atá ann cheana féin le cabhrú le líonraí éiceolaíochta.

Draenáil

Ba cheart tograí mionsonraithe a sheoladh isteach faoi Chórais Draenála Inbhuanaithe lena léiriú nach mbeadh sé de thoradh ag an bhforbairt go sceithfí uisce dromchla isteach sna tailte comharsanacha gan chomhaontú na n-úinéirí nó amach ar an mbóthar poiblí.

18.12.3 Tithe Cónaithe Aonair ar Láithreáin Cúil i gCeantair Thuaithe

Aithníonn an Chomhairle go bhféadfadh duine leas a bhaint as tailte ar chúil tí cónaithe chun teach dá chuid féin a thógáil gar dá teaghlach. Déanfaidh an Chomhairle forbairt de chineál sin a mheas má léirítear an méid seo a leanas:

- Nach gcaillfeadh réadmhaoin in aice láimhe a bpríobháideacht.
- Nach mbainfeadh na socruithe rochtana, lena n-áirítear an mbealach isteach agus teacht agus imeacht bhfeithiclí a mbeadh baint acu leis an teach cónaithe nua, ó thaitneamhacht chónaithe na réadmhaoine taobh leis agus nach gcruthódh siad guais tráchta.
- Go gcomhlíonann an fhorbairt na critéir pleanála agus comhshaoil eile agus na caighdeáin bhainistíochta forbartha ábhartha atá i gCaibidil 18.

18.13 Forbairtí Cónaithe Eile

18.13.1 Síneadh Tí

Déanfaidh an Chomhairle éascú de ghnáth ar oiriúnú tithe agus síntí a chur leo chun freastal a dhéanamh ar chúinsí, mianta agus riachtanais teicneolaíochta atá ag athrú. Má tá síntí curtha le teach, ní dhéanfar na síntí sin a úsáid, a dhíol, a ligean nó a aistriú ar shlí eile nó a thíolacadh ar leithligh ón bpríomhtheaghais mura raibh sé sin údaráithe go sainráite sa chead pleanála.

Déanfar gach iarratas pleanála a mheas ar a fhiúntas féin ag féachaint do chomhthéacs an tsuímh agus dóibh seo a leanas:

- Ba cheart go mbeadh an síneadh atá beartaithe ar scála agus in áit nach mbeadh sé ró-mhíreireach dá chomhthéacs.
- Ní gá macasamhlú ná aithris a dhéanamh i ndearadh an tsínte atá beartaithe ar bhailchríoch ná ar dhearadh na teaghaise atá ann cheana féin. Go minic is cur chuige níos macánta ó thaobh na haitireachta de dearaí agus bailchríocha níos comhaimseartha a úsáid chun síneadh a chur le réadmhaoín agus is féidir cuspóirí eile, mar feabhas a chur ar an solas nádúrtha inmheánach, a bhaint amach níos fearr leis an gcur chuige sin.
- Ní ceart go mbeadh drochthionchar ag an síneadh atá beartaithe ar thaitneamhacht na réadmhaoine taobh leis trí aghaidh míchuí a bheith aige anuas orthu, scáil míchuí a chaitheamh orthu nó tionchar amhairc rócheannasach a bheith aige.
- Ní ceart go gcuirfeadh an síneadh atá beartaithe isteach ar dhaoine síntí den chineál céanna a chur leis an réadmhaoín thadhlach.
- Ba cheart clúdach an tsuímh a mheas go cúramach chun nach gcaillfear spás oscailte príobháideach ar bhealach do-ghlactha.
- A mhéid a bhfuil suíomh, méid agus dearadh an tsínte riachtanach le freastal ar riachtanas sonrach an teaghlaigh, mar shampla, oiriúnuithe a dhéanamh chun cóiríocht a sholáthar do dhaoine atá faoi mhíchumas.

Déanfaidh an Chomhairle díolúintí a mheas faoin méid thuas i gcás oiriúnuithe atá riachtanach chun cóiríocht a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas. Déanfar é seo a mheas ar bhonn cás ar chás.

18.13.2 Garáistí/Stóir Bhaile

Maidir le forbairt gharáiste nó stór baile le chun críoch a bheidh coimhdeach le húsáid an áitribh le taitneamh a bhaint as déanfar forbairt den sórt sin a mheas faoi réir na gcaighdeán seo a leanas:

- Beidh achar urláir uasta 80m² ag an ngaráiste nó ag an stór agus ní bheidh sé níos airde ná 5m.
- Beidh dearadh agus bailchríocha seachtracha an gharáiste nó an stóir bhaile ag teacht le dearadh agus bailchríocha an teach cónaithe.

- Ní úsáidfear an gharáiste nó an stór ach amháin chun críocha a bheidh coimhdeach le taitneamh a bhaint as an teach cónaithe.

D'fhéadfadh an Chomhairle eisceachtaí ó thaobh na gcritéar seo a mheas ag féachaint don ghá atá leis an bhforbairt agus do shaintréithe an tsuímh.

18.13.3 Aonad Glanscartha Cónaithe lena úsáid ag Duine Muinteartha

Déanfaidh an Chomhairle soláthar aonad cónaithe glanscartha a mheas atá lena n-áitiú ag ball den teaghlach. Ba cheart go mbeadh an t-aonad glanscartha ceangailte leis an bpríomhtheach cónaithe agus deartha sa chaoi go bhféadfar cuid den teach cónaithe a dhéanamh de nuair nach mbeidh sé ag teastáil lena úsáid mar aonad glanscartha a thuilleadh. Féadfaidh an Chomhairle soláthar aonad glanscartha scoite cónaithe a mheas má bhíonn sé léirithe go bhfuil gá lena leithéid d'aonad. Éileoidh an Chomhairle iad seo a leanas:

- Mionsonraí faoi riachtanas nó áititheoir an aonaid
- An gá atá le haonad scoite, más infheidhme
- Ní cheart go mbeadh níos mó ná cistin/seomra bia/limistéar cónaithe chomhcheangailte, seomra folctha agus leithreas, agus gan níos mó ná dhá sheomra leapa san aonad.
- Beidh an rochtain chéanna d'fheithiclí ag an aonad is atá ag an bpríomhtheach cónaithe.
- Beidh an spás oscailte príobháideach á roinnt leis an bpríomhtheach cónaithe.
- Beidh an fad scartha riachtanach ann maidir le córais chóireála fuíolluisce.

18.14 Láithreáin Inlíonta agus Talamh Chúil i mBailte agus

Sráidbhailte

Éascóidh an Chomhairle forbairtí dea-dheartha ar inlíonta agus láithreáin cúil de ghnáth go háirithe má bhaineann fhorbairtí den sórt sin leas as suíomhanna tréigthe. Déanfar gach cás a mheas ar a fhiúntas féin ag féachaint do chomhthéacs an tsuímh agus do na pointí seo a leanas:

- Ní gá macasamhlú ná aithris a dhéanamh i ndearadh na forbartha ar bhailchríoch ná ar dhearadh na teaghaise nó an fhoirgnimh atá ann cheana féin; déanfar éascú ar dhearaí is ar bhailchríocha comhaimseartha.
- Ní ceart go gcaillfí spás oscailte poiblí inúsáide de thoradh na forbartha molta.
- Ba cheart an fhorbairt bheartaithe a dhearadh sa chaoi nach mbeidh tionchar díobhálach míchuí aici ar thaitneamhachtaí cónaithe in aice láimhe trí mhéid suntasach de spás príobháideach taitneamhachta a chailliúint, trí aghaidh míchuí anuas a bheith aige orthu, scáil míchuí a chaitheamh orthu nó tionchar amhairc rócheannasach a bheith aige, nó de barr suaitheadh tráchta.
- Ba cheart go mbeadh socruithe sásúla déanta maidir le rochtain do choisithe agus rothaithe sa bhforbairt bheartaithe.
- Ba cheart go mbeadh an fhorbairt atá beartaithe deartha ag féachaint don ghá atá ann crainn a choinneáil a bhfuil luach suntasach meántéarmach agus fadtéarmach amhairc nó bith-éagsúlachta ag baint leo. Ba cheart tograí sásúla maidir leis an tírdhreachú reatha agus an tírdhreachú beartaithe a chur isteach.
- An méid a mbeadh an fhorbairt comhtháite le forbairt a bhféadfaí a dhéanamh amach anseo ar thalamh in aice láimhe agus an bhaint a bheadh aici léi.

18.15 Forbairt Eacnamaíoch

18.15.1 Tograí d'Fhorbairtí Tionsclaíocha agus Fiontair

Ba cheart an fhaisnéis seo a leanas a chur isteach mar chuid d'iarratais phleanála le haghaidh forbairtí tionsclaíochta agus fiontraíochta:

- Mionsonraí faoi nádúr agus scála na hoibríochta beartaithe, na huaireanta oscailte agus na leibhéil tráchta a mheastar a bheidh ann.
- Sonraí faoi na socruithe maidir le seirbhísiú uisce agus fuíolluisce
- Tograí chun rochtain shábháilte a chur ar fáil a bhféadfadh déileáil le méid agus le nádúr réamh-mheasta na ngluaiseachtaí tráchta a bhainfeadh leis an bhforbairt. Ní mór tograí a sheoladh isteach ina mbeidh foráil maidir le hamharclínte leordhóthanach a chur ar fáil ag an bpointe rochtana
- Tograí a sholáthar maidir le limistéir leordhóthanacha páirceála agus gluaiseachta laistigh de láithreán na forbartha beartaithe, mura bhfuil socrú faoina mhalairt déanta leis an gComhairle

- Tograí chun dramhaíl a stóráil agus a dhiúscairt go sábháilte ar bhealach atá inghlactha ó thaobh an chomhshaoil agus amhairc de. Is ar chúl na forbartha amháin a dhéanfar stóráil de ghnáth agus ba cheart é a bheith ceilte ag an bhfoirgneamh féin nó ag modh malartach ceilte.
- Ní mór mionsonraí faoin chomharthaíocht fógraíochta a chur isteach. Áireofar leis na mionsonraí sin scála, dearadh, ábhair agus dath na chomharthaíochta atá beartaithe.

18.15.2 Critéir Mheasúnaithe ar Fhorbairtí Tionsclaíocha agus Fiontair

Éileofar go sásóidh na tograí na critéir ábhartha lena n-áirítear:

- Gur féidir leis an ngréasán bóithre atá ann cheana féin glacadh go sábháilte le haon trácht breise feithiclí a ghinfear de thoradh na forbartha beartaithe nó go n-aithneofar oibreacha feabhsúcháin oiriúnacha a dhéanfaí faoi stiúir an fhorbróra chun aon fhadhbanna bóthair a réiteach.
- Go gcuirfear socruithe leordhóthanacha maidir le limistéir rochtana, páirceála, ainlithe agus seirbhísithe ar fáil.
- Go gcuimsíonn an fhorbairt bealaí sábháilte, díreacha rochtana do choisithe agus do rothaithe agus go gcuirfear limistéir pháirceála rothar ann a bheidh deartha go hoiriúnach.
- Go bhfuil na socruithe ardchaighdeáin ann maidir le leagan amach an tsuímh, dearadh foirgnimh, bonneagar bainteach agus tírdhreachú agus go gcuirfidh siad inbhuanaitheacht agus bithéagsúlacht chun cinn.
- Go bhfuil cóireáil teorann cuí agus modhanna imfhálaithe curtha ar fáil agus go mbeidh aon ionaid stórála lasmuigh molta ceilte go leordhóthanach ó radharc an phobail.
- I gcás tograí faoin tuath, tá bearta sásúla ann le cabhrú chun dlúthchuid de dúiche mórthimpeall a dhéanamh den fhorbairt.

18.15.3 Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha sa Bhaile

Éascóidh an Chomhairle fiontair nuathionscanta ar scála beag lena n-áirítear athrú úsáide nó forbairtí nua a fhásfaidh ó áitribh chónaithe agus nach mbeadh tionchar míchuí acu ar thaitneamhachtaí cónaithe. Beidh aird ag an gComhairle ar na nithe seo a leanas agus iarratais ar fhorbairtí dá leithéid á measúnú aici:

- Nádúr na húsáide a bhfuil sé beartaithe a chur i gcrích, na huaireanta oibre agus líon na bhfostaithe
- An tionchar ar thaitneamhacht na reádmhaoine taobh leis
- An leibhéal tráchta a ghinfidh an bhforbairt bheartaithe
- Giniúint, stóráil agus bailiú dramhaíola

Is do chónaitheoir na teaghaise amháin a dheonófar cead le haghaidh a leithéid d'athrú páirteach úsáide agus beidh an cead sin teoranta don iarratasóir sin amháin. Ní ceart go mbainfeadh an t-athrú úsáide le níos mó ná 25% d'achar urláir iomlán na teaghaise. Ní thabharfar cead de ghnáth d'athruithe úsáide den sórt sin in árasáin.

18.16 Tionscail Eastóscacha

Tá na cuspóirí a bhaineann le Tionscal Eastóscach le fáil i gCaibidil 6. Beidh sé riachtanach i gcás tograí le haghaidh gníomhaíochtaí eastóscacha, lena n-áirítear próiseáil, go mbeifear in ann na saincheisteanna seo a leanas a réiteach go sásúil:

- Ní ceart go bhféadfadh drochthoradh suntasach a bheith ag an ngníomhaíocht ar shuíomhanna sainithe oidhreacht nádúrtha nó tógtha, cibé an bhfuil acmhainn shuntasach ag suímh den sórt sin nó nach bhfuil. Déanfar gach iarratas pleanála a mheas ag féachaint don Treoir maidir le Gnáthóga le fáil amach an bhféadfadh an tionscadal tionchar a bheith aige ar shláine nó ar chuspóirí caomhnaithe aon láithreán Natura 2000.
- Gur féidir an ghníomhaíocht a rochtain go sásúil gan guaiseacha sábháilteachta poiblí a chruthú, ó líonra na mbóithre áitiúla atá in ann déileáil le cineál agus le méid an tráchta is dócha a ghinfear.
- Maidir le tionchair féideartha na gníomhaíochta ar an gcomhshaol (lena n-áirítear screamhuisce agus uisce dromchla), ar chúrsaí talmhaíochta, turasóireachta agus áineasa (lena n-áirítear cearta slí), ar thaitneamhachtaí tírdhreacha agus cónaithe gur féidir iad a sheachaint nó a mhaolú go leibhéal inghlactha trí láithreánú agus dearadh cúramach agus trí bhainistíocht thuisceanach leanúnach agus trí chomhlíonadh na gcoinníollacha pleanála. Cuirfear an tréimhse ama san áireamh a bheidh riachtanach chun an t-eastóscadh agus an t-athchóiriú molta a dhéanamh nuair a bheidh measúnacht á déanamh ar na saincheisteanna sin.

- Go bhfuil tograí sásúla seolta isteach agus curtha i bhfeidhm maidir le slándáil an tsuímh.
- Go bhfuil tograí sásúla tíolactha chun athchóiriú fadtéarmach agus leanúnach a dhéanamh ar an láithreán, a bhfuil béim ar leith iontu maidir le chosaint agus éascú na bithéagsúlachta.
- Ag féachaint don drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíocht tionscail eastóscaigh, éileoidh an Chomhairle go gcuirfear isteach faisnéis den chaighdeán is airde, arna ullmhú ag daoine atá inniúil agus cáilithe go cuí, mar thaca le hiarratais phleanála le haghaidh tionscail eastóscaigh, cibé acu an gá Measúnacht Tionchair Timpeallachta a dhéanamh nó nach gá. Ba cheart aighneachtaí a ullmhú ag cur san áireamh doiciméid treorach faoin gcleachtas is fearr maidir le rudaí mar:
 - Treoirlínte faoin bhFaisnéis ar cheart a bheith i Ráiteas Tionchair Timpeallachta: Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha (EPA, 2002 agus 2003)
 - Measúnú ar Phleananna agus tionscadail a mbeadh tionchar suntasach acu ar láithreáin Natura 2000: Treoir ón CE maidir le Eascatóscadh Mianraí Neamhfhuinnimh agus Natura 2000 (An Coimisiún Eorpach, 2002 agus 2011);
 - (Féadfar tuilleadh doiciméad a chur ar fáil thar shaolré an Phlean a chuirfidh leis na doiciméid thuas nó a gcuirfear ina n-áit)
- Beidh feidhm ag na critéir thuasluaite freisin nuair a bhíonn measúnacht á déanamh ar thograí chun úsáidí malartacha a sholáthar do shuomhanna tionscal eastóscach, lena n-áirítear monarú coincréite agus tarmacadam agus dumpáil ábhar támh dramhaíola.

18.17 Miondíol

18.17.1 Forbairtí Miondíola

Déanfar tograí d'fhorbairt miondíola ar scála mór a mheas go fabhrach nuair:

- Nuair a chuirtear rochtain éasca, sábháilte ar fáil do thiománaithe, coisithe, rothaithe agus daoine a bhfuil riachtanais ar leith acu ó thaobh dearaidh de
- Nach mbeidh drochthionchar acu ar éifeachtacht an ghréasáin bhóithre náisiúnta ná ar phríomhacmhail agus gur féidir a léiriú gur féidir leo freastal

ar mhéid an tráchta de réir na mbonn tuisceana ar glacadh leo maidir le dearadh bhóithre den sórt sin

- Go bhfuil ardchaighdeán dearaidh ag baint leo agus go n-oirfeadh sé don timpeallacht thógtha máguaird
- Nach mbeadh drochthionchar acu ar ghluaiseacht feithiclí sa gharchomharsanacht nó i gceantar níos leithne na forbartha
- An bhfuil siad ar scála atá oiriúnach dá suíomh.

Éileoidh an Chomhairle de ghnáth go ndéanfar Measúnacht Tionchair Mhiondíola ar thograí le haghaidh forbairtí¹⁸

- () Ina mbeidh níos mó ná 1000m². de ghlanaspás urláir miondíola, idir áise agus chomparáide, sna ceithre phríomhbhaile
- (a) Ina mbeidh níos mó ná 500m². de ghlanaspás urláir miondíola, idir áise agus chomparáide, sna Bailte Dúiche agus i lonnaíochtaí eile
- (b) Nó i gcás ina measfaidh an tÚdarás Pleanála go bhféadfadh an fhorbairt tionchar a bheith aici ar bheocht agus ar inmharthanacht lár an bhaile.

Coinníonn an tÚdarás Pleanála an ceart an ceanglas maidir le Measúnacht Tionchair Mhiondíola a tharscaoileadh ar bhonn cás ar chás. Beidh na critéir fosta atá leagtha amach sna Treoirlínte maidir le Pleanáil Miondíola (RCORÁ, 2012), nó in aon leagan arna leasú díobh san áireamh san Measúnacht Tionchair Mhiondíola.

18.17.2 Éadain Siopaí

Tá éadain siopaí ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí a chruthaíonn carachtar, cáilíocht agus íomhá sráideanna miondíola. Tá dhá chur chuige maidir le dearadh éadan siopaí a chuirfidh an Chomhairle chun cinn:

- Cosaint éadain siopaí idir éadain thraidisiúnta agus éadain bhunaidh
- Dea-dhearadh comhaimseartha a spreagadh le haghaidh éadan siopaí nuair is cuí.

Moltar d'fhorbróirí agus do dhearthóirí féachaint ar an treoir dearaidh Shop Fronts and Streetscapes in County Wexford. De ghnáth, ba cheart go mbeadh baint ag

¹⁸Tá a gcuid pleananna forbartha féin ag Baile Loch Garman, Inis Córthaidh agus Ros Mhic Thriúin Baile agus tá sé de cheangal orthu cloí le spriocanna a bpleananna forbartha faoi seach.

dearadh éadain siopa le carachtar ailtireachta an cheantair agus an fhoirgnimh a bhfuil sé ina chuid de. Cinnteofar i gcás éadain siopa nua go mbeidh rochtain leibhéalta nó rochtain le rampa ann chun go mbeidh rochtain éasca ag cách.

Déanfaidh an Chomhairle iarracht na héadain siopaí traidisiúnta atá fágtha agus atá tábhacht ó thaobh an bhailedhreach a choinneáil. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil cead pleanála riachtanach chun éadan siopa a athchur nó éadan siopa nua a chur suas agus nach measann an Chomhairle gur forbairt dhíolmhaithe é sin.

Ní cheadófar comhlaí rollacha seachtracha ar éadain siopaí sna príomhlimistéir mhiondíola i mbailte agus sráidbhailte.

18.18 Bialanna Bia The Beir Leat

Rialófar forbairt ionad beir leat bia te go dian agus ní spreagfar an cuimse ionad den sórt. Ní dhéanfar an cineál sin forbartha a mheas de ghnáth ach amháin i lár bailte, sráidbhailte agus in ionaid chomharsanachta, agus nuair nach gcaillfí éadanas miondíola de thoradh na forbartha (féach Cuspóir ED37). Ní cheadófar tograí don chineál sin forbartha:

- Más dócha go ndéanfaí dochar do thaitneamhacht na réadmhaoine cónaithe in aice láimhe, do taitneamhacht amhairc an cheantair, nó go mbeadh guaiseacha tráchta nó páirceála carranna ann dá bharr.
- Nach bhfuil sé léirithe nach mbeadh fadhbanna torainn agus bolaidh ag áititheoirí na réadmhaoine in aice láimhe de thoradh na húsáide sin.
- Go bhfuil aonad cónaithe os cionn na háite dá bhfuil an fhorbairt á moladh
- Go mbeadh drochthionchar tromchúiseach ag an athrú ó úsáid miondíola ar bheocht agus ar inmharthanacht miondíola mar gheall ar an méid ionad beir leat atá sa cheantar cheana féin.
- Go bhfuil sé laistigh d'achar 200m ó bhunaíochtaí oideachais.

Féadfaidh an Chomhairle srianta a chur le huaireanta oscailte ionad beir leat bia te sna cásanna ina bhfuil an úsáid sin ceadaithe.

18.19 Stuanna Siamsaíochta

Ní cheadófar tograí le haghaidh ionad siamsaíochta i gceantair chónaithe agus ní cheadófar an cuimse stuaí siamsaíochta. Cuirfear cosaint carachtair an cheantair agus taitneamhachtaí na réadmhaoine cónaithe in aice láimhe agus gnólachtaí san áireamh nuair a bheidh iarratais phleanála don chineál sin forbartha á meas.

18.20 Tithe Tábhairne agus Clubanna oíche

D'fhonn meascán cuí d'úsáidí a choimeád ar bun agus taitneamhachtaí oíche a chosaint, cuirfidh an Chomhairle cosc le comhchruinniú iomarcach tithe tábhairne agus clubanna oíche i mbailte agus i sráidbhailte. Cuirfear na saincheisteanna seo a leanas san áireamh nuair a bheidh measúnú á déanamh ar iarratais le haghaidh úsáidí den sórt sin:

- An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt ar thaitneamhacht na n-áitritheoirí in aice láimhe;
- Déanfar monatóireacht chúramach ar an torann ag na teorainneacha agus beidh bearta inslithe torainn ag teastáil nuair a chuirfear isteach an t-iarratas pleanála; ceist thábhachtach ag an gComhairle is ea líon agus minicíocht na n-imeachtaí in áiseanna den sórt sin;
- Go bhfuil bearta cearta um rialú bruscair i bhfeidhm sula n-osclófar aon áitreabh;
- Rialófar dearadh an éadanais go cúramach, go háirithe, cineál agus méid na gcomharthaí fógraíochta a úsáidfear agus an soilsiú. Ní mór don dearadh meas a léiriú ar charachtar na sráide agus na bhfoirgneamh.

18.21 Turasóireacht

Aithníonn an Chomhairle an ról na turasóireachta i bhforbairt eacnamaíoch an chontae. Mar sin féin, tuigeann sí an gá atá le rialú a dhéanamh ar chineál agus ar scála forbairtí dá leithéid i gceantair thuaithe lena chinntiú nach ndéanfar dochar do charachtar ná do chaighdeán na dtáirgí turasóireachta sa chontae.

18.21.1 Nithe is Díol Spéise do Thurasóirí

Déanfar machnamh ar líon teoranta forbairtí den sórt sin a cheadú ar choinníoll nach bhfuil siad ag teacht salach ar chuspóirí straitéiseacha eile sa Phlean agus go sásaíonn siad na riachtanais íosta seo a leanas:

- Gur tionscadal samhlaíoch comhtháite an fhorbairt, go ndearnadh taighde maith faoi, agus go bhfuil údar maith leis.
- Nach sásaíonn an fhorbairt cuspóirí an phlean maidir le bainistiú an tírdhreacha agus chríos an chósta.
- Go luíonn an fhorbairt go maith le scála agus leis an leibhéal gníomhaíochta sa cheantar.
- Nach mbeadh drochthionchar ag an bhforbairt ar shábháilteacht ar bhóithre ná ar an saorshreabhadh tráchta agus nach mbeadh feabhsuithe riachtanach a bhainfeadh de charachtar na mbóithre tuaithe.
- Nach mbeadh drochthionchar ag an bhforbairt ar láithreáin a bhfuil luach ó thaobh chaomhnú an dúlra nó tábhacht seandálaíochta ag baint leo ná ar struchtúir ar díol spéise ailtireachta nó staire iad.
- Go mbeidh aon chóiríocht a chuirfear ar fáil dea-dheartha agus go n-oirfidh sí don tírdhreach ó thaobh na háite a thógfar í agus na n-ábhar a úsáidfear.

18.21.2 Tithe Saoire

Más rud é go bhfuiltear tar éis glacadh leis i bprionsabal go dtógfar scéim tithe saoire ag suíomh ar leith ní mór aird a thabhairt ar na caighdeáin seo a leanas maidir le leagan amach agus dearadh na forbartha:

- Ba cheart go mbeadh dearadh ardchaighdeán agus leagan amach samhlaíoch ag baint leis na tithe saoire mar aon le spásanna oscailte comhchoiteanna a bheidh leagtha amach go maith agus tírdhreachú suntasach, oiriúnach. Ba cheart go mbeadh go leor spáis oscailte phríobháidigh agus páirceála ar fáil d'áititheoirí agus do chuairoteoirí araon.
- Ba cheart go mbeadh dearadh na n-aonad ar ardchaighdeán agus go léireodh siad meas ar charachtar an cheantair ina mbeidh siad lonnaithe. Ní bheifear i bhfabhar forbairtí scoite i stíl fo-uirbeach de ghnáth - tabharfar spreagadh ar leith d'fhorbairtí a thógfar thimpeall ar clóis.

- Ní mór gnéithe an láithreáin mar chrainn agus fáлта sceach a choinneáil nuair is féidir.
- Ba cheart an scéim a choimeád faoi úinéireacht shingil.

18.21.3 Forbairtí Carbhán agus Campála

I gcás ina bhfuiltear tar éis glacadh leis i bprionsabal go bhforbrófar ionad do charbháin chamchuarite nó do charbháin sheasta ag suíomh ar leith ní mór aird a thabhairt ar na caighdeáin seo a leanas maidir le leagan amach agus dearadh na forbartha:

- Ní mór an dearadh agus leagan amach a bheith ar ardchaighdeán agus bém a bheith leagtha ar nuálaíocht chun coincheap dearaidh comhtháite a chur ar fáil a nascfaidh na háiteanna páirceanna carbhán le limistéir chomhchoiteanna dea-lonnaithe, agus le háiseanna agus le taitneamhachtaí an tsuímh.
- Ba cheart go mbeadh na sheirbhísí áitiúla agus na fónais phoiblí in ann na suíomhanna a rochtain de ghnáth, ach ní ceart go mbeadh drochthionchar acu ar na suíomhanna sin.
- Ní ceart go mbainfeadh leibhéal foriomlán na forbartha in aon limistéar faoi leith den phríobháideacht ná den thaitneamhacht atá ag cónaitheoirí áitiúla faoi láthair. Ní ceart aon láithreán den sórt sin a bheith suite díreach in aice le réadmhaoin chónaithe atá ann cheana agus ba cheart na suíomhanna a fhorbairt sa chaoi nach mbeidh aghaidh anuas acu ar réadmhaoin chónaithe.
- Éileofar tírdhreachú ardchaighdeán agus plandáil crann ar fud na dteorainneacha go léir agus ar fud an láithreáin. Caithfear scéim chuimsitheach thírdhreachaithe a bheith ina cuid dhílis d'fhorbairt an láithreáin. Ba cheart an phlandáil nua a dhearadh le cur le gnéithe an tírdhreacha atá ann cheana féin lena n-áirítear fáлта sceach, coillearnacha, crainn agus toir. Ba cheart go mbeadh foráil sna tograí maidir le tírdhreachú go ndéanfar speicis dhúchasacha a phlandáil go flúirseach ina ngrúpaí agus ina gcriosanna. Ba cheart do dhuine gairmiúil a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige nó aici an scéim tírdhreachaithe a ullmhú.

- Ba cheart an fhorbairt a nascadh leis na háiseanna uisce agus cóireála fuíolluisce atá ann cheana féin má tá a leithéidí ar fáil ach gan oiread a éileamh uathu nach mbeadh inbhuanaithe.
- I gcás ina bheartaítear soláthar príobháideach uisce mar aon le háiseanna príobháideacha um chóireáil fuíolluisce a sholáthar ní mór dóibh siúd cloí le critéir phleanála agus chomhshaoil ábhartha na Comhairle.
- Ba cheart go gcuirfí bóithre leordhóthanacha agus limistéir pháirceála ar fáil sa bhforbairt ina mbeadh spás páirceála amháin ar a laghad in aghaidh gach spás páirceála do charbhán mar aon le líon cuí spásanna breise do chuairteoirí. Ba cheart limistéir fáiltithe nó bealach isteach a chur ar fáil ina mbeidh áiseanna páirceála agus spás leordhóthanach chun carranna a chasadh ann.
- Ba cheart go mbeadh soilsiú poiblí ar fáil ar chuailí ísle agus soilse ísealdéine a bheith in úsáid.
- Ní mór na Rialacháin do Páirceanna Carbhán agus Campála a chomhlíonadh (Bord Fáilte 2009).

18.21.4 Seallaí Ionaí

Tógadh seallaí lena n-úsáid mar thithe saoire ar bhonn ad hoc thar na blianta go príomha laistigh de chríos an chósta. Tá brú ag méadú le blianta beaga anuas struchtúir eile a chur in ionad na seallaí sin. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil an chuid is mó de na struchtúir sin le fáil i gceantair chósta áit a gcaithfear saincheisteanna maidir le tuilte cósta agus creimeadh cósta a mheas. Tá a fhios ag an gComhairle nach bhfuil bonneagar leordhóthanach ag a lán de na struchtúir sin, lena n-áirítear seirbhísí fuíolluisce agus bóithre.

Déanfaidh an Chomhairle athsholáthar struchtúr na seallaí reatha a mheas:

- Má bhíonn sé léirithe go raibh an sealla a bhfuil sé beartaithe a athchur ar an suíomh sin roimh 1 Deireadh Fómhair, 1964 nuair a tháinig an tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 i bhfeidhm nó go bhfuil cead pleanála faighte ina leith agus go go gcomhlíonann sé na coinníollacha pleanála a bhaineann leis.
- Má tá sé beartaithe struchtúr athsholáthair a chur in ionad an tsealla a mbeidh achar urláir ann a bheidh cothrom leis nó nach mbeidh sé thar 20% níos mó

ná achar urláir an tsealla atá ann cheana féin lena chinntiú go mbeidh scála agus foirm an chineáil sin forbartha comhsheasmhach lena bhfuil ann faoi láthair.

Tabharfaidh an Chomhairle aird ar riosca tuilte, creimeadh cósta, cúrsaí comhshaoil agus caighdeáin rochtana freisin nuair a bheidh iarratais phleanála á meas.

18.22 Comharthaí agus Struchtúir Fógraíochta

Aithníonn an Chomhairle an ról atá ag fógraíocht i bhforbairtí tráchtála. Mar sin féin, aithníonn sí freisin má bhíonn an chuimse mórchlár fógraíochta, comharthaí agus méarchlár fógraíochta scaipthe anseo is ansiúd i limistéir tuaithe gur féidir leo baint de dhealramh agus de thaitneamhachtaí amhairc na háite agus go bhfeadfaidh siad guais tráchta a chruthú trí mhearbhall a chur ar dhaoine. Is féidir le fógraíocht neamhrialaithe i mbailte agus i sráidbhailte drochthionchar a bheith acu ar dhealramh na háite agus guais tráchta a chruthú.

Déanfaidh an Chomhairle comharthaí ar bhóithre náisiúnta agus in aice leo a rialú i gcomhréir le Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (RCORÁ, 2012) agus le ráiteas beartais an Údaráis um Bóithre Náisiúnta ar Sholáthar Comharthaí Turasóireachta agus Fóillíochta ar Bhóithre Náisiúnta (Márta 2011) agus le haon leaganacha nuashonraithe de na doiciméid sin.

Beidh gach fógra agus struchtúr fógraíochta ach amháin iad siúd atá díolmhaithe faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) faoi réir iarratais fhoirmiúil pleanála.

Beidh feidhm leis an méid seo a leanas i mbailte agus i sráidbhailte:

- Tá comharthaí atá ceangailte d'fhoirgnimh níos fearr ná cinn ar mhórchlár shaorsheasaimh
- Ní cheadófar comharthaí má bhíonn siad in iomaíocht le comharthaí bóthair nó má chuireann siad sábháilteacht tráchta i mbaol
- Ní cheadófar comharthaí i gceantair chónaithe de ghnáth

- Ba cheart comharthaíocht a chur in áiteanna ar bhealach nach gcruthófar bacainní do dhaoine lagamhairc agus nach gcuirfear isteach ar rochtain ar chosáin
- Ní ceart méid agus scála na gcomharthaí teacht salach ar mhéid ná ar scála na struchtúir atá sa chomharsanacht cheana féin
- Ní ceart aon chomharthaíocht nó fógrán nó struchtúr taca do chomharthaíocht nó fógra, lena n-áirítear cuailí bratacha, a bheith níos mó ná 5.2m os cionn leibhéal na talún
- Ní ceart go gcruthódh líon agus suíomh comharthaí tranglam míchuí ar aghaidh foirgnimh nó ar shráid-dreach
- Ní cheadófar fógraíocht ardleibhéil; ba cheart comharthaí a bheith suite ag nó faoi bhun leibhéal an éadanchláir ar urlár na talún; Ní cheadófar comharthaí os cionn sceimhleacha ná os cionn leibhéal uchtbhalláí
- Cuirfear cosc le comharthaí neon, plaisteach, PVC, peirspéacs galánach agus le comharthaí frithchaiteacha nó gealraí ar an taobh amuigh d'fhoirgnimh agus le cinn den sórt sin atá suite go himheánach ach infheicthe ón taobh amuigh
- Ní bheidh comharthaí níos mó ná 10% d'achar dromchla an fhoirgnimh
- Ní ceart go gcuirfeadh comharthaí isteach ar fhuinneoga, ná ar ghnéithe eile d'aghaidh an fhoirgnimh, ná a bheith ag gobadh in airde os cionn na spéirlíne
- Ní cheadófar mórchláir fógraíochta de ghnáth ach féadfar smaoineamh ar cead sealadach a thabhairt, áfach, le go bhféadfadh siad suímh forbartha nó láithreacha folmha a cheilt.

Ní cheadófar mórchláir fógraíochta (cláir fógraí) amuigh faoin tuath.

18.23 Foirgnimh Thalmhaíochta

Tabharfaidh an Chomhairle spreagadh d'fhorbairt talmhaíochta agus déanfaidh sí í a éascú faoi réir na gcritéar seo a leanas:

- An tionchar ar charachtar agus ar thaitneamhacht na háite sin agus na dúiche máguaird.
- Nach bhfuil aon fhoirgnimh oiriúnacha gan úsáid ar an ngabháltas feirme a bhféadfaí a úsáid i gcomhair na forbartha.

- Nach mbeadh drochthionchar ag an togra ar an trácht ná ar thimpeallacht an cheantair.

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil foirgnimh talmhaíochta riachtanach agus admhaíonn sí gur go mbeidh méid suntasach sna struchtúir sin go minic. In ainneoin sin, éileofar go mbeidh na foirgnimh ag teacht leana bhfuil timpeall orthu ó thaobh scála, ábhar agus bailchríocha. Ba cheart an foirgneamh a shuí chomh neamhfheiceálach agus is féidir agus caithfidh na bailchríocha agus na dathanna a úsáidfear a chinntiú go luífidh an foirgneamh isteach lena bhfuil timpeall air agus leis an dúiche mórthimpeall. Éileofar go mbainfear leas as dath glas dorcha nó as dath liath mar dhathanna oiriúnacha don díon. Ní mór dath dorcha a bheith ar aon chumhdach atá beartaithe.

18.24 Seandálaíocht

Níl ach líon teoranta rudaí ann a bhfuil luach seandálaíochta ag baint leo, agus is acmhainní neamh-inathnuaite iad a gcaithfear a chosaint agus a chothabháil. Bealach riachtanach chun an chosaint sin a chinntiú is ea an próiseas pleanála. Déanfaidh an Chomhairle a cuid féin chun iarsmaí seandálaíochta a chosaint in situ nuair is féidir. Aithnítear an tábhacht agus an luach a bhaineann leis an timpeallacht stairiúil níos leithne, lena n-áirítear bláir chatha.

Éileoidh an Chomhairle go seolfaidh an bhforbróir tuarascáil isteach a bheidh ullmhaithe ag seandálaí atá cáilithe go hoiriúnach ar na himpleachtaí seandálaíochta atá ag forbairt mholta a mbeadh oibreacha ag baint léi a bhféadfadh tionchar a bheadh acu ar iarsmaí seandálaíochta.

I gcúinsí iomchuí, nuair a cheadóidh an Chomhairle forbairt féadfaidh sí coinníollacha á chur léi ag éileamh:

- Go ndéanfaí maoirseacht ghairmiúil seandálaíochta ar thochailtí ar an láithreán
- Go gcuirfeadh an t-iarratasóir maoiniú ar fáil le go ndéanfaí measúnú, monatóireacht, tástáil nó tochailt seandálaíochta, ar an suíomh agus gcuirfí tuarascáil a chur ar fáil faoin obair, sula dtosaítear an fhorbairt

- Go ndéanfar na hiarsmaí seandálaíochta go léir nó cuid díobh a chaomhnú ar an láithreán.

18.25 Oidhreacht Ailtireachta

Cuirfear na hoibreacha go léir ar Struchtúr Cosanta i gcrích i gcomhréir le dea-chleachtas caomhantais. Má tá iarratas pleanála le haghaidh oibreacha ar Struchtúr Cosanta le seoladh isteach ní mór Measúnú Tionchair ar Oidhreacht Ailtireachta a chur in éineacht leis a bheith ullmhaithe de réir Aguisín B de na 'Architectural Heritage Protection - Guidelines for Planning Authorities (RCORÁ, 2004). Caithfidh an tuarascáil a bheith ullmhaithe ag duine inniúil gairmiúil a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige nó aici.

Is é an cuspóir an mheasúnaithe ná cur síos a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag na hoibreacha atá beartaithe ar charachtar an Déanmhais Chosanta nó ar aon chuid de. Ba cheart mionsonrú agus méid an mheasúnaithe a bheith oiriúnach do nádúr agus scála na n-oibreacha atá beartaithe. De ghnáth, ba cheart an t-eolas seo a leanas a chur san áireamh:

- Cur síos ar an Struchtúr Cosanta agus ar a thábhacht
- Suirbhé a bheidh mionsonraithe go cuí ar an bhfoirgneamh, lena n-áirítear suirbhé fótagrafach
- Cur síos ar na hoibreacha atá beartaithe, sonraí faoi na hábhair agus na modhanna a bhfuil sé i gceist a úsáid chun na hoibreacha a chur i gcrích
- Cur síos agus measúnú ar an tionchar a bheidh ag na hoibreacha ar an Struchtúr Cosanta.

18.26 Struchtúir Theileachumarsáide

Beidh sé riachtanach na nithe seo a leanas a sheoladh isteach le iarratas pleanála a bhaineann le tógáil aeróg agus struchtúr tacaíochta:

- Bonn cirt réasúnaithe maidir leis an ngá atá leis an bhforbairt faoi leith ag an suíomh atá molta i gcomhthéacs pleananna foriomlána an oibreora don Chontae ag féachaint do chlúdach.

- Tá sonraí faoi na suíomhanna nó na hionaid eile sa Chontae a breithníodh agus na fáthanna nach mbeadh sé indéanta an obair a dhéanamh ag na láithreáin nó sna háiteanna sin.
- Fianaise i scríbhinn faoi comhairliúcháin le hoibreoirí eile maidir le roinnt suíomhanna agus struchtúr tacaíochta. Caithfidh na hiarrthóirí an Chomhairle a shásamh go bhfuil iarracht réasúnta déanta chun fearais a roinnt. I gcásanna nach bhfuil sé indéanta struchtúr tacaíochta a roinnt, spreagfar na hiarratasóirí chun láithreán a roinnt nó fearais a shuiteáil taobh lena chéile sa chaoi gur féidir crainn agus aeróga a bhraisliú le chéile.
- Tograí mionsonraithe chun tionchar amhairc na forbartha beartaithe a mhaolú, lena n-áirítear na bóithre rochtana, struchtúir agus cuailí breise a bheidh le tógáil.

18.27 Ainmniú Forbairtí

Ba cheart go dtabharfadh ainmneacha forbairtí nua tithíochta, tráchtála agus pobail, lena n-áirítear bóithre, léargas ar logainmneacha áitiúla, go hairithe bailte fearann nó ainmneacha áitiúla a thugann léiriú ar an tírdhreach, ar ghnéithe, nó cultúr nó stair an cheantair ina bhfuil an fhorbairt suite; déanfar ainmneacha daoine stairiúla a bhaineann leis an gceantar a mheas freisin. Spreagfar úsáid ainmneacha Gaeilge nuair is féidir. Tabharfaidh an forbróir nó an t-iarratasóir cur síos ar an míniú nó ar an inspioráid a bhaineann leis an ainm sa togra um chomhlíonadh.

Faomhfaidh an Chomhairle an t-ainm atá roghnaithe sula gcuirfear tús le haon fheachtas fógraíochta faoin bhforbairt. Tá treoir maidir le hainmniú forbairtí ullmhaithe ag an gComhairle mar chabhair d'fhorbróirí. Tá an treoir 'Logainmneacha' le Chomhairle Contae Loch Garman le fáil ón Rannóg um Pleanáil chun Cinn ag Comhairle Chontae Loch Garman.

18.28 Dramhaíl Tógála agus Scartála

Éileofar ar iarratasóirí nó ar fhorbróirí Plean um Bainistiú Dramhaíola Tógála agus Scartála a sheoladh isteach a bheidh ullmhaithe i gcomhréir le Best Practice Guidelines on the Preparation of Waste Management Plans for Construction and Demolition Projects (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2006)

agus le haon leagan nuashonraithe de na treoirlínte sin. Áireofar i bpleananna den sórt sin moltaí lena chinntiú go ndéanfar an méid is mó ábhar dramhaíola is féidir a athúsáid agus a athchúrsáil, agus seolfar isteach iad i gcomhair na bhforbairtí molta seo a leanas:

- Forbairt cónaithe ina mbeidh 10 dteach nó níos mó
- Forbairtí lena n-áirítear forbairtí institiúideacha, oideachasúla, sláinte agus áiseanna eile poiblí a mbeidh achar urláir comhiomlán níos mó ná 1,250m² iontu.
- Tionscadail scartála, athnuachana, nó athchóirithe ina ghinfear níos mó ná 100m³ de dhramhaíl Tógála agus Scartála
- Thionscadail innealtóireachta sibhialta ina dtáirgfear níos mó ná 500m³ de dhramhaíl ach gan ábhair dramhaíola a úsáidfear i gcomhair oibreacha forbartha ar an láithreán a chur san áireamh.

18.29 Iompar

Éileoidh an Chomhairle go ndearfar gach forbairt chun rochtain áisiúil, shábháilte a sholáthar agus a éascú do chách lena n-áirítear don óige, do dhaoine aosta agus daoine maolghluaiste, do shiúlóirí, do rothaithe agus dóibh siúd a úsáideann iompar poiblí, agus aird chuí a thabhairt do na doiciméid chomhairle ábhartha is déanaí ón Rialtas.

18.29.1 Bóithre

Déanfar gach forbairt a d'fhéadfadh tionchair a bheidh aici ar bhóithre poiblí a mheas ar a fiúntas ag féachaint do na nithe seo a leanas:

- Cosaint agus cur chun cinn shábháilteacht an phobail
- Cosc agus brúnna tráchta nach bhfuil gá leo ar an líonra bóithre a sheachaint
- Feidhm, cumas iompair, cobhsaíocht struchtúrach, agus infheistíocht sa líonra bóithre a chosaint

Éileoidh an Chomhairle go gcaithfear Iniúchadh ar Shábháilteacht ar Bhóithre a sheoladh isteach le gach togra forbartha a bhféadfadh leibhéil suntasacha nua tráchta a bheith ann dá bharr agus go mbeadh pointí nua rochtana/fágála

riachtanach dá bharr, nó go ndéanfaí athruithe suntasacha ar na pointí rochtana/fágála atá ar bhóthar náisiúnta cheana féin.

Éileoidh an Chomhairle go gcuirfear Measúnú Tráchtá agus Iompair lena n-áirítear Plean Bainistíochta Soghluaisteachta isteach i gcomhair forbairtí molta a bhféadfadh leibhéil suntasacha nua tráchtá a bheith ann dá mbarr. Ní mór aird a thabhairt i gcás forbairtí ar bheartais an Údaráis um Bóithre Náisiúnta.

18.29.2 Láithreánú agus Dearadh Pointí Iontrála agus Fágála

Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar a bhfiúntas féin ar láithreánú agus ar dhearadh mionsonraithe gach pointe rochtana/fágála molta ar bhóthar poiblí (lena n-áirítear tograí le cur go mór le húsáid pointe rochtana/fágála atá ann cheana féin), ag féachaint do Caighdeáin Chéimseata Bóithre DRMB agus DMBRAS de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta agus na gluaiseachtaí agus castaí tráchtá ar dócha a bheith ann, dálaí an bhóthair san áit a bhfuil pointe rochtana/fágála beartaithe agus an gá íoslaghdú a dhéanamh ar an méid tírdhreachaithe idir chrua agus bhog a chaillfear is nach gcuirfear ar ais.

Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar gach pointe rochtana/fágála nua i bhfianaise réimse critéar lena n-áirítear:

- Soláthar na n-amharclínte atá riachtanach.
- Ba cheart go gcuimseodh suíomh, dearadh agus tógáil gach pointe rochtana/fágála modhanna trína mbainisteofar uisce dromchla de bhreis ar an gCóras Draenála Inbhuanaithe atá deartha don suíomh agus socruithe chun cosc a chur le damáiste do na córais draenála atá ar thaobh an bhóthair.
- Ba cheart an pointe rochtana/fágála a lonnú, a dhearadh agus a thógáil lena chinntiú nach mbeidh fána níos mó ná 3% ar an gcéide rochtana sa chéad 7m atá taobh le carrbhealach an bhóthair phoiblí agus nach n-ardófar, is nach n-ísleofar is nach n-athrófar ar aon bhealach carrbhealach an bhóthair phoiblí san áit a mbuailfidh sé leis an bealach rochtana atá beartaithe.
- Measúnú ar cibé an mbeadh nó nach mbeadh an iomarca bpointí rochtana/fágála sa cheantar a chuirfeadh mearbhall ar dhaoine, agus go

mbeadh gluaiseachtaí casta tráchta ag teacht salach ar a chéile agus go gcruthófaí guaiseacha sábháilteachta poiblí dá mbarr.

- Cibé an gcuirfeadh na socruithe atá beartaithe feabhas ó thaobh sábháilteachta poiblí agus deartha ar an ionad rochtana/fágála atá ann cheana féin nó nach gcuirfeadh.

18.29.3 Línte Amhairc

Is iad seo a leanas na riachtanais táscacha maidir le línte amhairc ag pointí rochtana/fágála ar bhóthar poiblí lasmuigh de luasteorainn 50 km san uair nó 60 km san uair:

- | | |
|----------------------------------|------|
| • Bóithre Náisiúnta | 230m |
| • Bóithre Réigiúnacha d'Aicme 1* | 220m |
| • Bóithre Réigiúnacha d'Aicme 2 | 135m |
| • Bóithre Áitiúla/Contae | 65m |

Línte Amhairc laistigh de Luasteorainn 50 km san uair nó 60 km san uair

Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar na línte radhairc a bheidh riachtanach ag suíomhanna éagsúla ar bhonn cás ar chás ag féachaint do na dálaí bóthair agus tráchta áitiúla, do na caighdeáin Chéimseata Bóthar ábhartha agus don ghá atá ann a chinntiú go mbeifear in ann coisithe agus rothaithe a bheidh ag úsáid an bhóthair nó an cosáin ag an bpointe rochtana/fágála a fheiceáil go soiléir.

Chuirge sin d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach teorainneacha ar chur le hairde ballaí nó fálta nó tírdhreachú san áit a nascann an cóireáil teorann go díreach leis an gcosán agus/nó go gcoinneofar an talamh ag imeall reatha an bhóthair saor ó fhorbairt chun léargas agus soláthar cosán a éascú.

Beidh aird ag an gComhairle freisin ar an méid seo a leanas i gcás ina bhfuil sé molta pointe nua rochtana/fágála a sholáthar nó leathnú a dhéanamh ar cheann atá ann chun éascú a dhéanamh ar sholáthar limistéar nua nó limistéar leathnaithe páirceála ar éadanas forbartha atá ann:

- Na dálaí reatha bóthair, lena n-áirítear measúnú ar cibé an gcruthaíonn páirceáil ar an tsráid guaiseacha sábháilteachta nó bac míchuí ar úsáideoirí eile an bhóthair nó nach gcruthaíonn.

- Dálaí an iarratasóra
- An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar na rudaí taitneamhacha atá le feiceáil sa cheantar nó ar dhraenáil uisce dromchla de thoradh na rochtana nua nó leathnaithe, de bharr baint na cóireála teorann nó de bharr limistéir seasaimh chrua nua nó méadaithe
- An méid a chruthódh an togra fasach d'fhorbairt den chineál céanna sa chomharsanacht agus measúnú ar na tionchair charnacha a d'fhéadfadh a bheith ag forbairt eile den chineál céanna.

Línte Radhairc a Thomhas

- Déanfar línte radhairc a thomhas ó áit 3m siar ó imeall an bhóthair poiblí (2m siar i gcás ionaid rochtana/fágála molta le haghaidh teach cónaithe amháin), ag lárphointe an ionad rochtana/fágála beartaithe chuig pointí ar an taobh cóngarach den bhóthar poiblí san dá threo.
- Léireofar gur féidir na línte radhairc riachtanacha a chruthú sula n-úsáidfear an bealach rochtana/fágála den chéad uair agus go mbeifear in ann iad a choinneáil ina dhiaidh sin go brách. Déanfar an talamh go léir is gá chun línte radhairc a chruthú a chur san áireamh laistigh den láithreán a bhfuil imeall dearg air agus a sheoladh isteach, mar aon le litreacha toilithe seo ó úinéir(í) ábhartha na talún más gá.
- Tabharfaidh an Chomhairle aird ar an tionchar atá ag ardáin is ísleáin i leibhéal an bhóthair ar línte radhairc.
- Ní cheadóidh an Chomhairle pointí rochtana/fágála atá beartaithe i gcás ina mbeadh sé riachtanach de bharr suíomh na bpointí rochtana/fágála agus soláthar na línte radhairc méid míchuí a chailliúint de fálta sceach ar thaobh an bhóthair nó crainn nó gnéithe traidisiúnta (ar nós ballaí cloiche agus píaraí), más rud é gur féidir pointe rochtana malartach a úsáid agus nach féidir a leithéid de ghnéithe nádúrtha nó tógtha a athchur nó a athlonnú.

18.29.4 Forbairt ar Lánaí Príobháideacha

Tabharfaidh an Chomhairle aird ar an méid seo a leanas sa mheasúnú ar thograí forbartha ar lánaí príobháideacha:

- Go bhfuil línte radhairc leordhóthanacha le fáil ag acomhal an lána agus an bóthar poiblí. Maidir leis seo féadfar a éileamh go gcuirfear tograí isteach maidir le feabhsú agus cothabháil na línte radhairc.
- Go bhfuil línte radhairc leordhóthanacha ar fáil san áit a bhfuil rochtain ar an lána ón suíomh, ag féachaint do na leibhéil tráchtá, agus do leithead an lána agus don bhail atá air.
- An chaoi ar féidir le feithicil amháin dul thar fheithicil eile ar an lána.
- Ba cheart go mbeadh bail agus ailíniú an lána de chaighdeán oiriúnach chun rochtain a éascú ar an láithreán fiú ag feithiclí seirbhíse éigeandála. Chuige sin féadfar a éileamh go seolfar tograí isteach maidir le huasghrádú agus cothabháil bhail an lána.
- Fianaise go bhfuil an ceart dlíthiúil ag an iarratasóir an lána a úsáid mar bhealach rochtana/fágála na forbartha beartaithe agus dul i mbun aon uasghrádú atá atá riachtanach chun bail, ailíniú agus amharclínte an lána a chothabháil.

18.29.5 Rothaíocht

Éileoidh an Chomhairle i gcás gach forbartha nua miondíola, fostaíochta agus fóillíochta go gcuirfear dóthain áiseanna páirceála ar fáil do rothair agus go mbeidh siad áisiúil, sábháilte agus slán. Éileofar freisin i gcás coimpléacsanna árasán go gcuirfear áiseanna stórála comhchoiteanna ar fáil do rothair. Tabharfaidh an Chomhairle aird ar an Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta (An tÚdarás Náisiúnta Iompair, 2011) sna measúnuithe a dhéanfaidh sí ar na háiseanna páirceála atá riachtanach i gcomhair rothar.

18.29.6 Pointí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha

Tá an BSL freagrach as pointí luchtaithe a sholáthar do carranna leictreacha in Éirinn. Tá trí rogha ann maidir le pointe luchtaithe: pointí sa bhaile, pointí luchtaithe poiblí ar thaobh na sráide agus in áiteanna mar charrchlóis ionad siopadóireachta agus ag pointí mearluchtaithe (ar feadh bealaí iompair idiruirbeacha). Spreagfaidh an Chomhairle agus soláthar pointí luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha in áiteanna oiriúnacha agus éascóidh sí iad. Éileoidh an Chomhairle go gcuirfear pointe

luchtaithe amháin (1) ar a laghad ar fáil d'fheithiclí leictreacha i ngach carrchlós nua atá le forbairt ina mbeidh 40 spás páirceála nó níos mó le cur ar fáil.

18.29.7 Caighdeáin Charrpháirceála

Éileoidh an Chomhairle go gcuirfear páirceáil ar fáil de réir na rátaí atá leagtha amach i dTábla Uimh. 39 mar chuid den dearadh i dtograí forbartha:

Tábla Uimh. 39 Caighdeáin um Pháirceáil Gluaisteán

Ionaid Chónaithe	Riachtanais Pháirceála
Teach	2 spás in aghaidh an Tí
Teach (i Lár an Bhaile)	1.5 spás in aghaidh an Tí
Árasán	1.5 in aghaidh an árasáin
Óstán	1 spás in aghaidh gach seomra leapa móide 1 spás in aghaidh gach 25m cearnach de sheomra ócáide / beár / bialann / seomra cruinnithe
Teach Aíochta/ Ionad Leaba agus Bricfeasta / Brú	1 spás in aghaidh gach seomra codlata nó 1 spás in aghaidh gach suanleasa 10 leaba
Ionad Carbhán nó Campála	1 spás do gach áit campála nó páirceála carbháin
Ionaid Tráchtála	
Siopadóireacht: Spás Urláir Miondíola Ginearálta (ar oscailt don phobal)	1 spás in aghaidh gach 20m cearnach atá ar oscailt don phobal
Trádstórais miondíola/ miondíol earraí toirtiúla	1 spás in aghaidh gach 50m cearnach atá ar oscailt don phobal
Oifigí: Oll-achar Urláir	1 spás in aghaidh gach 25m cearnach
Tithe Tábhairne / Seomraí Ócáide / Bialanna / Ionaid Beir Leat	1 spás in aghaidh gach 25m cearnach
Pictiúrlanna, Amharclanna, Staidiamaí	1 spás in aghaidh gach 3 shuíochán

Ionaid Chomhdhála: Limistéir Phoiblí	1 spás in aghaidh gach 25m cearnach
Eaglaisí / Hallaí Eaglaise	1 spás in aghaidh gach 10 suíochán
Tithe Altranais	1.5 spás in aghaidh gach leaba
Ionaid liachta eile	3 spás in aghaidh gach seomra comhairleora nó 2 spás in aghaidh gach seomra comhairleora i lár an bhaile
Ionaid Tionsclaíocha	
Gnóthais tionscail deisithe gluaisteán	1 spás in aghaidh gach 50 méadar cearnach
Gnóthais deisithe gluaisteán	1 spás in aghaidh gach 25m cearnach
Trádstórais: Oll-achar Urláir	1 spás in aghaidh gach 100 méadar cearnach
Ionaid Phobail	
Clubanna Spóirt, Tailte, Linnte Snámha	1 spás in aghaidh gach 15m chearnach & 6 spás in aghaidh gach páirce, 2 spás in aghaidh gach cúirte
Leabharlann.	1 spás in aghaidh gach 100m cearnach
Teach Tórraimh	10 spás
Scoil	1.5 spás in aghaidh gach seomra ranga
Naíolann nó Ionad cúraim leanaí	1 spás in aghaidh gach 4 leanbh móide 1 spás in aghaidh gach fostaí

- I gcás úsáide nach bhfuil sonraithe i dTábla Uimh. 39, déanfaidh an Chomhairle cinneadh faoin riachtanas pháirceála ag féachaint don éileamh dóchúil do pháirceáil a bhaineann leis an bhforbairt beartaithe agus saintréithe na mbóithre sa cheantar.
- Éileoidh an Chomhairle go gcuirfear áiseanna páirceála a bheidh áisiúil, sábháilte agus slán ar fáil do cóistí agus do bhusanna sna háiteanna sin inar dócha go gcruthóidh forbairtí éileamh suntasach ar pháirceáil den sórt sin. Tabharfaidh an Chomhairle comhairle d'iaratasóirí faoin ndearadh agus faoin suíomh riachtanach ar bhonn cás ar chás ag féachaint do chineál na forbartha beartaithe agus don áit ina mbeidh sí.

- Braithfidh líon na spásanna páirceála a bheith ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas ar an gcineál foirgnimh. Is é seo a leanas an soláthar molta páirceála a bheidh le cur in áirithe do dhaoine faoi mhíchumas:
 - Foirgnimh nach dtugann an pobal cuairt orthu de ghnáth: Spás amháin ar a laghad de thomhas oiriúnach in aghaidh gach 25 spás caighdeánach, suas go dtí an chéad 100 spás agus spás amháin ina dhiaidh sin in aghaidh gach 100 spás caighdeánach nó cuid den líon sin.
 - Siopaí agus foirgnimh eile a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu: Spás amháin ar a laghad de thomhas oiriúnach in aghaidh gach 25 spás caighdeánach; trí spás ar a laghad in aghaidh gach 25-50 spás caighdeánach; cúig spás ar a laghad in aghaidh gach 50-100 spás caighdeánach; agus trí spás bhreise in aghaidh gach 100 spás caighdeánach sa bhreis sin.
 - Beidh níos mó ná meánlíon na spásanna ainmnithe riachtanach i gcás áitribh a mbíonn céatadán ard de dhaoine faoi mhíchumas ag dul chuige. Ba cheart an riachtanas páirceála le haghaidh foirgneamh den chineál sin a áireamh i bhfianaise an éilimh réamh-mheasta.
- Nuair a bheifear ag déileáil le hiarratais phleanála ar athrú úsáide nó ar fhoirgnimh athsholáthair, cuirfear san áireamh an leas a bhíodh á bhaint as an suíomh nuair a bheidh riachtanas breise páirceála gluaisteán á ríomh i leith na forbartha nua.
- I gcás nach bhfuil sé indéanta ná inmhianaithe ar chúiseanna dearaidh páirceáil a sholáthar ar an suíomh, b'fhéidir go ndéanfaidh an Chomhairle machnamh, nuair is iomchuí, ar ranníocaíocht airgeadais a ghlacadh i leith páirceáil a sholáthar in aice láimhe.
- Ba cheart spásanna páirceála agus seirbhíse a lonnú agus aird á tabhairt ar shábháilteacht agus ar shlándáil gach aon duine agus ar thaitneamhacht na reádmhaoine taobh leis.
- Ba cheart achair mhóra de dhromchla crua le haghaidh seirbhísithe agus páirceála a sheachaint; ba cheart tírdhreachú idir chrua agus bhog a úsáid chun limistéir den sórt sin a roinnt nó a cheilt.

- Ba cheart limistéir rochtana, pháirceála agus seirbhísithe a dhearadh chun go mbeidh rochtain shábháilte, dhíreach ag coisithe agus ag rothaithe ar bhealach isteach na forbartha ón gcarrchlós ón mbóthar nó ón gcosán poiblí agus amach arís agus í sin a chur ar fáil más gá trí na bealaí a bheidh leithscartha agus marcáilte mar bhealaí rothaíochta nó mar chosáin.
- Chomh maith leis na caighdeáin ghinearálta pháirceála, beidh sé riachtanach spás a chur san áireamh i ndearadh forbartha le haghaidh feithiclí a bheidh riachtanach chun an gnó a reáchtáil lena n-áirítear seachadadh agus bailiú earraí, agus deisiú agus cothabháil a dhéanamh.
- Ba cheart spásanna sábháilte, slána, áisiúla a chur ar fáil chun gluaisrothair a pháirceáil laistigh de limistéir pháirceála mhóra.
- Éileofar ar scoileanna, naíolanna, áiseanna áineasa agus saoráidí eile dá leithéid áiteanna leordhóthanacha agus sábháilte a sholáthar ina bhféadfaidh tiománaithe daoine a fágáil acu, chomh maith leis na hionaid pháirceála. Maidir le forbairtí a bhfuil limistéir mhóra pháirceála iontu ba cheart iad a bheith deartha chun go bhféadfaidh tiománaithe daoine a fhágáil agus a bhailiú go héasca, lena n-áirítear tiománaithe tacsaithe.

18.29.8 Toisí Bánna Páirceála agus Lódála

Ba cheart an spás riachtanach i gcomhair bánna páirceála agus lódála, atá leagtha amach i dTábla Uimh 40, a bheith ina dhlúthchuid de dhearadh forbairtí.

Tábla Uimh. 40 Toisí Bánna Páirceála agus Lódála

An cineál spáis	Leithead
Bá páirceála cairr	5.0m x 2.5m
Bá páirceála do dhaoine faoi mhíchumas lena n-áirítear doras aistrithe ar thaobh agus ar chúl	6.0m x 3.7m
Cuas Luchtaithe	6.0m x 3.0m
Pasáistí Cúrsaíochta	6.0m ar leithead

18.29.9 Stáisiún Líonta Peitрил/Stáisiún Seirbhísí/Páirceáil Leoraithe

Tá na caighdeáin deartha do na cineálacha forbartha sin leagtha amach i dTábla Uimh. 41.

Tábla Uimh. 41 Caighdeáin Dearaidh do Stáisiún Líonta Peitрил

Dearadh Foriomlán	Beidh ardchaighdeán dearaidh foriomlán ag teastáil maidir le scála, dearadh agus suíomh na bhfoirgneamh, na bhforscáthanna, na comharthaíochta agus na bhfógraí. Ba cheart suíomh an láithreáin a chur san áireamh sa dearadh foriomlán agus ba cheart foirmeacha caighdeánacha na forscáthanna a sheachaint, go háirithe i mbailte agus i sráidbhaile. Ba cheart scéim mhionsonraithe thórdhreachaithe a chur isteach.
Rochtain	Ní bheidh leithead na mbealaí rochtana níos lú ná 6m agus níos mó ná 9m. Ní bheidh gathanna níos lú ná 10m ag na colbhaí ar na bealaí isteach agus amach. Is mar seo a leanas a bheidh an t-achar is lú ón mbealach isteach (bealach rochtana) go dtí an t-acomhal bóthair nó na soilse tráchta is gaire: Príomhbhóithre: 50m Mionbhóithre: 25m Ba cheart socruithe sábháilte, áisiúla rochtana a chur ar fáil agus a chothabháil i gcomhair coisithe agus rothaithe agus línte soiléire teorann a bheith ar na bealaí do choisithe. Ba cheart áiseanna slána, áisiúla páirceála a chur ar fáil do rothair.
Éadanas	Bailte agus Sráidbhailte: 31m ar a laghad Faoi tuath: 45m Beidh an suíomh marcáilte amach go soiléir ón bhóthar poiblí le balla íseal nach mbeidh níos mó ná 0.5m ar airde agus a bheidh tógtha ar feadh na líne teorann thosaigh go léir. Cuirfear cosán ar fail freisin lasmuigh den bhalla teorann.
Suíomh na Struchtúr	Ní bheidh an t-oileán lárnach ina bhfuil na caidéal níos gaire ná 7m. i gcás ar bith d'imeall cúirtealáiste an bhóthair. Ní cheadófar aon bhac seachas oileán na gcaidéal a bheith suite laistigh de 15m. de theorainn an bhóthair. Ní chuirfidh aon struchtúr buan nó sealadach isteach ar línte radhairc

	tiománaithe nó coisithe.	
Línte Radhairc	Luas an Bhóthair 40 km/u 60 km/u 80 km/u 100 km/u	Na Faid Íosta Léargais atá Riachtanach 170 m 170 m 230 m 280 m
Páirceáil	Ní mór bána páirceála agus pasáistí a shuí sa chaoi go mbeidh coisithe agus feithiclí ag trasnú ar a chéile an oiread is lú is féidir. Ba cheart spás leordhóthanach páirceála a bheidh ceilte ó radharc a sholáthar le freastal ar fheithiclí atá á seirbhísiú. Ba cheart spás leordhóthanach páirceála a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas. Chomh maith le páirceáil neamhfhoirmiúil a bhféadfar a dhéanamh timpeall bealaí na gcaidéal, cuirfear 1 spás páirceála ar a laghad ar fáil in aghaidh gach 20m cearnach de spás urláir atá inrochtana ag an bpobal.	
Soilsiú	Déanfar soilsiú a dhearadh agus a shuí chun: • Guais dallraithe a chosc • Feabhas a chur ar shlándáil • Gan mearbhall a chur ar lucht úsáidte an bhóthair • Drochthionchar ar na rudaí deasa atá le feiceáil sa cheantar a sheachaint. • Drochthionchar ar áitribh thadhlacha nó in aice láimhe a sheachaint	
Comharthaíocht	Ba cheart comharthaíocht agus fógraí a lonnú agus a dhearadh chun: • Guaiseacha maidir le sábháilteacht an phobail a chosc; • Nach mbeidh drochthionchar ar na rudaí deasa atá le feiceáil sa cheantar. Nach mbeidh aon struchtúr comharthaíochta nó fógraíochta níos airde ná 5.2m agus nach gcruthódh comharthaí nó fógraí tranglam amhairc; • Drochthionchar ar áitribh thadhlacha nó in aice láimhe a sheachaint	
Draenáil / Áiseanna Ginearálta	Déanfar dromchla na réamhchúirte a ghrádú, cuirfear tarramhacadaim, biotúman nó ábhair oiriúnach eile air agus déanfar é a draenáil chun sástachta an Údaráis Phleanála agus coinneofar an bhail sin air.	

	Feisteofar gaiste idircheaptha peitрил / ola ar an gcóras draenála uisce dromchla. Déanfar socruithe maidir le stóráil agus baint an bhruscair agus ábhar dramhaíola. Ag brath ar shuíomh agus ar mhéid na forbartha, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach cóiríocht sláintíochta a sholáthar don phobal.
Úsáidí	Má bhíonn comhpháirt áise miondíola mar chuid de stáisiún líonta peitрил féadfar teorainn a chur le méid na comhpháirte sin nó do réimse na n-earraí a bheidh ar díol ann ag féachaint don suíomh, do na háiseanna miondíola atá sa chomharsanacht, do leordhóthanacht na páirceála atá ar fáil agus do shábháilteacht tráchta. Féadfaidh an Chomhairle cosc a chur ar úsáidí eile, ar thomhaltas bia san áitreabh, má mheastar go gcruthódh na húsáidí sin guaiseacha páirceála nó guaiseacha casta tráchta.
Aiseanna Poiblí	Cuirfear leithris phoiblí ar fáil a mbeidh rochtain chomhionann orthu lena n-áirítear ionad friothála ar naíonáin.

18.30 Seirbhísí a chur faoin Talamh

Déanfar na seirbhísí go léir, lena n-áirítear cáblaí BSL, teileafóin agus teilifíse a chur faoi thalamh. Ba cheart foirgnimh nó struchtúir sheirbhíse a lonnú chomh neamhfheiceálach agus is féidir agus caithfear iad a cheilt.

18.31 Soláthar agus Caomhnú Uisce

18.31.1 Scéim Phoiblí/Grúpscéim Uisce

Má tá sé beartaithe forbairt a nascadh leis an gcóras soláthair uisce poiblí nó le grúpscéim uisce, ba cheart an fhaisnéis seo a leanas a chur isteach leis an iarratas pleanála:

- An pointe nasctha leis an bpríomhchóras atá ann
- Faisnéis faoin acmhainn agus faoin soláthar atá ar fáil ag an bpointe nasctha
- Anailís ar bhrú atá ar fáil
- Tograí maidir le cur leis an mbrú nó chun uisce a stóráil ar an láthair, de réir mar is gá
- Dearadh an ghréasáin soláthair uisce ar an láthair, a chomhlíonfaidh sonraíochtaí Ailt 3 agus 4 de Moltaí d'Oibreacha Forbartha Suímh do Limistéir Tithíochta (RCORÁ, 1998) de réir mar a athbhreithneofar nó a leasófar iad.

18.31.2 Tollphoill Phríobháideacha

Má tá sé beartaithe freastal ar fhorbairt trí thollpholl príobháideach ar an láthair ní mór an fhaisnéis seo a leanas a chur isteach leis an iarratas pleanála:

- Suíomh an tollphoill molta. Ní mór an tollpholl a bheith suite laistigh den láithreán a bhfuil imeall dearg air agus ar thailte atá faoi úinéireacht an iarratasóra.

18.31.3 Caomhnú Uisce

Ba cheart bearta caomhnaithe uisce a bheith ina ndlúthchuid de gach forbairt nua.

Go háirithe, éileofar athúsáid, nó athchúrsáil uisce ar láithreáin tráchtála nó tionsclaíochta a mbeidh a lán uisce á úsáid iontu. Is éard is bunanna uisce báistí ann ná coimeádáin chun uisce báistí ón díon agus ó fhánphíobáin teaghaise a bhailiú iontu, agus ba cheart iad a fheistiú i ngach forbairt chónaithe nua.

18.32 Áiseanna Cóireála Fuíolluisce ar an Suíomh

Má tá sé beartaithe a leithéid de chóras a úsáid chun freastal ar teach cónaithe, ní mór sonraí a sholáthar leis an iarratas pleanála a léireoidh go bhféadfadh an córas cóireála fuíolluisce an t-eisilteach a dhiúscairt go sábháilte agus go leordhóthanach ar an láthair de réir an Chóid Chleachtais: Córais Chóireála agus Diúscartha

Fuíolluisce i gcomhair Tithe Aonair, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2009). Ar na sonraí sin beidh measúnacht ar oiriúnacht an suímh a bheidh curtha i gcrích ag duine a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha aige nó aici is atá cláraithe le Comhairle Contae Loch Garman chun measúnachtaí den sórt sin a dhéanamh. Tá clár na ngníomhairí sin ag an Chomhairle; is féidir cóip den chlár a fháil ón Rannóg Pleanála nó ar láithreán gréasáin na Comhairle. Ba cheart go mbeadh na háiseanna cóireála fuíolluisce suite laistigh den láithreán a bhfuil imeall dearg air agus ar thailte atá faoi úinéireacht an iarratasóra.

18.33 Bunaíochtaí Seveso

I gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha síos le hAirteagal 12 den Treoir Seveso II (Treoir 96/82/CE), agus ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2006 (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí lena bhfuil Baint ag Substaintí Contúirteacha), tá dualgas

ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta comhairle theicniúil a sholáthar don Chomhairle i gcásanna inar glacadh cinntí maidir le:

- Forbairt gar do limistéir ina bhfuil láithreáin Seveso
- Moladh chun bunaíocht nua Seveso a fhorbairt
- Modhnú a dhéanamh ar bhunaíocht atá ann cheana féin

Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir leis an bhforbairt ábhartha dá dtagraítear sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú). Beidh ar iarratasóirí dul i gcomhairle le Seirbhísí Dóiteáin Chomhairle Contae Loch Garman agus leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta sula ndéanfaidh siad aon iarratas forbartha a lóisteáil.

18.34 Forfheidhmiú

D'fhonn sláine an chórais phleanála a áirithiú agus a chinntiú go bhfeidhmíonn sé ar mhaithe leis an bpobal ar fad, cuirfidh an Chomhairle bearta forfheidhmithe i bhfeidhm i gcásanna a bhaineann le forbairt neamhúdraithe, nuair is cuí sin a dhéanamh, i gcomhréir le forálacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú). Faoi reachtaíocht phleanála bíonn cead phleanála riachtanach le haghaidh aon fhorbartha nach bhfuil díolmhaithe go sonrach agus is forbairt neamhúdraithe aon fhorbairt nach bhfuil an cead sin faighte ina leith, agus aon fhorbairt a rinneadh nó atá á déanamh de shárú ar choinníollacha atá sonraithe i gcead phleanála.

Aguisín A: Cuspóirí do Thrá Ros Láir agus Droichead an Chaisleáin

Trá Ros Láir

Taifeadadh i nDaonáireamh na bliana 2011 gurbh é 1,547 duine daonra Thrá Ros Láir. Forálann Alt 19 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) go n-ullmhófar plean limistéir áitiúil do bhailte a bhfuil daonra níos mó ná 1,500 duine iontu nó go leagfar síos cuspóirí i bpleananna forbartha do na bailte sin.

Níl sé ar intinn ag an Chomhairle plean ceantair áitiúil a ullmhú do Thrá Ros Láir. Dá bhrí sin tá na príomhchuspóirí seo a leanas ceaptha mar threoir d'fhorbairt Trá Ros Láir amach anseo. Ba cheart go gcloífeadh gach forbairt sa todhchaí leis na cuspóirí sin agus leis na cuspóirí ábhartha eile go léir atá leagtha amach i bPlean Forbartha Contae Loch Garman 2013-2019.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir RSO01

Carachtar sainiúil Trá Ros Láir a chosaint agus a fheabhsú.

Cuspóir RSO02

A chinntiú go gcoimeádann Trá Ros Láir daonra agus seirbhísí den leibhéal reatha agus go mbeidh fás sa todhchaí cothromaithe agus inbhuanaithe agus go mbeidh sé ábhartha agus oiriúnach do scála, méid agus carachtar an tsráidbhaile.

Cuspóir RSO03

A chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeabhsaíonn Trá Ros Láir an ról atá aici mar ionad seirbhíse tábhachtach áitiúil dá lucht cónaithe agus don chúlchríoch thuaithe máguaird agus ag an am céanna go gcoinneoidh sí pobail inbhuanaithe agus go mbeidh timpeallacht ardchaighdeán aici.

Cuspóir RSO04

A chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeabhsaíonn Trá Ros Láir an ról atá aici mar cheann scríbe luachmhar turasóireachta sa chontae agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt na saoráidí oiriúnacha turasóireachta, faoi réir gnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

Cuspóir RSO05

A chinntiú go n-úsáidfear is go mbainistíofar acmhainní, sócmhainní agus taitneamhachtaí nádúrtha Trá Ros Láir ar bhealach inbhuanaithe faoi réir gnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

Cuspóir RSO06

A chinntiú go mbeidh dlús, scála agus foirm na forbartha cónaithe i Trá Ros Láir amach anseo oiriúnach do staid na lonnaíochta i Straitéis Lonnaíochta an chontae agus san OrdLathas Lonnaíochta gaolmhar agus go dtabharfar aird ar Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha agus ar an Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach: Treoir maidir le Dea-Chleachtas (RCORÁ, 2009) a ghabhann leis.

Cuspóir RSO07

Comhdhlúthú a dhéanamh ar an bpatrún forbartha atá ann cheana agus a chinntiú go gcloíonn forbairt nua leis an gcur chuige seiceamhach trína ndéanfar na tailte is cóngaraí do lár an tsráidbhaile a fhorbairt ar dtús.

Cuspóir RSO08

Ráiteas Dearaidh Sráidbhaile a ullmhú, i gcomhar leis an bpobal áitiúil, do Thrá Ros Láir ina ndéanfar:

- a) Measúnú agus cur síos ar cad iad na rudaí uathúla a bhaineann le Trá Ros Láir lena áirithiú go bhfeabhsófar na gnéithe sin tríd an bpróiseas pleanála agus trí na cláir forbartha socheacnamaíoch ábhartha eile.
- b) Prionsabail dearaidh a chur i dtoll a chéile chun treoir a thabhairt d'fhorbairt amach sa sráidbhaile agus mórthimpeall air, de réir treoirlínte pleanála Ailt 28 agus an Choinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa.

- c) Bhainistiú éifeachtach ar fhorbairt nua agus comhairle a chur ar fáil do gach cinnteoir, forbróir agus dá gcuid gníomhairí go léir.
- d) Fócas a sholáthar trína bhféadfaidh phobail áitiúla a bheith rannpháirteach agus comhoibriú go héifeachtach sa phróiseas pleanála áitiúil agus i bhforbairtí eile i measc an phobail agus ar son an phobail.

Cuspóir RSO09

Soláthar suíomhanna cónaithe seirbhísithe sa sráidbhaile a chur chun cinn agus a éascú faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar phleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

Cuspóir RSO10

Breithniú a dhéanamh ar fhorbairt tithe saoire laistigh de theorainneacha na lonnaithe ar choinníoll go mbeidh an fhorbairt ag teacht le scála agus carachtar Thrá Ros Láir agus go gcomhlíonfar na ngnáthchritéir phleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18. Ba cheart go mbeadh dea-thionchar ag an ndearadh ar a shuíomh sa tírdhreach cois cósta agus go ndéanfaidh sé é a fheabhsú.

Cuspóir RSO11

Spreagadh a thabhairt do sholáthar seirbhísí oiriúnacha miondíola agus áiseanna sóisialta agus pobail breise sa sráidbhaile le freastal ar an daonra atá ina gcónaí ann, ar an gcúlchríoch thuaithe máguaird agus ar chuairteoirí, faoi réir na ngnáthchritéar phleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

Cuspóir RSO12

A chinntiú go bhfuil forbairt i gcomhréir leis na cuspóirí atá leagtha amach i gCaibidil 13 (Bainistiú Chríos an Chósta).

Cuspóir RSO13

A chinntiú go ndéantar cosaint agus caomhnú ar an oidhreacht nádúrtha lena n-áirítear láithreáin ainmnithe, speicis chosanta agus líonraí/conairí éiceolaíochta a bhfuil luach bithéagsúlachta áitiúil ag baint leo lasmuigh de na láithreáin ainmnithe.

Droichead an Chaisleáin

Taifeadadh i nDaonáireamh na bliana 2011 gurb é 1,726 duine an daonra a bhí i nDroichead an Chaisleáin. Forálann Alt 19 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) go n-ullmhófar plean limistéir áitiúil do bhailte a bhfuil daonra níos mó ná 1,500 duine iontu nó go leagfar síos cuspóirí i bpleananna forbartha do na bailte sin.

Níl sé ar intinn ag an Chomhairle plean ceantair áitiúil a ullmhú do Dhroichead an Chaisleáin. Dá bhrí sin tá na príomhchuspóirí seo a leanas ceaptha a bheidh mar threoir d'fhorbairt Dhroichead an Chaisleáin amach anseo. Ba cheart go gcloífeadh gach forbairt sa todhchaí leis na cuspóirí sin agus leis na cuspóirí ábhartha eile go léir atá leagtha amach i bPlean Forbartha Contae Loch Garman 2013-2019.

Tá sé de chuspóir na Comhairle:

Cuspóir CSO01

Carachtar sainiúil Dhroichead an Chaisleáin a chosaint agus a fheabhsú.

Cuspóir CSO02

A chinntiú go mbeidh dlús, scála agus foirm na forbartha cónaithe i nDroichead an Chaisleáin amach anseo oiriúnach do staid na lonnaíochta i Straitéis Lonnaíochta an chontae agus san OrdLathas Lonnaíochta gaolmhar agus go dtabharfar aird i gcás forbairtí nua cónaithe ar Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha agus ar an Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach: Treoir maidir le Dea-Chleachtas (RCORÁ, 2009) a ghabhann leis.

Cuspóir CSO03

Ráiteas Dearaidh Sráidbhaile a ullmhú, i gcomhar leis an bpobal áitiúil, do Dhroichead an Chaisleáin ina ndéanfar:

- a) Measúnú agus cur síos ar cad iad na rudaí uathúla a bhaineann le Droichead an Chaisleáin lena áirithiú go bhfeabhsófar na gnéithe sin tríd an bpróiseas pleanála agus trí na cláir forbartha socheacnamaíoch ábhartha eile;

- b) Prionsabail dearaidh a chur i dtoll a chéile chun treoir a thabhairt d'fhorbairt amach sa sráidbhaile agus mórthimpeall air, de réir treoirlínte pleanála Ailt 28 agus an Choinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa;
- c) Bhainistiú éifeachtach ar fhorbairt nua agus comhairle a chur ar fáil do gach cinnteoir, forbróir agus dá gcuid gníomhairí go léir; agus
- d) Fócas a sholáthar trína bhféadfaidh phobail áitiúla a bheith rannpháirteach agus comhoibriú go héifeachtach sa phróiseas pleanála áitiúil agus i bhforbairtí eile i measc an phobail agus ar son an phobail.

Cuspóir CSO04

Comhdhlúthú a dhéanamh ar an bpatrún forbartha atá ann cheana agus a chinntiú go gcloíonn forbairt nua leis an gcur chuige seicheamhach trína ndéanfar na tailte is cóngaraí do lár an tsráidbhaile a fhorbairt ar dtús.

Cuspóir CSO05

Soláthar suíomhanna cónaithe seirbhísithe sa sráidbhaile a chur chun cinn agus a éascú faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar phleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

Cuspóir CSO06

Spreagadh a thabhairt do sholáthar seirbhísí oiriúnacha miondíola agus áiseanna sóisialta agus pobail breise sa sráidbhaile le freastal ar an daonra atá ina gcónaí ann, ar an gcúlchríoch thuaithe máguaird agus ar chuairteoirí, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

Cuspóir CSO07

A chinntiú go n-úsáidfear is go mbainistíofar acmhainní, sócmhainní agus taitneamhachtaí nádúrtha Dhroichead an Chaisleáin ar bhealach inbhuanaithe faoi réir gnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá luaite i gCaibidil 18.

Cuspóir CSO08

A chinntiú go ndéantar cosaint agus caomhnú ar an oidhreacht nádúrtha lena n-áirítear láithreáin ainmnithe, speicis chosanta, agus líonraí/conairí éiceolaíochta a bhfuil luach bithéagsúlachta áitiúil ag baint leo lasmuigh de láithreáin ainmnithe.

Aguisín B: Ráitis a réitíodh i gcomhréir le hAlt 10(1D) agus Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)

Alt 10 (1D): Ráiteas trína Léirítear go bhfuil Cuspóirí Phlean Forbartha Contae Loch Garman 2013-2019 i gComhréir le Caomhnú an Chomhshaoil

Réamhrá

Éilíonn Alt 10 (1D) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) go mbeadh ráiteas scríofa ar leith san áireamh i bplean forbartha ina léireofar go bhfuil cuspóirí an phlean forbartha, a mhéid is indéanta, i gcomhréir le caomhnú an chomhshaoil.

Tacaíonn Plean Forbartha Contae Loch Garman 2013-2019 le fíis don chontae atá 'Glas, Cliste agus Inbhuanaithe' agus tá sé d'aidhm ag straitéisí agus cuspóirí an Phlean féachaint le chontae a fhorbairt:

- inar mian le daoine a bheith ina gcónaí agus ag obair agus déanamh spraoi ann;
- a chuireann deiseanna fostaíochta inbhuanaithe ardchaighdeáin ar fáil agus forbairtí cónaithe;
- ina mbeidh timpeallachtaí ardchaighdeáin uirbeacha agus tuaithe a mbeidh tacaíocht acu ó bhonneagar inbhuanaithe fisiceach agus sóisialta; agus
- ar mór aige a thimpeallacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha

Leagtar amach in Alt 3.2 den Phlean na haidhmeanna straitéiseacha chun an fhíis seo a bhaint amach agus a chuireann bonn agus taca ar fáil do chuspóirí an Phlean. Ina measc sin, áirítear:

- Timpeallacht tógtha, nádúrtha agus cultúrtha an chontae a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú trí fheasacht a spreagadh, agus dearadh ardchaighdeáin uirbeach agus tuaithe a chur chun cinn.
- Bonneagar uisce agus fuíolluisce an chontae a chosaint agus a fhorbairt agus an chaoi a gcuirtear ar fáil iad a chomhtháthú le straitéisí foriomlána maidir le húsáid talún an chontae agus ag an am céanna aird a thabhairt ar

chomhlíonadh ár bhfreagrachtaí comhshaoil agus ár ndualgais Eorpacha agus náisiúnta.

- Oidhreacht uathúil nádúrtha agus bithéagsúlachta an chontae a chosaint agus a fheabhsú, agus ag an am céanna an acmhainn cultúrtha, oideachais agus éiceathurasóireachta atá ag an contae a chur chun cinn agus a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe.
- Bainistiú a dhéanamh ar na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide lena n-áirítear tuilte agus ardú leibhéil na farraige.
- Straitéis chomhtháite agus chomhleanúnach an Bhonneagair Ghlais a fhorbairt don chontae sa chaoi go mbeifear in ann spásanna glasa a sholáthar, a chosaint, agus a bhainistiú sa chontae mar aon le pleananna fáis agus forbartha a chur chun cinn.
- Leas a bhaint as acmhainní nádúrtha an chontae ar bhealach a bheidh comhoiriúnach le híogaireacht na gceantar tuaithe, le cáilíocht na beatha atá ann cheana féin, agus le cosaint agus feabhsú oidhreacht agus bithéagsúlacht nádúrtha an chontae.

Glacadh le coincheap na forbartha inbhuanaithe mar bhuntéama an Phlean agus tá sé le sonrú i spriocanna uile an Phlean. Tugadh an sainmhíniú seo ar forbairt inbhuanaithe: is éard is forbairt inbhuanaithe ann ná forbairt a shásaíonn riachtanais an lae inniu gan cur isteach ar chumas na nglún amach anseo a riachtanais féin a shásamh¹⁹. Ar na príomhrudaí atá mar bhonn taca le forbairt inbhuanaithe tá caomhnú acmhainní nádúrtha, cosaint an chomhshaoil nádúrtha, patrúin forbartha atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, éifeachtacht fuinnimh agus dearadh ardchaighdeáin. Cinntíonn an Straitéis Lonnaíochta atá leagtha amach i gCaibidil 3 go bhfuil na príomhionaid forbartha comhtháite go dlúth lena chéile, le bonneagar iompair agus le hinrochtaineacht. Tá cuspóirí uailmhianacha leagtha amach sa Phlean freisin agus tá spriocanna maidir le forbairt fuinnimh in-athnuaite le fáil i gCaibidil 11 (Fuinneamh) agus in Imleabhar 5 (Straitéis um Fuinneamh Gaoithe). Laghdóidh na bearta sin an chaoi a bhfuilimid spleách ar bhreoslaí iontaise agus laghdóidh siad na tionchair a bhaineann leo.

¹⁹ Coimisiún Brundtland (1987), *Our Common Future*, Oxford University Press

Áirítear sa Phlean cuspóirí mionsonraithe maidir le hathrú aeráide (Caibidil 5) bainistíocht comhshaoil (Caibidil 10), oidhreacht nádúrtha, bithéagsúlacht agus bonneagar glas (Caibidil 14) agus tuilte (Caibidil 12). Leagadh amach cuspóirí an Phlean freisin chun comhlíonadh na Treorach um Chreat Uisce (agus Pleananna Bainistíochta Abhantraí a bhaineann leis) a chur chun cinn mar aon leis an Treoir maidir le Screamhuisce, an Treoir maidir le Gnáthóga, an Treoir maidir le hUiscí Iasc Sliogáin, an Treoir um Chreat Straitéise Muirí agus an Treoir um Níotráití. Rinneadh athbhreithniú ar chuspóirí eile an Phlean lena chinntiú nach bhfuil siad ag teacht salach ar riachtanais na spriocanna eile sa Phlean a bhfuil sé mar aidhm acu an gcomhshaol a chaomhnú agus ceanglais na dTreoracha a chomhlíonadh.

Rinneadh dianscrúdú ar chuspóirí an Phlean i bhfianaise paraiméadar comhshaoil trí Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil²⁰ agus Measúnú Cuí²¹. Próisis atriallacha ab ea iad sin agus rinneadh dlúthchuid de chuspóirí an Phlean de na torthaí sa chaoi go bhfuil spriocanna ann a thabharfaidh ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus do shuíomhanna Natura 2000.

²⁰ Féach ar Chuid 7.3 den Tuarascáil Comhshaoil- Tábla 28: Maitrís um Measúnú Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae

²¹ Féach ar A1 Aguisín A den Tuarascáil Tástáil i leith Measúnacht Oiriúnachta

Alt 28 Threoirlínte an Aire: Ráiteas ar Chur i bhFeidhm Phlean Forbartha Contae Loch Garman 2013-2019

Réamhrá

Éilíonn Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) go n-iarcheanglódh údarás pleanála ráiteas le dréachtphean forbartha lena n-áirítear faisnéis a léireoidh conas ar chuir an t-údarás pleanála i bhfeidhm beartais agus cuspóirí an Aire atá sna Treoirlínte maidir le hAlt 28 nuair a bhí an Plean á ullmhú. I gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an údarás pleanála gan beartais nó cuspóirí áirithe de chuid an Aire atá sna treoirlínte a chur i bhfeidhm, ní mór na fáthanna a thabhairt san ráiteas.

Ullmhaíodh an ráiteas seo a leanas a léiríonn go mionn conas ar cuireadh Alt 28 de Threoirlínte an Aire i bhfeidhm sa Phlean.

Cosaint na hOidhreacht Ailtireachta - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2004)

Tá tagairt do na treoirlínte i gCuid 14.6 agus i gCaibidil 18, Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha. Tá na treoirlínte ina mbunsraith faoi na cuspóirí a bhaineann le cosaint oidhreacht ailtireachta an Chontae agus faoin Taifead ar Dhéanmhais Chosanta atá in Imleabhar 2 den Phlean.

Cosaint Oidhreacht Ailtireachta na nIonad Adhartha Poiblí - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála Poiblí (2003)

Tá na treoirlínte ina mbunsraith faoi na cuspóirí a bhaineann le cosaint áiteanna adhartha poiblí an Chontae agus faoin Taifead ar Dhéanmhais Chosanta atá in Imleabhar 2 den Phlean.

Treoirlínte maidir le hÁiseanna Cúraim Leanaí (2001)

Tugtar aird i gCuid 16.6 den Phlean ar na treoirlínte agus áirítear inti spriocanna maidir lena gcur i bhfeidhm, mar shampla spreagadh a thabhairt do sholáthar áiseanna cúraim leanaí agus iad sin a éascú agus a chur de cheangal go ndéanfar áiseanna saintógtha cúraim leanaí a chur ar fáil i limistéir ina bhfuil forbairtí nua cónaithe. Tugtar le fios sa Phlean an caighdeán a bhaineann le áiseanna cúram

leanaí .i. go gcaithfear áis chóiríochta amháin a chur ar fáil do 20 leanbh in aghaidh gach 75 teaghais. Mar sin féin, tá solúbthacht ag baint leis an sprioc sin trína bhféadfar an caighdeán a athrú má bhíonn cúiseanna suntasacha ann lena dhéanamh, mar shampla, measúnacht lena n-áirítear staidéar ar dháileadh geografach na saoráidí cúram leanaí agus an phróifíl dhéimeagrafach atá ag teacht chun cinn sa cheantar.

Tá tagairt i gCaibidil 18, Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha, chomh maith do mheasúnú na n-iarratas pleanála le haghaidh áiseanna cúraim leanaí de réir Cuid 3 (Rialú Forbartha agus caighdeáin bainteacha le haghaidh Áiseanna Cúraim Leanaí) agus in Aguisín 3 leis na treoirlínte (Faisnéis ar cheart d'iarratasóir ar chead pleanála d'áis cúraim leanaí a chur ar fáil).

Bainistíocht Forbartha - Treoirlínte Pleanála d'Údaráis Phleanála (2007)

Is é an ról na bainistíochta forbartha ná na cuspóirí atá sa Phlean a bhaint amach. Is é aidhm na treoirlínte ná dea-chleachtas a chur chun cinn ag gach céim den phróiseas bainistíochta forbartha. Cabhraíonn na treoirlínte freisin le húdaráis phleanála caighdeán ard seirbhíse a sholáthar d'úsáideoirí an phróisis pleanála.

Déileálann Caibidil 18 den Phlean le Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha a bheidh in úsáid chun iarratais phleanála a mheas agus cinntí a dhéanamh orthu. Tugtar le fios i gCuid 18.1 nach gclúdaíonn na caighdeáin seo gach uile ábhar agus gur cheart iad a léamh in éineacht le caibidlí eile an Phlean agus, nuair is cuí, in éineacht le hAlt 28 de Threoirlínte an Aire. Tagraítear sa Phlean chomh maith do sheirbhís réamhphleanála na Comhairle ar féidir le hiarratasóirí agus lena ngníomhairí leas a bhaint aisti agus trína gcuirfear in iúl dóibh na spriocanna ábhartha agus na caighdeáin bhainistíochta forbartha atá sa Phlean a bhaineann lena dtograí forbartha.

Pleananna Forbartha - Treoirlínte Pleanála d'Údaráis Phleanála (2007)

Leanadh comhairle na dtreoirlínte sa Phlean ó thaobh plean forbartha a cheapadh ina raibh creat soiléir don phobal mar aon le spriocanna réalacha ar féidir iad a bhaint amach. Sásaíonn an Plean ceanglais na reachtaíochta pleanála agus tá na

codanna éagsúla i gcomhréir lena chéile. Lean sé an treoir ó thaobh struchtúr agus ábhar agus thug sé léiriú cuimsitheach ar na saincheisteanna ábhartha pleanála. Is furasta an Plean a léamh. Gluaiseann sé ar aghaidh go nádúrtha agus go loighciúil ó shaincheisteanna straitéiseacha go cúrsaí níos mionsonraithe agus tá sé leagtha amach go soiléir le cabhair léaráidí agus léarscáileanna le cabhrú le daoine é a tuiscint agus adhmad a bhaint as.

Tírdhreach agus Measúnú Tírdhreacha - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2000)

Dréacht

Tá Measúnú Carachtair Tírdhreacha (MCT) le fáil in Imleabhar 3 den Phlean. Tugadh aird ar na treoirlínte sin nuair a bhí an MCT á cheapadh ar bhunús an mheasúnaithe a ullmhaíodh do Phlean Forbartha Chontae Loch Garman 2007-2013. Tá cuid i gCaibidil 14 faoi bhainistiú tírdhreacha lena n-áirítear Sprioc L01 - aird a thabhairt ar an MCT agus ar na treoirlínte seo nuair a bhíonn iarratais phleanála á meas.

Soláthar Scoileanna agus an Córas Pleanála - Cód Cleachtais d'Údaráis Phleanála (2008)

Tá na spriocanna seo a leanas i gCuid 16.5 den Phlean a bhaineann le saoráidí oideachais, i gcomhréir leis na treoirlínte: dul i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun suíomhanna oiriúnacha d'áiseanna nua oideachais a aithint agus a éascú agus a áirithiú nach leanfar ar aghaidh le haon fhorbairt shuntasach tithíochta gan measúnú a dhéanamh ar acmhainn na scoileanna atá ann cheana féin nó an fhorbairt agus áiseanna nua scoile a chur ar fáil i ndiaidh a chéile.

De réir Cuid 3 de na treoirlínte (Suíomh na Scoileanna - Ceisteanna Pleanála), fógraítear sa Phlean gur cheart áiseanna nua scoile a lonnú nuair is féidir chomh gar agus is féidir do na príomhlimistéir chónaithe nó laistigh díobh agus in aice le forbairtí pobail mar ionaid pobail, páirceanna imeartha agus leabharlanna sa chaoi go mbeifear in ann an oiread áiseanna is mó a roinnt. Fógraítear ann freisin go ndéanfar socrúithe faoi scoileanna ilchampaís a mheas m.sh. 2/3 bunscoil taobh le taobh a chéile nó bunscoil agus iar-bhunscoil a bheith ar an suíomh céanna.

Cairéil agus Gníomhaíochtaí Coimhdeacha - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2004)

Déileáiltear le baint acmhainní greanmhill i gCuid 6.4.5 agus i gCaibidil 18, Caighdeán Bhainistíochta Forbartha. Tá na Treoirlínte curtha san áireamh sa Phlean. Go háirithe, aithnítear an luach eacnamaíoch a bhaineann baint acmhainní greanmhill sa chontae agus déanfar éascú ar bhaint na n-acmhainní sin ar bhealach cuí trí spriocanna an Phlean. Tá tiomantas sa Phlean na hacmhainní greanmhill a mhapáil nuair a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil. Cuirfidh sé sin ar chumas na Comhairle pleanáil a dhéanamh don tionscal eastóscach ag láithreacha cuí. Tá tiomantas sa Phlean i leith próisis phleanála maidir le baint acmhainní greanmhill ar bhealach a íoslaghdódh an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an gcomhshaol, ar an oidhreacht nádúrtha agus tógtha agus ar thaitneamhachtaí.

Treoirlínte Pleanála Miondíola d'Údaráis Phleanála agus Lámhleabhar maidir le Dearadh – Treoir maidir le Dea-Chleachtas (2012)

Tá cuspóir i gCuid 6.411 den Phlean maidir lena chinntiú go mbeidh gach forbairt mhiondíola ceadaithe i gcomhréir leis na Treoirlínte um Phleanáil Miondíola d'Údaráis Áitiúla agus le Straitéis Miondíola Chontae Loch Garman (atá le fáil in Imleabhar 4 den Phlean). Tá an t-ordlathas miondíola don chontae leagtha amach sa Straitéis Mhiondíola agus dearbhaítear ann leibhéal agus cineál na ngníomhaíochtaí miondíola atá oiriúnach do gach ceann de na príomhbhailte. Sainíodh na limistéir lárnacha siopadóireachta do na ceithre phríomhbhaile mar aon le láithreáin a d'fhéadfaí leas a bhaint astu. Rinneadh measúnú acmhainne freisin. Cuireadh treoir agus spriocanna ar fáil freisin maidir leis na suíomhanna mar aon le measúnú ar na cineálacha éagsúla forbartha miondíola. Tá caighdeán bhainistíochta forbartha curtha san áireamh freisin sa Straitéis Miondíola agus i gCaibidil 18 den Phlean ag féachaint do na Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach.

Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2012)

Déileáiltear i gCaibidil 8 den Phlean le hiompar agus tá cuid chuimsitheach ann faoi bhóithre náisiúnta. Ullmhaíodh an chuid sin agus aird á tabhairt ar na treoirlínte sin. Níl an Plean díreach cosúil leis na treoirlínte sa mhéid is go leagtar béim ann ar na himthosca eisceachtúla sin ina bhféadfaí smaoineamh ar chead a thabhairt d'úsáid

nua agus níos déine a bhaint as pointí rochtana atá ann cheana ar bhóithre náisiúnta le haghaidh forbairtí atá molta. Tá an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta ar an eolas faoi na héagsúlachtaí a bhaineann leis an líon teoranta imthosca eisceachtúla seo a leanas atá leagtha amach i gCuid 8.6.1 Bóithre Náisiúnta, Cuspóir T20:

- Cuspóir T20(1) tograí le haghaidh forbairtí a mbeadh tábhacht straitéiseach réigiúnach agus náisiúnta ag baint leo a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn shaolré an Phlean;
- Cuspóir T20(2) tograí le haghaidh forbairtí a bhaineann le fiontair agus fostóirí móra aitheanta atá ar an ngréasán bóithre náisiúnta cheana féin;
- Cuspóir T20(3) tograí le haghaidh forbairtí ar thalamh chríosaithe i bpurláin Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin agus Cluain an Róistigh;
- Cuspóir T20(4) thograí le haghaidh forbairtí i gcásanna ina bhfuil rochtana ann cheana féin ar an líonra náisiúnta agus nach gcuirfeadh a leithéid d'fhorbairtí go hábhartha leis an méid úsáide a bhainfí as an bpointe rochtana sin.

Is é tuairim an Údaráis Pleanála nach bhféadfar na himthosca eisceachtúla a theorannú dóibh siúd a aithníodh i gCuid 2. 6 de na treoirlínte mar gheall ar nádúr agus tréithe ghréasán na mbóithre náisiúnta sa chontae.

- Cuspóir T20(1): Measann an tÚdarás Pleanála nach féidir stráicí de bhóthar náisiúnta a aithint, roimh ré, mar gheall ar mhéid mór ghréasán na mbóithre náisiúnta sa chontae agus an líonra teoranta mótarbhealaigh. Ina theannta sin, ní féidir a thuar cad iad na forbairtí a d'fhéadfadh teacht chun cinn thar thréimhse an Phlean a mbeadh tábhacht náisiúnta nó réigiúnach ag baint leo ná cad iad na riachtanais a bheadh acu ó thaobh suíomhanna de. Meastar go dtugann an cuspóir freagra oiriúnach ar an gceist seo.
- Cuspóir T20(2): Aithníodh iad sin de thoradh an phlean ar Léarscáil Uimh. 9. Measann an tÚdarás Pleanála mar gheall ar an infheistíocht eacnamaíoch atá déanta sna forbairtí sin cheana féin go mbeadh sé míréasúnta toirmeasc a chur le forbairtí den sórt sin. Mar sin féin, tá coinníoll ann go gcaithfear a thaispeáint nach bhfuil aon rochtain eile ar fáil seachas rochtain ar ghréasán na mbóithre náisiúnta lasmuigh den chríos 60 km/u.

- Cuspóir T20(3): Rinne an tÚdarás Pleanála nádúr agus tréithe ghréasán na mbóithre náisiúnta sa chontae agus an líonra teoranta mótarbhealaigh a mheas sa chás seo. Toisc nach bhfuil seachbhóithre curtha timpeall an chuid is mó de na bóithre náisiúnta sa chontae, tá rochtain dhíreach ar an ngréasán bóithre náisiúnta ag na príomhbhailte fós, agus ní mór dá bhrí sin tograí maidir le rochtain dhíreach a chur san áireamh, fiú más i gcúinsí teoranta a dhéanfar é sin. Aithníodh stráicí bóithre de thoradh an phlean ar Léarscáileanna Uimhreacha 10(a), 10(b), 10(c) agus 10(d) agus déanfar athbhreithniú orthu nuair a bheidh plean nua forbartha baile nó ceantair áitiúil á ullmhú don limistéar. Tá na tailte seo curtha san áireamh sa Phlean toisc go síneann an gréasán bóithre náisiúnta trína ndéantar freastal orthu trí limistéir feidhme baile agus contae.
- Baineann Cuspóir T20(4) le hionaid rochtana atá ann cheana féin ar an líonra náisiúnta inar gá a léiriú nach gcuirfeadh a leithéid d'fhorbairt go hábhartha leis an méid úsáide a bhainfí as an bpointe rochtana sin. Ós rud é nach gcuirfí go hábhartha leis an méid úsáide meastar go gcomhlíonann sé sin na treoirlínte.

Ní dhéanfar na ceithre chúinse eisceachtúla a aithníodh a mheas ach amháin faoi réir chomhlíonadh na gcritéar atá leagtha amach i gCuspóir T20 lena n-áirítear nach ndéanfaí dochar do shábháilteacht, do chumas ná d'oibriú éifeachtúil na mbóithre náisiúnta.

Dearadh Inbhuanaithe Uirbeach - Caighdeáin Dearaidh i gcomhair Árasán Nua Treoirlínte do na hÚdaráis Phleanála (2008)

Tugann na Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha i gCaibidil 18 feidhm dhíreach do na treoirlínte sin ina n-éilítear nach mór aird a thabhairt orthu i gcás tograí le haghaidh forbairtí árasán. Tá difríocht idir an Plean agus na treoirlínte sa mhéid is gurb é 75m cearnach an t-achar urláir is lú do gach árasán nua. Táthar ag súil go gcinnteoidh sé sin go mbeidh na hárasán níos tarraingtí le cónaí iontu agus go gcinnteoidh sé go mbeidh na haonaid in ann freastal go sásúil ar na cineálacha éagsúla teaghlach le linn gach céim dá saol.

Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2008) agus Lámhleabhar Dea-chleachtais um Dhearadh Uirbeach (Doiciméad a théann leis na Treoirlínte)

Tá tagairt do na treoirlínte sin le fáil ar fud an Phlean. Tá sé d'aidhm ag an bPlean go gcuirfear forbairtí inbhuanaithe ardchaighdeáin ar fáil mar áitribh agus mar chomharsanachtaí cónaithe ardchaighdeáin, a mbeidh fonn ar dhaoine bheith ag obair agus ina gcónaí iontu agus a mbeidh oiriúnach do gach duine. Tá na treoirlínte seo bunaithe ar spriocanna an Phlean a éilíonn go dtabharfar aird maidir le dlús, scála agus foirm na forbartha cónaithe ar na treoirlínte agus ar an lámhleabhar. Bhí tionchar ag an lámhleabhar deartha chomh maith ar fhoirmliú na Treorach maidir le Dearadh Uirbeach atá i gCaibidil 17.

Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2005)

Baineann Cuid 4.3 den Phlean le tithíocht tuaithe. I gcomhréir leis na treoirlínte, tá cineálacha éagsúla ceantar tuaithe aitheanta sa Phlean, ag cur san áireamh saintréithe éagsúla na gceantar tuaithe laistigh den chontae agus riachtanais éagsúla tithíochta na bpobal uirbeach agus tuaithe. Tá cuspóirí éagsúla forbartha leagtha amach sa Phlean maidir le hacmhainní nádúrtha, tírdhreach agus gnéithe nádúrtha, cúrsaí iompar, láithreánú agus dearadh.

An Córas Pleanála agus Riosca Tuilte a Bhainistiú -Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2009)

Tá na treoirlínte sin curtha san áireamh sa Phlean trí ullmhú Mheasúnacht Riosca Tuilte Céim 1 atá le fáil in Imleabhar 7 den Phlean. Tá caibidil ar Bhainistíocht Riosca Tuilte (Caibidil 12) sa Phlean freisin ina bhfuil spriocanna maidir le tús áite a thabhairt do bhainistiú riosca tuile agus a chinntiú nuair a bheidh pleananna forbartha agus Pleananna Limistéir Áitiúil agus tograí forbartha á n-ullmhú i gceantair atá i mbaol tuilte go dtabharfar aird iomlán ar na ceanglais atá sna treoirlínte maidir le tástálacha fírinneithe, measúnuithe riosca tuile do suíomhanna ar leith agus bearta maolaithe oiriúnacha.

Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Thacaíochta (1996)

Tá cuid faoi chúrsaí teileachumarsáide agus leathanbhanda le fáil i gCaibidil 9 Bonneagar. Cuimsíonn an chuid sin an treoir ábhartha agus áirítear leis sprioc maidir le haird a thabhairt ar na treoirlínte. Rinneadh athbhreithniú ar an gcuid sin le cinntiú go mbeadh sé ag teacht leis na moltaí beartais i Imlitir PL07/12 (Deireadh Fómhair 2012) ina ndearnadh nuashonrú ar chodanna áirithe de na treoirlínte. Tá caighdeán bainistíochta forbartha bainteach le fáil i gCaibidil 18 den Phlean.

Fuinneamh Gaoithe - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2006)

Tá cuspóir i gCuid 11.3 den Phlean maidir le forbairt fhuinnimh ghaoithe a chur chun cinn agus a éascú i gcomhréir leis na Treoirlínte um Fhuinneamh Gaoithe d'Údaráis Phleanála agus leis an Straitéis um Fhuinneamh Gaoithe atá le fáil in Imleabhar 5 den Phlean. Forbraíodh an Straitéis um Fhuinneamh Gaoithe i gcomhréir leis na treoirlínte thuasluaite. Aithnítear ann na limistéir sin den chontae ina mbeidh forbairtí fuinnimh ghaoithe inghlactha i bprionsabal, nó go bhféadfaí iad a bhreithniú nó nach gceadófar iad de ghnáth. Aithníodh na limistéir sin trí anailís chriatharmhapála a dhéanamh ar na príomhchritéir chomhshaoil, tírdhreacha, theicniúla agus eacnamaíochta faoi mar atá molta sna treoirlínte. Tugadh aird faoi leith ar na Cineálacha Saintréithe Tírdhreacha in Alt 6.9 de na treoirlínte agus ar cumas na gcineálacha sin tírdhreacha glacadh le forbairt feirmeacha ghaoithe. Tá caighdeán bhainistíochta forbartha curtha san áireamh freisin sa Straitéis um Fhuinneamh Gaoithe ag féachaint do Chuid 5 de na treoirlínte.

Cur i bhfeidhm na Treorach um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (2001/42/CE): Measúnú ar Éifeachtaí Pleananna agus Tionscadal Áirithe ar an gComhshaol - Treoirlínte d'Údaráis Réigiúnacha agus d'Údaráis Phleanála (2004)

Chuir na treoirlínte sin bunsraith ar fáil d'ullmhú Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil an Phlean atá le fáil in Imleabhar 8 den Phlean. Tá na moltaí agus na bearta maolaithe go léir ón bpróiseas um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil le fáil sa Phlean.

Pleananna Limistéir Áitiúil - Dréacht-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2012)

Tá cuspóir san áireamh sa Phlean chun aird a thabhairt ar na treoirlínte seo agus aon leagan nuashonraithe díobh nuair a bheidh pleananna limistéir áitiúil sa chontae a n-ullmhú. Is é aidhm na dtreoirlínte ná tacú le hÚdaráis Phleanála chun pleananna limistéir áitiúil a ullmhú agus a chur i bhfeidhm d'fhonn forbairt inbhuanaithe pobal a chinntiú ag féachaint do mheasúnuithe réalaíocha ar riachtanais forbartha amach anseo a rinneadh ar bhunús an eolais atá i bpleananna níos leithne contae agus cathrach agus i dtreoirlínte pleanála réigiúnacha. Tá lámhleabhar neamh-reachtúil dea-chleachtais maidir le hullmhú bpleananna limistéir áitiúil in éineacht leis na treoirlínte seo.

Dréacht-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta a chur i gcrích (2012)

Tá cuid sa Phlean ina ndearbhaítear go mbeidh aird ag an gComhairle ar na Dréacht-Treoirlínte agus ar aon leagan nuashonraithe díobh nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chásanna ábhartha. Is é cuspóir na nDréacht-Treoirlínte ná treoir phraiticiúil a thabhairt d'Údaráis Phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le ceisteanna teicniúla agus ceisteanna faoi nósanna imeachta a eascraíonn ón gceanglas Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) a chur i gcrích i gcásanna ábhartha. Táthar ag súil go mbeidh comhsheasmhacht níos fearr le sonrú sa mhodheolaíocht a ghlacfaidh na hÚdaráis Toilíochta léi de thoradh na dtreoirlínte. Ba cheart go gcabhródh an treoir freisin le forbróirí, cleachtóirí MTT, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus rannpháirtithe eile sa phróiseas pleanála.

Ranníocaíochtaí Forbartha - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2013)

Is é cuspóir na dtreoirlínte seo ná treoir nuashonraithe a chur ar fáil maidir le ceapadh ranníocaíochtaí forbartha chun na hathruithe bunúsacha eacnamaíocha a chur san áireamh atá tarlaithe ó eisíodh an treoir dheireanach in 2007 agus a bhfuil a bhfuil tionchar acu gach earnáil. Cé go n-aithnítear gurb iad Baill Tofa gach údaráis phleanála agus iad sin amháin atá i dteideal Scéimeanna Ranníocaíochta Forbartha a ghlacadh, ba cheart go mbeadh sé ar cheann de thorthaí na teorach nua go mbeadh níos mó comhsheasmhachta le sonrú i Scéimeanna Ranníocaíochta Forbartha ar fud na tíre agus go gcuirfí breis soiléireachta ar fáil mar eolas do chinntí infheistíochta na n-údarás áitiúil sna limistéir éagsúla. Tabharfaidh an Chomhairle

aird ar na treoirlínte in ullmhú na Scéime do Ranníocaíocht Forbartha.

Treoir d'Údaráis Phleanála maidir le Draenáil agus Míntíriú Bogach (RCORÁ, 2011)

Cuireann an doiciméad teorach seo eolas ar fáil d'údaráis phleanála agus do dhaoine eile i ndáil le forálacha reachtaíochta idir reatha agus nua maidir leis na próisis toilithe, agus i gcásanna áirithe, an ceanglas maidir le measúnacht tionchair timpeallachta (MTT), le haghaidh cineálacha sonraithe forbartha a bhaineann le talmhaíocht. Go háirithe, tugtar treoir maidir le cinneadh a dhéanamh faoi dhraenáil agus míntíriú bogach, in ainneoin é sin a bheith faoi bhun na tairsí (nua) maidir ar chead a fháil nó MTT éigeantach a dhéanamh, le féachaint an mbeadh tionchair shuntasacha ag an obair sin ar an gcomhshaol agus dá bhrí sin go mbeadh iarratas pleanála agus / nó MTT riachtanach, de réir mar a bheidh. Beidh aird ag an Údarás Pleanála ar an treoir seo, agus ar aon leagan nuashonraithe de, le linn di a cuid feidhmeanna maidir le bainistiú forbairtí chur i gcrích.